Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Comptroller and Auditor General

Cuntais Leithreasa 2020

30 Meán Fómhair 2021

Cuntais Leithreasa 2020

Ceanglaítear orm le hAlt 3 (11) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, ar chríochnú m'iniúchta ar na cuntais leithreasa dom, cóip de gach cuntas den sórt sin a chur i láthair Dháil Éireann in éineacht le mo dheimhniú ina leith.

Cuirim i láthair leis seo, de bhun na forála roimhe seo, na cuntais agus na deimhnithe sin i gcomhair na bliana dar críoch 31 Nollaig 2020.



Seamus Mac Cárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meán Fómhair 2021

Clár na nÁbhar

		Lch.
Cuid 1 – Réamhrá		
Cúlra leis na cuntais leithreasa		9
Cuntasacht agus socruithe iniúchta		10
Cuid 2 – Cuntais Leithreasa 2020		
Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta		15
Vóta 1	Teaghlachas an Uachtaráin	23
Vóta 2	Roinn an Taoisigh	37
Vóta 3	Oifig an Ard-Aighne	59
Vote 4	An Phríomh-Oifig Staidrimh	77
Vóta 5	Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	97
Vóta 6	Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	113
Vóta 7	Oifig an Aire Airgeadais	131
Vóta 8	Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	153
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	173
Vóta 10	An Coimisiún um Achomhairc Chánach	197
Vóta 11	Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	213
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntas Scoir	237
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	253
Vóta 14	An tSaotharlann Stáit	283
Vóta 15	Rúnseirbhís	299
Vóta 16	An Oifig Luachála	305
Vóta 17	An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	321
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	339
Vóta 19	Oifig an Ombudsman	361
Vóta 20	Garda Síochána	377
Vóta 21	Príosúin	411
Vóta 22	An tSeirbhís Chúirteanna	439
Vóta 23	An tÚdarás Clárúcháin Maoine	465
Vóta 24	Dlí agus Ceart	483
Vóta 25	Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	521
Vóta 26	Oideachas	537
Vóta 27	Comhar Idirnáisiúnta	589
Vóta 28	Gnóthaí Eachtracha	609
Vóta 29	Comhshaol, Aeráide agus Cumarsáid	635

Vóta 30	Talmhaíocht, Bia agus Mara	667
Vóta 31	Iompar	709
Vóta 32	Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht	743
Vóta 33	Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin	781
Vóta 34	Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht	815
Vóta 35	Arm-Phinsin	867
Vote 36	Cosaint	881
Vóta 37	Coimirce Shóisialach	915
Vóta 38	Sláinte	963
Vóta 39	An Oifig um Sholáthar Rialtais	999
Vóta 40	Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige	1015
Vóta 41	An tÚdarás Póilíneachta	1051
Vóta 42	Forbairt Tuaithe agus Pobail	1065
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	1093
Vóta 44	An Coimisiún um Chosaint Sonraí	1109
Vóta 45	Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht	1125

Cuid 1 — Réamhrá

Cúlra leis na Cuntais Leithreasa

Soláthraíonn Dáil Éireann airgid do ghnáthsheirbhísí na ranna agus na n-oifigí Rialtais, idir chaipiteal agus neamh-chaipiteal, trí

- mheastacháin chaiteachais a fhaomhadh do na seirbhísí sin i rith gach bliana
- éifeacht reachtúil a thabhairt do na meastacháin in Acht Leithreasa bliantúil.

Foráiltear don chaiteachas faoi shraith vótaí, le ceann amháin nó níos mó ag clúdach feidhmeanna gach roinne nó oifige. Gairmtear raon feidhme ar an gcéad chuid den mheastachán do gach vóta. Soláthraíonn sé sin imlíne ar na seirbhísí atá le maoiniú. Ionchorpraítear raon feidhme gach vóta san Acht Leithreasa bliantúil agus léiríonn sé mar sin na críocha ar údaraigh Dáil Éireann cistí ina leith.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, ceanglaítear ar gach roinn nó oifig cuntas, ar a dtugtar an **cuntas leithreasa**, a ullmhú do gach seirbhís vótáilte a riarann sí. Is é an ceanglas reachtúil atá ann go soláthrófar leis an gcuntas leithreasa mionsonraí ar thoradh na bliana i gcoinne an mhéid a sholáthair Dáil Éireann, bunaithe ar mhéideanna airgid thirim íocaíochtaí agus fáltas. Taispeántar toradh na bliana roimhe sin chun críche comparáide freisin.

I dteannta an fhaisnéis airgeadais reachtúil a sholáthar ar bhonn cuntasaíochta airgid, leagann gach cuntas leithreasa amach roinnt faisnéise bunaithe ar fhabhruithe i nótaí a ghabhann leis an gcuntas.

- Taispeánann Nóta 1 **ráiteas costais oibriúcháin** lena dtugtar faisnéis ar chostas na seirbhíse don bhliain.
- Taispeánann Nóta 2 **ráiteas ar staid airgeadais**, le nótaí míniúcháin ghaolmhara, lena dtugtar faisnéis ar an staid airgeadais i leith na seirbhíse ag deireadh na bliana. Áirítear ann faisnéis ar ghealltanais chaiteachais agus ar staid iarbhír na seirbhíse vótáilte *vis-à-vis* an Státchiste ag deireadh na bliana i.e. an glandliteanas don Státchiste, nó an tsuim dhlite ón Státchiste.
- Soláthraíonn nótaí eile a ghabhann leis an gcuntas faisnéis chaighdeánach ar: caiteachas de réir an chláir agus an fho-mhírchinn (Nóta 3), fáltais (Nóta 4), agus líon foirne agus pá (Nóta 5). Cuirtear faisnéis faoi aon nithe ábhartha eile i láthair i Nóta 6 (cuntais ilghnéitheacha agus chiste).
- Áirítear aguisín le go leor vótaí rannacha lena liostaítear na comhlachtaí Stáit a fheidhmíonn faoi scáth na roinne ábhartha, agus lena soláthraítear faisnéis faoi thráthúlacht na tuairisceoireachta airgeadais ag na comhlachtaí sin.

Cuntasacht agus Socruithe Iniúchta

Dualgais na nOifigeach Cuntasaíochta i ndáil leis na Cuntais Leithreasa

Is é an tOifigeach Cuntasaíochta an duine – ceannaire ar roinn nó ar oifig Rialtais de ghnáth a bhíonn i gceist – ar shann an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an dualgas air/uirthi leis an gcuntas leithreasa bliantúil a ullmhú do gach Vóta faoina c(h)úram de réir Alt 22 den '*Exchequer and Audit Departments Act*', 1866. De réir dlí, caithfear na cuntais a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi 31 Márta i ndiaidh dheireadh na bliana cuntais. Caithfidh na cuntais leithreasa cloí le riachtanais *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus le horduithe eile de chuid an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bíonn Oifigigh Chuntasaíochta freagrach as cistí poiblí agus maoin atá faoina rialú a chosaint, as éifeachtúlacht agus tíos an riaracháin ina ranna/oifigí agus as rialtacht agus oiriúnacht gach idirbhirt dá dtaifeadtar sna cuntais leithreasa.

Ceanglaítear ar Oifigeach Cuntasaíochta ráiteas a ullmhú ar rialú airgeadais inmheánach le cur i láthair in éineacht leis an gcuntas leithreasa. Mínítear leis sin na príomhchodanna den chreat rialaithe, agus nochtar leis aon laigeachtaí ábhartha a sonraíodh i bhfeidhmiú na rialuithe agus na céimeanna atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt ar na laigeachtaí sin.

Dualgais an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Forálann Airteagal 33 de Bhunreacht na hÉireann Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a cheapadh chun gach eisíocaíocht a rialú ar son an Stáit agus chun iniúchadh a dhéanamh ar gach cuntas airgid arna riaradh ag nó faoi údarás an Oireachtais. Forálann Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 an bonn reachtúil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na cuntais leithreasa, arna n-ullmhú ag Oifigigh Cuntasaíochta, a iniúchadh.

Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste a iniúchtaí ar na cuntais leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (*ISA*anna) faoi mar a fhógraíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta iad. Agus an t-iniúchadh á dhéanamh, is é a chuspóir dearbhú réasúnach a fháil faoi cibé acu an bhfuil an cuntas saor ó mhíráiteas ábhartha. Ardleibhéal dearbhaithe is ea dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfear míráiteas ábhartha i gcónaí i gcás gurb ann dó le hiniúchadh a dhéantar de réir na *ISA*anna. Féadfaidh míráitis teacht chun cinn de bharr calaoise nó earráide agus meastar gurb ábhartha iad más ea go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún, ina n-aonar nó san iomlán, go bhféadfaidís tionchar a imirt ar chinntí eacnamaíocha a ghlacann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na *ISA*anna, cleachtann an tArd-Reachtaire Ciste agus Cuntas breithiúnas gairmiúil agus coinníonn a sceipteachas gairmiúil i rith an phróisis. Agus sin á dhéanamh,

- sonraíonn agus measann sé rioscaí an mhíráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad;[1] dearann agus feidhmíonn sé nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faigheann fianaise iniúchóireachta ar leor agus cuí í chun bunús a sholáthar i gcomhair a thuairime
- faigheann sé tuiscint ar rialú inmheánach is ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh ar cuí sna cúinsí iad, ach ní chun tuairim a chur in iúil faoi éifeachtacht na rialuithe inmheánacha
- measann sé cibé acu ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- bíonn sé i mbun cumarsáide leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le, i measc nithe eile, scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta chomh maith le torthaí suntasacha de bharr an iniúchta, lena n-áirítear aon easnamh suntasach i rialú inmheánach a shonraítear i rith an iniúchta.

1 Is airde an riosca nach mbraithfear míráiteas ábhartha de thoradh calaoise ná an riosca de thoradh earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirtíocht, brionnú, neamhghníomhartha d'aon turas, bréagléirithe, nó sárú rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaois.

Ar chríochnú an iniúchta, bíonn sé d'oibleagáid ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste deimhniú a cheangal le gach cuntas, ag cur in iúl, ina thuairim féin, cibé acu an gcuireann an cuntas na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair mar is ceart nó nach gcuireann, agus chun tagairt d'aon chás ábhartha:

- inar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a taifeadadh sa chuntas a fheidhmiú chun na gcríoch a bhí beartaithe ag an Oireachtais i gcomhair na leithreasaí a rinne an tOireachtas, nó
- nach gcloíonn idirbhearta a taifeadadh sa chuntas leis an údarás faoina bhfuil siad in ainm a bheith déanta.

Ag tuairisciú faoin ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach

Le tuairim an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta ar rialú airgeadais inmheánach, agus ní chuireann sé aon chineál dearbhaithe faoin gconclúid in iúl ina leith sin.

I dtaca le hiniúchadh an chuntais leithreasa, ceanglaítear ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi na *ISA*anna an ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach a léamh agus, le linn dó sin a dhéanamh, a mheas cibé acu an bhfuil an fhaisnéis atá laistigh neamhréireach ar bhonn ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más cosúil go bhfuil an ráiteas míshonraithe ar bhonn ábhartha ar shlí eile. Más ea, ar bhonn na hoibre a dhéantar, go dtagann sé ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear air an fhíric sin a thuairisciú.

Ag tuairisciú faoi nithe eile

Pleanálann agus déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste a iniúchadh ar bhealach lena gcuirtear san áireamh na breathnuithe speisialta a cheanglaítear ar chomhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscíonn sé má bhíonn nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach a rinneadh gnó poiblí.

Tuairiscíonn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste trí eisceacht freisin más ea, ina thuairim,

- nach bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaíonn don iniúchadh faighte aige, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta go mbeifí in ann an cuntas leithreasa a iniúchadh go réidh agus i gceart, nó
- nach dtagann an cuntas leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

Faoi Alt 3 (10) 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, bíonn dualgas breise ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuarascáil a ullmhú, gach bliain, ar nithe a mheasann sé a bheith oiriúnach a thuairisciú agus a eascraíonn as a iniúchtaí ar na cuntais leithreasa.

Tá nithe áirithe a d'eascair as iniúchadh na gcuntas leithreasa i gcomhair 2020 leagtha amach i dtuarascáil ar leithligh dar teideal *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2020.* I gcás go mbeidh nithe den sórt sin tar éis teacht chun cinn, tagróidh deimhnithe na tuairime faoi na cuntais leithreasa faoi seach don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha sa tuarascáil sin.

Cuid 2 — Cuntais Leithreasa 2020

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta [1]

Bunús na gcuntas

Ullmhaítear Cuntais Leithreasa, lena dtaispeántar idirbhearta airgeadais Ranna an Rialtais[2], de réir an *Exchequer and Audit Departments Act*, 1866 (arna leasú le hAcht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993) agus de réir rialacha agus nósanna imeachta cuntasaíochta atá leagtha síos ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Is taifead airgead-bhunaithe de na fáltais agus na híocaíochtaí sa bhliain iad na cuntais i gcomparáid leis na méideanna a soláthraíodh faoin Acht Leithreasa. Taispeántar figiúirí na bliana roimhe sna cuntais chomh maith le go bhféadfaí comparáid a dhéanamh. Tá roinnt faisnéise a bhaineann le fabhruithe san áireamh sna nótaí a ghabhann leis na cuntais.

Ba chóir do ranna faomhadh a lorg ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe roimh ré le haghaidh aon chásanna ina n-imítear ó na polasaithe caighdeánacha cuntasaíochta, nó ina n-athraítear iad nó lena gcuirtear leo. Ba chóir faisnéis maidir leis an éagsúlacht chuntasaíochta ó na polasaithe caighdeánacha cuntasaíochta a áireamh i réamhrá an Oifigigh Cuntasaíochta chuig an gcuntas leithreasa.

Tréimhse Tuairiscithe

Is í an bhliain dar chríoch 31 mí na Nollag 2020 an tréimhse thuairiscithe.

Fáltais

Mar riail ghinearalta, íoctar gach ioncam de chuid an Stáit isteach chuig an Státchiste.

Faoi réir ag faomhadh sainráite na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, féadfar fáltais áirithe de chuid Roinne a leithreasú i gcabhair caiteachais a iompraítear ar Vóta. Gan cheadú den sórt sin, caithfear fáltais a ghéilleadh chuig an bPríomhchiste go díreach mar Fháltais Bhreise Státchiste.

Is fáltais iad na leithreasaí i gcabhair a fhéadfar a úsáid, faoi alt 2 den *Public Accounts and Charges Act*, 1891, chun freastal ar chaiteachas a mhéad agus a údaraítear leis an Acht Leithreasa bliantúil iad. Go ginearálta is fáltais iad sin a thagann chun cinn le linn gnáthghnó roinne faoin vóta agus d'fhéadfadh nithe cosúil leo seo a leanas a bheith san áireamh leo:

- muirir le haghaidh seirbhísí[3]
- rannaíocaíochtaí pinsin
- cíos agus fáltais de bharr díolachán áirithe
- le haontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe roimh ré, na fáltais de bharr díolacháin sócmhainní chun cláir nó tionscadail chaipitil ardtosaíochta a mhaoiniú
- fíneálacha, forghéillte nó costais arna n-aisghabháil.

I gcoitinne, maidir le fáltais áirithe ranna a bhíonn le creidiúnú chuig an Státchiste go díreach mar fháltais 'bhreise, is fáltais iad sin nach mbíonn aon bhaint dhíreach acu le caiteachas an vóta nó atá ina bhfáltais 'amhantair'. Ní féidir fáltais bhreise den sórt sin a úsáid chun freastal ar chaiteachas ón vóta. Sa chás go dtagann siad chun cinn, tuairiscítear iad i nóta a ghabhann leis an gcuntas leithreasa. Áirítear leo nithe cosúil le:

- fáltais de bhun ioncaim bhreise nó brabúis de chuid cuideachtaí Stáit
- ús, díbhinní nó aisíocaíochtaí caipitil
- cúiteamh.

I gcás go dtagann fáltais bhreise ón Státchiste chun cinn, tuairiscítear iad i nóta a ghabhann leis an gcuntas leithreasa (Nóta 4). Ceanglaítear ar ranna miondealú ar fháltais den sórt sin a sholáthar chomh maith le míniú i gcás gur suimeanna ábhartha iad na suimeanna. Lena chois sin, ceanglaítear ar ranna idir na suimeanna a thaisctear don Státchiste (tríd an gCuntas

1 Socraíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta a fheidhmítear agus cuntais leithreasa á n-ullmhú. Sonraítear iad seo i gciorclán 22/2020 na Roinne.

2 Sa ráiteas seo, áirítear leis an téarma 'roinn' ranna, oifigí agus gníomhaireachtaí lárnacha an Rialtais a bhíonn freagrach as bainistíocht agus as cuntasaíocht an Vóta.

3 Faigheann roinnt oifigí, cosúil le hOifig na nOibreacha Poiblí agus Oifig an Ard-Aturnae, speansais le linn dóibh a bhfeidhmeanna a fheidhmiú. Ba chóir glacadh leis na speansais seo mar leithreasaí i gcabhair freisin.

Taiscthe Suimeanna Airgid Éagsúla) agus na suimeanna is iníoctha (suimeanna nár aistríodh go fóill) a nochtadh, i gcás nach ionann na suimeanna.

Ceanglaítear ar Ranna miondealú na bhfáltas breise don Státchiste a chur i láthair ar bhonn iarmhéid tosaigh/deiridh freisin.

Íocaíochtaí

Bíonn íocaíochtaí comhdhéanta de na suimeanna sin atá tagtha le linn íocaíochta i rith na bliana. Meastar suimeanna a bheith tagtha le linn íocaíochta i gcás gur tabhaíodh dliteanas, go mbíonn íocaíocht dlite agus an t-ordú don íocaíocht curtha i ngníomh.

Sa chás gur tabhaíodh dliteanas agus go mbíonn íocaíocht dlite (i.e. bíonn an dliteanas aibithe), ba chóir íocaíocht a chur i gcrích roimh dheireadh na bliana chun ionracas an chuntais leithreasa a chinntiú. I gcásanna nach mbíonn íocaíocht curtha i ngníomh agus dliteanais aibithe fós amuigh ag deireadh na bliana, ba chóir méid na ndliteanas sin a thabhairt i nóta a ghabhann leis an gcuntas (Nóta 2).

I gcás go ngníomhaíonn roinn mar ghníomhaire i gcomhair roinn eile Rialtais (an príomhaí) agus go dtagann idirbhearta airgeadais chun cinn idir an príomhaí agus an gníomhaire dá thoradh, is é an riail ghinearálta gur chóir don ghníomhaire na hidirbhearta a chur trí fhionraí, agus an tseirbhís ina muirear deiridh i gcuntas leithreasa an phríomhaí.

I gcásanna ina n-éilíonn an gníomhaire ar an bpríomhaí réamh-mhaoiniúchán a sholáthar go mbeifear in ann íocaíocht a dhéanamh, níor chóir a ghearradh ar chuntas leithreasa an phríomhaí ach suimeanna arna ndeimhniú ag an ngníomhaire mar chinn a d'eisíoc sé i mbliain an chuntais.

Mar phrionsabal ginearálta, is ar bhonn comhlán a dhéantar cuntasaíocht Rialtais, i.e. ní dhéantar fáltais a ghlanluacháil in aghaidh íocaíochtaí. Ba cheart do ranna, oifigí agus sealbhóirí vóta Rialtais ceadú a fháil roimh ré ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le haghaidh aon ghlanluachála atá beartaithe acu.

Glanseirbhísí gaolmhara

Soláthraítear seirbhísí gaolmhara go lárnach chuig, nó thar ceann, vótaí roinne ar an mbonn, mar speisialtóirí, go mbíonn an roinn sholáthair (arb í a príomhfheidhm na seirbhísí lárnacha sin a sholáthar) in ann na seirbhísí a fheidhmiú ar bhealach níos éifeachtúla ná sealbhóir an vóta. Áirítear seirbhísí comhroinnte leis sin.

Tugtar mionsonraí i nóta na nglanseirbhísí gaolmhara (i Nóta 1) ar shuim an chaiteachais i ndáil leis an roinn a iompraítear in áit eile. Tá bunúis éagsúla tomhais ann maidir le figiúir chaiteachais na seirbhísí gaolmhara a ríomh.

Fabhruithe

Bíonn faisnéis, de chineál fabhruithe, ar fáil sna nótaí a ghabhann leis an gcuntas, lena n-áirítear

- ráiteas costais oibriúcháin (Nóta 1), lena dtaispeántar méid iomlán na n-acmhainní a caitheadh ag vóta sa bhliain
- ráiteas faoin staid airgeadais lena dtaispeántar sócmhainní agus dliteanais an vóta ag deireadh na bliana (Nóta 2), agus
- nótaí míniúcháin breise lena soláthraítear mionsonraí maidir le sócmhainní caipitil, an glanmhaoiniú atá dlite don Státchiste agus gealltanais ar bith.

Sa ráiteas faoin staid airgeadais, áirítear an staid ag deireadh na bliana i ndáil leis an méid seo a leanas

- **Speansais Fhabhraithe** — léirítear gach dliteanas ag deireadh na bliana leo seo, seachas dliteanais maidir le luach saothair agus pinsin. I gcás earraí agus seirbhísí, aithnítear dliteanas fabhraithe nuair a bhíonn an riachtanas conarthach, chun na hearraí nó seirbhísí ordaithe a sholáthar, comhlíonta ag an íocaí. Déileáiltear le méideanna a bheidh dlite d'earraí a seachadadh ach nár íocadh astu go fóill, fiú mura bhfuil cigireacht déanta orthu agus nár tógadh ar ais i stoic iad, mar dhliteanas. I gcás deontas, aithnítear dliteanas nuair a bheidh riachtanais uile na scéime deontais comhlíonta ag an deonaí ach íocaíocht le fáil aige go fóill. Aithnítear dliteanais taistil agus chothaithe nuair a bhíonn taisteal críochnaithe.
- **Réamhíocaíochtaí** — íocaíochtaí is ea iad seo a rinneadh le linn na bliana cuntais le freastal ar speansais a thagann chun cinn i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin.
- **Ioncam Fabhraithe** — ioncam is ea seso atá dlite don vóta ag deireadh na bliana cuntais nach bhfuil faighte go fóill.
- **Ioncam Iarchurtha** — is ionann seo agus ioncam a fhaigheann an vóta i rith na bliana cuntais d'earraí/seirbhísí atá fós le soláthar aige.

Sócmhainní Caipitil

Taispeántar luachanna tosaigh agus deiridh sómhainní caipitil ar chlár sócmhainní roinne chomh maith le mionsonraí an dímheasa trí nóta a ghabhann leis an ráiteas faoin staid airgeadais (Nóta 2).

Ba chóir sócmhainní caipitil faoi fhorbairt a áireamh laistigh de shócmhainní caipitil sa ráiteas faoin staid airgeadais, lena dtaispeántar caiteachas ar shócmhainní atá á bhforbairt laistigh den roinn m.sh. forbairt bhogearraí nó tionscadail foirgníochta.

Ní áirítear an méid seo a leanas sa ráiteas sócmhainní caipitil

- sócmhainní nach bhfuil ar fáil le húsáid fós
- sócmhainní ar lú ná €10,000 a gcostas agus/nó [1]
- sócmhainní oidhreachta, nach féidir an luach a chur in iúl go leordhóthanach i dtéarmaí airgeadais. (Áirítear sócmhainní oidhreachta ar féidir a luacháil sa ráiteas.)

Luacháil ar Shócmhainní

Talamh agus foirgnimh

Áirítear gach talamh agus foirgneamh faoi úinéireacht an Stáit agus faoi rialú nó faoi bhainistíocht roinne sa ráiteas faoin staid airgeadais (agus sa nóta sócmhainní caipitil). I gcásanna ábhartha, mínítear an bonn luachála talún agus foirgneamh i réamhrá an Oifigigh Chuntasaíochta chuig an gcuntas leithreasa.

I gcás go bhfuil úinéireacht talún agus foirgneamh (a) dílsithe d'Oifig na nOibreacha Poiblí nó (b) dílsithe d'aon Aire agus go bhfuil an talamh agus na foirgnimh sin faoi rialú/faoi bhainistiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí, cuirtear iad ar áireamh sa chuntas d'Oifig na nOibreacha Poiblí.

I gcás go mbíonn tailte nó foirgnimh dílsithe d'Aire ach faoi rialú/bhainistíocht ag comhlacht lasmuigh le fírinne, ní áirítear mar shócmhainní de chuid vóta na roinne iad, ach nótáiltear úinéireacht na sócmhainne i gcuntas na roinne. Seachas sa chás sin, áirítear tailte agus foirgnimh atá dílsithe d'Aire sa chuntas don vóta ábhartha.

Ba chóir do ranna/oifigí rialtais, nach féidir leo luachálacha a sholáthar ar chúiseanna teicniúla ar thailte agus ar fhoirgnimh faoi úinéireacht an Stáit agus atá á rialú nó á mbainistiú acu, sceideal de na sócmhainni seo a iarcheangal leis an gcuntas leithreasa.

Trealamh, troscán agus feistis

Luacháltar trealamh, troscán agus feistis ag costas.

1 Ó chuntais leithreasa na bliana 2020 i leith, déanfar an tairseach le haghaidh sócmhainní caipitil a chur ar áireamh sa ráiteas faoin staid airgeadais a mhéadú go €10,000 le haghaidh sócmhainn aonair. Ní dhéanfar sócmhainní a ghrúpáil le chéile a thuilleadh. Maidir le ranna nach bhfuil in ann an tairseach nua sin a chur i bhfeidhm, féadfaidh siad, ar bhonn aonuaire, leanúint le tuairisc a thabhairt ar an tseantairseach €1,000 do chuntas na bliana 2020. Ní mór do ranna an cur chuige sin a léiriú go soiléir sa réamhrá leis an gcuntas leithreasa ón Oifigeach Cuntasaíochta. Féach Ciorclán 21/2020 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; Méadú ar an Tairseach Luacha le haghaidh Sócmhainní a Chur ar Áireamh i gCláir Sócmhainní.

Sócmhainní eile

I gcás gur gá, leagtar polasaithe cuntasaíochta i leith sócmhainní eile a luacháil (m.sh. feithiclí sainfheidhmeacha) amach i réamhrá an Oifigigh Chuntasaíochta chuig an gcuntas leithreasa.

Polasaí maidir le Dímheas

Is é an polasaí reatha maidir le dímheas ruda go muirearaítear dímheas bliana iomláine i mbliain a fhaighte/a choimisiúnaithe agus nach muirearaítear aon dímheas i mbliain a dhiúscartha. [1]

Titeann sócmhainní roinne faoi chuimsiú catagóirí difriúla chun críocha dímheasa. Déantar dímheas ar bhonn dronnlíneach. Leagtar na príomhchatagóirí is infheidhme amach sa tábla seo a leanas.

	Ráta dímheasa
Catagóir A – Nithe a dhímheastar ar bhonn dronnlíneach chuig luach nialais i gcaitheamh 10 mbliana	
Troscán agus feistis	10%
Gléasra agus innealra	10%
Mórchórais bhogearraí oibriúcháin TF	10%
Catagóir B – Nithe a dhímheastar ar bhonn dronnlíneach chuig luach nialais i gcaitheamh 5 bliana	
Trealamh TF, crua-earraí agus bogearraí	20%
Trealamh oifige	20%
Saintrealamh eile	20%
Mótarfheithiclí	20%
Catagóir C – Nithe eile	
Talamh	0%
Foirgnimh	0% to 5%
Sócmhainní míleata	3% to 20%

Tá sé de rogha ag Oifigigh Chuntasaíochta imeacht, i gcásanna áirithe, ó na polasaithe caighdeánacha cuntasaíochta atá leagtha amach thíos.

1 Ó chuntais leithreasa na bliana 2020 i leith, ríomhfar dímheas ar bhonn míosúil chun freastal ar an aistriú chuig an gcóras um sheirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais. Ba cheart dímheas a mhuirearú ón dáta a chuirtear an tsócmhainn i mbun seirbhíse go dtí an mhí ina ndiúscraítear í. Mar shocrú eatramhach ar feitheamh cur i bhfeidhm seirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais, féadfaidh ranna dímheas a ríomh ar bhonn míosúil nó ar bhonn bliantúil. Ní mór an modh dímheasa a úsáideadh a lua i ngach cuntas leithreasa.

Banc agus airgead tirim

Ba chóir go n-áireofaí le ‘banc agus airgead tirim’ gach iarmhéid i gcuntais bainc thráchtála (párolla agus cuntais eile a bhaineann leis an Vóta) atá á gcoinneáil ag deireadh na bliana arna maoiniú ag an Státchiste trí chaiteachas vótáilte nó cuntais dá leithéid ina bhfuil fáltais a dhlífear a íoc leis an Státchiste. Ba chóir go sonrófaí sa nóta cuntais bhainc an Phá-Mháistir Ghinearálta (*PMG*) ar leithligh ó chuntais eile i mbainc thráchtála.

Nochtar mionsonraí ar aon chuntais bhainc thráchtála eile nach maoiníonn an Státchiste nó nach ndlífear a íoc leis an Státchiste trí nóta a ghabhann leis an gcuntas. Áirítear leis sin iarmhéideanna neamhvóta nach dtaifeadtar iad/nach dtugtar cuntas orthu i dtacar eile cuntas a ndéantar iniúchadh air.

Stoic

Luaitear earraí inchaite ag an gcostas nó ag luachálacha na roinne, cibé acu is lú.

Glanmhaoiniú ón Státchiste

Léirítear sa nóta maidir le glanmhaoiniú Státchiste staid maoinithe an vóta ag deireadh na bliana, agus aird á tabhairt ar an mbarrachas agus an leithdháileadh ón Státchiste ar bhonn carnach/rollach. Taispeántar miondealú an fhigiúir sin ó thaobh iarmhéideanna bainc/airgid tirim, fáltas dlite ó fhiachóirí agus dliteanais reatha freisin.

Gealltanais

Is éard is gealltanas ann ná oibleagáid chonartha chun íoc as seachadadh earraí nó seirbhísí (lena n-áirítear tionscadail chaipitil) atá fós le soláthar ag deireadh na bliana. I gcás scéimeanna deontais, aithnítear gealltanas nuair a fhaomhtar an deontas ach go bhfuil riachtanais na scéime fós le comhlíonadh ag an deontaí.

Maidir le gealltanais chonarthacha dhomhanda (os cionn €10,000) ar gealltanais iad is dócha a thiocfaidh chun cinn i mblianta dar gcionn, nochtar iad trí nóta a ghabhann leis an gcuntas, faoi na teidil: (i) soláthar earraí agus seirbhísí, cláir dheontais neamhchaipitil, cláir dheontais chaipitil, tionscadal chaipitil agus comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí.

Nochtar mionsonraí ar gach mórthionscadal capitil agus comhpháirtíochta príobháidí poiblí, i gcás gur mó ná €10,000,000 luach an tionscadail, ar leithligh.

I gcás gur bhain athrú de bhreis ar €500,000 i gcomparáid leis an mbliain roimhe le leibhéal an ghealltanais thuairiscithe nó le costas réamh-mheasta an tionscadail, ba chóir an chúis leis an ngluaiseacht sin a mhíniú.

Dliteanais Theagmhasacha

Tagann dliteanas teagmhasach chun cinn in aon chás ina gcruthaítear riosca le gníomhartha a rinneadh roimhe nó le gníomhartha reatha go n-iarrfar cistí Státchiste amach anseo. Nochtar dliteanais theagmhasacha trí nóta, ach amháin sa chás gur fíorbheag an dóchúlacht go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní i gceist.

Féadfaidh dliteanais teacht chun cinn de bharr cásanna dlí leanúnacha a bhféadfadh dliteanas teagmhasach teacht chun cinn dá dtoradh. Ach amháin i gcásanna a bhféadfadh dlíthíocht a bheith i gceist nó i gcás go ndéanfadh nochtadh dochar do staid an Státchiste agus/nó d'idirbheartaíocht amach anseo le tríú páirtithe, ba chóir dliteanais theagmhasacha a bhaineann le cásanna cúirte a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Níor cheart socruithe eile a dhéanamh, lena mbaineann poitéinseal go dtiocfadh dliteanais theagmhasacha chun cinn dá dtoradh, ach amháin sa chás gur gá agus, ansin, tar éis do mheastóireacht agus measúnacht a bheith déanta ar na himpleachtaí caiteachais féideartha i bhfianaise na gcásanna éagsúla a d'fhéadfadh teacht chun cinn de bhun an dliteanais theagmhasaigh, agus sa chás sin amháin. Ba chóir na sochair fhéideartha a chur i gcomparáid leis an gcostas is dóichí a bheidh i gceist agus i gcomparáid le raon na gcostas féideartha i gcónaí lena chinntiú go measúnófar an dliteanas teagmhasach i gceart.

Níor chóir glacadh le dliteanas teagmhasach in imthosca ar bith i gcás nach mbeidh an riosca a nglacfar leis measúnaithe agus sainmhínithe a shoiléire agus is féidir. I gcás go n-aontaíonn Aire glacadh le dliteanas teagmhasach, bíonn sé bunriachtanach go ndéanfar an próiseas cinnteoireachta a dhoiciméadú i gceart, lena leagfar amach: (i) an réasúnaíocht leis an dliteanas a ghlacadh agus (ii) an sochar féideartha agus (iii) na costais fhéideartha. Ba chóir ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a lorg chun aon dliteanais theagmhasacha a chruthú a bhféadfadh caiteachas suntasach ón Státchiste teacht chun cinn dá dtoradh.

Bíonn breithiúnas riachtanach agus é á dhéanamh amach cibé acu agus cén uair go díreach, a dtagann dliteanas chun cinn de thoradh oibleagáidí ceangailteacha agus/nó neamhcheangailteacha ó thaobh dlí. Bíonn faisnéis ábhartha dá bhféadfadh a heasnamh nó a míshonrú tionchar a imirt ar chomhlíonadh cuntasachta na Roinne don tréimhse tuairiscithe airgeadais sin.

Braitheann ábharthacht ar idir chineál agus shuim an ní a dtugtar breith air san imthosca áirithe a bhaineann leis an Roinn agus bíonn idir thréithe cáilíochtúla agus cainníochtúla á meas mar chuid de.

Déanfar measúnachtaí maidir le hábharthacht i gcomhthéacs na timpeallachta reachtaíochta, institiúide agus oibriúcháin a bhfeidhmíonn an Roinn faoina cuimsiú agus, i leith faisnéis ionchasach airgeadais agus neamhairgeadais, eolas an ullmhóra agus ionchais faoin todhchaí.

Aoisliúntas

Foráiltear d'íocaíochtaí aoisliúntais do státseirbhísigh ar scor i Vóta 12 – Aoisliúntais agus Liúntais Scoir. Soláthraíonn an Roinn Caiteachais Phoibli agus Athchóirithe meastachán faoin tsuim is inchurtha i leith gach vóta agus taispeántar é faoi nóta na nglanseirbhísí gaolmhara i gcomhair na nótaí ábhartha.

Comhlíontar íocaíochtaí aoisliúntais do ghardaí, múinteoirí, pearsanra ón arm agus pearsanra ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear ó na vótaí ábhartha.

Idirbhearta airgeadra coigríche

Aistrítear idirbhearta a eascraíonn in airgeadraí coigríche ina nEuro ag na rátaí malartaithe a bhíonn i réim ag dátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadais ainmnithe in airgeadra coigríche ag rátaí malartaithe dheireadh na bliana.

Nótaí eile leis na cuntais

Prionsabail Ghinearálta

Go ginearálta, tá sé d'aidhm leis na nótaí eile a ghabhann leis na cuntais leithreasa aird Dháil Éireann agus Choiste na gCuntas Poiblí a tharraingt ar ábhair a bhfuil tionchar acu ar rialú parlaiminte, nó chun faisnéis níos iomláine a sholáthar faoi idirbhearta ábhartha lena mbaineann nádúr neamhghnách agus a thaifeadtar sa chuntas e.g. caillteanais, íocaíochtaí speisialta nó *ex gratia* (íocaíocht nach ndlitear le dlí faoi chonradh nó ar shlí eile – m.sh. cúiteamh a íoctar ar bhonn cruatain) agus luach saothair breise.

Ach amháin sna cásanna atá leagtha amach thíos, soláthraítear nótaí sa chás go mbaineann suim €50,000 nó níos mó le hidirbheart aonair nó le catagóir idirbheart is iad á dtógáil le chéile.

I gcás go mbíonn méideanna níos lú ná na luachanna tairsí i gceist, soláthraítear nótaí chomh maith i gcás go dtagann saincheist thromchúiseach phrionsabail chun cinn nó i gcás go measann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gur chóir nóta a thabhairt.

Athruithe ón soláthar meastacháin

Soláthraítear le Nóta 3 míniúcháin ar athruithe maidir le toradh i gcomparáid le soláthar an mheastacháin bhunaidh.

Soláthraítear nóta i gcás gurb athrú (±) atá ann i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin bhunaidh (lena n-áirítear aon mhaoiniú caipitil iarchurtha):

- ar €100,000 nó níos mó é agus
- arb ionann an t-athrú agus 5% nó níos mó den fho-cheannteideal (25% i gcás na bhfo-cheannteideal riaracháin), nó
- arb ionann é agus athrú suntasach ó sholáthar an mheastacháin bhunaidh nach gcomhlíonann na critéir thuas ach a bhfuil údar leis míniú a thabhairt ina leith.

Áirítear nótaí maidir le hathruithe i leithreasaí i gcabhair ar bhonn comhchosúil.

Íocaíochtaí liúntais agus ragoibre

I gcás íocaíochtaí liúntais agus ragoibre, áirítear leis na mionsonraí i Nóta 5 líon iomlán na bhfaighteoirí íocaíochtaí liúntais agus ragoibre i níos mó ná aon chatagóir amháin, líon na ndaoine a fuair €10,000 nó níos mó, agus an íocaíocht ab airde le duine aonair, más os cionn €10,000 í.

Leagtar an tsuim chomhlán a íocadh le duine aonair amach faoi na ceannteidil éagsúla san 'íocaíocht aonair ab airde'

Scaoilíocaíochtaí agus íocaíochtaí iomarcaíochta

Bíonn sé riachtanach scaoilíocaíochtaí agus íocaíochtaí iomarcaíochta (os cionn €10,000) a nochtadh trí nóta.

Chostais chúitimh agus dlí

Ba chóir comhchodanna na gcostas dlí i leith cásanna a bhfuil nó a raibh lámh ag an roinn iontu a nochtadh (ní áirítear leis sin costas na comhairle dlí a soláthraíodh lasmuigh d'imeachtaí dlí m.sh. i gcomhthéacs polasaí nó reachtaíocht a fhorbairt). Má dhéantar ionadaíocht ar an Roinn in imeachtaí dlí (seachas ag Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit), áirítear na costais a thabhaítear i ndáil leis na cásanna sin sa tábla. I gcásanna inarbh airde costais charnacha dlí a tabhaíodh sa bhliain chuntais ná €50,000, (i.e. i gcásanna ina ndeachaigh costais dlí cásanna os cionn €50,000 san iomlán, nó i gcás ina dtéann cás aonair os cionn €50,000), tá nóta le soláthar le miondeaú ar na costais:

- de réir na gcostas dlí a d'íoc an roinn
- de réir na gcostas dlí a dámhadh (i gcoinne na roinne), agus
- de réir an chúitimh a dámhadh.

Íocaíochtaí Malla

I gcás íocaíochtaí úis agus cúitimh faoi na Rialacháin maidir le hÍocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála 2012, soláthraítear faisnéis i Nóta 6 sa chás

- inar €10,000 nó níos mó iomlán na n-íocaíochtaí úis agus cúitimh a bhí dlite, nó
- inar €10,000 nó níos mó íocaíocht aonair.

Calaois nó calaois amhrasta

I gcás na gcaillteanas de bharr calaoise, calaoise amhrasta nó mírialtachtaí amhrasta, soláthraítear faisnéis i Nóta 6 i gcás

- gur €10,000 nó níos mó iomlán na gcaillteanas i rith na tréimhse cuntasaíochta, nó
- gur €10,000 nó níos mó caillteanas aonair, nó
- le haghaidh caillteanas faoi bhun €10,000, go dtagann saincheist thromchúiseach maidir le prionsabal chun cinn, nó
- go measann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gur chóir nochtadh a dhéanamh.

Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

I gcás gurb ábhartha, ba chóir go n-áireofaí i Nóta 6 ráiteas caiteachais faoi gach coimisiún nó fiosrúchán speisialta arna maoiniú ón vóta. Déantar idirdhealú idir coimisiúin bhuana, agus iad siúd a bhunaítear ar bhonn sealadach chun críche seasta. Sa chéad chás, taispeántar caiteachas sa bhliain chuntais agus sa bhliain roimhe. Sa chás deiridh, taispeántar an dáta bunaithe agus an caiteachas carnach ó dháta a bhunaithe.

Cistí deontais agus cuntais ilghnéitheacha

I gcás gurb ábhartha, cuirtear cuntais chistí deontais a mhaoinítear ón vóta agus cuntais ilgnéitheacha eile i láthair i Nóta 6.

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 1

Teaghlachas an Uachtaráin

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 1, tá iallach orm gach bliain an cuntas leithreasa don Vóta a réiteach, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais sin, tá an cuntas ceangailte leis seo réitithe agam maidir leis an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus chostais Oifig Ard-Rúnaí an Uachtaráin, maidir le costais áirithe de chuid Theaghlachas an Uachtaráin agus deontais áirithe.

Déantar an toradh caiteachais a chur i gcomparáid leis na suimeanna ceadaithe ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2020, an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar chaiteachas na bliana san áireamh.

Dlitear barrachas €658,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta i bhfeidhm in ullmhú an chuntais, mar a leag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe amach iad i gciorclán 22 de 2020, seachas iad a leanas:

Sócmhainní oidhreachta

Ní luacháiltear sócmhainní oidhreachta a bhaineann le Teaghlachas an Uachtaráin mar shócmhainní sna ráitis airgeadais seo. Tá san áireamh sna sócmhainní troscán agus saothair ealaíne. Tá tréithe neamh-inchoimhthithe agus sobhriste ag baint leo agus ní féidir a gcomhshamhail a sholáthar, agus mar sin de ní cuspóir fónta a bheadh ann na sócmhainní a chaipitliú sna ráitis seo.

Dímheas

Is é an polasaí maidir le dímheas ruda go muirearaítear dímheas bliana iomláine i mbliain a fhaighte/a choimisiúnaithe agus nach muirearaítear aon dímheas i mbliain a dhiúscartha. Déantar dímheas ar bhonn líne dírí.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann Oifig Theaghlachas an Uachtaráin córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí ar Roinn an Taoisigh. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chumhdach, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Cuireann an Roinn Airgeadais feidhm íocaíochta agus cuntasaíochta ar fáil do Theaghlachas an Uachtaráin.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceangaltas an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir Teaghlachas an Uachtaráin agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte do Theaghlachas an Uachtaráin.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmiúla le haghaidh teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó go léir.
- Tá córais ann chun na sócmhainní a chosaint.
- Tá tábhacht ag baint le timpeallacht rialaithe inmheánaigh airgeadais na Roinne Airgeadais, mar is é an Roinn Airgeadais a chuireann feidhm íocaíochta agus cuntasaíochta ar fáil do Theaghlachas an Uachtaráin.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú
- athbhreithnithe rialta ag an lucht ardbhainistíochta a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistíochta riosca ag feidhmiú laistigh de Theaghlachas an Uachtaráin
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta

Tagann Teaghlachas an Uachtaráin faoi shainchúram na feidhme iniúchóireachta inmheánaí a sholáthraíonn Roinn an Taoisigh, a bhfuil pearsanra oilte cuí acu agus a oibríonn faoi chairt scríofa a cheadaigh mé. Cuirtear an obair iniúchóireachta inmheánaí san áireamh trí anailís a dhéanamh ar na rioscaí airgeadais a bhfuil Teaghlachas an Uachtaráin neamhchosanta orthu agus tá sé d'aidhm na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Tá an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí agus a clár oibre faoi réir athbhreithnithe tréimhsiúla uaimse agus ón gCoiste Iniúchóireachta, a oibríonn faoi choimirce Roinn an Taoisigh.

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta i 2020, agus cuireadh i bhfeidhm i 2020 an clár oibre iniúchóireachta a comhaontaíodh i 2019.

Comhlíonadh soláthair

Cinntíonn Teaghlachas an Uachtaráin go gcuirtear béim chuí ar dhea-chleachtas i dtaobh cúrsaí soláthair, agus go bhfuil nósanna imeachta ann lena chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte soláthair iomchuí. Níorbh ann d'aon chonradh dámhadh gan próiseas iomaíoch a sháraigh an tairseach tuairiscithe €25,000.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Teaghlachas an Uachtaráin lena ndéantar sainaithint ar phríomhrioscaí agus lena dtuairiscítear iad agus na gníomhartha bainistíochta atá á dhéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, chomh fada agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena n-aithnítear na príomhrioscaí do Theaghlachas an Uachtaráin agus rinneadh iad a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár go ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déantar cur síos sa chlár riosca ar na rialuithe agus gníomhartha is gá leis na rioscaí a mhaolú agus ar an bhfreagracht as oibriú na rialuithe atá sannta do bhaill fhoirne áirithe.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh ar rialú a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a chur i bhfeidhm agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur aithníodh príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próiseas i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar na príomhrialuithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag Teaghlachas an Uachtaráin le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta le haghaidh bainistíocht riosca agus rialaithe. In 2020, cuireadh obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta i dTeaghlachas an Uachtaráin atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil a choinneáil san áireamh le linn monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais i dTeaghlachas an Uachtaráin.

Paindéim Covid-19

De bharr thús phaindéim Covid-19 i dtús 2020, bhí athruithe ann ar an gcomhthéacs oibre agus an timpeallacht rialaithe, d'éirigh cianobair agus obair fhíorúil ina ngnáthchleachtas i dTeaghlachas an Uachtaráin. Mar thoradh air sin, tugadh isteach roinnt athruithe nósanna imeachta agus rialaithe. Faoi chreat riosca agus rialaithe Theaghlachas an Uachtaráin, rinne an lucht bainistíochta measúnú riosca iomlán ar thionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe. Deimhním gurb éifeachtach fós atá na rialuithe a cuireadh i bhfeidhm cheana féin agus na rialuithe sin a tugadh isteach de bharr phaindéim Covid-19.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor aithníodh laigí sa rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2020 a bhí mar chúis, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis, le caillteanas ábhartha.

Martin Fraser
Oifigeach Cuntasaíochta

31 Márta 2021

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Teaghlachas an Uachtaráin agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Aibreán 2021

Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin

Cuntas Leithreasa 2020

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas chláir				
A	Teaghlachas an Uachtaráin	3,030	2,419	2,348
B	Deolchaire an chéid	1,544	1,503	1,307
Ollchaiteachas		**4,574**	**3,922**	**3,655**
	Bain de			
C	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**74**	**81**	**78**
Glanchaiteachas		**4,500**	**3,841**	**3,577**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime a feidhmíodh faoi dhliteanas I leith a ghéillte don Státchiste.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**658,321**	**857,977**

Martin Fraser
Oifigeach Cuntasaíochta

31 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoi Chostais Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Caiteachas clár		1,452	1,258
Pá		1,884	1,724
Neamhphá		586	673
Ollchaiteachas		**3,922**	**3,655**
Bain de			
Leithreasaí-i-gcabhair		**81**	**78**
Glanchaiteachas		**3,841**	**3,577**
Athruithe i sócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(43)		
Dímheas	27	(16)	3
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	(95)	(95)	108
Caiteachas díreach		**3,730**	**3,688**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas seirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1)		4,016	4,780
Glanchostas clár		**7,746**	**8,468**

1.1 Glanchaiteachas seirbhísí comhghaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais seirbhísí comhghaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo leanas maidir le Vóta 1 a iompraíodh in áit eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 7	Oifig an Aire Airgeadais	22	13
Vóta 12	Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	716	784
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,686	2,095
Vóta 18	Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	3	3
Vóta 20	Garda Síochána	195	200
Vóta 28	Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	16	364
Vóta 36	Cosaint	432	422
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	45	—
An Lárchíste (Luachanna saothair agus liúntais Uachtaráin agus pinsin Uachtaráin)		901	899
		4,016	**4,780**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	51	35
Sócmhainní reatha			
Stoic	2.3	29	29
Réamhíocaíochtaí		21	21
Iarmhéideanna dochair eile		6	7
Ioncam fabhraithe		5	3
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.5	82	109
Iomlán na sócmhainní reatha		**144**	**169**
Lúide dliteanais reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	30	58
Costais fhabhraithe		47	140
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.4	58	58
Iomlán na ndliteanas reatha		**135**	**256**
Glandliteanais reatha		9	(87)
Glansócmhainní		**60**	**(52)**
Léirithe ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.6	**60**	**(52)**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh TF	Trealamh oifige	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2020	340	15	355
Breiseanna	43	—	43
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2020	383	15	398
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2020	305	15	320
Dímheas don bhliain	27	—	27
Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2020	332	15	347
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2020	**51**	—	**51**
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2019	35	—	35

2.2 Banc agus airgead tirim

ag 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéideanna PMG agus airgead tirim	**(30)**	**(58)**

2.3 Stoic

ag 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Boinn an chéid	8	8
Tomhaltáin teicneolaíochta faisnéise agus stáiseanóireacht	21	21
	29	**29**

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Méideanna dlite don Stát		
Cáin ioncaim	28	26
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	10	9
Ranníocaíochtaí aoisliúntas breise	—	6
Muirear Sóisialta Uilíoch	6	5
Ranníocaíocht pinsin	5	4
	49	50
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	9	8
	58	**58**

2.5 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Farasbarr le géilleadh	658	858
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(740)	(967)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**(82)**	**(109)**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Iarmhéideanna dochair: fionraí	6	7
	6	7
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(49)	(50)
Banc agus airgead tirim	(30)	(58)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(9)	(8)
	(88)	(116)
	(82)	**(109)**

2.6 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag 1 Eanáir			(52)	59
Eisíocaíochtaí as an Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	4,500		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(658)		
Glanmhéid an Vóta			3,842	3,576
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1		4,016	4,780
Nithe eile (nach airgead iad)			—	1
Glanchaiteachas clár	1		(7,746)	(8,468)
Iarmhéid ag 31 Nollaig			**60**	**(52)**

2.7 Gealltanais

ag 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Soláthar earraí agus seirbhísí	**228**	**150**

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin a leanas leithroinnte ar na cláir éagsúla, chun costais iomlán na gclár a chur i láthair.

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	1,858	1,884	1,724
ii	Taisteal agus cothabháil	310	76	87
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	340	237	327
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	86	87	64
v	Trealamh oifige agus soláthairtí oifige agus seirbhísí gaolmhara	496	187	195
		3,090	**2,471**	**2,397**

Athrúcháin shuntasacha

Sna míreanna thíos, déantar anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar na cúiseanna leis na hathrúcháin shuntasacha (+/- 25% agus +/- €100,000).

ii Taisteal agus cothabháil

Soláthar meastacháin: €310,000, Toradh €76,000

I mí an Mhárta 2020, cuireadh taisteal intíre agus idirnáisiúnta ar fionraí de bharr shrianta Covid-19. Mar thoradh air sin, bhí caiteachas ar thaisteal i 2020 níos lú ná a bhí beartaithe i dtosach.

iii Oiliúint agus forbairt agus Costais theagmhasacha

Soláthar meastacháin: €340,000, Toradh €237,000

Bhí an laghdú ar chaiteachas mar thoradh ar an gcealú ócáidí inmheánacha de bharr shrianta Covid-19.

v Trealamh oifige agus soláthairtí oifige agus seirbhísí gaolmhara

Soláthar meastacháin: €496,000, Toradh €187,000

Bhain an soláthar meastacháin le hinfheistíocht aonuaire chun córas nua a chuir in áit an chórais reatha 'Lotus Notes'. Cuireadh tús leis an tionscadal i 2020, ach bhí moill air nuair a imlonnaíodh acmhainní TF chun cianobair a éascú de thoradh na paindéime. Beidh an tionscadal á chríochnú i 2021.

Clár A Teaghlachas an Uachtaráin

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán − pá	1,813	1,835	1,677
A.2	Riarachán − neamhphá	1,217	584	671
		3,030	**2,419**	**2,348**

Clár B Deolchaire an chéid

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán − pá	45	49	47
B.2	Riarachán − neamh phá	15	2	2
B.3	Deolchaire an chéid	1,484	1,452	1,258
		1,544	**1,503**	**1,307**

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ó asbhaintí ranníocaíochtaí aoisliúntas breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	67	78	71
2	Ilghnéitheach	7	3	7
	Iomlán	**74**	**81**	**78**

Nóta 5 Líon Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon foirne ag deireadh na bliana	**26**	**26**

5.2 Pá

	2020 €000	2019 €000
Pá	1,699	1,532
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	58	57
Ragobair	7	21
ÁSPC an fhostóra	120	114
Pá iomlán	**1,884**	**1,724**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon faighteoirí	Faighteoirí de €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2020 €	2019 €
Liúntais ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	5	3	19,174	19,174
Ragobair	10	—	2,110	4,342
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	—	—	—	2,894

5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

	An líon faighteoirí	2020 €	2019 €
Ró-íocaíochtaí	—	—	1,650
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	—	—	1,650

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 2

Roinn an Taoisigh

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 2, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 i gcomhair thuarastail agus speansais Roinn an Taoisigh, i gcomhair seirbhísí áirithe arna riar ag an Roinn agus i gcomhair deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €11.831 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

Dímheas

Déantar sócmhainní caipitil a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré úsáideach, ag tosú sa mhí ina gcuirtear i seirbhís iad.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Déanann an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais (FSS) i gCill Airne, atá ina chuid den Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an phróiseáil ar idirbhearta airgeadais a sholáthar ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir Roinn an Taoisigh agus na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais chun an tseirbhís chomhroinnte seo a sholáthar.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir Roinn an Taoisigh agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) i ndáil le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i ndáil le seirbhísí comhroinnte a sholáthar do Roinn an Taoisigh.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas ina gcuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ag ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta i gcomhair na bpríomhphróiseas gnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas:

- córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag lucht bainistíochta sinsearaí
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- córas bainistíochta riosca taobh istigh den Roinn
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais, dá nochtar an Roinn, a hobair agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, a bhíonn á gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Féachtar leis an bplean seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Bíonn athbhreithniú á dhéanamh ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí agamsa agus ag an gCoiste Iniúchóireachta go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Dearbhaím go gcinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas i gcás conradh amháin (sa bhreis ar €25,000), a raibh luach €93,884 ar an iomlán air (gan CBL a áireamh), le haghaidh seirbhísí teileafónaíochta, rud a dámhadh gan próiseas iomaíoch agus atá curtha san áireamh sa tuairisceán maidir le ciorclán 40/2002. Measadh é a bheith neamhchomhlíontach mar nach ndearnadh athbhreithniú air ón mbliain 2013. Scrúdaigh an Roinn roghanna maidir le tarraingt anuas i ndáil leis an tseirbhís seo ó chreat nua OGP. Tugadh cuireadh chun tairisceana do na seacht soláthraí seirbhíse ar fad faoin gcreat, ach níor roghnaigh aon cheann acu tairiscint a chur isteach. Tá na socruithe leis an soláthraí a bhí ann cheana i bhfeidhm fós agus déanfar athbhreithniú orthu ar bhonn rialta.

Tá sonraí tugtha ag an Roinn ar cheithre chonradh neamhiomaíoch sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena sonraítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá le sárú ag an Roinn agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir tábhachta. Déantar an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta i gcomhar le bainistíocht shinsearach na Roinne. Baintear leas as torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh d'aonaid ghnó shonracha.

Mír bhuan ar chlár oibre Choiste Iniúchóireachta na Roinne is ea bainistíocht riosca freisin.

Tá an próiseas bliantúil um Measúnú Náisiúnta Riosca, faoi mhaoirsiú Roinn an Taoisigh, ar bun freisin agus cuirtear deis ar fáil leis sainaithint agus plé a dhéanamh ar rioscaí straitéiseacha atá os comhair na hÉireann sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Níor foilsíodh an Measúnú Náisiúnta Riosca sa bhliain 2020 agus tá sé beartaithe measúnú a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun leas a bhaint as an bpróiseas agus é a fhorbairt d'fhonn a chinntiú go mbeidh ról tábhachtach aige fós amach anseo maidir leis na rioscaí a bheidh roimh Éirinn a aithint, mar aon leis na bealaí is fearr le hullmhú dóibh.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhartha ceartaitheacha a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Choiste Comhairleach Bainistíochta (*MAC*), i gcás gurb ábhartha. Deimhním go bhfuil rioscaí buntábhachtacha agus rialuithe gaolmhara sonraithe agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na rialuithe buntábhachtacha sin agus chun aon easnaimh shonraithe a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú riosca. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn a bhíonn freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Paindéim Covid-19

De thoradh phaindéim Covid-19 i dtús na bliana 2020, tháinig roinnt athruithe ar an timpeallacht oibre agus is gnáthnósanna oibre anois iad an chianobair agus an ríomhobair, do líon áirithe ball foirne, i Roinn an Taoisigh. Tugadh faoi mheasúnú maidir le tionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe agus níor aithníodh athruithe ar bith ar an bpróiseas rialaithe. Dearbhaím go bhfuil na rialuithe a bhí ann cheana éifeachtach fós.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais a bhí le nochtadh sa chuntas leithreasa maidir le 2020.

Martin Fraser
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn an Taoisigh

31 Márta 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 2 Roinn an Taoisigh

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 2 Roinn an Taoisigh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 2 Roinn an Taoisigh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

An bonn faoi mo thuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Roinn an Taoisigh agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

14 Meitheamh 2021

Vóta 2 Roinn an Taoisigh

Cuntas Leithreasa 2020

			2020	2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais	54,868	42,808	25,188
Ollchaiteachas		**54,868**	**42,808**	**25,188**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**855**	**626**	**707**
Glanchaiteachas		**54,013**	**42,182**	**24,481**

Farasbarr

Dlífear farasbarr na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a caitheadh, a ghéilleadh don Státchiste.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**11,831,030**	**9,856,031**

Martin Fraser
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn an Taoisigh

31 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costas an chláir		23,860	6,694
Pá		15,667	14,635
Neamhphá		3,281	3,859
Ollchaiteachas		**42,808**	**25,188**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**626**	**707**
Glanchaiteachas		**42,182**	**24,481**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(37)		
Dímheas	208	171	(181)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	1,105		
Laghdú ar stoc	53		
		1,158	1,132
Caiteachas díreach		**43,511**	**25,432**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		4,917	4,932
Measchíosanna		1,517	1,517
Glanchostas an chláir		**49,945**	**31,872**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 2 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais na seirbhísí comhroinnte a cuireadh ar fáil do Vótaí eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	8	8
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	3,490	3,351
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	638	846
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	25	23
Vóta 20	An Garda Síochána	205	211
Vóta 24	Dlí	55	54
Vóta 36	Cosaint	85	82
An Príomh-Chiste: Pinsin Taoisigh agus Airí		411	348
		4,917	**4,923**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020	2019
		€000	€000
Sócmhainní caipitil	2.1	1,039	1,210
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	400	262
Stoic	2.3	72	126
Réamhíocaíochtaí		365	296
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	335	99
Iomlán na sócmhainní reatha		1,172	783
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		2,580	1,406
Iarmhéideanna sochair eile	2.5	675	625
Glanmhaoiniú Státchiste	2.6	59	(263)
Iomlán na ndliteanas reatha		3,314	1,768
Glansócmhainní reatha		(2,142)	(985)
Glandliteanais		**(1,103)**	**225**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.7	**(1,103)**	**225**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Troscán agus feistis	Trealamh oifige	Sócmhainní atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	667	1,348	488	2,503
Breiseanna	--	37	---	37
Diúscairtí	(5)	—	—	(5)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	662	1,385	488	2,535
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	536	757	—	1,293
Dímheas don bhliain	22	186	—	208
Dímheas ar dhiúscairtí	(5)	—	—	(5)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	553	943	—	1,496
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**109**	**442**	**488**	**1,039**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	131	591	488	1,210

2.2. Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	399	261
Iarmhéid cuntais bainc eile	1	1
	400	**262**

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Bronntanais oifigiúla	20	23
Stáiseanóireacht	40	58
Foilseacháin	1	41
Ábhar inchaite	11	4
	72	**126**

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Tuarastail in-fhorchúitithe	5	—
Caiteachais taistil a forchúitíodh	2	89
Míreanna dochair eile ar fionraí	328	10
	335	**99**

2.5 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Suimeanna dlite don Stát		
Cáin ioncaim	303	263
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	134	117
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	86	122
Cáin bhreisluacha	26	32
	549	534
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	126	85
Míreanna sochair eile ar fionraí	—	6
	675	**625**

2.6 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	11,831	9,856
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(11,772)	(10,119)
Glanmhaoiniú Státchiste	**59**	**(263)**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	399	262
Iarmhéideanna dochair: fionraí	335	99
	734	361
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(549)	(533)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(126)	(91)
	(675)	(624)
	59	**(263)**

2.7 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			225	1,177
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	54,013		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(11,831)		
Glanvóta			42,182	24,481
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1		4,917	4,923
Míreanna neamhairgid - coigeartú			1	(1)
Caiteachas neamhairgid – measchíos	1		1,517	1,517
Glanchostas an chláir	1		(49,945)	(31,872)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**(1,103)**	**225**

2.8 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda

Ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	171	30

2.9 Dliteanais Theagmhasacha

Tá an dá chás Ard-Chúirte a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis maidir leis na hiarrataí comhshaoil a luadh mar dhliteanais theagmhasacha i gcuntas leithreasa na bliana 2019 ag dul ar aghaidh fós, agus d'fhéadfadh costais a bheith mar thoradh orthu sin.

Tá an Roinn ag fanacht ar chinneadh i ndáil le costais chomh maith i ndiaidh cás Ard-Chúirte in 2020, rud a bhain le forálacha bunreachta lena rialaítear cruinnithe an tSeanaid.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Áirítear caiteachas riaracháin a leagtar amach anseo thíos i gClár A chun costais iomlána chláir a chur i láthair.

		Soláthar meastacháin €000	2020 Toradh €000	2019 Toradh €000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	16,907	15,667	14,635
ii	Taisteal agus cothú	730	216	476
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	2,826	1,074	1,688
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	360	290	224
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	1,060	1,060	1,106
vi	Costais áitribh oifige	376	641	365
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile	18	—	—
		22,277	**18,948**	**18,494**

Difríochtaí suntasacha

Déantar anailís sa nóta seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus déantar cur síos ar na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

i **Tuarastail, pá agus liúntais**

Soláthar meastacháin €16.907 milliún; toradh €15.667 milliún

Is mar thoradh ar mhoilleanna maidir le folúntais a líonadh mar a bhí beartaithe a tháinig laghdú €1.24 milliún ar an gcaiteachas ar thuarastail, pá agus liúntais.

ii **Taisteal agus cothú**

Soláthar meastacháin €730,000; toradh €216,000

Is mar gheall ar laghdú suntasach ar thaisteal de dheasca Covid-19 a tháinig laghdú €514,000 ar chaiteachas taistil agus cothaithe.

iii **Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

Soláthar meastacháin €2.826 milliún; toradh €1.074 milliún

Is mar thoradh ar chaiteachas a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar fud raon réimsí, go leor acu a bhain le tionchar Covid-19, a tháinig laghdú €1.752 milliún ar chaiteachas oiliúna agus forbartha agus ar speansais theagmhasacha. Áirítear orthu sin imeachtaí Stáit, oiliúint agus forbairt, agus an tairseach gov.ie. Fritháiríodh an coigilteas faoin bhfo-mhírcheann seo in aghaidh caiteachais a tabhaíodh faoi fho-mhírcheann vi Costais áitribh oifige.

vi **Costais áitribh oifige**

Soláthar meastacháin €376,000; toradh €641,000

Bhí méadú €265,000 ar chaiteachas ar chostais áitribh oifige mar gheall gur tugadh faoi obair riachtanach athchóirithe chun lóistín breise a chur ar fáil i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Ceadaíodh aistriú ó fho-mhírcheann iii Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha lena fhritháireamh in aghaidh róchaiteachais faoin bhfo-mhírcheann seo.

Clár A Tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	**Toradh**	**Toradh**
		€000	**€000**	**€000**
A.1	Riarachán - pá	16,907	15,667	14,635
A.2	Riarachán - neamhphá	5,370	3,281	3,859
A.3	An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach	2,099	1,761	1,876
A.4	Binsí Fiosrúcháin	4,209	1,422	929
A.5	Coimisiúin Imscrúdúcháin	4,424	3,044	3,688
A.6	Tionól Saoránach	1,859	732	201
A.7	Cumarsáid phoiblí maidir le Covid-19	20,000	16,901	—
		54,868	**42,808**	**25,188**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €12.06 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh (ar dtús.) Bhain €3.329 milliún den mhéid sin le caiteachas riaracháin a bhfuil difríochtaí suntasacha ina leith mínithe cheana. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla athrú ar an iarmhéid €8.731 milliún:

A.3 An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach

Soláthar meastacháin €2.099 milliún; toradh €1.761 milliún

Mar thoradh ar dhá phost gan líonadh agus ar laghdú foirne de bharr scoir, bhí easnamh €338,000 ann i gcaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin.

A.4 Binsí Fiosrúcháin

Soláthar meastacháin €4.209 milliún; toradh €1.422 milliún

Bhí easnamh €2.787 milliún ann i gcaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin toisc go raibh líon na n-éileamh i dtaca le costais dlí a glanadh in 2020 níos ísle ná mar a measadh. Níl aon smacht ag an Roinn ar chostais dlí tríú páirtí a dhámhann na Binsí Fiosrúcháin agus tá sé dodhéanta uainiú glanta a thuar i dtaca le glanadh na gcostas tríú páirtí a bheidh dlite ag am áirithe ar bith.

A.5 Coimisiúin Imscrúdúcháin

Soláthar meastacháin €4.424 milliún; toradh €3.044 milliúin

Tá coimisiúin imscrúdúcháin neamhspleách ar Roinn an Taoisigh agus braitheann a leibhéil chaiteachais ar riachtanais agus ceanglais a n-imscrúdaithe ar an gcéad dul síos. Tharla an tearc-chaitheamh €1.38 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin mar thoradh ar an deacracht a bhí ag an gCoimisiún tuar cruinn a dhéanamh maidir le leibhéal agus uainiú a riachtanas caiteachais féin, lena n-áirítear caiteachas ag eascairt as cinntí le costais tríú páirtí a dhámhachtain.

A.6 Tionól Saoránach

Soláthar meastacháin €1.859 milliún; toradh €732,000

Bhí easnamh €1.127 milliún i gcaiteachas mar gheall gur cuireadh cruinnithe a bhí beartaithe le tarlú ar an láthair ar athlá de bharr Covid-19.

A.7 Cumarsáid phoiblí maidir le Covid-19

Soláthar meastacháin €20 milliún; toradh €16.901 milliún

Tíolacadh sonraisc ar fiú €2.375 iad i mí an Mhárta 2021 lena n-íoc maidir le roinnt feachtas a reáchtáladh i mí na Nollag 2020 agus ba iad sin ba chúis leis an easnamh €3.099 milliún i gcaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin den chuid is mó.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Leithreasaí-i-gcabhair	58	20	34
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar phá seirbhíse poiblí	797	606	673
	Iomlán	**855**	**626**	**707**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €229,000 níos lú ná an meastachán.

2 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí

Soláthar meastacháin €797,000; toradh €606,000

Cuireadh moill ar fholúntais a líonadh mar a bhí beartaithe, agus bhí na ranníocaíochtaí aoisliúntais breise níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis dá bharr sin. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú €191,000 ar fháltais i gcomparáid leis an meastachán.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	43	29
Fáltais ó ghéilleadh tuarastail deonach sealbhóirí oifige	55	43
Aistrithe chuig an Státchiste	(43)	(29)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**55**	**43**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana	2020	2019
Roinn	236	232
Gníomhaireacht - An Oifig Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach	14	14
	250	**246**

5.2 Pá – Roinn

	2020 €000	2019 €000
Pá	14,724	13,675
Iomarcaíocht agus scaoilíocaíocht	322	—
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	295	357
Íocaíochtaí ragoibre	283	355
ÁSPC an Fhostóra	1,149	1,032
Pá iomlán [a]	**16,773**	**15,419**

Nóta [a] Áirítear pá i ndáil le foireann binsí agus i ndáil le coimisiún imscrúdúcháin ar fhigiúr iomlán pá na roinne.

5.3 Pá - Gníomhaireacht

	2020 €000	2019 €000
Pá	1,189	1,243
ÁSPC an Fhostóra	103	101
Pá Iomlán	**1,292**	**1,344**

Nóta Faisnéis bunaithe ar thuairisceáin ó NESDO.

5.4 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre - Roinn

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2020	2019
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	35	13	26,066	88,412
Ragobair	83	8	20,678	24,192
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	16	9	30,575	25,301

5.5 Socruithe eile maidir le luach saothair

Rinneadh íocaíocht *ex-gratia* €29,829 (2019: €29,829) i dtaca le sochair scoir aontaithe le hiarfhostaí amháin.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €108,335 i ndáil le hoifigeach amháin a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2020 ar fad agus arbh í an Roinn a d'íoc a chuid tuarastail leis.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i ndáil le seachtar oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2020 ar fad nó cuid di i ranna/oifigí rialtais eile agus arbh iad na ranna/na hoifigí sin a d'íoc a gcuid tuarastal leo.

5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2020	2019
		€	€
Ró-íocaíochtaí	4	6,405	4,377
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	2	3,104	99

Aistríodh plean aisghabhála ró-íocaíochtaí amháin arbh ionann a luach agus €772 chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta in 2020.

5.7 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Íocadh scaoilíocaíochtaí a raibh luach iomlán €240,002 orthu le linn na bliana 2020 le deichniúr ball foirne ar cuireadh deireadh lena gcuid fostaíochta, agus fuair ochtar acusan íocaíochtaí iomarcaíochta arbh fhiú €53,160 san iomlán iad. Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia €29,185 chomh maith le naonúr fostaithe i ndáil le híocaíocht in ionad fógra.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Coistí, coimisiúin nó fiosrúcháin speisialta

Coimisiún cuspóra shocraithe	Bliain a cheaptha	Caiteachas carnach go dtí deireadh na bliana 2020	2020	2019
		€000	€000	
Binse Fiosrúcháin (íocaíochtaí leis an Uas. Haughey agus leis an Uas. Lowry) [a]	1997	65,646	1,422	929
Coimisiún Imscrúdúcháin (Coimisiún Cregan) [b]	2015	9,235	2,190	1,980
Coimisiún Imscrúdúcháin (Coimisiún Cooke) [c]	2017	3,021	855	935

Nótaí

[a] Beidh tuilleadh íocaíochtaí i gceist leis an mBinse Fiosrúcháin (íocaíochtaí leis an Uas. Haughey agus leis an Uas. Lowry). Ní féidir costais deiridh a chinneadh ag an am seo.

[b] Baineann an Coimisiún Imscrúdúcháin (Cregan) le hidirbhearta áirithe a rinne Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc.

[c] Baineann an Coimisiún Imscrúdúcháin (Cooke) le díolachán phunann Thionscadal *Iolar* ag an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní.

6.2 Costais chúitimh agus dlí

Níor tabhaíodh aon chostais chúitimh ná aon chostais dlí sa Roinn le linn na bliana 2020 (2019: €773,000).

6.3 Bronntanais oifigiúla

Áirítear sa chuntas an tsuim €13,079 a úsáideadh chun bronntanais a cheannach lena mbronnadh ag an Taoiseach agus Airí Stáit nó ar a son in 2020 (2019: €16,632).

6.4 Nithe a dhíscríobhadh

Rinneadh na suimeanna seo a leanas a dhíscríobh i rith na bliana	2020	2019
	€000	€000
Stoc foilseachán (Binse Fiosrúcháin)	40	—

Aguisín A Cuntais comhlachtaí agus cistí faoi scáth Roinn an Taoisigh

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí faoi scáth na Roinne ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, mar a bhí ag deireadh mhí an Mhárta 2021, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí agus an dáta ar ar cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

Comhlacht	Tréimhse chuntasaíochta dheiridh	Dáta na tuarascála iniúchóireachta	Dáta faighte ag an Roinn	Dáta curtha i láthair an Oireachtais
An Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach	2019	22 Nollaig 2020	18 Eanáir 2021	25 Márta 2021

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 3

Oifig an Ard-Aighne

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 3, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus chostais Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear deontas.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €1.04 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochtamaidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú, ach amháin mar a leagtar amach go díreach thíos.

Luacháil sócmhainní caipitil

Mar a fhoráiltear i gCiorclán 21 de 2020, chuir an Oifig tairseach €1,000 i bhfeidhm maidir le caipitliú a cuid sócmhainní caipitil.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Stiúrthóir/Ceann Oifige. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnach seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar bhonn comhroinnte. Tá Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte freagrach as rialuithe a oibriú laistigh de na hIonaid Seirbhísí Comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte don Oifig seo.

Seo a leanas an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartúcháin iomchuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta do phríomhphróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe;

- Go bhfuil córas buiséad iomchuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú;
- Go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais míosúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí;
- Go bhfeidhmítear córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig;
- Go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú;
- Go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil ann agus go gcloítear le disciplíní bainistíochta tionscadail foirmiúla.

Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Dearbhaím go gcoinníonn an Oifig feidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bun trí chomhaontú conartha le cuideachta ghairmiúil iniúchóireachta le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte i scríbhinn atá ceadaithe agam. Bíonn a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Oifig neamhchosanta orthu agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, a d'fhormheas mé, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Bhí feidhm iniúchóireachta inmheánaíi bhfeidhm don Oifig le linn 2020.

Comhlíonadh soláthair

Dearbhaím go gcinntíonn an Oifig go bhfuil fócas cuí ann ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú.

Chomhlíon an Oifig na treoirlínte cé is moite de chonradh amháin (níos mó ná €25,000), arbh fhiú €152,589 é (gan CBL a áireamh); leagtar amach na sonraí thíos:

- Dámhadh conradh amháin dar luach €152,589 do sheirbhísí dréachtaithe parlaiminte gan próiseas iomaíoch agus tá sé san áireamh i dtuairisceán 40/02. Measadh nach raibh sé comhlíontach, toisc nach raibh an conradh faoi réir próiseas iomaíoch i rith na bliana agus toisc go bhfuil an Oifig sásta nach féidir an obair a fháil ar bhealach níos eacnamaíche mar gheall ar shainchineál na hoibre atá i gceist.

Chuir an Oifig sonraí faoi chonarthaí neamhiomaíocha ar fáil sa tuairisceán bliantúil i leith Chiorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat rioscaí agus rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá os comhair na hOifige agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Coiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear na rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na bearta is gá chun rioscaí agus freagracht as oibriú rialuithe a shanntar d'fhoireann ar leith a mhaolú.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear na heasnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don Choiste Comhairleach Bainistíocht (CCB), nuair is ábhartha. Dearbhaím gur aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a aithníodh a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil próisis ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ar an mbainistíocht shinsearach laistigh den Oifig atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Paindéim Covid-19

Mar thoradh ar theacht phaindéim Covid-19 go luath in 2020, rinneadh roinnt athruithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe san Oifig, agus rinneadh gnéithe áirithe den timpeallacht rialaithe a oiriúnú chun maolú a dhéanamh ar rioscaí a eascraíonn as na srianta san ionad oibre a forchuireadh mar thoradh ar an bpaindéim. Áirítear leis seo cianobair a éascú, sonraisc leictreonacha a chur isteach agus íocaíochtaí a cheadú go digiteach.

D'aithin an Oifig costais bhreise de thart ar €250,000 a tabhaíodh in 2020 a bhain le freagra na hOifige ar oibriú i dtimpeallacht Covid. Tarraingítear aird ar an gcostas is ábhartha de na costais seo sa mhíniú ar dhifríochtaí le haghaidh fho-mhírcheann A(v) Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha.

Faoin gcreat riosca agus rialaithe, rinne an bhainistíocht measúnú riosca ar thionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe. Deimhním go leanann na rialuithe atá ann cheana agus na rialuithe a tugadh isteach mar thoradh ar Covid-19 de bheith éifeachtach.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laige sa rialú airgeadais inmheánach maidir le 2020, a éilíonn nochtadh sa chuntas leithreasa.

Damien Moloney
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Aighne

23 Márta 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*. Níl baint ná páirt agam le hOifig an Ard-Aighne agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

12 Iúil 2021

Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne

Cuntas Leithreasa 2020

		2020	2019
	Soláthar meastachán	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir			
A Seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí	16,885	15,682	15,153
Ollchaiteachas	**16,885**	**15,682**	**15,153**
Lúide			
B **Leithreasaí-i-gcabhair**	**705**	**542**	**580**
Glanchaiteachas	**16,180**	**15,140**	**14,573**

Farasbarr

Tá farasbarr an mhéid a soláthraíodh thar an nglanmhéid a caitheadh le géilleadh don Státchiste.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**1,039,697**	**1,019,223**

Damien Maloney
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Aighne

23 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costas an chláir		2,129	2,073
Pá		11,377	10,971
Neamhphá		2,176	2,109
Ollchaiteachas		**15,682**	**15,153**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabair		**542**	**580**
Glanchaiteachas		**15,140**	**14,573**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(368)		
Dímheas	204	(164)	75
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	(35)		
Méadú ar stoc	(2)	(37)	(79)
Caiteachas díreach		**14,939**	**14,569**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		2,821	2,521
Measchíosanna		791	791
Glanchostas an chláir		**18,551**	**17,881**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 3 a tabhaíodh in áit eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 12	Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	2,317	1,996
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	171	214
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	15	13
An Príomh-Chiste – Pinsin maidir le hiarArd-Aighní		318	298
		2,821	**2,521**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	491	327
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		212	(62)
Stoic	2.2	42	40
Réamhíocaíochtaí		192	159
Iarmhéideanna dochair eile	2.3	59	84
Ioncam fabhraithe		1	3
Glanmhaoiniú ón Státchiste atá dlite	2.5	67	21
Iomlán na sócmhainní reatha		**573**	**245**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		65	69
Iarmhéideanna sochair eile	2.4	338	43
Iomlán na ndliteanas reatha		**403**	**112**
Glansócmhainní reatha		170	133
Glansócmhainní		**661**	**460**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.6	**661**	**460**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Troscán agus feistis	Trealamh oifige	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	1,687	4,800	6,487
Breiseanna	23	345	368
Diúscairtí	(2)	—	(2)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	1,708	5,145	6,853
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	1,638	4,522	6,160
Dímheas don bhliain	21	183	204
Dímheas ar dhiúscairtí	(2)	—	(2)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	1,657	4,705	6,362
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**51**	**440**	**491**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	**49**	**278**	**327**

2.2 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Stáiseanóireacht	19	15
Ábhar inchaite TF	23	25
	42	**40**

2.3 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Oifig na nOibreacha Poiblí	38	38
Scéim in-fhorchúitithe pas taistil in-	4	41
Míreanna dochair eile ar fionraí	17	5
	59	**84**

2.4 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	177	—
Tobhach ioncaim	37	—
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	106	—
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	16	8
Cáin bhreisluacha	—	31
Ranníocaíochtaí pinsin	—	4
Creidiúnaithe eile	2	—
	338	**43**

2.5 Glanmhaoiniú ón Státchiste atá dlite

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Farasbarr le géilleadh	1,040	1,019
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(1,107)	(1,040)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**(67)**	**(21)**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Iarmhéideanna dochair: fionraí	59	84
	59	**84**
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(338)	(43)
Banc agus airgead tirim	212	(62)
	(126)	**(105)**
	(67)	**(21)**

2.6 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			460	456
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	16,180		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(1,040)		
Glanvóta			15,140	14,573
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		2,821	2,521
Caiteachas neamhairgid – measchíos	1		791	791
Glanchostas an chláir	1		(18,551)	(17,881)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**661**	**460**

2.7 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	**570**	**559**

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos san áireamh i gClár A chun costálacha iomlána na gclár A chur i láthair.

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	12,107	11,377	10,971
ii	Taisteal agus cothú	310	80	271
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	640	484	646
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	63	75	68
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	665	1,026	705
vi	Costais áitribh oifige	160	103	82
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	43	29	5
viii	Saineolas dlí faoi chonradh	280	240	180
		14,268	**13,414**	**12,928**

Difríochtaí suntasacha

Tugann an méid seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugann sé breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

i Tuarastail, pá agus liúntais

Soláthar Meastacháin €12.107 milliún; toradh €11.377 milliún

D'eascair an coigilteas de €730,000 toisc nár líonadh gach post san Oifig i gcónaí i rith na bliana. Le linn na gcéimeanna luatha den phaindéim, ní raibh an Oifig ag earcú foirne agus níor bhog sí chun na folúntais a bhí ann cheana agus folúntais bhreise a líonadh ach sa dara leath de 2020.

ii Taisteal agus cothú

Soláthar Meastacháin €310,000; toradh €80,000

D'eascair an coigilteas de €230,000 mar gheall ar na srianta ar thaisteal le linn na paindéime.

v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha

Soláthar Meastacháin €665,000; toradh €1.026 milliún

D'eascair róchaiteachas de €361,000 faoin bhfo-mhírcheann seo agus bhí gá le beagnach €250,000 de seo chun trealamh TF agus seirbhísí tacaíochta a cheannach chun an Oifig a threalmhú chun leanúint ar aghaidh ag obair le linn phaindéim Covid-19.

Clár A Seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí

		2020		2019
		Soláthar meastachái n	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	12,107	11,377	10,971
A.2	Riarachán – neamhphá	2,161	2,037	1,957
A.3	Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta	45	50	44
A.4	An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí	2,439	2,129	2,073
A.5	Costais ghinearálta dlí	133	89	108
		16,885	**15,682**	**15,153**

Difríochtaí suntasacha

Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €1.203 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €854,000 de seo le caiteachas riaracháin agus tháinig an €349,000 eile as na nithe seo a leanas go príomha:

A.4 An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Soláthar meastacháin €2.439 milliún; toradh €2.129 milliún

D'eascair an t-easnamh de €310,000 mar gheall ar níos lú ná líon iomlán foirne a bheith ann don bhliain iomlán agus costais riaracháin agus oifige a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar thionchar Covid-19.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Meastacháin	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	697	540	577
2	Ilghnéitheach	8	2	3
	Iomlán	**705**	**542**	**580**

Difríochtaí suntasacha

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le hathruithe suntasacha ar fháltais (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí na leithreasaí-i-gcabhair €163,000 níos lú ná an meastachán..

1 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí

Meastacháin €697,000; réadaithe €540,000

Ullmhaíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an figiúr soláthair meastacháin d'fháltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí gach bliain thar ceann na hOifige. D'eascair an t-easnamh de €157,000 do 2020 toisc nár líonadh gach post ceadaithe, san Oifig agus sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí, i gcónaí le linn 2020. Mar thoradh ar an laghdú ar na tuarastail a íocadh agus an ráta RAB is infheidhme maidir leis na poist seo, laghdaíodh ina dhiaidh sin luach na ranníocaíochtaí aoisliúntais iarbhír a íocadh.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhFostaithe

Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana	2020	2019
Oifig an Ard-Aighne	138	137
Gníomhaireachtaí	18	20
Iomlán	**156**	**157**

5.2 Pá – Oifig an Ard-Aighne

	2020 €000	2019 €000
Pá	10,356	9,967
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	63	90
Liúntais eile	14	14
Ragobair	6	14
ÁSPC an Fhostóra	938	886
Pá Iomlán	**11,377**	**10,971**

5.2 Pá - Gníomhaireachtaí

	2020 €000	2019 €000
Pá	1,202	1,128
ÁSPC an Fhostóra	104	95
Pá Iomlán [a]	**1,306**	**1,223**

Nóta [a] Fuair an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí deontas €2.129 milliún faoi Fho-mhírcheann A.4 An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí 2020 (€2.073 milliún in 2019). Chuir an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí na figiúirí pá a tuairiscíodh thuas ar fáil.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde 2020 €	 2019 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	13	2	11,050	20,745
Liúntais eile	9	—	4,533	8,969
Ragobair	4	—	5,781	9,391
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	3	2	11,912	7,467

5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Cuimsíonn an cuntas seo caiteachas de €260,774 i leith chostais tuarastail triúir oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Oifig le linn na bliana 2020 ar fad nó cuid di. Ní chuimsíonn an cuntas seo caiteachas i leith 34 oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Oifig le linn na bliana 2020 ar fad nó cuid di i ranna/oifigí Rialtais eile agus ar íoc an roinn/oifig óstach a dtuarastail.

5.5 Scaoilíocaíocht/iomarcaíocht

Le linn 2020, fuair triúr ball foirne ó Oifig Phríobháideach an Ard-Aighne, ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht tar éis athrú rialtais, scaoilíocaíochtaí de €43,441. Fuair beirt díobh íocaíochtaí iomarcaíochta de €18,276 freisin. B'ionann na híocaíochtaí iomlána a rinneadh i rith na bliana agus €61,717.

Aguisín A Cuntais faoi choimirce Oifig an Ard-Aighne

Liostaíonn an tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce Oifig an Ard-Aighne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Oifig ráitis airgeadais a chur i láthair. Tugann sé le fios (amhail ar dháta sínithe an chuntais), an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an tréimhse inar tíolacadh don Oireachtas iad.

Comhlacht	An tréimhse chuntasaíocht a dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchta	Dáta a fuair an tAire/Roinn	Dáta curtha faoi bhráid an Oireachtais
An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí	2019	4 Samhain 2020	23 Samhain 2020	3 Nollaig 2020

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 4

An Phríomh-Oifig Staidrimh

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 4, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an Cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 ar thuarastal agus costais na Príomh-Oifige Staidrimh.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €2.18 milliún dlite le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, arna leagan síos ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2020, chun feidhmeagus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Caipitliú sócmhainní caipitil

Mar a fhoráiltear dó i gciorclán 21 de 2020, tá tairseach €1,000 curtha i bhfeidhm ag an Oifig maidir le caipitliú a sócmhainní caipitil.

Dímheas

Déantar dímheas a ríomh ar bhonn bliantúil chun críocha an chuntais seo.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a fheidhmiú i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Ard-Stiúrthóir. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta a thabhairt, agus ní dearbhráthaíocht, go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath go tráthúil. Is próiseas leanúnach í cothabháil an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse atá ann idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Táim ag brath orthu sin agus ar litir dearbhaithe a fuarthas ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Oifig seo.

Is mar seo a leanas atá an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú don lucht bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm, ina bhfuil na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh ar leibhéal an lucht bainistíochta freagrachtaí airgeadais a bhfuil cuntasacht chomhfhreagrach ag baint leo.
- Cuireadh socruithe tuairiscithe ar bun ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun maidir le teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Is ann do Choiste Iniúchóireachta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh na nósanna imeachta i dtaca le gach uile phríomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú don lucht bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe rialta don lucht bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann lena ngabhann buiséad bliantúil a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú leanúnach é
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca á fheidhmiú laistigh den Oifig
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail i bhfeidhm.

Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig a fheidhmíonn de réir cairt i scríbhinn atá faofa agam, agus go bhfuil oiliúint chuí curtha ar phearsanra na feidhme sin. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais atá ann don Oifig bonn faisnéise faoina cuid oibre agus is ar an anailís sin a bhíonn a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa féin, bunaithe. Bíonn sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú rialta ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ngníomhaítear de réir thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Cinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas ó thaobh ceannaigh de agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Chomhlíon an Oifig na treoirlínte ábhartha go léir cé is moite de chúig chonradh, arbh fhiú €406,174 san iomlán iad, mar atá leagtha amach thíos:

- Bhí trí chonradh, arbh fhiú €314,574 san iomlán iad, neamhchomhlíontach toisc nach ndearna an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí athbhreithniú neamhspleách orthu. Astu sin, bhain ceann de na conarthaí le soláthar éigeandála Covid-19 a bhí de dhíth le cur ar chumas 900 ball foirne ar a laghad obair a dhéanamh ón mbaile.
- Bhí dhá chonradh eile, arbh fhiú €91,600 san iomlán iad, neamhchomhlíontach toisc gur bhain siad le tar-rolladh gearrthéarmach conarthaí a bhí i bhfeidhm cheana féin, rud a bhí de dhíth de bharr go raibh moill ar chur chun feidhme conarthaí iomaíocha nua.

Tá sé beartaithe ag an Oifig cur le ról maoirseachta agus comhlíonta na rannóige tacaíochta soláthair leis an gcás sin a chur ina cheart. Áirítear leis na beartais agus nósanna imeachta feabhsaithe rialachais a cuireadh i bhfeidhm chuige sin beartas nua soláthair a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2020 agus clár oiliúna agus feasachta atá le cur ar fáil go luath i réimsí ainmnithe soláthair. Tháinig córas nua bainistíochta conarthaí i bhfeidhm i mí Eanáir 2021. Is modúl comhtháite den chóras bainistíochta airgeadais é sin agus tabharfaidh sé léargas níos fearr ar an gcaiteachas ar chonarthaí agus ar dhátaí éaga a bhíonn ag teannadh linn.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag an Oifig lena n-aithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí, chomh maith leis na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh le dul i ngleic leo agus, a mhéid is féidir, leis na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá ann don Oifig agus tá siad sin sainaitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an bord bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár dhá uair sa bhliain. Cuireann torthaí na n-athbhreithnithe sin bonn faisnéise faoi phleanáil agus leithdháileadh acmhainní chun a chinntiú go ndéantar na rioscaí a mhaolú go leibhéal inghlactha.

Luaitear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá leis na rioscaí a mhaolú, chomh maith leis na baill foirne atá freagrach as na rialuithe áirithe sin a fheidhmiú.

Faireachán agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm le faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh ó thaobh rialú de in iúl dóibh siúd a bhfuil de fhreagracht orthu gníomhartha ceartaitheacha a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don bhord bainistíochta, nuair is iomchuí, in am is i dtráth. Deimhním gur sainaithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh arna sainaithint a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe riosca. Is í obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na ndaoine den lucht ardbhainistíochta laistigh den Oifig atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil a chuireann bonn faisnéise faoin bhfaireachán agus faoin athbhreithniú a dhéanann an Oifig ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Paindéim Covid-19

Rinneadh measúnuithe ar thionchar Covid-19 i rith na bliana; áiríodh leis sin tionchair ar tháirgeadh staitistiúil, rialuithe airgeadais agus próisis tacaíochta, ceanglais chun tacú le hoibriú ón mbaile agus folláine foirne, sábháilteacht fhisiciúil na mball foirne riachtanach ar an láthair a chinntiú, agus slándáil foirgneamh agus sócmhainní.

Ba é príomhfhócas an chuid ba mhó de na 900 duine atá ar fhoireann na hOifige ar an gcéad dul síos ná leanúnachas gnó a choinneáil fad agus a bhí siad á n-aistriú chuig córas cianoibre. Chun an méid sin a dhéanamh, baineadh feidhm as crua-earraí agus bogearraí teicneolaíochta a bhí ann cheana féin, é sin agus toilteanas na mball foirne lena gcuid gléasanna féin a úsáid chun rochtain a fháil ar thairseacha nuachruthaithe. Nascann úsáideoirí go díreach lena ndeasc oifige, rud a fhágann gur féidir leo cianrochtain chobhsaí shlán a fháil ar chórais na hOifige gan aon laghdú ar na rialuithe slándála.

Leanadh le seiceálacha agus próisis airgeadais a dhéanamh lasmuigh den láthair, lena n-áirítear fíoruithe seiceálaí/athbhreithneora agus leithscaradh dualgas. Cuireadh próiseas sínithe leictreonaigh i bhfeidhm chun foirmeacha údaraithe íocaíochta sonraisc a chomhlánú. Tá na próisis agus na seiceálacha uile a bhí ann cheana féin fós á ndéanamh sula gcuirtear sonraisc faoi bhráid na Rannóige Airgeadais lena n-íoc.

Sa chuid eile de 2020, bhíothas ag díriú ar leanúnachas ‘gnó mar is gnách’ a chinntiú agus freagairt d’éilimh mhéadaitheacha chun tacú leis an bhfreagairt náisiúnta don phaindéim trí tháirgí sonraí fíor-ama a chur ar fáil le cur ar chumas saineolaithe eipidéimeolaíochta agus Oifig an Taoisigh anailís eolach a dhéanamh. Lean an Oifig uirthi ag foilsiú staitisticí ábhartha eacnamaíocha agus sóisialta i rith na paindéime. Mar thoradh ar thionchar na paindéime, rinneadh oiriúnú ar phróisis staidrimh, amhail bailiú, modheolaíocht, próiseáil agus scaipeadh, chun a chinntiú go bhféadfaí leanúint den chlár oibre staidrimh a chur i bhfeidhm. D’fhorbair an Oifig táirgí agus seirbhísí nua Covid-19 freisin d’fhonn tacú leis an bhfreagairt náisiúnta don phaindéim agus léargas a fháil ar thionchar na géarchéime ar ghnólachtaí agus ar an tsochaí.

Mar gheall ar phaindéim Covid-19, rinne an Rialtas cinneadh i mí Mheán Fómhair 2020 an daonáireamh a bhí le cur ar siúl i mí Aibreáin 2021 a chur siar go dtí an 3 Aibreán 2022. Mar thoradh ar an gcinneadh sin, bhí athruithe le déanamh ar roinnt conarthaí. Ba é €3,450,453 costas iomlán na n-athruithe sin don tréimhse ama fhadaithe.

Tugtar le fios i dtorthaí na measúnuithe, agus i dtorthaí na ngníomhaíochtaí a rinneadh le linn 2020, nach raibh aon chur isteach suntasach ann ar na rialuithe inmheánacha.

Ceisteanna maidir leis an rialú inmheánach airgeadais

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i dtaca leis an mbliain 2020 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu, nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

Pádraig Dalton
An tOifigeach Cuntasaíochta
An Phríomh-Oifig Staidrimh

29 Márta 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis An Phríomh-Oifig Staidrimh agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2021

Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh

Cuntas Leithreasa 2020

		Soláthar meastachán	2020 Toradh	2019 Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas cláir				
A	Clár staidrimh bliantúil a chur i bhfeidhm	67,010	64,979	55,192
Ollchaiteachas		**67,010**	**64,979**	**55,192**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**1,320**	**1,469**	**2,298**
Glanchaiteachas		**65,690**	**63,510**	**52,894**

Farasbarr

Tá an farasbarr, i. an tsuim a soláthraíodh os cionn na glansuime, dlite le géilleadh don Státchiste.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**2,179,548**	**1,819,597**

Pádraig Dalton
An tOifigeach Cuntasaíochta
An Phríomh-Oifig Staidrimh

29 Márta 2021

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Pá		45,275	40,779
Neamhphá		19,704	14,413
Ollchaiteachas		**64,979**	**55,192**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**1,469**	**2,298**
Glanchaiteachas		**63,510**	**52,894**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(9,165)		
Dímheas	1,861	(7,304)	(2,476)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	(536)		
Méadú ar stoc	(40)	(576)	397
Caiteachas díreach		**55,630**	**50,815**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		8,888	8,941
Measchíosanna		1,706	1,706
Glanchostas an chláir		**66,224**	**61,462**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 4 a tabhaíodh in áiteanna eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	1,350	1,779
Vóta 12	Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	6,198	5,750
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,237	1,320
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	103	92
		8,888	**8,941**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	16,380	9,076
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	1,067	181
Stoic	2.3	98	57
Réamhíocaíochtaí		1,495	881
Ioncam fabhraithe		99	93
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	226	475
Glanchistiú ón Státchiste	2.6	649	679
Iomlán na sócmhainní reatha		**3,634**	**2,366**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		462	377
Iarmhéideanna sochair eile	2.5	1,942	1,335
Iomlán na ndliteanas reatha		**2,404**	**1,712**
Glansócmhainní reatha		1,230	654
Glansócmhainní		**17,610**	**9,730**
Arna léiriú ag:			
Cuntas cistithe an Stáit	2.7	**17,610**	**9,730**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh oifige	Troscán agus feistis	Sócmhainní caipitil á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	67,269	3,423	4,103	74,795
Breiseanna	724	—	8,441	9,165
Diúscairtí	(19)	(211)	—	(230)
Curtha in úsáid	2,234	—	(2,234)	—
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	70,208	3,212	10,310	83,730
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	62,448	3,271	—	65,719
Dímheas don bhliain	1,833	28	—	1,861
Dímheas ar dhiúscairtí	(19)	(211)	—	(230)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	64,262	3,088	—	67,350
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**5,946**	**124**	**10,310**	**16,380**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	4,821	152	4,103	9,076

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta	1,065	180
Mionairgead	2	1
	1,067	**181**

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Stáiseanóireacht	87	45
Ábhar inchaite TF	11	12
	98	**57**

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Tuarastail in-fhorchúitithe	162	157
Caiteachas taistil in-fhorchúitithe	3	8
Caiteachas pas taistil in-fhorchúitithe	6	40
Iarmhéid Oifig na nOibreacha Poiblí ar fionraí	38	64
Míreanna dochair eile ar fionraí	17	206
	226	**475**

2.5 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Suimeanna dlite don Stát		
Cáin ioncaim	560	490
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	380	352
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	31	22
Cáin bhreisluacha	56	33
Ranníocaíochtaí pinsin	121	111
Muirear sóisialach uilíoch	113	100
	1,261	1,108
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	186	182
Míreanna sochair eile ar fionraí	495	45
	1,942	**1,335**

2.6 Glanchistiú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	2,180	1,820
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(2,829)	(2,499)
Glanchistiú ón Státchiste	**(649)**	**(679)**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	1,067	181
Iarmhéideanna dochair: fionraí	226	475
	1,293	656
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(1,261)	(1,108)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(681)	(227)
	(1,942)	(1,335)
	(649)	**(679)**

2.7 Cuntas cistithe stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			9,730	7,651
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	65,690		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(2,180)		
Glanvóta			63,510	52,894
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		8,888	8,941
Caiteachas neamhairgid thirim – measchíos	1		1,706	1,706
Glanchostas an chláir	1		(66,224)	(61,462)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**17,610**	**9,730**

2.8 Ceangaltais

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	9,162	13,525
Iomlán na gceangaltas in-fhorfheidhmithe de réir dlí	**9,162**	**13,525**

2.9 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Meastachán ar na dliteanais aibithe nár urscaoileadh ag deireadh na bliana	1	—

2.10 Dliteanais theagmhasacha

Tá baint ag an Oifig le roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh a bhféadfadh dliteanais a bheith ann mar thoradh orthu ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Níl aon chinnteacht ann maidir le cá mhéad a bheadh ar dhliteanais fhéideartha den sórt sin ná le cén uair a thiocfadh siad chun cinn.

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar an gcaiteachas riaracháin

Maidir le Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh, tá an leithdháileadh iomlán ina leith rangaithe mar chaiteachas riaracháin a fheidhmítear faoi chomhair clár aonair: clár bliantúil staidrimh a sholáthar.

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	47,548	45,275	40,779
ii	Taisteal agus cothú	1,222	369	1,522
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,315	942	1,234
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	1,623	2,717	832
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	11,922	13,462	7,835
vi	Costais áitreabh oifige	1,009	1,177	1,507
vii	Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais	55	9	82
viii	Bailiú staitisticí	2,316	1,028	1,401
		67,010	**64,979**	**55,192**

Athruithe suntasacha

Is éard atá sa mhéid seo a leanas ná anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus na cúiseanna leis na hathruithe suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €1.222 milliún; toradh €369,000

Is éard ba chúis leis an laghdú €853,000 ar an gcaiteachas ar thaisteal agus cothú ná an laghdú tobann a tháinig ar thaisteal tar éis mhí an Mhárta de dheasca phaindéim Covid-19.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €1.315 milliún; toradh €942,000

Is éard ba chúis phríomha leis an laghdú €373,000 ar an gcaiteachas ar oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha ná gur cuireadh siar an Daonáireamh de dheasca phaindéim Covid-19.

iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Soláthar meastacháin €1.623 milliún; toradh €2.717 milliún

Is éard ba chúis leis an méadú €1.094 milliún ar an gcaiteachas ar sheirbhísí poist agus teileachumarsáide ná an cinneadh le bearta breise slándála a chur i bhfeidhm ar ghléasanna móibíleacha a bhí faighte ag an soláthraí cheana féin i gcomhair an Daonáirimh. Tá an córas bainistíochta cásanna socraithe le hoibriú ar na gléasanna móibíleacha áirithe sin agus measadh go raibh sé tábhachtach na bearta a dhéanamh le haon riosca a sheachaint go gcaithfí athrú chuig cineál eile gléis mhóibíligh amach anseo.

v Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF

Soláthar meastacháin €11.922 milliún; toradh €13.462 milliún

Is éard ba chúis leis an méadú €1.54 milliún ar an gcaiteachas ar threalamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF ná an cinneadh go gcuirfí an Daonáireamh siar go 2022, rud a d'fhág gur ghá leasú a dhéanamh ar an gconradh maidir leis an gcóras próiseála daonáirimh. Ina theannta sin, rinneadh dul chun cinn ar thionscadail chriticiúla TF maidir le bailiú méadaithe sonraí digiteacha agus úsáid foinsí malartacha sonraí (.i. mórshonraí). Tháinig méadú freisin ar na riachtanais crua-earraí agus ar na costais cheadúnúcháin a bhí i gceist le tacú leis na baill foirne a bhí ag obair ón mbaile agus ag cur amach gnáth-tháirgí staitistiúla agus táirgí nua.

viii Bailiú staitisticí

Soláthar meastacháin €2.316 milliún; toradh €1.028 milliún

Is éard ba chúis leis an laghdú €1.288 milliún ar an gcaiteachas ar bhailiú staitisticí ná paindéim Covid-19. Ní raibh an dara rogha ag an Oifig ach roinnt tionscadal a chur siar, an Daonáireamh agus Suirbhé Buiséid an Líon Tí ina measc.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ón Aontas Eorpach	130	157	1,016
2	Ilghnéitheach	70	66	46
3	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	1,120	1,246	1,236
	Iomlán	**1,320**	**1,469**	**2,298**

Athruithe suntasacha

Is éard atá sa mhéid seo a leanas ná na cúiseanna leis na hathruithe suntasacha sna fáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí na leithreasaí-i-gcabhair €149,000 níos mó ná an meastachán bunaidh. Tá míniú tugtha thíos ar na hathruithe:

3 **Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí**

Meastachán €1.12 milliún; réadaithe €1.246 milliún

Is éard ba chúis leis an méadú ar ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ná an méadú a tháinig ar an líon foirne agus ar chaiteachas párolla.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon na foirne ag deireadh na bliana	**853**	**832**

5.2 Pá

	2020	2019
	€000	€000
Pá	41,620	37,559
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	104	110
Liúntais eile	124	99
Ragobair	66	80
ÁSPC an Fhostóra	3,361	2,931
Pá iomlán [a]	**45,275**	**40,779**

Nóta [a] Is é figiúr fhotheideal A(i) an figiúr iomlán pá.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2020	2019
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	49	2	13,206	10,336
Ragobair agus tinreamh breise	15	2	11,232	14,124
Liúntais eile	18	2	12,333	10,263
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	18	4	18,676	21,430

5.4 Socruithe luach saothair eile

Rinneadh státseirbhíseach amháin a bhí ar scor agus pinsean státseirbhíse á fháil aige/aici a athfhostú ar bhonn táille ar chostas €2,700 san iomlán le linn 2020. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €32,655 i leith beirt oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Oifig in 2020, ar feadh na bliana ar fad nó cuid di, agus ar íoc an Oifig a dtuarastail.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i leith 29 oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Oifig in 2020, ar feadh na bliana ar fad nó cuid di, i ranna/oifigí eile rialtais.

5.5 Ró-íocaíochtaí pá

	Líon na bhfaighteoirí	2020 €	2019 €
Ró-íocaíochtaí	48	114,143	146,461
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	20	30,346	36,922

Sé phlean aisghabhála ró-íocaíochta a bhain le cúigear agus a raibh €2,678 san iomlán i gceist leo, aistríodh chuig Ranna eile iad le himeacht na bliana. Rinne an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte athbhreithniú ar a modheolaíocht tuairiscithe ró-íocaíochtaí in 2020 agus tá laghdú €10,012 tagtha ar fhigiúirí 2019 chun an mhodheolaíocht nua sin a léiriú.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Maoiniú ón Aontas Eorpach

Faigheann an Oifig maoiniú faoi chomhair tionscadail/suirbhéanna a dhéantar thar ceann Eurostat. Le linn 2020, fuair an Phríomh-Oifig Staidrimh ioncam €157,000 ón Aontas Eorpach de bhun dhá chonradh. Bhain an dá chonradh le bailiú sonraí chun éascaíocht a dhéanamh ar chomparáidí paireachta cumhachta ceannaigh idir na praghsanna i bpríomhchathracha éagsúla. Aithníodh an cistiú sin mar leithreasaí-i-gcabhair in 2020.

6.2 Costais chúitimh agus dlí

					2020	2019
	Líon na gcásanna	**Costais dlí a d'íoc an Oifig**	**Costais dlí a dámhadh**	**Cúiteamh a dámhadh**	**Iomlán**	**Iomlán**
		€000	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
Éilimh ó fhostaithe	2	7	—	7	14	9
Éilimh ó dhaoine den phobal	—	—	—	—	—	—
		7	**—**	**7**	**14**	**9**

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 5

Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 5, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €421,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntas leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

Costais fhabhraithe ghinearálta dlí

Ríomhtar costais fhabhraithe ghinearálta dlí ach úsáid a bhaint as ceann amháin de na critéir seo a leanas:

- Fabhraítear billí costais a fuarthas roimh an 28 Feabhra den bhliain dár gcionn go hiomlán, is cuma an bhfuil siad aontaithe agus socraithe.
- Fabhraítear costais a dámhadh i gcás nach bhfuarthas an bille costas faoin 28 Feabhra bunaithe ar mheastachán ón oifigeach costas, agus castacht na n-imeachtaí agus fad an cháis á gcur san áireamh.

Táillí fabhraithe ar chostais abhcóide

Cuimsíonn táillí fabhraithe ar chostais abhcóide soláthar ginearálta d'éisteachtaí nár tuairiscíodh don Oifig laistigh de dhá mhí ó dheireadh na bliana. Tá an ríomh bunaithe ar mheánleibhéal na dtáillí sin a d'eascair sna trí bliana roimhe sin.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Cheannaire Oifige. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnach seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo fhreagrachtaí i leith cheanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse a bhí ann idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Tá mé ag brath ar litir dearbhaithe a fuarthas ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm i dtaobh seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas ina gcuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ag ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta i gcomhair na bpríomhphróiseas gnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- córas bainistíochta rioscaí i bhfeidhm taobh istigh den Oifig
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais, dá nochtar an Oifig, a hobair agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, a bhíonn á gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na rialuithe buntábhachtacha a chuimsiú ar bhonn leanúnach i gcaitheamh tréimhse réasúnach. Bíonn athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí á dhéanamh agamsa agus ag an gCoiste Iniúchóireachta go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Oifig go mbíonn fócas iomchuí ann ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

Chomhlíon an Oifig na treoirlínte taobh amuigh de chonradh amháin (níos mó ná €25,000), dar luach €96,795 san iomlán (gan CBL san áireamh); tá na sonraí leagtha amach thíos:

Dámhadh an conradh maidir le seirbhísí glantacháin faoi phróiseas iomaíoch, ach síneadh é níos faide ná dáta bunaidh an chonartha. Tar éis próiseas iomaíoch nua, socraíodh conradh nua in 2020.

Chuir an Oifig sonraí ar fáil maidir le conarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig lena sonraítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí don Oifig agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár faoi dhó sa bhliain. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin le hacmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

I gclár na rioscaí, tugtar sonraí faoi na rialuithe agus na gníomhartha a bhíonn riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as rialuithe a fheidhmiú do bhaill foirne shonracha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le haghaidh phróisis na monatóireachta ar rialuithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhartha ceartúcháin a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb ábhartha. Deimhním go bhfuil rioscaí buntábhachtacha agus rialuithe gaolmhara sainaitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na rialuithe buntábhachtacha sin agus chun aon easnaimh dá sonraítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Oifig a bhíonn freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Paindéim Covid-19

Mar thoradh ar theacht phaindéim Covid-19 go luath in 2020, rinneadh roinnt athruithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe agus bhí ról mór ag an gcianobair agus ag an obair fhíorúil sa chaoi ar lean an Oifig ag comhlíonadh a feidhmeanna. Mar thoradh air sin, thug an Oifig roinnt athruithe nós imeachta agus rialaithe isteach. Rinne an bhainistíocht measúnú ar na rioscaí a bhaineann le Covid-19 don timpeallacht rialaithe agus don Oifig i gcoitinne. Rinne Coiste Iniúchóireachta na hOifige athbhreithniú ar na hathruithe a tugadh isteach agus déanann an Bord Bainistíochta monatóireacht orthu go rialta. Deimhním go leanann na rialuithe atá ann cheana agus na rialuithe a tugadh isteach mar thoradh ar Covid-19 de bheith éifeachtach.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2020, ba chúis le, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

Barry Donoghue
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

31 Márta 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

An bonn faoi mo thuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meitheamh 2021

Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Cuntas Leithreasa 2020

		2020		2019
		Soláthar Meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Soláthar seirbhís ionchúisimh	44,813	44,248	43,090
Ollchaiteachas		**44,813**	**44,248**	**43,090**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**845**	**701**	**895**
Glanchaiteachas		**43,968**	**43,547**	**42,195**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime a caitheadh le géilleadh don Státchiste.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**421,070**	**613,809**

Barry Donoghue
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

31 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir		25,098	25,152
Pá		16,029	15,211
Neamhphá		3,121	2,727
Ollchaiteachas		**44,248**	**43,090**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**701**	**895**
Glanchaiteachas		**43,547**	**42,195**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(39)		
Dímheas	189	150	5
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	(1,488)		
Laghdú ar stoc	9		
		(1,479)	753
Caiteachas díreach		**42,218**	**42,953**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		2,069	2,638
Measchíosanna		2,025	2,025
Glanchostas an chláir		**46,312**	**47,616**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 5 a tabhaíodh in áit eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 12	Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	1,257	1,904
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	587	508
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	20	20
Vóta 20	An Garda Síochána	205	206
		2,069	**2,638**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	398	549
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	307	889
Stoic	2.3	153	162
Réamhíocaíochtaí		213	161
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	382	405
Iomlán na sócmhainní reatha		1,055	1,617
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.5	2,001	3,437
Iarmhéideanna sochair eile	2.6	1,099	1,217
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.7	(410)	77
Iomlán na ndliteanas reatha		2,690	4,731
Glandliteanais reatha		(1,635)	(3,114)
Glandliteanais		(1,237)	(2,565)
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.8	**(1,237)**	**(2,565)**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh oifige €000	Troscán agus feistis €000	Iomlán €000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	3,575	582	4,157
Breiseanna	39	—	39
Coigeartuithe [a]	—	(35)	(35)
Diúscairtí	(56)	(3)	(59)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	3,558	544	4,102
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir2020	3,093	515	3,608
Dímheas don bhliain	181	8	189
Coigeartuithe [a]	—	(34)	(34)
Dímheas ar dhiúscairtí	(56)	(3)	(59)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	3,218	486	3,704
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig2020	**340**	**58**	**398**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	482	67	549

Nóta [a] Baineann an glanchoigeartú de €1,000 le ceartú breiseanna agus diúscairtí sna blianta roimhe seo. Léirítear é seo sa chuntas maoinithe stáit (féach Nóta 2.8).

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	283	888
Iarmhéideanna i gcuntais bhainc eile	24	1
	307	**889**

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Stáiseanóireacht	40	23
Ábhar inchaite TF	113	139
	153	**162**

2. Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Iarmhéideanna dochair eile	**382**	**405**

2.5 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Táillí d'abhcóidí	1,095	2,035
Costais ghinearálta dlí	829	1,313
Costais eile	77	89
	2,001	**3,437**

2.6 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Suimeanna dlite don Stát		
Cáin ioncaim	537	585
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	169	165
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	370	346
Cáin bhreisluacha	21	13
	1,097	1,109
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	—	103
Míreanna sochair eile ar fionraí	2	5
	1,099	**1,217**

2.7 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Farasbarr le géilleadh	421	614
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(831)	(537)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**(410)**	**77**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	307	889
Iarmhéideanna dochair: fionraí	382	405
	689	1,294
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(1,097)	(1,109)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(2)	(108)
	(1,099)	(1,217)
	(410)	**77**

2.8 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			(2,565)	(1,807)
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	43,968		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(421)		
Glanvóta			43,547	42,195
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1		2,069	2,638
Earraí eile (seachas airgead tirim)	2.1		(1)	—
Caiteachas nach airgead tirim é – measchíos	1		2,025	2,025
Glanchostas an chláir	1		(46,312)	(47,616)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**(1,237)**	**(2,565)**

2.9 Ceangaltais

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	**50**	**328**

Chomh maith leis an méid thuas, bhí ceangaltais ar an Oifig maidir le táillí dlíthiúla ag deireadh na bliana ach tá sé deacair luach na gceangaltas sin a mheas go cruinn mar gheall ar neamhchinnteachtaí dúchasacha agus stádas na gcásanna atá amuigh.

2.10 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Meastacháin faoi dhliteanais aibithe nár glanadh ag deireadh na bliana	**27**	**13**

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos san áireamh i gClár A, chun costálacha iomlána na gclár a chur i láthair.

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	16,132	16,029	15,211
ii	Taisteal agus cothú	186	131	205
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,165	1,026	1,077
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	210	190	227
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	831	1,010	828
vi	Costais áitribh oifige	908	740	359
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	37	24	31
		19,469	**19,150**	**17,938**

Clár A Soláthar Seirbhís Ionchúisimh

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán - pá	16,132	16,029	15,211
A.2	Riarachán - neamhphá	3,337	3,121	2,727
A.3	Táillí d'abhcóidí	16,528	15,785	16,814
A.4	Costais ghinearálta dlí	1,446	2,130	1,102
A.5	Seirbhís aturnaetha stáit áitiúla	7,370	7,183	7,236
		44,813	**44,248**	**43,090**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 5% agus €100,000). Baineann an t-aon athrú os cionn 5% a taifeadadh in 2020 le méadú ar chostais ghinearálta dlí agus mínítear thíos é:

A.4 Costais ghinearálta dlí

Soláthar meastacháin €1.446 milliún; toradh €2.13 milliún

Bhí soláthar na bliana 2020 do chostais ghinearálta dlí bunaithe ar leibhéil chaiteachais a tabhaíodh sa dá bhliain roimhe sin. Mar gheall ar an bpaindéim, áfach, bhí níos mó ama ag roinnt gnólachtaí aturnae le caitheamh ar sheanchásanna costais a phróiseáil. Mar thoradh air sin tugadh níos mó cásanna costais chun críche in 2020 ná sa dá bhliain roimhe sin.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ó asbhaintí aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	717	666	708
2	Ilghnéitheach	128	35	187
	Iomlán	**845**	**701**	**895**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhFostaithe

Coibhéisí Lánaimseartha	2020	2019
Líon foirne ag deireadh na bliana	**209**	**205** [a]

Nóta [a] Tar éis athbhreithnithe, rinneadh athbhreithniú ar líon na foirne ag deireadh na bliana 2019.

5.2 Pá

	2020	2019
	€000	€000
Pá	14,623	13,863
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	113	156
Ragobair	1	6
ÁSPC an Fhostóra	1,292	1,186
Pá iomlán	**16,029**	**15,211**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2020	2019
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	39	4	41,592	41,592
Ragobair agus freastal breise	2	—	506	1,537
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	—	—	—	—

5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de €153,201 (2019: €151,382) i leith oifigeach amháin a bhí ag freastal taobh amuigh den Oifig in 2020 agus ar íocadh a thuarastal as fo-mhírcheann A.1.

5.5 Ró-íocaíochtaí

	Líon na bhfaighteoirí	2020	2019
		€	€
Ró-íocaíochtaí	11	15,020	21,885
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	4	1,562	5,385

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 6

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 6, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh ar thuarastail agus ar chostais in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €235,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a chur i dtoll a chéile, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme nuair a bhí an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Luacháil ar shócmhainní caipitil

Mar a fhoráiltear i gCiorclán 21 de 2020, tá tairseach €1,000 curtha i bhfeidhm ag an Oifig chun a cuid sócmhainní caipitil a chaipitliú.

Ioncam fabhraithe

Is ionann ioncam fabhraithe agus costais a ngearrtar cáin orthu atá dlite don Stát nach bhfuil gnóthaithe fós. Is é polasaí na hOifige dul sa tóir ar gach costas a ngearrtar cáin orthu a dhámhtar i bhfabhar an Stáit.

Táillí abhcóide fabhraithe

Tá nótaí maidir le táillí abhcóidí a fuarthas ó abhcóidí faoi réir phróiseas meastóireachta agus measúnaithe chun leibhéal na dtáillí atá dlite a dhéanamh amach. Ríomhtar fabhrú dheireadh na bliana i ndáil le dliteanais táillí abhcóide trí ráta measta atá marcáilte anuas a chur i bhfeidhm (bunaithe ar ráta marcáilte anuas a baineadh amach le linn an phróisis measúnaithe agus meastóireachta i mbliain an chuntais) ar nótaí táillí abhcóide ar lámh ag deireadh na bliana. Is ionann sin agus athrú ar pholasaí cuntasaíochta i gcuntas 2020.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Comhlíontar an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo fhreagrachtaí eile mar Cheann Oifige. Ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a athaifeadadh go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla ar fáil d'Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

Táim ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Oifig seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntiú go ndéanfar gníomh ceartaitheach iomchuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ar bun d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá doiciméadú á dhéanamh ar nósanna imeachta do gach príomhphróiseas ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go bhfuil ach go háirithe:

- córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach ann
- athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí
- córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Oifig
- córais ann ina ndírítear ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí ann, chomh maith le rialacha foirmiúla um bainistiú tionscadail.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig ó bhí 2015 ann i bhfoirm comhaontaithe conartha le cuideachta ghairmiúil iniúchóireachta ag a bhfuil pearsanra le hoiliúint chuí agus a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agamsa. Glacann sí le hanailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na hOifige san áireamh agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach go leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déanann mé féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith tuairiscí ón bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí.

Bhí feidhm iniúchóireachta inmheánaí don Oifig i bhfeidhm le linn 2020.

Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair

Cinntíonn an Oifig go gcuirtear béim chuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go mbítear ag comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad. Chloígh an oifig leis na treoirlínte in 2020 seachas i gcás dhá chonradh (sa bhreis ar €25,000), a raibh luach €141,936 ar an iomlán orthu (gan CBL san áireamh). Tá na sonraí leagtha amach thíos.

- Leanadh le conradh amháin a bhfuil luach €104,947 (gan CBL san áireamh) air i leith seirbhísí dlí lasmuigh gan próiseas iomaíoch in 2020, a raibh síneadh air taobh amuigh de na dátaí conartha a socraíodh ar dtús. Tá sé i gceist ag an Oifig an scéal seo a thabhairt chun rialtachta in 2021.
- Bronnadh conradh amháin a raibh luach €36,989 (gan CBL san áireamh) air i leith seirbhís malartaithe doiciméad gan próiseas iomaíoch mar go mbaineann oifigí dlí sa Stát úsáid fhorleathan as an soláthróir.

Tá sonraí tugtha ag an Oifig ar chonarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Slándáil teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide

Feidhmíonn an Oifig rialuithe dea-chleachtais d'fhonn príomhrioscaí slándála a bhaineann le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) a mhaolú. Déantar athbhreithniú agus uasghrádú, nuair is gá, ar bhonn leanúnach ar chórais slándála TFC

Rialuithe riaracháin agus airgeadais

Déanann an Bord Bainistíochta agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú rialta ar rialuithe. Breithníonn an Coiste Iniúchóireachta gach tuairisc iniúchta inmheánaigh.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá le sárú ag an Oifig agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir tábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn débhliantúil. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus sanntar ann freagracht do bhaill foirne shonracha i ndáil le feidhmiú rialuithe.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha agus in am trátha. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Cuireann obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Oifig atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil obair mhonatóireachta na hOifige agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh ar an eolas.

Paindéim Covid-19

Tháinig athrú ar an timpeallacht oibre nuair a thosaigh paindéim Covid-19 ag tús na bliana 2020 agus tugadh cianobair isteach nuair ab fhéidir. Mar thoradh air sin, thug an Oifig isteach roinnt mionathruithe nós imeachta agus rialaithe. Bunaíodh Foireann Bainistithe Géarchéime Leanúnachais Gnó (FBGLG), a raibh an Bord iomlán Bainistíochta mar chuid di, chun ceisteanna a thiocfadh chun cinn maidir le Covid-19 a bhainistiú agus tháinig na baill le chéile gach seachtain chun cúrsaí riosca agus rialaithe a bhí ag teacht chun cinn a phlé, a mheas agus a bhainistiú. Tháinig Foireann Bainistithe Freagartha in áit FBGLG agus tá ball den Bhord Bainistíochta i gceannas uirthi. Leanann an fhoireann de chruinnithe a bheith aici gach seachtain. Deimhním go bhfuil na rialuithe a bhí ann agus na cinn a tugadh isteach mar gheall ar Covid-19 fós éifeachtach.

Tá costais bhreise €588,000 a tabhaíodh sa bhliain 2020 aitheanta ag an Oifig a raibh baint dhíreach acu le freagairt na hOifige maidir lena bheith ag obair i dtimpeallacht Covid-19. Tarraingítear aird ar na costais bhreise is ábhartha sin sna míniúcháin ar dhifríochtaí le haghaidh fho-mhírcheann A(v) trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF. Tabhófar costais eile a bhaineann le Covid-19 in 2021.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais sna ráitis airgeadais maidir le 2020 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

Maria Browne
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

31 Márta 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 6 Oifig an Phriomh-Aturnae Stáit don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa. Níl baint ná páirt agam le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2021

Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Cuntas Leithreasa 2020

		Soláthar measta-cháin	2020 Toradh	2019 Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Seirbhísí dlí a sholáthar	38,191	38,050	40,437
Ollchaiteachas		**38,191**	**38,050**	**40,437**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gCabhair**	810	904	988
Glanchaiteachas		**37,381**	**37,146**	**39,449**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**234,806**	**166,519**

Maria Browne
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

31 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costas an chláir		16,088	20,333
Pá		19,183	17,735
Neamhphá		2,779	2,369
Ollchaiteachas		**38,050**	**40,437**
Lúide			
Leithreasaí-i-gCabhair		**904**	**988**
Glanchaiteachas		**37,146**	**39,449**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin - airgead tirim	(567)		
Dímheas	340	(227)	85
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	3,315		
Laghdú ar stoc	18	3,333	174
Caiteachas díreach		**40,252**	**39,708**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		3,612	3,398
Measchíosanna		865	865
Glanchostas an chláir		**44,729**	**43,971**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

I ndáil le Vóta 6 a tabhaíodh in áit eile, tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	2,091	1,904
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,493	1,464
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	28	30
		3,612	**3,398**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	738	511
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	1,381	1,982
Stoic	2.3	33	51
Réamhíocaíochtaí		330	192
Ioncam fabhraithe	2.4	9,818	9,829
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	117	175
Iomlán na sócmhainní reatha		**11,679**	**12,229**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.6	6,400	2,958
Iarmhéideanna sochair eile	2.7	1,455	2,133
Glanmhaoiniú Státchiste	2.8	43	24
Iomlán na ndliteanas reatha		**7,898**	**5,115**
Glansócmhainní reatha		3,781	7,114
Glansócmhainní		**4,519**	**7,625**
Arna Léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.9	**4,519**	**7,625**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh oifige	Troscán agus fearais	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	4,638	1,707	6,345
Breiseanna	526	41	567
Diúscairtí	(13)	—	(13)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	5,151	1,748	6,899
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	4,244	1,590	5,834
Dímheas don bhliain	306	34	340
Dímheas ar dhiúscairtí	(13)	—	(13)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	4,537	1,624	6,161
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**614**	**124**	**738**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	394	117	511

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	1,378	1,980
Iarmhéid an chuntais bainc tráchtála	3	2
	1,381	**1,982**

Cuntais bhainc neamh-vóta

Coinníonn CSSO roinnt cuntas bainc ar iontaobhas thar ceann ranna agus oifigí cliaint agus tríú páirtí a bhíonn páirteach in idirbhearta maoine. Ní dhéantar aon airgead atá dlite do vóta CSSO ná a íoctar ó vóta CSSO a tharchur trí na cuntais bhainc seo. B'ionann an méid a bhí coinnithe i gcuntais den chineál seo ag deireadh na bliana 2020 agus €7.67 milliún (2019: €7.25 milliún) agus níl sin san áireamh sa chuntas leithreasa.

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Stáiseanóireacht	**33**	**51**

2.4 Ioncam fabhraithe

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	9,829	9,806
Fáltais airgid	(21)	(71)
Socruithe	(54)	(98)
Breiseanna	64	192
Iarmhéid deiridh ag an 31 Nollaig 2020	**9,818**	**9,829**

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Tuarastail in-fhorchúitithe	26	23
Suim in-fhorchúitithe i ndáil leis an scéim pas taistil	13	59
Suim in-fhorchúitithe i ndáil leis an scéim um rothaíocht chun na hoibre	9	8
Aturnaetha Stáit	69	69
	117	**159**

2.6 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Táillí abhcóide [a]	6,206	2,645
Speansais ghinearálta dlí	75	107
Speansais theagmhasacha	61	61
Innealra oifige	17	56
Postas agus teileachumarsáid	13	38
Speansais eile	28	51
	6,400	**2,958**

Nóta [a] Is mar gheall ar athrú a bheith ar an bpolasaí cuntasaíochta i leith fabhruithe táillí abhcóide go príomha a bhí méadú ar an tsuim a taifeadadh (féach Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta).

2.7 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	364	351
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	194	189
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	395	1,146
Ranníocaíochtaí pinsin	78	79
Cáin bhreisluacha	2	30
Cáin mhaoine áitiúil	1	1
	1,034	1,796
Maoin stáit – eastáit eiséata [a]	421	337
	1,455	**2,133**

Nóta [a] Tá an t-iarmhéid seo iníoctha leis an Stát chomh maith. Taispeántar ar leithligh é sa tábla thuas mar go n-eascraíonn na méideanna eile uile atá dlite don Stát as oibríochtaí leanúnacha CSSO agus baineann an figiúr atá luaite le heastáit eiséata le hairgead tirim a bailíodh ó thríú páirtithe seachtracha ar ina leith atá CSSO ag fanacht ar threoracha diúscartha.

2.8 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	235	167
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(192)	(143)
Glanmhaoiniú Státchiste	**43**	**24**
Arna Léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	1,381	1,982
Iarmhéideanna dochair: fionraí	117	175
	1,498	2,157
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(956)	(1,796)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(499)	(337)
	(1,455)	(2,133)
	43	**24**

2.9 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			7,625	7,884
Eisíocaíochtaí as an Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	37,381		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(235)		
Glanvóta			37,146	39,449
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1		3,612	3,398
Caiteachas neamhairgid - measchíosanna	1		865	865
Glanchostas an chláir	1		(44,729)	(43,971)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**4,519**	**7,625**

2.10 Ceangaltais

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Earraí agus seirbhísí a fháil	**832**	**807**

2.11 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana	**69**	**128**

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a áireamh i gClár A chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	19,233	19,183	17,735
ii	Taisteal agus cothú	90	35	101
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,038	954	974
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	310	341	284
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	750	1,225	784
vi	Speansais i ndáil le háitreabh na hoifige	250	161	166
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe luach ar airgead agus beartais	100	63	60
		21,771	**21,962**	**20,104**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

v Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF

Soláthar meastacháin €750,000; toradh €1.225 milliún

Is mar gheall ar an ngá a bhí ann na sócmhainní crua-earraí agus bogearraí riachtanacha a cheannach chun cianobair a éascú i dtimpeallacht Covid-19 a bhí farasbarr €475,000 ann faoin bhfo-mhírcheann seo.

Clár A Seirbhísí dlí a sholáthar

		2020		2019
		Soláthar meastachái n	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	19,233	19,183	17,735
A.2	Riarachán - neamhphá	2,538	2,779	2,369
A.3	Seirbhísí seachtracha dlí	220	142	156
A.4	Táillí abhcóide	15,000	15,246	19,237
A.5	Speansais ghinearálta dlí	1,200	700	940
		38,191	**38,050**	**40,437**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €141,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí sé seo comhdhéanta de chomhiomlán (a) farasbarr €191,000 maidir le caiteachas riaracháin agus atá mínithe cheana féin agus (b) glanchoigilteas €332,000 a bhain le caiteachas neamhriaracháin mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó:

A.5 Speansais ghinearálta dlí

Soláthar meastacháin €1.2 milliún; toradh €700,000

Is mar gheall ar an neamhchinnteacht a bhain le dul chun cinn cásanna dlí sna cúirteanna, chomh maith le tionchar Covid-19, a raibh gníomhaíocht dlí i bhfad níos lú mar thoradh air, a bhí coigilteas €500,000 ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin in 2020.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Costais agus táillí a fuair Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	200	221	257
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	610	683	731
	Iomlán	**810**	**904**	**988**

4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Fáltais faoi Alt 10 den Acht Maoine Stáit, 1954	899	10,715
Aistrithe chuig an Státchiste	(899)	(10,715)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**—**	**—**

Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

5.1 An líon fostaithe

Coibhéis lánaimseartha ag deireadh na bliana	2020	2019
Foireann CSSO dírithe ar phríomhghníomhaíochtaí	271	273
Foireann CSSO ag obair ar thionscadail do ranna/oifigí eile	13	12
	284	**285**

5.2 Pá

	2020 €000	2019 €000
Pá	18,413	16,881
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	101	98
Liúntais eile	8	7
Ragobair	21	72
ÁSPC an fhostóra	1,726	1,540
Ollphá iomlán	20,269	18,598
Aisghabhálacha ó ranna/oifigí eile	(1,086)	(863)
Glanphá iomlán	**19,183**	**17,735**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó	
			2020 €	2019 €
Dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	33	1	11,047	11,011
Liúntais eile	4	—	1,870	1,848
Ragobair	15	1	10,137	30,923
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.	5	1	13,112	35,118

5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2020 €	2019 €
Ró-íocaíochtaí	14	23,104	21,310
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	9	12,497	—

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 7

Oifig an Aire Airgeadais

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 7, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus chostais Oifig an Aire Airgeadais, lena n-áirítear Oifig an Phámháistir Ghinearálta, le haghaidh seirbhísí áirithe arna riar ag Oifig an Aire agus le haghaidh deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar chaiteachas ar leithreasaí-i-gcabhair don bhliain.

Tá farasbarr €3.349 milliún le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú, ach amháin sna cásanna seo a leanas.

Stoic

Comhroinneann an Roinn Airgeadais (Vóta 7) agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Vóta 11) stoic inchaite TF agus stoic stáiseanóireachta. Déantar iad a leithdháileadh ar bhonn líon na foirne sna vótaí faoi seach. Ar chúiseanna éifeachtúlachta agus áisiúlachta, taifeadtar caiteachas ar stoic stáiseanóireachta faoi Vóta 7 agus taifeadtar caiteachas ar stoic inchaite TF faoi Vóta 11. Mar sin féin, toisc go meastar go bhfuil an dá stoc comhroinnte, tá siad san áireamh sna nótaí costais oibriúcháin le cuntais Vóta 7 agus Vóta 11 araon.

Dímheas

Gearrtar dímheas a ríomhtar go bliantúil go hiomlán i mbliain na fála/an choimisiúin. Ní ghearrtar aon dímheas sa bhliain diúscartha.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte AD agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

Seo a leanas an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe ann ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom maidir le mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Dearbhaím go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú
- go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go n-oibríonn córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí ann maidir le rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail
- go gcinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Dearbhaím go n-úsáideann an Roinn seirbhísí fheidhm iniúchóireachta inmheánaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi théarmaí an chomhaontaithe seirbhíse idir an dá Roinn. Feidhmíonn aonad iniúchóireachta inmheánaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi chairt i scríbhinn atá faofa ag Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Bíonn a chuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn Airgeadais neamhchosanta orthu agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí (a ullmhaítear i gcomhairle leis an gCoiste Iniúchóireachta agus a bhíonn faofa agam), bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Comhlíonadh soláthair

Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ábhartha cé is moite de 4 chonradh (níos mó ná €25,000), arbh fhiú €185,576 san iomlán iad (gan CBL a áireamh) mar atá leagtha amach thíos.

- Bhain conradh amháin dar luach €78,754 le sainseirbhís aistriúcháin chun cabhrú le cás cúnaimh Stáit a ullmhú. Ba é an caiteachas iarbhír in 2020 ná €2,907. Ceapadh soláthraí nua faoi phróiseas tairisceana iomaíoch trí eTenders i R2-2020.
- Níor tugadh faoi phróiseas tairisceana iomaíoch chun seirbhísí r-Fhionnachtana a sholáthar toisc go raibh athnuachan leanúnach ar an gceadúnas bogearraí ríthábhachtach maidir leis na cuardaigh doiciméad a theastaíonn le haghaidh fiosrúcháin a choimisiúnú. Is é luach an chonartha seo ná €26,665. Ba é an caiteachas iarbhír in 2020 ná €17,929.
- Bhí comhairle dlí ag teastáil go práinneach maidir le gné den Chúigiú Treoir in aghaidh Sciúradh Airgid (Treoir AML 5) le linn 2020. Bhí na comhairleoirí dlí a ceapadh ar phainéal comhairleoirí dlí na Roinne Airgeadais - bunaíodh an painéal seo tar éis próiseas tairisceana iomaíoch. D'fhonn comhairleoir dlí a fhostú ón bpainéal seo, teastaíonn próiseas tairisceana eile ar a dtugtar 'mionchomórtas'. Sa chás seo, áfach, níor tugadh faoi mionchomórtas toisc go raibh comhairle dlí ag teastáil ón Roinn mar ábhar práinne maidir leis an Treoir AML. Ba é luach an chonartha ná €49,661, ar tabhaíodh an chuid ar fad de in 2020.
- Foinsíodh soláthraí seirbhíse fón póca chun sásanna láimhe agus seirbhísí soghluaiste idirnáisiúnta a sholáthar don Roinn le linn R4 2018. Ba é luach iomlán an chonartha ná €30,496. Ba é an caiteachas iarbhír in 2020 ná €13,136. Níor tugadh faoi phróiseas tairisceana iomaíoch toisc go raibh seirbhísí soghluaiste idirnáisiúnta ar leith ag teastáil go práinneach ón Roinn do na húsáideoirí sin a bhfuil riachtanais ghnó criticiúla idirnáisiúnta acu. Tugadh faoi phróiseas soláthair iomaíoch in 2020, ag baint úsáide as Oifig Soláthair Rialtais/Creat Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais agus tá conradh nua i bhfeidhm anois

Roimh 2020, thuig an Roinn nár ceanglaíodh le ciorclán 40/2002 aon tuairisceáin a dhéanamh ach amháin i leith na soláthairtí sin nár chomhlíon rialacha agus rialacháin soláthair phoiblí. Dá bharr sin, eisiadh soláthairtí nach raibh próiseas tairisceana iomaíoch ag teastáil uathu. Tá oifigigh i dteagmháil le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun tuairisceáin leasaithe a sholáthar do na blianta roimhe sin chun conarthaí neamhiomaíocha a eisiadh roimhe seo a áireamh.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn, rud a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Feidhmiúcháin athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár gach ráithe. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Sonraíonn an clár rioscaí na rialuithe agus na bearta is gá chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as oibriú rialuithe a shanntar d'fhoireann ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe ionas go gcuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh, don bhainistíocht agus don Bhord Feidhmiúcháin, nuair is ábhartha. Dearbhaím gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Paindéim Covid-19

I mí an Mhárta 2020, mar fhreagairt do phaindéim Covid-19, cuireadh bearta leanúnachais gnó i bhfeidhm chun déileáil le tionchar Covid-19. D'éascaigh sé seo an Roinn fanacht ag feidhmiú go hiomlán i rith 2020 agus í ina heagraíocht cianoibre den chuid is mó.

I bhfianaise fhad na cianoibre ar fud na heagraíochta, leagadh béim ar thimpeallacht rialaithe éifeachtach a chothabháil, trí bhearta amhail beartais agus treoirlínte nuashonraithe (e.g. cosaint sonraí, TFC, bainistíocht taifead), cibearshlándáil bhreise, lena n-áirítear oiliúint ábhartha, cumarsáid bhainistíochta agus fócas ar rannpháirtíocht agus folláine foirne. Bhí caidreamh ann freisin le grúpaí earnála státseirbhíse agus le heagraíochtaí sa mhórearnáil phoiblí maidir le bearta spriocdhírithe um chásanna Covid-19 a bhainistiú/a chosc.

Breithníodh rioscaí sonracha a d'eascair as an timpeallacht cianoibre agus maolú cuí ag cruinnithe an Bhoird Feidhmiúcháin agus na gcoistí riosca agus ag Grúpa Bainistíochta Freagartha Covid-19 agus foghrúpa na Roinne.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú airgeadais inmheánach i ndáil le 2020 a d'fhág go bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

Derek Moran
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Aire Airgeadais

30 Márta 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Oifig an Aire Airgeadais agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

8 Meán Fómhair 2021

Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais

Cuntas Leithreasa 2020

			2020	2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Beartas eacnamaíoch agus fioscach	25,069	23,573	47,542
B	Beartas seirbhísí baincéireachta agus airgeadais	14,814	12,404	12,624
Ollchaiteachas		**39,883**	**35,977**	**60,166**
	Lúide			
C	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**1,310**	**753**	**1,333**
Glanchaiteachas		**38,573**	**35,224**	**58,833**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh thar an nglansuim a caitheadh le géilleadh don Státchiste.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**3,348,805**	**2,083,438**

Derek Moran
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Aire Airgeadais

30 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costas an chláir		13,070	37,284
Pá		19,649	18,957
Neamhphá		3,258	3,925
Ollchaiteachas		**35,977**	**60,166**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**753**	**1,333**
Glanchaiteachas		**35,224**	**58,833**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(—)		
Dímheas	42	42	6
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	178		
Laghdú ar stoc	3	181	44
Caiteachas díreach		**35,447**	**58,883**
Caiteachas a iompraíodh in áiteanna eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		13,590	14,495
Measchíosanna		1,065	1,065
Glanchostas an chláir		**50,102**	**74,443**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 7 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte a cuireadh ar fáil do Vótaí eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 11	Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú	—	330
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	12,941	13,007
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí [a]	1,342	1,959
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	33	29
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais [a]	365	—
An Príomh-Chiste - Pinsin na n-airí		245	200
		14,926	15,525
Costais na seirbhísí comhroinnte a cuireadh ar fáil do Vótaí eile [a]		(1,336)	(1,030)
		13,590	**14,495**

Nóta [a] Cuimsíonn na suimeanna seo costais a measadh agus an costas iarbhír á chionroinnt bunaithe ar líon na ndaoine

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	21	303
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	1,659	825
Stoic	2.3	15	18
Réamhíocaíochtaí		371	420
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	28	226
Ioncam fabhraithe		29	15
Iomlán na sócmhainní reatha		**2,102**	**1,504**
Lúide dliteanais reatha			
Costais fabhraithe		397	254
Iarmhéideanna sochair eile	2.5	1,501	680
Glanmhaoiniú Státchiste	2.6	186	371
Iomlán na ndliteanas reatha		**2,084**	**1,305**
Glansócmhainní reatha		18	199
Glansócmhainní		**39**	**502**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.7	**39**	**502**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh TF	Troscán agus feistis	Trealamh oifige	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	385	404	317	1,106
Breiseanna	—	—	—	—
Diúscairtí	—	—	—	—
Coigeartú [a]	(163)	(404)	(94)	(661)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	222	—	223	445
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	262	268	273	803
Dímheas don bhliain	12	—	30	42
Coigeartú [a]	(70)	(268)	(83)	(421)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	204	—	220	424
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**18**	—	**3**	**21**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	123	136	44	303

Nóta [a] Baineann na coigeartuithe seo le míreanna aonair ar a raibh luachanna faoi bhun €10,000 an ceann tráth an cheannaigh a bhaint den chlár sócmhainní, de réir chiorclán 21/2020: *Méadú ar an Tairseach Luacha chun Sócmhainní a Chuimsiú sa Chlár Sócmhainní*.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	**1,659**	**825**

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Stáiseanóireacht	8	8
Tomhaltáin TF	7	10
	15	**18**

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Caiteachas taistil in-fhorchúitithe	15	45
Caiteachas pas taistil in-fhorchúitithe	1	143
Míreanna dochair eile ar fionraí	12	38
	28	**226**

2.5 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	285	238
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	192	155
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	54	64
Cáin bhreisluacha	29	33
Ranníocaíochtaí pinsin	89	57
Cáin mhaoine áitiúil	1	1
Muirear sóisialach uilíoch	57	49
	707	597
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	85	66
Tuarastail in-fhorchúitithe	15	15
Míreanna sochair eile ar fionraí	694	2
	1,501	**680**

2.6 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Farasbarr le géilleadh	3,349	2,083
Deontas Státchiste nár tarraingíodh	(3,163)	(1,712)
Glanmhaoiniú Státchiste	**186**	**371**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	1,659	825
Iarmhéideanna dochair: fionraí	28	226
	1,687	1,051
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(707)	(597)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(794)	(83)
	(1,501)	(680)
	186	**371**

2.7 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			502	724
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	38,573		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(3,349)		
Glanvóta			35,224	58,833
Caiteachas (airgead tirim) a iompraítear in áiteanna eile	1.1		13,590	14,495
Earraí neamhairgid - coigeartú sócmhainní caipitil	2.1		(240)	(172)
Caiteachas neamhairgid - measchíos	1		1,065	1,065
Glanchostas an chláir	1		(50,102)	(74,443)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**39**	**502**

2.8 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nár glanadh ag deireadh na bliana	**1**	**17**

2.9 Dliteanais theagmhasacha

Tá dlíthíocht ar siúl maidir le Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc (CÉRB) agus Permanent TSB (PTSB). Tá na caingne seo á gcosaint agus ní dhearnadh aon mheastachán ar an dliteanas féideartha.

Soláthraíodh cosaintí áirithe tríú páirtí (i bhfoirm barántas agus slánaíochtaí) i ndáil le díol Irish Life Limited, le diúscairt nótaí caipitil teagmhasacha Bhanc na hÉireann, le diúscairt na scaireanna tosaíochta i mBanc na hÉireann agus le leachtú de CÉRB.

Ní hionann iad seo agus liosta iomlán dlíthíochtaí nó cosaintí tríú páirtí. Cuireadh na míreanna áirithe seo san áireamh mar, ag an am a tionscnaíodh iad nó a soláthraíodh iad, bhí tábhacht ar leith leo don Aire agus don Stát.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár, chun costálacha iomlána cláir a chur i láthair.

			2020	2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	20,610	19,649	18,957
ii	Taisteal agus cothú	901	282	816
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,700	1,510	1,609
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	292	228	275
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	975	835	793
vi	Costais áitribh oifige	1,082	403	432
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile	20	—	—
		25,580	**22,907**	**22,882**

Difríochtaí suntasacha

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugann sé breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €901,000; toradh €282,000

D'eascair an difríocht den chuid is mó as srianta taistil a cuireadh i bhfeidhm chun leathadh Covid-19 a theorannú.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin €1.082 milliún; toradh €403,000

Tharla an difríocht €679,000 mar nár cuireadh tionscadail chaipitil phleanáilte a ndearnadh buiséad dóibh, i gcrích i rith na bliana mar thoradh ar na bearta sláinte poiblí a tugadh isteach mar fhreagairt do phaindéim Covid-19.

Clár A Beartas Eacnamaíoch agus Fioscach

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A. 1	Riarachán - pá	10,820	10,238	9,995
A. 2	Riarachán - neamhphá	2,759	2,043	1,946
A. 3	Coiste agus coimisiúin	370	289	318
A. 4	Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile	620	1,033	24,963
A. 5	Deontas breosla	10,500	9,970	10,320
		25,069	**23,573**	**47,542**

Difríochtaí suntasacha

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €1.496 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh i dtosach. Bhain €1.298 milliún de seo le caiteachas riaracháin agus míniodh cheana é agus ba é seo a leanas ba phríomhchúis leis an €198,000 eile:

A. 3 Coiste agus coimisiúin

Soláthar meastacháin €370,000; toradh €289,000

Baineann caiteachas ar an bhfo-mhírcheann seo leis an mBord Achomhairc Leighis do Thiománaithe faoi Mhíchumas. Mar thoradh ar Covid-19, bhí laghdú ar líon na n-éisteachtaí achomhairc.

A. 4 Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile

Soláthar meastacháin €620,000; toradh €1.033 milliún

D'eascair an difríocht seo as íocaíocht a rinneadh leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát i ndáil le costais dlí a dámhadh do na gearánaithe i gcás a tógadh i gcoinne an Bhoird Achomhairc Leighis do Thiománaithe faoi Mhíchumas. Deonaíodh vírmint cheadaithe don difríocht sin.

A. 5 Deontas breosla

Soláthar meastacháin €10.5 milliún; toradh €9.97 milliún

Is scéim faoi threoir éilimh í an scéim seo agus tá sé deacair an toradh a thuar le cinnteacht.

Clár B Beartas Seirbhísí Baincéireachta agus Airgeadais

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B. 1	Riarachán - pá	9,790	9,411	8,962
B. 2	Riarachán - neamhphá	2,211	1,215	1,979
B. 3	Coistí agus coimisiúin	30	20	27
B. 4	Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile	2,015	990	964
B. 5	Oifig an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais	768	768	692
		14,814	**12,404**	**12,624**

Difríochtaí suntasacha

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €2.41 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh i dtosach. Bhain €1.375 milliún de seo le caiteachas riaracháin agus míniodh cheana é agus ba é seo a leanas ba phríomhchúis leis an €1.035 milliún eile:

B. 4 Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile

Soláthar meastacháin €2.015 milliún; toradh €990,000

Mar gheall ar chineál an fho-mhírchinn seo, ní féidir an clár oibre a thuar le cinnteacht agus caithfear buiséid a shocrú ar leibhéal stuama chun ligean do na haonaid aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna de réir mar a thagann siad chun cinn.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Costais áirithe a fhorchúiteamh i ndáil le cobhsú na hearnála baincéireachta	150	61	523
2	Ilghnéitheach	160	79	114
3	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	1,000	613	696
	Iomlán	**1,310**	**753**	**1,333**

Difríochtaí suntasacha

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €557,000 níos lú ná an meastachán mar a bhí tuartha.

1 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí

Meastachán €1 mhilliún; réadaithe €613,000

Bhí an difríocht €387,000 mar thoradh ar uainiú earcaíochta agus ar athruithe ar ríomh na n-asbhaintí a bhaineann le pinsean a rinneadh mar thoradh ar chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí.

4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Suim a bailíodh	2	42
Suim a aistríodh chuig an Státchiste	(2)	(42)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**—**	**—**

Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon na foirne ag deireadh na bliana	**313**	**301**

5.2 Pá

	2020	2019
	€000	€000
Pá	17,461	16,836
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	108	114
Liúntais eile	477	462
Ragobair	115	179
ÁSPC an fhostóra	1,488	1,366
Pá iomlán	**19,649**	**18,957**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2020	2019
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	14	6	35,516	30,682
Liúntais eile	92	—	6,597	4,693
Ragobair	48	2	17,246	25,149
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	16	4	20,704	28,673

5.4 Socruithe eile luach saothair

Cuimsíonn an cuntas seo caiteachas €493,497 i leith seachtar oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh 2020 ar fad nó cuid di agus ar íoc an Roinn a dtuarastal.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2020 €	2019 €
Ró-íocaíochtaí	25	35,136	43,664
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	19	25,958	29,495

5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Le linn 2020, fuair beirt bhall foirne ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht íocaíochtaí iomarcaíochta arbh fhiú €8,448 iad agus scaoilíocaíochtaí arbh fhiú €15,021 iad. Ina theannta sin, fuair ball foirne amháin ar cuireadh deireadh lena fhostaíocht scaoilíocaíochtaí arbh fhiú €12,496 iad. Níor deonaíodh aon íocaíocht luath pinsin, blianta breise seirbhíse tuigthe, ná aon fheabhsú eile ar na téarmaí fabhraithe pinsin.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Feidhmeanna córais bhaincéireachta

Tharmlig an tAire Airgeadais roinnt feidhmeanna córais bhaincéireachta chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) faoi Ionstraim Reachtúil (IR) 115 de 2010. Cúlghaireadh an tarmligean sin le héifeacht ón 5 Lúnasa 2011 faoi IR 395 de 2011 agus tá Aonad Baincéireachta GBCN ar iasacht leis an Roinn Airgeadais ó shin i leith. Ar ordú ón Aire, leanann GBCN de chostais an aonaid, a chuimsíonn costais foirne agus costais áirithe chomhairleoireachta, a íoc.

6.2 Coistí agus coimisiúin

	2020	2019
	€000	€000
Coimisiún buan		
An Coiste Comhairleach um Chomhar Creidmheasa [a]	20	27
An Bord Achomhairc Leighis do Thiománaithe faoi Mhíchumas [b]	289	318
	309	**345**

Nóta [a] Is í feidhm reachtúil an Choiste (faoi alt 180 den Acht um Chomhar Creidmheasa, 1997) comhairle a thabhairt maidir leis na nithe seo a leanas

- bainistíocht comhar creidmheasa a fheabhsú
- leas comhaltaí agus chreidiúnaithe comhar creidmheasa a chosaint agus
- nithe eile a bhaineann le comhair chreidmheasa a iarrfaidh an tAire, an Banc Ceannais nó daoine eile a shonróidh an tAire am go ham trí chomhairle ón gCoiste.

[b] Feidhmíonn an Bord Achomhairc Leighis do Thiománaithe faoi Mhíchumas mar chomhlacht achomhairc do na hiarratasóirí sin ar dhiúltaigh oifigeach leighis sinsearach deimhniú leighis príomhúil dóibh maidir leis an Scéim Tiománaithe faoi Mhíchumas agus Paisinéirí faoi Mhíchumas (Lamháltais Chánach). Bunaíodh an Bord i 1989.

6.3 Cúiteamh agus costais dlí

	Líon na gcásanna	Costais dlí a d'íoc an Roinn	Costais dlí a dámhadh	Cúiteamh a dámhadh	2020 Iomlán	2019 Iomlán
		€000	€000	€000	€000	€000
Cásanna dlí	5	510	439	—	949	315
Socraíocht dlí	—	—	—	—	—	24,000
		510	**439**	**—**	**949**	**24,315**

Aguisín A Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Airgeadais

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, ag deireadh mhí an Mhárta 2021, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Comhlacht/Ciste Roinne	An tréimhse chuntasaíochta dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchta	Dáta a fuair an Aire/Roinn	Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais
Banc Ceannais	2019	19 Már 2020	25 Már 2020	26 Beal 2020
Scéim Institiúidí Creidmheasa (Ráthaíocht Dliteanas Incháilithe)	2018	20 MF 2019	23 MF 2019	23 MF 2019
Ciste Comhar Creidmheasa	2019	30 Meith 2020	30 Meith 2020	3 Iúil 2020
An Bord um Athstruchtúrú Comhar Creidmheasa [a]	2016	28 Iúil 2017	1 Lún 2017	16 Lún 2017
Cuntais Airgeadais	2019	30 Meith 2020	30 Meith 2020	21 Iúil 2020
Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean	2019	12 Samh 2020	30 Samh 2020	17 Noll 2020
Cuntas Ciste Eastáit Díthiomnóra	2019	21 Noll 2020	21 Noll 2020	22 Noll 2020
Binse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann	2019	28 Már 2020	30 Már 2020	26 Beal 2020
Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann	2019	22 MF 2020	23 MF 2020	20 DF 2020
Airgeadas Tógála Tí Éireann & fochuideachta amháin	2019	5 Meith 2020	6 Meith 2020	27 Meith 2020
Cuntas Speisialta an Bhinse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus VEID	2019	22 MF 2020	23 MF 2020	30 MF 2020
Cuntas Speisialta an Bhinse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus VEID	2019	22 MF 2020	23 MF 2020	30 MF 2020
Cuntas Bannaí Talún (Foirceannadh)	2019	2 Noll 2020	3 Noll 2020	22 Noll 2020
Cuntais Iasachtaí Áitiúla	2019	15 Noll 2020	15 Noll 2020	22 Noll 2020

An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní	2019	27 Aib 2020	15 Beal 2020	1 Iúil 2020
Fochuideachtaí na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (13)	2019	23 Meith 2020	14 Iúil 2020	22 Iúil 2020
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta	2019	13 Beal 2020	19 Beal 2020	15 Meith 2020
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann	2019	23 Aib 2020	18 Beal 2020	25 Meith 2020
Cuntas Taisce Il-Airgead	2019	22 Noll 2020	23 Noll 2020	23 Noll 2020

Nóta [a] Foirceannadh an Bord um Athstruchtúrú Comhar Creidmheasa (ReBo) go hoibríochtúil an 31 Iúil 2017. Bhí bord sealadach i bhfeidhm go dtí gur díscaoileadh ReBo leis an mBille um an mBord um Athstruchtúrú Comhar Creidmheasa (Díscaoileadh), 2019, a achtaíodh an 6 Nollaig 2020.

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 8

Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 8, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus chaiteachais Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €1.431 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5 mar chuid den chuntas.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas seo á ullmhú. Ar aon dul le réamhfhógra a tugadh faoi Chiorclán 27 ón mbliain 2019, Ceanglais le haghaidh Chuntas Leithreasa 2019, chun freastal ar an aistriú chuig an gcóras Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais (SCBA), ríomhadh dímheas ar bhonn míosúil agus méadaíodh an tairseach chun sócmhainní a áireamh go €10,000. Anuas air sin, glacadh na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas.

Ioncam fabhraithe ó tháillí iniúchta

Is éard a léirítear leis an ioncam fabhraithe ó tháillí iniúchta ná iniúchtaí ar tuairiscíodh tuairim ag deireadh na bliana ina leith ach nár seoladh sonrasc lena n-aghaidh go fóill.

Obair idir lámha

Is é atá i gceist le hobair idir lámha ná an luach measta inghnóthaithe a bhaineann le hobair a dhéantar ar iniúchtaí sa chás go bhfuil táille inmhuirir i gceist ach nár tugadh an t-iniúchadh chun críche faoi dheireadh na bliana. Ríomhtar luach na hoibre idir lámha mar chéatadán den táille iniúchta a aontaíodh, bunaithe ar stádas an iniúchta ag deireadh na bliana.

Seo a leanas an céatadán a úsáidtear

- cuntas faofa le haghaidh deimhniúcháin 90%
- céim athbhreithnithe iniúchta 75%
- obair allamuigh críochnaithe 60%
- iniúchadh deiridh ar siúl 30%
- iniúchadh eatramhach críochnaithe 15%
- iniúchadh eatramhach ar siúl 10%

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom mar Oifigeach Cuntasaíochta. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach a dhearbhú go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go ndéantar na rialuithe iomchuí a chur i bhfeidhm chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

Seo a leanas an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an chuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta agus, go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach
- go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go gcinntíonn an Oifig go bhfuil fócas cuí ann ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte iomchuí go léir. B'ionann an caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí, lena n-áirítear costas foirne ar conradh, agus €2.38 milliún, ar an iomlán, in 2020.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig a sholáthraíonn gnóthas príobháideach ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Oifig nochta dóibh faisnéis ar fáil don obair iniúchóireachta inmheánaí, agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go gndéantar gníomh leantach i leith tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an Oifig córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú. Déanann Coiste Bainistíochta Riosca (CBR) ina bhfuil an triúr Stiúrthóirí Iniúchóireachta maoirseacht ar an bpróiseas bainistíochta riosca.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina gcuirtear na príomhrioscaí atá roimh an Oifig i gcuntas agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann CBR an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha. Tuairiscítear torthaí gníomhaíochtaí bainistíochta riosca don Choiste Iniúchóireachta.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as oibriú rialuithe a shanntar do chomhaltaí sonracha foirne.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht, sa chás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Oifig atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Paindéim Covid-19

Ghníomhachtaigh an Oifig a plean leanúnachais gnó i mí an Mhárta 2020, mar fhreagairt do phaindéim Covid-19. Rinne sé sin eagraíocht a dhéanann cianoibriú go príomha den Oifig, agus níor cuireadh isteach go mór go díreach ar a hoibríochtaí. Mar gheall ar fhad na cianoibre ar fud na heagraíochta, leagadh béim ar thimpeallacht rialaithe éifeachtach a choimeád, trí bhearta cosúil le beartais agus nósanna imeachta nuashonraithe, cibearshlándáil bhreise, oiliúint ar chosaint sonraí, cumarsáid bainistíochta agus díriú ar rannpháirtíocht agus folláine foirne san áireamh. Bhí beartais agus nósanna imeachta daingne bainistíochta eolais i bhfeidhm in aghaidh an bhaoil mhéadaithe a eascraíonn as rochtain leanúnach fad a bhí cianoibriú á dhéanamh ar thaifid ranna rialtais agus chomhlachtaí poiblí a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt ar shainordú na hOifige. Rinneadh rioscaí sonracha a eascraíonn as an timpeallacht chianoibre agus maolú cuí a bhreithniú ag cruinnithe an Choiste Bainistíochta Rioscaí agus an Choiste Iniúchóireachta. Anuas air sin, thug iniúchóireacht inmheánach faoi mheasúnú ar an tionchar a d'imir an timpeallacht oibre athraithe ar rialuithe airgeadais. Dheimhnigh sé sin go raibh rialuithe á n-oibriú go sásúil.

Riosca suntasach airgeadais

Gearrtar táillí iniúchta ar iniúchtaí áirithe airgeadais, faoi mar a bhforáiltear dó in Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Is cuid shuntasach d'acmhainní na hOifige iad na táillí agus tá roinnt nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar costais a aisghabháil le haghaidh iniúchtaí ábhartha. Áirítear leis na bearta sin

- athbhreithniú bliantúil ar an mbonn ar a ngearrtar táillí, athbhreithniú ar aisghabháil na gcostas ar iniúchtaí aonair le himeacht ama san áireamh
- córais a chuireann costais iniúchta, dul chun cinn iniúchta agus faisnéis bhilleála i gcuntas
- monatóireacht a dhéanamh ar fhaisnéis airgeadais lena n-áirítear costais iniúchta agus aisghabháil táillí.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2020 óna dteastaíonn nochtadh sa chuntas leithreasa.

Colette Drinan
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

19 Márta 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne Mazars, Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Reachtúla, iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste thar mo cheann faoi alt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020.

Is í mo thuairimse, bunaithe ar an iniúchadh agus ar an tuairisc a rinne siad

- cuirtear i láthair go cuí sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, anuas ar an gcuntas leithreasa, i láthair. Déantar cur síos sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa* ar mo fhreagrachtaí chun tuairisciú a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis sa ráiteas, agus ar nithe áirithe eile ar a dtuairiscím mar eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Séamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Aibreán 2021

Tuairim don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993

Tuairim ar an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa

Tuairim

Mar niúchóir arna cheapadh faoi Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tá Cuntas Leithreasa Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 iniúchta againn.

Is é ár dtuairim go gcuirtear fáltais agus caiteachas an Vóta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 i láthair go cuí i gCuntas Leithreasa an Vóta d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus nach bhfuil aon ní ann ar gá dúinn tuairisciú ina thaobh, de bhun Alt 3(10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

An Bunús atá lenár dTuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh ar Chuntas Leithreasa Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir leis an Iniúchóireacht (Éire), an dlí is infheidhme, agus Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orainn faoi na caighdeáin sin sa chuid dár dtuairisc dar teideal Freagrachtaí an Iniúchóra as an iniúchadh ar an gCuntas Leithreasa. Táimid neamhspleách ar an eintiteas de réir na gceanglas eiticiúil a bhaineann le hiniúchtaí in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eitice arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus tá ár gcuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta againn de réir na gceanglas sin.

Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuaireamar le bonn a chur faoinár dtuairim.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasaimid a bhí riachtanach chun críche ár n-iniúchta. Is é ár dtuairim gur choinnigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste taifid chuntasaíochta chuí. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Tá athbhreithniú déanta againn ar a bhfuil sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith sin.

Freagrachtaí an oifigigh chuntasaíochta

Faoi Alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866, tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an gCuntas Leithreasa a ullmhú. Tá sí freagrach freisin, inter alia, as cistí poiblí a chosaint agus as rialtacht agus cirte gach idirbhirt sa Chuntas Leithreasa.

Freagrachtaí an iniúchóra as an iniúchadh ar an gCuntas Leithreasa

Is orainn atá an fhreagracht as an gCuntas Leithreasa a iniúchadh de réir ceanglais ábhartha dlí agus rialála agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir leis an Iniúchóireacht. Is éard is aidhm linn ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé acu an bhfuil an Cuntas Leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuairisc iniúchóra a eisiúint ina leagtar amach ár dtuairim. Ardleibhéal dearbhaithe atá i gceist le dearbhú réasúnach, ach ní rathaítear leis go mbraithfear i gcónaí míráiteas ábhartha, más ann dó, in iniúchadh a dhéanfar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir leis an Iniúchóireacht (Éire). Is féidir le míráitis teacht i gceist de bharr calaoise nó earráide agus meastar gurb ábhartha atá siad más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí arna ndéanamh ar bhonn an Chuntais Leithreasa.

Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus leis an méid a nochtar sa chuntas leithreasa, agus scrúdú le féachaint an dtagann na hidirbhearta arna dtaifeadadh sa chuntas leis an údarás faoina n-airbheartaítear iad a bheith déanta, agus measúnú ar cibé a cloíodh le forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* nó nár cloíodh. Tá cur síos eile ar na freagrachtaí atá orainn i leith an iniúchta ar na ráitis airgeadais le fáil ar láithreán gréasáin IAASA ag:
http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description of auditors responsbilities for audit.pdf. Tá an cur síos sin ina chuid dár dtuairisc iniúchóra.

An cuspóir atá lenár gcuid oibre iniúchta agus an té a bhfuilimid freagrach dó nó di

Is don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste amháin a dhéantar an tuairisc seo, de réir Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Rinneadh ár gcuid oibre iniúchóireachta sa chaoi is gur féidir linn a chur in iúl don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na nithe sin a cheanglaítear orainn a chur in iúl dó i ndeimhniú ár dtuairime agus ní chun críocha ar bith eile. Lánoiread is a cheadaítear leis an dlí, ní ghlacaimid le freagracht as an obair iniúchóireachta, as an tuairisc seo, ná as na tuairimí atá déanta againn, ná ní ghabhaimid a leithéid de fhreagracht orainn, do dhuine ar bith eile seachas an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Bernard Barron

Ar son agus thar ceann

Mazars
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Reachtúla
Baile Átha Cliath 2

22 Aibreán 2021

Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Cuntas Leithreasa 2020

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Iniúchóireacht agus tuairisciú	15,147	14,301	13,799
Ollchaiteachas		**15,147**	**14,301**	**13,799**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**6,031**	**6,616**	**7,764**
Glanchaiteachas		**9,116**	**7,685**	**6,035**

Farasbarr

Is ionann an farasbarr agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glansuime a caitheadh atá faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**1,430,614**	**2,622,325**

Colette Drinan
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

19 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Pá		11,759	10,871
Neamhphá		2,542	2,928
Ollchaiteachas		**14,301**	**13,799**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**6,616**	**7,764**
Glanchaiteachas		**7,685**	**6,035**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin inairgead tirim	(82)		
Dímheas	170	88	203
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(550)		
Méadú ar stoc	(5)	(555)	559
Caiteachas díreach		**7,218**	**6,797**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1)		3,576	3,255
Measchíosanna		11	22
Glanchostas an chláir		**10,805**	**10,074**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 8 a tabhaíodh in áit eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	30	30
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	1,890	1,523
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	997	1,056
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	19	17
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	220	175
Príomh-Chiste		420	454
		3,576	**3,255**

Nóta 2 An Ráiteas faoi Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	741	877
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	375	68
Stoic		7	2
Réamhíocaíochtaí		360	202
Iarmhéideanna dochair eile	2.3	34	145
Táillí iniúchta atá inghnóthaithe	2.4	2,316	1,841
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.6	—	189
Iomlán na sócmhainní reatha		**3,092**	**2,447**
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe		112	29
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.5	408	402
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.6	1	—
Iomlán na ndliteanas reatha		**521**	**431**
Glansócmhainní reatha		2,571	2,016
Glansócmhainní		**3,312**	**2,893**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.7	**3,312**	**2,893**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Troscán agus feistis	Trealamh oifige	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	1,682	1,119	2,801
Breiseanna	—	82	82
Diúscairtí	—	(206)	(206)
Coigeartuithe [a]	(27)	(555)	(582)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	1,655	440	2,095
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	841	1,083	1,924
Dímheas don bhliain	166	4	170
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(206)	(206)
Coigeartuithe [a]	(13)	(521)	(534)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	994	360	1,354
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**661**	**80**	**741**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	841	36	877

Nóta [a] Baineann na coigeartuithe seo le hearraí aonair a bhfuil luachanna faoi €10,000 orthu a bhaint ón gclár sócmhainní, de réir Chiorclán 21/2020: *Méadú ar an Tairseach Luacha chun Sócmhainní a Chuimsiú sa Chlár Sócmhainní*.

2.2 Banc agus Airgead Tirim

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	375	(121)
Iarmhéid an chuntais bhainc thráchtála	—	189
	375	**68**

Aistríodh gach cuntas de chuid an Phámháistir Ghinearálta chuig an mbanc tráchtála “Danske Bank” ón 1 Deireadh Fómhair 2018.

Cuntais eile le bainc thráchtála

Bhí cuntas bainc thráchtála amháin ag an Oifig ag deireadh na bliana 2019 a dúnadh i mí Eanáir 2020.

2.3 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Caiteachas taistil infhorchúitithe agus an scéim pas taistil	31	125
Caiteachas infhorchúitithe ó chomhthionóntaí	—	20
Tuarastail ar fionraí	3	—
	34	**145**

2.4 Táillí iniúchta atá inghnóthaithe

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Féichiúnaithe táillí iniúchta	89	611
Ioncam fabhraithe ó tháillí iniúchta	1,988	694
Obair idir lámha	239	536
	2,316	**1,841**

2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Suimeanna dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	148	136
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	105	101
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	12	21
Cáin bhreisluacha	53	51
Cáin mhaoine áitiúil	—	1
Muirear sóisialta uilíoch	29	28
	347	338
Asbhaintí párolla a choimeádtar ar fionraí	61	64
	408	**402**

2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	1,431	2,622
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(1,430)	(2,811)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**1**	**(189)**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	375	68
Iarmhéideanna dochair: fionraí	34	145
	409	213
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	347	338
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	61	64
	408	402
	1	**(189)**

2.7 An Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			2,893	3,956
Íocaíochtaí amach ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	9,116		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(1,431)		
Glanvóta			7,685	6,035
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		3,576	3,255
Earraí neamhairgid – coigeartuithe sócmhainní caipitil	2.1		(48)	(301)
Caiteachas neamhairgid – measchíos	1		11	22
Glanchostas an chláir	1		(10,805)	(10,074)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**3,312**	**2,893**

2.8 Ceangaltais

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Earraí agus seirbhísí a sholáthar	**—**	**20**

2.9 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nár díscaoileadh ag deireadh na bliana	**28**	**—**

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rangaítear an leithdháileadh go léir do Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste mar chaiteachas riaracháin a caitheadh i dtreo clár aonair: iniúchóireacht agus tuairisciú.

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	12,156	11,759	10,871
ii	Taisteal agus cothú	546	156	611
iii	Oiliúint agus forbairt agus speanais theagmhasacha	365	467	491
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	100	55	50
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	473	703	438
vi	Costais áitreabh na hoifige	217	130	178
vii	Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais	125	170	30
viii	Táillí dlí	45	37	42
ix	Seirbhísí iniúchóireachta ar conradh	1,120	824	1,088
		15,147	**14,301**	**13,799**

Athruithe suntasacha

Cuirtear i láthair sa nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar cuntas ann ar na cúiseanna atá le hathruithe suntasacha (+/- 25% nó níos mó agus €100,000 nó níos mó).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €546,000; toradh €156,000

Is é is cúis leis an laghdú €390,000 ná an éigeandáil sláinte poiblí a laghdaigh taisteal gnó go mór.

iii Oiliúint agus forbairt agus speanais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €365,000; toradh €467,000

Tá an méadú €102,000 go príomha mar gheall ar chostais foghlama agus forbartha agus costais éigeandáil sláinte poiblí a bhí ní b'airde ná mar a bhí coinne leis. Tabhaíodh na costais éigeandáil sláinte poiblí maidir le bearta sábháilteachta a chur i bhfeidhm, trealamh cosanta pearsanta a sholáthar agus oiliúint sábháilteachta a chur ar an bhfoireann.

v Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF

Soláthar meastacháin €473,000; toradh €703,000

Tá an méadú €230,000 mar gheall ar na costais a bhí ar threalamh breise a ceannaíodh mar thoradh ar shocruithe cianoibrithe a bhí i bhfeidhm ar feadh i bhfad, trealamh breise a ceannaíodh chun freastal ar theileachomhdáil scartha shóisialta agus ar chostais bhreise cheadúnais.

ix Seirbhísí iniúchóireachta ar conradh

Soláthar meastacháin €1.12 milliún; toradh €824,000

Ba éard ba phríomhchúis leis an laghdú €296,000 ar an bhfotheideal seo gur fostaíodh ní ba lú sainchomhairleoirí seachtracha ná mar a bhí coinne leis le linn 2020. Cumhdaítear san fhotheideal seo na costais oibre a seachfhoinsíodh chuig gnóthais iniúchóireachta agus costais sainchomhairleoirí nó comhairleoirí seachtracha a theastaigh chun cabhrú le tabhairt faoi scrúduithe agus iniúchtaí. Úsáidtear sainchomhairleoireacht sheachtrach i dtuarascálacha luacha ar airgead agus i staidéar eile ina dteastaíonn saineolas ón scóip nach bhfuil ar fáil ar bhonn intí.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Táillí iniúchta	5,519	6,277	7,390
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise le luach saothair seirbhíse poiblí	512	339	374
		6,031	**6,616**	**7,764**

Athruithe suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna atá le hathruithe suntasacha ar fháltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí i gcabhair €584,000 ní ba mhó ná mar a measadh. Tugtar míniú ar na difríochtaí thíos:

1 Táillí iniúchta

Meastachán €5.519 milliún; Réadaithe €6.277 milliún

Ba é ba chúis leis an méadú €758,000 go ndearnadh ní ba mhó iniúchtaí agus billeáladh ní ba mhó díobh i rith na tréimhse ná mar a measadh.

2 Fáltais ó ranníocaíochtaí pinsin breise ó luach saothair seirbhíse poiblí

Meastachán €512,000; Réadaithe €339,000

Ba éard ba chúis leis an easnamh €173,000 rómheastachán. Ceartaíodh an rómheastachán sin i rith phróiseas meastacháin 2021.

Nóta 5 Soláthair Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon na foirne ag deireadh na bliana	**180**	**185**

5.2 Pá

	2020 €000	2019 €000
Pá	10,760	9,966
Liúntas ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	20	19
Ragobair	2	2
ÁSPC an Fhostóra	977	884
Pá iomlán	**11,759**	**10,871**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Íocaíocht aonair is airde	
			2020 €	2019 €
Liúntas ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	4	—	9,801	10,703
Ragobair	1	—	1,633	2,431

Níor íocadh íocaíochtaí breise le haon bhall foirne i mbreis agus catagóir amháin.

5.4 Socruithe eile luach saothair

Athfhostaíodh beirt státseirbhíseach ar scor a raibh pinsin státseirbhíse á bhfáil acu in 2020 ar bhonn táillí ar chostas iomlán €18,200. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh de réir phrionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Ní áirítear leis an gcuntas seo caiteachas maidir le cúigear oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Oifig don bhliain 2020 go léir nó cuid di i ranna/oifigí rialtais eile agus nár íoc an Oifig a dtuarastail i rith a n-iasachtaí.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon faighteoirí	2020 €	2019 €
Ró-íocaíochtaí	5	11,656	15,381
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	3	1,705	1,405

Níl pleananna aisghabhála i bhfeidhm faoi láthair don bheirt fhaighteoirí eile mar gheall nach bhfuil an bheirt fhostaithe á n-íoc a thuilleadh.

5.6 Luach Saothair na bainistíochta sinsearaí

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Íoctar tuarastal an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste go díreach as Príomh-Chiste an Státchiste, faoi mar a bhforáiltear dó in Alt 14 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ba é an muirear a gearradh ar an bPríomh-Chiste in 2020 maidir le luach saothair an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste €197,448 (2019: €193,066). Faoi mar a bhforáiltear dó in Airteagal 33 den Bhunreacht, ní fhéadfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste aon oifig nó post luach saothair eile a shealbhú.

Oifigeach Cuntasaíochta

Ba é an muirear a gearradh ar an Vóta in 2020 maidir le luach saothair an Oifigigh Chuntasaíochta €159,918 (2019: €156,429).

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 9

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 9, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus ar chaiteachais Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear seirbhísí áirithe eile atá á riar ag an Oifig sin.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €4.841 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú ach amháin i gcás na n-eisceachtaí atá liostaithe anseo.

Luacháil agus dímheas sócmhainní caipitil

Mar a fhoráiltear i gCiorclán 21 de 2020, tá tairseach caipitlithe €500 curtha i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim maidir le sócmhainní TF agus tá tairseach caipitlithe €1,000 curtha i bhfeidhm acu maidir le gach sócmhainn eile.

Gearrtar dímheas ar shócmhainní ar bhonn bliana iomláine.

Cuirtear feithiclí urghafa atá leithreasaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim san áireamh sna sócmhainní caipitil ag luach an mhargaidh oscailte ag am an leithreasaithe agus déantar iad a dhímheas ag ráta 20% sa bhliain de réir méid cothrom.

Dímheastar cuitéar custam ag ráta 5% sa bhliain de réir méid cothrom.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á oibriú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Cheann Oifige. Freisin, ní fhéadann aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go mbraithfí iad in am trátha. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i ndáil le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a chur ar fáil.

Timpeallacht rialaithe

Is mar seo a leanas atá an suíomh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta leis an gcuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun a chinntiú go ndéantar gníomh ceartaitheach cuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá doiciméadú déanta ar na nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó uile.
- Tá córais ar bun chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú é
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na bhfeidhmchlár TFC a chinntiú, go háirithe maidir le cibearbhagairtí agus ionsaithe mailíseacha
- go bhfuil treoirlínte cuí maidir le rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh d'Oifig na Coimisinéirí Ioncaim. Folaíonn na maoluithe a úsáidtear chun riosca a bhainistiú

- struchtúir rialachais na gCoimisinéirí Ioncaim
- scanadh timpeallachta lena chinntiú go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoi na tionchair a mbíonn éifeacht acu ar riosca
- córas comhtháite pleanála straitéisí/gnó agus bainistíochta riosca a dhéanann athbhreithnithe rialta ar rioscaí ag an leibhéal eagraíochtúil, rannóige agus brainse
- modheolaíochtaí bainistíochta tionscadal do na tionscadail shuntasacha uile.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt fhoirmiúil iniúchóireachta inmheánaí i scríbhinn. Bonn eolais faoina cuid oibre is ea an anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Oifig neamhchosanta orthu, agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna gceadú agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Cinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha. Chomhlíon an Oifig na treoirlínte seachas i gcás naoi gconradh (sa bhreis ar €25,000), arbh ionann iad agus €3,105,844 san iomlán, mar atá leagtha amach thíos:

- Dámhadh trí chonradh le haghaidh seirbhísí fála marsantacha, seirbhís bainistíochta dramhaíola agus soláthairtí oifige ar a raibh luach comhcheangailte €1,294,167 faoi phróiseas iomaíoch roimhe seo ach cuireadh síneadh leo agus socruithe athbhreithnithe á gcur i bhfeidhm. Tá conarthaí nua i bhfeidhm anois le haghaidh na míreanna seo.
- Dámhadh trí chonradh le haghaidh éidí, seirbhísí glantacháin agus seirbhísí láimhseála glaonna a sholáthar ar a raibh luach comhcheangailte €1,577,616 faoi phróiseas iomaíoch roimhe seo ach cuireadh síneadh leo agus socruithe athbhreithnithe á gcur i bhfeidhm. Críochnaíodh comórtas soláthair do sheirbhísí láimhseála glaonna agus tá an conradh le tabhairt chun críche i rith Lúnasa 2021. Tá socrú sonraíochta agus dréachtú doiciméad tairisceana i leith na gconarthaí éidí agus seirbhísí glantacháin á bhforbairt faoi láthair d'fhonn dul ar an margadh le linn ráithe 3 de 2021.
- Measadh nach raibh conradh amháin le haghaidh seirbhísí luathscríbhneoireachta ar a raibh luach €118,983 neamhchomhlíontach agus cuirfear conradh eile ina áit, agus Creat-Chomhaontú OSR á úsáid i ráithe 3 de 2021.
- Measadh go raibh dhá chonradh eile le haghaidh seirbhísí gutha agus sonraí soghluaiste agus spás stórála ar cíos ar a raibh luach comhcheangailte €115,078 neamhchomhlíontach agus tá athbhreithniú á dhéanamh orthu faoi láthair, rud ar chóir go mbeadh sé críochnaithe i ráithe 3 de 2021.

Is é polasaí m'Oifige leas a bhaint as na creataí lárnacha uile atá ar fáil chomh luath agus atá praiticiúil agus caidreamh a bhunú leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) sa chás go bhfuil riachtanais níos sainiúla againn. Fanfaidh rialuithe i bhfeidhm chun comhlíonadh na straitéise sin a chinntiú.

Tá sonraí maidir le conarthaí neamhiomaíocha curtha ar fáil ag an Oifig sa tuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002 d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Mar a cheanglaítear le ciorclán 40/2002 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tá tuairisc tíolactha agam maidir le soláthar dar luach €5,993,496 in 2020 nár seoladh próiseas tairisceana iomaíoch ina leith. Ina theannta sin, coinníonn na Coimisinéirí Ioncaim liosta de chonarthaí fadtéarmacha a raibh luach iomlán €12.8m orthu in 2020. Tá 39 gconradh ar an liosta le haghaidh tacaíocht agus cothabháil bhliantúil ar chórais TFC na gCoimisinéirí Ioncaim dar luach €10,390,573; cúig chonradh atá mar bhonn faoi bhonneagar teileachumarsáide na gCoimisinéirí Ioncaim dar luach €2,285,995; agus trí chonradh bhreise dar luach €143,986.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig seo trína n-aithnítear agus trína dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, agus a mhéid is féidir, chun na rioscaí a mhaolú.

Tá clár rioscaí ar bun lena sainaithnítear na príomhrioscaí roimh an Oifig seo agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a ndóchúlachta agus a dtionchair. Sonraítear sa chlár rioscaí na gníomhartha a theastaíonn chun na rioscaí a mhaolú agus comhtháthaítear na gníomhartha sin isteach i bpróiseas pleanála straitéisí agus gnó na gCoimisinéirí Ioncaim. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca (RMC) an clár seo a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil agus cuireann an Coiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) ar an taifead é. Cuireann an Coiste san áireamh chomh maith aiseolas a fhaightear ó na bainisteoirí rannóige nuair atá cinneadh á dhéanamh ar chóir athruithe a dhéanamh ar thosaíocht nó rangú riosca. Tuairiscíonn an Coiste go bliantúil do Bhord na gCoimisinéirí Ioncaim ar a fhormhaoirseacht ar rioscaí.

Tá Aonad Cosanta Sonraí ar bun a bhfuil freagracht air as bainistiú agus riar foriomlán cosanta sonraí sna Coimisinéirí Ioncaim. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ann chomh maith arb é an príomhról atá aige comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus pholasaithe cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim a chinntiú.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus an chaoi a gcuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus do CCB, i gcás gurb iomchuí. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara aitheanta agus go bhfuil próisis curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais is ea obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta taobh istigh den Oifig seo atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Paindéim Covid-19

Chruthaigh paindéim Covid-19 dúshláin shuntasacha do shaoránaigh, do ghnóthaí agus do na Coimisinéirí Ioncaim. D'úsáid na Coimisinéirí Ioncaim a mbonneagar ardteicneolaíochta, go háirithe a gcóras ÍMAT a nuachóiríodh le déanaí, agus a n-inniúlachtaí láidre oibríochta agus bainistíochta tionscadal chun an tsraith scéimeanna fóirdheontais a thug an Rialtas isteach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacú le gnóthaí atá comhlíontach ó thaobh na cánach de agus a gcuid fostaithe le linn na tréimhse deacra seo. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim Scéim Aisíocaíochta COVID-19 d'Fhostóirí, an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP), an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF) agus Scéim Tacaíochta Sriantaí Covid-19 (STSC) i bhfeidhm go tapa ar bhealach géarchúiseach lena chinntiú go bhfaigheadh fostóirí, fostaithe agus gnóthaí íocaíochtaí tacaíochta criticiúla go pras.

Is éard a bhí i gceist leis na scéimeanna arna maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí a riar ná bainistíocht a dhéanamh ar na suimeanna suntasacha le haghaidh Scéim Aisíocaíochta COVID-19 d'Fhostóirí (dúnta anois), SFSP agus SFPF arbh fhiú €4.1 billiún iad san iomlán in 2020. Tá an t-iarmhéid atá dlite don Roinn Coimirce Sóisialaí ag deireadh na bliana ar fáil i Nóta 2.5 den chuntas. Maoinítear STSC trí cháin ioncaim nó cáin chorparáide agus íoctar é mar réamhchreidmheas cánach.

Lean na Coimisinéirí Ioncaim ar aghaidh ag soláthar raon beart chun tacú le gnóthaí atá ag fulaingt le fadhbanna sreabhadh airgid nó deacrachtaí trádála, lena n-áirítear stórasú fiachais, ús ar íocaíochtaí déanacha a chur ar fionraí, agus gach gníomhaíocht forfheidhmiúcháin agus bailiúcháin a chur ar fionraí.

I mí an Mheithimh 2021, d'fhógair an Rialtas síneadh le SFSP go deireadh 2021 agus leanúint de STSC do na gnóthaí sin a bhfuil srianta sláinte poiblí fós orthu, agus íocaíochtaí 'atosaithe' feabhsaithe á dtairiscint de réir mar a athosclaíonn gnóthaí. Agus an geilleagar ag athoscailt, tabharfar isteach Scéim Tacaíochta nua um Atosú Gnó (STAG) arna riar ag na Coimisinéirí Ioncaim, agus í dírithe ar ghnóthaí a raibh láimhdeachas laghdaithe acu mar thoradh ar shrianta sláinte poiblí. Fógraíodh síneadh leis an scéim stórasú fiachais freisin.

Tionchar suntasach a bhí ag paindéim Covid-19 ná an t-aistriú chuig cianobair agus obair fhíorúil do thart ar 4,500 duine de 7,000 ball foirne na gCoimisinéirí Ioncaim. Thug rannán TFC na gCoimisinéirí Ioncaim freagra an-éifeachtach ar an dúshlán maidir le cur ar chumas na foirne seo oibriú go héifeachtach in áiteanna cianda. Le tiomantas agus rannpháirtíocht fhoireann na gCoimisinéirí Ioncaim, d'éirigh leis na Coimisinéirí Ioncaim leanúint dár gcroíchláir ghnó a sholáthar chomh maith le ról breise a ghlacadh i riar na scéimeanna tacaíochta.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2020 atá le nochtadh sa chuntas leithreasa.

Niall Cody
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

2 Meán Fómhair 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 9, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairim, tá an méid seo a leanas fíor faoin gcuntas leithreasa

- go léiríonn sé i gceart fáltais agus caiteachas Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- gur ullmhaíodh é san fhormáid a d'ainmnigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Reáchtáil mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, de réir mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Ard-Institiúidí Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá do na Cuntais Leithreasa*. Tá mé neamhspleách ar Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus tá mo fhreagrachtaí eile eitice comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam dóthanach agus cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá ráiteas curtha i láthair ag an Oifigeach Cuntasaíochta ar an rialú inmheánach airgeadais, in éineacht leis an gcuntas leithreasa. Tá cur síos déanta san *Réamhrá do na Cuntais Leithreasa* ar mo fhreagrachtaí tuairisciú a dhéanamh i ndáil leis an bhfaisnéis sa ráiteas, agus ar ábhair eile a ndéanaim tuairisciú orthu d'eisceacht.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais nár comhlíonadh na rialacha soláthair i gcásanna ábhartha i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2020.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

6 Méan Fómhair 2021

Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Cuntas Leithreasa 2020

				2020	2019
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir					
A	Riar agus bailiú cánacha agus dleachtanna agus bainistiú teorann				
	Bunaidh	470,462			
	Forlíontach	719			
			471,181	467,231	449,066
Ollchaiteachas			**471,181**	**467,231**	**449,066**
	Lúide				
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**				
	Bunaidh	66,487			
	Forlíontach	(7,100)			
			59,387	**60,278**	**70,541**
Glanchaiteachas					
	Bunaidh	403,975			
	Forlíontach	7,819			
			411,794	**406,953**	**378,525**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh le géilleadh don Státchiste.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**4,840,658**	**4,159,413**

Niall Cody
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

31 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Pá		329,118	319,115
Neamhphá		138,113	129,951
Ollchaiteachas		**467,231**	**449,066**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**60,278**	**70,541**
Glanchaiteachas		**406,953**	**378,525**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin - airgead tirim	(27,736)		
Dímheas	21,989		
Diúscairtí - airgead tirim	11		
Gnóthachan ar dhiúscairtí	(1)	(5,737)	(6,188)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(3,603)		
Méadú ar stoc	(1,067)	(4,670)	3,613
Caiteachas díreach		**396,546**	**375,950**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		137,719	127,516
Cíosanna barúlacha (nach airgead tirim)		12,043	11,819
Glanchostas an chláir		**546,308**	**515,285**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 9 a iompraíodh in áit eile, ghlan ar chostais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

		2020 €000	2019 €000
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	119,549	112,003
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	21,050	19,038
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	688	657
		141,287	131,698
Costais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile			
Seirbhísí a sholáthair na Coimisinéirí gan mhuirear [a]		(3,568)	(4,182)
		137,719	**127,516**

Nóta [a] Chomh maith le seirbhísí a soláthraíodh gan muirear do Vótaí eile atá léirithe anseo (€3.568 milliún), cuireadh seirbhísí a raibh luach thart ar €1.285 milliún orthu ar fáil gan mhuirear do chomhlachtaí eile neamhvótáilte. Cé gur costais iarbhír iad tromlach na gcostas seirbhísí gaolmhara, cuireadh neaschostais i bhfeidhm i gcás nach bhfuil na costais iarbhír ar fáil.

Níor cuireadh na costais a thabhaigh na Coimisinéirí Ioncaim i leith na scéimeanna arna maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí a riar (Scéim Aisíocaíochta Covid-19 d'Fhostóirí, an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá agus an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta) san áireamh in oibriú na scéimeanna mar gheall go raibh oibriú na scéimeanna seo comhtháite go hiomlán laistigh de chórais na gCoimisinéirí Ioncaim.

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	97,535	90,238
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	32,324	9,656
Stoic	2.3	2,181	1,114
Réamhíocaíochtaí		12,734	9,677
Ioncam fabhraithe		1,404	1,821
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	3,555	4,346
Iomlán na sócmhainní reatha		**52,198**	**26,614**
Lúide dliteanais reatha			
Speanais fhabhraithe		5,686	5,802
Ioncam iarchurtha		801	88
Iarmhéideanna sochair eile	2.5	34,061	11,897
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.6	1,818	2,105
Iomlán na ndliteanas reatha		**42,366**	**19,892**
Glansócmhainní reatha		9,832	6,722
Glansócmhainní		**107,367**	**96,960**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.7	**107,367**	**96,960**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Feithiclí agus trealamh	Trealamh oifige/TF	Troscán agus feistis	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní					
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	18,408	446,657	69,950	7,007	542,022
Breiseanna	2,629	5,628	10,801	10,238	29,296
Sócmhainní atá á bhforbairt agus a tugadh isteach in úsáid	—	14,452	—	(14,452)	—
Diúscairtí	(187)	(13,951)	(1,103)	—	(15,241)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	20,850	452,786	79,648	2,793	556,077
Dímheas carntha					
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	14,565	380,520	56,699	—	451,784
Dímheas don bhliain	1,924	16,961	3,104	—	21,989
Dímheas ar dhiúscairtí	(178)	(13,950)	(1,103)	—	(15,231)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	16,311	383,531	58,700	—	458,542
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**4,539**	**69,255**	**20,948**	**2,793**	**97,535**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	3,843	66,137	13,251	7,007	90,238

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	11,768	9,600
Iarmhéid cuntais bainc tráchtála	65	56
Iarmhéid chuntas bainc SFSP	20,372	—
Iarmhéid chuntas bainc SFPF	119	—
	32,324	**9,656**

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Stáiseanóireacht agus stórtha beaga	648	644
Trealamh/éadaí/ilghnéitheach	1,530	466
Ábhar inchaite TF	3	4
	2,181	**1,114**

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Airleacain i leith foirgnimh chomhroinnte	261	253
Óinchistí taistil	—	6
Caiteachas in-fhorchúitithe taistil	4	26
Airleacain d'Oifig na nOibreacha Poiblí d'oibreacha tógála, etc.	1,275	2,616
Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach	510	195
Tuarastail in-fhorchúitithe	2	202
Caiteachas in-fhorchúitithe na scéime pas taistil	126	963
Míreanna dochair eile ar fionraí	1,377	85
	3,555	**4,346**

2.5 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	3,756	3,490
Muirear sóisialach uilíoch	764	729
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	2,508	2,304
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	1,431	843
Cáin bhreisluacha	835	974
Ranníocaíochtaí pinsin	847	781
Cáin mhaoine áitiúil	42	43
Fáltais bhreise an Státchiste	415	—
	10,598	**9,164**
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	2,524	2,469
Caiteachas in-fhorchúitithe roimh ré	224	125
Dlite do RCS i leith		
• SFSP	19,522	—
• SFPF	914	—
Dlite don Chuntas ar Ioncam a Fuair an Stát arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim		
• SFSP	55	—
Míreanna sochair eile ar fionraí	224	139
	34,061	**11,897**

Nóta: D'oscail na Coimisinéirí Ioncaim roinnt cuntas fionraí i rith na bliana chun íocaíochtaí a éascú faoin Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) agus faoin Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF), arna maoiniú ag Vóta na Roinne Coimirce Sóisialaí. In 2020, is iad seo a leanas na híocaíochtaí (glan ar aisíocaíochtaí agus éilimh neamhíoctha) a riaradh faoi gach ceann de na scéimeanna;

- SFSP €2.707 billiúin
- SFSP €1.371 billiúin

2.6 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	4,841	4,159
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(3,023)	(2,054)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**1,818**	**2,105**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	32,324	9,656
Iarmhéideanna dochair eile	3,555	4,346
	35,879	**14,002**
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(10,598)	(9,164)
Iarmhéideanna sochair eile	(23,463)	(2,733)
	(34,061)	**(11,897)**
	1,818	**2,105**

2.7 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			96,960	94,376
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	411,794		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(4,841)		
Glanvóta			406,953	378,525
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1		137,719	127,516
Caiteachas nach airgead tirim – measchíos	1		12,043	11,819
Míreanna eile nach airgead tirim – feithiclí urghafa			—	9
Glanchostas an chláir	1		(546,308)	(515,285)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**107,367**	**96,960**

2.8 Ceangaltais

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Soláthar earraí agus seirbhísí	**20,772**	**22,045**

2.9 Dliteanais theagmhasacha

Tá dliteanais theagmhasacha mheasta €5.183 milliún ar na Coimisinéirí Ioncaim (2019: €3.457 milliún) i leith costais dlí agus chúitimh.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas clár uile aicmithe mar chaiteachas riaracháin.

			2020		2019
			Soláthar measta-cháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais				
	Bunaidh	339,862			
	Forlíontach	(8,000)			
			331,862	329,118	319,115
ii	Taisteal agus cothú				
	Bunaidh	6,100			
	Forlíontach	(4,100)			
			2,000	1,788	6,041
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais laethúla eile		25,900	26,286	24,976
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide				
	Bunaidh	10,600			
	Forlíontach	(1,200)			
			9,400	8,178	9,735
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha		63,000	66,157	60,120
vi	Costais áitribh oifige				
	Bunaidh	7,890			
	Forlíontach	12,469			
			20,359	16,049	11,133
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe		60	55	61
viii	Cothabháil mótarfheithiclí agus trealaimh				
	Bunaidh	3,950			
	Forlíontach	1,350			
			5,300	6,332	3,688
ix	Muirir dhlí		12,300	12,110	12,962
x	Cúiteamh agus caillteanais				
	Bunaidh	800			
	Forlíontach	200			
			1,000	1,158	1,235
			471,181	**467,231**	**449,066**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar achoimre sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €6.1 milliún; toradh €1.788 milliún

Tá an laghdú €4.312 milliún ar chaiteachas ar thaisteal agus ar chothú mar gheall ar an tionchar a bhí ag srianta Covid-19 ar thaisteal gnó.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin €7.89 milliún; toradh: €16.049 milliún

Eascraíonn breis agus €8.159 milliún i gcaiteachas ar chostais áitribh oifige as costais bhonneagair a bhaineann leis an mBreatimeacht ag Port Bhaile Átha Cliath agus Port Ros Láir. Maoiníodh an chuid is mó den mheastachán forlíontach maidir leis an mbarrachas áitribh oifige le coigilteas ar thuarastail a ghin paindéim Covid-19.

viii Cothabháil mótarfheithiclí agus trealaimh

Soláthar meastacháin €3.95 milliún; toradh: €6.332 milliún

Bhí an caiteachas €2.382 milliún níos airde i gcoibhneas leis an meastachán mar gheall ar shonrascadh moillithe i leith cothabháil a rinneadh ar scanóirí coimeádán soghluaiste na gCoimisinéirí Ioncaim, agus mar gheall ar chostais bhreise ar threalamh cosanta pearsanta Covid-19 (PPE). Bhí gá ann le vírmint chun an barrachas a chlúdach.

x Cúiteamh agus caillteanais

Soláthar meastacháin €800,000; toradh €1.158 milliún

Tá an méadú €358,000 ar chaiteachas ar chúiteamh agus caillteanais mar thoradh ar chostais mhóra a dámhadh in aghaidh na gCoimisinéirí Ioncaim. Bíonn sé deacair dámhachtainí costais dlí a mheas go cruinn mar gheall ar na tréimhsí feithimh fada agus an idirbheartaíocht costas. Bhí gá ann le vírmint chun an barrachas a chlúdach.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

				2020	2019
		Measta		Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000	€000
1	Fáltais as seirbhísí a bhaineann leis an Scéim Árachais Shóisialaigh Phá-Choibhneasa		37,437	37,437	37,437
2	Fíneálacha, forghéilltí nó costais dlí a aisghabhadh				
	Bunaidh	2,700			
	Forlíontach	(1,218)			
			1,482	1,406	2,811
3	Uimhreacha caomhnaithe				
	Bunaidh	150			
	Forlíontach	(10)			
			140	186	193
4	Fáltais maidir le bailiú an Tobhaigh Comhshaoil		400	—	405
5	Sciar an chostas bailithe ÚSNIS (Údarú Singil do Nósanna Imeachta Simplithe)				
	Bunaidh	15,900			
	Forlíontach	(4,942)			
			10,958	11,434	18,033
6	Míreanna Ilghnéitheacha				
	Bunaidh	1,787			
	Forlíontach	(587)			
			1,200	1,872	2,836
7	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar fháltais seirbhíse poiblí i ndáil le foireann státseirbhíse				
	Bunaidh	8,113			
	Forlíontach	(343)			
			7,770	7,943	8,826
			59,387	**60,278**	**70,541**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar achoimre sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ina iomláine, bhí leithreasaí-i-gcabhair €6.209 milliún níos lú ná an meastachán bunaidh. Tá an míniú ar na difríochtaí leagtha amach thíos.

2 Fíneálacha, forghéilltí nó costais dlí a aisghabhadh

Measta €2.7 milliún; réadaithe €1.406 milliún

Eascraíonn an t-easnamh €1.294 milliún mar gheall ar an tionchar a bhí ag srianta Covid-19 ar chur i bhfeidhm agus bailiú fíneálacha agus forghéilltí ó Mhárta 2020.

4 Fáltais maidir le bailiú an Tobhaigh Comhshaoil

Measta €400,000; réadaithe €nialas

Tagann an difríocht chun cinn mar gheall ar uainiú na híocaíochta. Fuarthas €407,147 i mí Feabhra 2021 maidir le muirear bailithe i leith Thobhach Comhshaoil 2020, a ndearna taifead air i gcuntais 2021.

5 Sciar an chostas bailithe ÚSNIS (Údarú Singil do Nósanna Imeachta Simplithe)

Measta €15.9 milliún; réadaithe €11.434 milliún

Leis an imréiteach láraithe (ar a dtugtar Údarú Singil do Nósanna Imeachta Simplithe (ÚSNIS) faoi láthair), féadann oibreoirí eacnamaíocha earraí a dhearbhú i mballstát AE amháin fad is atá na hearraí á n-iompórtáil nó á n-easpórtáil go fisiciúil i mballstát éagsúil. Tá an t-easnamh €4.466 milliún mar gheall ar an tionchar a bhí ag srianta Covid-19, i mBallstáit eile AE, ar ghníomhaíochtaí trádála cuideachtaí miondíola príobháideacha agus líon na n-iompórtálacha agus cionroinnt na gcostas bailithe custaim (ÚSNIS) á laghdú i leith iompórtálacha den chineál sin.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	441
Fáltais ó airgead tirim a forghéilleadh faoi Alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994	1,258	801
Fáltais ó sciar na hÉireann de na híocaíochtaí bliantúla faoi chomhaontú idirnáisiúnta frith-ghóchumtha/frith-chontrabhanna le déantúsóirí domhanda toitíní	811	787
Suim a aistríodh chuig an Státchiste	(1,654)	(2,029)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**415**	**—**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhFostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon foirne ag deireadh na bliana	**6,680**	**6,708**

5.2 Pá

	2020 €000	2019 €000
Pá	299,610	290,881
Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	6,563	5,971
Ragobair	1,174	2,446
ÁSPC an Fhostóra	21,771	19,817
Pá iomlán	**329,118**	**319,115**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2020 €	2019 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	128	18	19,808	19,568
Ragobair agus tinreamh breise	1,398	78	16,015	18,440
Liúntais le haghaidh sealoibre agus obair uainchláir	577	111	26,115	26,601
Míreanna ilghnéitheacha	164	4	18,856	43,330
Luach saothair bhreise i níos mó ná catagóir amháin	263	94	26,084	29,307

5.4 Dámhachtainí feidhmíochta

Caitheadh €102,000 san iomlán ar scéimeanna aitheantais foirne. Rinneadh 1,927 ndámhachtain ar leithligh, ó €25 go €250.

5.5 Socruithe eile luach saothair

Íocadh €5,000 san iomlán le fostaí amháin de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim in 2020 mar chúiteamh i leith caillteanas ioncaim de réir treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (2019: €126,621 i leith seisear fostaithe).

D'íoc na Coimisinéirí Ioncaim €53,000 san iomlán in 2020 le 29 státseirbhíseach ar scor i ndáil le táillí bord agallaimh, idirghabhálacha oiliúna agus costais finnéithe (2019: íocadh €82,157 le 33 státseirbhíseach ar scor agus ball seachtrach amháin). Rinneadh na híocaíochtaí sin de réir rátaí cuí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Folaíonn an cuntas seo caiteachas €411,000 i leith 13 oifigeach a bhí ar seirbhís taobh amuigh de na Coimisinéirí Ioncaim ar feadh na bliana 2020 ar fad nó cuid di agus ar íoc na Coimisinéirí Ioncaim a dtuarastal (2019: €522,000 i ndáil le 19 n-oifigeach). Tugadh 139 mball foirne de chuid na gCoimisinéirí ioncaim ar iasacht faoin Scéim Sannta Sealadaigh do ranna agus oifigí Rialtais eile ar feadh tréimhsí éagsúla. Ní dhearna na Coimisinéirí Ioncaim costáil ar an gcleachtadh seo.

Ní fholaíonn an cuntas seo caiteachas i leith 26 oifigeach a bhí ar seirbhís taobh amuigh de na Coimisinéirí Ioncaim ar feadh na bliana 2020 ar fad nó cuid di i ranna/oifigí Rialtais eile agus ar íoc na ranna/oifigí eile sin a dtuarastal.

5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2020 €000	2019 €000
Ró-íocaíochtaí	928	1,884	1,914
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	526	839	760

Aistríodh 27 bplean aisghabhála ró-íocaíochtaí dar luach €19,500 i ndáil le 23 dhuine aonair chuig 12 roinn éagsúla le linn na bliana.

5.7 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Ní raibh aon chaiteachas ag na Coimisinéirí Ioncaim in 2020 i ndáil le scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta.

Nóta 6 Míreanna Ilghnéitheacha

6.1 Nithe a díscríobhadh

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas le linn na bliana:

	2020 €000	2019 €000
Stoc as feidhm	1	70
Ró-íocaíochtaí párolla	5	—
	6	**70**

6.2 Muirir dhlí (fo-mhírcheann A (ix))

	2020 €000	2019 €000
Rangaítear costais dlí a íocadh le linn na bliana mar seo a leanas:		
Dlíodóirí seachtracha	3,400	5,149
Táillí abhcóide	4,892	3,543
Táillí agus costais eile:		
Costais féimheachta/leachtaithe	3,098	3,007
Táillí cúirte	13	151
Costais agus dámhachtainí ilghnéitheacha	707	1,112
	12,110	**12,962**

6.3 Costais chúitimh agus dlí (fo-mhírcheann A(x))

	Líon na gcásanna	Costais dlí a d'íoc an Oifig	Costais dlí a dámhadh	Cúiteamh a dámhadh	2020 Iomlán	2019 Iomlán
		€000	€000	€000	€000	€000
Éilimh ó fhostaithe na hoifige						
Caingean dlí, lena n-áirítear éilimh a rinneadh tríd an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	12	4	9	56	69	122
Costais ilghnéitheacha a d'eascair as teagmhais a bhain leis an obair	4	—	—	4	4	9
Éilimh ó dhaoine den phobal	27	40	1,039	6	1,085	1,104
		44	**1,048**	**66**	**1,158**	**1,235**

6.4 Maoiniú AE

Faoi chomhaontú deontais leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), bhí Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i dteideal deontais go huasmhéid €1.44m nó 80% den chostas incháilithe chun veain cúlscaiptheora shoghluaiste scanóra x-ghathaithe a cheannach, rud a úsáideann Custaim chun trucailí agus coimeádáin a scanadh. Fuarthas an chéad tráthchuid €720,000 in 2020 agus tá sé san áireamh i gcatagóir 6 'Ilghnéitheach' i leithreasaí-i-gcabhair.

Faoi chomhaontú deontais le OLAF, tá na Coimisinéirí Ioncaim i dteideal deontais go huasmhéid €1.735 milliún nó 80% den chostas incháilithe chun an dara veain cúlscaiptheora shoghluaiste scanóra x-ghathaithe a cheannach, rud a úsáideann Custaim chun trucailí agus coimeádáin a scanadh. Ordaíodh an scanóir in 2019 agus fuarthas an chéad tráthchuid €867,000 in 2019 agus tuairiscíodh í i gcuntas leithreasa 2019. Seachadadh an scanóir i Meán Fómhair 2020. Bhí an scanóir in úsáid ag deireadh na bliana agus cuireadh san áireamh é i nóta 2.1 den chuntas seo. Éileoidh na Coimisinéirí Ioncaim an dara tráthchuid deontais €405,000 i ráithe 3 de 2021.

Aguisín A Cuntais atá faoi choimirce Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá cuntais eile atá faoi choimirce na hOifige agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Oifig ráitis airgeadais a chur i láthair liostaithe sa tábla seo a leanas. Léirítear ann, ag deireadh mhí an Mhárta 2021, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh iad faoi bhráid an Oireachtais.

Ainm an Chuntais	Tréimhse chuntasaíochta dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchóireachta	Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
Cuntas ar Ioncam a Fuair an Stát arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim	2019	17 Aib 2020	27 Aib 2020

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 10

An Coimisiún um Achomhairc Chánach

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 10, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an Cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus caiteachas an Choimisiúin um Achomhairc Chánach.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €278,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Athrú reachtaíochta

Cumasaíodh leis an Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach agus Rialachán Réamheolaire), 2019, go gceapfadh an tAire Airgeadais Cathaoirleach don Choimisiún. Faoin Acht, cuirtear cúram ar an gCathaoirleach i leith freagracht fhoriomlán as bainistiú agus gnó an Choimisiúin. Gníomhaíonn an Cathaoirleach mar Oifigeach Cuntasaíochta. Ceapadh an Cathaoirleach agus chuir sí tús lena ról sa Choimisiún an 1 Iúil 2020.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach i gCiorclán 22 de 2020 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

Luacháil ar shócmhainní caipitil

Mar a fhoráiltear dó i gCiorclán 21 de 2020, tá tairseach €1,000 leagtha síos ag an gCoimisiún i leith chaipitliú a shócmhainní caipitil.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Coimisiún córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chur chun feidhme, a chothabháil agus a oibriú.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Chathaoirleach. Freisin, ní fhéadann aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear I dtaifead iad I gceart, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí eile a chosc nó a aimsiú in am trátha. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Is mar seo a leanas atá an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Seirbhísí tacaíochta

Nuair a bunaíodh an Coimisiún in 2016, socraíodh nósanna imeachta i ndáil le seirbhís íocaíochta agus cuntasaíochta an Choimisiúin atá á riar ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Síníodh comhaontú seirbhíse idir an Coimisiún agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim in 2016 ina leagtar amach freagrachtaí na bpáirtithe. Chlúdaigh an comhaontú sin cuntais/airgeadas, seirbhísí TF agus iniúchóireacht inmheánach. Rinneadh athbhreithniú ag deireadh 2019 agus mhol an Coimisiún feabhsuithe agus leasuithe beartaithe. Rinneadh an comhaontú seirbhíse athbhreithnithe a chomhaontú agus a shíniú an 12 Feabhra 2021.

I ndáil le soláthar seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla, tugaim faoi deara an ráthaíocht a thugann an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte do na Coimisinéirí Ioncaim.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na heilimintí seo a leanas ann.

- Rinneadh freagrachtaí airgeadais a shannadh ar leibhéal an lucht bainistíochta leis an gcuntasacht chomhfhreagrach.
- Cuireadh socruithe tuairiscithe ar bun ar gach leibhéal ar a bhfuil freagrachtaí bainistithe airgeadais sannta.
- Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntiú go nglactar an ghníomhaíocht cheartaitheach iomchuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid dualgas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá doiciméadú déanta ar na nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó uile.
- Tá córais ar bun chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú é
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Choimisiún
- go bhfuil córais ann a lena ndírítear ar shlándáil na bhfeidhmchlár TFC atá ag an gCoimisiún
- go bhfuil treoirlínte cuí infheistíochta caipitil i bhfeidhm
- go gcinntíonn an Coimisiún go ndírítear go hiomchuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

Iniúchóireacht inmheánach

Fostaíonn an Coimisiún gnólacht cuntasóirí chun seirbhísí seachfhoinsithe iniúchóireachta inmheánaí a chur ar fáil. Tuairiscíonn an tIniúchóir Inmheánach domsa agus go neamhspleách don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a fhaigheann, a athbhreithníonn agus a cheadaíonn plean oibre iniúchóireachta inmheánaí trí bliana leanúnach i gcomhairle le foireann bainistíochta an Choimisiúin.

In 2021, rinne an tIniúchóir Inmheánach tuairisciú ar an athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha airgeadais in 2020, rud a thug dearbhú réasúnach i ndáil leis an timpeallacht rialaithe inmheánaigh a bhí i bhfeidhm. Bonn eolais faoin bhfeidhm

iniúchóireachta inmheánaí is ea an anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Coimisinéir neamhchosanta orthu, agus tá a chuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna gceadú agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta.

Déanaimse an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Thug an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca dá aire ina thuarascáil bhliantúil gurb iad seo a leanas na saincheisteanna suntasacha ar déileáil sé leo le linn 2020

- seisiúin eolais ag gach cruinniú maidir le tionchar phaindéim COVID-19 ar an eagraíocht
- tuairiscí ráithiúla bainistíochta riosca ón bPríomhoifigeach Oibríochtaí/ón bPríomhoifigeach Riosca
- cur i láthair ráithiúil chuntais bhainistíochta an Choimisiúin
- athbhreithniú ar na dréachtchuntais leithreasa agus an ráiteas gaolmhar faoi rialuithe inmheánacha airgeadais
- cur i láthair ó Chathaoirleach an Choimisiúin ar a tosaíochtaí straitéiseacha ar theacht isteach san eagraíocht di
- an t-eolas is deireanaí ón gCathaoirleach maidir le cásbhainistíocht
- athbhreithniú ar an aschur ó iniúchadh bliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, lena n-áirítear an litir bhainistíochta agus freagraí bainistíochta an Choimisiúin
- cruinniú príobháideach leis an Iniúchóir Inmheánach, ag déanamh mionscrúdú ar a athbhreithniú ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha airgeadais 2019 agus ag comhaontú an Phlean Iniúchóireachta Inmheánaí do 2020
- rianú ar fhionnachtana oscailte an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus na n-iniúchtaí inmheánacha agus comhairle a chur ar an gCoimisiún ina leith
- athbhreithniú ar an lámhleabhar polasaithe airgeadais agus nósanna imeachta agus doiciméid eile rialachais
- nuashonruithe rialta TFC.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Coimisiún go ndírítear go hiomchuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

In 2020, chomhlíon an Coimisiún na treoirlínte soláthair, seachas i gcás conradh amháin (sa bhreis ar €25,000), arb ionann é agus €28,864 san iomlán (gan CBL san áireamh) agus leagtar na sonraí ina leith amach thíos.

- €28,864 (gan CBL san áireamh) i ndáil le hobair anailísí gnó i bhforbairt a dhéanamh ar chórais cásbhainistíochta amach anseo agus ar na nósanna imeachta próiseála ag an gCoimisiún. Chuaigh an Coimisiún i mbun fógraíochta d'anailísí gnó ag costas faoi €25,000 ach ní bhfuarthas aon iarratais. Ag an tráth céanna, d'fhostaigh an Coimisiún soláthraí ar thionscadal éagsúil i réimse gaolmhar ina raibh trasnáil shuntasach idir an tionscadal seo agus tionscadal an anailísí gnó. D'fhostaigh an Coimisiún an soláthraí céanna dá éis sin chun gníomhú mar anailísí gnó ar shuim €28,864.

Tá sonraí maidir le conarthaí neamhiomaíocha curtha ar fáil ag an gCoimisiún sa tuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002 d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha chun feidhme ag an gCoimisiún lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, agus dá mhéad is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí don Choimisiún agus rinneadh iad seo a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Athbhreithnithe Riosca agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. Bainfear úsáid as toradh na measúnuithe sin le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Déantar cur síos sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn leis na rioscaí a mhaolú agus ar an bhfreagracht as oibriú rialuithe a shanntar do bhaill shonracha foirne.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta in am is i dtráth. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis I bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an gCoimisiún le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a gcuid nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Mar bhonn taca ag monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais tá obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht bainistíochta taobh istigh den Choimisiún ar a bhfuil freagracht as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Paindéim COVID-19

Rinneadh measúnaithe ar thionchar Covid-19 ar thimpeallacht rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin agus cuireadh na rialuithe agus nósanna imeachta a leagtar amach i Lámhleabhar Nósanna Imeachta Airgeadais an Choimisiúin chun feidhme in 2020.

Chruthaigh ráig na paindéime Covid-19 dúshláin mhóra d'oibriú an Choimisiúin um Achomhairc Chánach agus dá sheirbhísí a sholáthar, go háirithe éisteachtaí agus comhdhálacha cásbhainistíochta a reáchtáil. Ó mhí an Mhárta 2020 i leith, cuireadh gach éisteacht siar, agus de réir threoirlínte an Rialtais, bhí an fhoireann ar fad ag obair ó chian. D'fhreastail na baill foirne chuí ar an oifig nuair a theastaigh lena chinntiú go leanfaí de sheirbhísí a chur ar fáil le linn na dianghlasála.

An 4 Lúnasa 2020, chuir an Coimisiún tús lena fhilleadh ar an oifig. Chuir an Coimisiún tús arís le héisteachtaí a sceidealú agus thosaigh sé arís ar iad a chur ar siúl i bpearsa agus ó chian ó lár mhí Lúnasa i leith. Tá rialuithe dochta, atá i gcomhréir le treoirlínte FSS, i bhfeidhm maidir le seoladh na n-éisteachtaí sin. Tá an rogha á tairiscint do pháirtithe chun freastal ar éisteacht i bpearsa in oifigí an Choimisiúin, de réir mar a cheadaítear faoi na srianta, nó freastal trí rochtain ó chian le háiseanna físchomhdhála.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2020 nach mór a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Marie-Claire Maney
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún um Achomhairc Chánach

31 Lúnasa 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis An Coimisiún um Achomhairc Chánach agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

3 Méan Fómhair 2021

Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach

Cuntas Leithreasa 2020

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Éascú ar achomhairc chánach a éisteacht	3,308	3,018	1,772
Ollchaiteachas		**3,308**	**3,018**	**1,772**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**75**	**63**	**49**
Glanchaiteachas		**3,233**	**2,955**	**1,723**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh atá os cionn na glansuime a fheidhmítear faoi réir géilleadh don Státchiste.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**278,210**	**1,484,735**

Marie-Claire Maney
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún um Achomhairc Chánach

30 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costas an chláir			
Pá		2,249	1,408
Neamhphá		769	364
Ollchaiteachas		**3,018**	**1,772**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**63**	**49**
Glanchaiteachas		**2,955**	**1,723**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(198)		
Dímheas	43		
Díluacháil	7		
Diúscairtí airgid thirim	5	(143)	(8)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	29		
Méadú ar stoc	(15)	14	(20)
Caiteachas díreach		**2,826**	**1,695**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		595	536
Glanchostas an chláir		**3,421**	**2,231**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 10 a tabhaíodh in áit eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	28	28
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	567	508
		595	**536**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	217	74
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		669	253
Stoic	2.2	22	7
Réamhíocaíochtaí		58	50
Iomlán na sócmhainní reatha		**749**	**310**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		73	36
Vóta 9 Na Coimisinéirí Ioncaim		510	195
Glanmhaoiniú Státchiste	2.3	159	58
Iomlán na ndliteanas reatha		**742**	**289**
Glansócmhainní reatha		7	21
Glansócmhainní		**224**	**95**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.4	**224**	**95**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Troscán agus feistis	Trealamh oifige	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	—	182	—	182
Breiseanna	7	72	119	198
Diúscairtí	—	(5)	—	(5)
Díluacháil	—	(12)	—	(12)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	7	237	119	363
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	—	108	—	108
Dímheas don bhliain	1	42	—	43
Dímheas ar dhiúscairtí	—	—	—	—
Dímheas ar dhíluacháil	—	(5)	—	(5)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	1	145	—	146
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**6**	**92**	**119**	**217**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	—	74	—	74

2.2 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Stáiseanóireacht agus stóir bheaga	4	6
Trealamh/ilghnéitheach	2	—
Ábhar inchaite TF	16	1
	22	**7**

2.3 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	278	1,485
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(119)	(1,427)
Glanmhaoiniú Státchiste	**159**	**58**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	669	253
	669	253
Creidiúnaithe		
Vóta 9 Na Coimisinéirí Ioncaim	(510)	(195)
	159	**58**

2.4 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			95	67
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	3,233		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(278)		
Vóta glan			2,955	1,723
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		595	536
Glanchostas cláir	1		(3,421)	(2,231)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**224**	**95**

2.5 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	43	115
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**43**	**115**

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas clár uile aicmithe mar chaiteachas riaracháin.

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	2,541	2,249	1,408
ii	Taisteal agus cothú	20	1	2
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	104	205	72
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	14	26	23
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	384	315	161
vi	Costais áitribh oifige	35	26	13
vii	Sainchomhairleoireacht agus seirbhísí eile	210	196	93
		3,308	**3,018**	**1,772**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar achoimre sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha sa chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin: €104,000, toradh: €205,000

Tharla an caiteachas breise de €101,000 ar thraenáil agus forbairt agus speansais theagmhasacha mar gheall ar imeachtaí dlíthiúla a réiteach.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	75	63	49
	Iomlán	**75**	**63**	**49**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhFostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon foirne ag deireadh na bliana	**34**	**29**

5.2 Pá

	2020 €000	2019 €000
Pá	2,046	1,276
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	—	1
Ragobair	5	5
ÁSPC an Fhostóra	198	126
Pá iomlán	**2,249**	**1,408**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó	
			2020	2019
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	—	—	—	1,016
Ragobair	11	—	1,074	4,612

Nóta 6 Míreanna Ilghnéitheacha

6.1 Costais chúitimh agus dlí

	Líon na gcásanna	Costais dlí a d'íoc an Coimisiún	Cúiteamh a dámhadh	Costais dlí a dámhadh	2020 Iomlán	2019 Iomlán
		€000	€000	€000	€000	€000
Éilimh ó fhostaithe na hoifige	1	—	100	—	100	—
Éilimh ó dhaoine den phobal	9	77	—	11	88	7
		77	**100**	**11**	**188**	**7**

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 11

Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 11, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i ndáil le seirbhísí ar leith a riar Oifig an Aire agus le deontais ar leith a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2020, as leithdháiltí neamhchaite a bhain le 2019, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €4.233 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

Freagrachtaí a aistriú

Aistríodh soláthar agus forbairt seirbhísí TF chuig Vóta 43 Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais an 1 Eanáir 2020. Sular cruthaíodh Vóta 43, tugadh cuntas ar shócmhainní, dliteanais agus caiteachas na hOifige faoi Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Aistríodh na sócmhainní agus na dliteanais ábhartha go léir chun na vótála seo.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Stoic

Comhroinneann an Roinn Airgeadais (Vóta 7) agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Vóta 11) stoic intomhalta TF. Déantar iad a leithdháileadh ar bhonn líon na mball foirne sna Vótaí faoi seach.

Ar chúiseanna a bhaineann le héifeachtúlacht agus le háisiúlacht, déantar an caiteachas ar stoic stáiseanóireachta a thaifeadadh faoi Vóta 7. Mar sin féin, toisc go meastar na stoic a bheith comhroinnte, áirítear iad sna nótaí um chostas oibriúcháin a ghabhann le cuntais Vóta 7 agus Vóta 11 agus leithdháiltear iad ar bhonn an líon foirne sna ranna faoi seach.

Sócmhainní caipitil

Is oifig de chuid na Roinne í an OGCIO agus toisc go bhfuil speisialtóireacht aici i seachadadh agus i bhforbairt seirbhísí TF, tá sé fós freagrach as infheistíocht na Roinne in TF agus as a sócmhainní TF. Go ginearálta, déantar sócmhainní trealaimh TF a thaifeadadh anois ar chlár sócmhainní an OGCIO. Mar sin féin, choinnigh agus cheannaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sócmhainní TF áirithe mar chórais ordaithe atá le húsáid go heisiach.

Dímheas

Ón 1 Eanáir 2020, d'athraigh an modh dímheasa óna ghearradh ar bhonn bliantúil chuig a ghearradh ar bhonn míosúil. Gearrtar dímheas de réir méid cothrom.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le ceangaltais an chomhaontaithe um bainistiú seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí AD agus seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar.

Táim ag brath ar an litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do ghníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Is ann do Choiste Iniúchóireachta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais don Roinn Airgeadais ábhartha freisin, ós rud é go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí áirithe ar bhonn comhroinnte do Vóta 11.
- Tá nósanna imeachta do phríomhphróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha
- córas bainistithe riosca atá ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú.

Iniúchóireacht inmheánach agus coiste iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra ar cuireadh oiliúint chuí air, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, atá faofa agam, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Athbhreithním an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí ó am go ham i gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar obair leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Comhlíonadh soláthair

Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ábhartha uile. Tá an Roinn tar éis mionsonraí a chur ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le haon chonradh neamhiomaíoch amháin sa tuairisceán bliantúil i ndáil le ciorclán 40/2002.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh le tabhairt fúthu agus, a mhéid is féidir, leis na rioscaí seo a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm, rud a aithníonn na príomhrioscaí roimh an Roinn agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a tábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár go ráithiúil.Úsáidtear toradh na measúnuithe seo le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialuithe agus gníomhaíochtaí is gá le rioscaí a mhaolú agus sannann sé freagracht as feidhmiú rialaithe do bhaill foirne áirithe.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh maidir le rialú a chur in iúl go tráthúil dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, i gcásanna ábhartha. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe bainteach aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtúlacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an gcreat do rialú inmheánach airgeadais.

Paindéim Covid-19

Cuireadh beartais leanúnachais gnó i bhfeidhm chun déileáil le tionchar Covid-19 agus chabhraigh sé seo leis an Roinn leanúint le bheith lánoibríochtúil le linn 2020.

I ngeall ar chineál déabhlóidithe an bhuiséadaithe laistigh den Roinn féin, ar sheachfhoinsiú na cuntasaíochta chuig an Roinn Airgeadais agus an phárolla chuig an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus i ngeall ar chórais a chuir ar chumas na Roinne obair go lánchianda ó dheireadh mhí an Mhárta 2020, is beag tionchar a bhí ag an bpaindéim ar thimpeallacht rialaithe airgeadais na Roinne.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2020 ba chúis, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis, le caillteanas ábhartha.

David Moloney
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

24 Márta 2021

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le hOifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta10 an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Lúnasa 2021

Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Cuntas Leithreasa 2020

		Soláthar meastacháin		2020 Toradh	2019 Toradh
		€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir					
A	Caiteachas poiblí agus beartas earnálach		20,355	19,618	18,640
B	Bainistiú agus athchóiriú na seirbhíse poiblí				
	Soláthar na bliana reatha	24,574			
	Géilleadh iarchurtha	146			
			24,720	22,102	40,905
	Ollchaiteachas				
	Soláthar na bliana reatha	44,929			
	Géilleadh iarchurtha	146			
			45,075	**41,720**	**59,545**
	Lúide				
C	**Leithreasaí-i-gcabhair**		**2,184**	**3,062**	**2,676**
	Soláthar na bliana reatha	42,745			
	Géilleadh iarchurtha	146			
	Glanchaiteachas		**42,891**	**38,658**	**56,869**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a sholáthraítear thar an nglanmhéid a chuirtear i bhfeidhm le géilleadh don Státchiste.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr	4,232,708	2,124,445
Géilleadh iarchurtha	—	(146,000)
Farasbarr le géilleadh	**4,232,708**	**1,978,445**

David Moloney
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

24 Márta 2021

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costas an chláir		16,023	28,585
Pá		24,226	27,460
Neamhphá		1,471	3,500
Ollchaiteachas		**41,720**	**59,545**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**3,062**	**2,676**
Glanchaiteachas		**38,658**	**56,869**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(203)		
Dímheas	34	(169)	615
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	3,393		
Méadú ar stoc deiridh	6	3,399	(899)
Caiteachas díreach		**41,888**	**56,585**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		7,368	5,332
Measchíosanna		2,449	2,449
Glanchostas an chláir		**51,705**	**64,366**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 11 a tabhaíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 7	Airgeadas	995	815
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	—	375
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	4,065	3,653
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,643	2,157
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	48	42
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	617	—
Costas seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile		—	(1,710)
		7,368	**5,332**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	2,308	9,683
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		1,385	1,009
Stoic	2.2	17	23
Iarmhéideanna dochair eile	2.3	67	316
Réamhíocaíochtaí		448	3,659
Ioncam fabhraithe	2.4	65	369
Iomlán na sócmhainní reatha		**1,982**	**5,376**
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe		186	308
Iarmhéideanna sochair eile	2.5	1,270	1,339
Glanmhaoiniú Státchiste	2.6	182	(14)
Iomlán na ndliteanas reatha		**1,638**	**1,633**
Glansócmhainní reatha		344	3,743
Glansócmhainní		**2,652**	**13,426**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.7	**2,652**	**13,426**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh TF	Troscán agus feistis	Trealamh oifige	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní					
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	24,963	141	2	1,460	26,296
Aistriú go hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	(21,472)	(126)	—	—	(21,598)
Breiseanna	—	—	—	203	203
Diúscairtí	(1)	—	—	—	(1)
Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt a cuireadh chun seirbhíse	1,563	—	—	(1,563)	—
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	4,783	15	2	100	4,900
Dímheas Carntha					
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	16,550	61	2	—	16,613
Aistriú go hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	(13,997)	(57)	—	—	(14,054)
Coigeartú ar mhodh dímheasa	(76)	(1)	—	—	(77)
Dímheas don bhliain	110	1	—	—	111
Dímheas ar dhiúscairtí	(1)	—	—	—	(1)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	2,586	4	2	—	2,592
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**2,197**	**11**	**—**	**100**	**2,308**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	8,143	80	—	1,460	9,683

2.2 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Stáiseanóireacht	9	13
Ábhair inchaite TF	8	10
	17	**23**

2.3 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Tuarastail in-fhorchúitithe	—	32
Caiteachas taistil in-fhorchúitithe	—	3
Caiteachas in-fhorchúitithe ar phasanna taistil	35	174
Míreanna dochair eile ar fionraí	32	107
	67	**316**

2.4 Ioncam fabhraithe

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Ranníocaíochtaí pinsin Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta	9	333
An Foras Riaracháin – ranníocaíochtaí aoisliúntais breise	56	36
	65	**369**

2.5 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Suimeanna dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	486	491
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	217	227
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	26	148
Cáin bhreisluacha	24	250
Ranníocaíochtaí pinsin	80	89
Cáin Mhaoine Áitiúil	2	3
	835	1,208
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	104	107
Míreanna sochair eile ar fionraí	331	24
	1,270	**1,339**

2.6 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	4,233	1,978
Géilleadh iarchurtha	—	146
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(4,051)	(2,138)
Glanmhaoiniú Státchiste	**182**	**(14)**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	1,385	1,009
Iarmhéideanna dochair: fionraí	67	316
	1,452	1,325
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(835)	(1,208)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(435)	(131)
	(1,270)	(1,339)
	182	**(14)**

2.7 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			13,426	13,142
Eisíocaíochtaí as an vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	42,745		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	146		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(4,233)		
Glanvóta			38,658	56,869
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile			7,368	5,332
Míreanna neamhairgid – aistriú sócmhainní caipitil			(7,544)	—
Caiteachas neamhairgid – measchíos			2,449	2,449
Glanchostas an chláir			(51,705)	(64,366)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**2,652**	**13,426**

2.8 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	**2020** **€000**	**2019** **€000**
Soláthar earraí agus seirbhísí	—	643
Tionscadail chaipitil	—	107
Iomlán na gceangaltas is infheidhmithe go dlíthiúil	**—**	**750**

2.9 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	**2020** **€000**	**2019** **€000**
Meastachán ar dhliteanais aibithe nár glanadh ag deireadh na bliana	7	6

Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fho-mhírcheann

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár, chun costálacha iomlána an chláir a chur i láthair.

		Soláthar meastacháin	2020 Toradh	2019 Toradh
		€000	€000	€000
I	Tuarastail, pá agus liúntais	24,551	24,227	27,460
ii	Taisteal agus cothú	308	104	320
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	950	842	1,161
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	22	14	214
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	93	190	1,446
vi	Speansais áitribh oifige	377	321	355
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus eile	30	—	4
		26,331	**25,698**	**30,960**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach thíos anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist (+/- 25% agus €100,000).

ii **Taisteal agus cothabháil**

Soláthar meastacháin €308,000; toradh €104,000

Tharla an laghdú €204,000 sa chaiteachas ar thaisteal agus cothú i ngeall ar shrianta taistil le linn phaindéim Covid-19.

iii **Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha**

Soláthar meastacháin €950,000; toradh €842,000

Tharla an laghdú €108,000 sa chaiteachas ar oiliúint agus ar fhorbairt agus ar chostais theagmhasacha i ngeall ar laghdú ar an oiliúint agus ar chruinnithe fisiciúla le páirtithe leasmhara seachtracha.

Clár A Caiteachais Phoiblí agus Polasaí Earnálach

		2020		2019
		Soláthar meastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	10,583	10,745	9,648
A.2	Riarachán - neamhphá	738	592	981
A.3	Institiúid Taighde Eacnamaíoch agus Sóisialta - costais riaracháin agus ghinearálta	2,775	2,775	2,775
A.4	Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile	1,295	1,115	1,104
A.5	Costais um chúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach	650	650	650
A.6	Comhlacht na gClár Speisialta AE agus cláir Thuaidh/Theas	2,380	2,112	2,300
A.7	INTERREG na hÉireann/na Breataine Bige agus INTERREG Trasnáisiúnta	195	149	79
A.8	Seirbhísí comhairleoireachta agus eile	421	140	277
A.9	Maoiniú do phinsin do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne	450	1,168	542
A.10	Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann	368	172	284
A.11	Tacaíocht nuálaíochta tógála	500	—	—
		20,355	**19,618**	**18,640**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach thíos na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €737,000 ní b'ísle ná mar a soláthraíodh.

A.4 Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile

Soláthar meastacháin €1.295 milliún; toradh €1.115 milliún

Tharla an coigilteas €180,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall ar níos lú saineolais iniúchta ón taobh amuigh a bheith riachtanach ná a beartaíodh.

A.7 Comhlacht na gClár Speisialta AE agus Cláir Thuaidh/Theas

Soláthar meastacháin €2.38 milliún; toradh €2.112 milliún

Tharla an coigilteas €268,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall ar uainiú ghníomhaíochtaí SEUPB i ndáil le caiteachas cláir.

A.8 Seirbhísí comhairleoireachta agus eile

Soláthar meastacháin €421,000; toradh €140,000

Tharla an ganntanas €281,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall ar uainiú na n-athbhreithnithe ar scéimeanna tionchair timpeallachta Faoisimh Tuilte Oifig na nOibreacha Poiblí lena ndaingniú ag an Aire agus i ngeall ar mhoill na hOifige Infheistíochta Náisiúnta maidir le gnéithe den obair i ngeall ar phaindéim Covid-19.

A.9 Maoiniú do phinsin do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne

Soláthar meastacháin €450,000; toradh €1.168 milliún.

Tharla an fuílleach €718,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall ar líon fostaithe a chuaigh ar scor, rud nach raibh tuartha nuair a rinneadh na Meastacháin Athbhreithnithe i ndeireadh 2019.

A.10 Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann

Soláthar meastacháin €368,000; toradh €172,000

Tharla an coigilteas €196,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall ar athbheartú tosaíochta san obair, lena n-áirítear imeachtaí a chur ar athlá de bharr phaindéim Covid-19.

A.11 Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann

Soláthar meastacháin €500,000; toradh €nialas

Tharla an coigilteas €500,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall nár cuireadh an clár oibre riachtanach ar aghaidh a dhóthain in 2020 le go bhféadfaí cistiú a thabhairt d'iarrthóir cuí trí chomórtas oscailte.

Clár B Bainistiú agus Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

		2020		2019
		Soláthar meastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán - pá	13,968	13,482	17,812
B.2	Riarachán - neamhphá	1,042	879	2,519
B.3	An Foras Riaracháin	2,725	2,725	2,725
B.4	Nós imeachta eadrána agus achomhairc na státseirbhíse	42	33	32
B.5	Seirbhísí comhairleoireachta agus eile	506	137	367
B.6	Ciste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí	1,000	933	—
B.7	Clár oibre athchóirithe	1,190	923	1,314
B.8	Seirbhís chomhroinnte oifigeach cúnaimh d'fhostaithe	1,451	1,346	1,376
B.9	Tacaíocht don socrú faoin bpá poiblí	190	17	226
B.10	Clár foghlama agus forbartha don státseirbhís	1,000	448	675
B.11	Tionscadal riaracháin na scéime pinsean seirbhíse poiblí aonair	290	9	244
B.12	Cur i bhfeidhm an Achta um Nochtadh Cosanta	220	220	220
B.13	Tionscadal sonraí na hearnála neamhbhrabúis	950	950	950
	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	—	—	12,445
		24,574	**22,102**	**40,905**

Difríochtaí suntasacha
Leagtar amach thíos na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár B €2.472 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh. €650,000 an cion iomlán a coiglíodh i gcaiteachas riaracháin. Na nithe seo a leanas a bhí mar chúis le hiarmhéid na difríochta don chuid is mó:

B.5 Seirbhísí comhairleoireachta agus eile

Soláthar meastacháin: €506,000; toradh €137,000
Tharla an coigilteas €369,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall gur lú ná a ceapadh an costas a bhí ar chomhairle dhlíthiúil a fuair lucht acmhainní daonna na státseirbhíse, chomh maith le caiteachas seirbhíse poiblí ar chomhairleoireacht ar fud ár n-aonad gnó i gClár B.

B.7 Clár oibre athchóirithe

Soláthar meastacháin €1.19 milliún; toradh €923,000
Tharla an coigilteas €267,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall ar chumasc coigilteas níos lú thar líon réimsí beartais agus cláir, go háirithe maidir le hacmhainní, beartas agus cumas acmhainní daonna na státseirbhíse.

B.8 **Seirbhís chomhroinnte oifigeach cúnaimh d'fhostaithe**

Soláthar meastacháin €1.451 milliún; toradh €1.346 milliún
Tharla an coigilteas €105,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall ar choigilteas i bpá na gclár chomh maith le costais laghdaithe taistil tharla, den chuid is mó, nach raibh oifigigh chúnaimh d'fhostaithe in ann bualadh go fisiciúil le cliaint ar fud an Stáit le linn na paindéime.

B.9 **Tacaíocht don socrú faoin bpá poiblí**

Soláthar meastacháin €190,000; toradh €17,000
Tharla an coigilteas €173,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin toisc nach raibh gá sa deireadh leis an tacaíocht sheachtrach a ceapadh a bheadh riachtanach.

B.10 **Clár foghlama agus forbartha don státseirbhís**

Soláthar meastacháin €1 milliún; toradh €448,000
Tharla an coigilteas €552,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall, den chuid is mó, ar mhoill ar an tionscnamh áiseanna malartacha seomra ranga a fheistiú lena gcur in áit na seomraí ranga ag OneLearning in OTBÁC, i gCearnóg Mhuinseo. Chuaigh an léas ar áitreabh OTBÁC in éag ar an 31 Nollaig 2020.

B.11 **Tionscadal riaracháin na scéime pinsean seirbhíse poiblí aonair**

Soláthar meastacháin €290,000; toradh €9,000
Tharla an coigilteas €281,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall, den chuid is mó, ar mhoill ar obair deartha agus forbartha a bhí beartaithe do chóras lárnach TFC amach anseo chun tacú le riarachán na Scéime Pinsean Aonair ar fud na seirbhíse poiblí, mar thoradh ar Covid-19. Tharla coigilteas freisin i ngeall ar oiliúint bunaithe sa seomra ranga a bheith ar fionraí siocair shrianta Covid-19.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020 Measta €000	2020 Réadaithe €000	2019 Réadaithe €000
1	Cláir AE	708	1,075	667
2	Farasbairr i sreabhadh airgid pinsin	56	483	85
3	Ilghnéitheach	60	74	120
4	Fáltais ó asbhaintí breise aoisliúntais ar luach saothair na seirbhíse poiblí	1,360	1,430	1,804
	Iomlán	**2,184**	**3,062**	**2,676**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach thíos na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus € 100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €878,000 níos mó ná an meastachán bunaidh. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

1 Cláir AE

Soláthar meastacháin €708,000; olltoradh €1.075 milliún

Tharla an méadú €367,000 i ngeall ar an deacracht meastachán a dhéanamh ar uainiú agus ar mhéid na n-aisíocaíochtaí a bhain le cláir AE.

2 Farasbarr i sreabhadh airgid pinsin

Soláthar meastacháin €56,000; olltoradh €483,000

Tharla an méadú €427,000 i ngeall, den chuid is mó, ar ranníocaíochtaí carntha fostóra agus fostaithe a bheith á n-íoc ag Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta nuair a réitíodh roinnt saincheisteanna pinsin.

4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste

	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir	—	—
Géilleadh deonach thuarastail na n-airí	28	19
Fáltas AE – Tionscadal Sonraí Oscailte	95	—
Fáltas AE – Tionscadal Bóthair	36	—
Fáltas AE – Tionscadal TII Atlantach	254	—
Fáltais Ilghnéitheacha	3	—
Deontais nuálaíochta seirbhíse poiblí a tugadh ar ais sa bhliain 2020	44	—
Méid a aistríodh chuig an Státchiste	(460)	(19)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	—	—

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhFostaithe

Comhionann le fostaithe lánaimseartha	2020	2019
Líon foirne ag deireadh na bliana	**377**	**430**

5.2 Pá

	2020 €000	2019 €000
Pá	24,175	26,947
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	241	275
Liúntais eile	23	53
Ragobair	26	80
ÁSPC an Fhostóra	1,889	2,039
Pá iomlán[a]	**26,354**	**29,394**

Nóta [a] Tá an figiúr don phá iomlán dáilte thar fhotheidil A.1, A.4, B.1 agus B.8.

Ní dhéanann an Roinn maoiniú díreach ar chostais aon cheann de na comhlachtaí atá faoina coimirce.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2020 €	2019 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	32	6	33,016	34,389
Liúntais eile	3	1	13,590	8,984
Ragobair	18	—	7,306	11,350
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	1	1	14,915	28,469

5.4 Socruithe luacha saothair eile

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de €291,417 (2019: €159,582) maidir le ceathrar oifigeach (2019: triúr oifigeach) a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2020 uile nó cuid di agus ar íoc an Roinn a dtuarastal.

Faoi théarmaí an chomhaontaithe athstruchtúraithe den Chlár 1% Iomaíochais agus Oibre (PCW) de chuid AHCPS, fuair 46 oifigeach (2019: 42) €110,137 san iomlán (2019: €106,218) i leith liúntais PCW/sinsearachta.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon faighteoirí	2020 €	2019 €
Ró-íocaíochtaí	24	75,535	49,043
Pleananna Aisghabhála i bhFeidhm	4	7,172	12,487

Aistríodh triúr a raibh pleananna aisghabhála i bhfeidhm acu ar luach €1,060 chuig ranna eile sa bhliain.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Maoiniú AE

Cuimsíonn an toradh a thaispeántar i bhfotheidil A.4, A.5 agus A.6 na híocaíochtaí seo a leanas maidir le gníomhaíochtaí a gcómhaoiníonn AE iad. Seo a leanas meastacháin ar chaiteachas agus an toradh iarbhír:

Teideal	Cur Síos	2020 Meastachán €000	2020 Toradh €000	2019 Toradh €000
A.4	Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile	735	726	857
A.5	Costais um chúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach	650	650	650
A.6	Comhlacht na gClár Speisialta AE agus cláir Thuaidh/Theas	1,175	1,120	1,339
		2,560	**2,496**	**2,846**

6.2 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

	Bliain an cheaptha	2020 €000	2019 €000
Bord Eadrána na Státseirbhíse [a]	1950/51	**17**	**32**
An Coiste um Cheapacháin Ardleibhéil [b]	1984	**50**	**51**
		67	**83**

Nóta

[a] Soláthraíonn Bord Eadrána na Seirbhíse Poiblí bealach atá inghlactha don Stát agus dá fhostaithe araon chun déileáil le héilimh agus le tograí a bhaineann le coinníollacha seirbhíse státseirbhíseach agus chun an comhoibriú is fearr a dhaingniú idir an Stát, mar fhostóir, agus státseirbhísigh, mar fhostaithe, ionas gur fearr a chomhlíonfar gnó poiblí.

[b] Bunaíodh an Coiste um Cheapacháin Ardleibhéil i 1984. Is é feidhm an Choiste iarrthóirí a mholadh d'Airí agus don Rialtas le haghaidh na bpost is sinsearaí sa státseirbhís – ar leibhéal Rúnaí Chúnta agus níos airde. Tríd an bhfeidhm sin a chomhlíonadh ar bhealach neamhspleách agus trína chuid cinntí a dhéanamh bunaithe ar fhiúntas coibhneasta na n-iarrthóirí do na poist lena mbaineann agus air sin amháin, bíonn sé mar aidhm ag an gCoiste struchtúr bainistíochta na státseirbhíse a neartú agus modh a sholáthar trínar féidir leis na hiarrthóirí is fearr féachaint lena lánacmhainn a bhaint amach.

Nóta 7 An Ciste Teagmhais

	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	1,200	1,200
Fáltais	—	—
Íocaíochtaí	—	—
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**1,200**	**1,200**

Is ciste neamhreachtúil é an Ciste Teagmhais a bunaíodh i 1923. Tá an ciste ar fáil lena úsáid chun íocaíocht a éascú i ndáil le caiteachas práinneach nó caiteachas gan choinne nach bhfuil cumhdaithe ag na gnáth-Vótaí, agus dá bhféadfadh sé a bheith neamhphraiticiúil cead láithreach a lorg ó Dháil Éireann ina leith, e.g. le linn sosa.

Leagtar na nósanna imeachta maidir le feidhmiú an Chiste amach sna *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* (Ailt C.1.5 go C.1.12).

Déantar athbhreithniú gach cúig bliana ar mhéid an Chiste. I ndiaidh athbhreithniú in 2020, rinneadh an cinneadh gur cheart an Ciste a choinneáil ag a leibhéal reatha.

Aguisín A Cuntais do Chomhlachtaí na Cistí agus faoi choimirce an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Seo a leanas tábla le liosta de na comhlachtaí faoi choimirce na Roinne agus áit a bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léiríonn sé, ag deireadh Márta 2021, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí agus cathain a cuireadh an Oireachtais iad.

Comhlacht/ ciste Roinne	Tréimhse chuntasaíochta is déanaí	Dáta na tuarascála iniúchta	Dáta faighte ag Aire/ Roinn	Dáta curtha i láthair an Oireachtais
Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta	2019	3 Iúil 20	31 Iúil 20	13 Deireadh Fómhair 20
An Foras Riaracháin	2019	3 Nollaig 20	9 Nollaig 20	21 Eanáir 21
An Ciste Oideachais Éireann-Stát Aontaithe	2019	10 Nollaig 20	11 Nollaig 20	14 Nollaig 20
Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta	2019	21 Nollaig 20	24 Feabhra 21	25 Feabhra 21
Comhlacht na gClár Speisialta AE	2019	3 Feabhra 20	8 Feabhra 21	17 Feabhra 21
Cuntas Taiscí Ilchineálacha Maoine Stáit	2019	10 Nollaig 20	11 Nollaig 20	14 Nollaig 20
Ciste Cosanta Taistealaithe	2019	20 Aibreán 20	20 Aibreán 20	21 Aibreán 20

Vóta 12

Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 12, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar phinsin, aoisliúntas, díobhálacha ceirde agus liúntais agus aiscí eile faoi na hAchtanna Aoisliúntas 1834 go 2004, agus reachtanna ilchineálacha eile; ar phinsin reachtúla bhreise, liúntais agus aiscí arna ndámhachtain ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; ar tháillí maidir le teistiméirí leighis agus táillí ócáideacha do dhochtúirí; ar chúiteamh agus íocaíochtaí eile maidir le díobhálacha pearsanta; ar tháillí leis an gComhairle Pinsean, agus ar tháillí gairmiúla eile agus ar íocaíochtaí ilghnéitheacha, i measc nithe eile.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €113.209 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe Chuntasaíochta agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a ullmhú, réir mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas a ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím mo fhreagracht as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á oibriú ag an Roinn.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta údaraithe agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go gcoisctear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse atá ann idir an roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta le haghaidh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil don roinn seo.

Is mar seo a leanas an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chumhdach.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm chomh maith le tuairisciú rialta bainistíochta, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC.

Iniúchóireacht Inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí inti, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam féin. Tá obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh agus tá a phleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Ar an gclár rioscaí, tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as rialuithe do bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ar na daoine den lucht bainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Paindéim Covid-19

Rinneadh measúnuithe ar thionchar phaindéim Covid-19 agus cuireadh bearta i bhfeidhm a fhágann gur féidir le gach ball foirne, beagnach, feidhmiú go hiomlán trí chianrochtain faoi dheireadh mhí an Mhárta 2020. Ar an mbealach sin laghdófaí an cailleadh táirgiúlachta saothair de bharr cur isteach a bhaineann le paindéim Covid-19.

De bharr na socruithe a bhfuil achoimre orthu thuas agus de bharr ardáin chomhroinnte TF a bheith ar fáil, bhí Vóta 12 ag obair ó chian ó dheireadh mhí an Mhárta 2020 i leith, agus ba bheag an tionchar a bhí ar an timpeallacht rialaithe airgeadais.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí eile i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2020 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

David Moloney
Oifigeach Cuntasaíochta
Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

24 Márta 2021

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Aoisliúntas agus Liúntais Scoir agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Meán Fómhair 2021

Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir
Cuntas Leithreasa 2020

			2020	2019
		Soláthar mheastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Aoisliúntas agus liúntais scoir	640,117	628,412	598,656
	Ollchaiteachas	**640,117**	**628,412**	**598,656**
B	Leithreasaí-i-gcabhair	**264,600**	**366,104**	**337,680**
	Glanchaiteachas			
		375,517	**262,308**	**260,976**

Farasbarr

Tá an farasbarr ar an tsuim atá curtha ar fáil os cionn na glansuime feidhmithe dlite le géilleadh don Státchiste

	2020	2019
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**113,209,239**	**110,322,479**

David Moloney
Oifigeach Cuntasaíochta
Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

24 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costas an chláir		628,140	598,419
Pá		—	—
Neamhphá		272	237
Ollchaiteachas		**628,412**	**598,656**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**366,104**	**337,680**
Glanchaiteachas		**262,308**	**260,976**
Caiteachas a bhaineann le réimsí eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		3,803	3,546
Glanchostas an chláir		**266,111**	**264,522**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is é atá i suim an glanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 12 a tabhaíodh in áit eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 7	Airgeadas	44	40
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	2,674	2,575
An Príomh-Chiste		1,085	931
		3,803	**3,546**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.1	18,454	16,080
Iarmhéideanna dochair eile	2.2	267	751
Iomlán na sócmhainní reatha		**18,721**	**16,831**
Lúide dliteanais reatha			
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.3	11,439	14,737
Glanmhaoiniú Státchiste	2.4	7,282	2,094
Iomlán na ndliteanas reatha		**18,721**	**16,831**
Glansócmhainní reatha		—	—
Glansócmhainní		—	—
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.5	—	—

2.1 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	17,755	16,052
Iarmhéid cuntais bainc tráchtála	699	28
	18,454	**16,080**

2.2 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Pinsin in-fhorchúitithe atá dlite ag ranna eile	267	269
An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO)		482
	267	**751**

2.3 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	7,656	7,336
Muirear Sóisialach Uilíoch	1,258	1,264
Cáin Mhaoine Áitiúil	141	138
	9,055	8,738
Asbhaintí pinsin deonacha á gcoinneáil ar fionraí	17	4,142
Míreanna creidmheasa fionraí eile	2,367	1,857
	11,439	**14,737**

2.4 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	113,209	110,322
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(105,927)	(108,228)
Glanmhaoiniú Státchiste	**7,282**	**2,094**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	18,454	16,080
Iarmhéideanna dochair: fionraí	267	751
	18,721	16,831
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(9,055)	(8,738)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(2,384)	(5,999)
	(11,439)	(14,737)
	7,282	**2,094**

2.5 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			—	—
Eisíocaíochtaí as an Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	375,517		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(113,209)		
Glanvóta			262,308	260,976
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile			3,803	3,546
Glanchostas an chláir				(264,522)
			(266,111)	
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			—	—

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Clár A Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

		2020		2019
		Soláthar meastachái n	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Liúntais aoisliúntais, liúntais chúitimh, pinsin agus liúntais áirithe leanaí	466,144	456,298	429,927
A.2	Íocaíochtaí faoi na scéimeanna pinsin ranníocacha do chéilí agus leanaí státseirbhíseach, chomhaltaí na breithiúna agus oifigigh na cúirte	42,679	43,011	42,912
A.3	Pinsin ex-gratia do bhaintreacha agus leanaí státseirbhíseach, chomhaltaí na breithiúna agus oifigigh na cúirte	325	253	303
A.4	Liúntais bhreise agus aiscí maidir le hoifigigh bhunaithe agus íocaíochtaí maidir le seirbhís aistrithe	107,233	106,065	103,406
A.5	Pinsin, liúntais agus aiscí maidir le hoifigigh neamhbhunaithe agus a gcéilí agus leanaí agus pinsin agus íocaíochtaí eile maidir le seirbhís aistrithe	22,500	21,883	21,297
A.6	Deontais díobhála agus táillí leighis	387	328	375
A.7	Táillí a bhaineann le pinsin agus speansais eile	394	272	237
A.8	Íocaíochtaí maidir le dliteanas faoi Chaibidil 2C den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997	400	248	145
A.9	Dliteanais phinsin iarbhall seirbhíse poiblí atá iníoctha faoi reacht	55	54	54
		640,117	**628,412**	**598,656**

Difríochtaí suntasacha

San achoimre a leanas, tá na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000).

A.7 Táillí a bhaineann le pinsean agus costais eile

Soláthar meastacháin €394,000; toradh €272,000
D'fhan soláthar do tháillí dlí gan úsáid ag deireadh bliana 2020 agus, mar thoradh air sin, bhí toradh 2020 níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

A.8 Íocaíochtaí maidir le dliteanas faoi Chaibidil 2C den Acht Comhdhlúite Cánacha ,1997
Soláthar meastacháin €400,000; toradh: €248,000
Foráiltear leis an acht seo gur féidir le daoine aonair a tháinig faoi dhliteanas i leith cáin ioncaim "farasbarr inmhuirearaithe" a roghnú aon fharasbarr inmhuirearaithe a aisíoc thar thréimhse iarscoir suas le 20 bliain, ach caithfidh an riarthóir pinsin an tsuim iomlán atá dlite a íoc leis an Ard-Bhailitheoir laistigh de 3 mhí ó scor an duine. I gcás go dtarlaíonn sé sin, taispeántar é mar mhuirear faoi fhotheideal A8.
Tharla an t-easnamh caiteachais €152,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin €400,000 mar gur fheidhmigh níos lú daoine ná mar a bhíothas ag súil leis a gceart chun muirear a chruthú don Vóta.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

			2020	2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltas faoin Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993 (Uimh. 38 de 1993), maidir le dliteanas pinsin na mball foirne	28,000	25,400	28,000
2	Fáltais maidir le dliteanas pinsin na mball foirne ar iasacht, etc.	1,300	1,009	933
3	Ranníocaíochtaí le scéim pinsin céilí agus leanaí le haghaidh státseirbhíseach agus daoine eile	18,200	17,055	17,239
4	Fáltais maidir leis an scéim ranníocach a tionscnaíodh do státseirbhísigh bhunaithe a ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó tar éis an dáta sin (Ciorclán 6/95)	31,200	36,854	33,074
5	Aisíocaíocht aiscí, etc.	800	112	640
6	Ceannach meas-seirbhíse	5,000	6,405	5,244
7	Ranníocaíochtaí scéime aonair	180,000	279,269	252,550
8	Ilghnéitheach	100	—	—
	Iomlán	**264,600**	**366,104**	**337,680**

Difríochtaí suntasacha

San achoimre a leanas, tá na cúiseanna a bhaineann le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí €101.504 milliún sa bhreis sna leithreasaí-i-gcabhair ná an meastachán. Tá míniú ar na héagsúlachtaí leagtha amach thíos:

1. **Fáltais ón Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993 (Uimh. 38 de 1993) maidir le dliteanas pinsin foirne**
   Meastachán €28 milliún; réadaithe €25.4 milliún
   Rinneadh athbhreithniú ar na fáltais a bhí dlite faoin reachtaíocht seo go gairid i ndiaidh na meastacháin a bheith críochnaithe. Ba é toradh an athbhreithnithe sin go raibh na fáltais a bhí dlite le laghdú go €25.4 milliún ó €28 milliún agus taisceadh na fáltais sin dá réir.

2. **Fáltais maidir le dliteanas pinsin na gcomhaltaí foirne ar iasacht, etc.**
   Meastachán €1.3 milliún; réadaithe €1.009 milliún
   Tharla an laghdú dar luach thart ar €300,000 mar gheall ar laghdú ar líon na mball foirne a bhí ar iasacht. Tá sé deacair líon na mball foirne ar iasacht a thuar ó bhliain go bliain.

3. **Ranníocaíochtaí le scéim pinsin céilí agus leanaí le haghaidh státseirbhíseach agus daoine eile**
   Meastachán €18.2 milliún; réadaithe €17.055 milliún
   Bhí an laghdú €1.1 milliún ann mar go raibh ranníocaíochtaí le scéim pinsin céilí agus leanaí do státseirbhísigh agus daoine eile níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. Féadfaidh sé seo athrú ó bhliain go bliain.

4. **Fáltais maidir leis an scéim ranníocach a tionscnaíodh do státseirbhísigh bhunaithe a ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó tar éis an dáta sin sin (Ciorclán 6/95)**
   Meastachán €31.2 milliún; réadaithe €36.854 milliún
   Bhí an méadú €5.7 milliún ann toisc gur measadh faoina luach leibhéal na bhfáltas ó chohórt státseirbhíseach a ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó tar éis an dáta sin agus roimh an 1 Eanáir 2013 ar baill den scéim bhunaithe iad. Laghdóidh an líon sa chohórt seo de réir mar a théann daoine ar scor ach bíonn tionchar ar an leibhéal ranníocaíochtaí ag athruithe i leibhéil tuarastail an chohóirt sin, a d'fhéadfadh méadú i gcomhréir le dul chun cinn gairme.

5. **Aisíocaíocht aiscí, etc.**
   Meastachán €800,000; réadaithe €112,000
   Athraíonn an fotheideal seo bliain ar bhliain toisc go bhfuil sé ag brath ar státseirbhísigh a bheith ag aisíoc a gcuid aiscí. Mar thoradh air sin, féadann sé a bheith deacair an meastachán a thuar.

6. **Ceannach meas-seirbhíse**
   Meastachán €5 mhilliún; réadaithe €6.405 milliún
   Is faoi lánrogha na n-oifigeach atá ceannach meas-seirbhíse, agus mar sin, is deacair fáltais ar an bhfotheideal seo a thuar go beacht.

7. **Ranníocaíochtaí scéime aonair**
   Meastachán €180 milliún; réadaithe €279.269 milliún
   Léiríonn an tsuim a cuireadh i leith an Vóta maidir leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair na ranníocaíochtaí a dhéanann gach seirbhíseach poiblí nua ar thosaigh a bhfostaíocht tar éis an 1 Eanáir 2013. Cé go ndéantar formhaoirseacht lárnach ar líon iomlán na bhfostaithe sa tseirbhís phoiblí, déantar líon na n-iontrálaithe nua, uainiú a bhfostaíochta agus an grád agus an leibhéal pá ar a mbíonn siad ag obair in earnálacha aonair in aon bhliain a bhainistiú sna hearnálacha sin agus is féidir leis athrú go mór. De bharr nádúr na bpróiseas earcaíochta agus scoir ar fud na seirbhíse poiblí, fanfaidh leibhéal éagsúlachta sna meastacháin i gcoinne na bhfáltas mar atá.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Foireann

Maidir le gach ball foirne a fhostaítear i riar agus íoc an aoisliúntais a ghearrtar ar an Vóta seo, íoctar iad ó Vóta 18 – Oifig Náisiúnta na Seirbhísí Comhroinnte. Gearrtar costais na foirne atá ag tabhairt faoi cheapadh an bheartais aoisliúntais ar Vóta 11 – Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

5.2 Pinsinéirí

Leagtar amach thíos de réir teidil an líon iomlán pinsinéirí atá i mbun íocaíochta ag deireadh na bliana.

		2020	2019
A.1	Liúntais aoisliúntais, liúntais chúitimh, pinsin agus liúntais áirithe leanaí	19,961	18,858
A.2	Íocaíochtaí faoi na scéimeanna pinsin ranníocacha do chéilí agus leanaí státseirbhíseach, chomhaltaí na breithiúna agus oifigigh na cúirte	2,986	2,940
A.3	Pinsin ex-gratia do bhaintreacha agus leanaí státseirbhíseach, chomhaltaí na breithiúna agus oifigigh na cúirte	18	20
A.5	Pinsin, liúntais agus aiscí maidir le hoifigigh neamhbhunaithe agus a gcéilí agus leanaí agus pinsin agus íocaíochtaí eile maidir le seirbhís aistrithe	4,438	4,546
A.9	Dliteanais phinsin iarbhall seirbhíse poiblí atá iníoctha faoi reacht	3	3
		27,406	**26,367**

5.3 Seirbhísí gníomhaireachta íocaíochta pinsin

Déanann an Roinn (Vóta 12) íocaíochtaí pinsin, ar bhonn gníomhaireachta, le hiarbhaill foirne de na comhlachtaí atá leagtha amach thíos.

Ainm an chomhlachta	Líon na bpinsinéirí	Oll-luach (in aghaidh na bliana) €milliún
Pinsin Choiste Gairmoideachais/Institiúidí Teicneolaíochta/Bhord Oideachais agus Oiliúna	11,689	299
Pinsin FÁS/SOLAS	1,554	30

Gearrtar na suimeanna a íoctar ar Vóta 26Oideachas agus ar Vóta 45 Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde agus Eolaíocht.

5.4 Ró-íocaíochtaí pinsin

Ba é iarmhéid na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana ná €190,642 (48 gcás) (2019: €161,410 (37 gcás)), le pleananna forchúitithe i bhfeidhm dóibh go léir.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Laghdú pinsin

Foráiltear le hAcht na bPinsean (Laghdú), 1965, agus an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, go ndéantar pinsin na státseirbhíseach a choinnítear nó a athfhostaítear tar éis a ngnáthaoise scoir a laghdú de réir mar is gá lena chinntiú nach sáraíonn a bpá iomlán sa tréimhse coinnithe nó athfhostaithe an luach saothair a gheobhadh siad dá bhfanfadh siad sna poist a bhí acu ar an lá deiridh dá gcuid seirbhíse inríofa. Foráiltear leis an reachtaíocht freisin go bhféadfaí laghduithe dá leithéid a tharscaoileadh faoi rogha an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

In 2020, laghdaíodh pinsin 17 státseirbhíseach scortha go hiomlán nó go páirteach. Ba é €91,828 an tsuim iomlán a laghdaíodh in 2020.

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 13

Oifig na nOibreacha Poiblí

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 13, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus costais Oifig na nOibreacha Poiblí, ar sheirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin agus ar dheontais áirithe a íoc agus ar chaiteachas áirithe a fhorchúiteamh.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2020, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2019, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €2.233 milliún lena ghéilleadh don Státchiste.

Feidhmíonn Oifig na nOibreacha Poiblí (an Oifig) mar ghníomhaire agus tabhaíonn sí caiteachas thar ceann ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais. Leagtar amach i Nóta 2.10 an caiteachas a tabhaíodh thar a gceann. Chomh maith leis sin, cuireann an Oifig seirbhísí cliaint ar fáil thar ceann an Stáit. Leagtar amach an caiteachas sin i Nóta 1.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

Luacháil ar shócmhainní caipitil

Aithníonn an Oifig luach talún agus foirgneamh mar a leanas.

- Tá measúnachtaí de luach margaidh curtha i bhfeidhm i gcás maoine i gcás go bhfuil comparáidí margaidh ar fáil.
- Rinneadh maoine ardghradaim a luacháil ina gceann agus ina gceann ag úsáid mhodh luachála an chostais athsholáthair. Tá an costas atógála sin bunaithe ar rátaí margaidh a chur i bhfeidhm.
- I gcás nach bhfuil comparáidí margaidh ar fáil, déantar maoine a gnóthaíodh nó a ceannaíodh roimh an 1 Eanáir 1995 nó a tógadh roimh an 1 Eanáir 1997 a luacháil bunaithe ar ghnásanna costais tógála agus ar luachanna barúlacha suímh. Déantar maoine a ceannaíodh i ndiaidh an 1 Eanáir 1995 nó a tógadh ón 1 Eanáir a luacháil de réir costais.

Tá na luachálacha faoi réir roinnt cáilíochtaí suntasacha agus níor cheart iad a mheas a bheith ina meastachán reatha ar luach inréadaithe.

Ní aithnítear caiteachas caipitil i roinnt réimsí i Nóta 2.1 (Sócmhainní Caipitil) mar a leanas.

- Ní dhéantar caiteachas ar fheabhsúcháin ar fhoirgnimh áirithe a áireamh. Léireofar an t-athrú ar luach ar dháta an chéad luachála eile.
- Ní dhéantar caiteachas ar fheabhsúcháin ar fhoirgnimh atá léasaithe a chaipitliú.

- Ní dhéantar luacháil ar shéadchomharthaí náisiúnta ná ar mhaoine stairiúla náisiúnta.
- Féachtar ar oibreacha faoisimh tuile mar shócmhainní bonneagair agus ní dhéantar iad a chaipitliú.
- Cuirtear obair ealaíne a gnóthaíodh i ndiaidh an 1 Eanáir 2008 ar áireamh sa ráiteas faoi shócmhainní caipitil faoin teideal 'daingneáin agus feistis' de réir costas stairiúil agus ní dhéantar athluacháil uirthi. Níor caipitlíodh obair ealaíne a gnóthaíodh i ndiaidh an 1 Eanáir 2008.

Dímheas

Déantar dímheas a ríomh ar bhonn bliantúil. Is é an polasaí maidir le dímheas go ndéantar dímheas bliana iomláine a mhuirearú i mbliain an ghnóthaithe/an choimisiúnaithe agus ní dhéantar aon dímheas a mhuirearú i mbliain na diúscartha.

Déantar sócmhainní gléasra agus innealra a dhímheas de réir mhodh na líne dírí thar a saolré mheasta fhónta, idir cúig bliana agus 20 bliain, go dtí luach iarmharach réamh-mheasta.

Ní dhéantar dímheas ar shócmhainní oidhreachta ná obair ealaíne.

Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas ar an mbonn gur leor caiteachas leanúnach bliantúil ar chothabháil chun a mbail a choinneáil.

Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt

Déantar caiteachas a dhéantar ar mhaoine atá faoi úinéireacht na hOifige cheana faoi Fho-mhírcheann B6 (Oibreacha nua, athruithe agus breiseanna) a chaipitliú faoin gcatagóir ábhartha sócmhainní sa bhliain ina dtabhaítear an caiteachas, seachas i gcás na n-eisceachtaí a leagtar amach thuas nuair nach n-aithnítear caiteachas caipitil mar shócmhainn caipitil. Déantar caiteachas caipitil ar fhorbairtí nua a bhaineann le roinnt tréimhsí cuntasaíochta a chur i gcuntas mar shócmhainn chaipitil atá á forbairt agus déantar sin a aistriú chuig an gcatagóir ábhartha sócmhainne ar a chríochnú.

Íocaíochtaí léasa maoine

Aithníonn an Oifig íocaíochtaí ar earraí agus seirbhísí i gcás gur cuireadh ar fáil go sásúil iad, gur chuir an soláthraí isteach a chuntas agus gur tugadh an treoir íocaíocht a dhéanamh. I gcás comhaontuithe léasa maoine, bíonn an cíos dlite agus iníoctha a luaithe a chuirtear tús leis an léas. Is ansin a bheidh an Oifig sásta go bhfuil an dliteanas tagtha in aibíocht. I gcás go mbaineann deacrachtaí dlí nó comhlíonta, áfach, le híocaíochtaí den chineál sin a dhéanamh le soláthraithe, d'fhéadfadh an Oifig íocaíocht a mhuirearú in aghaidh an Vóta agus na cistí a aistriú go cuntas ar fionraí.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Chathaoirleach. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear na sócmhainní, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choinneáil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais as seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla agus taistil a sholáthar le haghaidh gráid státseirbhíse.

Braithim ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

Is mar a leanas atá an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm chun mo chuid freagrachta a chomhlíonadh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht bainistíochta sinsearach athbhreithniú leanúnach
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh na réamhaisnéisí
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras ICT a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí um rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail i bhfeidhm
- go bhfuil creat rialachais chorparáidigh i bhfeidhm don Oifig.

Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí inti, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam féin agus ag an gCoiste Iniúchóireachta. Tá obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Oifig nochta dóibh agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair

Cinntíonn an Oifig go bhfuil díriú cuí ar an dea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Chomhlíon an Oifig na treoirlínte sa bhliain 2020 ach amháin in 21 chás arbh fhiú €3.079 milliún iad ar an iomlán.

- Bhain €185,570 le híocaíochtaí a rinneadh le trí sholáthraí nach raibh aon chonradh i bhfeidhm leo.
- Bhain €592,456 le híocaíochtaí a rinneadh le deich soláthraí nach raibh aon mhodh soláthair in úsáid maidir leo.
- Bhain €2,163,222 le híocaíochtaí a rinneadh le sé sholáthraí inar cuireadh síneadh le conradh mar nach raibh an próiseas nua soláthair tugtha chun críche.
- Bhain €137,827 le híocaíochtaí a rinneadh le dhá sholáthraí a raibh luach an chonartha os cionn na tairsí fógraíochta ach a bronnadh trí bhíthin iarratais ar thairiscintí a cuireadh ar aghaidh chuig tairgeoirí tosaíochta.

Sholáthair an Oifig sonraí faoi na conarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an Oifig córas bainistíochta riosca chun feidhme lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Oifig agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn bliantúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí i leith leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sannann sé freagracht as oibriú rialuithe do bhaill shonracha foirne.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don lucht ardbhainistíochta agus an Bord Bainistíochta, i gcás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a shainaithnítear.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialála airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Oifig atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

Paindéim Covid-19

Tháinig roinnt athruithe ar an timpeallacht oibre nuair a thosaigh paindéim Covid-19 i dtús na bliana 2020 agus, mar thoradh air sin, ní raibh sé neamhghnách ag an gcuid is mó den fhoireann a bhí ag obair san oifig roimhe sin a bhí ag obair ón mbaile ó mhí an Mhárta 2020. Mar sin féin, tá an timpeallacht rialaithe féin fanta nach mór mar a chéile. Faoi chreat leanúnachais oibre na hOifige, tugadh faoi mheasúnú riosca maidir le tionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe. Deimhním go bhfuil na rialuithe a bhí ann agus na cinn a tugadh isteach mar gheall ar Covid-19 fós éifeachtach.

Shainaithin an Oifig costais bhreise €2.4 milliún a tabhaíodh sa bhliain 2020 agus a raibh baint dhíreach acu le freagairt na hOifige do bheith ag obair i dtimpeallacht Covid-19. Baineann na costais bhreise, den chuid is mó, le costais tógála, trealamh sláinte agus sábháilteachta agus riachtanais TFC.

Tá easnamh maidir le fáltais ag an Oifig chomh maith mar gheall ar an bpaindéim. Rinneadh táillí lamháltais agus cíosa arbh fhiú €239,000 iad a dhíscríobh.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Sainaithníodh an tsaincheist rialaithe airgeadais seo a leanas sa bhliain 2020:

Caiteachas ar chonradh cothabhála téarma thomhaiste

Bhíothas ag súil go mbeadh luach measta €12 mhilliún thar ceithre bliana ag conradh cothabhála téarma thomhaiste a ndeachthas ina bhun in 2014. Tháinig deireadh leis an gconradh sin i mí Dheireadh Fómhair 2018. Thabhaigh OOP caiteachas €1.5 milliún sa bhliain 2020 maidir le hobair a cuireadh isteach faoin gconradh roimh dheireadh an téarma. Mar gheall air sin, b'ionann an caiteachas iomlán faoin gconradh sin agus €48.3 milliún ag deireadh na bliana an 31 Nollaig 2020.

Bhíothas ag súil go mbeadh luach mheasta €15 mhilliún ag conradh cothabhála téarma thomhaiste athsholáthair a ndeachthas ina bhun i mí Dheireadh Fómhair 2018. Thabhaigh OOP caiteachas €13.8 milliún sa bhliain 2020 maidir le hobair thógála faoin gconradh sin. Bhain €24.1 milliún eile le hoibreacha bonneagair práinneacha Breatimeachta faoin gconradh. B'ionann iomlán an chaiteachais mar sin faoin gconradh seo agus €26.5 milliún ar oibreacha tógála agus €46.1 milliún ar oibreacha bonneagair práinneacha Breatimeachta.

Maurice Buckley
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na nOibreacha Poiblí

22 Meán Fómhair 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Táim neamhspleách ar Oifig na nOibreacha Poiblí agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu trí eisceacht, sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla líon suntasach cásanna ábhartha nár comhlíonadh rialacha soláthair náisiúnta iontu maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú in 2020.

Caiteachas faoi chonradh cothabhála

I gCaibidil 6 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2018, scrúdaíodh an caiteachas barrachais a thabhaigh Oifig na nOibreacha Poiblí faoi chonradh cothabhála idir na blianta 2015 agus 2018. Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tabhaíodh caiteachas barrachais breise in 2020 i leith an chonartha cothabhála a cuireadh in ionad an chonartha sin.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2021

Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí

Cuntas Leithreasa 2020

				2020	2019
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir					
A	Bainistíocht riosca tuile		126,219	107,664	99,296
B	Bainistíocht eastáit				
	Soláthar meastacháin	379,208			
	Géilleadh iarchurtha	8,000			
			387,208	380,643	355,835
Ollchaiteachas					
	Soláthar meastacháin	505,427			
	Géilleadh iarchurtha	8,000			
			513,427	**488,307**	**455,131**
	Lúide				
C	**Leithreasaí-i-gcabhair**		**15,000**	**12,113**	**24,314**
Glanchaiteachas					
	Soláthar meastacháin	490,427			
	Géilleadh iarchurtha	8,000			
			498,427	**476,194**	**430,817**

Farasbarr

Tá an farasbarr ar an tsuim a soláthraíodh ar an nglansuim a cuireadh i bhfeidhm dlite lena ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán na leithreasaí neamhchaite i leith seirbhísí soláthair caipitil nó cuid díobh a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh an bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €20 milliún de leathreasaí neamhchaite i ndáil le gnéithe caipitil d'Fho-mhírcheann A.5 agus B.5 ar aghaidh go dtí 2021

	2020	2019
	€	€
Farasbarr	22,232,890	8,921,440
Géilleadh iarchurtha	(20,000,000)	(8,000,000)
Farasbarr le géilleadh	**2,232,890**	**921,440**

Maurice Buckley
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na nOibreacha Poiblí

22 Meán Fómhair 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costas an chláir		428,088	399,146
Riarachán – pá		47,785	43,487
Riarachán – neamhphá		12,434	12,498
Ollchaiteachas		**488,307**	**455,131**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**12,113**	**24,314**
Glanchaiteachas		**476,194**	**430,817**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(11,234)		
Dímheas	5,033		
Diúscairtí airgid thirim	2,876		
Gnóthachan ar dhiúscairtí	(195)	(3,520)	(470)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(6,309)		
Méadú ar stoc	(283)	(6,592)	(6,434)
Caiteachas díreach		**466,082**	**423,913**
Caiteachas ar sheirbhísí i gcás go ngníomhaíonn OOP mar chliant		(111,390)	(106,998)
Caiteachas díreach (gan seirbhísí i gcás go ngníomhaíonn OOP mar chliant ar áireamh)		**354,692**	**316,915**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		(175,607)	(171,059)
Glanchostas an chláir [a]		**179,085**	**145,856**

Nóta [a] Ní áirítear iad seo a leanas i nglanchostas an chláir.

- Meastar gurb ionann na measchíosanna atá infhaighte ag OOP maidir le maoin faoi úinéireacht an Stáit agus tuairim is €89.8 milliún. Meastar gurb ionann na measchíosanna atá iníoctha ag OOP agus €3.6 milliún.
- Níor áiríodh leis an ráiteas suimeanna i ndáil le measioncam ó ranna cliaint i ndáil le seirbhísí a sholáthraíonn OOP saor in aisce faoi láthair.

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 13 a tabhaíodh in áit eile, agus costais a d'iompair Vóta 13 i ndáil le Vótaí eile.

		2020 €000	2019 €000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	53	8
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	22,882	22,446
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	82	76
Costas cionroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte do Vótaí eile		(198,624)	(193,589)
		(175,607)	**(171,059)**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	3,429,835	3,349,956
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	71,030	40,667
Stoic	2.3	1,995	1,712
Réamhíocaíochtaí	2.4	29,881	21,646
Ioncam fabhraithe		3,570	3,444
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	5,512	13,846
Iomlán na sócmhainní reatha		**111,988**	**81,315**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		9,567	7,345
Ioncam iarchurtha		173	343
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.6	48,310	45,592
Glanmhaoiniú Státchiste	2.7	28,232	8,921
Iomlán na ndliteanas reatha		**86,282**	**62,201**
Glansócmhainní reatha		25,706	19,114
Glansócmhainní		**3,455,541**	**3,369,070**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.8	**3,455,541**	**3,369,070**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Talamh agus foirgnimh [a]	Gléasra agus innealra	Trealamh oifige	Troscán agus feistis	Sócmhainní atá á bhforbairt [b]	Iomlán [c]
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní						
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	3,322,506	49,227	24,813	22,707	2,228	3,421,481
Coigeartuithe [d]	3,155	—	—	—	—	3,155
Breiseanna	13,865	8,561	693	75	2,029	25,223
Diúscairtí	(2,550)	(2,246)	(415)	(33)	—	(5,244)
Tugtha in úsáid	—	—	—	—	(25)	(25)
Athluacháil ar dhiúscairt	(6,725)	—	—	—	—	(6,725)
Athluachálacha [e]	65,974	—	—	—	—	65,974
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	3,396,225	55,542	25,091	22,749	4,232	3,503,839
Dímheas carntha						
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	—	34,875	21,520	15,130	—	71,525
Coigeartú	—	—	10	—	—	10
Dímheas don bhliain	—	3,328	1,419	286	—	5,033
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(2,117)	(415)	(32)	—	(2,564)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	—	36,086	22,534	15,384	—	74,004
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**3,396,225**	**19,456**	**2,557**	**7,365**	**4,232**	**3,429,835**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	3,322,506	14,352	3,293	7,577	2,228	3,349,956

Nótaí [a] Tugtar thíos anailís ar luachálacha talún agus foirgneamh.

[b] Ní áirítear i sócmhainní caipitil atá á bhforbairt tionscadail tógála ar tugadh fúthu faoi Fho-mhírcheann B6 Oibreacha nua, athruithe agus breiseanna.

[c] Ní dhéantar caiteachas ar fhoirgnimh léasaithe a chaipitliú.

[d] Baineann an figiúr le haghaidh coigeartaithe le sócmhainní a sainaithníodh sa bhliain agus a cuireadh leis an gClár Sócmhainní Caipitil.

[e] Baineann an figiúr le haghaidh athluachála go príomha leis an athrú ar luach maidir le 36 shócmhainn atá faoi réir athluachála ag OOP in 2020.

Luacháil talún agus foirgneamh
Mar a leagtar amach sa ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta, déantar sócmhainní a luacháil ag baint úsáide as boinn luachála, Déantar líon na bhfoirgneamh agus an luach a bhaineann leo faoi gach bonn luachála a úsáideadh a leagan amach thíos.

Bonn luachála	2020		2019	
	Líon na bhfoirgneamh	€000	Líon na bhfoirgneamh	€000
Luach margaidh	291	894,778	286	830,109
Gnásanna costais tógála	538	716,682	544	718,711
Costas	145	856,859	140	845,780
Maoin ardghradaim (costas athsholáthair)	11	927,906	11	927,906
Maoin oidhreachta (luach nialasach)	727	—	727	—
Maoine ilghnéitheacha [a]	228	—	235	—
	1,940	**3,396,225**	**1,943**	**3,322,506**

Nóta [a] Cuireadh airíonna ilghnéitheacha le luacháil talún agus tábla tógála in 2020. Cuireadh na sócmhainní seo as an áireamh sna blianta roimhe seo mar tá luacháil nialas acu. Is catagóirí éagsúla talún agus foirgneamh iad na sócmhainní lena n-áirítear airíonna tánaisteacha nó talamh ina bhfuil an luacháil fhoriomlán don láithreán iomlán san áireamh ar an bpríomhshócmhainn sa tábla thuas.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta	71,030	40,660
Mionairgead	5	7
Orduithe gan íoc	(5)	—
	71,030	**40,667**

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Stoic innealtóireachta	974	825
Stoic iosta oidhreachta	919	801
Ábhair thógála	42	30
Stáiseanóireacht	33	32
Stoic ilghnéitheacha	27	24
	1,995	**1,712**

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Riarachán	1,136	943
Bainistíocht riosca tuile	15	1,142
Bainistíocht eastáit	28,730	19,561
	29,881	**21,646**

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Iarmhéideanna gníomhaireachta (nóta 2.10)	5,456	12,348
Iarmhéideanna dochair eile	56	1,498
	5,512	**13,846**

2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	1,329	1,063
An muirear sóisialach uilíoch	268	224
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	1,157	941
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	904	713
Cáin bhreisluacha	8,439	5,970
Ranníocaíochtaí pinsin	305	260
Cáin mhaoine áitiúil	9	10
	12,411	9,181
Iarmhéideanna gníomhaireachta (nóta 2.10)	16,738	23,522
Cuntas oibreacha éagsúla	116	17
Bainistiú maoine [a]	16,824	10,923
An scéim *Percent for Art*	2,013	1,047
Oidhreacht – Ilghnéitheach	45	802
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	87	—
Iarmhéideanna sochair eile	76	100
	48,310	**45,592**

Nóta [a] Ag an 31 Nollaig 2020, b'ionann luach na n-íocaíochtaí léasa a muirearaíodh ar an vóta agus a aistríodh chuig cuntas ar fionraí agus €13.2 milliún. As sin, muirearaíodh €7.3 milliún ar fho-mhírcheann B8, muirearaíodh €135,000 ar fho-mhírcheann B9 agus muirearaíodh €5.8 milliún ar fho-mhírcheann B6.

2.7 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Farasbarr le géilleadh	2,233	921
Géilleadh iarchurtha	20,000	8,000
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	5,999	—
Glanmhaoiniú Státchiste	**28,232**	**8,921**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	71,030	40,667
Iarmhéideanna dochair: fionraí	5,512	13,846
	76,542	54,513
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(12,411)	(9,181)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(35,899)	(36,411)
	(48,310)	(45,592)
	28,232	**8,921**

2.8 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			3,369,070	3,351,458
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	498,427		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(20,000)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(2,233)		
Glanvóta			476,194	430,817
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		23,017	22,530
Seirbhísí gaolmhara	1.1		(198,624)	(193,589)
Seirbhísí cliant	1		(111,390)	(106,998)
Glanchostas an chláir	1		(179,085)	(145,856)
Coigeartuithe sócmhainní			76,359	10,708
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**3,455,541**	**3,369,070**

2.9 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	**2020 €000**	**2019 €000**
Earraí agus seirbhísí a fháil	6,243	13,259
Cláir dheontais neamhchaipitil	1,000	1,250
Cláir dheontais caipitil	12,768	13,199
Tionscadail chaipitil	62,100	38,996
Tionscadail chomhpháirtíochta príobháidí poiblí	365,978	391,587
Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí	**448,089**	**458,291**

Ina theannta sin, bhí ceangaltais fós ag seasamh amach ag deireadh na bliana 2020 maidir le maoine léasaithe ar cíos agus muirir sheirbhíse bhainteacha. Níor áiríodh figiúirí do na ceangaltais sin thuas ach meastar gurb ionann iad agus €114.9 milliún in 2021 (2020: €113.6 milliún).

b) Cláir dheontais neamhchaipitil	**2020 €000**	**2019 €000**
Iarmhéid tosaigh	1,250	1,500
Deontais a íocadh sa bhliain	(250)	(250)
Iarmhéid deiridh	**1,000**	**1,250**

c) Cláir dheontais caipitil	**2020 €000**	**2019 €000**
Iarmhéid tosaigh	13,199	12,720
Coigeartú [a]	24	769
Ceangaltais deontais nua	16	258
Deontais a íocadh sa bhliain	(449)	(548)
Deontais a cealaíodh	(22)	—
Iarmhéid deiridh	**12,768**	**13,199**

Nóta [a] Tá gá leis an gcoigeartú sin chun ceangaltais deontais ón mbliain roimhe a fágadh ar lár san iarmhéid tosaigh a áireamh.

d) Mórthionscadail chaipitil

Mórthionscadail leanúnacha le linn na bliana 2020 ina meastar costas iomlán an tionscadail aonair a bheith os cionn €10 milliún. Seo a leanas na mionsonraí:

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019	Caiteachas i 2020	Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh [a]	Caiteachas iomlán ionchais shaolré an tionscadail 2020	Caiteachas iomlán ionchais shaolré an tionscadail 2019
	€000	€000	€000	€000	€000
Bainistíocht riosca tuile					
Abhainn na Dothra (Scéim abhann)	15,818	2,049	1,650	19,517	17,818
Inis - Íochtarach	18,173	267	733	19,173	19,173
Bré	42,327	197	130	42,654	42,577
Port Láirge	16,004	45	51	16,100	16,100
Droichead na Bandan	24,964	4,886	1,500	31,350	28,432
An Sciobairín	32,189	805	1,506	34,500	34,500
Cloich na Coillte	20,003	5,912	3,900	29,815	25,900
Inis Theas	5,408	9,958	4,240	19,606	17,400
Dúglas	4,204	7,176	8,420	19,800	19,500
Baile Átha Luain	4,822	3,790	6,000	14,612	10,750
Baile Chláir	10,184	783	250	11,217	11,000
SCT Morell Íochtair	620	805	9,384	10,809	—
Iomlán	**194,716**	**36,673**	**37,764**	**269,153**	**243,150**
Bainistíocht Eastát					
Plaza Miesach	21,290	28	2,123	23,441	23,441
Teach Laighean	16,264	1,577	159	18,000	16,641
Iomlán	**37,554**	**1,605**	**2,282**	**41,441**	**40,082**

Nóta [a] Tagraíonn ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin do mheastachán reatha na hOifige ar chostais chaipitil go cur i gcrích an tionscadail.

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gur athraigh na ceangaltais ilbhliantúla faoi níos mó ná €500,000 ó 2019 go 2020.

Bainistíocht riosca tuile

Abhainn na Dothra (Scéim abhann)

Méadú ar an gcaiteachas ionchais iomlán: €1.699 milliún

Is mar gheall ar athrú riachtanach ar an réiteach carntha d'fhonn an scéim a bhrú ar aghaidh go pras é an costas tionscadail iomlán measta leasaithe.

Droichead na Bandan

Méadú ar an gcaiteachas ionchais iomlán: €2.918 milliún

Is mar gheall ar phróiseas comhréitigh a thabhairt chun críche agus comhaontú socraithe an chuntais deiridh a íoc é an costas tionscadail iomlán measta leasaithe.

Cloich na Coillte

Méadú ar an gcaiteachas ionchais iomlán: €3.915 milliún

Is mar gheall ar athruithe ar scóip an tionscadail a raibh gá leo de bharr leochaileacht na bhfoirgneamh le taobh na hoibre i lár bhaile Chloich na Coillte agus droch-choinníollacha na struchtúr é an costas tionscadail iomlán measta leasaithe.

Inis Theas

Méadú ar an gcaiteachas ionchais iomlán: €2.206 milliún

Is mar gheall ar athdhearadh ollmhór b'éigean a dhéanamh ar na cosaintí de bharr dálaí talún a bheith níos measa ná mar a measadh é an costas tionscadail iomlán measta leasaithe.

Baile Átha Luain

Méadú ar an gcaiteachas ionchais iomlán: €3.862 milliún

Is mar gheall ar oibreacha breise nach raibh aon súil léi sa bhundearadh a áireamh é an costas tionscadail iomlán measta leasaithe. Ina theannta sin, rinneadh feabhsúcháin ar an mbundearadh, lena n-áirítear oibreacha cumhdaigh agus pábhála agus claífoirt a leathnú chun rotharbhealach amach anseo a éascú.

Bainistíocht eastáit

Teach Laighean

Méadú ar an gcaiteachas ionchais iomlán: €1.359 milliún

Tháinig an meastachán leasaithe chun cinn de bharr gur sainaithníodh le linn an tionscadail go raibh oibreacha breise riachtanacha ag teastáil nár tuigeadh a bheadh i gceist.

e) Íocaíochtaí aonadacha na dtionscadal Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019	**Caiteachas in 2020**	**Ceangaltais is in-fhorfheidhmithe le dlí le comhlíonadh sna blianta ina dhiaidh sin**	**Iomlán measta an tionscadail 2020**	**Iomlán measta an tionscadail 2019**
	€000	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath	374,823	23,879	365,978	764,680	766,410

2.10 Soláthar seirbhísí gníomhaireachta

I dteannta an chaiteachais ar Vóta 13, is amhlaidh go ngníomhaíonn an Oifig mar ghníomhaire freisin, agus go dtabhaíonn sí caiteachas, thar ceann Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais. Tá an maoiniú don chaiteachas sin curtha ar fáil don Oifig ag an roinn/gníomhaireacht urraíochta agus léirítear é mar mhuirear ar chuntas an chlianteagrais. Ba é €138 milliún an caiteachas iomlán sa bhliain 2020, inar áiríodh móroibreacha caipitil (€114 mhilliún); léasú cóiríochta (€19.2 milliún); oibreacha cothabhála (€2.9 milliún) agus clár na scoileanna (€1.9 milliún).

Cuntas seirbhísí gníomhaireachta

ag an 31 Nollaig	**2020**	**2019**
	€000	**€000**
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir	(11,175)	(3,363)
Íocaíochtaí	137,956	112,520
Fáltais	(138,063)	(120,332)
Iarmhéid deiridh [a]	(11,282)[a]	(11,175)

Nóta [a] Tá an t-iarmhéid creidmheasa deiridh €11.282 milliún comhdhéanta d'iarmhéideanna dochair gníomhaireachtaí (nóta 2.5) atá cothrom le €5.456 milliún agus d’iarmhéideanna creidmheasa gníomhaireachtaí (nóta 2.6) atá cothrom le €16.738 milliún.

2.11 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Oifig páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh agus idir-réiteach conartha a d’fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá neamhchinnteacht ann maidir le suim iarbhír nó tráthúlacht na ndliteanas féideartha.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	44,840	47,785	43,487
ii	Taisteal agus cothú	2,310	1,534	2,332
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,300	1,207	1,229
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	1,800	1,675	1,727
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	6,382	6,704	6,095
vi	Costais áitribh oifige	1,279	1,077	975
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	266	117	57
viii	Seirbhísí Foilseacháin Rialtais	170	120	83
		58,347	**60,219**	**55,985**

Difríochtaí suntasacha

Déantar anailís sa mhéid seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus déantar cur síos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

i Tuarastail, pá agus liúntais

Soláthar meastacháin €44.84 milliún; toradh €47.785 milliún

Is mar gheall ar an tionchar a bhí ag earcaíocht mhéadaithe sa bhliain 2019 agus sa bhliain 2020 d'fhonn an riachtanas foirne a bhaint amach chun an clár méadaithe oibreacha, go príomha i ndáil le bainistíocht riosca tuile, a bhí an méadú €2.945 milliún.

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €2.31 milliún; toradh €1.534 milliún

Is mar gheall ar shrianta taistil a cuireadh i bhfeidhm le dul i ngleic le paindéim Covid-19 agus an úsáid mhéadaithe a baineadh as cruinnithe fíorúla a bhí an choigilt €776,000.

vii Seirbhísí comhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartas

Soláthar meastacháin €266,000; toradh €117,000

Is mar gheall ar obair bheartaithe i dtrí réimse a bheith á tabhairt ar aghaidh go dtí an bhliain 2021 a bhí an choigilt €149,000.

Clár A Bainistíocht riosca tuile

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	11,796	12,888	11,567
A.2	Riarachán – neamhphá	2,725	3,141	3,430
A.3	Ceannach gléasra agus innealra	6,470	9,107	6,896
A.4	Imscrúdú agus monatóireacht hidriméadrachta agus hidreolaíochta	1,264	1,343	1,132
A.5	Bainistíocht riosca tuile	85,866	63,152	58,289
A.6	Draenáil — cothabháil	18,098	18,033	17,982
		126,219	**107,664**	**99,296**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos anseo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €18.555 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí méadú €1.508 milliún ann ar chaiteachas riaracháin don chlár. Bhí caiteachas neamhriaracháin an chláir €20.063 milliún níos lú ar an iomlán ná mar a soláthraíodh ar dtús, mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó.

A.3 Ceannach gléasra agus innealra

Soláthar meastacháin €6.47 milliún; toradh €9.107 milliún

Is mar gheall ar infheistíocht OOP i dtochaltóirí a úsáideadh le haghaidh scéimeanna cosanta tuile agus infheistíocht i bhfeithiclí agus innealra bóithre a úsáideadh chun punann maoine agus oidhreachta an Stáit a bhainistiú a bhí an méadú €2.637 milliún. Bhí gá leis an infheistíocht chun dul i ngleic leis an leibhéal ard feithiclí as feidhm, chun astaíochtaí a laghdú agus chun cloí le caighdeáin sábháilteachta.

A.5 Bainistíocht riosca tuile

Soláthar meastacháin €85.866 milliún; toradh €63.152 milliún

Is mar gheall ar mhoill a bheith ar chead pleanála a fháil, ag scéimeanna sa Ghlaise Bhuí agus sa Linn Dubh, agus mar gheall ar agóidí ó ghrúpaí sainleasa, ag Morrell Íochtarach agus ag Tionscadal Morrison's Island a tháinig coigilt €22.714 milliún chun cinn den chuid is mó. Tosca eile a chur leis an gcoigilt ba ea tionchar phaindéim Covid-19, fadhbanna ag leibhéal an tsuímh nach raibh súil leo, glacadh níos lú ná mar a bhí súil leis ag úinéirí tí faoin Scéim Athlonnaithe Baile Dheonaigh agus srianta maoiniúcháin faoin Scéim Mionoibreacha um Maolú Tuilte agus um Chosaint an Chósta.

Clár B Bainistíocht Eastáit

				2020	2019
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá		33,044	34,897	31,920
B.2	Riarachán – neamhphá		10,782	9,293	9,068
B.3	Foireann tís an Uachtaráin		975	802	797
B.4	Deontais le haghaidh seirbhísí agus oibreacha áirithe athchóirithe		500	500	500
B.5	Ceannach láithreán agus foirgneamh				
	Soláthar meastacháin	4,480			
	Géilleadh iarchurtha	8,000			
			12,480	9,338	2,561
B.6	Oibreacha nua, athruithe agus breiseanna		82,981	85,222	74,635
B.7	Cothabháil maoine agus soláthairtí		62,478	64,677	64,675
B.8	Cíosanna		102,520	98,474	91,016
B.9	Táillí seirbhíse agus fóntais		11,043	11,447	12,319
B.10	Íocaíochtaí aonadacha		25,000	23,879	24,123
B.11	Seirbhísí oidhreachta		45,405	42,114	44,221
			387,208	**380,643**	**355,835**

Difríochtaí suntasacha
Déantar cur síos anseo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €6.565 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhí róchaiteachas €364,000 ann ar chaiteachas riaracháin don chlár (féach thuas). Bhí caiteachas neamhriaracháin an chláir €6.929 milliún níos lú san iomlán ná mar a soláthraíodh ar dtús, mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó.

B.3 Foireann tís an Uachtaráin
Soláthar meastacháin €975,000; toradh €802,000
Tharla coigilt €173,000 mar gheall ar fholúntais foirne agus uaireanta oibre srianta le linn Covid-19 den chuid is mó.

B.5 Ceannach láithreán agus foirgneamh
Soláthar meastacháin €12.48 milliún; toradh €9.338 milliún
Baineann an choigilt €3.142 milliún le fáil maoine a shocraigh OOP gan leanúint ar aghaidh leo agus nach raibh roinnt díobh tugtha chun críche faoi dheireadh na bliana 2020.

B.11 Seirbhísí oidhreachta
Soláthar meastacháin €45.405 milliún; toradh €42.114 milliún
Is mar gheall ar oibreacha a cuireadh siar agus líon foirne níos lú sa bhliain mar gheall ar shrianta Covid-19 a bhí an choigilt €3.291 milliún.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Cíosanna, táillí ceadúnais, etc.	3,150	3,161	3,882
2	Bainistíocht imeachtaí agus saoráidí	2,500	938	5,045
3	Fáltais le haghaidh seirbhísí foilseacháin Rialtais	630	634	697
4	Díolacháin ag séadchomharthaí náisiúnta agus ag maoine stairiúla	1,100	599	1,631
5	Táillí isteach chuig séadchomharthaí náisiúnta agus maoine stairiúla	4,633	893	8,223
6	Ilghnéitheach, lena n-áirítear táillí, ús agus diúscairtí, etc.	600	4,108	2,837
7	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	2,387	1,780	1,999
	Iomlán	**15,000**	**12,113**	**24,314**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos anseo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €2.887 milliún níos lú ná an meastachán. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos.

2 Bainistíocht imeachtaí agus saoráidí

Measta €2.5 milliún; réadaithe €938,000

Is mar gheall ar shaoráidí a bheith dúnta mar gheall ar Covid-19 a bhí an laghdú €1.562 milliún.

4 Díolacháin ag séadchomharthaí náisiúnta agus ag maoine stairiúla

Measta €1.1 milliún; réadaithe €599,000

Is mar gheall ar shrian a bheith ar líon na ndaoine agus suíomhanna a bheith dúnta mar gheall ar Covid-19 a bhí an laghdú €501,000.

5 Táillí isteach chuig séadchomharthaí náisiúnta agus maoine stairiúla

Measta €4.633 milliún; réadaithe €893,000

Is mar gheall ar shrian a bheith ar líon na ndaoine, suíomhanna a bheith dúnta agus cead isteach tarscaoilte mar gheall ar Covid-19 a bhí an laghdú €3.74 milliún.

6 Ilghnéitheach, lena n-áirítear táillí, ús agus diúscairtí, etc.

Measta €600,000; réadaithe €4.108 milliún

Is mar gheall ar theacht isteach ó mhaoine Stáit a dhíol agus ardú ar tháillí gníomhaireachta a bhí an méadú €3.508 milliún.

7 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí

Measta €2.387 milliún; réadaithe €1.78 milliún

Baineann an laghdú €607,000 le hathruithe ar na ranníocaíochtaí aoisliúntais breise (ASC). Ní bhíonn an ASC, a tháinig in áit laghduithe a bhaineann le pinsin, i gceist ach amháin i gcás luach saothair inphinsin seachas gach luach saothair agus tá bannaí tairsí ranníocaíochta éagsúla i gceist leis. Bhí tionchar aige sin ar an tsuim a bailíodh sa bhliain 2020.

4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Sciar den choigilt ó chuideachta PPP Ionad na gComhdhálacha Náisiúnta a athmhaoiniú	12,042	—
A aistríodh chuig an Státchiste	(12,042)	—
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**—**	**—**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana	2020	2019
Gráid shonracha státseirbhíse	845	803
Gráid shonracha OOP	1,235	1,270
	2,080	**2,073**

5.2 Pá

	2020 €000	2019 €000
Pá		
Gráid shonracha státseirbhíse	44,037	40,167
Gráid shonracha OOP	49,251	47,143
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise		
Gráid shonracha státseirbhíse	195	228
Gráid shonracha OOP	1,981	2,137
Ragobair		
Gráid shonracha státseirbhíse	38	86
Gráid shonracha OOP	2,698	3,225
Tinreamh breise, seal agus uainchlár		
Gráid shonracha OOP	1,634	2,497
ÁSPC an Fhostóra		
Gráid shonracha státseirbhíse	3,515	3,005
Gráid shonracha OOP	5,885	5,827
Pá iomlán [a]	**109,234**	**104,315**

Nóta [a] Áirítear san fhigiúr iomlán pá do 439 mball foirne shealadacha agus shéasúracha sa bhliain 2020 (2019: 563 bhall foirne).

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó	
			2020	2019
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise				
Gráid shonracha státseirbhíse	50	4	20,614	20,614
Gráid shonracha OOP	935	—	9,318	9,795
Ragobair				
Gráid shonracha státseirbhíse	32	—	3,454	8,957
Gráid shonracha OOP	890	54	31,337	38,016
Tinreamh breise, seal agus uainchlár				
Gráid shonracha OOP	706	3	10,599	13,994
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin				
Gráid shonracha státseirbhíse	5	—	5,679	10,175
Gráid shonracha OOP	898	199	37,453	38,691

5.4 Socruithe luach saothair eile

Rinneadh beirt státseirbhíseach atá ar scor agus atá ag fáil pinsean státseirbhíse a fhostú arís ar bhonn táille ar chostas iomlán €30,825. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2020	2019
		€	€
Ró-íocaíochtaí	24	31,344	35,802 [a]
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	10	11,625	15,998 [a]

Nóta [a] Tá na figiúirí ón mbliain 2019 atá sa nóta seo le haghaidh ró-íocaíochtaí agus pleananna aisghabhála atá i bhfeidhm níos lú ná iad sin a nochtadh i gcuntas leithreasa 2019. Is mar gheall ar fhaisnéis níos cruinne a bheith ar fáil sa bhliain 2020 é sin.

5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Áirítear san fhigiúr pá €49,173 a íocadh amach i ndáil le scaoilíocaíochtaí le triúr ball foirne a fostaíodh iad go foirmiúil roimhe sin ina mBall Foirne Aire. Íocadh €60,876 le hochtar oifigeach i scaoilíocaíochtaí, ar mó ceithre cinn díobh ná €10,000.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Costais chúitimh agus dlí

	Líon na gcásanna	Costais dlí a d'íoc an Oifig	Costais dlí a dámhadh	Cúiteamh a dámhadh	2020 Iomlán	2019 Iomlán
		€000	€000	€000	€000	€000
Éilimh ó fhostaithe						
Éilimh dhíobhála pearsanta						
- a socraíodh in 2020	3	7	24	262	293	2,077
- a socraíodh i mbliain roimhe seo nó atá ar bun go fóill	8	180	559	—	739	14
Éilimh ó dhaoine den phobal						
Éilimh dhíobhála pearsanta						
- a socraíodh in 2020	6	14	31	72	117	288
- a socraíodh i mbliain roimhe seo nó atá ar bun go fóill	17	102	145	—	247	113
Éilimh chaillteanais nó dhamáiste a socraíodh in 2020	17	—	—	954	954	360
		303	**759**	**1,288**	**2,350**	**2,852**

6.2 Costais eadrána agus chomhréitigh

Áirítear i gcaiteachas Vóta in 2020 íocaíochtaí €411,257 (2019: €6.001 milliún) a rinneadh le conraitheoirí agus daoine eile mar thoradh ar imeachtaí comhréitigh agus eadrána. Bhí seacht gcás ann in 2020 (2019: sé chás). Áirítear sna figiúirí táillí CBL, dlí agus gairmiúla.

6.3 Ús agus cúiteamh

Rinne OOP íocaíochtaí ús pionóis agus cúitimh dar luach €91,525 ar an iomlán in 2020 faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997, i ndáil le híocaíochtaí déanacha (2019: €69,798) ar bhain €23,880 de le moill a tharla mar gheall ar shrianta Covid-19. B'ionann luach iomlán na n-íocaíochtaí a rinne OOP in 2020 agus €451 mhilliún, agus bhí 90,170 íocaíocht inríofa ann san iomlán.

6.4 Nithe a díscríobhadh

Rinneadh na suimeanna seo a leanas a dhíscríobh sa bhliain

	2020	2019
	€000	€000
Táillí gan íoc ó chuideachtaí nach bhfuil ag trádáil a thuilleadh	—	2
Suimeanna a díscríobhadh mar gheall ar shrianta Covid-19	239	—
	239	**2**

6.5 Íocaíochtaí ex-gratia

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia a raibh luach €257,217 leo sa bhliain.

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 14

An tSaotharlann Stáit

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 14, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 i gcomhair thuarastail agus speansais na Saotharlainne Stáit.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €238,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Dímheas

Gearrtar dímheas bliana iomláine i mbliain na fála/an choimisiúnaithe agus ní ghearrtar aon dímheas i mbliain na diúscartha. Gearrtar dímheas de réir méid cothrom.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an tSaotharlann Stáit.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Cheimiceoir Stáit. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbh iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo fhreagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an tSaotharlann Stáit agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte párolla agus acmhainní daonna a sholáthar.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte párolla agus acmhainní daonna á gcur ar fáil don tSaotharlann Stáit.

Seo a leanas an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas ina gcuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta i gcomhair na bpríomhphróiseas gnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- gurb ann do chóras buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach
- go mbíonn athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an mbainistíocht shinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh feidhmíocht thuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den tSaotharlann Stáit
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil ann, chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail
- go gcinntíonn an tSaotharlann Stáit go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an tSaotharlann Stáit ina bhfuil pearsanra atá oilte go cuí agus a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an tSaotharlann Stáit neamhchosanta orthu a hobair agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, a bhíonn á gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na rialuithe buntábhachtacha a chuimsiú ar bhonn rollach i gcaitheamh tréimhse réasúnach. Bíonn athbhreithniú á dhéanamh ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí agamsa agus ag an gCoiste Iniúchóireachta go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Dearbhaím go gcinntíonn an tSaotharlann Stáit go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú.

Chomhlíon an tSaotharlann Stáit na treoirlínte. Chuir an tSaotharlann Stáit sonraí faoi thrí chonradh neamhiomaíocha ar fáil sa tuairisceán bliantúil i leith Chiorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an tSaotharlann Stáit lena sonraítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sonraítear na rioscaí buntábhachtacha a bhíonn roimh an tSaotharlann Stáit agus sonraíodh, measadh agus grádaíodh iad sin de réir a shuntasaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn débhliantúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear leis an gclár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as oibriú rialuithe a shanntar do bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb ábhartha. Dearbhaím go bhfuil rioscaí buntábhachtacha agus rialuithe gaolmhara sonraithe agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na rialuithe buntábhachtacha sin agus chun aon easnaimh a shonraítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an tSaotharlann Stáit chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht agus rialú rioscaí. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na Saotharlainne Stáit ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den tSaotharlann Stáit a bhíonn freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Paindéim Covid-19

Rinneadh measúnuithe ar thionchar Covid-19 agus dheimhnigh na torthaí gur lean na rialuithe go léir ag feidhmiú le linn shrianta Covid-19 de réir mar a d'fhan an tSaotharlann Stáit ar oscailt ar fud na paindéime.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2020, ar laigí iad atá ina gcúis, nó a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis, le caillteanas ábhartha.

Ita Kinahan
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSaotharlann Stáit

31 Márta 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 14 An tSaotharlann Stáit

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 14 An tSaotharlann Stáit don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 14 An tSaotharlann Stáit don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le An tSaotharlann Stáit agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

16 Meitheamh 2021

Vóta 14 An tSaotharlann Stáit

Cuntas Leithreasa 2020

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Saotharlann anailíseach an rialtais agus seirbhís chomhairleach	11,317	11,061	10,831
Ollchaiteachas		**11,317**	**11,061**	**10,831**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**1,046**	**1,028**	**1,623**
Glanchaiteachas		**10,271**	**10,033**	**9,208**

Farasbarr

Dlífear farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**238,248**	**586,865**

Ita Kinahan
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSaotharlann Stáit

31 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Pá		6,030	5,646
Neamhphá		5,031	5,185
Ollchaiteachas		**11,061**	**10,831**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**1,028**	**1,623**
Glanchaiteachas		**10,033**	**9,208**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(638)		
Dímheas	906		
Caillteanas ar dhiúscairtí	—	268	(301)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(824)		
Méadú ar stoc	(11)	(835)	397
Caiteachas díreach		**9,466**	**9,304**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		1,488	1,369
Measchíosanna		1,688	1,688
Glanchostas an chláir		**12,642**	**12,361**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 14 a iompraíodh in áit eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	8	8
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	1,447	1,320
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	22	32
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	11	9
		1,488	**1,369**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020	2019
		€000	€000
Sócmhainní caipitil	2.1	1,930	2,198
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	237	85
Stoic	2.3	233	222
Réamhíocaíochtaí		933	493
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	8	11
Ioncam fabhraithe		93	58
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.6	—	112
Iomlán na sócmhainní reatha		**1,504**	**981**
Lúide dliteanas reatha			
Speansais fhabhraithe		120	469
Iarmhéideanna sochair eile	2.5	221	208
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.6	24	—
Iomlán na ndliteanas reatha		**365**	**677**
Glansócmhainní reatha		1,139	304
Glansócmhainní		**3,069**	**2,502**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.7	**3,069**	**2,502**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	12,873	559	13,432
Breiseanna	638	—	638
Diúscairtí	(143)	—	(143)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	13,368	559	13,927
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	10,690	544	11,234
Dímheas don bhliain	904	2	906
Dímheas ar dhiúscairtí	(143)	—	(143)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	11,451	546	11,997
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**1,917**	**13**	**1,930**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	2,183	15	2,198

2.2. Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta	237	82
Iarmhéid i gcuntas bainc tráchtála	—	2
Mionairgead	—	1
	237	**85**

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Ábhar inchaite ceimiceach agus saotharlainne	196	187
Stáiseanóireacht agus ábhar inchaite TF	37	35
	233	**222**

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Tuarastail in-fhorchúitithe	4	—
Caiteachas taistil in-fhorchúitithe	—	1
Caiteachas in-fhorchúitithe ar an scéim pas taistil	2	8
Caiteachas in-fhorchúitithe ar an scéim um rothaíocht chun oibre	2	2
	8	**11**

2.5 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	83	74
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	54	50
Muirear sóisialach uilíoch	16	15
Cáin mhaoine áitiúil	1	1
Cáin bhreisluacha ar cheannacháin laistigh den Aontas Eorpach	21	23
	175	163
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	46	45
	221	**208**

2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	238	587
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(214)	(699)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**24**	**(112)**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	237	85
Iarmhéideanna dochair: fionraí	8	11
	245	96
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(175)	(163)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(46)	(45)
	(221)	(208)
	24	**(112)**

2.7 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			2,502	2,598
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	10,271		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(238)		
Glanvóta			10,033	9,208
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1		1,488	1,369
Caiteachas neamhairgid – measchíos	1		1,688	1,688
Glanchostas an chláir	1		(12,642)	(12,361)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**3,069**	**2,502**

2.8 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda

ag an 31 Nollaig	**2020**	**2019**
	€000	**€000**
Earraí agus seirbhísí	485	631
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**485**	**631**

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rangaítear an leithdháileadh ar fad do Shaotharlann Stáit Vóta 14 mar chaiteachas riaracháin a chuirtear i bhfeidhm ar chlár amháin: Saotharlann anailíseach rialtais agus seirbhís chomhairleach.

			2020	2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	6,237	6,030	5,646
ii	Taisteal agus cothú	45	8	39
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	325	278	288
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	60	52	49
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	3,127	2,997	3,239
vi	Costais áitribh oifige	1,458	1,671	1,507
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus eile	65	25	63
		11,317	**11,061**	**10,831**

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

			2020	2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ó anailísí éagsúla, scrúduithe, tástálacha, srl.	850	834	965
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	196	193	195
3	Fáltais ilghnéitheacha	—	1	463
	Iomlán	**1,046**	**1,028**	**1,623**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon foirne ag deireadh na bliana	**101**	**98**

5.2 Pá

	2020 €000	2019 €000
Pá	5,536	5,194
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	24	22
ÁSPC an Fhostóra	470	430
Pá iomlán	**6,030**	**5,646**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2020	2019
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	1	1	21,538	19,902
Liúntais eile	3	—	1,154	1,154

Faoi théarmaí chomhaontú athstruchtúraithe PCW 1% AHCPS, fuair 11 oifigeach liúntais PCW. Ba é an tsuim iomlán a íocadh ná €33,485 (2019 €28,833).

5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2020	2019
		€	€
Ró-íocaíochtaí	4	3,662	2,172
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	—	1	2

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 15

Rúnseirbhís

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 15, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar an Rúnseirbhís.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020.

Dlitear barrachas €932,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 3.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Tá socruithe forordaithe i bhfeidhm leis an Roinn Dlí agus Cirt agus leis an Roinn Cosanta maidir le hairgead a tharraingt anuas ó Vóta na Rúnseirbhíse agus i gcomhair an deimhniúchán bliantúil a fháil ó na hAirí cuí maidir leis an airgead iarbhír a caitheadh i rith na bliana, chomh maith le hiarmhéideanna ag deireadh na bliana.

Ar chúiseanna slándála, tá srianta i bhfeidhm maidir le hoibríochtaí agus eolas faoi na hidirbhearta aonair. Cuireann sé sin srian ar na gnáthrialuithe díreacha atá ar fáil dom mar Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta. Sna cúinsí, braithim ar ráitis dheimhnithe bhliantúla atá sínithe ag na hAirí ar eisíodh airgead chucu, rud atá bunaithe ar na rialuithe oibríochtúla atá curtha i bhfeidhm ag a gcuid Ranna.

David Moloney
Oifigeach Cuntasaíochta
Rúnseirbhís

24 Márta 2021

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 15 Rúnseirbhís

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 15 Rúnseirbhís don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú)1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 15 Rúnseirbhís don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*. Níl baint ná páirt agam le Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tá na freagrachtaí eile atá orm ó thaobh eitice de de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Chun críocha an iniúchta seo, cuireadh deimhnithe ar fáil dom ón Aire Dlí agus Cirt agus ón Aire Cosanta lena dtacaítear leis an gcaiteachas ón Vóta. Creidim gur leor agus gur cuí fianaise an iniúchta atá faighte agam chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.*

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

4 Meitheamh 2021

Vóta 15 Rúnseirbhís

Cuntas Leithreasa 2020

	Soláthar meastacháin	2020 Toradh	2019 Toradh
	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir			
Rúnseirbhís	2,000	1,068	984
	2,000	**1,068**	**984**

Farasbarr

Dlífear farasbarr na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a caitheadh, a ghéilleadh don Státchiste.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**932,379**	**266,307**

David Moloney
Oifigeach Cuntasaíochta
Rúnseirbhís

24 Márta 2021

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

Ní bhaineann an nóta seo i gcás Vóta na Rúnseirbhíse.

Nóta 2 Ráiteas faoi Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní reatha			
Iarmhéideanna fochuntais		594	262
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta		88	(116)
Iomlán na sócmhainní reatha		**682**	**146**
Lúide sócmhainní reatha			
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.1	682	146
Iomlán na ndliteanas reatha		**682**	**146**
Glansócmhainní reatha		—	—
Glansócmhainní		**—**	**—**
Arna léiriú ag			
Cuntas maoinithe Stáit	2.2	**—**	**—**

2.1 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	932	266
Deontas Státchiste neamhtharraingte	(250)	(120)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**682**	**146**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Iarmhéideanna fochuntais	594	262
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta	88	(116)
	682	146
	682	**146**

2.2 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			—	—
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	2,000		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(932)		
Glanvóta			1,068	984
Glanchostas an chláir			(1,068)	(984)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**—**	**—**

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Bhí an toradh maidir le caiteachas €932,000 (47%) níos ísle ná an tsuim a soláthraíodh. Tá an meastachán tuairimeach ar bhonn riachtanais.

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 16

An Oifig Luachála

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 16, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus ar chaiteachais na hOifige Luachála agus ar mhionseirbhísí áirithe eile.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €6.967 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Dímheas

Déantar dímheas bliana iomláine a mhuirearú i mbliain an ghnóthaithe/an choimisiúnaithe agus ní dhéantar aon dímheas a mhuirearú i mbliain na diúscartha. Muirearaítear dímheas de réir méid cothrom.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Cheann Oifige. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go seachnaítear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte comhlíonta agam i ndáil le seirbhís comhroinnte (e.g. acmhainní daonna) a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Oifig seo.

Is mar seo a leanas atá an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntiú go ndéantar gníomh ceartaitheach cuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ar bun chun comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá doiciméadú déanta ar nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Dearbhaím go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, agus go háirithe

- gurb ann do chóras buiséadaithe cuí agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- go mbíonn athbhreithniú rialta á dhéanamh ag bainistíocht shinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh feidhmíocht thuartha
- go bhfeidhmítear córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí um rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail i bhfeidhm
- go gcinntíonn an Oifig go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas nuair a bhítear ag ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig, ina bhfuil foireann atá oilte go cuí agus a oibríonn de réir cairt i scríbhinn arna ceadú agamsa. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na hOifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus bíonn a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Féachtar leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, déanaim an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Dearbhaím go gcinntíonn an Oifig Luachála go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas nuair a bhítear ag ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Chomhlíon an Oifig gach treoirlíne ábhartha. Tá sonraí tugtha ag an Oifig ar dhá chonartha neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig agus, leis an gcóras sin, sainaithnítear agus tuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá le sárú ag an Oifig agus tá siad sin aitheanta, measta agus grádaithe de réir tábhachta. Déanann an Coiste Comhairleach Bainistíochta (MAC) an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go ráithiúil. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh do bhaill foirne shonracha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear aon easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Choiste Comhairleach Bainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Oifig atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

Paindéim Covid-19

Ar iarratas ón mbainistíocht shinsearach, tugadh faoi athbhreithniú ar thionchar Covid-19 ar chórais rialuithe inmheánacha na hoifige. Deimhníodh san athbhreithniú sin nach raibh aon mhaolú éifeachtach i gceist a mbeadh mar thoradh air measúnú riosca díobhálach ina dtabharfadh le fios go mbeadh bearta cúiteacha de dhíth.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais maidir le 2020 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

John O'Sullivan
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig Luachála

26 Márta 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 16 An Oifig Luachála

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta16 An Oifig Luachála don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 16 An Oifig Luachála don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'fhorordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Táim neamhspleách ar an Oifig Luachála agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Meitheamh 2021

Vóta 16 An Oifig Luachála

Cuntas Leithreasa 2020

		Soláthar meastacháin	2020 Toradh	2019 Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Seirbhís luachála Stáit a aholáthar	16,288	9,654	10,099
B	Seirbhís riaracháin don Bhinse Luachála	1,349	628	711
		17,637	**10,282**	**10,810**
Ollchaiteachas				
	Lúide			
C	**Leithreasaí-i-gCabhair**	**1,283**	**895**	**1,486**
Glanchaiteachas		**16,354**	**9,387**	**9,324**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh thar an nglansuim a caitheadh le géilleadh don Státchiste.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**6,966,869**	**3,406,216**

John O'Sullivan
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig Luachála

26 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costas an chláir		736	1,094
Pá		7,843	7,400
Neamhphá		1,703	2,316
Ollchaiteachas		**10,282**	**10,810**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**895**	**1,486**
Glanchaiteachas		**9,387**	**9,324**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Dímheas		28	32
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(154)		
Méadú ar stoc	(1)	(155)	(237)
Caiteachas díreach		**9,260**	**9,119**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		5,504	5,644
Glanchostas an chláir		**14,764**	**14,763**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 16 a iompraíodh in áit éigin eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	4,076	4,199
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,411	1,431
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	17	14
		5,504	**5,644**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	40	217
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	238	271
Stoic		21	20
Réamhíocaíochtaí		159	115
Iarmhéideanna dochair eile	2.3	23	93
Ioncam fabhraithe		303	191
Glanmhaoiniú Státchiste	2.5	51	—
Iomlán na sócmhainní reatha		**795**	**690**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		94	128
Iarmhéideanna sochair eile	2.4	312	363
Ioncam iarchurtha		186	150
Glanmhaoiniú Státchiste	2.5	—	1
Iomlán na ndliteanas reatha		**592**	**642**
Glansócmhainní reatha		203	48
Glansócmhainní		**243**	**265**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.6	**243**	**265**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh oifige agus TF	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2019	1,704	1,134	2,838
Coigeartú na bliana roimhe sin [a]	191	—	191
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	1,895	1,134	3,029
Breiseanna	—	—	—
Diúscairtí	(196)	—	(196)
Coigeartuithe [b]	(708)	(704)	(1,412)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	991	430	1,421
Dímheas carntha			
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2019	1,543	1,078	2,621
Coigeartú na bliana roimhe sin [a]	161	—	161
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	1,704	1,078	2,782
Dímheas don bhliain	28	—	28
Dímheas ar dhiúscairtí	(196)	—	(196)
Coigeartuithe [b]	(585)	(648)	(1,233)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	951	430	1,381
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**40**	**—**	**40**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	161	56	217

Nóta
[a] In athbhreithniú cuimsitheach ar na sócmhainní uile, aithníodh roinnt sócmhainní bogearraí nár caipitlíodh roimhe seo.
[b] Is mar gheall ar chur i bhfeidhm chiorclán 22/2020 maidir leis an tairseach le haghaidh sócmhainní caipitil a áireamh a tháinig na coigeartuithe chun cinn.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta	126	(156)
Iarmhéid an chuntais bainc tráchtála	112	427
	238	**271**

Nóta
[a] Rinneadh an miondealú ar iarmhéid 2019 a athanailísiú idir an cuntas tráchtála agus an cuntas ag an bPámháistir Ginearálta.

2.3 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Caiteachais in-fhorchúitithe maidir leis an bpas taistil	9	82
Míreanna dochair eile ar fionraí	14	11
	23	**93**

2.4 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	121	131
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	73	73
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	69	114
Cáin bhreisluacha	—	—
Ranníocaíochtaí pinsin	23	20
	286	338
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	26	25
	312	**363**

2.5 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Farasbarr le géilleadh	6,967	3,406
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(7,018)	(3,405)
Glanmhaoiniú Státchiste	**(51)**	**1**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	238	271
Iarmhéideanna dochair: fionraí	23	93
	261	364
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(286)	(338)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(26)	(25)
	(312)	(363)
	(51)	**1**

2.6 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			265	60
Eisíocaíochtaí as an Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	16,354		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(6,967)		
Glanvóta			9,387	9,324
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1		5,504	5,644
Míreanna neamhairgid - coigeartú i ndáil le sócmhainní caipitil			(149)	—
Glanchostas an chláir	1		(14,764)	(14,763)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**243**	**265**

2.7 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	**2020** **€000**	**2019** **€000**
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**1,161**	**981**

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	8,740	7,843	7,400
ii	Taisteal agus cothú	271	101	292
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	885	433	842
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	105	70	176
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	3,242	931	835
vi	Costais áitribh oifige	161	70	98
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile	60	99	73
		13,464	**9,547**	**9,716**

Difríochtaí suntasacha

Déantar anailís sa nóta seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus déantar cur síos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €271,000; toradh €101,000

Is mar thoradh ar chosc a bheith ar an bhfoireann taisteal a dhéanamh le maoine a iniúchadh le linn na srianta paindéime a bhí laghdú €170,000 i gceist ar chaiteachas taistil agus cothaithe. Léirigh sé sin freisin an laghdú a tháinig ar thaisteal chomhaltaí an Bhinse Luachála chuig éisteachtaí ó bhéal, agus an líon is lú is féidir díobh á n-eagrú.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €885,000; toradh €433,000

Is mar thoradh ar go leor d'éisteachtaí an Bhinse Luachála a chur ar ceal a bhí laghdú €452,000 ar chaiteachas oiliúna agus forbartha agus ar speansais theagmhasacha ann agus léiríonn sé sin laghdú ar tháillí chomhaltaí an Bhinse Luachála a íocadh le linn na bliana 2020.

v Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF

Soláthar meastacháin €3.242 milliún; toradh €931,000

Bhí an laghdú €2.311 milliún i gcaiteachas maidir le trealamh agus speansais ar sheirbhísí seachtracha TF i gceist mar gheall ar an ngannchaitheamh i ndáil leis an sciar caipitil a bhí mar chuid de. Bhí leithdháileadh €2.615 milliún i gceist leis sin, rud nár leithdháileadh ach €310,000 de mar thoradh ar an moill a bhí ann ar chonradh a chur i bhfeidhm do Thionscadal AXIA. Bhí an tionscadal sin, a bhfuil athsholáthar an phríomhchórais luachála TFC don Oifig Luachála i gceist leis, faoi réir comórtas soláthair i mí na Nollag 2020. Táthar ag súil go ndámhfar conradh i mí na Bealtaine/i mí an Mheithimh 2021.

Clár A Seirbhís Iuachála Stáit a sholáthar

		Soláthar meastacháin €000	2020 Toradh €000	2019 Toradh €000
A.1	Riarachán – pá	8,351	7,535	7,198
A.2	Riarachán – neamhphá	3,764	1,383	1,807
A.3	Táillí abhcóidí agus costais dlí eile	73	84	112
A.4	Cláir náisiúnta athluachála	4,100	652	982
		16,288	**9,654**	**10,099**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €6.634 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh (ar dtús.) Bhain €3.197 milliún de sin le caiteachas riaracháin agus tá sé sin mínithe cheana agus bhain an chuid eile den difríocht leis na nithe seo a leanas den chuid is mó:

A.4 Cláir náisiúnta athluachála

Soláthar meastacháin €4.1 milliún; toradh €652,000

Is mar thoradh ar an leithdháileadh €3.1 milliún chun íoc le soláthraí seirbhíse seachtraí ar conradh chun obair athbhreithnithe a dhéanamh don Choimisinéir a bhí an t-easnamh €3.448 milliún i gcaiteachas ann i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin. Bhí an conraitheoir faoi réir na srianta paindéime agus ní raibh sé ábalta an obair a leithdháileadh a thabhairt chun cinn. Táthar ag súil go gcuirfear tús arís leis an obair sin go gairid de réir mar a mhaolaítear na srianta paindéime.

Clár B Seirbhís riaracháin don Bhinse Luachála

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá	389	309	202
B.2	Riarachán – neamhphá	960	319	509
		1,349	**628**	**711**

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Táillí achomhairc an Bhinse Luachála	40	45	431
2	Deimhnithe luachála	120	86	110
3	Táillí athbhreithnithe luachála	800	528	671
4	Fáltais ilghnéitheacha	65	7	25
5	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	258	229	249
	Iomlán	**1,283**	**895**	**1,486**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach thíos na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €388,000 níos mó ná an meastachán. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

3 Táillí athbhreithnithe luachála

Measta €800,000; réadaithe €528,000

Is mar thoradh ar an laghdú i rátaí críochnaithe i ndáil le cásanna athbhreithnithe toisc nach rabhamar in ann maoine a iniúchadh mar gheall ar na srianta a chuireadh i bhfeidhm de bharr phaindéim Covid-19 a bhí an t-easnamh €272,000 i gceist.

Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

5.1 An líon fostaithe

Líon foirne ag deireadh na bliana	2020	2019
Coibhéisí lánaimseartha	**146**	**134**

5.2 Pá

Luach saothair fhoireann na hOifige

	2020 €000	2019 €000
Pá	7,117	6,743
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	77	82
Liúntais eile	14	14
Ragobair	2	12
ÁSPC an fhostóra	633	549
Pá iomlán	**7,843**	**7,400**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2020 €	2019 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	19	—	8,994	8,274
Ragobair	10	—	2,477	6,660
Liúntais eile	3	—	2,874	4,693
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.	14	—	7,479	11,353

5.4 Comhaontuithe eile luach saothair

Íocadh €77,930 san iomlán le ceathrar státseirbhíseach ar scor atá ag fáil pinsin státseirbhíse agus a fostaíodh arís ar bhonn táille. Tá feidhm ag prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012, maidir leis na táillí sin.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Costais chúitimh agus dlí

	Líon na gcásanna	Costais dlí a d'íoc an Oifig	Costais dlí a dámhadh	Cúiteamh a dámhadh	2020 Iomlán	2019 Iomlán
		€000	€000	€000	€000	€000
Éilimh ó dhaoine den phobal	9	—	3	—	3	88
Costais a dámhadh mar thoradh ar achomhairc chuig an mBinse Luachála	1	—	81	—	81	28
		—	**84**	—	**84**	**116**

6.2 Cumasc

Mar chuid de chlár cuíchóirithe na gcomhlachtaí Stáit, rinneadh cinneadh ón Rialtas an 31 Deireadh Fómhair 2012 an Oifig Luachála, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine a chumasc. Tabharfar Tailte Éireann ar an eagraíocht nua a thiocfaidh as an gcumasc sin.

Is mar a leanas atá an seasamh maidir leis an reachtaíocht atá de dhíth chun Tailte Éireann a bhunú. Ag an gcruinniú dá chuid an 22 Nollaig 2020, cheadaigh an Rialtas an scéim ghinearálta le haghaidh an Bhille um Tailte Éireann agus d'aontaigh sé gur cheart d'Oifig an Ard-Aighne tabhairt faoi dhréachtú foirmiúil an Bhille é féin.

Tá cóip den scéim ghinearálta seolta ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH) chuig an gCoiste Oireachtais iomchuí agus tá sí ag fanacht le freagra maidir le cé acu is mian nó nach mian leis an gCoiste tabhairt faoi ghrinnscrúdú réamhreachtúil maidir leis an reachtaíocht bheartaithe.

Is é DHLGH atá freagrach as an Oifig Luachála, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine, agus tá sé freagrach chomh maith as Tailte Éireann a bhunú. Tá Príomhfheidhmeannach Ainmnithe Thailte Éireann, a ceapadh an 1 Iúil 2013, ag obair ar phlean mionsonraithe chun an t-eintiteas nua a bhunú. Leanfaidh seisean de bheith ag obair le Cláraitheoir na nGníomhas agus na dTeideal, leis an bPríomhoifigeach Suirbhéireachta agus le comhaltaí eile de Bhord an Chláir maidir leis an mbonneagar atá de dhíth don eagraíocht nua a phleanáil agus a leagan amach. Tá DHLGH ag cur treorach agus tacaíochta ar fáil do Bhord an Chláir maidir leis an reachtaíocht atá de dhíth agus maidir le saincheisteanna eile a bhaineann leis an gcumasc. Tá socruithe cóiríochta curtha i bhfeidhm do Thailte Éireann ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus cuirfear i bhfeidhm iad ag deireadh na bliana 2022. Leanfaidh an Oifig Luachála d'aon tacaíocht is gá a chur ar fáil chun go mbeifear ábalta Tailte Éireann a bhunú.

Nuair a bhunófar é, beidh Tailte Éireann freagrach as an gcóras údarásach clárúcháin maoine, as an mbonneagar údarásach mapála agus suirbhéireachta agus as an tseirbhís údarásach luachála maoine a chur ar fáil don Stát. Sa cháil sin, beidh an eagraíocht ina príomhfhoinse náisiúnta eolais maidir le maoin agus sonraí geospásúla agus féachfaidh sí lena bheith ina heiseamláir chun seirbhísí eolais talún a fhorbairt agus a chur ar fáil.

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 17

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 17, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus costais na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2020, as leithreasaí neamhchaite 2019, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir le géilleadh iarchurtha.

Tá farasbarr €2.613 milliún dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi na Polasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

Ról an Bhoird

Bunaíodh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004. Foráiltear leis do Phríomhfheidhmeannach na Seirbhíse agus do bhord a cheapadh a bheidh comhdhéanta d'ochtar comhaltaí agus de Phríomhfheidhmeannach ar bhonn ex officio.

I gcomparáid le feidhmeanna an Bhoird go traidisiúnta, baineann feidhmeanna reachtúla na mbord Stáit níos mó le comhairle a thabhairt agus, go bunúsach, baineann siad le comhairle agus treoir a sholáthar don Phríomhfheidhmeannach. De ghnáth, áirítear leo

- ionadaíocht a dhéanamh do leas na seirbhíse poiblí agus a chinntiú go bhfuil na caighdeáin chuí seirbhíse ar fad á mbaint amach
- measúnú agus faomhadh a dhéanamh ar phleananna agus cuspóirí straitéiseacha a chuireann an Príomhfheidhmeannach ar aghaidh
- monatóireacht a dhéanamh ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus comhairle a thabhairt di maidir le comhlíonadh a cuid feidhmeanna
- a chinntiú go ndéantar nósanna imeachtaí cuí athbhreithnithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme i dtaca le comórtais earcaíochta agus ardaithe céime, agus aon chóid chleachtais chuí a n-eisíonn an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí iad a chur san áireamh
- tuarascáil bhliantúil na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a fhoilsiú.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas seo á ullmhú.

Luacháil ar shócmhainní caipitil

Mar a fhoráiltear dó i gciorclán 21 de 2020, chuir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí tairseach €1,000 i bhfeidhm maidir le caipitliú a sócmhainní caipitil.

Dímheas

Gearrtar dímheas bliana iomláine i mbliain na fála/an choimisiúnaithe agus ní ghearrtar aon dímheas i mbliain na diúscartha.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím mo fhreagracht as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á oibriú ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na ndualgas eile atá orm mar Cheann ar an Oifig. Ina theannta sin, ní féidir le haon chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go gcoisctear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse atá ann idir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte (e.g. acmhainní daonna agus párolla) a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta le haghaidh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Is mar seo a leanas an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chumhdach.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm chomh maith le tuairisciú rialta bainistíochta, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí inti, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam féin. Tá obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí nochta dóibh agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair

Deimhním go gcinntíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí go ndírítear go cuí ar an dea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile. Chuir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí sonraí faoi thrí chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40 de 2020 chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an tSeirbhís lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na hOifige agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha. Ar an gclár rioscaí, tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as rialuithe do bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe (a bhfuil tuilleadh plé orthu sa chéad rannán eile). Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ar na daoine den lucht ardbhainistíochta laistigh den tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Paindéim Covid-19

Rinne an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú ar an tionchar a bhí ag paindéim Covid-19 ar chórais rialaithe inmheánaigh na hOifige. Níor sainaithníodh aon bhearnaí suntasacha, aon laigí ná aon réimsí ina raibh neamhchomhlíonadh i gceist. Rinneadh athruithe ar roinnt nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha chun a chinntiú go bhfeidhmíonn siad i gceart agus obair ó chian ar siúl.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

In iniúchadh inmheánach ar Bhainistíocht Sócmhainní a rinneadh go déanach sa bhliain 2020, sainaithníodh roinnt réimsí ar féidir feabhas a chur orthu in 2021; déanfar dul chun cinn maidir leis na cinn sin a bhaineann go príomha le nósanna a dhoiciméadú láithreach bonn, agus baineann an chuid eile de na moltaí le huasghrádú ár gCórais Bainistíochta Airgeadais, atá le cur i gcrích i lár 2021. Rinneadh iniúchadh inmheánach ar chuntasaíocht agus tuairisciú in 2020 chomh maith, agus cuireadh na moltaí uile i bhfeidhm, seachas an moladh a bhaineann chomh maith le huasghrádú an Chórais Bainistíochta Airgeadais.

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i dtaca le 2020 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Shirley Comerford
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

20 Meán Fómhair 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Táim neamhspleách ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2021

Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Cuntas Leithreasa 2020

				2020	2019
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir					
A	An Státseirbhís agus an tSeirbhís Phoiblí - athlonnú/earcaíocht/roghnú				
	Soláthar meastacháin	16,445			
	Géilleadh iarchurtha	150			
			16,595	13,940	14,810
Ollchaiteachas					
	Soláthar meastacháin	16,445			
	Géilleadh iarchurtha	150			
			16,595	**13,940**	**14,810**
	Lúide				
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**		**154**	**312**	**253**
Glanchaiteachas					
	Soláthar meastacháin	16,291			
	Géilleadh iarchurtha	150			
			16,441	**13,628**	**14,557**

Farasbarr

Ní mór an farasbarr a sholáthraítear thar an tsuim a cuireadh i bhfeidhm dlite le géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir gach leithreas nár caitheadh, nó cuid acu, do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt ar aghaidh chun iad a chaitheamh sa bhliain dár gcionn. Tugadh €200,000 de leithdháiltí maidir le gnéithe caipitil a bhaineann le Fotheidil v Trealamh Oifige agus seirbhísí TF seachtracha, ar aghaidh go 2021.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr	2,813,439	770,605
Géilleadh iarchurtha	(200,000)	(150,000)
Farasbarr le tabhairt suas	**2,613,439**	**620,605**

Shirley Comerford
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

20 Meán Fómhair 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Pá		8,912	8,171
Neamhphá		5,028	6,639
Ollchaiteachas		**13,940**	**14,810**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**312**	**253**
Glanchaiteachas		**13,628**	**14,557**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(285)		
Dímheas	200		
Caillteanas ar dhiúscairtí	12	(73)	(18)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(92)		
Méadú ar stoc	—	(92)	(43)
Caiteachas díreach		**13,463**	**14,496**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		3,849	3,420
Glanchostas an chláir		**17,312**	**17,916**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 17 a tabhaíodh in áit eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	45	45
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	954	995
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	2,799	2,361
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	22	19
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	29	—
		3,849	**3,420**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	556	483
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	719	580
Stoic	2.3	26	26
Réamhíocaíochtaí		432	234
Ioncam fabhraithe		47	15
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	1,895	93
Iomlán na sócmhainní reatha		**3,119**	**948**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		215	77
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.5	321	270
Glanmhaoiniú Státchiste	2.6	2,293	403
Iomlán na ndliteanas reatha		**2,829**	**750**
Glansócmhainní reatha		290	198
Glansócmhainní		**846**	**681**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.7	**846**	**681**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh oifige agus TF	Troscán agus feistis	Feabhsú ar an léasacht	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	7,137	763	691	8,591
Breiseanna	144	141	—	285
Diúscairtí	(208)	(529)	—	(737)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	7,073	375	691	8,139
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	6,763	654	691	8,108
Dímheas don bhliain	172	28	—	200
Dímheas ar dhiúscairtí	(208)	(517)	—	(725)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	6,727	165	691	7,583
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**346**	**210**	**—**	**556**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	374	109	—	483

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ghinearálta agus airgead tirim	711	526
Iarmhéid i gcuntas banc tráchtála	7	54
Mionairgead	1	—
	719	**580**

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Páipéarachas	11	—
Ábhair inchaite TF	15	26
	26	**26**

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Fionraí tuarastail	39	38
Airleacain d'OOP	1,800	—
Scéim pas taistil in-fhorchúitithe	21	51
Míreanna dochair eile ar fionraí	35	4
	1,895	**93**

2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Suimeanna atá lite don Stát		
Cáin ioncaim	181	154
Árachas sóisialta pá-choibhneasa	96	87
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	28	12
Cáin bhreisluacha	15	16
Cáin mhaoine áitiúil	1	1
	321	270
Iarmhéid creidmheasa: fionraí	—	—
	321	**270**

2.6 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Farasbarr le tabhairt suas	2,613	621
Géilleadh iarchurtha	200	150
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(520)	(368)
Glanmhaoiniú Státchiste	**2,293**	**403**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	719	580
Iarmhéideanna dochair: fionraí	1,895	93
	2,614	673
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(321)	(270)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	—	—
	(321)	(270)
	2,293	**403**

2.7 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			681	620
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	16,441		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(200)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(2,613)		
Glanvóta			13,628	14,557
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		3,849	3,420
Glanchostas an chláir	1		(17,312)	(17,916)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**846**	**681**

2.8 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	**2020**	**2019**
	€000	**€000**
Soláthar earraí agus seirbhísí	232	126
Tionscadail chaipitil	4,612	—
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**4,844**	**126**

Nóta Tá an méadú sna ceangaltais ann de bharr an tionscadail uasghrádaithe d'Áras na Caibidle; ar síníodh an conradh ina leith i mí na Nollag 2020.

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rangaítear an leithdháileadh iomlán ar Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí mar chaiteachas riaracháin a úsáideadh ar chlár amháin: státseirbhís agus seirbhís phoiblí – athlonnú/earcaíocht/roghnú

				2020	2019
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais		8,823	8,912	8,171
ii	Taisteal agus cothú		32	42	48
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha		322	348	407
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide		107	88	87
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha				
	Soláthar meastacháin	1,350			
	Géilleadh iarchurtha	150			
			1,500	1,231	1,320
vi	Costais áitribh oifige		2,279	465	1,508
vii	Costais earcaíochta – taighde agus rialachas corparáideach		60	53	65
viii	Costais earcaíochta – fógraíocht agus tástáil		1,247	1,575	1,204
ix	Costais earcaíochta – boird agallaimh		2,225	1,226	2,000
			16,595	**13,940**	**14,810**

Difríochtaí suntasacha

Léirítear anseo thíos anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus léirítear ann na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin €2.279 milliún; toradh €465,000

Tharla an t-easnamh caiteachais €1.814 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin mar gheall gur cuireadh moill ar na hoibreacha uasghrádaithe a bhí beartaithe don oifig.

viii Costais earcaíochta – fógraíocht agus tástáil

Soláthar meastacháin €1.247 milliún, toradh €1.575 milliún

Tá an caiteachas breise €328,000 ann de bharr gur tháinig méadú ar an úsáid a bhaintear as tástáil agus measúnú ó chian mar fhreagairt don aistriú i dtreo na cianoibre agus chun dul i ngleic leis an méadú mór a tháinig ar líon na n-iarratas a fuarthas.

ix Costais Earcaíochta – boird agallaimh

Soláthar meastacháin €2.225 milliún, toradh €1.226 milliún

Tá an laghdú €1.029 milliún i gcaiteachas ar chostais agallaimh ann de bharr an athraithe i dtreo agallaimh ó chian a dhéanamh agus de bharr gur sábháladh airgead ar chostais lónadóireachta dá bharr, mar aon leis an méadú ar bhaill foirne na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a d'fheidhmigh mar bhaill de bhoird nuair a bhí agallaimh ar siúl ó chian. Tháinig laghdú chomh maith ar líon na mbord agus ar líon na n-agallamh a dhéantar d'fheachtais ina mbíonn líon mór iarratas mar gheall ar an athrú i dtreo agallaimh a dhéanamh bunaithe ar éileamh.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Ilghnéitheach	25	153	165
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair na seirbhíse poiblí	129	159	88
	Iomlán	**154**	**312**	**253**

Difríochtaí suntasacha

Léirítear thíos na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €158,000 thar na meastacháin i gceist. Tá míniú ar leis na difríochtaí suntasacha leagtha amach thíos.

1 Ilghnéitheach

Meastachán €25,000; réadaithe €153,000

Tharla an méadú €128,000 den chuid is mó de bharr aisíocaíochtaí in 2020 ó chliaint as íocaíochtaí a rinne an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar a son in 2019. Áiríodh leis an tsuim sin freisin deontas €25,000 a fuarthas sa bhliain ach nár cuireadh ar áireamh sa mheastachán.

Nóta 5 Soláthar foirne agus luach saothair

5.1 Líon na bhFostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon na mball foirne ag deireadh na bliana	**207**	**190**

5.2 Pá

	2020	2019
	€000	€000
Pá	8,047	7,251
Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	107	123
Ragobair	20	116
ÁSPC an Fhostóra	738	681
Pá iomlán	**8,912**	**8,171**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht is mó is airde	
			2020	2019
			€	€
Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	39	1	10,504	16,020
Ragobair	46	—	2,424	10,568
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	12	1	12,148	17,597

5.4 Socruithe luach saothair eile

Íocadh €35,055 i dtáillí le ceathrar comhaltaí de Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí in 2020 (2019: €35,055)

Comhalta	Stádas	Earnáil	Caiteachas bliantúil	
			2020	2019
			€	€
Shirley Comerford Uasal	Comhalta (Príomhfheidhmeannach)	Státseirbhíseach	—	—
An tUasal Tom Moran	Cathaoirleach	Iar-státseirbhíseach	11,970	11,970
Mary Hurley Uasal	Comhalta	Státseirbhíseach	—	—
An Dr Eddie Molloy	Comhalta	An earnáil phríobháideach	7,695	7,695
Ann Marie Taylor Uasal	Comhalta	An earnáil phríobháideach	7,695	7,695
Mary Connaughton Uasal	Comhalta	An earnáil phríobháideach	7,695	7,695
An tUasal John O'Callaghan	Comhalta	Státseirbhíseach	—	—
An tUasal David Cagney	Comhalta	Státseirbhíseach	—	—
Anne O'Connor Uasal	Comhalta	Seirbhíseach poiblí	—	—
Iomlán			**35,055**	**35,055**

5.5 Ró-íocaíochtaí Párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2020	2019
		€	€
Ró-íocaíochtaí	6	6,393	1,184
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	3	2,921	1,184

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 18

An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 18, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus costais na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2020, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2019, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Dlitear farasbarr €13.038 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Le linn na tréimhse cuntasaíochta dar chríoch an 31 Nollaig 2020, d'oibrigh an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte mar oifig státseirbhíse ar leith faoi choimirce na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Is cuid den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, cé is moite de seo a leanas:

Bunús leis an táille ar sheirbhísí

Gearrann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte táille sheirbhíse i leith a seirbhíse AD agus a seirbhíse riaracháin pinsean. Tá cuid de na costais oibriúcháin do 2020 dáilte ag an táille ar sheirbhísí comhroinnte AD ar bhonn pro rata i measc gach comhlachta earnála poiblí ar freastalaíodh orthu (bunaithe ar líon na bhfostaithe atá acu). Iompraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte an fuílleach.

Sócmhainní caipitil

Tá rogha ann in 2020 an dímheas a ríomh go míosúil nó go bliantúil. Lean an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte dímheas a ríomh go bliantúil.

Tá an tairseach mhéadaithe chun sócmhainní caipitil a chur ar áireamh sa Ráiteas Sócmhainní Caipitil glactha ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 21 de 2020.

Baineadh na sócmhainní ar fad a bhfuil luach €10,000 nó níos lú orthu den chlár sócmhainní seasta, de bharr an tairseach €10,000 a fheidhmiú d'aon sócmhainn amháin, agus dá bharr seo tharla coigeartú neamhairgid aonuaire de €621,756, mar atá leagtha amach i Nóta 2.1 Sócmhainní caipitil agus Nóta 2.9 Cuntas maoinithe stáit.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Oifigeach Cuntasaíochta. Ina theannta sin, ní thugann aon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi shíor-athbhreithniú.

Is é seo a leanas an seasamh i ndáil leis an timpeallacht um rialú airgeadais, leis an gcreat nósanna imeachta riaracháin, le tuairisciú bainistíochta agus le hiniúchóireacht inmheánach:

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht um rialú, lena mbaineann na gnéithe seo a leanas, i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus le haghaidh gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh na bhfreagrachtaí atá orm as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.
- Tá an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais don Roinn Airgeadais ábhartha freisin ó tharla go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí idirbheart airgeadais ar bhonn comhroinnte do Vóta 18.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe:

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú
- go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm san Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- gurb ann do threoirlínte cuí ar rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.

Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le pearsana a bhfuil an oiliúint chuí faighte acu. Oibríonn aonad iniúchóireachta inmheánaí na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte bonn eolais faoi obair na feidhme agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchóireacht inmheánach, arna gceadú agamsa, ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm lena cinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Comhlíonadh soláthair

Dearbhaím go gcinntíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas agus earraí agus seirbhísí á gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Sa bhliain 2020, chomhlíon an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte na treoirlínte soláthair, ach amháin i gcás an ní seo a leanas, agus thuairiscigh sí an méid sin don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa tuairisceán bliantúil i leith Ciorclán 40/2002.

- €88,960 (gan CBL a áireamh) a bhain le conradh amháin, faoi choinne ceadúnais bogearraí slándála a cheannach, a soláthraíodh de mheon macánta ar an tuiscint go raibh na ceadúnais clúdaithe le creat a bhí ann cheana idir an Oifig um Sholáthar Rialtais agus an soláthraí. Mar sin féin, aimsíodh in athbhreithniú a rinneadh ina dhiaidh sin nach raibh na táirgí ar leith clúdaithe leis an gcreat.

Creat um riosca agus rialú

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, rud a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh an Oifig. Rinneadh meastóireacht orthu agus grádaíodh iad de réir a suntasachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí go sásúil.

Sonraíonn an clár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sonraíonn sé an fhreagracht as rialuithe a oibriú atá sannta do bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus ar easnaimh rialaithe. Cuireann an bhainistíocht, agus an Bord Bainistíochta, nuair is iomchuí, na nósanna imeachta sin in iúl go tráthúil do na daoine sin atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun monatóireacht a dhéanamh ar a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Cuireann obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach taobh istigh den Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú inmheánach airgeadais bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

Tuarascálacha dearbhaithe ar rialuithe in eagraíocht seirbhíse

Tá próiseas iniúchóireachta curtha i bhfeidhm agam chun dearbhú neamhspleách a thabhairt ar oibriú na rialuithe a bhaineann le soláthar seirbhísí ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Is iad iniúchóirí neamhspleácha a dhéanann na hiniúchtaí uile i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Dhearbhú Iontaofachta (ISAE 3402) *Tuarascálacha Dearbhaithe ar Rialuithe in Eagraíocht Seirbhíse.*

Bhain Seirbhísí Comhroinnte AD agus Seirbhísí Comhroinnte Párolla deimhniú chineál II ISAE amach sa bhliain 2021, bunaithe ar thástáil a rinneadh in 2020. Tugann sé sin dearbhú dom gur baineadh cuspóirí rialaithe amach agus gur oibrigh siad go héifeachtach le linn na tréimhse atá i gceist.

Paindéim Covid-19

Mar gheall ar theacht phaindéim Covid-19 ag tús 2020, bhí ar an bhfoireann dul isteach ar na hathruithe sa timpeallacht oibre agus san timpeallacht rialaithe, agus formhór na foirne san Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ag athrú go cianobair de réir comhairle sláinte poiblí. Rinneadh athbhreithniú aonuaire ar thionchar Covid-19 ar rialuithe inmheánacha, agus dá bharr sin, tugadh go leor rialuithe nós imeachta agus rialuithe inmheánacha isteach chun a chinntiú go leanfadh siad le feidhmiú go héifeachtach i dtimpeallacht cianoibre.

De réir creat rialaithe agus riosca na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, lean na measúnuithe rialta riosca ar aghaidh i rith 2020, na tionchair ar an timpeallacht rialaithe san áireamh, agus an t-eolas is deireanaí á thabhairt don Bhord Bainistíochta agus don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Deimhním go bhfuil na rialuithe, idir na cinn reatha agus na cinn a tugadh isteach de bharr Covid-19, fós éifeachtach.

Ró-íocaíochtaí

Rinneadh ró-íocaíochtaí le baill foirne de chuid cliant, ar ina leith a bhí an bhunchúis inchurtha i leith na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, i 733 chás (2019: 805 chás) dar luach measta €1,064,965 (2019: €831,701). Tá sé sin cothrom le 25% (2019: 18%) den luach airgeadais ar na ró-íocaíochtaí agus le 20% (2019: 16%) den líon iomlán cásanna ró-íocaíochta. De bharr míthuiscint le polasaí pá i dtaca le hincrimintí a bhí dlite do 43 bhall foirne laistigh de roinn amháin is cliant, bhí méadú €233,000 ann ar luach airgeadais na gcásanna ró-íocaíochta.

Leanann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le dul i ngleic leis na ró-íocaíochtaí atá inchurtha i leith na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte trí fheabhsú agus uathoibriú próisis agus trí thuairisciú agus monatóireacht ceann le ceann níos fearr.

Saincheisteanna i dtaca le rialú inmheánach airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2020 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Bíonn an Oifig i gcónaí ag athbhreithniú agus ag cur i bhfeidhm na moltaí a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí chun an timpeallacht rialaithe a neartú, go háirithe i réimsí amhail ró-íocaíochtaí párolla; teicneolaíocht faisnéise; calaois agus leochaileacht; taisteal agus cothú; agus aoisliúntas agus pinsin.

Hilary Murphy-Fagan
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

31 Márta 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le hOifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2021

Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

Cuntas Leithreasa 2020

		Soláthar meastacháin		2020 Toradh	2019 Toradh
		€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir					
A	Feidhm NSSO				
	Soláthar meastacháin	35,740			
	Géilleadh iarchurtha	1,024			
			36,764	24,841	24,582
B	Seirbhísí comhroinnte AD		10,180	9,962	10,115
C	Seirbhísí comhroinnte párolla		12,482	12,808	12,243
D	Seirbhísí comhroinnte airgeadais		3,003	251	539
Ollchaiteachas					
	Soláthar meastacháin	61,405			
	Géilleadh iarchurtha	1,024			
			62,429	**47,862**	**47,479**
	Lúide				
E	**Leithreasaí-i-gcabhair**		**6,005**	**5,911**	**5,833**
Glanchaiteachas					
	Soláthar meastacháin	55,400			
	Géilleadh iarchurtha	1,024			
			56,424	**41,951**	**41,646**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar an chuid ar fad nó aon chuid d'aon leithreasaí neamhchaite do sheirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh anonn go 2021 €1.435 milliún de leithdháiltí nár caitheadh i leith na ngnéithe caipitil d'Fho-mhírcheann A.

	2020 €	2019 €
Farasbarr	14,473,103	9,846,470
Géilleadh iarchurtha	(1,435,000)	(1,024,000)
Farasbarr le géilleadh	**13,038,103**	**8,822,470**

Hilary Murphy-Fagan
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

31 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costas an chláir		7,174	11,285
Pá		30,412	27,783
Neamhphá		10,276	8,411
Ollchaiteachas		**47,862**	**47,479**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**5,911**	**5,833**
Glanchaiteachas		**41,951**	**41,646**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin – airgead tirim	(2,246)		
Dímheas	2,076	(170)	(1,049)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(329)		
Laghdú ar stoc	4	(325)	(542)
Caiteachas díreach		**41,456**	**40,055**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		(9,309)	(9,551)
Measchíosanna		670	461
Glanchostas an chláir		**32,817**	**30,965**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas a bhaineann le Vóta 18 agus a iompraíodh in áit eile agus de chostais a iompraíodh le Vóta 18 i leith Vótaí eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 7	Airgeadas	129	98
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	32	2
Vóta 11	Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú	—	854
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	2,291	1,662
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	949	—
Costas cionroinnte seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile		(12,710)	(12,167)
Glanchostas seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile		**(9,309)**	**(9,551)**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	22,705	23,165
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	13,192	32,699
Stoic	2.3	26	30
Réamhíocaíochtaí	2.4	3,703	3,194
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	872	706
Iomlán na sócmhainní reatha		**17,793**	**36,629**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		822	650
Maoiniú cliant/iarmhéideanna airleacan	2.6	10,155	31,351
Iarmhéideanna sochair eile	2.7	1,564	1,174
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.8	2,345	880
Iomlán na ndliteanas reatha		**14,886**	**34,055**
Glansócmhainní reatha		2,907	2,574
Glansócmhainní		**25,612**	**25,739**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.9	**25,612**	**25,739**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Bogearraí TF agus trealamh	Troscán agus feistis	Trealamh oifige	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní					
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	26,180	558	88	19,952	46,778
Breiseanna	776	—	—	1,462	2,238
Coigeartuithe [a]	(2,414)	(527)	(88)	—	(3,029)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	24,542	31	—	21,414	45,987
Dímheas carntha					
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	23,204	330	79	—	23,613
Dímheas don bhliain	2,073	3	—	—	2,076
Coigeartuithe [a]	(2,019)	(309)	(79)	—	(2,407)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	23,258	24	—	—	23,282
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**1,284**	**7**	**—**	**21,414**	**22,705**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	2,976	228	9	19,952	23,165

Nóta [a] Eascraíonn an coigeartú as ciorclán 21 de 2020 a chur i bhfeidhm maidir leis an tairseach le haghaidh sócmhainní a chur ar áireamh mar shócmhainní caipitil.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	3,054	1,348
Iarmhéideanna bainc arna maoiniú ag cliaint	10,138	31,351
	13,192	**32,699**

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Stáiseanóireacht	25	29
Tomhaltáin TF	1	1
	26	**30**

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Tacaíocht bogearraí/ceadúnais	2,927	2,420
Cothabháil crua-earraí	681	687
Réamhíocaíochtaí eile	95	87
	3,703	**3,194**

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Caiteachas ar an scéim pas taistil	60	136
Oifig na nOibreacha Poiblí	—	27
Costais in-fhorchúitithe i leith an chórais bhainistíochta acmhainní daonna	535	475
Míreanna dochair eile ar fionraí	277	68
	872	**706**

2.6 Maoiniú cliant/iarmhéideanna airleacan

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhís chomhroinnte párolla ar fáil do roinnt ranna, oifigí agus gníomhaireachtaí Rialtais.

Is é atá sa tsuim €10.115 milliún a sealbhaíodh thar ceann cliant amhail an 31 Nollaig 2020 (2019: €31.4 milliún)ná €9.823 milliún (2019: €30.8 milliún) a bhí lóisteáilte ag cliaint faoi choinne maoiniú tuarastal le linn tréimhse na bliana nuaí agus €332,000 (2019: €600,000) a bhain le suimeanna atá dlite do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí tríú páirtí.

Phróiseáil an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte íocaíochtaí olltuarastail agus taistil agus cothaithe arbh fhiú €5.6 billiún san iomlán iad in 2020 (2019: €5.3 billiún).

2.7 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	311	289
Muirear sóisialach uilíoch	66	61
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	308	282
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	463	238
Cáin bhreisluacha	115	72
Ranníocaíochtaí pinsin	138	122
Oifig na nOibreacha Poiblí	33	—
Cáin mhaoine áitiúil	3	3
	1,437	1,067
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	127	107
	1,564	**1,174**

2.8 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	13,038	8,822
Géilleadh iarchurtha	1,435	1,024
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh anuas	(12,128)	(8,966)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**2,345**	**880**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	13,192	32,699
Iarmhéideanna dochair: fionraí	872	706
	14,064	33,405
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(1,437)	(1,067)
Maoiniú cliant/iarmhéideanna airleacan	(10,155)	(31,351)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(127)	(107)
	(11,719)	(32,525)
	2,345	**880**

2.9 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			25,739	24,148
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	56,424		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(1,435)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(13,038)		
Glanvóta			41,951	41,646
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1		(9,309)	(9,551)
Mír neamhairgid - coigeartú sócmhainní caipitil			(622)	—
Caiteachas neamhairgid – measchíos			670	461
Glanchostas an chláir	1		(32,817)	(30,965)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**25,612**	**25,739**

2.10 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	1,249	951
Tionscadail chaipitil	17,477	11,146
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**18,726**	**12,097**

b) Mórthionscadail chaipitil

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019	Caiteachas in 2020	Ceangaltais tionscadal sna blianta ina dhiaidh sin	Caiteachas ionchais iomlán ar feadh shaolré na dtionscadal 2020	Caiteachas ionchais iomlán ar feadh shaolré na dtionscadal 2019
	€000	€000	€000	€000	€000
Tionscadal					
Seirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais	24,570	1,695	17,477	43,742	35,716
	24,570	**1,695**	**17,477**	**43,742**	**35,716**

Difríochtaí suntasacha

Tá míniú tugtha thíos ar chás ina raibh difríocht os cionn €500,000 ann idir costais tionscadail thuartha agus an costas in 2019.

Seirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais

Méadú ar an gcaiteachas ionchais iomlán: €8.026 milliún

Ba iad oibreacha breise cur chun feidhme €7.14 milliún, chomh maith le caiteachas €638,000 ar chostais aistrithe agus caiteachas €236,000 ar bhogearraí cianda breisithe a bhain le riachtanais Covid-19 in 2020 na cúiseanna leis an méadú ar chostais chaipitil ionchais. Tugadh cead le cinneadh ón Rialtas sa bhliain 2020 chun leanúint den tionscadal thar amlíne imscartha tháscach go dtí an bhliain 2025.

2.11 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana	**81**	**81**

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cionroinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos trasna na gclár chun costas iomlán na gclár a chur i láthair.

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastal, pá agus liúntais	30,586	30,412	27,783
ii	Taisteal agus cothú	312	55	166
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,569	1,408	1,346
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	995	479	614
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	9,181	7,749	5,660
vi	Costais áitribh oifige	812	585	625
		43,455	**40,688**	**36,194**

Difríochtaí suntasacha

Sa mhír seo a leanas, déantar anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus leagtar amach na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí caiteachas riaracháin €2.8 milliún níos lú ná mar a soláthraíodh ar dtús, de bharr Covid-19 go príomha. Tugtar breac-chuntas thíos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin.

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin: €312,000, toradh €55,000

Bhí an caiteachas sa bhliain 2020 82% (€257,000) faoin mbuiséad. Tharla an gannchaitheamh sin de bharr srianta taistil a bhain le Covid-19.

iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Soláthar meastacháin: €995,000, toradh €479,000

Bhí an caiteachas sa bhliain 2020 52% (€516,000) faoin mbuiséad. Tháinig an gannchaithemh sin go príomha as an gcaiteachas ar theileachumarsáid in oibríochtaí FSS (Clár D) a bheith níos ísle ná mar a beartaíodh de bharr na moille ar an gcóras Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais a imlonnú.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin: €812,000, toradh €585,000

Bhí an caiteachas sa bhliain 2020 28% (€227,000) faoin mbuiséad. Tháinig an gannchaitheamh go príomha as oibreacha beartaithe athchóirithe nár críochnaíodh sa bhliain agus as costais oibriúcháin a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

Clár A Feidhm na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

		Soláthar measta	cháin	2020 Toradh	2019 Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán − pá		8,018	8,528	7,130
A.2	Riarachán − neamhphá		9,772	9,139	6,167
A.3	Tionscadal na Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais				
	Soláthar meastacháin	17,950			
	Géilleadh iarchurtha	1,024			
			18,974	7,174	11,285
			36,764	**24,841**	**24,582**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas thíos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €11.923 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús (lena n-áirítear an géilleadh iarchurtha a tugadh ar aghaidh ó 2019).

A.3 Tionscadal na seirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais (FMSS)

Soláthar meastacháin: €18.974 milliún, toradh €7.174 milliún

Tríd is tríd, tháinig an coigilteas €11.8 milliún i gcaiteachas (lena n-áirítear an géilleadh iarchurtha a tugadh ar aghaidh ó 2019) as moill mhór a bhain le dearadh, forbairt agus cur i bhfeidhm gnéithe áirithe den tionscadal. Rinneadh an tionscadal FMSS a athshlógadh ó mhí na Samhna 2020.

Clár B Seirbhísí Comhroinnte AD

		Soláthar meastacháin	2020 Toradh	2019 Toradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán − pá	10,046	9,783	9,422
B.2	Riarachán − neamhphá	134	179	693
		10,180	**9,962**	**10,115**

Clár C Seirbhísí Comhroinnte Párolla

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
C.1	Riarachán − pá	11,304	11,995	10,814
C.2	Riarachán − neamhphá	1,178	813	1,429
		12,482	**12,808**	**12,243**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas thíos ar na cúiseanna le hathruithe suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas maidir le Clár C €326,000 níos airde ná mar a soláthraíodh ar dtús. Is éard a bhí sa difríocht ná róchaitheamh ar chostais phá a maolaíodh le tearc-chaitheamh ar chostais neamhphá.

C.2 Riarachán – neamhphá

Soláthar meastacháin: €1.178 milliún, toradh €813,000

Mar gheall ar tháillí bainc laghdaithe agus an laghdú ar rátaí úis a gearradh, a d'eascair as seirbhísí baincéireachta a aistriú chuig soláthraí baincéireachta an Rialtais, sábháladh €365,000 i gcaiteachas, chomh maith le costais phoist a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

Clár D Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
D.1	Riarachán − pá	1,218	106	417
D.2	Riarachán − neamhphá	1,785	145	122
		3,003	**251**	**539**

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas thíos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár D €2.752 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Níor cuireadh an córas FMSS i bhfeidhm sa bhliain 2020 agus ba é sin an chúis leis an difríocht. Mar gheall air sin, níor thosaigh Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais (FSS) a n-oibríochtaí mar a bhí beartaithe. Ath-imscaradh foireann FSS go dtí an tionscadal FMSS agus go réimsí oibríochtúla.

D.1 Riarachán – pá

Soláthar meastacháin: €1.218 milliún, toradh €106,000

Sábháladh €1.112 milliún toisc nár leanadh le cur i bhfeidhm an chórais FMSS mar a bhí beartaithe, agus níor tabhaíodh na costais foirne oibríochta a bhí beartaithe in 2020. Rinneadh foireann oibríochta FSS a ath-imlonnú sa tionscadal FMSS agus chuig réimsí oibríochta eile san NSSO.

D.2 Riarachán – neamhphá

Soláthar meastacháin: €1.785 milliún, toradh €145,000

Sábháladh €1.64 milliún toisc nár leanadh le cur i bhfeidhm an chórais FMSS mar a bhí beartaithe, agus níor thabhaigh FSS na forchostais a rabhthas ag súil leo.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Tobhach seirbhísí comhroinnte AD	5,275	5,219	5,072
2	Ilghnéitheach	180	257	251
3	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	550	435	510
	Iomlán	**6,005**	**5,911**	**5,833**

Nóta 5 Líon Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon foirne ag deireadh na bliana	**807**	**750**

5.2 Pá

	2020 €000	2019 €000
Pá [a]	29,105	27,695
Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	30	48
Liúntais eile	28	66
Ragobair	342	466
ÁSPC an fhostóra	2,721	2,494
Pá iomlán	**32,226**	**30,769**

Nóta [a] Dáiltear an pá iomlán trasna fho-mhírchinn A.1, A.3, B.1, C.1 agus D.1.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2020 €	2019 €
Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	20	—	5,141	13,002
Liúntais eile [a]	2	1	27,644	34,156
Ragobair	354	—	7,582	10,647
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	14	—	6,382	10,442

Nóta [a] Tá ranníocaíochtaí pinsin ón bhfostóir i dtaca le fostaithe a tugadh ar iasacht don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte san áireamh i liúntais eile.

5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2020 €	2019 €
Ró-íocaíochtaí	28	47	88
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm [a]	14	38	48

Aistríodh ocht bplean aisghabhála ró-íocaíochtaí dar luach €11,483 chuig ranna eile i rith 2020 (2019: pleananna dar luach €6,597 i leith 21 duine aonair).

Nóta [a] Rinneadh luach na bliana 2019 maidir le pleananna aisghabhála a athlua ar bhonn sonraí feabhsaithe ó Sheirbhísí Comhroinnte Párolla.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Calaois agus calaois amhrasta

	Líon na gcásanna	2020 €000	2019 €000
Calaois	—	—	31

An t-airgead ar fad i ndáil leis an gcás in 2019, fuarthas ar ais é sa bhliain 2021. Níor chaill an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte aon airgead dá bharr sin.

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 19

Oifig an Ombudsman

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 19, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas faoi iamh den tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 ar na tuarastail agus na speansais a thabhaigh Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €2.086 milliún faoi dhliteanas lena géilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1-6 mar chuid den chuntas.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta

Rinneadh na polasaithe agus prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta le haghaidh tháirgeadh na gcuntas leithreasa, mar a leagtar amach i gCiorclán 22 de 2020 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a chur i bhfeidhm in ullmhú an chuntais ach amháin i ndáil leis na nithe seo a leanas.

Dímheas

Muirearaítear dímheas bliana iomláine i leith na bliana fáltais/coimisiúnaithe agus ní mhuirearaítear dímheas sa bhliain diúscartha. Muirearaítear dímheas ar bhonn líne dírí.

Dímheastar ceadúnais bogearraí ar bhonn líne dírí ag ráta 33% in aghaidh na bliana.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann Oifig an Ombudsman córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Comhlíontar an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Stiúrthóir. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead mar is ceart iad, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC) le haghaidh seirbhísí comhroinnte a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do ONSC go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte don Oifig seo. Ní mheasann ONSC é féin a bheith mar rialaitheoir sonraí i ndáil leis an bhfaisnéis atá á próiseáil aici.

Seo a leanas an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, creat na nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú an lucht bainistíochta, iniúchóireacht inmheánach agus bainistíocht riosca.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach ar leibhéal an lucht bainistíochta.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ina sanntar freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Cuireadh Coiste Iniúchóireachta ar bun chun comhairle a thabhairt dom ó thaobh mo fhreagrachta as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Baineann an Oifig úsáid as an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) chun riachtanais oiliúna foirne a shainaithint, lena n-áirítear na scileanna bainistíochta airgeadais agus cuntasaíochta a theastaíonn uathu. Ina dhiaidh sin, déantar an oiliúint a theastaíonn a eagrú nó a fhoinsiú, de réir mar is cuí.
- Rinneadh nósanna imeachta a dhoiciméadú le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú an lucht bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta an lucht bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas iomchuí buiséadaithe a chur i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú ar bhonn rialta.
- Athbhreithnithe rialta ag an lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha.
- Oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig. Bíonn bainistíocht riosca ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí do phróisis straitéiseacha agus ghnó na hOifige. Is trí chláir rioscaí, trí phleananna straitéiseacha agus gnó agus trí spriocanna aonair CBFF a chuirtear an obair sin i gcrích.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú. Tá crua-earraí agus bogearraí nua-aimseartha deisce ríomhaire i bhfeidhm ag an Oifig agus tá siad ar fáil don fhoireann ar fad. Tá freastalaithe, líonraí agus córais agus saoráidí cúltaca agus balla dóiteáin i bhfeidhm freisin. Is deimhin liom go bhfuil ár gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) oiriúnach don fheidhm agus go bhfuil sé ag feidhmiú go héifeachtach.
- Tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Comhlíonadh soláthair

Cinntíonn an Oifig go bhfuil díriú cuí ann ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí seachfhoinsithe ag an Oifig, ar feidhm í ina n-oibríonn pearsanra a bhfuil an oiliúint chuí orthu. Feidhmíonn an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí faoi chairt a faomhadh i mí an Mheithimh 2019. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais dá bhfuil an Oifig nochta bonn eolais lena cuid oibre agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Oifig agus táthar tar éis iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a rangú de réir a dtábhachta. Déanann an Fhoireann Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear torthaí na n-athbhreithnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ag leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí a mhaolú agus sanntar leis an fhreagracht as oibriú na rialuithe a shanntar do bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomhaíocht cheartaitheach agus don lucht bainistíochta agus don Fhoireann Bainistíochta, nuair is iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Is éard a chuireann bonn eolais le monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais ná obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus obair an lucht ardbhainistíochta laistigh den Oifig atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Paindéim Covid -19

Mar thoradh ar phaindéim Covid-19, cuireadh roinnt athruithe i bhfeidhm ar an timpeallacht oibre agus ar an timpeallacht rialaithe nuair a bhí an chianobair agus an obair fhíorúil ina ngnáthchleachtas ar fud na hOifige. Thug an Oifig roinnt athruithe nós imeachta agus rialaithe isteach dá bharr sin. Faoi chreat riosca agus rialaithe na hOifige, rinne an lucht bainistíochta measúnú iomlán ar an riosca a bhaineann le tionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe. Deimhním go bhfuil na rialuithe reatha agus na rialuithe a tugadh isteach mar thoradh ar COVID-19 fós éifeachtach.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2020 ar eascair caillteanas ábhartha astu nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt astu.

Elaine Cassidy
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ombudsman

26 Márta 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 19 Oifig an Ombudsman

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 19 Oifig an Ombudsman don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú)1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 19 Oifig an Ombudsman don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le hOifig an Ombudsman agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

4 Meitheamh 2021

Vóta 19 Oifig an Ombudsman

Cuntas Leithreasa 2020

		2020		2019
		Soláthar meastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas clár				
A	Feidhm an Ombudsman/Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí	7,089	6,166	5,975
B	An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí	1,893	1,263	1,722
C	Oifig an Choimisinéara Faisnéise/Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil	3,339	2,707	2,721
Ollchaiteachas		**12,321**	**10,136**	**10,418**
	Lúide			
D	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**482**	**383**	**416**
Glanchaiteachas		**11,839**	**9,753**	**10,002**

Barrachas

Is ionann an barrachas agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glansuime feidhmithe atá faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

	2020	2019
	€	€
Barrachas le géilleadh	**2,086,305**	**1,716,274**

Elaine Cassidy
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ombudsman

26 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoi Chostais Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Pá		8,377	7,903
Neamhphá		1,759	2,515
Ollchaiteachas		**10,136**	**10,418**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**383**	**416**
Glanchaiteachas		**9,753**	**10,002**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Dímheas	425		
Caillteanas ar dhiúscairtí	4	429	78
Athruithe i nglansócmhainní reatha			
Méadú i bhfabhruithe deiridh		206	(202)
Caiteachas díreach		**10,388**	**9,878**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		3,674	2,633
Glanchostas clár		**14,062**	**12,511**

1.1 Glanchaiteachas Seirbhísí Gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 19 a iompraíodh in áit eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	45	30
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	1,583	1,262
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	2,032	1,328
Vóta 18	Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	14	13
		3,674	**2,633**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	513	942
Sócmhainní reatha			
Stoic		7	7
Iarmhéideanna dochair eile		28	49
Réamhíocaíochtaí		249	328
Banc agus airgead tirim		161	(9)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.3	110	233
Iomlán na sócmhainní reatha		**555**	**608**
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe		162	35
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.2	299	273
Iomlán na ndliteanas reatha		**461**	**308**
Glansócmhainní reatha		94	300
Glansócmhainní		**607**	**1,242**
Arna léiriú ag:			
An cuntas maoinithe Stáit	2.4	**607**	**1,242**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh TF	Trealamh oifige	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2020	2,770	58	19	2,847
Diúscairtí	(58)	—	—	(58)
Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2020	2,712	58	19	2,789
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2020	1,858	47	—	1,905
Dímheas don bhliain	418	7	—	425
Dímheas ar dhiúscairtí	(54)	—	—	(54)
Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2020	2,222	54	—	2,276
Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2020	**490**	**4**	**19**	**513**
Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2019	912	11	19	942

2.2 Iarmhéideanna creidmheasa eile

amhail an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Suimeanna dlite don Stát		
Cáin ioncaim	136	126
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	68	65
Cáin shiarchoinneálach seirbhísí gairmiúla	32	19
Ranníocaíochtaí pinsin	26	26
	262	236
Asbhaintí párolla a choimeádtar i bhfionraí	30	30
Earraí eile fionraí creidmheasa	7	7
	299	**273**

2.3 Glanmhaoiniú ón Státchiste

amhail an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	2,086	1,716
Deontas an Státchiste nár tarraingíodh	(2,196)	(1,949)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**(110)**	**(233)**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	161	(9)
Iarmhéideanna dochair: fionraí	28	49
	189	40
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(262)	(236)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(37)	(37)
	(299)	(273)
	(110)	**(233)**

2.4 An cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir			1,242	1,118
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar sna meastacháin	Cuntas	11,839		
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(2,086)		
Glansuim an Vóta			9,753	10,002
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1		3,674	2,633
Glanchostas clár	1		(14,062)	(12,511)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig			**607**	**1,242**

2.5 Ceangaltais

amhail an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Earraí agus seirbhísí a sholáthar	**414**	**267**

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Leithroinneadh caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos ar fud na gclár ar mhaithe le costais iomlána chlár a chur i láthair.

		2020		2019
		Soláthar sna meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	9,176	8,377	7,903
ii	Taisteal agus cothabháil	74	14	72
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	378	258	334
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	40	27	42
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	1,455	811	938
vi	Costais áitreabh oifige	411	101	152
vii	Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais	20	37	488
viii	Táillí dlí	757	511	489
ix	An Coimisiún Reifrinn	10	—	—
		12,321	**10,136**	**10,418**

Athrúcháin shuntasacha

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le hathrúcháin shuntasacha ar chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

iii Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €378,000; toradh €258,000

Baineann an tearc-chaitheamh €120,000 go príomha le coigiltí ar oiliúint foirne agus ar sheirbhísí glantacháin oifige. Is féidir na coigiltí sin a chur i leith phaindéim Covid-19 sa tslí is gur cuireadh srian mór le cúrsaí oiliúna agus gur tháinig laghdú ar an méid seirbhísí glantacháin a bhí ag teastáil toisc go raibh an foirgneamh dúnta de bharr na cianoibre.

v Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF

Soláthar meastacháin €1.455 milliún; toradh €811,000

Baineann an tearc-chaitheamh €644,000 leis an líon mór oibre tionscadail TF nár cuireadh i gcrích mar a bhí beartaithe. Tharla sé sin de dheasca na paindéime go príomha agus toisc go raibh daoine i mbun na cianoibre.

vi Costais áitreabh oifige

Soláthar meastacháin €411,000; toradh €101,000

Baineann an tearc-chaitheamh €310,000 leis an méid airgid a cuireadh ar leataobh chun an t-aistriú áitribh i R1 2020 a chumhdach. Is í Oifig na nOibreacha Poiblí a d'íoc an chuid is mó de na costais aistrithe ar deireadh.

viii Táillí dlí

Soláthar mheastacháin €757,000; toradh €511,000

Is ann don tearc-chaitheamh €246,000 de bhrí go bhfuil sé an-deacair táillí dlí a mheas go beacht. Tá ceart ann achomharc a dhéanamh in aghaidh cinntí a dhéantar faoin reachtaíocht um shaoráil faisnéise agus um fhaisnéis chomhshaoil chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí. Bíonn sé deacair táillí dlí a thuar mar go mbraitheann siad ar an líon cásanna cúirte agus tuilleadh achomharc chuig na cúirteanna níos airde agus ar uainiú na gcásanna cúirte agus na n-achomharc sin. Níor cuireadh roinnt cásanna ar aghaidh le linn 2020 mar thoradh ar mhoilleanna sa chóras cúirteanna de dheasca na paindéime.

Clár A Feidhm an Ombudsman/Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	**Toradh**	**Toradh**
		€000	**€000**	**€000**
A.1	Riarachán − pá	5,689	5,452	4,953
A.2	Riarachán − neamhphá	1,400	714	1,023
		7,089	**6,166**	**5,976**

Clár B An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	**Toradh**	**Toradh**
		€000	**€000**	**€000**
B.1	Riarachán − pá	1,193	1,013	1,062
B.2	Riarachán− neamhphá	700	250	660
		1,893	**1,263**	**1,722**

Clár C Oifig an Choimisinéara Faisnéise/Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	**Toradh**	**Toradh**
		€000	**€000**	**€000**
C.1	Riarachán − pá	2,294	1,912	1,888
C.2	Riarachán − neamhphá	1,045	795	832
		3,339	**2,707**	**2,720**

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fíneálacha íocaíochta seasta faoi alt 21 den Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015	72	69	49
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	390	276	298
3	Nithe ilghnéitheacha	20	38	69
	Iomlán	**482**	**383**	**416**

4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	8	—
Bailithe	116	12
Aistrithe chuig an Státchiste	(124)	(4)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**—**	**8**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon na foirne ag deireadh na bliana	**131**	**132**

5.2 Pá

	2020 €000	2019 €000
Pá	7,737	7,312
Liúntas i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	21	24
Ragobair agus tinreamh breise	11	22
ÁSPC an Fhostóra	608	545
Pá iomlán	**8,377**	**7,903**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	an líon faighteoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó	
			2020 €	2019 €
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	3	1	11,047	10,913
Ragobair agus tinreamh breise	16	—	2,023	3,633
Luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin	3	1	11,290	8,327

5.4 Socruithe eile luacha saothair

Íocadh táillí €2,652 thar chúrsa na bliana do bheirt iar-státseirbhíseach a bhí fostaithe ag an Oifig ar bhonn sainchomhairleoireachta.

Nóta 6 Nithe ilghnéitheacha

6.1 Aisghabháil costas dlí

Fuair an Oifig trí íocaíocht ar leith le linn 2020 maidir le cásanna dlí inar dámhadh costais ina fabhar. B'ionann na trí mhéid sin agus €85,500 agus tugadh ar ais don Státchiste iad in 2020 mar fháltais bhreise státchiste (féach nóta 4.2 thuas).

6.2 Cúiteamh agus Costais Dlí

	An líon Cásanna	Costais dlí a d'íoc an Oifig	Cúiteamh a bronnadh	Costais dlí a dámhadh	2020 Iomlán	2019 Iomlán
		€000	€000	€000	€000	€000
Éilimh ag Daoine den phobal						
Oifig an Ombudsman	1	10	—	—	10	23
Oifig an Choimisinéara Faisnéise	14	92	—	—	92	236
Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil	10	240	—	13	253	106
An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí	1	6	—	—	6	66
	26	**348**	**—**	**13**	**361**	**431**

Vóta 20

Garda Síochána

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 20, ceanglaítear orm gach bliain an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus costais an Gharda Síochána, lena n-áirítear pinsin, etc., ar chostais finnéithe áirithe a íoc agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €3.579 milliún le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, i bhfeidhm agus an cuntas seo á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Sócmhainní caipitil a luacháil

Faoi mar a fhoráiltear dó i gCiorclán 21 de 2020, chuir an Garda Síochána tairseach €1,000 i bhfeidhm le haghaidh a shócmhainní caipitil a chaipitliú.

Talamh agus foirgnimh

Tá ocht stáisiún Gardaí ag an Aire Dlí agus Cirt a chuirtear san áireamh i gcuntas leithreasa Oifig na nOibreacha Poiblí (Vóta 13).

Úsáideann an Garda Síochána gabháltais talún ag an Teampall Mór lena n-úsáid ag oiliúnaithe chun críocha áineasa. Tá an Garda Síochána ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí lena chinntiú go n-aistrítear gach talamh isteach in úinéireacht an Stáit.

Cuirtear na costais a bhaineann le trí stáisiún Gardaí a fhorbairt, ar costais iad atá á maoiniú ó Vóta an Gharda Síochána, san áireamh sa chuntas leithreasa, mar atá mionsonraithe i Nóta 2.1.

Tá an réadmhaoin ar fad eile a úsáideann an Garda Síochána faoi úinéireacht Oifig na nOibreacha Poiblí, agus cuirtear i gcuntas í i gcuntas leithreasa na hOifige sin.

Ní chuimsítear sa ráiteas faoin gcostas oibriúcháin i Nóta 1 suim measchíosa a ríomhadh maidir le réadmhaoine a áitíonn An Garda Síochána agus atá faoi úinéireacht an Aire Dlí agus Cirt nó Oifig na nOibreacha Poiblí. Mar thoradh air sin, ní léirítear costas iomlán eacnamaíoch na seirbhíse a sholáthair an Garda Síochána sa ráiteas faoin gcostas oibriúcháin.

Dímheas

Dímheastar sócmhainní caipitil de réir méid cothrom thar a saolré ionchasach mheasta ón mí a cuireadh i gcuntas sa chlár sócmhainní seasta iad. Ríomhtar dímheas ar bhonn míosúil.

Cuirtear na rátaí caighdeánacha dímheasa i bhfeidhm maidir le foirgnimh, trealamh oifige agus TF, agus troscán agus feistis. Baineann na rátaí dímheasa seo a leanas le sócmhainní caipitil eile

- aerárthaí: 5% sa bhliain
- báid: 10% sa bhliain
- feithiclí: 25% sa bhliain
- córais mhóra bogearraí oibríochtúla: 20% sa bhliain.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Garda Síochána córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Choimisinéir an Gharda Síochána. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialuithe inmheánacha a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Garda Síochána agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte airgeadais agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litreacha dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta Dlí agus Ceart agus ó Oifigeach Cuntasaíochta An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go ndéantar na rialuithe cuí a chur i bhfeidhm agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Gharda Síochána.

Seo a leanas an suíomh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat um nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchta agus Riosca ann chun comhairle a thabhairt dom mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach a chomhlíonadh.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach
- go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith feidhmíocht thuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Gharda Síochána
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an nGarda Síochána ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Garda Síochána neamhchosanta orthu bonn eolais faoina cuid oibre agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí a fhiosrú. Mar thoradh ar phaindéim Covid-19 agus na srianta a forchuireadh, dhírigh Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána ó Mhárta 2020 go Meitheamh 2020 ar thaighde, iniúchtaí athbhreithnithe agus obair deisce.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Cinntíonn an Garda Síochána go bhfuil fócas iomchuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha go léir a chinntiú.

Chomhlíon an Garda Síochána na treoirlínte ach amháin i gcás 44 chonradh dar luach iomlán €8,747,148 (gan CBL a áireamh) a síneadh níos faide ná an dáta conartha bunaidh gan soláthar iomaíoch.

Tá bearta déanta ag an nGarda Síochána nuair is infheidhme chun tairiscintí a chur i bhfeidhm in 2021 maidir leis na soláthairtí seo.

Chuir an Garda Síochána sonraí faoi chonarthaí neamhiomaíocha ar fáil i dtuairisceán bliantúil Chiorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an nGarda Síochána a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Faigheann an córas bainistíochta riosca tacaíocht ó Bhord Rialachais Riosca agus Beartais, ó Aonad tiomnaithe Bainistíochta Riosca laistigh den Gharda Síochána agus ó Líonra Curadh Riosca.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an nGarda Síochána agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheas agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an Bord Rialachais Riosca agus Beartais an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil ar a laghad.

Sonraítear sa chlár na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as oibriú rialuithe atá sannta do bhaill foirne shonracha.

Úsáidtear toradh na measúnuithe riosca chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus don Fheidhmeannacht, sa chás gurb iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Tá obair ar siúl ar theipeanna rialaithe a réiteach. Tugann an méid seo a leanas nuashonrú maidir leis na hábhair sin.

Ró-íocaíochtaí párolla agus pinsin an Gharda Síochána

Eascraíonn ró-íocaíocht thuarastail chomhaltaí agus bhaill foirne an Gharda Síochána den chuid is mó ón bhfógra déanach faoi shaoire bhreoiteachta, scoir, éirí as, dífhostú, saoire mháithreachais neamhíoctha agus iarratas a thacaíonn le teaghlaigh chuig an Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla. Go dtí an 31 Bealtaine 2021, comhaontaíodh pleananna aisghabhála maidir le 10% de phinsin ró-íoctha aitheanta an Gharda Síochána agus comhaontaíodh 65% de phleananna aisghabhála tuarastail ró-íoctha i leith chomhaltaí agus bhaill foirne an Gharda Síochána.

Is é is cúis le ró-íocaíocht phinsin an Gharda Síochána go príomha ná pinsin a íoc roimh ré, seachas i riaráistí mar a dhéantar mar ghnás san earnáil phoiblí.

Toghairmeacha a eisíodh go mícheart

D'aithin scrúdú in 2018 toghairmeacha a eisíodh idir an 1 Eanáir 2006 agus an 27 Bealtaine 2016 cásanna daoine a rinne cionta a tugadh os comhair na gcúirteanna go mícheart. Díobh seo, ghearr na cúirteanna pionós in 12,074 chás. Tá an Garda Síochána ag achomharc na dtorthaí seo, le toiliú na ngearánaithe, chun na Cúirte Cuarda. Faoi réir chinneadh na Cúirte, aisíocfar aon fhíneálacha a ghearrfar agus ceartófar gach taifead lena mbaineann. As an 12,074 chás, fuarthas 5,395 fhoirm toilithe chun achomharc a dhéanamh, ar réitíodh 55% díobh. Tá na cásanna eile ag fanacht le hachomharc nó torthaí achomhairc.

Bainistíocht maoine agus fianaise

D'aithin iniúchadh inmheánach riaráiste leagáide d'ábhar fianaise a bhí le taifeadadh ar an gCóras Bainistíochta Taispeántas Maoine (PEMS) mar riosca airgeadais agus clú. Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le hoscailt agus athchóiriú stórtha an chórais sin chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar seo.

Biúró Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána/an Clár Athstiúrtha Óige

Deimhníodh nach ndearna comhaltaí an Gharda Síochána próiseáil a fhad le conclúid chuí sa tréimhse ó Eanáir 2010 go hIúil 2017 ar líon mór cásanna in athbhreithniú inmheánach a rinneadh ar theagmhais atreoraithe óige a measadh a bheith oiriúnach lena gcur san áireamh i gClár Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána. Cuireadh tús le próiseas comhairliúcháin rannpháirtíochta íospartach chun idirchaidreamh réamhghníomhach a dhéanamh le gach páirtí leasmhar seachtrach a bhí i gceist.

Cheadaigh an Coimisinéir *an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chur i bhFeidhm an Athbhreithnithe Atreoraithe Óige 2019 – 2021* le 39 moladh a chuimsiú a d'eascair as obair an Ghrúpa Athbhreithnithe Inmheánaigh um theagmhais atreoraithe óige.

Rinneadh 35 cinn de na 39 ngníomh a chríochnú ag deireadh na bliana 2020.

Tá ceithre ghníomh le críochnú go fóill agus meastar go gcríochnófar na gníomhartha seo in 2021.

Córas Seolta Ríomhchuidithe

Déantar glaonna ar sheirbhís ar an nGarda Síochána a phróiseáil trí chóras Seolta Ríomhchuidithe (CAD). D'ardaigh athbhreithniú a rinne an Garda Síochána saincheisteanna maidir le rialtais, próisis agus nósanna imeachta atá i bhfeidhm maidir le glaonna CAD. Dá bharr sin, cuireadh tús le scrúdú inmheánach, atá ar siúl in 2021. Le linn 2020 agus 2021, cuireadh gníomhartha i bhfeidhm, nó tá gníomhartha á gcur i bhfeidhm, chun aghaidh a thabhairt ar laigí a aimsíodh mar chuid den athbhreithniú go dtí seo.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an nGarda Síochána chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Garda Síochána ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Gharda Síochána atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Paindéim Covid-19

Próiseas leanúnach é an measúnú ar thionchar phaindéim Covid-19 sa Gharda Síochána. Tá na rioscaí, na tionchair agus na rialuithe agus na gníomhartha maolaithe lena mbaineann mar chuid de phróiseas bainistíochta riosca an Gharda Síochána.

D'imir an Garda Síochána ról bunriachtanach chun cabhrú le bearta sláinte poiblí Covid-19 a chur i bhfeidhm agus le daoine agus pobail a choimeád sábháilte i rith 2020. Leanadh leis an obair eile póilíneachta rith an ama seo freisin.

Tionchar na paindéime ba ea gur foilsíodh roinnt ionstraimí reachtúla in 2020 faoin Acht Sláinte 1947, agus bhí gnéithe de threoir agus forfheidhmiú le déanamh ag an nGarda Síochána i roinnt acu. Mar sheirbhís riachtanach maidir leis na seirbhísí póilíneachta seo agus seirbhísí póilíneachta eile a sholáthar, tugadh uainchlár éigeandála Covid-19 isteach chun infhaighteacht pearsanra a uasmhéadú, rud a bhfuil tionchar airgeadais aige. Ina theannta sin, rinneadh acmhainní a ath-imlonnú chuig dualgais oibríochta túslíne, agus rinneadh fianú mear ar chomhaltaí an Gharda Síochána.

Bunaíodh Aonad inmheánach Comhordaithe Covid-19 chun tacú le pearsanra an Gharda Síochána trí eolas agus comhairle a thabhairt a bhaineann le Covid-19 laistigh den timpeallacht oibre. Leanann an tAonad Comhordaithe le hidirchaidreamh a dhéanamh leis na gníomhaireachtaí ábhartha agus déanann sé monatóireacht ar nuashonruithe ón Roinn Sláinte agus/nó ó FSS, ón bhFoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí agus ó Fhochoiste na Comh-aireachta.

Déanann an Fhoireann Ceannaireachta Sinsearaí bainistiú ar shlándáil, sábháilteacht, cúram sláinte laethúil agus ar na dúshláin oibríochtúla a chruthaíonn an phaindéim agus na bearta gaolmhara a fhorchuirtear. Sa chás gurbh fhéidir, tugadh faoin obair go cianda, agus leanadh le príomhrialuithe inmheánacha airgeadais a dhéanamh agus le rioscaí a mhaolú trí TFC atá cianda agus slán a sholáthar agus trí bheartais/nósanna imeachta reatha a choimeád i bhfeidhm.

Tionóltar cruinnithe rialta ar roinnt leibhéal ar fud na heagraíochta agus le príomhpháirtithe leasmhara seachtracha, chun freagairt go héifeachtúil agus go héifeachtach don timpeallacht dhinimiciúil athraitheach.

Leanann an Garda Síochána ag obair go dlúth le gach gníomhaireacht ábhartha, chun bearta a ghlacadh atá ar aon dul le beartas poiblí agus leis an gcás atá ag teacht chun cinn.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2020 óna dteastaíonn nochtadh sa chuntas leithreasa.

JA Harris
Oifigeach Cuntasaíochta
An Garda Síochána

24 Meán Fómhair 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 20 Garda Síochána

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 20 Garda Síochána don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 20 Garda Síochána don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (ISAs) arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis Garda Síochána agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2020.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meán Fómhair 2021

Vóta 20 An Garda Síochána

Cuntas Leithreasa 2020

				2020	2019
		Soláthar measta	cháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir					
A	Obair le pobail chun iad a chosaint agus chun freastal orthu				
	Bunaidh	1,878,569			
	Forlíontach	63,900			
			1,942,469	1,927,814	1,794,042
Ollchaiteachas			**1,942,469**	**1,927,814**	**1,794,042**
	Lúide				
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**				
	Bunaidh	95,988			
	Forlíontach	19,575			
			115,563	**117,237**	**121,288**
Glanchaiteachas					
	Bunaidh	1,782,581			
	Forlíontach	44,325			
			1,826,906	**1,810,577**	**1,672,754**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh thar an nglansuim a caitheadh le géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh do sheirbhísí soláthair chaipitiúil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €12,750,000 de leithdháiltí neamhchaite maidir le gnéithe caipitil d'Fho-mhírcheann A.12 anonn go 2021.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr	16,328,658	3,135,356
Géilleadh iarchurtha	(12,750,000)	—
Farasbarr le géilleadh	**3,578,658**	**3,135,356**

JA Harris
Oifigeach Cuntasaíochta
An Garda Síochána

30 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costas an chláir		509,697	478,172
Pá		1,225,552	1,137,561
Neamhphá		192,565	178,309
Ollchaiteachas		**1,927,814**	**1,794,042**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**117,237**	**121,288**
Glanchaiteachas		**1,810,577**	**1,672,754**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannach - airgead tirim	(30,276)		
Dímheas	25,786		
Diúscairtí - airgead tirim	—		
Caillteanas ar dhiúscairt	123	(4,367)	(92,894)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(9,419)		
Méadú ar stoc	(1,875)		
		(11,294)	(1,016)
Caiteachas díreach		**1,794,916**	**1,578,844**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		25,503	23,175
Glanchostas an chláir		**1,820,419**	**1,602,019**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas i dtaca le Vóta 20 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

		2020 €000	2019 €000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	15	75
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	21,826	19,470
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	2,647	2,647
Vóta 24	Dlí agus Ceart – an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais [a]	2,431	2,376
Costais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile		(1,416)	(1,393)
		25,503	**23,175**

Nóta [a] Cuirtear costais íocaíochtaí aoisliúntais a rinneadh leis an bhfoireann shibhialtach san áireamh i Vóta 24 – An Roinn Dlí agus Cirt agus ní chuirtear i dtaifead sa chuntas seo iad mar ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara.

Seirbhísí eile

Comhoibríonn an Garda Síochána le seirbhísí eile ar bhealaí éagsúla. Ní léirítear na costais atá i gceist sa tábla thuas. Áirítear iad seo a leanas leis na príomhsheirbhísí.

- Cuireadh iompar an Gharda Síochána ar fáil mar thionlacan do phearsana na Seirbhíse Príosúin a raibh príosúnaigh á dtabhairt acu go dtí an chúirt.
- Thug Óglaigh na hÉireann cúnamh don Gharda Síochána chun ábhair phléascacha a dhiúscairt, gan íocaíocht.
- Cuireadh aerárthaí an Aerchóir ar fáil do phearsanra an Gharda Síochána i rith 2020 gan íocaíocht. Tugadh tacaíocht Aerchóir gan táille freisin maidir le haerárthaí sciathán dobhogtha an Gharda Síochána agus héileacaptair an Gharda Síochána a oibriú.

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	173,415	168,609
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	41,662	22,988
Stoic	2.3	11,338	9,464
Réamhíocaíochtaí	2.9	22,220	11,931
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	29,159	23,305
Ioncam fabhraithe		1,321	1,760
Iomlán na sócmhainní reatha		**105,700**	**69,448**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe	2.10	13,979	13,110
Iarmhéideanna sochair eile	2.5	58,164	46,158
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.6	12,657	135
Iomlán na ndliteanas reatha		**84,800**	**59,403**
Glansócmhainní reatha		20,900	10,045
Glansócmhainní		**194,315**	**178,654**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.7	**194,315**	**178,654**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Foirgnimh	Aerárthaí agus báid	Feithiclí agus trealamh	Trealamh oifige agus TF	Troscán agus feistis	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní							
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	90,763	19,871	76,948	205,109	8,765	17,070	418,526
Breiseanna	1,240	71	15,709	3,181	9	10,505	30,715
Diúscairtí	—	—	(5,802)	(6,790)	—	—	(12,592)
Coigeartuithe [a]	—	—	—	17,070	—	(17,070)	—
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	92,003	19,942	86,855	218,570	8,774	10,505	436,649
Dímheas carntha							
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	2,622	15,681	56,236	169,682	5,696	—	249,917
Dímheas don bhliain	1,875	577	9,048	13,791	495	—	25,786
Dímheas ar dhiúscairtí	—	—	(5,681)	(6,788)	—	—	(12,469)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	4,497	16,258	59,603	176,685	6,191	—	263,234
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**87,506**	**3,684**	**27,252**	**41,885**	**2,583**	**10,505**	**173,415**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	88,141	4,190	20,712	35,427	3,069	17,070	168,609

Nóta [a] In 2020, críochnaíodh forbairt chóras TFC Schengen (céimeanna I agus II) rud a úsáidtear chun faisnéis a chomhroinnt chun críocha rialaithe teorann i measc tíortha Eorpacha agus aistríodh an costas €17.070 milliún chuig Trealamh oifige agus TF. Tosóidh Céim III i 2021.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	35,851	16,223
Iarmhéid an chuntais bhainc thráchtála [a]	5,811	6,765
	41,662	**22,988**

Nóta [a] Tá 104 chuntas bainc thráchtála óinchiste roinne/aonaid á gcoimeád ag an nGarda Síochána, a laghdófar ar aon dul leis an tsamhail oibriúcháin a thabhairt isteach.

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Páipéarachas	414	416
Stoc teileachumarsáide	1,806	1,105
Éadaí	3,950	3,440
Soláthairtí an Bhiúró Theicniúil	121	132
Stoc seirbhíse na Náisiún Aontaithe	173	150
Armlann	4,286	3,549
Ilghnéitheach	588	672
	11,338	**9,464**

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Réamhíocaíochtaí le OOP	2,175	(1,708)
Óinchistí	725	635
Cuntas fionraí párolla (Paypath)	22,215	23,338
An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre	898	468
Míreanna dochair eile ar fionraí	3,146	572
	29,159	**23,305**

2.5 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	28,189	21,735
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	13,169	9,838
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	2,071	1,149
Cáin bhreisluacha	1,175	815
Cáin conarthaí iomchuí	18	—
Fíneálacha an Achta um Thrácht ar Bhóithre	1,730	842
Cáin ar aisíocaíochtaí ranníocaíochtaí pinsin	11	3
Scéim pinsin na Státseirbhíse	846	460
Iarmhéideanna cuntais ranna an Gharda Síochána	5,811	6,765
	53,020	41,607
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	4,426	3,845
Ciste luach saothair an Gharda Síochána (nóta 5.7)	486	491
Míreanna sochair eile ar fionraí	232	215
	58,164	**46,158**

2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	3,579	3,135
Géilleadh iarchurtha	12,750	—
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(3,672)	(3,000)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**12,657**	**135**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	41,662	22,988
Iarmhéideanna dochair: fionraí	29,159	23,305
	70,821	46,293
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(53,020)	(41,607)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(5,144)	(4,551)
	(58,164)	(46,158)
	12,657	**135**

2.7 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			178,654	84,744
Íocaíochtaí amach ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	1,826,906		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(12,750)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(3,579)		
Glanvóta			1,810,577	1,672,754
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1		25,503	23,175
Glanchostas an chláir	1		(1,820,419)	(1,602,019)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**194,315**	**178,654**

2.8 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Earraí agus seirbhísí a sholáthar	49,628	54,103
Tionscadail chaipitil	77,911	19,107
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**127,539**	**73,210**

Nóta B'ionann na ceangaltais maidir le soláthar earraí agus seirbhísí ag deireadh 2020 agus €49.628 milliún. B'ionann ceangaltas Go Safe agus €34.057 milliún, agus conradh a bheidh i bhfeidhm go mí Aibreáin 2023 i gceist leis. I measc na gceangaltas eile, tá TFC €9.693 milliún, ceannach feithiclí €666,000, teileachumarsáid €368,000, saintrealamh €609,000, éadaí €3.277 milliún agus an t-iarmhéid €958,000 i measc fo-mhírchinn eile.

b) Mórthionscadail chaipitil

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019	Caiteachas in 2020	Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis sin	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019
	€000	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
Ceanncheathrú réigiúnach/roinne:					
• Gaillimh	30,252	-—	1,911	32,163	32,163
• Sráid Chaoimhín	34,125	1,240	—	35,365	38,707
• Loch Garman	26,386	—	—	26,386	26,961
• An Bóthar Míleata	—	10,505	76,000	86,505	
Forbairt córas bogearraí					
• Céimeanna 3a, 3b, 5 de MIMS[a]	17,392	—	—	24,800	24,800
• Schengen	17,069	—	—	21,700	21,700
	125,224	**11,745**	**77,911**	**226,919**	**144,331**

Nóta [a] Córais Bhainistíochta Imscrúdaithe Móra

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear míniú ar fáil thíos maidir le haon cheangaltas mór inar tháinig athrú de bhreis ar €500,000 ar an gcaiteachas iomlán ionchasach i gcomparáid le 2019.

Sráid Chaoimhín

Laghdú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €3.342 milliún

Tá an caiteachas athbhreithnithe measta iomlán ar Vóta 20: An Garda Síochána go príomha mar thoradh ar €3 mhilliún de mhaoiniú an tionscadail seo a bheith le soláthar faoi Vóta 13: OOP.

Loch Garman

Laghdú ar chaiteachas ionchasach iomlán: €575,000

Ba chostas measta é seo leis an tionscadal a chríochnú agus níor sáraíodh an buiséad ar deireadh thiar.

2.9 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	**€000**
Íocaíochtaí raidió dhigitigh náisiúnta	7,383	8,278
Íocaíochtaí TFC	10,694	2,494
Eile	4,143	1,159
	22,220	**11,931**

2.10 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
TFC	2,758	1,785
Feithiclí a cheannach	259	429
Saintrealamh	360	104
Taisteal agus cothú	1,117	2,059
Breosla agus cothabháil	1,047	943
Seirbhísí stáisiúin	1,418	1,655
Conradh Go Safe	1,199	1,124
Stóráil agus oiliúint	629	688
Cumarsáid agus trealamh eile	740	1,213
Trealamh TFC	124	68
Éadaí	934	211
Coláiste	195	425
Eile	3,199	2,151
Cáin	—	255
	13,979	**13,110**

2.11 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana	—	—

2.12 Dliteanais theagmhasacha

Tá baint ag an nGarda Síochána le roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá suim agus uainiú iarbhír na ndliteanas féideartha neamhchinnte.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cuimsítear caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos i gClár A chun costálacha iomlána cláir a chur i láthair.

		Soláthar meastacháin		2020 Toradh	2019 Toradh
		€000	€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais				
	Bunaidh	1,196,343			
	Forlíontach	28,140			
			1,224,483	1,225,552	1,137,561
ii	Taisteal agus cothú				
	Bunaidh	17,019			
	Forlíontach	1,497			
			18,516	17,490	20,917
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha				
	Bunaidh	15,227			
	Forlíontach	9,485			
			24,712	25,479	24,413
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide				
	Bunaidh	40,447			
	Forlíontach	4,260			
			44,707	46,664	50,522
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF				
	Bunaidh	78,553			
	Forlíontach	(3,924)			
			74,629	73,351	57,404
vi	Áitribh an Gharda Síochána a chothabháil				
	Bunaidh	2,642			
	Forlíontach	300			
			2,942	2,986	1,197
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais				
	Bunaidh	261			
	Forlíontach	157			
			418	602	634

viii	Seirbhísí stáisiúin				
	Bunaidh	20,301			
	Forlíontach	4,876			
			25,177	25,888	23,096
ix	Cúltaca an Gharda Síochána				
	Bunaidh	1,395			
	Forlíontach	(1,245)			
			150	105	126
			1,415,734	**1,418,117**	**1,315,870**

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar cuntas ann ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €17.019 milliún; toradh €17.49 milliún

Ba é ba chúis leis an méadú €471,000 ná costais bhreise a bhain le taisteal agus cothú a sholáthar do chomhaltaí an Gharda Síochána a bhí ag oibriú, go príomha ar oibríochtaí speisialta sa Choireacht Eagraithe agus Tromchoireacht, i Seirbhísí Náisiúnta an Gharda Síochána i dtaca le Coireacht agus Faisnéis Slándála agus in aonaid réigiúnacha tacaíochta faoi airm an Iarthuaiscirt.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €15.227 milliún; toradh €25.479 milliún

Tharla an méadú €10.252 milliún go príomha mar gheall ar chostais a bhaineann leis na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre agus cineál éileamhbhunaithe go leor gnéithe den chatagóir seo. Ba iad na príomhthiománaithe costais ná costais tarraingthe agus stórála feithiclí de €3.198 milliún de bhreis ar an mbuiséad.

Bhí méadú €5.157 milliún ann ar chostais a bhaineann daoine a choinnítear, rud atá éileamhbhunaithe agus a bhaineann go príomha le táillí dochtúirí agus ateangairí. Bhí méadú de €2.125 milliún i gcaiteachas ilghnéitheach go príomha le cothabháil ainmhithe póilíní, táillí dlí, fruiliú agus costais chíosa. Áiríodh ar chaiteachas ilghnéitheach €370,000 i gcostais a bhaineann le Covid-19.

iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Soláthar meastacháin €40.447 milliún; toradh €46.664 milliún

Íocaíocht a rinneadh maidir leis an gcóras raidió dhigitigh náisiúnta ba chúis leis an méadú €6.217 milliún.

v Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF

Soláthar meastacháin €78.553 milliún; toradh €73.351 milliún

Laghdú ar chaiteachas ar ghléasanna fótachóipeála, páipéarachas agus innealra oifige ba chúis leis an easnamh i gcaiteachas €5.202 milliún.

vi Áitribh an Gharda Síochána a chothabháil

Soláthar meastacháin €2.642 milliún; toradh €2.986 milliún

Ba é ba chúis leis an méadú €344,000 ná caiteachas ar fhreastal ar riachtanais bhunriachtanacha chothabhála eastát an Gharda Síochána.

vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe

Soláthar meastacháin €261,000; toradh €602,000

Tá an méadú €341,000 mar gheall ar chaiteachas de €158,000 ar sheirbhísí comhairleoireachta a cuireadh ar fáil do riar an Chiste Slándála Inmheánaí, rud a aisíoctar trí mhaoiniú deontais AE agus a chuirtear ar ais trí leithreasaí-i-gcabhair don Státchiste. Baineann an méadú atá fágtha le táillí gairmiúla as comhairle cánachais maidir le cúrsaí teicniúla agus fostóirí.

viii Seirbhísí stáisiúin

Soláthar meastacháin €20.301 milliún; toradh €25.888 milliún

Ba éard ba chúis leis an méadú €5.587 milliún ná roinnt gnéithe: baineann €1.113 milliún le hathchóiriú stáisiún, sainaonaid nua a bhunú agus oifigí a atheagrú chun scaradh sóisialta a éascú. Baineann €2.933 milliún le seirbhísí breise glanta agus le méaduithe ar phrasghanna agus baineann €685,000 go díreach le bearta Covid-19. Caitheadh €1.169 milliún ar sheirbhísí leighis an Gharda Síochána a sholáthar, rud a bhaineann leis an méadú ar líonta fostaithe agus le paindéim Covid-19. Baineann €372,000 le méadú ar tháillí fóntais.

ix Cúltaca an Gharda Síochána

Soláthar meastacháin €1.395 milliún; toradh €105,000

B'éard ba chúis leis an easnamh €1.29 milliún i gcaiteachas ar Chúltaca an Gharda Síochána ná nár baineadh spriocanna earcaíochta amach agus gur tháinig titim 51 chomhalta ar an líon Gardaí cúltaca idir 2019 agus 2020.

Clár A Obair le pobail chun iad a chosaint agus chun freastal orthu

				2020	2019
		Soláthar measctha	ín	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá				
	Bunaidh	1,196,343			
	Forlíontach	28,140			
			1,224,483	1,225,552	1,137,561
A.2	Riarachán – neamhphá				
	Bunaidh	175,845			
	Forlíontach	15,406			
			191,251	192,565	178,309
A.3	Éadaí agus oiriúintí				
	Bunaidh	6,263			
	Forlíontach	15,274			
			21,537	22,287	5,537
A.4	Cumann Árachas Sláinte Naomh Pól an Gharda Síochána		124	124	124
A.5	Iompar				
	Bunaidh	28,554			
	Forlíontach	9,161			
			37,715	38,162	31,848
A.6	Cumarsáid agus trealamh eile				
	Bunaidh	26,440			
	Forlíontach	4,435			
			30,875	31,047	32,236
A.7	Aerárthaí		1,350	2,073	1,426
A.8	Aoisliúntas, etc.				
	Bunaidh	355,761			
	Forlíontach	3,000			
			358,761	354,711	343,379
A.9	Costais finnéithe		1,805	1,824	2,155
A.10	Cúiteamh				
	Bunaidh	16,620			
	Forlíontach	(4,000)			
			12,620	11,992	14,977
A.11	Clár slándála finnéithe				
	Bunaidh	1,198			
	Forlíontach	(798)			
			400	300	200
A.12	Clár tógála caipitil				
	Bunaidh	32,200			
	Forlíontach	4,890			
			37,090	24,227	13,832
A.13	Coláiste an Gharda Síochána				
	Bunaidh	36,066			
	Forlíontach	(11,608)			
			24,458	22,950	32,458
			1,942,469	**1,927,814**	**1,794,042**

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna a le hathruithe suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €49.245 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhain €45.929 milliún de seo le caiteachas riaracháin agus tugadh míniú cheana féin air agus ba iad na nithe seo a leanas ba phríomhchúis leis an gcuid eile den difríocht, mar atá €3.316 milliún:

A.3 Éadaí agus oiriúintí

Soláthar meastacháin €6.263 milliún; toradh €22.287 milliún

B'éard ba phríomhchúis leis an méadú €16.024 milliún ar chaiteachas bearta a tugadh isteach mar gheall ar phaindéim Covid-19. Infheistíodh €13.99 milliún i dtrealamh TCP chun comhaltaí agus foireann an Gharda Síochána a bhí ag tabhairt faoi sheirbhísí bunriachtanacha a chosaint i rith phaindéim Covid-19. B'éard ba phríomhchúis le €2 mhilliún ná caiteachas a bheith ní b'airde ná mar a bhí coinne leis ar éidí, sainéadaí agus ar oiriúintí.

A.5 Iompar

Soláthar meastacháin €28.554 milliún; toradh €38.162 milliún

Bhí an méadú €9.608 milliún ar chaiteachas mar gheall go príomha ar infheistíocht bhreise €7 milliún i bhfeithiclí a ceannaíodh in 2020. Úsáideadh na feithiclí seo den chuid ba mhó le chur ar chumas AGS láithreacht bhunriachtanach pobail a sholáthar i rith phaindéim Covid-19.

Baineann €1.386 milliún le feithiclí a fhruiliú i luathchéimeanna na paindéime, mar chuid den fhreagairt pobail do Covid-19. Chumasaigh an infheistíocht a rinneadh sa fhlít feithiclí fruilithe a thabhairt ar ais de réir a chéile.

Baineann €1.222 milliún le costais ghaolmhara bhreosla, chothabhála agus ilghnéitheacha de bharr mhéid mhéadaithe an fhlít agus úsáid an fhlít ó tosaíodh paindéim Covid-19.

A.6 Cumarsáid agus trealamh eile

Soláthar meastacháin €26.44 milliún; toradh €31.047 milliún

Tharla an méadú €4.607 milliún ar chaiteachas mar gheall ar roinnt tosca; infheistíodh €2.64 milliún de i stórthaí arm tine. Caitheadh €500,000 ar threalamh nua luais léasair. Den chuid is mó, tháinig an farasbarr de thart ar €1.467 milliún as caiteachas a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis ar threalamh cumarsáide agus oibríochta agus tá riachtanas gaolmhar ag an méid mhéadaithe flít le raidiónna Tetra do na feithiclí. Caitheadh €300,000 go díreach ar chaiteachas a bhaineann le Covid-19.

A.7 Aerárthaí

Soláthar meastacháin €1.35 milliún; toradh €2.073 milliún

Ba é ba chúis leis an méadú €723,000 ar chaiteachas ná costais mhéadaithe chothabhála agus deisiúcháin héileacaptair an Gharda Síochána. Tá an dá héileacaptar de chuid an Gharda Síochána imithe in aois go maith faoi láthair agus bíonn costais bhreise chothabhála le híoc dá bharr.

A.8 Aoisliúntas, etc.

Soláthar meastacháin €355.761 milliún; toradh €354.711 milliún

Paindéim Covid-19 ba chúis leis an easnamh €1.05 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin, go pointe áirithe, mar gheall nach ndeachaigh an líon comhaltaí ar scor a raibh súil leis.

A.10 Cúiteamh

Soláthar meastacháin €16.62 milliún; toradh €11.992 milliún

Cineál dothuartha agus suimeanna an chúitimh a dámhadh, agus uainiú cásanna mar gheall ar bhearta Covid-19 ba chúis leis an easnamh €4.628 milliún.

A.11 Clár slándála finnéithe

Soláthar meastacháin €1.198 milliún; toradh €300,000

Ba é ba chúis leis an easnamh €898,000 ar chaiteachas ná cineál an fho-mhírchinn seo, ar deacair leibhéal agus uainiú an chaiteachais a thuar dó.

A.12 Clár tógála caipitil

Soláthar meastacháin €32.2 milliún; toradh €24.227 milliún

Ba mhoilleanna ar oibreacha tionscadail chaipitil ba chúis leis an easnamh €7.973 milliún i gcaiteachas. D'imir na bearta sláinte poiblí a cuireadh i bhfeidhm i rith 2020 tionchar ar dhul chun cinn i measc thionscadail chóiríochta éagsúla an Gharda Síochána.

A.13 Coláiste an Gharda Síochána

Soláthar meastacháin €36.066 milliún; toradh €22.95 milliún

Ba é ba chúis leis an easnamh €13.116 milliún i gcaiteachas ná costais phá-choibhneasa €8.293 milliún a cuireadh i gcuntas i bhFo-mhírcheann A.1 (tuarastail, pá agus liúntais), agus míreanna neamhphá €4.823 milliún. Léirítear i gcoigilteas 2020 tionchar phaindéim Covid-19 ar oiliúint agus ath-leithdháileadh foirne. D'imir an iontógáil laghdaithe earcaithe in 2020 agus na tréimhsí laghdaithe a chaith oiliúnaithe Garda sa Choláiste tionchar ar chaiteachas faoi A.13.

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

				2020	2019
			Measta	Réadaithe	Réadaithe
			€000	€000	€000
1	Ranníocaíocht le scéimeanna pinsean an Gharda Síochána do chéilí agus leanaí				
	Bunaidh	11,278			
	Forlíontach	1,049			
			12,327	12,628	11,911
2	Ranníocaíocht le scéim pinsean an Gharda Síochána				
	Bunaidh	21,528			
	Forlíontach	2,721			
			24,249	24,626	22,909
3	Fáltais ilghnéitheacha (nóta 4.2).				
	Bunaidh	11,000			
	Forlíontach	4,875			
			15,875	15,762	17,458
4	Fáltais Choláiste an Gharda Síochána				
	Bunaidh	600			
	Forlíontach	(466)			
			134	190	955
5	Táillí airm thine				
	Bunaidh	3,000			
	Forlíontach	716			
			3,716	3,968	10,663
6	Ceamaraí sábháilteachta – fáltais áirithe ó mhuirir sheasta		14,200	14,593	14,668
7	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblía				
	Bunaidh	34,382			
	Forlíontach	10,680			
			45,062	45,470	42,724
			115,563	**117,237**	**121,288**

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €21.249 milliún ní ba mhó ná an meastachán. Tugtar míniú ar na difríochtaí thíos:

1 Ranníocaíocht le scéimeanna pinsean an Gharda Síochána do chéilí agus leanaí

Meastachán €11.278 milliún; réadaithe €12.628 milliún

Méadú ar an líon Gardaí a bhí ag fónamh agus an méadú foriomlán in 2020 ar chostais phárolla, ónar eascair ranníocaíochtaí ní b'airde, ba chúis leis an méadú €1.35 milliún.

2 Ranníocaíocht le scéim pinsean an Gharda Síochána

Meastachán €21.528 milliún; réadaithe €24.626 milliún

Méadú ar an líon Gardaí a bhí ag fónamh agus an méadú foriomlán in 2020 ar chostais phárolla, ónar eascair ranníocaíochtaí ní b'airde, ba chúis leis an méadú €3.098 milliún.

3 Fáltais ilghnéitheacha

Meastachán €11 mhilliún; réadaithe €15.762 milliún

Ba é ba phríomhchúis leis na fáltais bhreise €4.762 milliún ná fáltais ó chrainn a fháil ar cíos ag an nGarda Síochána a chosain €1.79 milliún agus suim €1.89 milliún ó urghabháil a tugadh suas don stát.

4 Fáltais Choláiste an Gharda Síochána

Meastachán €600,000; réadaithe €190,000

Ba é ba chúis leis an easnamh €410,000 go raibh an coláiste dúnta mar thoradh ar Covid-19 agus dliteanas CBL €269,000 a íoc.

5 Táillí airm thine

Meastachán €3 mhilliún; réadaithe €3.968 milliún

Uainiú fáltas ba chúis leis an méadú €968,000.

7 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí

Meastachán €34.382 milliún; réadaithe €45.47 milliún

Méadú ar an líon comhaltaí agus ball foirne de chuid an Gharda Síochána a bhí ag fónamh, agus an méadú ar chaiteachas párolla, ónar eascair méadú ar ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise, ba chúis leis an méadú €11.088 milliún.

4.2 Anailís ar fháltais ilghnéitheacha

	2020 €000	2019 €000
Íocaíochtaí i leith seirbhísí dualgais neamhphoiblí a chuir Gardaí ar fáil	3,222	5,910
Aisíocaíochtaí i leith réamhíocaíochtaí gluaisteáin	4	2
Aisghabháil i leith díobháil a rinneadh d'fheithiclí oifigiúla agus do mhaoin eile an Gharda Síochána	11	48
Fáltais ó fheithiclí athláimhe, seanstóthar, maoin fhorghéillte agus maoin neamhéilithe a dhíol	2,540	645
Táillí i leith tuairiscí timpiste agus díobhála mailísí	628	757
Ranníocaíocht le háiteanna cónaithe	44	42
Costais finnéithe a fhorchúiteamh	1	2
Tuarastail a fhorchúiteamh	44	52
An muirear céatadánach ar chomhlachtaí árachais as préimheanna árachais a bhailiú	98	104
Fáltais ó AE	875	3,369
Táillí ceadúnais tacsaí	207	251
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre – táillí a gearradh as cionta tiomána	2,741	2,529
Táillí méarlorg chun críocha fostaíochta agus víosa	67	80
Crainn an Gharda Síochána	2,801	1,052
Dliteanas iompróra	757	865
Cártaí aoise	162	213
Earraí neamhrangaithe	1,560	1,537
	15,762	**17,458**

4.3 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	842	1,144
Suim a bailíodh	4,524	5,000
Suim a aistríodh chuig an Státchiste	(3,636)	(5.302)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**1,730**	**842**

4.4 Fáltais ó fhógraí muirir sheasta

B'ionann na fáltais iomlána ó fhógraí muirir sheasta in 2020 agus €19.113 milliún (2019: €19.688 milliún). As seo, coimeádadh €14.59 milliún (2019: €14.668 milliún) chun conradh Go-Safe a mhaoiniú. As an iarmhéid €4.524 milliún, íocadh €3.636 milliún (2019: €5 mhilliún) leis an Státchiste in 2020, agus aistríodh an chuid eile in 2021.

Nóta 5 Soláthair Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhFostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon foirne ag deireadh na bliana:		
Comhaltaí an Gharda Síochána	14,491	14,307
Oiliúnaithe Garda	153	405
Baill foirne an Gharda Síochána	3,113	2,945
	17,757	**17,657**

5.2 Pá[a]

	2020 €000	2019 €000
Pá	839,369	782,086
Íocaíocht ex gratia – nóta 5.6	1,753	—
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	375	431
Liúntais eile	202,263	181,031
Ragobair	98,958	106,942
ÁSPC an Fhostóra	100,541	90,981
Pá iomlán	**1,243,259**	**1,161,471**

Nóta [a] Áirítear leis seo pá don fhoireann a bhí fostaithe i gColáiste an Gharda Síochána, a ghearrtar ar fho-mhírcheann A.13.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde 2020 €	2019 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	206	4	48,437	40,123
Ragobair agus tinreamh breise	15,072	3,025	52,953	55,086
Liúntais sealoibre agus uainchláir	14,772	10,638	59,040	47,848
Ilghnéitheach	14,954	212	96,075	77,126
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	14,714	13,245	110,401	81,588

5.4 Socruithe eile luach saothair

Athfhostaíodh deichniúr státseirbhíseach ar scor a raibh pinsin státseirbhíse á bhfáil acu chun dualgais éagsúla a dhéanamh ar chostas iomlán €165,544. Tá nósanna imeachta cuí i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí le pearsanra ar scor i gcomhréir le hAlt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2020 €000	2019 €000
Ró-íocaíochtaí párolla	1,242	2,237	2,022
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	872	1,461	1,070
Ró-íocaíochtaí pinsin	366	873	790
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	36	241	281

Nóta Tá na figiúirí thuas carnach agus áirítear leo ró-íocaíochtaí a rinneadh i mblianta roimhe seo agus nár aisíocadh go fóill. Rinneadh ró-íocaíocht amháin ar a raibh luach €6,398 le ball foirne de chuid an Gharda Síochána a dhíscríobh in 2020.

5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Rinneadh comhaontú ar phacáiste iomarcaíochta agus chuir an Garda Síochána ar tairiscint é. Rinneadh scaoilíocaíochtaí dar luach iomlán €1,752,877 in 2020.

Céim/Grád	Líon na bhfaighteoirí	Scaoilíocaíochtaí €	Blianta breise de sheirbhís bharúlach	Pinsean a íoc go luath gan aon laghdú achtúireach (blianta)
Coimisinéir Cúnta/Ard-Cheannfort	8	484,322	—	—
Ceannfort	26	1,268,555	—	—
Iomlán	**34**	**1,752,877**	—	—

5.7 Ciste Luach Saothair an Gharda Síochána

Is é cuspóir an Chiste dámhachtainí a íoc i ngeall ar chrógacht Gardaí agus ranníocaíocht bhliantúil a dhéanamh le haghaidh sheirbhísí séiplíneachta an Gharda Síochána ó airgead a fuarthas maidir le fíneálacha araíonachta an Gharda Síochána.

Léirítear sa ráiteas seo a leanas na fáltais iomlána a gearradh ar an gCiste i gceart sa bhliain, suim na n-íocaíochtaí sa tréimhse agus iarmhéid an Chiste ag deireadh na bliana.

	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid a tugadh anonn an 1 Eanáir	491	475
Fáltais	59	45
Íocaíochtaí	(64)	(29)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**486**	**491**

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

	Bliain an cheaptha	Caiteachas carnach suas go deireadh 2020	2020	2019
		€000	€000	€000
An Binse um Nochtaí Cosanta [a]	2017	3,700	801	801
Coimisiún Imscrúdúcháin Hickson [b]	2018	49	3	42
			804	**843**

Nótaí [a] Bunaíodh an Binse um Nochtaí Cosanta chun imscrúdú a dhéanamh ar nochtaí cosanta a rinneadh faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014, agus nithe áirithe eile. Is ionann na costais a thabhaítear agus costais le haghaidh ionadaíocht dhlíthiúil do chomhaltaí an Gharda Síochána atá ag fónamh agus atá ar scor. Tabhaítear costais an Bhinse féin faoin Vóta le haghaidh Dlí agus Cirt.

[b] Bunaíodh Coimisiún Imscrúdúcháin Hickson chun imscrúdú a dhéanamh ar an bhfreagairt do líomhaintí a rinneadh gur baineadh drochúsáid ghnéasach as leanbh ainmnithe.

6.2 Ráiteas faoi chaillteanas (feithiclí an Gharda Síochána, etc.)

Tugadh 641 timpiste, ar an iomlán, le fios in 2020 ina raibh baint ag feithiclí an Gharda Síochána (2019: 561). B'ionann costas na díobhála a rinneadh d'fheithiclí oifigiúla agus costais eile agus €1,018,507. Aisghabhadh cúiteamh arbh fhiú €98,649 san iomlán é.

6.3 Calaois agus calaois amhrasta

	Líon na gcásanna	2020	2019
		€000	€000
Calaois	—	—	—
Calaois amhrasta	7	2	15

Nóta Braitheadh/líomhnaíodh seacht gcás calaoise in 2020 a bhfuil imscrúdú á dhéanamh ag an nGarda Síochána orthu faoi láthair (2019: 11).

6.4 Costais chúitimh agus dlí

Áirítear leis an gcuntas caiteachas maidir le costais dlí agus dámhachtainí cúitimh ar ghlac comhaltaí agus fostaithe an Gharda Síochána agus daoine den phobal leo.

	Líon na gcásanna	Cúiteamh a dámhadh	Costais dlí a dámhadh	Costais eile a dámhadh [a]	2020 Iomlán	2019 Iomlán
		€000	€000	€000	€000	€000
Éilimh ó chomhaltaí agus fostaithe an Gharda Síochána [b]						
Faoi Achtanna an Gharda Síochána (Cúiteamh), 1941-1945	129	2,705	1,859	—	4,564	7,738
Tríd an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát i ngeall ar chomhaltaí a gortaíodh agus	50	592	247	35	874	340
Éilimh shibhialta ó dhaoine den phobal						
Éilimh a d'eascair as gníomhartha Gardaí agus iad ag	136	2,981	1,967	27	4,975	4,817
Éilimh (éilimh óchomhaltaí an Gharda Síochána san áireamh) a d'eascair as timpistí ina	196	1,066	364	64	1,494	1,986
		7,344	**4,437**	**126**	**11,907**	**14,881**

Ag an 31 Nollaig 2020

- Bhí 1,520 éileamh fós le réiteach faoi Achtanna an Gharda Síochána Cúiteamh (2019: 1,462)
- Bhí 279 n-éileamh shibhialta le réiteach go fóill a bhain le timpistí ina raibh baint ag feithiclí an Gharda Síochána (2019: 276)
- Bhí 3,338 n-éileamh shibhialta, seachas iad siúd a bhain le feithiclí an Gharda Síochána, le réiteach go fóill (2019: 1,327)

Nóta

[a] Baineann costais eile a dámhadh le táillí gníomhaireachta, táillí imscrúdaitheora agus táillí leighis, etc.

[b] Íocadh íocaíochtaí cúitimh arbh ionann iad agus €85,238 (2019: €96,822) de bhun na Scéime Sochar Díobhálacha Ceirde, a riartar tríd an Roinn Coimirce Sóisialaí. Ní chuirtear na híocaíochtaí seo san áireamh sa tábla thuas.

[c] Is féidir go n-áirítear leis seo páirtíocaíochtaí a rinneadh i gcaitheamh roinnt blianta do chásanna aonair.

6.5 Maoiniú ó AE

Bhí sé thionscadal déag arna maoiniú ag AE ar siúl in 2020. B'ionann a leanas na cistí a fuarthas sa bhliain:

	2020 €000	2019 €000
Atlas 2020	—	111
Ciste Slándála Inmheánaí	874	3,101
BroadWay	—	14
PROTAX	—	25
Pericles	—	6
ROXANNE	77	77
MAGNETO	50	57
QROC	—	57
InspectR	—	200
Proactive	—	216
City Cop	—	29
Safe Ci	—	9
CEPOL	—	65
GRACE	121	—
JUSTISIGNS 2	4	—
ADEP 2.0	238	—
	1,364	**3,967**

Is é is **Atlas 2020** ann ná tionscadal a bhfuil i gceist leis tacú le gníomhaíochtaí an líonra thrasnáisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí.

- An Chéad Ionad Sármhaitheasa de chuid ATLAS a bhunú i dtaobh sárú eitleán (AIRCRAFT).
- Tacaíocht fheabhsaithe leighis a thabhairt d'íospartaigh agus dár bhfórsaí féin i limistéir dhoicheallacha (MEDIC).
- Scileanna agus cineálacha chur chuige feabhsaithe oirbheartaíochta chun cur in aghaidh teagmhas i gceantair uirbeacha (BUILDINGS).
- Cumas Aonad Speisialta Idirghabhála (SIUnna) a fheabhsú chun déileáil le rioscaí a bhaineann le dróin agus róbait (INOVATION).
- Feabhas a chur ar choincheapa um aimsitheoirí a imlonnú in oibríochtaí frithsceimhlitheoireachta (SNIPER).
- Modhanna a fhorbairt chun earraí agus foirgnimh a shárú (ENTRY).
- Modhanna dea-chleachtais a fhorbairt chun cumas idirbheartaíochta a chomhtháthú i rith oibríochtaí Frithsceimhlitheoireachta (NEGO).
- Feabhas a chur ar an gcomhoibriú idir Aonaid Speisialta Idirghabhála i gcás oibríochtaí a bhaineann le modhanna iompair phoiblí (TRANSPORT).

An Ciste Slándála Inmheánaí (ISF): cur chun feidhme straitéise slándála inmheánaí, comhoibriú maidir le forfheidhmiú an dlí agus bainistiú teorainneacha seachtracha AE a chur chun cinn. Tá an ciste dírithe ar dhá chuspóir ar leith ó 2014 go 2020:

- An choireacht a chomhrac: coireacht trasteorann, tromchoireacht agus coireacht eagraithe a chomhrac, an sceimhlitheoireacht san áireamh, agus comhordú agus comhoibriú a neartú idir údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis náisiúnta eile stáit AE, EUROPOL agus comhlachtaí ábhartha eile AE, agus eagraíochtaí ábhartha neamh-AE agus idirnáisiúnta san áireamh.
- Rioscaí agus géarchéimeanna a bhainistiú: barr feabhais a chur ar chumas stáit AE agus an aontais chun bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar rioscaí agus géarchéimeanna a bhaineann le slándáil, agus ullmhú chun daoine agus príomhbhonneagar a chosaint ar ionsaithe sceimhlitheoireachta agus bagairtí eile a bhaineann le slándáil.

BroadWay: De réir riachtanais thionscadal BroadMap, córas píolótach a chruthú ó roinnt córas fréamhshamhla a imlonnaíodh le hoibriú idir-inoibritheach a léiriú trasna teorainneacha sna suíomhanna seo a leanas – fánaíocht teorann talún, cianfhánaíocht, grúpaí cumarsáide agus gach teagmhas a thiteann amach i dtíortha atá ceangailte leo.

Tionscadal é **Pericies** chun cur in aghaidh radacú agus antoisceachas foréigneach agus cosc a chur orthu, agus díriú ar leith ar thacú le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí.

PROTAX: Tionscadal é 'Modhanna Nua le hÉilliú agus Coireacht Chánach in AE a Chosc, a Imscrúdú agus a Mhaolú' chun cur le Samhail Slándála Eorpach a chuireann réitigh ar fáil chun coireanna cánach a chosc agus a ionchúiseamh. Tá sraitheanna straitéisí le forbairt don lucht déanta beartas slándála, gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus údaráis chánach.

Tionscadal é **ROXANNE** a chuireann leis an sprioc a bhaineann le líonraí coiriúla a aimsiú agus a mbaill a shainaithint trí láidreachtaí na dteicneolaíochtaí urlabhra agus teanga (TUTanna), na hanailíse amhairc (AA) agus na hanailíse ar líonraí (AL) a cheangal.

Tionscadal é **MAGNETO** atá dírithe ar theicneolaíocht a chruthú lena gcuirfear ar chumas gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí anailís a dhéanamh ar ilmheáin agus iad a chur i gcomhchoibhneas chun coireacht eagraithe a chosc agus a imscrúdú.

Tionscadal é **QROC** a bhfuil mar chuspóir leis riachtanais agus dea-chleachtas a roinnt agus acmhainn cumarsáide a fhorbairt idir na hIonaid Náisiúnta Oibríochtaí um Fhorfheidhmiú an Dlí (NOC) chun sonraí oibríochtúla a chomhroinnt agus a fháil go tapa trasna teorainneacha maidir le bagairtí sceimhlitheoireachta.

Tionscadal é **InspectR** (Líonra Faisnéise agus Ardán Slán chun Fianaise a Chur i gCoibhneas agus a Aistriú agus TransfeR) chun ardán comhroinnte faisnéise agus próiseas a fhorbairt chun príomhshonraí a bhailiú, a anailísiú, a chur i láthair agus tús áite a thabhairt dóibh chun cabhrú leis an gcoireacht a thuar, a bhrath agus a bhainistiú chun tacú le gníomhaireachtaí éagsúla ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tionscadal é **Proactive** a bhaineann le hullmhacht in aghaidh bagairtí CBRNE trí chineálacha cur chuige comhchoiteanna idir cleachtóirí slándála agus an tsochaí shibhialta leochaileach.

Tionscadal é **City Cop** a bhaineann le taighde a dhéanamh ar chomóntacht agus ar dhea-chleachtais a úsáideann aipeanna rathúla póilíneachta pobail ar fud an domhain agus tá mar chuspóir leis réiteach uathúil Eorpach, aip do ghutháin chliste agus tairseach ar líne san áireamh, a tháirgeadh lena chur chun feidhme i ngach cathair Eorpach, agus a "bhlas áitiúil" á chothú go fóill.

Tionscadal dhá bhliain is ea **Safe Ci** (Spás Níos Sábháilte do Chathracha Níos Sábháilte) a bhfuil de chuspóir aige feabhas a chur ar spásanna poiblí, ceantair uirbeacha agus spriocanna boga eile a chosaint trí dhea-chleachtas a mhalartú.

Gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh é **CEPOL** atá tiomnaithe d'oiliúint le haghaidh oifigigh forfheidhmithe dlí a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a chomhordú. (Cuireadh cúrsaí ar ceal in 2020 mar thoradh ar Covid-19).

Tionscadal é **GRACE** a bhaineann le sonraí fóiréinseacha a bhailiú, a aicmiú, a phróiseáil agus a anailísiú agus le heolas a mhalartú go mear, le tacaíocht ó ardalgartaim faoi chumhacht intleachta saorga, chun an bhearna theicneolaíochta a dhúnadh le ciontóirí agus feabhas mór a chur ar éifeachtúlacht i dtaobh dul i ngleic le cásanna a bhaineann le teacht i dtír gnéasach ar leanaí. Tá mar chuspóir ag GRACE, ach go háirithe, insreabhadh atreoruithe ábhar teachta i dtír ghnéasaigh ar leanaí (CSEM) ó Oifig na Paiteolaí Stáit ar líne a chomhrac, réitigh mórshonraí a sholáthar le haghaidh ETL sonraí (Baint, Claochlaigh agus Ualú), agus é mar chuspóir freisin bainistíocht ábhar a chaighdeánú.

Tionscadal taighde laistigh den phobal bodhar é **JUSTSIGN 2,** ina ndéantar imscrúdú ar eispéiris íospartach foréigin ghnéasaigh agus na coireachta nuair a dhéanann siad idirghníomhú leis na póilíní agus an próiseas dlíthiúil. Cuireann seo le hiarthionscadal JUSTISIGNS.

Tionscadal é Próiseas Malartaithe Sonraí Uathoibrithe (**ADEP**) i dtaobh dul i ngleic le bearnaí gan aon éilimh mhóra airgeadais, forbartha TF nó acmhainní daonna a chur ar na Ballstáit.

6.6 Tacaíocht do chumainn ionadaíocha

Tá €198,557 (2019: €293,492) san iomlán curtha san áireamh i bhfo-mhírcheann A.1 maidir le luach saothair chomhaltaí an Gharda Síochána a bhí ar shaoire speisialta agus pá á fháil acu i gcomhlachtaí ionadaíocha foirne nó a bhí sannta d'eagraíochtaí leasa.

Ina theannta sin, fuair comhlachais ionadaíocha maoiniú €303,907 in 2020 (2019: €302,002) mar seo a leanas:

Cumainn ionadaíocha	**2020**	**2019**
	€	**€**
Deontas do Chumann Cheannfoirt an Gharda Síochána	58,000	58,000
Deontas do Chumann na nArd-Cheannfort	58,000	58,000
Suimeanna a gearradh ar chomhlachtaí ionadaíocha foirne agus ar eagraíochtaí eile leasa chun seirbhísí poist, teileachumarsáide agus cóiríochta a sholáthar.	187,907	186,002

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 21

Príosúin

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 21, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus speansais na Seirbhíse Príosúin, agus speansais eile i dtaca le príosúin, lena n-áirítear ionaid choinneála agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €1.689 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Talamh agus foirgnimh

Tá úinéireacht ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar 13[1] cinn de phríosúin agus d'ionaid choinneála, chomh maith le maoin ag Coláiste Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, Port Laoise, agus maoin atá cóngarach d'fhoirgneamh na Ceanncheathrún sa Longfort, chomh maith le dhá láithreán eile i mBaile Átha Cliath: ceann amháin atá cóngarach do Phríosún Chnoc na Seamar, agus an ceann eile i mBaile na Sceach.

Rinne an Oifig Luachála talamh a luacháil de réir luach úsáide nó luach margaidh (mura bhfuil siad in úsáid) le linn na bliana 2020 agus, cé is moite d'eisceacht amháin, léirítear na luachanna leasaithe sa Nóta 2.1, sócmhainní caipitil. Leantar de thalamh i mBaile na Sceach a luacháil de réir costais stairiúil, lena n-áirítear infheistíocht i mbonneagar agus i seirbhísí, ar an mbonn gur sócmhainn straitéiseach Stáit í lena mbaineann luach féideartha úsáide amach anseo. Tá sé curtha in iúl don Ghníomhaireacht Forbartha Talún go bhfuil sí ar fáil. Déanfar athbhreithniú ar an staid sin ar bhonn bliantúil.

Níl aon athrú tagtha ar an mbonn le talamh agus foirgnimh a luacháil – an meánchostas athsholáthair in aghaidh na cille.

Déanfar talamh agus foirgnimh príosún a athluacháil gach cúig bliana. Is sa bhliain 2025 atá an chéad luacháil eile dlite.

Luacháil ar shócmhainní caipitil eile

Mar a fhoráiltear dó i gCiorclán 21 de 2020, tá tairseach €1,000 curtha i bhfeidhm ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann chun a cuid sócmhainní caipitil a chaipitliú.

[1] Is 12 cheann de phríosúin agus ionaid choinneála atá i mbun feidhme faoi láthair. Níl aon phríosúnaigh á gcoinneáil san Aonad Traenála ar choimpléacs Phríosún Mhuinseo faoi láthair ach táthar ag súil go mbeidh sé sin i mbun feidhme arís a luaithe is féidir, faoi réir measúnú ar na rioscaí a bhaineann le paindéim Covid-19.

Dímheas

Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas sna blianta idir athluacháilacha ar an mbonn gur leor caiteachas leanúnach bliantúil ar chothabháil chun a mbail a choinneáil.

Gan talamh agus foirgnimh a áireamh, déantar gach sócmhainn chaipitil eile a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré ionchais mheasta, ag tosú sa mhí inar cuireadh i bhfeidhm iad.

Ábhair inchaite

Caitear le soláthairtí do bhéilí príosúnach, do ghlanadh, do chothabháil agus do cheardlanna mar mhíreanna speansais nach n-áirítear i stoic.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as córas rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach deimhniú réasúnach seachas deimhniú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go gcoisctear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí próiseála párolla ar fáil do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

Is mar seo a leanas atá an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chumhdach.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm chomh maith le tuairisciú rialta bainistíochta, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí inti, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam féin. Tá obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an Roinn nochta dóibh. Faomhann an Coiste Iniúchóireachta na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, agus cuirtear an anailís sin san áireamh iontu. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Sannadh foireann iniúchóireachta thiomnaithe chun obair ar shaincheisteanna iniúchóireachta Sheirbhís Phríosúin na hÉireann in 2020 agus, leis sin, leagtar béim níos mó ar an obair iniúchóireachta ar fud Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Is deimhin liom go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair

Cinntíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann (SPÉ) go ndírítear go cuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun go gcomhlíontar na treoirlínte iomchuí go léir a mhéid is atá sé sin faoina smacht.

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann comhlíontach seachas i gcás 16 chonradh (sa bhreis ar €25,000) dar luach €15,520,593 ar an iomlán (gan CBL san áireamh) agus mar a leagtar amach thíos:

- Meastar cúig chonradh dar luach €6,745,191 a bheith neamhchomhlíontach ar an mbonn gur cuireadh síneadh leo níos faide ná dáta bunaidh an chonartha de bhrí nach raibh próisis iomaíocha nua tugtha chun críche go hiomlán i gcomhpháirtíocht leis an Oifig um Sholáthar Rialtais faoi dheireadh na bliana. Go dtí seo, dámhadh trí chonradh le haghaidh earraí agus seirbhísí a bhí freagrach in 2020 as caiteachas €6,224,053; tá conradh amháin ag céim na measúireachta faoi láthair, agus an ceann eile á chur ar aghaidh lena fhoilsiú ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.
- Meastar aon chonradh déag dar luach €8,775,402 a bheith neamhchomhlíontach chomh maith ar an mbonn go raibh gá iad a scaoileadh níos faide ná dáta bunaidh an chonartha fad is atá socruithe soláthair nua á gcur i bhfeidhm. Go dtí seo, dámhadh sé chonradh den chineál sin (dar luach €6,026,290 in 2020), fad atá sonraíochtaí tairisceana á n-ullmhú i gcás cúig chás (dar luach €2,749,112 in 2020). Baineann ceithre cinn de na cúig chás dheireanacha le soláthar cúram sláinte agus TFC, áit at ghá baill foirne a atreorú chun déileáil le freagairt do dhúshláin na paindéime le linn 2020, agus dá bhrí sin tugtar cuntas ar an moill ar thosú an phróisis soláthair.

Tá sonraí curtha ar fáil ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann sa tuairisceán bliantúil maidir le conarthaí neamhiomaíocha i ndáil le ciorclán 40/2002.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear phríomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh le dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm i ndáil le gach Príosún agus Stiúrthóireacht agus le Seirbhís Phríosúin na hÉireann ar leibhéal corparáideach agus lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá ann ar leibhéal príosúin, stiúrthóireachta agus eagraíochta de réir a shuntasaí is atá siad. Déanann Coiste Bainistíochta Riosca Sheirbhís Phríosúin na hÉireann (an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin) an Clár Rioscaí Corparáideacha a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil agus déantar athbhreithnithe ráithiúla ar leibhéal an phríosúin/na stiúrthóireachta freisin.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh do bhaill foirne shonracha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Choiste Bainistíochta Riosca, nuair is iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá monatóireacht agus athbhreithniú Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

Paindéim Covid-19

Ó thús na paindéime i leith, leagadh béim mhór ag an uile leibhéal den lucht bainistíochta ar fud Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ar mheasúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag paindéim Covid-19, paindéim a raibh tionchar leathan agus suntasach aici ar oibríochtaí le linn na bliana 2020. Is timpeallacht ardriosca iad príosúin i dtaobh víris den chineál sin a tharchur agus bhí Seirbhís Phríosúin na hÉireann réamhghníomhach chun an riosca a bhainistiú agus a mhaolú ó thús na géarchéime i leith. Tá an fhoireann ardbhainistíochta ag teacht le chéile gach lá ó thús mhí an Mhárta 2020 i leith chun aghaidh a thabhairt ó lá go lá ar na dúshláin slándála, sábháilteachta, cúraim sláinte, oibríochta agus bainistíochta a bhaineann leis an bpaindéim. Cuireadh Foireann Pleanála Práinnfhreagartha i ngníomh freisin nuair a thosaigh an phaindéim ina ndéantar ionadaíocht do phríomhpháirtithe leasmhara agus déantar cruinnithe a thionóil gach seachtain chun bearta cosanta a aithint agus a chur i bhfeidhm chomh maith le próisis d'fhonn an tionchar ar phríosúnaigh agus ar bhaill foirne a laghdú a oiread agus is féidir lena chinntiú go mbeidh príosúin chomh saor ó Covid-19 agus is féidir.

Mar sheirbhís riachtanach, tá príomhoibríochtaí slándála agus coimeádta agus seirbhísí eile coinnithe ar bun ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann de réir na leibhéal srianta atá i bhfeidhm faoin g*Creat Náisiúnta le haghaidh "Maireachtáil le Covid-19"*.

Cé gur coinníodh príomhrialuithe íocaíochta ar feadh na paindéime, b'éigean próisis áirithe a athbhreithniú chun ceadú sonrasc agus foirmeacha íocaíochta a cheadú go cianda trí ríomhphost nuair ba ghá. Cuireadh rochtain chianda ar fáil ar chórais reatha chun go mbeadh foireann a bhí ag obair ó chian ábalta rochtain a fháil ar a bpolasaithe, ar nósanna imeachta agus ar lámhleabhair oibre mhionsonraithe reatha. Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí i mbun monatóireachta ar na hathruithe ar phróisis a tugadh isteach mar fhreagairt do shrianta Covid-19 lena chinntiú go bhfuil siad éifeachtach.

Bhí tionchar mór aige ar chostas agus meastar €7 milliún a bheith tabhaithe sa bhliain 2020 mar thoradh ar an bpaindéim ar nithe amhail:

- costais foirne
- PPE leighis
- bearta braite víris
- domhainghlanadh agus rialú ionfhabhtuithe
- glanadh tionsclaíoch
- éadaí leapa, níochán agus teagmhais lónadóireachta
- ICT ar mhaithe le seirbhísí feabhsaithe do phríosúnaigh agus le cianobair do bhaill foirne

Tharla cúpla ráig de Covid-19 sna príosúin amach dheireadh na bliana 2020 agus i dtús na bliana 2021. Rinneadh ráigeanna a bhainistiú go rathúil, áfach, chun cásanna tarchuir a choinneáil chomh híseal agus ab fhéidir laistigh de phríosúin.

Oonagh McPhillips
Oifigeach Cuntasaíochta
Príosúin

30 Márta 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 21 Príosúin

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 21 Príosúin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 21 Príosúin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Príosúin agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Luacháil tailte i Halla Bhaile na Sceach

Is é mo thuairim go bhfuil an eisceachtúil maidir le rialú airgeadais inmheánach, agus ar ábhair eile.

Déantar an talamh agus na foirgnimh atá ina seilbh ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann a luacháil gach cúig bliana, agus aon athruithe luachála á léiriú sa ráiteas faoin staid airgeadais. Rinneadh luacháil ar an talamh agus na foirgnimh ar fad a sealbhaíodh in 2020, agus méadú €372 mhilliún á aithint dá barr.

Cé gur chuir an Oifig Luachála luach €2.7 milliún ar na tailte i Halla Bhaile na Sceach a bhí ina seilbh ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann in 2020, tá luach €49.3 milliún ar na tailte sin go fóill sa ráiteas faoin staid airgeadais. Is ionann an figiúr sin agus an costas stairiúil a bhaineann leis na tailte a fháil agus a fhorbairt. Nochtar an caitheamh eisceachtúil leis an mír sin sa ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta.

I mo thuairim, níl aon údar ann leis an gcaitheamh cuntasaíochta eisceachtúil leis na tailte i Halla Bhaile na Sceach.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach gur tharla cásanna ábhartha de neamhchomhlíonadh rialacha náisiúnta soláthair maidir le conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2020.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2021

Vóta 21 Príosúin

Cuntas Leithreasa 2020

				2020	2019
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
			€000	€000	€000
Caiteachas an chláir					
A	Coimeád sábháilte, slán, daonnachtúil agus athshlánúcháin a riar agus a sholáthar do dhaoine a chuirtear chun príosúin				
		Bunaidh	392,363		
		Forlíontach	15,728		
			408,091	400,879	357,896
Ollchaiteachas			**408,091**	**400,879**	**357,896**
	Lúide				
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**				
		Bunaidh	9,152		
		Forlíontach	1,728		
			10,880	**10,825**	**10,284**
Glanchaiteachas					
		Bunaidh	383,211		
		Forlíontach	14,000		
			397,211	**390,054**	**347,612**

Farasbarr

Tá an farasbarr ar an tsuim a soláthraíodh ar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm dlite lena ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán na leithreasaí neamhchaite i leith seirbhísí soláthair caipitil nó cuid díobh a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh an bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €5,468,000 de leathreasaí neamhchaite i ndáil leis na gnéithe caipitil d'Fho-mhírcheann A.3 Foirgnimh agus trealamh ar aghaidh go dtí 2021.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr	7,156,894	1,923,512
Géilleadh iarchurtha	(5,468,000)	—
Farasbarr le géilleadh	**1,688,894**	**1,923,512**

Oonagh McPhillips
Oifigeach Cuntasaíochta
Príosúin

30 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costas an chláir		110,740	85,387
Pá		271,324	255,084
Neamhphá		18,815	17,425
Ollchaiteachas		**400,879**	**357,896**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**10,825**	**10,284**
Glanchaiteachas		**390,054**	**347,612**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(40,467)		
Dímheas	3,925		
Caillteanas ar dhiúscairtí	2	(36,540)	(23,220)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(1,696)		
Méadú ar stoc	(14)	(1,710)	1,542
Caiteachas díreach		**351,804**	**325,934**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		70,031	66,587
Glanchostas an chláir		**421,835**	**392,521**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 21 a tabhaíodh in áit eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	270	270
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	68,625	65,221
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	145	150
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	332	321
Vóta 24	Dlí agus Ceart - An tIonad um Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais	639	625
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	20	—
		70,031	**66,587**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	1,404,618	996,383
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	18,859	6,065
Stoic	2.3	2,277	2,263
Réamhíocaíochtaí		2,498	1,589
Ioncam fabhraithe		56	431
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	2,086	4,348
Iomlán na sócmhainní reatha		**25,776**	**14,696**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		8,385	9,547
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.5	15,088	10,295
Glanmhaoiniú Státchiste	2.6	5,857	118
Iomlán na ndliteanas reatha		**29,330**	**19,960**
Glansócmhainní reatha		(3,554)	(5,264)
Glansócmhainní		**1,401,064**	**991,119**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.7	**1,401,064**	**991,119**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Talamh agus foirgnimh	Trealamh oifige	Troscán agus feistis	Mótarfheithiclí	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní						
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	972,034	73,730	772	12,325	13,972	1,072,833
Breiseanna	14,925	4,981	10	537	20,014	40,467
Athluachálacha	371,695	—	—	—	—	371,695
Diúscairtí	—	(764)	(23)	—	—	(787)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	1,358,654	77,947	759	12,862	33,986	1,484,208
Dímheas carntha						
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	—	67,553	677	8,220	—	76,450
Dímheas don bhliain	—	2,545	22	1,358	—	3,925
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(763)	(22)	—	—	(785)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	—	69,335	677	9,578	—	79,590
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**1,358,654**	**8,612**	**82**	**3,284**	**33,986**	**1,404,618**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	972,034	6,177	95	4,105	13,972	996,383

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	18,724	5,433
Iarmhéideanna cuntais bainc tráchtála	135	632
	18,859	**6,065**

Cuntais bhainc Neamh-Vóta

Tá 24 chuntas bainc tráchtála ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann. Déanann Seirbhís Phríosúin na hÉireann an t-airgead sna cuntais sin a bhainistiú ar leithligh ó na cistí vótáilte agus baineann le siopaí príosúin, Ciste Cúnaimh do Phríosúnaigh agus dhá chuntas d'airgead tirim pearsanta na bpríosúnach. Gan íocaíochtaí aisce le príosúnaigh aonair san áireamh, ar íocaíochtaí iad a eascraíonn as an Vóta, ní tharchuirtear trí na cuntais bhainc sin aon airgead atá dlite don Vóta nó a íoctar as. Is €3,295,289 an tsuim a bhí á choinneáil ag deireadh na bliana 2020 agus ní áirítear an tsuim sin sa chuntas (2019: €2,782,615). Féach Nóta 6.5 freisin.

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Éidí agus éadach	2,241	2,238
Earraí Ilghnéitheacha	36	25
	2,277	**2,263**

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Cuntais óinchistí príosúin	250	255
Cuntas fionraí párolla (Cosán pá)	1,472	3,728
Míreanna dochair eile ar fionraí	364	365
	2,086	**4,348**

2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	6,905	4,882
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	3,537	2,379
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	115	110
Cáin bhreisluacha	2,311	1,590
Cáin conraitheoirí cláraithe	27	2
Cáin a asbhaineadh as aisíocaíochtaí ranníocaíochta pinsin	—	1
	12,895	8,964
Iarmhéideanna i gcuntais bhainc a bhaineann leis an Vóta	135	632
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	919	659
Míreanna creidmheasa eile ar fionraí	1,139	40
	15,088	**10,295**

2.6 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	1,689	1,924
Géilleadh iarchurtha	5,468	—
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(1,300)	(1,806)
Glanmhaoiniú Státchiste	**5,857**	**118**
Arna Léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	18,859	6,065
Iarmhéideanna dochair: fionraí	2,086	4,348
	20,945	10,413
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(12,895)	(8,964)
Iarmhéideanna cuntais bainc a bhaineann leis an Vóta	(135)	(632)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(2,058)	(699)
	(15,088)	(10,295)
	5,857	**118**

2.7 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			991,119	969,008
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	397,211		
Géilleadh iarchurtha		(5,468)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(1,689)		
Glanvóta			390,054	347,612
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		70,031	66,587
Athluacháil sócmhainní (seachas airgead tirim)	2.1		371,695	433
Glanchostas an chláir	1		(421,835)	(392,521)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**1,401,064**	**991,119**

2.8 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Tionscadail chaipitil	41,715	58,127
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**41,715**	**58,127**

b) Ceangaltais chaipitil ollmhóra

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019	Caiteachas in 2020	Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh	Caiteachas iomlán ionchais feadh shaolré an tionscadail 2020	Caiteachas iomlán ionchais feadh shaolré an tionscadail 2019
	€000	€000	€000	€000	€000
Príosún Luimnigh	11,869	19,989	36,242	68,100 [a]	68,100
	11,869	**19,989**	**36,242**	**68,100**	**68,100**

Nóta [a] Áirítear san athfhorbairt ar Phríosún Luimnigh síneadh a chur le sciathán den phríosún, saoráid nua do mhná agus roinnt obair ghaolmhar eile. Cuirfidh sé áitreabh nua Seirbhíse Promhaidh ar fáil freisin a mhaoineoidh Oifig na nOibreacha Poiblí ar luach €3.4 milliún.

2.9 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh urscaoilte ag deireadh na bliana	**33**	**7**

2.10 Dliteanais theagmhasacha

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh agus d'fhéadfadh dliteanais a bheith mar thoradh orthu sin, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Cuimsíonn na dliteanais theagmhasacha éilimh chúitimh a bhaineann le sláintíocht inchillín a bhfuil an Ghníomhaireacht um Éilimh Stáit ag déileáil leo thar ceann Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.Tá neamhchinnteacht ann maidir le suim iarbhír nó tráthúlacht na ndliteanas féideartha. Féach freisin Nóta 6.2 Costais chúitimh agus dlí.

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Chun costais iomlána na gclár a chur i láthair, áirítear i gClár A an caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos.

				2020	2019
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais				
	Bunaidh	270,110			
	Forlíontach	490			
			270,600	271,324	255,084
ii	Taisteal agus cothú				
	Bunaidh	1,816			
	Forlíontach	150			
			1,966	1,773	2,208
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha				
	Bunaidh	3,860			
	Forlíontach	800			
			4,660	4,483	4,343
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide				
	Bunaidh	1,800			
	Forlíontach	(200)			
			1,600	1,474	1,701
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha				
	Bunaidh	6,580			
	Forlíontach	3,390			
			9,970	11,085	9,173
vi	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe				
	Bunaidh	100			
	Forlíontach	(100)			
			—	—	—
			288,796	**290,139**	**272,509**

Difríochtaí suntasacha

Déantar anailís sa mhéid seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus leagtar amach na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha

Soláthar meastacháin €6.58 milliún; toradh €11.085 milliún

Léirítear i bpáirt sa mheastachán forlíontach €3.39 milliún a ghabhann leis an bhfo-mhírcheann an farasbarr €4.505 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €6.58 milliún. Bhain an caiteachas méadaithe le costais bhreise a bhain le bainistiú a dhéanamh ar sheirbhísí, bonneagar agus ar chórais TFC, agus iad a leathnú le linn phaindéim Covid-19, lena n-áirítear cianobair a éascú do bhaill foirne a bhí lonnaithe in oifigí agus seirbhísí a chur ar fáil laistigh de phríosúin, seirbhísí mar shaoráidí nasctha físeáin do theaghlaigh príosúnach agus seirbhísí sna cillíní do phríosúnaigh. Léirítear sa mheastachán forlíontach freisin an méadú ar chaiteachas faoi Phacáiste an Rialtais chun an Geilleagar a Spreagadh, lena n-áirítear feabhsuithe ar chórais soláthair, anailísíochta sonraí agus athshlánaithe ó thubaistí.

vi Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe

Soláthar meastacháin €100,000; toradh €nialas

Mar gheall nach raibh gá le seirbhísí comhairleoireachta sa bhliain, tharla an choigilt €100,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh.

Riarachán Chlár A agus coimeád sábháilte, slán, daonnachtúil agus athshlánúcháin a riar agus a sholáthar do dhaoine a chuirtear chun príosúin

				2020	2019
		Soláthar measta	cháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá				
	Bunaidh	270,110			
	Forlíontach	490			
			270,600	271,324	255,084
A.2	Riarachán - neamhphá				
	Bunaidh	14,156			
	Forlíontach	4,040			
			18,196	18,815	17,425
A.3	Foirgníocht agus trealamh				
	Bunaidh	68,277			
	Forlíontach	(1,108)			
			67,169	60,241	44,778
A.4	Seirbhísí do phríosúnaigh				
	Bunaidh	28,906			
	Forlíontach	7,144			
			36,050	34,203	28,595
A.5	Seirbhísí oibriúcháin				
	Bunaidh	4,550			
	Forlíontach	400			
			4,950	5,585	6,570
A.6	Seirbhísí oideachais				
	Bunaidh	1,265			
	Forlíontach	135			
			1,400	1,424	1,389
A.7	Cúiteamh				
	Bunaidh	4,873			
	Forlíontach	4,627			
			9,500	9,087	3,855
A.8	Bearta míbhuntáiste shóisialta (arna maoiniú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin)		226	200	200
			408,091	**400,879**	**357,896**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). San iomlán, bhí an caiteachas i dtaca le Clár A €8.516 milliún níos airde ná an meastachán bunaidh, an meastachán forlíontach sa bhliain 2020 san áireamh. Áirítear ansin róchaiteachas €4.659 milliún i dtaca le caiteachas neamhphá riaracháin (féach thuas). Is mar gheall ar na nithe seo go príomha a bhí athrú ar na fo-mhírchinn eile.

A.3 Foirgníocht agus trealamh

Soláthar meastacháin €68.277 milliún; toradh €60.241 milliún

Léirítear i bpáirt sa laghdú san fho-mhírcheann sa mheastachán forlíontach €1.108 milliún a ghabhann leis an bhfo-mhírcheann an choigilt €8.036 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €68.277 milliún. Rinneadh €5.468 milliún den choigilt sin a thabhairt ar aghaidh go 2021 faoi sholáthairtí caipitil iarchurtha. Mar gheall gur stad oibreacha foirgníochta le linn na ndianghlasálacha náisiúnta d'fhonn paindéim Covid-19 a bhainistiú, bhí moill ar an dul chun cinn ar an mórthionscadal tógála ag Príosún Luimnigh. I bPacáiste an Rialtais chun an Geilleagar a Spreagadh, rinneadh soláthar chun tionscadail tosaíochta eile a chur chun cinn - tionscadail mar chillíní rialaithe ionfhabhtaithe, CCTV, feabhas ar chórais, glasáil, fuinneoga, córais slándála, uasghrádú ar sheomraí rialaithe, athsholáthar soilse LED ar fud na tíre chun carbón a laghdú agus uasghrádú ar aláraim dhóiteáin. Tháinig laghdú ar an gcoigilt fhoriomlán faoin bhfo-mhírcheann mar thoradh air sin.

A.4 Seirbhísí do phríosúnaigh

Soláthar meastacháin €28.906 milliún; toradh €34.203 milliún

Léirítear an farasbarr €5.297 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €28.906 milliún sa mheastachán forlíontach €7.144 milliún a ghabhann leis an bhfo-mhírcheann. Baineann an caiteachas méadaithe den chuid is mó le costais shuntasacha a bhain le paindéim Covid-19 ar leithéid PPE do phríosúnaigh agus do bhaill foirne, costais rialaithe ionfhabhtaithe, soláthairtí cúraim sláinte agus glantacháin agus córais tástála teasa. Bhí costais bhreise a bhaineann le Covid-19 ann freisin maidir le freastal ar phríosúnaigh, le haghaidh saoráidí breise níocháin mias, soláthairtí malartacha aráin inar cuireadh bácús Mhuinseo faoi ghlas, saoráidí stórála fuaire do theagmhais bhia agus boscaí chun plátaí a athsholáthar chun béilí a sheirbheáil i bpríosúin mar bheart rialaithe ionfhabhtaithe.

A.5 Seirbhísí oibriúcháin

Soláthar meastacháin €4.55 milliún; toradh €5.585 milliún

Léirítear i bpáirt sa mheastachán forlíontach €400,0000 milliún a ghabhann leis an bhfo-mhírcheann an farasbarr €1.035 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €4.55 milliún. Is mar thoradh ar chostais bhreise i leith bainistíocht flít, córais agus trealamh a bhaineann le slándáil d'fhonn dul i ngleic le gáinneáil drugaí, ionraí agus ábhar á chaitheamh thar an mballa, chomh maith leis na costais a bhaineann leis an Scéim um Fhilleadh ar an bPobal an méadú ar chaiteachas.

A.6 Seirbhísí oideachais

Soláthar meastacháin €1.265 milliún; toradh €1.424 milliún

Léirítear sa mheastachán forlíontach €135,000 milliún a ghabhann leis an bhfo-mhírcheann farasbarr €159,000 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €1.265 milliún. Bhain an caiteachas breise le hinfheistíocht bhreise i ríomhairí agus i ríomhairí glúine chun an stoc seanchaite a bhí ann a athsholáthar agus le riachtanais bhreise a bhain le soláthairtí a bhí riachtanach le linn phaindéim Covid-19 a sholáthar. Chomh maith leis sin tugadh faoi Chéim II d'uasghrádú ar bhonneagar oideachais SPAN sa bhliain 2020 agus bhí caiteachas ar Open University níos airde sa bhliain 2020 ná blianta eile mar thoradh ar an méadú a bhí ar líon na n-iarratas a ceadaíodh.

A.7 Cúiteamh

Soláthar meastacháin €4.873 milliún; toradh €9.087 milliún

Léirítear an farasbarr €4.214 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €4.873 milliún sa mheastachán forlíontach €4.627 milliún a ghabhann leis an bhfo-mhírcheann. Baineann an caiteachas breise le méadú suntasach ar íocaíochtaí cúitimh a bhaineann go díreach le cásanna sláintíochta inchillín arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus ar íocaíochtaí cúitimh le hoifigigh phríosúin i ndáil le gortú ar dualgas. Is réimse caiteachais é seo arna threorú ag éileamh arna bhainistiú ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus is féidir go mbeadh athrú ar chaiteachas ag brath ar chandam agus líon na ndámhachtainí.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

				2020	2019
		Measta		Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000	€000
1	Ilghnéitheach				
	Bunaidh	305			
	Forlíontach	349			
			654	583	402
2	Fáltais na gcuntas díomhaoin		226	200	200
3	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí				
	Bunaidh	8,621			
	Forlíontach	1,379			
			10,000	10,042	9,682
	Iomlán		**10,880**	**10,825**	**10,284**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach thíos na cúiseanna a le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €1.673 milliún níos mó ná an meastachán bunaidh €9.152 milliún. Ba de bharr an méid seo a leanas é sin den chuid is mó:

1 Ilghnéitheach

Meastachán €305,000; réadaithe €583,000

Léirítear sa mheastachán forlíontach €349,000 a ghabhann leis an bhfo-mhírcheann farasbarr €278,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €305,000 agus is mar thoradh ar níos mó fáltas a bheith á nginiúint ná mar a bhí súil leis é sin. Baineann an cion is mó d'fháltais le híocaíochtaí sochair breoiteachta ón Roinn Coimirce Sóisialaí, ar tháinig méadú orthu sa bhliain mar gheall ar phaindéim Covid-19.

3 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí

Meastachán €8.621 milliún; réadaithe €10.042 milliún

Léirítear sa mheastachán forlíontach €1.379 milliún a ghabhann leis an bhfo-mhírcheann farasbarr €1.421 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €8.621 milliún agus baineann sé sin go díreach le costais phárolla, lena n-áirítear uaireanta breise.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon foirne ag deireadh na bliana	**3,455**	**3,405**

5.2 Pá

	2020	2019
	€000	€000
Pá	168,396	157,153
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	439	389
Liúntais eile	40,747	37,846
Freastal breise agus ragobair	39,604	39,654
ÁSPC an Fhostóra	22,138	20,042
Pá iomlán	**271,324**	**255,084**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó	
			2020	2019
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	72	8	18,347	12,565
Freastal breise agus ragobair	3,089	2,087	83,449	50,519
Liúntais uainoibre agus uainchláir	2,847	1,593	19,387	19,934
Ilghnéitheach	3,161	59	12,958	13,076
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	3,131	2,921	101,650	67,947

5.4 Socruithe luach saothair eile

Íocadh €73,140 ar an iomlán le 23 státseirbhíseach ar scor agus atá ag fáil pinsean státseirbhíse, a fostaíodh arís ar bhonn táille. Idir €130 agus €12,301 a bhí na híocaíochtaí. Íocadh €36,973 le hochtar comhaltaí den Gharda Síochána, atá éirithe as, agus ar fhostaigh Seirbhís Phríosúin an hÉireann iad do dhualgais shonracha le linn na bliana 2020.

Bhí nósanna imeachta cuí i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí le baill foirne ar scor i gcomhréir le halt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2020 €	2019 €
Ró-íocaíochtaí	182	506,901	578,484
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	95	310,024	398,145

Rinneadh plean aisghabhála ró-íocaíochta amháin i ndáil le duine amháin arbh ionann a luach agus €924 a aistriú chuig Oifig eile le linn na bliana. Áirítear sna sonraí thuas roinnt cásanna pinsin coinnithe. Tá roinnt pleananna aisghabhála aisíocaíochta curtha i bhfeidhm sa bhliain go dtí seo.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Daonra na bpríosún

Ba é an meánlíon measta príosúnach in aghaidh an lae sa bhliain 2020 ná 3,823 dhuine (2019: 3,971 duine).

6.2 Costais chúitimh agus dlí

Áirítear sa chuntas caiteachas i dtaca le cúiteamh agus costais dlí a íocadh le príosúnaigh, le baill foirne agus le daoine den phobal. Léirítear miondealú ar na costais sin sa tábla thíos.

	Líon na gcásanna	Costais dlí a d'íoc an tSeirbhís Phríosúin	Cúiteamh a dámhadh	Costais dlí a dámhadh	2020 Iomlán	2019 Iomlán
		€000	€000	€000	€000	€000
Éilimh ó bhaill foirne príosúin						
Éilimh shibhialta i ndáil le díobhálacha a bhain do bhaill foirne ar dualgas agus saincheisteanna eile a bhain le baill foirne príosún	107	—	1,888	649	2,537	1,533
Éilimh tríd an mBinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla mar thoradh ar dhíobhálacha a bhain do bhaill foirne príosúin	110	—	2,701	—	2,701	603
Éilimh ó phríosúnaigh						
Éilimh mar thoradh ar dhíobhálacha agus gníomhartha eile a bhain le príosúnaigh	445	—	2,131	1,013	3,144	1,073
Éilimh ó dhaoine den phobal	32	—	487	204	691	639
	694	**—**	**7,207**	**1,866**	**9,073**	**3,848**

Nóta Ag an 31 Nollaig 2020, is ionann líon na n-éileamh gníomhach gan réiteach a bhí cláraithe leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus 2,399 n-éileamh (2019: 2,099 n-éileamh). Is ionann luach na gcostas dlí a thabhaigh an tSeirbhís Phríosúin maidir le deich gcás neamhchúitimh agus €257,730 (2019: €258,128).

Áirítear ar na héilimh gan réiteach arna gclárú ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát 1,855 chás a bhaineann le cásanna sláintíochta inchillín. Mar thoradh ar Bhreithiúnas ón gCúirt Uachtarach, tá scéim curtha i dtoll a chéile ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát chun dul i ngleic leis na héilimh sin. Déanfar na costais a bhaineann leis na dámhachtainí cúitimh ón scéim sin a íoc as Vóta na bPríosún. Áirítear sa tsuim €3.144 milliún arna íoc i gcúiteamh sa tábla thuas i ndáil le héilimh arna dtabhairt ag príosúnaigh €1.477 milliún i gcúiteamh agus €542,000 i gcostais dlí a dámhadh i ndáil le cásanna a bhain le sláinteachas inchillín a socraíodh in 2019 agus 2020.

6.3 Costais sochraide príosúnach

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia €14,025 i dtreo speansais sochraide ceathrar príosúnach a cailleadh sa phríosún.

6.4 Ús i ndáil le híoc pras cuntas

Is ionann an t-ús a thabhaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann sa bhliain 2020 i ndáil le híoc pras cuntas agus €13,387 (2019: €4,900).

6.5 Oibríochtaí eile airgeadais laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann

Ar leithligh ón gcaiteachas a léirítear sa chuntas leithreasa, tagann roinnt oibríochtaí eile airgeadais chun cinn laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann chun a cuid feidhmeanna a chur i gcrích. Baineann na hoibríochtaí atá i gceist le cuntas bainc le haghaidh cistí pearsanta príosúnach, siopaí príosúin agus ciste an Chláir um Chúnamh do Phríosúnaigh agus dhá chuntas bainc le haghaidh cistí pearsanta príosúnach. Seo a leanas na mionsonraí:

- **Cuntas cistí pearsanta na bpríosúnach** - Coimeádtar príomhchuntas bainc go sonrach le haghaidh cistí pearsanta príosúnach arna bhainistiú ag Stiúrthóireacht Airgeadais agus Eastát na bPríosún. Ag fágáil an phríosúin do phríosúnaigh, faigheann siad iarmhéid a gcuid cistí pearsanta as an gcuntas sin. Ba é an t-iarmhéid sa chuntas bainc amhail an 31 Nollaig 2020 ná €1,227,855 (2019: €1,135,291). Is ionann é sin agus iarmhéideanna carntha na bpríosúnach ag deireadh na bliana ach áirítear leis freisin díolacháin iomlána na Siopaí Príosúin i mí na Nollag (tuairim is €600,000 de ghnáth) a aistrítear go gairid tar éis dheireadh na míosa, chuig cuntais bhainc na siopaí príosúin chuí chun íocaíochtaí le soláthraithe i ndáil le ceannacháin mhí na Nollag a éascú.

- **Cuntas Chistí na bPríosúnach** - Bhí cuntas bainc eile in úsáid i rith 2020 do chistí pearsanta na bpríosúnach. Stiúrthóireacht Airgeadais agus Eastát na bPríosún a dhéanann an cuntas sin a bhainistiú go lárnach freisin. Is féidir le teaghlaigh na bpríosúnach cistí a aistriú chuig an gcuntas sin trí EFT nó le cárta An Post chuig a nduine muinteartha sa phríosún. Theastaigh sé sin mar gheall ar phaindéim Covid-19 agus cuireann sé deireadh freisin le roinnt den riosca a bhaineann le hairgead tirim a láimhseáil. Ar aon dul leis an bpróiseas atá i bhfeidhm leis na príosúin, déantar na cistí a chuirtear sa chuntas bainc sin a aistriú gach seachtain chuig Príomhchuntas Airgid Thirim na bPríosúnach (féach thuas). Ba é iarmhéid an chuntais amhail an 31 Nollaig 2020 ná €135,437 (2019: €nialas).

- **Siopaí príosúin** - Tá siopa inmheánach (“siopa tuck”) i ngach príosún inar féidir le príosúnaigh míreanna beaga a cheannach amhail milseáin agus deochanna boga, etc. Íoctar as na míreanna ó chistí pearsanta na bpríosúnach aonair. Déantar an soláthar ar fad don siopa tríd an airgead tirim a ghintear agus maoinítear é ó dhíolacháin leis na príosúnaigh. Déantar an farasbarr glan a ghintear a aistriú chuig Ciste an Chláir um Chúnamh do Phríosúnaigh chun cabhrú le cásanna cruatain i measc príosúnach. Ba é iomlán na n-iarmhéideanna cuntais bainc maidir leis an aon siopa príosúin déag amhail an 31 Nollaig 2020 ná €520,697 (2019: €741,815). Ba é luach an stoic ar láimh ná €343,436 (2019: €336,063).

- **Ciste an Chláir um Chúnamh do Phríosúnaigh (CCCP)** - Feidhmíonn gach príosún cuntas CCCP chun tionscadail cruatain príosúnach a mhaoiniú. Ní ó chistí vótáilte a thagann an maoiniú don chuntas ach ó na farasbairr a ghintear i siopa an phríosúin. Ba é luach iomlán na n-iarmhéideanna cuntais bainc ag an 31 Nollaig 2020 ná €1,411,300 (2019: €905,509). Tá sé i gceist deireadh a chur ar bhonn céimithe le CCCP sa bhliain 2021.

Tá Coistí Deonacha Bialann (CDB) i mbun oibre in ocht bpríosún chun comhordú a dhéanamh ar riar oibriú na saoráidí bialainne d'fhoireann na bpríosún, ar saoráidí iad a sholáthraítear trí chistineacha oiliúna príosúnach. Feidhmíonn na Coistí Deonacha Bialann mar eintitis atá ar leithligh ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus neamhspleách uirthi. Dá ainneoin sin, thug Seirbhís Phríosúin na hÉireann faoi athbhreithniú rialachais ar na struchtúir reatha CDB sa bhliain 2020.

Cuireadh comhaontuithe nua scríofa i bhfeidhm idir gach CDB agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann. Faoi na comhaontuithe nua rialachais, éilítear ar gach CDB ráitis urrúis chomh maith le cuntais airgeadais a chur faoi bhráid Sheirbhís Phríosúin na hÉireann gach bliain.

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 22

An tSeirbhís Chúirteanna

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 22, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus costais na Seirbhíse Chúirteanna agus na Cúirte Uachtaraí, na Cúirte Achomhairc, na hArd-Chúirte, na Cúirte Coiriúla Speisialta, na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche agus ar roinnt mionseirbhísí áirithe eile nach ngearrtar ar an bPríomh-Chiste.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €2.356 milliún le géilleadh don Státchiste.

Tá an tSeirbhís á rialú ag Bord ina bhfuil cathaoirleach agus 17 gcomhalta eile. I gcomhréir leis an Acht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998, tá téarma oifige trí bliana ag an mBord. Bunaíodh an Bord reatha ar 9 Samhain 2020. Tá an Bord freagrach as beartais a chinneadh don tSeirbhís agus maoirseacht a dhéanamh ar a gcur chun feidhme. Comhlíonann sé na freagrachtaí sin go díreach agus trí choistí an Bhoird.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas seo á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Tairseach caipitlithe

Tá leas á bhaint ag an tSeirbhís Chúirteanna as an gceadú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tuairisc a thabhairt ar shócmhainní ar mó a luach ná €1,000 do chuntas leithreasa na bliana 2020, toisc nach bhfuilimid in ann an tairseach nua €10,000 a chur i bhfeidhm.

Talamh agus foirgnimh a luacháil

In 2016, glacadh leis an mbeartas luacháil a dhéanamh ar fhoirgnimh gach cúig bliana ar bhonn costas athsholáthair dímheasa agus cuireadh tús le clár chun foirgnimh a luacháil ar an mbonn seo.Is é an costas dímheasta athsholáthair an costas reatha ar an tsócmhainn a athsholáthar lena coibhéis nua-aimseartha lúide asbhaint i dtaobh meath fisiciúil agus gach cineál ábhartha de dhífheidhmeacht agus barrfheabhsú. Luaitear foirgnimh atá in úsáid ach nach ndearnadh a athluacháil go fóill ar a gcostas stairiúil. Déantar talamh agus foirgnimh nach bhfuil in úsáid ach a theastaíonn le haghaidh forbairt amach anseo a luacháil ar luach an mhargaidh.

Dímheas

- Ní dhéantar talamh a dhímheas
- Dímheastar foirgnimh ar ráta 2% sa bhliain de réir méid cothrom.
- Dímheastar gach sócmhainn eile a de réir méid cothrom thar a saolré úsáideach mheasta, ag tosú sa mhí ina gcuirtear i seirbhís iad.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an tSeirbhís Chúirteanna córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhísí idir an tSeirbhís Chúirteanna agus an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais, Cill Airne, le haghaidh seirbhísí comhroinnte airgeadais a sholáthar agus idir an tSeirbhís Chúirteanna agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó na hOifigigh Chuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus ón Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais, Cill Airne, á rá go gcuirtear na rialuithe cuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don tSeirbhís Chúirteanna.

Is é seo a leanas an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach ar leibhéal bainistíochta.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ina sanntar freagracht maidir le bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadta i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú.
- go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den tSeirbhís Chúirteanna
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Deimhním go bhfuil Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an tSeirbhís Chúirteanna. Tá an Coiste ina fhochoiste de chuid Bhord na Seirbhíse Cúirteanna. Is é ról an Choiste maoirseacht a dhéanamh ar an mBord agus ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin/Oifigeach Cuntasaíochta, agus comhairle agus tacaíocht a thabhairt dóibh, trí na dearbhuithe a athbhreithniú maidir le raon ábhar, lena n-áirítear ionracas na rialuithe inmheánacha, na bainistíochta riosca agus na ráiteas airgeadais. Feidhmíonn an Coiste faoi chairt scríofa agus tuairiscíonn sé gach bliain do Bhord na Seirbhíse Cúirteanna. Déanann sé an clár oibre bliantúil iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú agus a fhaomhadh freisin.

Iniúchóireacht inmheánach

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an tSeirbhís Chúirteanna, rud ag a bhfuil pearsanra a bhfuil an oiliúint chuí orthu agus a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh Bord na Seirbhíse Cúirteanna. Bíonn a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais agus oibríochtúla a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Cinntíonn an tSeirbhís Chúirteanna go bhfuil díriú cuí ann ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Chomhlíon Seirbhís na gCúirteanna na treoirlínte cé is moite de 14 conradh (níos mó ná € 25,000), arbh fhiú € 3,820,050 iad (sean-CBL) mar atá leagtha amach thíos:

- Dhá chonradh dar luach €2,523,531 maidir le seirbhísí bainistithe TFC agus córais naisc físe nuair a rinneadh seirbhísí a shíneadh i ndiaidh dháta éaga an chonartha d'fhonn leanúnachas seirbhíse a chinntiú mar gheall ar mhoill sa phróiseas soláthair. Sa dá chás, tá conarthaí nua i bhfeidhm anois.
- Conradh amháin dar luach €251,360 mar gheall ar thacaíocht i gconradh TFC a fhostú a síneadh i ndiaidh dháta éaga an chonartha. Déanfar an soláthar i leith na seirbhísí sin a chur i bhfeidhm in 2021.
- Cás amháin dar luach €227,921 maidir le táillí bainc mar gheall ar mhoill ar an aistriú go Danske Bank tar éis cinneadh rialtais agus ar phróiseas soláthair iomaíoch le haghaidh seirbhísí baincéireachta, a bhfuil an t-aistriú ina leith á chur i gcrích ar bhonn céimnithe.
- Conradh amháin dar luach €193,367 maidir le seirbhísí fóin mhóibíligh mar gheall ar mhoill ar chonradh rialtais láir a chur i bhfeidhm maidir le seirbhísí gutha mhóibíligh agus sonraí móibíleacha. Táthar ag súil go ndéanfar an t-ábhar sin a réiteach in 2021.
- Dhá chonradh dar luach €143,053 maidir le seirbhísí a bhaineann leis an Acht Fíneálacha (Íoc agus Gnóthú), 2014, i ndiaidh dháta éaga an chonartha bhunaidh. Tá an tSeirbhís Chúirteanna ag feitheamh ar mholtaí ó ghrúpa oibre i dtaca leis an Acht maidir le cé acu a bheidh nó nach mbeidh a leithéid de sheirbhísí de dhíth agus cé acu dhéanfar nó nach ndéanfar tairiscint ina leith arís.
- Conradh amháin dar luach €132,943 mar gheall ar sheirbhísí bainistíochta tionscadail a síneadh i ndiaidh dháta éaga an chonartha. Cuirfear é sin ar bhonn foirmiúil agus déanfar tairiscint ina leith in 2021.
- Conradh amháin dar luach €130,943 mar gheall ar thacaíocht i gconradh TFC a fhostú i ndiaidh dháta éaga an chonartha. Déanfar an soláthar i leith na seirbhísí sin a chur i bhfeidhm in 2021.
- Cás amháin dar luach €87,563 maidir le costais seirbhísí teileafónaíochta. Déanfar athbhreithniú ar na seirbhísí sin agus, más riachtanach é, déanfar an soláthar le linn 2021.

- Conradh amháin dar luach €35,980 maidir le seirbhísí ceaintín i dTeach an Fhionnuisce a síneadh i ndiaidh dháta éaga an chonartha. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh in 2020, ní bheidh na seirbhísí sin de dhíth a thuilleadh.
- Conradh amháin dar luach €34,113 maidir le seirbhísí ateangaireachta idirthréimhseacha a bhí de dhíth idir dul in éag an tseanchonartha agus tosú an chonartha nua.
- Conradh nua dar luach €30,172 mar gheall ar sheirbhísí cúiréireachta a bhí criticiúil ó thaobh ama agus nárbh fhéidir iad a chomhlíonadh laistigh den chonradh a bhí ann cheana.
- Cás amháin dar luach €29,104 maidir le seirbhísí ateangaireachta teanga comharthaíochta, a bhfuil an t-éileamh ina leith á mheas chun críocha ár riachtanais agus ár roghanna soláthair a mheasúnú.

Sholáthair an tSeirbhís Chúirteanna sonraí maidir le conarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Rialachas

Tá an dea-rialachas ina chuid bhunúsach d'fheidhmiú na Seirbhíse. Ar aon dul le *Caighdeán um Rialachas Corparáideach* na Státseirbhíse, nuashonraíodh an Creat reatha um Rialachas Corparáideach. Leagtar amach leis sin an bonn reachtúil ina bhfeidhmímid, lena n-áirítear na socruithe rialachais atá i bhfeidhm, feidhmeanna agus struchtúr eagrúcháin, cuntasacht agus socruithe um dhearbhú iniúchóireachta. Foilsíodh an creat sin in 2016. Tá comhaontú maoirseachta i bhfeidhm ag an tSeirbhís Chúirteanna leis an Roinn Dlí agus Cirt freisin.

Tháinig an *Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016* i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2016. Tá creat rialachais láidir i bhfeidhm ag an tSeirbhís Chúirteanna agus, sa bhreis ar chomhlíonadh Chaighdeán um Rialachas Corparáideach na Státseirbhíse, comhlíonann sí gnéithe príomhúla an chóid sin a choimeádtar faoi athbhreithniú.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an tSeirbhís córas bainistíochta i bhfeidhm lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt faoi ar na rioscaí sin agus, a oiread agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí corparáideacha i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an tSeirbhís. Déantar meastóireacht agus grádú orthu sin de réir a dtábhachta. Déanann an Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí (FBS) agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ráithiúil ar an gclár rioscaí corparáideacha. Bíonn bainistíocht riosca ina buanmhír do Bhord na Seirbhíse Cúirteanna agus tuairiscíonn an Príomhoifigeach Riosca don Bhord ar oibríochtaí bainistíochta riosca. Úsáidtear torthaí na n-athbhreithnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na gníomhartha beartaithe a theastaíonn chun rioscaí a shainaithnítear a mhaolú agus sanntar ann freagracht as oibriú rialuithe do bhaill shonracha na foirne.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus do FBS, sa chás gurb iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an tSeirbhís chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Déantar an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais a threorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den tSeirbhís atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Paindéim Covid-19

Mar thoradh ar thús phaindéim Covid-19 go luath in 2020, rinneadh athruithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe agus d'éirigh obair chianda agus fhíorúil ina ngnáthrudaí sa tSeirbhís Chúirteanna.

Mar sheirbhís líne tosaigh, ba é an príomhchuspóir agus an phaindéim á bainistiú ná a chinntiú go raibh bearta cuí i bhfeidhm chun timpeallacht shábháilte a chinntiú don fhoireann, do na breithiúna agus d'úsáideoirí na gcúirteanna, agus treoirlínte agus treoir ón bhFoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí agus ó FSS á gcomhlíonadh.

Ba é tionchar is suntasaí na paindéime ná an tionchar ar sholáthar seirbhísí, agus is gné shubstaintiúil de sin, de réir a gcineáil, go gcuirtear iad ar fáil i bpearsa. Dá réir sin, ba iad na rioscaí ainmnithe a bhí os comhair na Seirbhíse:

- an riosca go ndéanfaí Covid-19 a leathadh i measc na foirne, na mbreithiúna agus úsáideoirí na gcúirteanna.
- laghdú san acmhainn um sholáthar seirbhísí, agus tionchar aige sin ar agaí feithimh ar fud na ndlínsí uile agus ar rochtain ar cheartas.

Mar chuid den fhreagairt tosaigh don phaindéim, bunaíodh Foireann Bainistíochta Freagartha Covid-19 d'fhonn plean freagartha gnó a fhorbairt. Bhí clár bainistíochta sábháilteachta Covid-19 ag croílár an phlean. Ina theannta sin, bunaíodh Coiste Téarnaimh Covid-19 de bharr fhoilsiú an doiciméid dar teideal *Teacht Aniar agus Téarnamh 2020-2021* ón Rialtas. Curtha le chéile, áiríodh na nithe seo a leanas leis na bearta a cuireadh i bhfeidhm:

- measúnuithe riosca ar na foirgnimh uile i gcomhréir le prótacail sláinte agus sábháilteachta
- beartas um obair chianda agus prótacal sábháilteachta um fhilleadh ar ais chun na hoibre
- éisteachtaí cúirte cianda agus úsáid mhéadaithe físchomhdhálacha
- cásanna a chur in ord tosaíochta, go háirithe cásanna dlí teaghlaigh, foréigin teaghlaigh agus coimirce leanaí
- nuashonruithe seachtainiúla ón bhFoireann Bainistíochta Freagartha Covid-19
- cruinnithe rialta le baill shinsearacha na mbreithiúna agus le príomhpháirtithe leasmhara
- treochláir i leith téarnaimh maidir leis an dlí coiriúil agus an dlí teaghlaigh.

Bhí clár rioscaí téarnaimh Covid-19 i bhfeidhm le haghaidh 2020. Sa chlár sin, sainaithníodh rioscaí a bhain leis an bpaindéim i ngach mórchatagóir oibríochtúil - lenar áiríodh airgeadas, soláthar seirbhísí, foirgnimh agus daoine - agus cinntíodh leis gur glacadh bearta maolaithe mar fhreagairt do rioscaí arna sainaithint.

Rinneadh príomhrialuithe ar íocaíochtaí a choimeád ar feadh na paindéime, ach bhí sé riachtanach, áfach, próisis áirithe a athbhreithniú chun ligean d'fhaomhadh cianda sonrasc agus foirmeacha íocaíochta le ríomhphost nuair a bhí sé riachtanach. Soláthraíodh rochtain chianda shlán ar chórais a bhí ann cheana chun rochtain a ligean don fhoireann a bhí ag obair go cianda.

Tabhaíodh caiteachas dar luach iomlán €5.4 milliún maidir le Covid-19 in 2020, go príomha maidir le TFC, caipiteal na dtithe cúirte agus cothabháil. Bhí tionchar suntasach ag Covid-19 ar ioncam ó tháillí cúirteanna, arna spreagadh go príomha ag laghdú ar ghnó ceadúnaithe agus sibhialta. Mar thoradh air sin, bhí easnamh dar luach €17.081 milliún ann i dtáillí.

Faoi chreat rialaithe rioscaí na Seirbhíse Cúirteanna, rinneamar measúnú riosca ar thionchar Covid-19. Is féidir liom a dheimhniú go bhfuil rialuithe airgeadais agus riaracháin a bhí ann cheana agus rialuithe nua a tugadh isteach mar thoradh ar Covid-19 fós i bhfeidhm agus déantar athbhreithniú leanúnach ar a n-éifeachtacht.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Le linn 2020 chuir Seirbhís na gCúirteanna, an tAonad Iniúchta Inmheánaigh, tuarascáil i gcrích maidir le ró-íocaíochtaí le soláthróir. Tá an t-ábhar faoi réir díospóireachtaí leanúnacha leis an soláthróir chun méid an ró-íocaíochta a aontú agus é a aisghabháil. D'eascair na ró-íocaíochtaí mar thoradh ar rátaí a íocadh nach raibh ag teacht leis na rátaí ar conradh. Tá bearta déanta ag an tSeirbhís chun a tarlú arís a chosc. Níor sainaithníodh aon laigí eile sa rialú airgeadais inmheánach i ndáil le 2020 a d'fhág go bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh air.

Déanann an tSeirbhís athbhreithniú agus cur i bhfeidhm go leanúnach ar mholtaí a eascraíonn ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Iniúchóireacht agus iniúchadh inmheánach chun an timpeallacht rialaithe a neartú, go háirithe i réimsí an tsoláthair agus na bainistíochta conartha agus na bainistíochta taifead, bonneagair TFC, córais ghnó agus iarratais tacaíochta. Is próiseas leanúnach é seo agus coimeádtar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Angela Denning
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís Chúirteanna

28 Meán Fómhair 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis An tSeirbhís Chúirteanna agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Ró-íocaíochtaí le soláthraí

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais go ndearna an tSeirbhís Chúirteanna ró-íocaíochtaí le soláthraí toisc gur os cionn na rátaí conraithe a bhí na rátaí a íocadh. Shonraigh sí go bhfuil plé ar bun leis an soláthraí maidir le haisghabháil na ró-íocaíochtaí agus go ndearnadh gníomhartha chun a chinntiú nach dtarlódh a leithéid arís sa todhchaí.

Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2020.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meán Fómhair 2021

Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna

Cuntas Leithreasa 2020

				2020	2019
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
			€000	€000	€000
Caiteachas an chláir					
A	Na cúirteanna a bhainistiú agus tacú leis na breithiúna				
		Bunaidh	156,378		
		Forlíontach	4,800		
				161,178	154,628	139,416
Ollchaiteachas				**161,178**	**154,628**	**139,416**
	Lúide				
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**				
		Bunaidh	50,133		
		Forlíontach	(18,200)		
				31,933	**32,634**	**47,084**
Glanchaiteachas					
		Bunaidh	106,245		
		Forlíontach	23,000		
				129,245	**121,994**	**92,332**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh le géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh do sheirbhísí soláthair chaipitiúil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr	7,251,177	792,780
Géilleadh iarchurtha	(4,895,000)	—
Farasbarr le géilleadh	**2,356,177**	**792,780**

Angela Denning
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís Chúirteanna

28 Meán Fómhair 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costas an chláir		50,831	42,642
Pá		57,556	54,543
Neamhphá		46,241	42,231
Ollchaiteachas		**154,628**	**139,416**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**32,634**	**47,084**
Glanchaiteachas		**121,994**	**92,332**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(5,341)		
Dímheas	8,738		
Caillteanas ar dhiúscairt	4	3,401	721
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(1,600)		
Méadú ar stoc	(48)	(1,648)	(789)
Caiteachas díreach		**123,747**	**92,264**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		53,608	53,106
Measchíosanna [a]		3,605	3,605
Glanchostas an chláir		**180,960**	**148,975**

Nóta [a] Measchíosanna d'fhoirgnimh atá faoi úinéireacht Oifig na nOibreacha Poiblí agus atá á n-áitiú ag an tSeirbhís Chúirteanna

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas i dtaca le Vóta 22 a iompraíodh in áit eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	198	185
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	14,689	14,729
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	436	1,343
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	116	106
Vóta 20	Garda Síochána	200	200
Vóta 24	Dlí agus Ceart agus Teaghlach - an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais	303	296
Príomh-Chiste – Tuarastail agus pinsin na mbreithiúna		37,666	36,247
		53,608	**53,106**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020	2019
		€000	€000
Sócmhainní caipitil	2.1	204,675	207,247
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	5,865	63
Stoic	2.3	226	178
Réamhíocaíochtaí		3,860	2,375
Ioncam fabhraithe		1,999	2,200
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	4,012	3,429
Iomlán na sócmhainní reatha		**15,962**	**8,245**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		2,889	2,132
Iarmhéideanna sochair eile	2.5	4,823	3,359
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.6	5,054	133
Iomlán na ndliteanas reatha		**12,766**	**5,624**
Glansócmhainní reatha		3,196	2,621
Glansócmhainní		**207,871**	**209,868**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.7	**207,871**	**209,868**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Talamh agus foirgnimh [a, b]	Trealamh TF agus oifige	Troscán agus feistis	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní					
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	263,629 [b]	54,577	32,697	3,933	354,836
Breiseanna	698	3,217	99	2,400	6,414
Tugtha in úsáid	2,424	2,539	—	(4,963)	—
Aistriú sócmhainní chuig gníomhaireachtaí eile [c]	(350)	—	—	—	(350)
Diúscairtí	(3)	(1,254)	(1,170)	—	(2,427)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	266,398	59,079	31,626	1,370	358,473
Dímheas carntha					
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	70,127	45,525	31,937	—	147,589
Dímheas don bhliain	5,124	3,441	173	—	8,738
Dímheas ar aistrithe go gníomhaireachtaí eile	(106)	—	—	—	(106)
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(1,254)	(1,169)	—	(2,423)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	75,145	47,712	30,941	—	153,798
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**191,253**	**11,367**	**685**	**1,370**	**204,675**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	193,502	9,052	760	3,933	207,247

Nótaí

[a] Foráiltear le halt 26 den Acht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998, go sealbhóidh an tSeirbhís Chúirteanna teideal dlí maidir le talamh agus foirgnimh áirithe.

[b] Ag deireadh 2020, bhí 46 foirgneamh agus cúig shuíomh faoi úinéireacht na Seirbhíse Cúirteanna. Díobh seo, rinneadh athluacháil ar 38 foirgneamh agus ceithre shuíomh. Ní dhearnadh aon luachálacha in 2020 mar gheall ar shrianta Covid-19. Táthar ag súil go ndéanfar na luachálacha i 2021, ach beidh sé seo ag brath ar shrianta Covid-19 a ardú agus ar infhaighteacht fhoireann na hOifige Luachála. Tá na tithe cúirte a choinnítear ar luach / costais ainmniúla suite i nDroichead Átha, Leitir Ceanainn, an Muileann gCearr, baile Loch Garman, Sráid Anglesea i gcathair Chorcaí, Sráid Mulgrave i gCathair Luimnigh, agus i gCathair Phort Láirge.

[c] Baineann an t-aistriú sócmhainní go gníomhaireachtaí eile le Tithe Cúirte Bhiorra agus Chathair na Mart, a aistríodh go dtí an t-údarás áitiúil ábhartha.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta	3,801	(1,324)
Cuntais bhainc thráchtála eile [a]	2,064	1,387
	5,865	**63**

Nóta [a] Is ionann é seo agus na hiarmhéideanna a bhí i seilbh na Seirbhíse Cúirteanna ag an 31 Nollaig gach bliain i gcuntais bhainc a bhaineann leis an Státchiste. Níl iarmhéid an chuntais de €9.468 milliún (€8.717 milliún in 2019) san áireamh leis sin, atá comhdhéanta go príomha d'fháltais neamh-Státchiste a bhaineann le lóisteálacha cothabhála faoin dlí teaghlaigh, lóisteálacha airgid bannaí agus fáltais an bhosca déirce cúirte.

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Stáiseanóireacht	143	131
Tomhaltáin	46	16
Nithe ilghnéitheacha	37	31
	226	**178**

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Réamhíocaíochtaí le OOP	3,357	2,820
Tuarastail in-fhorchúitithe	168	168
Míreanna dochair eile ar fionraí	454	410
Óinchistí	33	31
	4,012	**3,429**

2.5 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	1,100	811
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	68	30
Cáin bhreisluacha	646	245
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	507	419
Táillí cúirte a bailíodh thar ceann Vótaí eile	—	(194)
Fíneálacha	118	330
Cistí atá le géilleadh don Státchiste [a]	2,064	1,387
	4,503	3,028
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	318	312
Míreanna sochair eile ar fionraí	2	19
	4,823	**3,359**

Nóta [a] Is ionann an t-iarmhéid seo agus na hiarmhéideanna a bhaineann leis an Státchiste sna cuntais bhainc a bhíonn i seilbh na Seirbhíse Cúirteanna ag an 31 Nollaig gach bliain.

2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	2,356	792
Géilleadh iarchurtha	4,895	—
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(2,197)	(659)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**5,054**	**133**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	5,865	63
Iarmhéideanna dochair: fionraí	4,012	3,429
	9,877	3,492
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(4,503)	(3,028)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(320)	(331)
	(4,823)	(3,359)
	5,054	**133**

2.7 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			209,868	214,501
Íocaíochtaí amach ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	129,245		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(2,356)		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(4,895)		
Glanvóta			121,994	92,332
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1		53,608	53,106
Míreanna neamhairgid				
Measchíos	1		3,605	3,605
Athluachálacha	2.1		—	(233)
Aistriú sócmhainní	2.1		(244)	—
Glanchostas an chláir	1		(180,960)	(153,443)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**207,871**	**209,868**

2.8 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí		
TFC	15,107	1,699
Léasanna	11,818	13,607
Iasacht athchóirithe [a]	7,287	9,016
CPP	663,923	717,010
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**698,135**	**741,332**

Nóta [a] Tógadh an iasacht chun athchóiriú Theach na Cúirte ar Shráid Washington,Corcaigh, a mhaoiniú. Tá an phríomhshuim (an ghné caipitil) den iasacht sin a bhí amuigh ag deireadh na bliana, arbh ionann agus €6.435 milliún (2019: €7.815 milliún) í, nochta faoi cheangaltais chaipitil ilbhliantúla. Is le hús a bhaineann an chuid eile den cheangaltas.

b) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla

Tionscadal	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019	Caiteachas i 2020	Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin	Caiteachas ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2020	Caiteachas ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2019
	€000	€000	€000	€000	€000
Iasacht athchóirithe i leith Theach na Cúirte, Sráid Washington	17,185	1,380	6,435	25,000	25,000

c) Costas caipitil an tionscadail chomhpháirtíochta príobháidí poiblí

Tionscadail	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019	Caiteachas i 2020	Ceangaltais atá infhorfheidhmithe le dlí le comhlíonadh sna blianta ina dhiaidh sin	Iomlán an tionscadail 2020	Iomlán an tionscadail 2019
	€000	€000	€000	€000	€000
Coimpléasc na gCúirteanna Coiriúla	232,590	23,903	332,537	589,030	593,881
Beart CPP [a]	48,853	21,364	331,386	401,603	404,572
Iomlán	**281,443**	**45,267**	**663,923**	**990,633**	**998,453**

Nóta [a] An conradh le haghaidh beartán tionscadal CPP a sholáthraítear d'éilimh, go háirithe maidir le lochtanna folaigh i bhfoirgnimh stairiúla. I mBealtaine 2019 tháinig Seirbhís na gCúirteanna ar chomhaontú leis an soláthraí conartha €8.9 milliún (ex CBL) a íoc, ar bhonn céimnithe. Rinne an tSeirbhís Chúirteanna an íocaíocht dheiridh de €7.3 milliún 2020.

2.9 Dliteanais aibithe

Ní raibh dliteanais aibithe ar bith ann in 2020. (2019: €1,349).

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cuirtear an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar áireamh i gClár A chun costálacha iomlána cláir a chur i láthair.

				2020	2019
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais				
	Bunaidh	58,078			
	Forlíontach	(1,047)			
			57,031	57,556	54,543
ii	Taisteal agus cothú		3,013	2,291	3,388
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha		7,491	8,290	8,261
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide		2,003	2,933	3,030
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF				
	Bunaidh	13,520			
	Forlíontach	1,847			
			15,367	15,887	12,040
vi	Costais áitribh oifige		19,076	16,623	14,990
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe luach ar airgead		100	217	522
			104,081	**103,797**	**96,774**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo thíos na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin an vóta.

iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Soláthar meastacháin €2.003 milliún; toradh €2.933 milliún

Tháinig an róchaiteachas €930,000 maidir le seirbhísí poist agus teileachumarsáide as na nithe seo a leanas:

- an mhoill leanúnach ar líonra teileafóin na Seirbhíse Cúirteanna a aistriú ó líonra achair fhairsing (WAN) ina líonra néalríomhaireachta rialtais, rud a rabhthas ag súil go ndéanfaí coigiltis leis, agus
- postas breise mar gheall ar phaindéim Covid-19 agus giúróirí agus cleachtóirí dlí á gcur ar an eolas faoi athsceidealú/cealú dátaí cúirte agus comhaid á n-aistriú ar ais go cleachtóirí dlí d'fhonn líon na ndaoine a bhí ag teacht trí oifigí cúirte a laghdú.

vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe

Soláthar meastacháin €100,000; toradh €217,000

Tháinig an róchaiteachas €117,000 maidir le seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead as caiteachas a bhain le Clár Nuachóirithe na Seirbhíse Cúirteanna nach raibh curtha san áireamh leis an meastachán bunaidh.

Clár A Na Cúirteanna a Bhainistiú agus Tacú leis na Breithiúna

				2020	2019
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá				
	Bunaidh	58,078			
	Forlíontach	(1,047)			
			57,031	57,556	54,543
A.2	Riarachán – neamhphá				
	Bunaidh	45,203			
	Forlíontach	1,847			
			47,050	46,241	42,231
A.3	Teach Cúirte (oibreacha caipitil)				
	Bunaidh	15,380			
	Forlíontach	4,000			
			19,380	5,564	4,876
A.4	Costais CPP		37,717	45,267	37,766
			161,178	**154,628**	**139,416**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo thíos na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha (+/- 5% agus €100,000) i gcaiteachas cláir. Tríd is tríd, bhí an caiteachas maidir le Clár A €1.75 milliún níos lú ná mar a sa mheastachán bunaidh.

A.3 Teach Cúirte (oibreacha caipitil)

Soláthar meastacháin €15.38 milliún; toradh €5.564 milliún

Tá an gannchaiteachas ar oibreacha caipitil tí cúirte de €9.816 milliún mar gheall ar an moill ar roinnt tionscadal tógála caipitil a chríochnú, sa bhreis ar an moill ar cheannach molta láithreán i nGaillimh, ar an Nás agus i dTrá Lí.

A.4 Costais CPP

Soláthar meastacháin €37.717 milliún; toradh €45.267 milliún

Den chuid is mó tá an róchaiteachas ar chostais CPP de €7.55 milliún dlite ar íocaíocht € 7.33 milliún mar shocrú iomlán ar oibleagáidí comhaontaithe le teagmhálaithe CPP i leith lochtanna folaigh in éilimh ar fhoirgnimh stairiúla (Féach Nóta 2.8c).

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

				2020	2019
			Measta	Réadaithe	Réadaithe
			€000	€000	€000
1	Táillí				
		Bunaidh	41,693		
		Forlíontach	(18,200)		
			23,493	24,612	43,972
2	Nithe ilghnéitheacha			1,442	1,024	1,448
3	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí			1,498	1,498	1,664
4	Cistí Cúirte Dímhaoine			5,500	5,500	—
	Iomlán			**31,933**	**32,634**	**47,084**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo thíos na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha (+/- 5% agus €100,000) i bhfáltais. Tríd is tríd, bhí leithreasaí-i-gcabhair €17.499 milliún (35%) níos lú ná an meastachán bunaidh.

1 Táillí

Meastachán €41.693 milliún; toradh €24.612 milliún

Bhí an t-ioncam ó tháillí in 2020 €17.081 milliún níos lú ná an meastachán bunaidh mar gheall ar thabhairt isteach srianta mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Mar thoradh air sin, bhí laghdú ann ar iarratais cheadúnaithe agus shibhialta araon, agus an t-easnamh ina thoradh air sin.

2 Nithe ilghnéitheacha

Meastachán €1.442 milliún; toradh €1.024 milliún

Bhí an t-ioncam ó nithe ilghnéitheacha in 2020 €418,000 (29%) níos lú ná an meastachán bunaidh mar gheall ar laghdú ar fháltais ó Oifig an Ard-Aturnae.

4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Fíneálacha faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre [a]	3,588	5,427
Fíneálacha eile [a]	1,932	2,831
Aisíocaíochtaí [b]	(20)	(84)
Fáltais eile [c]	108	170
Suim a aistríodh chuig an Státchiste	(5,608)	(8,344)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	—	—

Nótaí

[a] Tá an laghdú ar fháltais ó Fhíneálacha faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre agus ó fhíneálacha eile ina thoradh go príomha ar laghdú ar líon na bhfíneálacha a gearradh/na n-íocaíochtaí a rinneadh in 2020 mar gheall ar Covid-19

[b] Bhí laghdú ann ar aisíocaíochtaí fíneálacha in 2020 i gcomparáid le 2019 mar gheall ar na nithe seo a leanas: (i) laghdú ar líon na n-aisíocaíochtaí um fhógraí muirir sheasta in 2020, agus (ii) laghdú ar líon na n-achomharc arna n-éisteacht agus na dtorthaí arna n-iompú in 2020 (nuair a íocadh fíneálacha) mar gheall ar Covid-19.

[c] Bíonn cistí i seilbh Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais ó Chuntas Leachtaithe na gCuideachtaí ar feadh seacht mbliana sula mbíonn siad le híoc leis an Roinn Airgeadais. Baineann fáltais 2020 le cistí a lóisteáladh in 2013. Is é iarmhéid na gcistí sin amhail an 31 Nollaig 2020 ná €4.321 milliún.

4.3 Fíneálacha agus táillí a bailíodh thar ceann Ranna eile

Rinneadh íocaíochtaí díreacha leis na ranna /gníomhaireachtaí rialtais seo a leanas maidir le fíneálacha agus táillí a bhailigh an tSeirbhís Chúirteanna thar a gceann in 2020.

	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Na Coimisinéirí Ioncaim		
Fíneálacha ioncaim [a]	485	826
Dleacht mháil [b]	1,200	3,356
An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil	23	27
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara [c]	40	268
An t-iomlán a aistríodh	(1,748)	(4,477)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	—	—

Nótaí

[a] Baineann an t-airgead a bailíodh le fíneálacha cúirte a gearradh i gcás gurb iad na Coimisinéirí Ioncaim an t-ionchúisitheoir.

[b] Baineann an t-airgead a bailíodh le táillí ar iarratais áirithe ar cheadúnú ar nós uaireanta oscailte a shíneadh agus orduithe díolúine speisialta a fhaigheann an tSeirbhís Chúirteanna thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim. Bhí laghdú €2.156m ann ar dhleacht mháil in 2020 i gcomparáid le 2019 mar gheall ar shrianta rialtais a tugadh isteach mar thoradh ar Covid-19 chun na tithe tábhairne uile a dhúnadh ó mhí an Mhárta 2020. Mar thoradh air sin, bhí laghdú suntasach ann ar iarratais ar cheadúnú, lena n-áirítear dleacht mháil.

[c] Bhí laghdú mór ann ar fhíneálacha don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara in 2020 i gcomparáid le 2019. Ba thoradh é sin ar líon fíneálacha ardluacha na Cúirte Cuarda a fuarthas in 2019.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon foirne ag deireadh na bliana	**1,106**	**1,080**

5.2 Pá

	2020 €000	2019 €000
Pá	52,252	49,527
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	269	161
Liúntais eile	815	920
Ragobair	212	332
ÁSPC an Fhostóra	4,008	3,603
Pá iomlán	**57,556**	**54,543**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon faighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó	
			2020 €	2019 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	88	5	17,605	12,554
Liúntais eile	199	12	20,873	16,896
Ragobair	104	5	17,809	23,680
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	44	4	22,097	25,534

5.4 Socruithe eile luach saothair

Íocadh suim iomlán €13,574 in 2020 le beirt státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsin státseirbhís agus a fostaíodh ar feadh tréimhsí gairide le linn 2020. Tá an tsuim sin comhdhéanta de €13,425 i bpárolla agus de €149 i gcaiteachas taistil agus cothaithe. Cuireadh an riail laghdaithe pinsin i bhfeidhm i gcomhréir le halt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Aisghabhadh costais tuarastail €67,409 ó bhinsí agus ó ranna rialtais maidir le foireann ar iasacht. Tá aisghabháil €168,000 gan íoc do 2020.

5.5 Ró-íocaíochtaí tuarastail

	Líon faighteoirí	2020 €	2019 €
Ró-íocaíochtaí	80	168,637	120,527
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	31	52,869	28,353

D'aistrigh cúigear aonair a bhfuil pleananna aisghabhála dar luach €2,728 i bhfeidhm ina leith go Ranna eile sa bhliain.

Nóta 6 Nithe ilghnéitheacha

6.1 Costais chúitimh agus dlí

	Líon na gcásanna	Cúiteamh a dámhadh	Costais dlí a dámhadh agus a íocadh	Costais dlí a d'íoc an tSeirbhís Chúirteanna	2020 Iomlán	2019 Iomlán
		€000	€000	€000	€000	€000
Éilimh ó dhaoine den phobal	41	7	229	272	507	1,122

Nóta B'ionann na híocaíochtaí iomlána maidir le costais dlí tríú páirtí agus costais chúitimh agus €235,536. Áirítear leo sin íocaíochtaí maidir le himeachtaí dar luach €145,202 arna bplé ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus le himeachtaí ina raibh an tSeirbhís Chúirteanna ina páirtí, lenar áiríodh imeachtaí trí bhíthin athbhreithniú breithiúnach

6.2 Costais eadrána agus idir-réitigh

Ní raibh aon chaiteachas ann in 2020 maidir le costais eadrána agus idir-réitigh. Ní raibh cásanna ar bith ann in 2019.

6.3 Díscríobh agus soláthairtí

Le linn 2020, díscríobhadh €4,838 le Vóta 22 maidir le hearráidí riaracháin (2019: €1,619).

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 23

An tÚdarás Clárúcháin Maoine

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 23, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus chostais an Údaráis Clárúcháin Maoine.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €1.295 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, le heisceacht amháin. Le haghaidh 2020, lean an tÚdarás de shócmhainní faoin tairseach €10,000 a áireamh ar an gClár Sócmhainní. Tá sé beartaithe, áfach, go gcomhlíonfar ciorclán 21 de 2020 go hiomlán ó chuntas leithreasa na bliana 2021 ar aghaidh.

Dímheas

Gearrtar dímheas de réir méid cothrom ar bhonn míosúil.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an tÚdarás córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí mar Phríomhfheidhmeannach ar an Údarás. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Tá an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach mar seo a leanas.

Seirbhísí comhroinnte

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte acmhainní párolla agus acmhainní daonna ar bhonn seirbhíse comhroinnte (Vóta 18). Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí ile linn seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

Ina theannta sin, bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt go bhfeidhmítear na rialuithe cuí le linn seirbhísí comhroinnte airgeadais a sholáthar don Oifig seo. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe seirbhíse idir an Oifig seo agus an Roinn Dlí agus Cirt maidir le seirbhísí comhroinnte airgeadais a sholáthar.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas ina gcuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta i gcomhair na bpríomhphróiseas gnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Éilimh chúitimh

Feidhmíonn an tÚdarás Clárúcháin Maoine córas teidil a thugann ráthaíocht Stáit do shealbhóir an teidil. Tá an Stát faoi cheangal aon duine a fhulaingíonn caillteanas a shlánú trína bheith ag brath ar an gclár. I ngnáthchúrsa a ghnó, faigheann an tÚdarás éilimh chúitimh faoi Alt 120 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 1964. D'fhéadfadh éilimh teacht chun cinn mar gheall ar earráid, brionnú nó calaois maidir le clárú teidil.

Déanaim maoirseacht ar an obair chun creat frithchalaoise a chur chun feidhme, rud a bhfuil sé mar aidhm aige ár neamhchosaint ar chalaois agus caillteanais de bharr calaoise a íoslaghdú in aghaidh na gclár. Treoraíonn an creat seo cur i bhfeidhm ár straitéise maidir le hiomláine na gclár a chothabháil, cearta maoine cláraithe a chosaint agus acmhainní poiblí a chosaint.

Tá achoimre ar na híocaíochtaí a rinneadh faoi Alt 120 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 1964, leagtha amach i Nóta 6.1 leis na cuntais. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí cúitimh in 2020 a bhain go sonrach le calaois nó le brionnú. Tá líon beag iarratas a líomhnaíodh a bheith calaoiseach fós á n-imscrúdú.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach
- athbhreithnithe rialta ag an mbainistíocht shinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- córas bainistíochta riosca taobh istigh den Údarás
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail
- cinntíonn an tÚdarás go gcuirtear béim chuí ar an dea-chleachtas ó thaobh ceannaigh de agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú.

Iniúchóireacht inmheánach agus an coiste iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Údarás, le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na

rioscaí airgeadais sin atá os comhair an Údaráis i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chomhlíon an tÚdarás na treoirlínte ach amháin i gcás dhá chonradh teileachumarsáide a raibh luach comhcheangailte €96,699 orthu, a dámhadh tar éis próiseas iomaíoch agus a tugadh anonn ar feitheamh próiseas nua soláthair a chur i gcrích. Tá próiseas tairisceana iomaíoch nua curtha i gcrích sa dá chás anois.

Ina theannta sin, chuir an tÚdarás sonraí faoi ocht gconradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil i leith Chiorclán 40 de 2002 ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Údarás a shainaithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí roimh an Údarás agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a tábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár go ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Déanann an clár rioscaí cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha is gá leis na rioscaí a mhaolú agus sannann sé freagracht as rialuithe a oibriú do bhaill foirne shonracha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh faireacháin a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha. Deimhním go bhfuil na príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara sainaitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Údarás le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta do bhainistiú agus rialú riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí atá freagrach as forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Paindéim Covid-19

Mar thoradh ar phaindéim COVID-19, ar an ngá le timpeallacht shábháilte oibre a sholáthar agus le soláthar seirbhíse a choinneáil, tugadh isteach roinnt cleachtas oibre nua, lena n-áirítear cianobair a thabhairt isteach.

Tá roinnt rioscaí nua-shainaitheanta mar thoradh ar na cleachtais oibre nua, mar aon le rioscaí bunúsacha maidir le hoibriú i dtimpeallacht pháipéarbhunaithe ar fud na paindéime. Tá clár rioscaí COVID-19 i bhfeidhm agus tá na rioscaí gaolmhara á mbainistiú go gníomhach le raon gníomhartha maolaithe cuí i bhfeidhm.

Féachann na gníomhartha seo lena chinntiú nár lagaíodh an timpeallacht rialaithe mar thoradh ar na cleachtais oibre nua ba ghá a chur i bhfeidhm de bharr phaindéim Covid-19.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh sa rialú inmheánach airgeadais aon laigí atá bainteach le 2020 agus ba chúis, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis, le caillteanas ábhartha.

Elizabeth Pope
Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚdarás Clárúcháin Maoine

31 Márta 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le An tÚdarás Clárúcháin Maoine agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

16 Meán Fómhair 2021

Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine

Cuntas Leithreasa 2020

		Soláthar Meastacháin	2020 Toradh	2019 Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Clárlann na Talún agus Clárlann na nGníomhas a bhainistiú	32,319	31,100	29,727
	Ollchaiteachas	**32,319**	**31,100**	**29,727**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**531**	**607**	**639**
	Glanchaiteachas	**31,788**	**30,493**	**29,088**

Farasbarr

Dlífear farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste.

	2020 €	2019 €
Farasbarr le géilleadh	**1,294,847**	**1,417,409**

Elizabeth Pope
Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚdarás Clárúcháin Maoine

31 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Pá		26,692	25,301
Neamhphá		4,408	4,426
Ollchaiteachas		**31,100**	**29,727**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**607**	**639**
Glanchaiteachas		**30,493**	**29,088**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(1,409)		
Dímheas	496	(913)	(491)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	46		
Laghdú ar stoc	12	58	(55)
Caiteachas díreach		**29,638**	**25,442**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		7,917	8,291
Measchíosanna		2,279	2,279
Glanchostas an chláir		**39,834**	**39,012**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 23 a iompraíodh in áit eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 12	Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	6,981	7,268
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	790	880
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	55	54
Vóta 24	Dlí agus Ceart – An tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais	91	89
		7,917	**8,291**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020	2019
		€000	€000
Sócmhainní caipitil	2.1	3,154	2,241
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	1,738	2,405
Stoic	2.3	127	139
Réamhíocaíochtaí		543	493
Ioncam fabhraithe		5	8
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	72	149
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.6	11	—
Iomlán na sócmhainní reatha		**2,496**	**3,194**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		222	129
Iarmhéideanna sochair eile	2.5	1,821	2,538
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.6	—	16
Iomlán na ndliteanas reatha		**2,043**	**2,683**
Glansócmhainní reatha		453	511
Glansócmhainní		**3,607**	**2,752**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.7	**3,607**	**2,752**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh oifige agus TF	Troscán agus feistis	Sócmhainní atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	33,673	3,728	1,001	38,402
Breiseanna	809	6	594	1,409
Diúscairtí	(10)	-	-	(10)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	34,472	3,734	1,595	39,801
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	32,565	3,596	-	36,161
Dímheas don bhliain	470	26	-	496
Dímheas ar dhiúscairtí	(10)	-	-	(10)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	33,025	3,622	-	36,647
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**1,447**	**112**	**1,595**	**3,154**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	1,108	132	1,001	2,241

2.2. Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	701	606
Iarmhéideanna i gcuntais bhainc tráchtála eile	1,037	1,799
	1,738	**2,405**

Cuntais bhainc tráchtála eile

Léiríonn iarmhéideanna an chuntais bhainc tráchtála an tsuim a bhí dlite don Státchiste an 31 Nollaig 2020 i leith táillí clárúcháin. Ní áirítear fáltais neamh-Státchiste a choinnítear sa Bhanc Ceannais i leith airgead ceannaigh cíosa talún. Is é an tsuim a sealbhaíodh ag deireadh 2020 ná €5.8 milliún (2019 €5.6 milliún)

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Stáiseanóireacht	84	90
Soláthairtí ilghnéitheacha	29	12
Ábhar inchaite TF	14	37
	127	**139**

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Táillí tógála atá in-fhorchúitithe	46	38
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	26	111
	72	**149**

2.5 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Suimeanna dlite don Stát		
Cáin ioncaim	358	333
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	211	195
Cáin bhreisluacha	29	31
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	3	—
Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste	1,037	1,799
	1,638	2,358
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	183	180
	1,821	**2,538**

2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	1,295	1,417
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(1,306)	(1,401)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**(11)**	**16**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	1.738	2,405
Iarmhéideanna dochair: fionraí	72	149
	1,810	2,554
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(1,638)	(2,358)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(183)	(180)
	(1,821)	(2,538)
	(11)	**16**

2.7 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			2,752	2,238
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	31,788		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(1,295)		
Glanvóta			30,493	29,088
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1		7,917	8,291
Caiteachas neamhairgid - measchíosanna	1		2,279	2,279
Glanchostas an chláir	1		(39,834)	(39,144)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**3,607**	**2,752**

2.8 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	**531**	**424**

2.9 Dliteanais theagmhasacha

Tá baint ag an Údarás le roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh agus a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá suim iarbhír nó uainiú aon dliteanas féideartha neamhchinnte. Áirítear leis seo na cásanna cúitimh faoi Alt 120 mar a thuairiscítear i nóta 6.1 thíos agus dá dtagraítear sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais.

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an leithdháileadh ar fad ar Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine aicmithe mar chaiteachas riaracháin a chaitear ar chlár aonair: Clárlann na Talún agus Clár na nGníomhas a bhainistiú.

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	26,575	26,692	25,301
ii	Taisteal agus cothú	110	22	95
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,570	1,082	1,055
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	900	656	785
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	2,627	2,315	2,069
vi	Speansais áitribh oifige	512	324	398
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	25	9	24
		32,319	**31,100**	**29,727**

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas an Vóta agus leagtar amach ann na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €1.57 milliún; toradh €1.082 milliún

Baineann an gannchaiteachas leis an líon beag éileamh cúitimh faoi Alt 120 a íocadh in 2020. Tá sé deacair uainiú agus toradh na híocaíochta i leith éilimh den sórt sin.

iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Soláthar meastacháin €900,000; toradh €656,000

Baineann an tearc-chaiteachas le leibhéal laghdaithe caiteachais poist i ráithe 2 de 2020 mar gheall ar phaindéim Covid-19.

vi Speansais áitribh oifige

Soláthar meastacháin €512,000; toradh €324,000

Níor tugadh faoi aon tionscadal suntasach cothabhála oifige in 2020, rud as ar tháinig caiteachas laghdaithe ar áitribh oifige.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	531	607	639
	Iomlán	**531**	**607**	**639**

4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	1,799	1,856
Táillí Chlárlann na Talún	58,624	68,413
Táillí Chlárlann na nGníomhas	1,017	1,377
Táillí bhunchíosanna a fuarthas	57	75
Suim a íocadh ar aghaidh leis an Státchiste	(60,460)	(69,922)
Iarmhéid deiridh ag an 31 Nollaig	**1,037**	**1,799**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhFostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon foirne ag deireadh na bliana	**529**	**529**

5.2 Pá

	2020 €000	2019 €000
Pá	24,656	23,392
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	23	19
Liúntais eile	62	66
Ragobair	56	137
ÁSPC an Fhostóra	1,895	1,687
Pá iomlán	**26,692**	**25,301**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2020	2019
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais breise	10	—	8,058	7,994
Liúntais eile	20	—	4,752	7,942
Ragobair	36	—	8,283	12,618
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	8	2	11,707	14,473

5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2020	2019
		€	€
Ró-íocaíochtaí	56	172,997	198,970
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	29	117,437	90,236

Aistríodh dhá phlean aisghabhála ró-íocaíochtaí dar luach €7,742 i leith beirte chuig ranna eile sa bhliain.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Costais chúitimh agus dlí

Tá gach teideal atá cláraithe ar an gClár Talún ráthaithe ag an Stát. Foráiltear in Alt 120 den Acht um Chlárú Teidil, 1964, go n-íocfar cúiteamh (agus costais ábhartha) i leith caillteanais a fhulaingíonn duine trína bheith ag brath ar an gClár agusi gcás nach é féin nó a ghníomhaire is cúis leis an gcaillteanas, nó nár chuidigh sé go substaintiúil leis an gcaillteanas trí ghníomh, faillí nó mainneachtain. Íocadh sé íocaíocht cúitimh faoi Alt 120 in 2020 (íocadh 18 gcinn in 2019), agus leagtar amach na costais iomlána seo thíos.

					2020	2019
	Líon na gcásanna	Costais dlí a d'íoc an tÚdarás	Costais dlí a dámhadh	Cúiteamh a dámhadh	Iomlán	Iomlán
		€000	€000	€000	€000	€000
Éilimh faoi Alt 120 den Acht um Chlárú Teidil, 1964	6	—	4	15	19	15

6.2 Calaois agus calaois amhrasta

Tá ÚCM ar an eolas faoi líon beag cásanna ina bhfuil amhras ann go ndearnadh iarratais chalaoiseacha ar chlárú. Tá na cásanna seo fós á n-imscrúdú. D'fhéadfaí íocaíocht a dhéanamh mar thoradh ar na cásanna faoi Alt 120 den Acht um Chlárú Teidil, 1964.

6.3 Cumasc

Mar chuid den Chlár Athchóirithe Seirbhíse Poiblí, rinneadh cinneadh ón Rialtas an Oifig Luachála, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine a chumasc.

Mar thoradh air sin, cruthófar eagraíocht nua, ar a dtabharfar Tailte Éireann. Beidh Tailte Éireann freagrach as roinnt feidhmeanna tábhachtacha, lena n-áirítear córas clárúcháin maoine an Stáit, bonneagar mapála agus suirbhéireachta an Stáit, seirbhís luachála maoine an Stáit agus forbairt agus cothabháil faisnéise geospásúla an Stáit. Teastaíonn reachtaíocht phríomha chun an t-aonán nua a bhunú. Tá Bille um Thailte Éireann, Scéim Ghinearálta, 2020, foilsithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Seo a leanas an seasamh maidir leis an reachtaíocht a theastaíonn chun Tailte Éireann a bhunú. Ag a chruinniú an 22 Nollaig 2020 cheadaigh an Rialtas scéim ghinearálta Bhille Tailte Éireann agus d'aontaigh sé gur cheart d'Oifig an Ard-Aighne dréachtú foirmiúil a dhéanamh ar an mBille féin.

Tá cóip den scéim ghinearálta seolta ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chuig an gCoiste Oireachtais ábhartha agus tá sí ag fanacht le freagra i dtaobh an mian leis an gCoiste grinnscrúdú réamhreachtúil a dhéanamh maidir leis an reachtaíocht atá beartaithe.

Vóta 24

Dlí agus Ceart

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 24, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Dlí agus Cirt, fhoireann na Seirbhíse Promhaidh agus seirbhísí áirithe eile, lena n-áirítear íocaíochtaí faoi scéimeanna airgead teoranta a riarann an Oifig sin, agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €20.08 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Aistriú feidhmeanna

Rinneadh an fhreagracht i leith feidhmeanna áirithe maidir le míchumas, comhionannas, comhtháthú agus seirbhísí cóiríochta cosanta idirnáisiúnta a aistriú chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Rinneadh é sin faoin Ordú um Míchumas, Comhionannas, Cearta an Duine, Lánpháirtíochta agus Glacacht (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2020 (I.R. Uimh. 436 de 2020), le héifeacht ón 14 Deireadh Fómhair 2020.

Aistríodh an fhreagracht as feidhmeanna áirithe eile maidir le ceartas i leith an aosa óig ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chuig an Roinn Dlí agus Cirt. Rinneadh é sin faoin Ordú um Cheartas i leith an Aosa Óig (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2020 (I.R. Uimh. 435 de 2020), le héifeacht ón 14 Deireadh Fómhair 2020.

D'athraigh ainm na Roinne ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais go dtí an Roinn Dlí agus Cirt faoi I.R. Uimh. 452 de 2020, le héifeacht ón 1 Samhain 2020.

Rith an Dáil meastachán athbhreithnithe lenar léiríodh na hathruithe a bhain leis an aistriú feidhmeanna an 18 Samhain 2020.

Athruithe struchtúrtha eile

Níl figiúirí meastacháin agus toraidh na bliana 2020 inchomparáide go díreach le coibhéisí na bliana 2019 i roinnt de na fo-mhírchinn. Is mar thoradh ar Chlár Bunathraithe na Roinne a tháinig é sin chun cinn faoina ndéantar athstruchtúrú ar roinnt réimsí caiteachais mar phríomhfheidhmeanna roinne e.g. iar-Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (SEIÉ).

Is Vóta ar leithligh é an Coimisiún um Chosaint Sonraí, a bhí ina fho-mhírcheann faoin Vóta Dlí agus Cirt roimhe seo, le héifeacht ón 1 Eanáir 2020.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2020, chun feidhme nuair a bhí an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

Cuntasaíocht grúpa maidir le sócmhainní seasta

Léirítear i Nótaí 1 agus 2 a ghabhann leis an gcuntas leithreasa luachanna sócmhainní seasta agus muirir ghaolmhara dhímheasa i ndáil le sócmhainní atá faoi úinéireacht na Roinne agus roinnt de na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne a ndéantar a dtaifid chuntasaíochta a choinneáil trí úsáid a bhaint ionad seirbhísí comhroinnte airgeadais na Roinne.

Cuntasaíocht grúpa maidir le banc agus airgead tirim

Léirítear i Nótaí 1 agus 2 a ghabhann leis an gcuntas leithreasa luachanna bainc agus airgid thirim a bhí i seilbh comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus a ullmhaíonn ráitis airgeadais ar leithligh.

Luacháil ar shócmhainní caipitil

Mar a dhéantar soláthar ina leith i gciorclán 21 de 2020, tá tairseach €1,000 curtha i bhfeidhm ag an Roinn Dlí agus Cirt chun a cuid sócmhainní caipitil a chaipitliú.

Dímheas

Déantar sócmhainní caipitil a dhímheas de réir méid cothrom thar a saol úsáideach measta ón gcéad mhí ina gcuirtear an tsócmhainn i bhfeidhm. Déantar foirgnimh a dhímheas ag ráta 2% sa bhliain de réir méid cothrom thar a saol úsáideach measta. Déantar feithiclí agus trealamh a dhímheas ag ráta 20% sa bhliain de réir méid cothrom thar a saol úsáideach measta.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh ar bun agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí párolla agus acmhainní daonna ar fáil don Roinn ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Tá litir dearbhaithe maidir leis na rialuithe atá i bhfeidhm curtha ar fáil agam do na hOifigigh Chuntasaíochta a fhaigheann seirbhísí comhroinnte airgeadais ó ionad seirbhísí comhroinnte airgeadais (SCA) na Roinne i gCill Airne.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntiú go ndéanfar gníomh ceartaitheach cuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ar bun d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá doiciméadú déanta ar nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó,
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, ach go háirithe:

- gurb ann do chóras buiséadaithe cuí agus do bhuiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- go mbíonn athbhreithniú rialta á dhéanamh ag bainistíocht shinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail i bhfeidhm.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn agus go bhfuil pearsanra atá oilte go cuí ina bun, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bheadh i gceist don Roinn obair an choiste. Déanann an Coiste Iniúchóireachta na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí a fhaomhadh agus cuireann sí an anailís san áireamh. Féachtar leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir a mhéid agus is féidir laistigh dá rialú. Baineann sí leas as bunachar sonraí lárnach chun cros-seiceáil a dhéanamh de láimh ar thuarascálacha caiteachais a tharraingítear as an gCóras Bainistíochta Airgeadais chun a chinntiú go mbíonn caiteachas ag teacht le modhanna cuí soláthair. Tá formhór mór na dtairiscintí á reáchtáil anois ag an Oifig um Sholáthar Rialtais nó i gcomhar leis an Oifig.

Tá an Roinn comhlíontach seachas i gcás naoi gconradh déag dar luach os cionn €25,000 (gan CBL a áireamh) agus a ndeachthas ina mbun gan próiseas iomaíoch a bheith i gceist, agus iad dar luach iomlán €4,685,469 mar a leagtar amach thíos. Meastar na conarthaí seo a bheith neamhchomhlíontach de bharr gur cuireadh síneadh leo thar dháta bunaidh an chonartha gan próiseas ná tionscadal iomaíoch nua a reáchtáil, agus is mar seo a leanas na sonraí a bhaineann leis na conarthaí sin.

- Tá trí chonradh a bhfuil luach €429,943 i gceist leo dáfa anois.

- Táthar i mbun an phróisis tairisceana i gcás trí chonradh déag dar luach €3,789,017 nó táthar ag déanamh na socruithe riachtanacha chun dul chuig an margadh a luaithe is féidir ina leith.
- Cuireadh síneadh le trí chonradh dar luach €466,509 le go mbeifí ábalta aistriú chuig córais nua.

Tá sonraí faoi chonarthaí neamhiomaíocha curtha ar fáil ag an Roinn sa tuairisceán bliantúil i ndáil le ciorclán 40/2002.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn, rud a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid agus is féidir. Tá Coiste Riosca i bhfeidhm chun formhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca ar fud na Roinne.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá le sárú ag an Roinn agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir tábhachta. Déantar an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go ráithiúil. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh do bhaill foirne shonracha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl go tráthúil dóibhsean atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don leibhéal bainistíochta cuí, nuair is ábhartha. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Paindéim Covid-19

Ó thosaigh an phaindéim, leagadh béim mhór ag an uile leibhéal den bhainistíocht ar fud na Roinne ar mheasúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag paindéim Covid 19. Ba trí Ghrúpa Bainistíochta Freagartha Covid-19 a bhunú agus trí obair an Aonaid Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde a rinneadh riosca a mheasúnú. Áirítear ar na rioscaí nua an tionchar ar leanúnachas gnó, cianobair chomh maith le rialuithe breise maidir le hoibreáin bhitheolaíocha.

Bhí tionchair i gceist i dtaobh na reachtaíochta de, lena n-áirítear i ndáil le bearta faoi stiúir na Roinne Sláinte. Mar shampla, bhí éileamh mór ann ar acmhainní do na réimsí Beartais Choiriúil agus Reachtaíochta Coiriúla mar gheall ar na hathruithe reachtacha a rinneadh ar chumhachtaí na nGardaí. Bhí impleachtaí ag na hathruithe a rinneadh maidir le taisteal idirnáisiúnta agus bearta a cheanglaítear ar dhaoine ag teacht chun an Stáit dóibh ar oibríochtaí an Aonaid um Bainistiú Teorann in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, cuireadh síneadh sealadach le ceadanna inimirce ón Roinn seo mar gheall ar an bpaindéim.

Cé gur leanadh leis na príomhrialuithe íocaíochta ar feadh na paindéime, ba ghá athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis áirithe chun sonraisc a cheadú ó chian agus foirmeacha íocaíochta a cheadú trí ríomhphost, nuair ba ghá. Cuireadh rochtain shlán chianda ar fáil ar chórais a bhí ann cheana chun go mbeadh baill foirne a bhí ag obair go cianda ábalta rochtain a fháil ar a bpolasaithe, nósanna imeachta agus lámhleabhair oibre mhionsonraithe reatha. Tá an tAonad Airgeadais agus Soláthair agus an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí i mbun monatóireacht ar éifeachtacht na n-athruithe a rinneadh ar na próisis a tugadh isteach le linn phaindéim Covid-19.

Bhí gá ann láithreacht foirne a choinneáil i roinnt oifigí de chuid na Roinne le linn na paindéime agus d'oibrigh an bhainistíocht shinsearach agus bainistíocht na n-oifigí aonair go fíordhlúth leis an Aonad Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde chun go mbeadh na bearta cuí i bhfeidhm d'fhonn sábháilteacht foirne a chosaint an t-am ar fad agus chun go mbeadh na bearta sin de réir na dtreoirlínte sláinte poiblí. Dar ndóigh, mar thoradh ar na srianta a bhí i gceist ar an líon foirne a raibh cead acu a bheith san oifig ag aon am faoi leith, bhí moill ann ar chásanna a phróiseáil, go háirithe i réimsí oibríochta ina mbíonn éileamh mór i gceist, amhail soláthar seirbhísí inimirce. Cé go bhfuiltear ag leanúint den obair go cianda, is gá gnéithe den obair ar chásanna a dhéanamh in oifigí, go háirithe nuair a bhíonn próisis pháipéarbhunaithe i gceist. Táthar ag leanúint d'athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis agus tiocfaidh feabhas ar chúrsaí de réir mar a dhéantar tuilleadh uathoibrithe, nuair is féidir é sin a dhéanamh, ach glacfaidh sé roinnt ama sula mbeidh réimsí áirithe ábalta filleadh ar na leibhéil táirgiúlachta mar a bhí roimh phaindéim Covid-19 i bhfianaise na srianta atá ar an líon foirne atá ábalta freastal ar na hoifigí.

Rinne an Roinn roinnt suirbhéanna, seimineár agus treoracha ar dhea-chleachtas a eagrú i rith na paindéime. Cuirtear nuashonruithe rialta ar fáil agus coinnítear i dteagmháil le baill foirne trí ghlaonna zoom agus trí chineálacha eile cumarsáide.

Áirítear iad seo a leanas ar chuid de na bearta sonracha atá déanta ag leibhéal na Roinne

- treoir maidir le bheith ag obair ón mbaile go héifeachtach eisithe chuig an bhfoireann ar fad
- forbairt déanta ar threoirlínte cianoibre do bhainisteoirí agus eisithe chuig an uile bhainisteoir
- forbairt déanta ar stór acmhainní Covid-19 ar leith ar thairseach na Roinne
- tionscnamh folláine AD curtha i bhfeidhm.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Ag eascairt ó mholtaí a rinneadh i dtuarascálacha iniúchóireachta le déanaí, tá an Roinn i mbun rialuithe airgeadais agus rialuithe eile a athbhreithniú agus a neartú ar bhonn leanúnach i bpróisis i réimsí amhail bainistíocht tionscadal TFC, riar deontas, athshlánú ó thubaiste agus leanúnachas gnó.

Oonagh McPhillips
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt

30 Márta 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 24 Dlí agus Ceart

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 24 Dlí agus Ceart don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 24 Dlí agus Ceart don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Dlí agus Ceart agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais nár comhlíonadh na rialacha soláthair i gcásanna ábhartha i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2020.

Fíneáil AE a íoc

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl i nóta 6.7 gur íoc an Roinn fíneáil €2 mhilliún leis an gCoimisiún Eorpach in 2020 de bharr thrasuí moillithe Threoir (AE) 2015/849 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun airgead a sciúradh agus sceimhlitheoireacht a mhaoiniú. Leagtar amach sa nóta na cúiseanna leis an moill.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

16 Lúnasa 2021

Vóta 24 Dlí agus Ceart

Cuntas Leithreasa 2020

		Soláthar meastachán	2020 Toradh	2019 Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Ceannaireacht agus formhaoirseacht ar an mbeartas dlí agus cirt agus comhionannais agus ar chur i bhfeidhm an bheartais sin (colún an cheartais shibhialta agus an chomhionannais agus colún an cheartais choiriúil)	52,960	48,131	56,529
B	Éire atá slán sábháilte (colún an cheartais choiriúil)	233,316	207,476	180,448
C	Rochtain ar cheartas do chách (colún an cheartais shibhialta agus an chomhionannais agus colún an cheartais choiriúil)	52,149	53,963	55,977
D	Sochaí atá cothrom agus uilechuimsitheach (colún an cheartais shibhialta agus an chomhionannais)	7,763	6,844	24,509
E	Córas tearmainn, inimirce agus saoránachta atá éifeachtúil, sofhreagrach agus cóir (colún an cheartais shibhialta agus an chomhionannais)	71,867	82,792	222,620
Ollchaiteachas		**418,055**	**399,206**	**540,083**
	Lúide			
F	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**67,061**	**72,192**	**91,105**
Glanchaiteachas		**350,994**	**327,014**	**448,978**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh thar an nglansuim a caitheadh le géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar iomlán nó cuid d'aon leithreasaí neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €3,900,000 de leithreasaí neamhchaite i ndáil le gnéithe caipitil d'Fho-mhírcheann B.18 Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann ar aghaidh go 2021.

	2020 €	2019 €
Farasbarr	23,979,793	8,977,803
Géilleadh iarchurtha	(3,900,000)	—
Farasbarr le géilleadh	**20,079,793**	**8,977,803**

Oonagh McPhillips
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt

30 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costas an chláir		277,527	479,591
Pá		73,460	30,551
Neamhphá		48,219	29,941
Ollchaiteachas		**399,206**	**540,083**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**72,192**	**91,105**
Glanchaiteachas		**327,014**	**448,978**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin - airgead tirim	(21,737)		
Dímheas	4,161		
Diúscairtí - airgead tirim	1		
Caillteanas ar dhiúscairtí	1	(17,574)	(3,182)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	11,843		
Laghdú ar stoc	5	11,848	(11,424)
Caiteachas díreach		**321,288**	**434,372**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		48,962	45,648
Measchíosanna		4,860	4,860
Glanchostas an chláir		**375,110**	**484,880**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glancaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 24 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	334	307
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	39,546	37,189
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	12,810	11,849
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	248	221
Vóta 20	An Garda Síochána	209	204
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	83	—
An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí		193	191
Costais na seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile		(4,461)	(4,313)
		48,962	**45,648**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	42,501	25,630
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	17,763	32,119
Stoic	2.3	1,074	1,079
Réamhíocaíochtaí		5,718	12,282
Ioncam fabhraithe		3,608	8,276
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	3,958	1,489
Iomlán na sócmhainní reatha		**32,121**	**55,245**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		8,098	7,456
Ioncam iarchurtha		57	88
Iarmhéideanna sochair eile	2.5	15,899	32,630
Glanmhaoiniú Státchiste	2.6	5,822	978
Iomlán na ndliteanas reatha		**29,876**	**41,152**
Glansócmhainní reatha		2,245	14,093
Glansócmhainní		**44,746**	**39,723**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.7	**44,746**	**39,723**

2.1 Sócmhainní Caipitil [a]

	Foirgnimh	Feithiclí agus trealamh	Trealamh oifige agus TF	Troscán agus feistis	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní						
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	6,901	1,889	100,277	2,803	10,223	122,093
Breiseanna	—	204	3,053	24	18,456	21,737
Tugtha in úsáid	—	—	5,517	—	(5,517)	—
Aistriú amach [b]	—	—	(250)	(128)	(518)	(896)
Diúscairtí	—	—	(526)	(2)	—	(528)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	6,901	2,093	108,071	2,697	22,644	142,406
Dímheas carntha						
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	1,584	1,144	91,309	2,426	—	96,463
Dímheas don bhliain	138	269	3,681	73	—	4,161
Dímheas ar aistriú amach [b]	—	—	(106)	(87)	—	(193)
Dímheas ar dhiúscairtí	—	—	(524)	(2)	—	(526)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	1,722	1,413	94,360	2,410	—	99,905
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**5,179**	**680**	**13,711**	**287**	**22,644**	**42,501**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	5,317	745	8,968	377	10,223	25,630

Nóta [a] Léirítear sa ráiteas faoi shócmhainní caipitil sócmhainní don Roinn ar fad, lena n-áirítear roinnt gníomhaireachtaí i Vóta 24 a ullmhaíonn ráitis airgeadais ar leithligh freisin.

[b] Aistríodh ón Roinn sócmhainní seasta a raibh costas bunaidh €896,000 ag baint leo; €707,000 chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí; €188,000 chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige; agus an €1,000 eile chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	9,516	21,799
Iarmhéideanna an chuntais bainc tráchtála	8,247	10,320
	17,763	**32,119**

Áirítear ar iarmhéideanna an chuntais bainc tráchtála iarmhéideanna dar luach €1.78 milliún a bhaineann le roinnt gníomhaireachtaí i Vóta 24 a ullmhaíonn ráitis airgeadais ar leithligh freisin.

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Stáiseanóireacht	132	124
Tomhaltáin fhóiréinseacha	486	421
Tomhaltáin TF	48	81
Ceadanna cónaithe/doiciméid taistil	244	410
Ilghnéitheach	128	18
Trealamh/éadach	36	25
	1,074	**1,079**

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Réamhíocaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí	2,342	19
Óinchistí taistil	55	56
Caiteachas in-fhorchúitithe maidir leis an scéim pas taistil	250	787
Glacadóireacht an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla	20	20
Cuntas fionraí párolla (Paypath)	970	469
Míreanna dochair eile ar fionraí	321	138
	3,958	**1,489**

2.5 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	2,088	2,038
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	1,237	1,181
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	1,712	2,045
Cáin bhreisluacha	497	387
Iarmhéideanna i gcuntais roinne	8,247	10,320
	13,781	15,971
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	687	679
Réamhíocaíocht CSE i ndáil le maoiniú tionscadal um chuimsiú sóisialta 2014–2020	1,374	2,979
Réamhíocaíochtaí an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht 2014–2020	—	12,466
Athlonnú éigeandála agus tionscadail REACH	—	53
Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste	26	25
Míreanna sochair eile ar fionraí	31	457
	15,899	**32,630**

2.6 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	20,080	8,978
Géilleadh iarchurtha	3,900	—
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(18,158)	(8,000)
Glanmhaoiniú Státchiste	**5,822**	**978**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	17,763	32,119
Iarmhéideanna dochair: fionraí	3,958	1,489
	21,721	33,608
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(13,781)	(15,971)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(2,118)	(16,659)
	(15,899)	(32,630)
	5,822	**978**

2.7 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			39,723	25,117
Eisíocaíochtaí as an Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	350,994		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(3,900)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(20,080)		
Glanvóta			327,014	448,978
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1		48,962	45,648
Caiteachas neamhairgid - measchíosanna	1		4,860	4,860
Glanchostas an chláir	1		(375,110)	(484,880)
Aistriú sócmhainní caipitil	2.1		(703)	—
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**44,746**	**39,723**

2.8 Ceangaltais

a) Ceangaltais Dhomhanda

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Earraí agus seirbhísí a fháil	13,779	71,974
Tionscadail chaipitil	81,772	2,802
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**95,551**	**74,776**

b) Tionscadail chaipitil ollmhóra

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019	Caiteachas in 2020	Ceangaltais tionscadal sna blianta ina dhiaidh	Caiteachas iomlán ionchais feadh shaolré na dtionscadal 2020	Caiteachas iomlán ionchais feadh shaolré na dtionscadal 2019
	€000	€000	€000	€000	€000
Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann	**3,060**	**16,081**	**80,377**	**99,518**	**—**

2.9 Dliteanais aibithe

Ní raibh aon dliteanais aibithe ann nach raibh glanta ag deireadh na bliana 2020 ná sa bhliain roimhe sin.

2.10 Dliteanais theagmhasacha

Féach Nóta 6.1 maidir le coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	64,694	69,221	26,518
ii	Taisteal agus cothú	985	535	343
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	9,736	18,699	6,823
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	2,096	2,734	2,391
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	12,766	13,948	9,534
vi	Costais áitribh oifige	3,055	4,050	2,307
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	68	89	135
viii	Taighde	1,286	741	279
ix	Seirbhísí comhroinnte airgeadais [a]	6,645	6,135	5,998
x	Clár bunathraithe ceartais agus póilíneachta	8,000	5,527	6,164
		109,331	**121,679**	**60,492**

Nóta [a] Áirítear costais phá an ionaid seirbhísí comhroinnte airgeadais dar luach €4,239,131 (2019: €4,032,874) i gcostais na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais. Muirearaítear an costas sin chuig clár A - Ceannaireacht agus formhaoirseacht ar an mbeartas dlí agus cirt agus comhionannais agus ar chur i bhfeidhm an bheartais sin (colún an cheartais shibhialta agus an chomhionannais agus colún an cheartais choiriúil), fo-mhírcheann A.1 Riarachán – pá.

Difríochtaí suntasacha

Déantar anailís sa mhéid seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus déantar cur síos ar na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €985,000; toradh €535,000

Is mar thoradh ar chiorruithe ar thaisteal agus ar chothú na Roinne de bharr thionchar shrianta Covid-19 go príomha a tháinig an gannchaitheamh €450,000 chun cinn.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €9.736 milliún; toradh €18.699 milliún

Tá an barrachas €8.963 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh €9.736 milliún comhdhéanta go príomha de chostais agus socruithe dlí (€6.5 milliún) agus déantar costais agus táillí riaracháin eile (€2.84 milliún) a fhritháireamh trí ghannchaitheamh i réimsí eile amhail oiliúint agus forbairt foirne (€510,000). Baineann cuid shuntasach de na costais dlí leis an réimse soláthair seirbhísí inimirce agus áirítear fíneáil €2 mhilliún ar na costais sin atá iníoctha leis an gCoimisiún Eorpach mar gheall ar an moill ar Threoir AE a thrasuí (féach nóta 6.7).

iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Soláthar meastacháin €2.096 milliún; toradh €2.734 milliún

Baineann an barrachas caiteachais €638,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin €2.096 milliún go príomha le costais phostais a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis, rud a bhain le cártaí ceada cónaitheoirí a eisiúint agus le pasanna a sheoladh ar ais chuig iarratasóirí mar chuid den phróiseas clárúcháin inimirce.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin €3.055 milliún; toradh €4.05 milliún

Baineann an barrachas €995,000 go príomha leis na costais ar chóiríocht a fháil ar cíos/a léasú a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis, lena n-áirítear cóiríocht shealadach d'Oifig an Chigire Príosún, d'Aonad na hÉireann um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí agus do Choimisiún Hickson. Chuir riachtanais mhéadaithe ghlantacháin oifigí a tháinig chun cinn de bharr Covid-19 leis an mbarrachas san fho-mhírcheann freisin.

viii Taighde

Soláthar meastacháin €1.286 milliún; toradh €741,000

Baineann an choigilt €545,000 go príomha le tionscadail taighde a cuireadh ar athlá nó ar cuireadh moill orthu mar gheall ar thionchar Covid-19. Cuireadh ach go háirithe aon obair thaighde ar theastaigh teagmháil duine ar dhuine ina leith ar athlá - suirbhéanna, grúpaí fócais agus agallaimh, mar shampla. Tá cineálacha malartacha cur chuige, nuair is féidir, aitheanta don bhliain 2021.

x Clár bunathraithe ceartais agus póilíneachta

Soláthar meastacháin €8 milliún; toradh €5.527 milliún

Ba mar thoradh ar an gcaiteachas a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis i ndáil le gné Ceartais an chláir fad a bhí straitéis TFC na Roinne á tabhairt chun críche a tháinig an choigilt €2.473 chun cinn. Tá sí sin tugtha chun críche anois agus cuirfear i bhfeidhm í sna trí bliana amach romhainn.

Clár A Ceannaireacht agus formhaoirseacht ar an mbeartas dlí agus cirt agus comhionannais agus ar chur i bhfeidhm an bheartais sin (colún an cheartais shibhialta agus an chomhionannais agus colún an cheartais choiriúil)

			2020	2019
		Soláthar meastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	11,411	12,268	10,103
A.2	Riarachán - neamhphá	14,636	11,922	13,120
A.3	Cigireacht na bPríosún	1,200	638	646
A.4	Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána	11,181	11,124	10,660
A.5	Oifig Chigireacht na nGardaí	1,306	1,079	1,119
	An Coimisiún um Chosaint Sonraí [a]	—	—	*10,448*
A.7	Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann	702	505	503
A.8	Údarás Láir	135	62	72
A.9	An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí	1,001	1,000	1,000
A10	An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine	2,276	2,438	2,591
A11	Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann	7,510	6,730	6,239
A12	An Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha	251	—	—
A13	An Chomhairle Bhreithiúnach	1,251	365	28
A14	An tÚdarás Rialála Cearrbhachais	100	—	—
		52,960	**48,131**	**56,529**

Nóta a Is Vóta ar leith an Coimisiún um Chosaint Sonraí le héifeacht ón 1 Eanáir 2020.

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €4.829 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh (i dtús báire), lena n-áirítear gannchaitheamh €1.857 milliún maidir le caiteachas riaracháin. Go príomha, is mar gheall ar na nithe seo a bhí an difríocht i gcaiteachas.

A.3 Cigireacht na bPríosún

Soláthar meastacháin €1.2 milliún; toradh €638,000

Is mar thoradh go príomha ar an moill a bhí ann ar fhoireann bhreise a earcú a bhí an choigilt €562,000. Mar shampla, rinneadh soláthar do chigire sinsearach a cheapadh i dtús na bliana 2020, ach níor tugadh an próiseas chun críche go dtí mí na Nollag. Líonfar sa bhliain 2021 anois roinnt post eile a raibh súil iad a líonadh sa bhliain 2020.

A.5 Oifig Chigireacht na nGardaí

Soláthar meastacháin €1.306 milliún; toradh €1.079 milliún

Mar gur cuireadh siar oibreacha cothabhála a tharla an choigilt €227,000 go príomha. Chomh maith leis sin, bhí laghdú ar chostais reatha oifige agus costais riaracháin ghinearálta i gceist mar gur aistríodh chuig cianobair d'fhonn cloí le ceanglais sláinte poiblí don chuid is mó den bhliain 2020.

A.7 Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann

Soláthar meastacháin €702,000; toradh €505,000

Baineann an choigilt €197,000 go díreach le líon níos ísle gnó a bhain go príomha le DVDanna a chur ar aghaidh lena n-aicmiú. Chomh maith leis sin, níor tharla lánchaiteachas taighde a bhí beartaithe don bhliain 2020 mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19.

A10 An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine

Soláthar meastacháin €2.276 milliún; toradh €2.438 milliún

Baineann an barrachas caiteachais €162,000 le breis ceanglas maidir le hoiliúint dlí, iniúchtaí ceadúnaí agus feachtais meán cumarsáide. Bhain an oiliúint dlí le tuarascálacha cigireachta deiridh a bhreithniú agus maidir leis an bpróiseas éisteachta ó bhéal. Tugadh faoi iniúchtaí breise ceadúnaí chun comhlíonadh agus caighdeáin san earnáil a fheabhsú agus chun a chinntiú go mbeadh cosaint ag tomhaltóirí agus go mbainfeadh na feachtais feasachta meán cumarsáide leis na tairbhí a bhainfeadh an pobal as úsáid a bhaint as gníomhaire ceadúnaithe.

A11 Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann

Soláthar meastacháin €7.51 milliún; toradh €6.73 milliún

Baineann an choigilt €780,000 le párolla agus tháinig sí chun cinn go príomha de bharr na moille a bhí ann ar fholúntais a líonadh. Bhí tionchar ag paindéim Covid-19 air sin chomh maith.

A12 An Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha

Soláthar meastacháin €251,000; toradh €nialas

Ó tharla nach bhfuil an Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha bunaithe fós a tháinig an choigilt chun cinn. Cheadaigh an Rialtas Bille fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha a dhréachtú i mí na Nollag 2020, rud lena bhforálfar foráil don Choimisiún a bhunú.

A13 An Chomhairle Bhreithiúnach

Soláthar meastacháin €1.251 milliún; toradh €365,000

Is mar thoradh ar na moilleanna a bhí ann ar fhoireann a earcú agus moill iarmhartach ar thacaí lóistíochtúla eile a chur i bhfeidhm le linn na bliana 2020 a tháinig an choigilt €886,000 chun cinn. Ba í sin an chéad bhliain iomlán ina raibh an Chomhairle i mbun oibre. Bunaíodh an Chomhairle, atá neamhspleách ar an Roinn, i mí na Nollag 2019.

A14 An tÚdarás Rialála Cearrbhachais

Soláthar meastacháin €100,000; toradh €nialas

Ní raibh aon chaiteachas i gceist sa bhliain 2020. Cé gur tosaíodh clár foirmiúil chun Údarás Rialála Cearrbhachais a bhunú go luath i mí Dheireadh Fómhair 2020, bhí roinnt moill i gceist de bharr Covid-19. Tá sé anois ina thús agus tá dréacht den reachtaíocht ann faoi láthair agus níor tabhaíodh aon chostais ina leith. Meastar go dtabhófar caiteachas sa bhliain 2021 le ceapadh Príomhfheidhmeannaigh ainmnithe faoi dheireadh na bliana.

Clár B Éire atá slán agus sábháilte (colún an cheartais choiriúil)

			2020	2019
		Soláthar meastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá	11,817	13,803	9,505
B.2	Riarachán - neamhphá	7,765	7,715	7,819
B.3	An Biúró um Shócmhainní Coiriúla	9,090	10,401	9,860
B.4	An tSeirbhís Phromhaidh – tuarastail, pá agus liúntais	22,234	21,949	21,042
B.5	An tSeirbhís Phromhaidh – speansais oibriúcháin	4,125	4,002	4,120
B.6	An tSeirbhís Phromhaidh – seirbhísí do chiontóirí	17,532	16,866	16,629
B.7	An Scéim Orduithe Seirbhíse Pobail	3,045	1,984	2,220
B.8	Idirghabhálacha um Cheartas i leith an Aosa Óig	14,014	13,919	12,941
B.9	Seirbhísí d'íospartaigh na coireachta a mhaoiniú	1,892	2,001	1,720
B.10	An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)	288	302	375
B.11	Cúiteamh i leith díobhálacha pearsanta a rinneadh go coiriúil	8,016	6,815	3,260
B.12	Cúnamh dlí (coiriúil)	65,302	62,224	65,092
B.13	Cúnamh dlí – saincheisteanna caomhnóireachta	3,000	4,257	3,201
B.14	An Bord Parúil	157	133	361
B.15	Bearta coiscthe coireachta	1,197	489	411
B.16	An tÚdarás Slándála Príobháidí	3,799	3,285	3,328
B.17	Maoiniú d'fhonn foréigean baile, foréigean gnéis agus foréigean ar bhonn inscne a chosc	2,069	2,464	2,409
B.18	Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann	56,991	33,779	14,925
B.19	Paiteolaíocht Stáit	983	1,088	1,230
		233,316	**207,476**	**180,448**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €25.84 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh i dtús báire. Áirítear air sin róchaiteachas €1.936 milliún i dtaca le caiteachas riaracháin. Rinneadh é sin a fhritháireamh trí choigiltí faoi fho-mhírchinn chláir agus is mar gheall ar na nithe seo go príomha a bhí an difríocht i gcaiteachas.

B.3 An Biúró um Shócmhainní Coiriúla

Soláthar measacháin €9.09 milliún; toradh €10.401 milliún

Is le pá a bhaineann an barrachas €1.311 milliún (€1.211m) mar gheall ar an ngá a bhí ann le foireann shealadach a thabhairt ar iasacht ón nGarda Síochána chun cuidiú le gníomhaíochtaí oibriúcháin. Is ar an taobh neamhphá atá iarmhéid an bharrachais (€100,000) agus baineann sé go príomha le costais chúirte nach rabhthas ag súil leo.

B.7 An Scéim Orduithe Seirbhíse Pobail

Soláthar measctháin €3.045 milliún; toradh €1.984 milliún

Baineann an choigilt €1.061 milliún go príomha le párolla ó tharla nach ndearnadh an dul chun cinn a rabhthas ag súil leis chun Maoirseoirí Seirbhíse Pobail breise a earcú de bharr éileamh níos lú a bheith ann ar sheirbhísí, lena n-áirítear teorainneacha ar an Scéim Seirbhíse Pobail a leathnú mar gheall ar phaindéim Covid-19.

B.9 Seirbhísí d'íospartaigh na coireachta a mhaoiniú

Soláthar measctháin €1.892 milliún; toradh €2.001 milliún

Is mar thoradh ar an éileamh breise a bhí ann ar sheirbhísí eintiteas maoinithe áirithe le linn phaindéim Covid-19 a tháinig an barrachas €109,000 chun cinn.

B11 Cúiteamh i leith díobhálacha pearsanta a rinneadh go coiriúil

Soláthar measctháin €8.016 milliún; toradh €6.815 milliún

Is mar thoradh ar na moilleanna a bhí i gceist le hiarratasóirí a bheith ag glacadh le dámhachtainí a rinne an Binse roimh dheireadh na bliana a tháinig an choigilt €1.201 milliún chun cinn. Bheadh an buiséad iomlán caite dá mba rud é gur glacadh leis na dámhachtainí sin.

B13 Cúnamh dlí – saincheisteanna caomhnóireachta

Soláthar measctháin €3 mhilliún; toradh €4.257 milliún

Is mar thoradh ar líon níos mó éileamh a bheith á gcur isteach i gcomhair íocaíochta i rith na bliana 2020 i gcomparáid le blianta roimhe seo a tháinig an barrachas €1.257 milliún chun cinn. Bhain roinnt de na héilimh le blianta roimhe sin. Is scéim éileamhbhunaithe í seo agus íoctar na táillí agus na speansais atá dlite do na cleachtóirí dlí faoi réir théarmaí agus choinníollacha na scéime.

B15 Bearta coiscthe coireachta

Soláthar measctháin €1.197 milliún; toradh €489,000

Mar nár leanadh de roinnt tionscnamh coiscthe coireachta mar a bhíothas ag súil leis le linn na bliana 2020, de bharr thionchar phaindéim Covid-19 i bpáirt, a tháinig an choigilt €708,000 chun cinn.

B16 An tÚdarás Slándála Príobháidí

Soláthar measctháin €3.799 milliún; toradh €3.285 milliún

Bhain an choigilt €514,000 go príomha le costais neamhphárolla agus is mar thoradh ar an tionchar a bhí ag paindéim Covid-19 ar oibríochtaí a sholáthar agus tionscadail sceidealaithe a chur i bhfeidhm a tháinig an choigilt sin chun cinn. Tá moill ann ar go leor tionscadal, amhail ceadúnú fostaithe sa réimse slándála imeachtaí, mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19 ar thionscal na slándála. Cuireadh srian le gníomhaíocht comhlíonta freisin de bharr na srianta agus bhí sí sin teoranta d'fhaireachas agus obair deisce.

B17 Maoiniú d'fhonn foréigean baile, foréigean gnéis agus foréigean ar bhonn inscne a chosc

Soláthar measctháin €2.069 milliún; toradh €2.464 milliún

Is mar thoradh ar éilimh bhreise ar sholáthraithe seirbhíse sa réimse seo le linn phaindéim Covid-19 agus chun a chinntiú go bhfanfadh

na heintitis mhaoinithe i mbun oibríochta le linn na tréimhse sin a tháinig an choigilt €395,000 chun cinn.

B18 Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann

Soláthar meastacháin €56.991 milliún; toradh €33.779 milliún

Is mar thoradh ar ghannchaitheamh sa bhliain 2020 maidir le saotharlann nua Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann a thógáil i mBacastún, Co. Chill Dara, a bhí an choigilt €23.212 milliún. B'ionann an leithdháileadh caipitil ar an tionscadal sin sa bhliain 2020 agus €39.551 milliún. Cheadaigh an Rialtas an cás gnó deiridh don tsaotharlann nua go luath i mí an Mhárta 2020. Síníodh an conradh an 19 Márta 2020 ach cuireadh stop leis an obair thógála ar feadh tréimhse 7 seachtaine de bharr shrianta Covid-19. Tá ceadú tugtha caipiteal €3.9 milliún nár caitheadh sa bhliain 2020 a thabhairt ar aghaidh go 2021 i leith an tionscadail sin.

B19 Paiteolaíocht Stáit

Soláthar meastacháin €983,000; toradh €1.088 milliún

Is mar thoradh ar an ngá a bhí ann le paiteolaithe ionaid breise a fhostú chun tacú le seirbhís an Phaiteolaí Stáit le linn na bliana 2020 go príomha a tháinig an barrachas €105,000 chun cinn.

Clár C Rochtain ar cheartas do chách (colún an cheartais shibhialta agus an chomhionannais agus colún an cheartais choiriúil)

			2020	2019
		Soláthar meastachái n	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
C.1	Riarachán - pá	391	471	230
C.2	Riarachán - neamhphá	303	281	190
C.3	Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta	6,316	6,406	5,937
C.4	An Bord um Chúnamh Dlíthiúil	42,207	42,207	40,796
C.5	Ionaid Chomhairle Dlí Saor in Aisce	98	98	98
C.6	An tSeirbhís Chróinéara	2,834	4,500	3,814
	Ciste Magdalene	—	—	*4,912*
		52,149	**53,963**	**55,977**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le Clár C €1.814 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh i dtús báire, lena n-áirítear róchaiteachas €58,000 maidir le caiteachas riaracháin. Go príomha, is mar gheall ar na nithe seo a bhí an chuid eile den difríocht i gcaiteachas.

C.6 An tSeirbhís Chróinéara

Soláthar meastacháin €2.834 milliún; toradh €4.5 milliún

Baineann an barrachas caiteachais €1.666 milliún le costais ullmhúcháin agus costais eile amhail cóiríocht maidir leis an bhFiosrúchán ar Dhóiteán Stardust agus na costais bhreise a bhí ar Mharbhlann Ceantair Bhaile Átha Cliath, costais a bhain go díreach le paindéim Covid-19.

Clár D Sochaí atá cothrom agus uilechuimsitheach (colún an cheartais shibhialta agus an chomhionannais)

			2020	2019
		Soláthar measatch áin	**Toradh**	**Toradh**
		€000	**€000**	**€000**
D.1	Riarachán - pá	22	76	734
D.2	Riarachán - neamhphá	15	29	603
D.3	Bearta míbhuntáiste shóisialta (arna maoiniú ó chuntais dhíomhaoine)	7,726	6,739	5,111
	An tÚdarás Náisiúnta Míchumais	—	—	*4,270*
	An Oifig um Lánpháirtiú Imirceach a Chur Chun Cinn	—	—	*2,488*
	Deontais chuig eagraíochtaí náisiúnta ban.	—	—	*525*
	Tionscnaimh an Lucht Siúil agus na Romach	—	—	*3,069*
	Gníomh Dearfach i dtreo Comhionannas Inscne a Bhaint Amach	—	—	*4,861*
	Tionscnaimh Chomhionannais agus LADTI	—	—	*148*
	Seirbhís tacaíochta cinntí	—	—	*2,700*
		7,763	**6,844**	**24,509**

Difríochtaí Suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár D €919,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh. Áirítear air sin róchaiteachas €68,000 maidir le caiteachas riaracháin atá frithláirithe ag coigilt €987,00 faoin bhfo-mhírcheann cláir de bharr na nithe seo a leanas.

D.3 Bearta míbhuntáiste shóisialta (arna maoiniú ó chuntais dhíomhaoine)

Soláthar measacháin €7.726 milliún; toradh €6.739 milliún

Tá an choigilt €987,000 inchurtha i leith maoiniú áirithe do thionscadail sa réimse ceartais i leith an aosa óig nár tarraingíodh anuas go hiomlán sa bhliain 2020, rud a bhain go príomha le moilleanna a bhí i gceist le tionscadail nua a bhunú mar gheall ar thionchar Covid-19 agus ar feitheamh an Straitéis um Cheartas i leith an Aosa Óig a thabhairt chun críche.

Clár E Córas tearmainn, inimirce agus saoránachta atá éifeachtúil, sofhreagrach agus cóir (colún an cheartais shibhialta agus an chomhionannais)

		2020		2019
		Soláthar meastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
E.1	Riarachán - pá	45,594	46,842	9,979
E.2	Riarachán - neamhphá	17,377	28,272	8,209
E.3	Cláir inimirce agus chosanta idirnáisiúnta	8,896	7,678	72,601
	An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht	—	—	*2,232*
	Cóiríocht d'iarrthóirí cosanta idirnáisiúnta	—	—	*129,599*
		71,867	**82,792**	**222,620**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár E €10.925 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh, a bhaineann go príomha le róchaiteachas €12.143 milliún maidir le caiteachas riaracháin a bhfuil míniú tugtha ina leith cheana. Rinneadh é sin a fhritháireamh trí choigilt €1.218 milliún faoin bhfo-mhírcheann cláir de bharr na nithe seo a leanas.

E.3 Cláir inimirce agus chosanta idirnáisiúnta

Soláthar meastacháin €8.896 milliún; toradh €7.678 milliún

Tháinig coigilt €1.218 milliún chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin €8.896 milliún. Is mar thoradh ar na srianta a tugadh isteach de bharr Covid-19 a bhí costais níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis do chomhaltaí painéil san Oifig um Chosaint idirnáisiúnta agus sa Bhinse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta mar gurbh éigean éisteachtaí agus agallaimh a chur siar agus a athsceidealú, ar aon dul le treoirlínte ón Rialtas. Baineadh coigiltí amach freisin ó tharla go raibh líon níos lú aisdúichithe agus díbeartha ná mar a bhíothas ag súil leis i gceist mar gheall ar shrianta taistil agus mar gheall ar chúinsí eile.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Táillí i ndáil le cinsireacht scannán	1,503	810	1,202
2	Táillí i ndáil le Cosaint Sonraí	—	—	—
3	Fáltais AE	10,000	9,691	17,843
4	Fáltais ilghnéitheacha	573	2,229	1,325
5	Táillí i ndáil le clárú inimirce	26,800	31,445	39,423
6	Táillí i ndáil le víosaí	3,200	3,082	9,847
7	Fáltais ó chuntais dhíomhaoine	7,726	6,598	4,873
8	Táillí i ndáil leis an Údarás Slándála Príobháidí	2,564	2,643	3,444
9	Táillí i ndáil le deimhnithe náisiúntachta agus saoránachta	8,500	8,852	5,368
10	An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí – tobhach ar chomhlachtaí gairmiúla	1	—	—
11	Táillí i ndáil leis an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine	2,300	2,210	2,250
12	Táillí i ndáil le Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann	680	767	1,083
13	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	3,214	3,865	4,447
	Iomlán	**67,061**	**72,192**	**91,105**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí leithreasaí-i-gcabhair €5.131 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh (i dtús báire) agus is mar gheall ar ghlanéifeacht na ndifríochtaí a leanas go príomha atá barrachas ann i bhfáltais.

1 Táillí i ndáil le cinsireacht scannán

Measta €1.503 milliún; réadaithe €810,000

Go príomha, is mar gheall ar laghdú i líon na scannán a bhí á gcur ar aghaidh lena n-aicmiú a bhain go díreach le tionchar phaindéim Covid-19 a bhí easnamh €693,000 ann i bhfáltais.

4 Fáltais ilghnéitheacha

Measta €573,000; réadaithe €2.229 milliún

Go príomha, is mar gheall gur ghlac líon níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis le víosa faoi Scéim na nOibrithe Neamhthipiciúla (SONT) a bhí an barrachas €1.656 milliún i bhfáltais.

5 Táillí i ndáil le clárú inimirce

Measta €26.8 milliún; réadaithe €31.445 milliún

Tháinig barrachas €4.645 milliún chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin €26.8 milliún. Bíonn fáltais faoin gcatagóir seo dothuartha, in ainneoin thionchar Covid-19, mar go mbíonn siad ag brath ar roinnt athróg, lena n-áirítear an timpeallacht eacnamaíoch. Rinneadh an tionchar a bhain le hOifigí Clárúcháin a dhúnadh ar fud na tíre chomh maith leis an tionchar a bhain le srianta taistil a fhritháireamh i bpáirt le seoladh an Chórais Athnuachana Clárúcháin Ar Líne i mí Iúil d'iarratasóirí atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus le tús arís a chur le hiarratais chéaduaire a phróiseáil, bíodh is gur ag ráta níos lú a bhí sé. Ba é an tionchar a bhí aige sin ná gur coinníodh leibhéil na bhfáltas ag ráta réasúnta ard le linn na bliana 2020.

7 Fáltais ó chuntais dhíomhaoine

Measta €7.726 milliún; réadaithe €6.598 milliún

Tá an t-easnamh €1.128 milliún inchurtha i leith maoiniú do thionscadail sa réimse ceartais i leith an aosa óig nár tarraingíodh anuas go hiomlán sa bhliain 2020, rud a bhain go príomha le moilleanna a bhí i gceist le tionscadail nua a bhunú mar gheall ar thionchar Covid-19 agus ar feitheamh an Straitéis um Cheartas i leith an Aosa Óig a thabhairt chun críche.

13 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí

Measta €3.214 milliún; réadaithe €3.865 milliún

Baineann an barrachas €651,000 i bhfáltais go díreach le costais phárolla agus bhí siad níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	25	18
Suim a bailíodh	26	25
Suim a aistríodh chuig an Státchiste	(25)	(18)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**26**	**25**

Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

5.1 An líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Roinn	1,386	1,474
Gníomhaireachtaí	1,406	1,531
Iomlán	**2,792**	**3,005**

5.2 Pá

Luach Saothair fhoireann na Roinne

	2020 €000	2019 €000
Pá	66,404	65,504
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	202	109
Liúntais eile	2,099	1,641
Ragobair agus tinreamh breise	773	1,634
ÁSPC an fhostóra	5,573	5,293
Pá iomlán [a]	**75,051**	**74,181**

Nóta [a] Déantar an figiúr pá iomlán a dháileadh ar fud fho-mhírchinn A.1, B.1, C.1, C.3, D.1 agus E.1.

Luach Saothair fhoireann Ghníomhaireachta

	2020 €000	2019 €000
Pá	76,275	81,032
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	104	116
Liúntais eile	3,027	2,356
Ragobair agus tinreamh breise	1,563	1,674
ÁSPC an fhostóra	5,188	5,391
Pá iomlán [a]	**86,157**	**90,569**

Nóta a Déantar an figiúr pá iomlán a dháileadh ar fud fho-mhírchinn A.3, A.4, A.5, A.7, A.10, A.11, A.13, B.3, B.4, B.7, B.16, B.18, B.19, C.4, C.6, agus E.3.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2020	2019
			€	€
Foireann na Roinne				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	31	11	28,528	12,565
Ragobair nó tinreamh breise	337	17	40,990	33,446
Liúntais uainoibre agus uainchláir	169	8	13,011	12,623
Ilghnéitheach	195	4	20,614	20,614
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	192	110	27,514	41,145
Foireann Ghníomhaireachta				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	16	4	23,239	23,982
Ragobair nó tinreamh breise	62	4	19,384	24,126
Liúntais uainoibre agus uainchláir	—	—	—	51
Ilghnéitheach	238	42	18,846	18,519
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	23	8	35,201	30,089

5.4 Socruithe eile luach saothair

Íocadh €140,885 san iomlán le 19 státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse sa bhliain 2020. Chomh maith leis sin, íocadh €101,934 le deichniúr iarsheirbhíseach poiblí a bhí fostaithe i róil éagsúla sa bhliain 2020. Cuireadh an riail um laghdú pinsin i bhfeidhm i gcomhréir le halt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus forálacha eile), 2012.

Íocadh €2,377,562 san iomlán trí phárolla le 183 dhuine aonair i ndáil le dualgais a comhlíonadh ar bhoird, coistí agus coimisiúin éagsúla, etc.

Áirítear sa chuntas caiteachas arbh fhiú tuairim is €518,000 é i ndáil le hochtar oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh 2020 ar fad nó cuid di agus arbh í an Roinn a d'íoc a gcuid tuarastal leo.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i ndáil le 22 oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh 2020 ar fad nó cuid di i ranna/oifigí Rialtais eile.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2020 €	2019 €
Ró-íocaíochtaí [a]	150	677,900	713,955
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	87	331,812	376,422

Rinneadh 24 phlean aisghabhála ró-íocaíochtaí i ndáil le 23 dhuine aonair, arbh ionann a luach agus €21,112, a aistriú chuig sé roinn/oifig rialtais sa bhliain 2020.

Nóta [a] Ní áirítear suimeanna ró-íocaíochta san fhigiúr seo do 19 bhfostaí (2019: 32 fhostaí) ar ina leith atá an tsuim atá dlite fós le ríomh.

5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta a raibh luach €54,099 orthu agus scaoilíocaíochtaí arbh fhiú €113,036 iad le linn na bliana 2020 le ceathrar ball foirne ar cuireadh deireadh lena gcuid fostaíochta.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

	Bliain an cheapacháin	Caiteachas carnach go dtí deireadh na bliana 2020	2020 €000	2019 €000
Coimisiúin bhuana				
An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla [a]	1974		154	113
Coimisiúin chuspóra shocraithe				
Binse Morris [b]	2002	68,780	5	2
Binse Smithwick [c]	2005	19,889	—	—
Suíomh Taisí Íospartach [d]	2007	8,070	218	467
Coimisiún Imscrúdúcháin Rónáin Mhíc Lochlainn [e]	2014	1,192	—	17
An Sásra Athbhreithnithe Neamhspleách agus cúig fhiosrúchán a bunaíodh sa bhliain 2017 faoi Alt 42 d'Acht an Gharda Síochána 2005 [f]	2014	1,720	335	322
An Binse um Nochtaí Cosanta [g]	2017	9,626	4,331	2,329
An Coimisiún ar Thodhchaí na Póilíneachta [h]	2017	1,823	—	2
An Coimisiún Neamhspleách um Thuairisciú [i]	2017	107	27	28
Coimisiún Imscrúdúcháin Hickson [j]	2018	1,082	908	170
Coimisiúin Reifrinn [k]	2019	2,336	—	2,336
Staidéar ar Athbhreithnithe maidir le Finemharú agus Dúnbhású Baile [l]	2019	310	159	151
Shane O'Farrell – athbhreithniú scópála ar chúinsí a bhain lena bhás [m]	2019	269	269	—
		115,204	**6,406**	**5,937**

Nóta [a] Beidh na costais a bhaineann leis an mBinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla fós i gceist mar go bhfuil obair an Bhinse fós ar siúl, agus tá líon suntasach iarratas faoin scéim le breithniú.

[b] Bunaíodh Binse Morris sa bhliain 2002 agus foilsíodh tuarascáil deiridh an Bhinse sa bhliain 2008. Is ionann costas an Bhinse go dtí seo agus €68.8 milliún, agus bhí luach €4,813 ar chaiteachas na bliana 2020 ina leith, a bhain le mionchostais riaracháin. D'fhéadfadh go mbeadh costais eile le híoc maidir le tríú páirtí amháin, ar costais iad nár socraíodh go fóill. Meastar go n-íocfar costais ar bith den chineál sin roimh dheireadh na bliana 2021.

[c] Tháinig Binse Smithwick chun críche ag deireadh na bliana 2013. Tá costais eile ann atá le híoc maidir le tríú páirtí amháin agus nár socraíodh go fóill iad.

d) Tá obair an Choimisiúin Neamhspleách um Shuíomh Taisí Íospartach fós ar siúl, agus tá taisí triúr íospartach fós le haimsiú. Baineann formhór na gcostas le tochailt chun teacht ar thaisí sa chás gur féidir láithreáin a shainaithint. Tá gníomhaíocht agus costais ghaolmhara an Choimisiúin ag brath go mór ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil dó i leith an íospartaigh ar leis na taisí atá á lorg aige. Tabhaíodh caiteachas €217,996 sa bhliain 2020. Íocadh níos mó ná leath na suime sin i leith costais leanúnacha riaracháin (lena n-áirítear íocaíochtaí leis na himscrúdaitheoirí), agus bhain an chuid eile le cuardaigh agus le hobair athshlánaithe. Ciallaíonn sé sin gur caitheadh beagán os cionn €8 milliún san iomlán go dtí seo agus meastar go mbeidh íocaíochtaí breise i gceist.

e Bunaíodh Coimisiún Imscrúdúcháin Mhic Lochlainn i mí Lúnasa 2014. Téarmaí tagartha an Choimisiúin ná fiosrú a dhéanamh ar na himthosca a bhain le lámhach marfach Rónáin Mhic Lochlainn an 1 Bealtaine 1998 ag comhaltaí den Gharda Síochána. Foilsíodh tuarascáil deiridh an Choimisiúin i mí na Nollag 2018. Ní mheastar go mbeidh costais eile i gceist.

f I ndiaidh obair an tSásra Athbhreithnithe Neamhspleách, bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt cúig fhiosrúchán sa bhliain 2017 faoi Alt 42 d'Acht an Gharda Síochána 2005 chun cúig imscrúdú Garda ar leith a fhiosrú. Tá cóiríocht agus tacaíocht riaracháin á roinnt idir na cúig fhiosrúchán ó bunaíodh iad. Tháinig deireadh le dhá cheann de na fiosrúcháin seo i mí Aibreáin 2018, tháinig ceann eile chun críche i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus tá an dá cheann eile fós ar siúl. Tabhaíodh caiteachas €334,831 sa bhliain 2020.

g Bunaíodh an Binse um Nochtaí Cosanta i mí Feabhra 2017 agus bhí an Breitheamh Onórach Peter Charleton, Breitheamh den Chúirt Uachtarach, ina chomhalta aonair de. Bunaíodh an Binse i ndiaidh don Bhreitheamh Onórach Iarfhlaith O'Neill athbhreithniú a dhéanamh ar dhá nochtadh chosanta a rinneadh leis an Tánaiste an tráth sin inar líomhnaíodh go raibh feachtas ar bun ag an leibhéal is airde sa Gharda Síochána chun míchlú a tharraingt ar an Sáirsint Maurice McCabe, an sceithire a líomhain go raibh drochiompar ar siúl i measc an Gharda Síochána. Chuir an Breitheamh Charleton an tríú tuarascáil eatramhach uaidh faoi bhráid na Dála i mí Dheireadh Fómhair 2018. Tabhaíodh caiteachas €1,869,955 maidir leis an modúl sin sa bhliain 2020. Ní féidir meastachán cruinn a thabhairt ar chostas iomlán chéad mhodúl an Bhinse mar go mbeidh sé ag brath ar roinnt tosca, lena n-áirítear candam na gcostas dlí tríú páirtí atá fágtha, a meastar go n-íocfar iad sa bhliain 2021.

Ghlac an Breitheamh Onórach Seán Ryan lena cheapachán i mí na Nollag 2018 chun tabhairt faoin bhfiosrúchán ar na téarmaí tagartha mar a fhoráiltear leis an ionstraim lenar bunaíodh an Binse. Tá an Breitheamh Onórach Ryan ag tabhairt a thuarascála (an 4ú tuarascáil eatramhach) chun críche faoi láthair. Is dócha go gcuirfear an tuarascáil sin faoi bhráid Thithe an Oireachtais ag deireadh na chéad ráithe/ag tús an dara ráithe den bhliain 2021. Chomh maith leis sin, tá imscrúdaitheoirí agus abhcóidí doiciméadacha an Bhinse ag tabhairt faoi réamhobair faoi láthair ar na chéad chásanna eile a bheidh le breithniú faoi na téarmaí tagartha, agus is dócha go mbeidh aon éisteachtaí maidir leis na cásanna sin ar siúl ón dara ráithe den bhliain 2021 ar aghaidh.

Níl aon orduithe ar chostais déanta ag an mBreitheamh Onórach Ryan go fóill maidir le Modúl 2 agus, mar sin, ní féidir leibhéil na gcostas tríú páirtí a thiocfaidh chun cinn ón Modúl seo a shocrú. Tabhaíodh caiteachas €2,460,930 maidir leis an modúl sin sa bhliain 2020.

h Bhunaigh an Rialtas an Coimisiún ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn i mí na Bealtaine 2017, faoi Chathaoirleacht Kathleen O'Toole Uasal, chun scrúdú cuimsitheach a dhéanamh ar phóilíneacht agus chun treoirphlean a fhorbairt le haghaidh thodhchaí na póilíneachta in Éirinn. Chuir an Coimisiún a thuarascáil faoi bhráid an Rialtais i mí Mheán Fómhair 2018 agus níltear ag súil le haon chaiteachas breise.

i Bunaíodh an Coimisiún um Thuairisciú Neamhspleách (CTN) sa bhliain 2017 agus rún ann é a reáchtáil ar feadh tréimhse cúig bliana go 2021. Is comhlacht trasteorann é a bhfuil ceathrar comhaltaí air agus a bunaíodh faoi Chomhaontú Tús Nua na bliana 2015 a bhíonn i mbun comhairliúcháin leathana chun tuairisciú ar bhonn bliantúil ar an dul chun cinn a bhíonn á dhéanamh i dTuaisceart Éireann maidir leis na tionscnaimh chomhaontaithe i gcoinne gach cineáil pharaimíleatachais a chur chun feidhme. Cuireadh an tríú tuarascáil ón gCoimisiún um Thuairisciú Neamhspleách faoi bhráid Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Ríochta Aontaithe i mí na Samhna 2020 agus táthar ag súil leis an gceathrú tuarascáil níos déanaí i mbliana. Tá breithniú ar bun ar thodhchaí an Choimisiúin i ndiaidh na bliana 2021. Meastar go bhfanfaidh an costas bliantúil, tuairim is €30,000, cobhsaí, a bheag nó a mhór.

j Bunaíodh Coimisiún Imscrúdúcháin Hickson i mí na Samhna 2018 mar fhreagairt do ghearáin nó líomhaintí a rinneadh i gcoinne Bill Kenneally maidir le drochúsáid ghnéasach leanaí, agus nithe gaolmhara. Bunaíodh an Coimisiún chun a shuí cá mhéad eolais, más ann, a bhí ag roinnt eagraíochtaí ar na cionta a rinne Bill Kenneally, lena n-áirítear an Garda Síochána, Deoise Chaitliceach Rómhánach Phort Láirge, Bord Sláinte an Oirdheiscirt, Cumann Cispheile na hÉireann agus pearsana áirithe sa pholaitíocht sa tréimhse ama lena mbaineann. Cé go rabhthas ag súil ar dtús go mbeadh an Coimisiún ar siúl ar feadh bliana ar chostas tuairim is €1.3 milliún, bhí an chéad obair ullmhúcháin níos suntasaí ná mar a bhíothas ag súil leis. Cuireadh tús le héisteachtaí sa bhliain 2019 ach cuireadh ar fionraí iad go dtí go rachfaí i gcomhairle le páirtithe. Tá €1.082 milliún caite go dtí seo. Beidh sonraí maidir le hobair an Choimisiúin amach anseo níos soiléire nuair a thabharfar imeachtaí dlí le déanaí chun críche.

k Thabhaigh an Coimisiún Reifrinn costais €2,336,631 sa bhliain 2019 i ndáil leis an Reifreann ar an gColscaradh. Níltear ag súil go dtabhófar aon chaiteachas breise maidir leis an reifreann sin.

l Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt ag an am grúpa chun tabhairt faoi Staidéar ar Athbhreithnithe maidir le Finemharú agus Dúnbhású Baile i mí na Bealtaine 2019. Thug an grúpa faoi thaighde agus chuaigh sé i gcomhairle le réimse leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear gníomhaireachtaí Stáit, baill teaghlaigh íospartach agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna). Táthar ag súil le tuarascáil an ghrúpa a fháil gan mhoill agus tá €310,000 i gcaiteachas tabhaithe go dtí seo.

m I mí Eanáir 2019, cheap an tAire Dlí agus Cirt ag an am Gerard Haughton, Breitheamh ar scor den Chúirt Dúiche, chun tabhairt faoi chleachtadh scópála ar roinnt gnéithe a bhí i gceist le cúinsí a bhain le bás Shane O'Farrell. Tá an cleachtadh scópála le tabhairt chun críche sa bhliain 2021. Tabhaíodh €269,266 i gcaiteachas sa bhliain 2020, lena n-áirítear costais pá agus riaracháin.

6.2 Íocaíochtaí ex-gratia

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €69,372 (2019: €42,498) iad maidir leis an Scéim neamhreachtúil um Chúnamh Dlí do bhearta de chineál an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla. Tá feidhm ag an scéim seo maidir le daoine ar freagróirí agus/nó cosantóirí iad in aon imeachtaí cúirte a thabharfaidh an Biúró um Shócmhainní Coiriúla, nó a thabharfar thar ceann an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla, lena n-áirítear imeachtaí faoin Acht um Fháltais ó Choireacht, 1996, na *Revenue Acts* agus na hAchtanna Leasa Shóisialaigh agus iarratais a dhéanfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí faoi Alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €1,980,621 (2019: €1,714,245) iad maidir leis an Scéim neamhreachtúil um Chomhairle Cúnamh Dlí i Stáisiún na nGardaí. Déantar foráil faoin scéim seo go n-íocfaidh an Stát as comhairliúcháin le haturnaetha sa chás go gcoimeádfar duine i stáisiún na nGardaí chun imscrúdú a dhéanamh ar choir agus go mbeidh teidlíocht dlí aige/aici dul i gcomhairle le haturnae ach nach mbeadh an duine sin in acmhainn íoc as a leithéid de chomhairliúchán.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €402,850 iad maidir le dhá chás le héifeacht a thabhairt do mholadh ón Ard-Chúirt faoin Scéim um Chúnamh Dlí - Saincheisteanna Caomhnóireachta.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €158,560 (2019: €94,256) iad maidir le 25 chás eile a bhain le himeachtaí dlí eile.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €20,308 (2019: €27,182) iad maidir le roinnt cásanna a bhain leis an tSeirbhís Chróinéara. Baineann na híocaíochtaí atá i gceist leis an gcostas a bhain le hionadaíocht dlí ag fiosrúcháin ar bhás daoine faoi choimeád an Stáit.

6.3 Ciste na dTionscnamh Frithdhrugaí

Fuarthas €365,425 (2019: €350,183) ó Chiste na dTionscnamh Frithdhrugaí agus tugtar cuntas ar an tsuim sin trí chuntas fionraí. Cuirtear an maoiniú ar fáil faoin Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí 2009 – 2016 agus baineann sé le roinnt tionscadal atá faoi úinéireacht Tascfhórsaí Áitiúla Drugaí, ar tionscnaimh iad a fhaigheann tacaíocht ón tSeirbhís Phromhaidh.

6.4 Costais chúitimh agus dlí

	Líon na gcásanna	Costais dlí a d'íoc an Roinn	Costais dlí a dámhadh	Cúiteamh a dámhadh	2020 Iomlán	2019 Iomlán
		€000	€000	€000	€000	€000
Éilimh a rinne daoine den phobal	393	285	10,363	1,260	11,908	7,568
Éilimh a rinne fostaithe	2	22	0	51	73	3
	395	**307**	**10,363**	**1,311**	**11,981** [a]	**7,571**

Nóta [a] Baineann (78%) den €11.981 milliún le réimsí inimirce na Roinne. Tabhaíodh na costais dlí eile ar fud roinnt réimsí den Roinn, lena n-áirítear Rannán Beartais Choiriúil na Roinne, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine agus an tÚdarás Slándála Príobháidí.

6.5 Ús i ndáil le híocaíocht phras cuntas

B'ionann an t-ús a thabhaigh an Roinn sa bhliain 2020 i ndáil le híocaíocht phras cuntas agus €9,446 (2019: €5,896).

6.6 Maoiniú AE [a]

Áirítear sa toradh a thaispeántar i bhFo-mhírchinn B.3, B.6, B.8, agus E.3 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag AE. Ba mar seo a leanas a bhí meastacháin i ndáil le fáltais agus na torthaí iarbhír (a taifeadadh i nóta 4.1, fo-mhírcheann 3).

Cur síos ar an bhfo-mhírcheann:	Meastachán €000	2020 Toradh €000	2019 Toradh €000
CSE - An Clár um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (CICF) 2014 – 2020 (CSE)	9,000	8,022	12,730
An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht 2014 – 2020 (CTIL) [b]	1,000	1,577	5,000
Fáltais eile AE	—	92	113
	10,000	**9,691**	**17,843**

Nóta [a] Fuair an Roinn réamh-mhaoiniú freisin ó AE sa bhliain 2020. Déantar an maoiniú sin a riar trí chuntais fionraí.

[b] Aistríodh freagracht as an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (CTIL) chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige le linn na bliana 2020.

6.7 Eile

Íocadh fíneáil €2 mhilliún leis an gCoimisiún Eorpach sa bhliain 2020 mar gheall ar an moill a bhí i gceist le Treoir (AE) 2015/849 a thrasuí maidir le cosc a chur ar úsáid a bhaint as an gcóras airgeadais chun críocha sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta (4AMLD).

Ba é an 26 Meitheamh 2017 an dáta trasuímh maidir leis an treoir. Ba le tréimhse idir mí Iúil 2017 agus mí na Nollag 2019 a bhaineann an mhoill maidir le reachtaíocht phríomha agus thánaisteach a achtú, lena n-áirítear an tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2018, agus rialacháin i ndáil le húinéireacht thairbhiúil a rinneadh faoi Acht na gComhphobal Eorpach, 1972.

Is mar thoradh ar an gcastacht a bhain leis na hathruithe a bhí de dhíth faoin Treoir a tháinig an mhoill chun cinn. Éilítear reachtaíocht phríomha in Éirinn, rud nach n-éilítear i go leor ballstát eile san Aontas, chun treoracha AE ina bhfuil cionta coiriúla lena ngabhann pionóis phríosúnachta ar mó iad ná trí bliana a thrasuí. Gabhann pionóis de suas le 14 bliana leis an Treoir ar leith seo. Bhí gá ann le mionleasú a dhéanamh ar an Acht um Sciúradh Airgid, 2010, ina leith. Thóg sé go leor ama agus obair mhór thar ceann Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte, Oifig an Ard-Aighne agus na Ranna a bhí rannpháirteach chun anailís a dhéanamh ar na leasuithe sin agus iad a shocrú .

Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Dlí agus Cirt

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne. Léirítear ann, amhail deireadh mhí an Mhárta 2021, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Comhlacht/Ciste Roinne	Tréimhse Chuntasaíochta Dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchta	Dáta a fuair an tAire/ Roinn í	Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
An Biúró um Shócmhainní Coiriúla	2019	15 Nollaig 2020	5 Eanáir 2021	8 Eanáir 2021
Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána	2019	14 Nollaig 2020	17 Nollaig 2020	8 Eanáir 2021
Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann	2019	21 Nollaig 2020	19 Eanáir 2021	11 Márta 2020
An Bord um Chúnamh Dlíthiúil	2019	21 Nollaig 2020	22 Eanáir 2021	Ar Feitheamh
Oifig an Choimisiúin um Chosaint Sonraí	2019	30 Meitheamh 2020	21 Iúil 2020	21 Iúil 2020
An tÚdarás Slándála Príobháidí	2019	5 Meitheamh 2020	1 Deireadh Fómhair 2020	Ar Feitheamh
An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine	2019	30 Samhain 2020	14 Nollaig 2020	2 Márta 2021
An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí	2019	29 Nollaig 2020	10 Feabhra 2021	Ar Feitheamh

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 25

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

Réamhrá

Mar Stiúrthóir ar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, is mise an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 25. Ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus speansais Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €649,000 dlite le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Dímheas

Dímheastar feabhsúcháin ar áitreabh léasach ar ráta 5% in aghaidh na bliana de réir méid chothroim.

Gearrtar dímheas ar bhonn míosúil.

Tairseacha sócmhainní caipitil

Mar a fhoráiltear dó i gCiorclán 22 de 2020, tá tairseach €1,000 curtha i bhfeidhm ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas maidir le caipitliú a shócmhainní caipitil.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

Déantar an fhreagracht sin a fheidhmiú i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Stiúrthóir ar an gCoimisiún. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n- údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht á n-athbhreithniú go leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí párolla agus acmhainní daonna don Choimisiún ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le riachtanais an chomhaontaithe um bainistiú seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhís chomhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil rialuithe cuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

Is é seo a leanas an seasamh i ndáil leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, leis an gcreat nósanna imeachta riaracháin, le tuairisciú an lucht bainistíochta agus le hiniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm faoi mo fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tuairiscíodh na nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó ar fad.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú an lucht bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe rialta lucht bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- tá córas buiséadaithe cuí lena ngabhann buiséad bliantúil ann a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta agus ag an gCoimisiún
- déanann an lucht ardbhainistíochta agus an Coimisiún athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha bliantúla agus tréimhsiúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le buiséid
- oibrítear córas bainistíochta riosca taobh istigh den Choimisiún
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistithe tionscadal ann
- cinntíonn Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas go bhfuil díriú cuí ann ar an dea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte ábhartha ar fad.

Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (atá á seachfhoinsiú faoi láthair) ag a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí. Tá anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas nochta dóibh mar bhonn agus taca d'obair na feidhme agus bunaítear a pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, atá faofa agamsa agus ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanaimse, agus déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil.

Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Comhlíonadh soláthair

Deimhním go gcinntíonn Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas go bhfuil díriú cuí ann ar an dea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte ábhartha ar fad.

In 2020, chomhlíon Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas na treoirlínte seachas ceithre shocrú soláthair (sa bhreis ar €25,000), dar luach €161,372 (gan CBL a áireamh) san iomlán. Leagtar na mionsonraí sin amach thíos:

- Cuireadh conradh amháin dar luach €34,322 i bhfeidhm le haghaidh árachais.
- Cuireadh chonradh dar luach €127,050 i bhfeidhm le haghaidh comhairle shaineolaíoch dlí.

Chuir Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas mionsonraí na gconarthaí neamhiomaíocha ar fáil sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sonraítear na príomhrioscaí a bhíonn roimh an gCoimisiún agus sonraíodh, measadh agus grádaíodh iad sin de réir a shuntasaí is a bhíonn siad. Déanann an lucht ardbhainistíochta, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Coimisiún athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár go rialta. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Tugtar mionsonraí sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú, thángthas ar chomhaontú sásúil agus rinneadh roinnt moltaí maidir le freagracht as oibriú na rialuithe a shanntar do bhaill foirne shonracha.

Faireachán agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta, don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Choimisiún, i gcás gurb ábhartha, ar bhonn tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an gCoimisiún chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bíonn faireachán agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Choimisiún a bhíonn freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Paindéim Covid-19

Cuireadh dhá mheasúnú Covid-19 i gcrích. Ba mheasúnú riosca sláinte agus sábháilteachta ar ár nOifigí ar Shráid na Faiche é an chéad cheann, i ndiaidh rialuithe coisc Covid-19 a shuiteáil. Thug conraitheoir neamhspleách tríú páirtí faoin measúnú sin agus baineadh de thátal as gur laghdaigh gníomhartha maolaithe an lucht ardbhainistíochta an dóchúlacht agus an tionchar a bhain le rioscaí Covid-19.

Thug ár bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí faoin dara measúnú mar chuid d'athbhreithniú iniúchóireachta ar na rialuithe inmheánacha airgeadais a chuimsigh cáipéis Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar *Thionchar Covid-19 ar an Timpeallacht Rialaithe (Meán Fómhair 2020)*. Rinne na hiniúchóirí breithmheas ar an éifeacht a bheadh ag cianobair ar an timpeallacht rialaithe inmheánaigh airgeadais agus rinneadh roinnt moltaí atá á gcur chun feidhme faoi láthair.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais in 2020 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu, nó a bhféadfadh go mbeadh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu.

Laurence Bond
An tOifigeach Cuntasaíochta
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
31 Márta 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí atá an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2021

Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine

Cuntas Leithreasa 2020

		Soláthar meastacháin	2020 Toradh	2019 Toradh
		€000	€000	€000
	Caiteachas an chláir			
A	Feidhm Choimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas na hÉireann	6,814	6,154	5,973
	Ollchaiteachas	**6,814**	**6,154**	**5,973**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**81**	**70**	**92**
	Glanchaiteachas	**6,733**	**6,084**	**5,881**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**648,867**	**780,875**

Laurence Bond
An tOifigeach Cuntasaíochta
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

31 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Pá		2,944	2,821
Neamhphá		3,210	3,152
Ollchaiteachas		**6,154**	**5,973**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**70**	**92**
Glanchaiteachas		**6,084**	**5,881**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid	(100)		
Dímheas	178		
		78	93
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh		(129)	131
Caiteachas díreach		**6,033**	**6,105**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)			
Glanchostas an chláir		8	6
		6,041	**6,111**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo leanas maidir le Vóta 25 a tabhaíodh in áit eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	8	6
		8	**6**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	1,681	1,759
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead		214	—
Réamhíocaíochtaí		190	143
Iarmhéideanna dochair eile	2.2	4	22
Glanmhaoiniú Státchiste	2.4	—	219
Iomlán na sócmhainní reatha		**408**	**384**
Lúide dliteanais reatha			
Banc agus airgead		—	127
Speansais fhabhraithe		34	116
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.3	140	114
Glanmhaoiniú Státchiste	2.4	78	—
Iomlán na ndliteanas reatha		**252**	**357**
Glansócmhainní reatha		156	27
Glansócmhainní		**1,837**	**1,786**
Arna léiriú ag:			
An cuntas um maoiniú Stáit	2.5	**1,837**	**1,786**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Feabhsuithe Léasachta	Troscán agus feistis	Trealamh TF agus oifige	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2020	1,746	346	270	2,362
Breiseanna	—	14	86	100
Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2020	1,746	360	356	2,462
Dímheas carnach				
Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2020	334	134	135	603
Dímheas don bhliain	87	36	55	178
Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2020	421	170	190	781
Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2020	**1,325**	**190**	**166**	**1,681**
Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2019	1,412	212	135	1,759

2.2 Iarmhéideanna dochair eile

amhail an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Caiteachas in-fhorchúitithe ar an scéim pas taistil	—	19
An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre	1	—
Párolla íoctha roimh ré	3	3
	4	**22**

2.3 Iarmhéideanna creidmheasa eile

amhail an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Suimeanna dlite don Stát		
Cáin ioncaim	49	38
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	34	31
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	44	27
Ranníocaíochtaí pinsin	4	9
Muirear sóisialach uilíoch	9	7
Cáin bhreisluacha	—	—
	140	**112**
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	—	2
	140	**114**

2.4 Glanmhaoiniú Státchiste

amhail an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Farasbarr le géilleadh	649	781
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(571)	(1,000)
Glanmhaoiniú Státchiste	**78**	**(219)**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	214	—
Iarmhéideanna dochair	4	22
	218	22
Creidiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	—	(127)
Dlite don Stát	(140)	(112)
Iarmhéideanna creidmheasa	—	(2)
	(140)	(241)
	78	**(219)**

2.5 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta	€000	2020 €000	2019 €000
Glansócmhainní amhail an 1 Eanáir			1,786	2,010
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	6,733		
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(649)		
Glanvóta			6,084	5,881
Caiteachas (airgead) a tabhaíodh in áit eile	1.1		8	6
Glanchostas an chláir	1		(6,041)	(6,111)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig			**1,837**	**1,786**

2.6 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda

amhail an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Soláthar earraí agus seirbhísí [a]	1,217	1,558
Cláir dheontais neamhchaipitil	13	232
Dlí agus tionscadail eile	115	107
Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí	**1,345**	**1,897**

Nóta [a] Is ionann ceangaltas an léasa áitribh agus €269,984 in aghaidh na bliana go dtí 2024.

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar an gcaiteachas riaracháin

Rangaítear an leithdháileadh ar fad do Vóta 25 Coimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas na hÉireann mar chaiteachas riaracháin a chuirtear i bhfeidhm ar chlár amháin: Feidhm Choimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas na hÉireann.

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	3,721	2,944	2,821
ii	Taisteal agus cothabháil	63	17	62
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,856	1,738	1,650
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	50	34	56
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	305	413	443
vi	Speansais áitreabh oifige	520	614	509
vii	Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithniú ar luach ar airgead agus ar bheartas	299	394	432
		6,814	6,154	5,973

Difríochtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa nóta seo a leanas ar anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar breac-chuntas ar na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

i. Tuarastail, pá agus liúntais

Soláthar meastacháin: €3.721 milliún, Toradh: €2.944 milliún

Tharla an gannchaiteachas de € 776,836 ar thuarastail, ar phá agus ar liúntais toisc nár shroich IHREC an leibhéal fostaíochta beartaithe de 64 ball foirne (FTE) in 2020. Bhí 58 mball foirne (coibhéis lánaimseartha) ag an gCoimisiún i dtús na bliana. Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí 63 bhall foirne (coibhéis lánaimseartha) ag an gCoimisiún. Astu sin, earcaíodh seachtar sa ráithe dheireanach den bhliain, mar sin ní fheicfear an tionchar iomlán costais go dtí 2021. Leanfaimid ag méadú líon na foirne sna blianta amach romhainn de réir ár leithdháilte pá cheadaithe.

v. Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF

Soláthar meastacháin: €305,000, Toradh: €413,000

Tharla an méadú ar chaiteachas de €108,184 ar threalamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF mar gheall ar infheistíocht i dtrealamh chun tacú le cianobair agus chun an líon foirne níos airde a fostaíodh in 2020 a éascú.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	81	58	77
2	Ilghnéitheach	—	12	15
	Iomlán	**81**	**70**	**92**

Nóta 5 Líon Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon foirne ag deireadh na bliana	63	58

5.2 Pá

	2020	2019
	€000	€000
Pá	2,639	2,519
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	30	42
ÁSPC an Fhostóra	275	260
Pá iomlán	2,944	2,821

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon faighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó	
			2020	2019
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise [a]	3	1	22,829	11,741

Nóta [a] Áirítear riaráistí leis an íocaíocht aonair is mó in 2020.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Costais Chúitimh agus Dlí

Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún faoi alt 40 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, cúnamh a thabhairt do dhaoine atá i mbun imeachtaí faoi dhlí an chomhionannais agus/nó faoin dlí um chearta an duine.

In 2018, chinn an Coimisiún slánaíocht a dheonú ar chliant alt 40 amháin i gcás imeachtaí san Ard-Chúirt. Chuir an Ard-Chúirt cinneadh na Cúirte Oibreachais ar ceal agus rialaigh sí i bhfabhar an chliaint.

Tá an cás á achomharc anois leis an gCúirt Achomhairc, áit a mbeidh an Coimisiún i mbun ionadaíocht dhlíthiúil don chliant. In 2020, chinn an Coimisiún, le ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go ndeonófaí slánaíocht maidir le himeachtaí na Cúirte Achomhairc. Níor tabhaíodh aon chaiteachas faoin tslánaíocht go dtí seo.

Anuas air sin, in 2020, le ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, dheonaigh an Coimisiún slánaíocht amháin eile ar chliant alt 40 maidir le himeachtaí na hArd-Chúirte.

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 26

Oideachas

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 26, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Oideachais, ar sheirbhísí áirithe atá a riar ag an Oifig agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €137.912 milliún le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Aistriú feidhmeanna

Bunaíodh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ar an 2 Lúnasa 2020 agus aistríodh feidhmeanna breisoideachais agus ardoideachais ón Roinn Oideachais le héifeacht ón 21 Deireadh Fómhair 2020. Roimh an gcinneadh na feidhmeanna sin a aistriú, cuireadh an Vóta don Oideachas agus Scileanna i láthair faoi thrí chlár caiteachais. Aistríodh dhá chlár caiteachais chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta: clár B forbairt scileanna; agus clár C ardoideachas.

Is í an Roinn Oideachais atá freagrach as an gclár caiteachais don oideachas chéad leibhéil, don oideachas dara leibhéal agus don oideachas sna luathbhlianta go fóill.

Tá obair ar siúl in 2021 chun aghaidh a thabhairt ar aistriú na bhfeidhmeanna iarmharacha ón Roinn Oideachais chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Samhlaítear go mbeidh forbairt reachtaíochta príomha i gceist sa dara céim den phróiseas aistrithe feidhmeanna.

Taispeántar an caiteachas iomlán do 2020 i ndáil leis an dá chlár a aistríodh chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta i gcuntas leithreasa an Vóta don Bhreisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht (Vóta 45).

Déantar na costais a bhaineann le trealamh agus troscán oifige agus le feistis ar sócmhainní seasta iad, a úsáideann Vóta 26 agus Vóta 45 araon, a thaifeadadh sa chuntas leithreasa seo. Tuairiscítear na sócmhainní i ráiteas Vóta 26 faoi shócmhainní caipitil. Cuireadh muirear dímheasa barúlach i bhfeidhm ar Vóta 45 faoi Nóta 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara chun úsáid na sócmhainní comhroinnte seo ag Vóta 45 a léiriú.

Tá Vóta 26 ag soláthar seirbhís chomhroinnte do Vóta 45 maidir le roinnt réimsí corparáideacha, lena n-áirítear AD, airgeadas, cóiríocht agus seirbhísí, iniúchóireacht agus TF. Gearradh muirear barúlach ar Vóta 45 faoi Nóta 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara chun na costais foirne is inchurtha i leith na seirbhíse comhroinnte a léiriú.

Tá meabhrán tuisceana á dhréachtú faoi láthair chun an socrú seo a chur ar bhonn foirmiúil idir an dá Roinn.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

I mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go gcoinnítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais agus go gcuirtear i bhfeidhm sa Roinn é.

Feidhmítear an fhreagracht seo i bhfianaise na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Lena chois sin, ní fhéadann aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar aon earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath go tráthúil. Próiseas leanúnach is ea an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a choimeád agus coimeádtar an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go ndéantar na rialuithe cuí a fheidhmiú agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

Seo a leanas an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, an tuairisciú bainistíochta agus an iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm sa timpeallacht rialaithe.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal na bainistíochta agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal ar a bhfuil an fhreagracht sannta as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntiú go ndéantar gníomh ceartaitheach cuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm faoi mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá doiciméadú déanta ar na príomhphróisis ghnó ar fad.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe.

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann a bhfuil buiséad bliantúil aige a bhíonn faoi athbhreithniú leanúnach ag na hardbhainisteoirí

- go ndéanann na hardbhainisteoirí athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a nochtann feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm sa Roinn
- go bhfuil córais ann a fhéachann le slándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí maidir le rialú infheistíochtaí caipitil agus disciplíní foirmiúla um bainistíocht tionscadal ann
- go ndéanann an Roinn cinnte de go bhfuil an fócas cuí ar dhea-chleachtas ceannaigh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

Iniúchóireacht inmheánach, Iniúchadh ar Chiste Sóisialta na hEorpa agus an Coiste Iniúchóireachta

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn, rud ina bhfuil pearsana a bhfuil an oiliúint chuí orthu agus a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu bonn eolais faoin obair seo, agus is ar an anailís seo a bhíonn na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, a fhaomhaim féin, bunaithe. Is é is cuspóir do na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar moltaí a dhéantar i dtuarascálacha iniúchta inmheánaigh a rianú le gur féidir leis an mbainistíocht iad a chur i bhfeidhm.

Rannóg laistigh den Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus AE is ea Údarás Iniúchóireachta Chiste Sóisialta na hEorpa agus tá sé neamhspleách ó thaobh feidhme agus oibríonn sé de réir a chairte scríofa féin, atá faofa agam. Tuairiscíonn sé don Choiste Iniúchóireachta agus don Choimisiún Eorpach maidir le seoladh a chláir iniúchóireachta a mhéid a bhaineann le ceanglais rialála an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh i dtaca le bainistíocht, rialú agus iniúchadh chistí Chiste Sóisialta na hEorpa in Éirinn.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Dearbhaím go ndéanann an Roinn cinnte de go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas i gcúrsaí soláthair agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte soláthair ábhartha. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ach amháin i gcás ceithre chonradh (os cionn €25,000) arbh fhiú €476,884 san iomlán iad (gan CBL a áireamh), mar atá leagtha amach thíos.

- Dhá chonradh sa raon luacha €25,000 go €100,000 arbh fhiú €89,226 san iomlán iad i ngeall ar chonarthaí a bheith á dtabhairt ar aghaidh ar chúiseanna leanúnachais gnó ar feitheamh próiseas tairisceana a thabhairt chun críche.
- Dhá chonradh arbh fhiú €387,658 san iomlán iad sa raon luacha €100,000 go €250,000 mar ar cuireadh síneadh leis an gconradh ar chúiseanna práinneacha/leanúnachais gnó ar feitheamh próiseas tairisceana a thabhairt chun críche.

Tá athbhreithniú gníomhach á dhéanamh ar gach cás agus tá gníomh á dhéanamh nuair is féidir. Lena chois sin, tá an Roinn ag gabháil go réamhghníomhach don chlár um athchóiriú soláthair agus tá sí ag tapú na deise chun conarthaí agus creataí láraithe a úsáid nuair is cuí.

Chuir an Roinn sonraí na gconarthaí neamhiomaíocha ar fáil sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn, trína n-aithnítear agus a dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a chuirtear i gcrích le díriú ar na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí ann a shonraíonn na príomhrioscaí a bhíonn roimh an Roinn agus tá siad seo sonraithe, measta agus grádaithe de réir a thábhachtaí atá siad. Síníonn ceann an aonaid ghnó na rioscaí agus tugann an ball den Bhord Bainistíochta atá freagrach as an réimse gnó sin ar aird iad. Tugann an clár sonraí maidir leis na rialuithe agus na gníomhartha a bhíonn ag teastáil le rioscaí a mhaolú agus úsáidtear an clár, in éineacht le próisis eile ábhartha, chun a chinntiú go ndéanfar rioscaí a bhainistiú nó a mhaolú.

Ina theannta sin, tá Coiste Riosca ag an Roinn, a chabhraíonn liomsa agus leis an mBord Bainistíochta a bhfreagrachtaí bainistíochta riosca a chomhlíonadh. Tá roinnt feidhmeanna ag an gcoiste riosca, lena n-áirítear iad seo a leanas.

- beartas agus caighdeáin bainistíochta riosca a shainiú agus a chothabháil chun rioscaí corparáideacha a bhainistiú
- a chinntiú go ndéantar róil agus freagrachtaí as bainistíocht riosca a shainiú agus a chur in iúl go soiléir ar fud na Roinne
- athbhreithniú a dhéanamh ar rioscaí nua a bhfuil rátáil riosca mheánach (ómra) nó ard (dearg) acu agus na maoluithe beartaithe
- tuarascálacha tréimhsiúla a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta, ina ndéantar achoimre ar stádas an chláir bainistíochta riosca agus
- aird a tharraingt ar mhór-réimsí riosca (más ann dóibh).

Leagtar amach i gcreat rialachais na Roinne na nósanna imeachta, na próisis agus na prionsabail rialachais atá mar bhonn agus taca le hobair na Roinne. Bíonn sé faoi athbhreithniú i gcónaí.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur iúl go tráthúil do na daoine sin a bhfuil an fhreagracht orthu as gníomh ceartaitheach a dhéanamh; cuirtear seo in iúl do na bainisteoirí agus don Bhord Bainistíochta freisin, nuair is cuí. Dearbhaím go bhfuil na príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha sonraithe agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na príomhrialuithe sin agus tuairisc a dhéanamh ar aon easnaimh a aithnítear.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Is é obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus obair na mbainisteoirí sinsearacha laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil atá mar bhonn leis an monatóireacht agus leis an athbhreithniú a dhéanann an Roinn ar a éifeachtaí atá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Slándáil TFC

Tá tiomantas láidir ag an Roinn do shlándáil a córais TFC agus cuireann sí prótacail agus bearta cibearshlándála iomadúla i bhfeidhm, lena n-áirítear Feasacht Úsáideoirí, Slándáil Imlíne, Bogearraí chun Víris/Bogearraí Mailíseacha a Chosc, Scagadh Ríomhphoist agus Gréasáin, Paisteáil Córais, Polasaithe Bainistíochta Riosca, Measúnuithe Rialta ar Leochaileacht/Tástáil Treáite, Bainistíocht Gléasanna Soghluaiste, Bainistíocht Rochtana, Bainistíocht Teagmhas, Monatóireacht ar Theagmhais agus Imeachtaí Slándála, Rialachas Slándála Faisnéise, Feasacht GDPR, Aisghabháil Tubaiste, Cúltacaí As Líne, Bainistíocht Soláthraithe agus Criptiú.

Faigheann prótacail chibearshlándála na Roinne tacaíocht ó obair an Lárionaid Náisiúnta Chibearshlándála agus na Foirne Náisiúnta um Fhreagairt do Theagmhais Slándála Ríomhaireachta (CSIRT), a sholáthraíonn luathrabhaidh, foláirimh, fógraí agus scaipeadh faisnéise faoi riosca agus eachtraí don Roinn.

Faigheann an Roinn tacaíocht freisin ó shaineolas slándála ó eagraíochtaí slándála tríú páirtí iomadúla freisin. Tá cáilíochtaí slándála ag baill foirne TFC ábhartha agus tá socruithe slándála TFC faoi réir athbhreithnithe ón Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí.

Paindéim Covid-19

Mar thoradh ar Covid-19, ceanglaíodh ar fhoireann na Roinne oibriú ón mbaile go príomha ó lár Mhárta 2020. Rinne an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí measúnú ar thionchar Covid-19 ar rialuithe inmheánacha airgeadais agus ar shlándáil mhóibíleach agus thug sé dearbhú réasúnach dom go bhfuil na rioscaí rialaithe airgeadais á mbainistiú go leordhóthanach. Ina theannta sin, ghéaraigh an t-aistriú chuig cianobair úsáid an doiciméadaithe leictreonaigh chun críocha rian iniúchta agus éifeachtúlachta oibre. Cuireadh torthaí na measúnuithe seo faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta ar an 24 Márta 2021.

Saincheisteanna a bhaineann le rialú inmheánach airgeadais

Níor aithníodh aon laigí ar an rialú inmheánach airgeadais sa Roinn in 2020 ar ar lean caillteanas is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Seirbhísí comhroinnte párolla

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte (Vóta 18). Is é Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte atá freagrach as rialuithe laistigh de na hIonaid Seirbhísí Comhroinnte a oibriú.

Tá litir faighte agam ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, rud ina leagtar amach an dul chun cinn ar chur i bhfeidhm an phróisis dearbhaithe iniúchta, agus déantar torthaí na n-iniúchtaí ar dhearadh, leitheadúlacht agus oibriú na rialuithe a thuairisciú dom, mar atá leagtha amach sa litir sin.

Is foinse dearbhaithe dom é an córas rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte mar a thuairiscíonn an tOifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte dom.

Rialachas corparáideach earnáil an oideachais

Faoi Ionstraim Reachtúil 451 de 2020, aistríodh freagracht as seacht gcinn de na hocht gcomhlacht déag atá faoi choimirce na Roinne Oideachais chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ón 21 Deireadh Fómhair 2020.

Déanann rannáin bheartais ábhartha laistigh den Roinn formhaoirseacht ar na comhlachtaí stáit atá fós faoi choimirce na Roinne Oideachais, a fhaigheann tacaíocht ó Rannáin ábhartha eile ar fud na Roinne, lena n-áirítear ó Aonad Rialachais Earnála na Roinne.

Is ar an mBord agus ar Chathaoirleach an Bhoird i dtrácht atá an cúram as sainordú agus feidhmeanna na gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne a chomhlíonadh, ar an gcéad dul síos. Is gnách go mbíonn an caidreamh idir an Roinn agus na comhlachtaí atá faoina coimirce bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- bunús reachtach an chomhlachta, agus
- *An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit i gcomhar leis na hiarscríbhinní tacaíochta a ghabhann leis an gcód sin.

Le linn 2020, chuir an Roinn Oideachais próiseas athbhreithnithe foirmiúil i bhfeidhm, an Tuairisceán Dearbhaithe Comhlíonta (CAR), chun cuidiú leis an Roinn a dhearbhú faoina mhéid a chloíonn na comhlachtaí atá faoina coimirce agus a thagann faoina raon feidhme le croí-chomhpháirteanna Chód Cleachtais 2016. Thug an próiseas athbhreithnithe seo dearbhú freisin faoina mhéid atá na comhlachtaí atá faoina coimirce ag comhlíonadh na gceanglas rialachais agus reachtúil atá ag teacht chun cinn.

Úsáidtear an t-ábhar rialachais a bhailítear ó phróiseas an tuairisceáin dearbhaithe freisin chun cur ar chumas na Roinne breithniú eile a dhéanamh ar chláir oibre chuí rialachais a chuirfear ar fáil sna blianta amach romhainn. Tá sé i gceist go mbeidh an tuairisceán dearbhaithe mar ghné bhuan den chlár oibre formhaoirseachta rialachais a chuirfidh an Roinn i bhfeidhm go tráthrialta sna blianta amach anseo.

Leanann an Roinn de bheith ag obair leis na comhlachtaí atá faoina coimirce lena cinntiú go sásaítear na coinníollacha formhaoirseachta atá leagtha amach sa Chód Cleachtais agus go bhfuil comhaontuithe urrúnta soláthar feidhmíochta nó a gcoibhéis i bhfeidhm do gach comhlacht. De réir mar is cuí, oibríonn an Roinn leis na comhlachtaí atá faoina coimirce lena cinntiú gur aontaíodh agus gur doiciméadaíodh maoluithe a bhfuil teorainn ama leo nó maoluithe iomlána ó ghnéithe den Chód chun ceanglais “comhlíon nó mínigh” an chóid a shásamh.

Laistigh den mhórearnáil oideachais, tá cóid chleachtais earnála i bhfeidhm atá ailínithe le creataí rialála sonracha na mBord Oideachais agus Oiliúna.

Tá ballraíocht ag an Roinn i gcónaí san Fhóram Rialachais do Sheirbhísigh Phoiblí agus do Státseirbhísigh go fóill. Is é an Foras Riaracháin a riarann an fóram, trína gcuirtear chun cinn dea-rialachas agus trína gcuirtear comhairle thráthúil agus tacaí eolais ar fáil don Roinn chun an dea-rialachas a bhreisiú agus mar chabhair d’fhorbairt ghairmiúil leanúnach fhoireann na Roinne.

Athchóiriú na hearnála poiblí

In 2020, lean an Roinn dá plean seirbhísí comhroinnte a chur i bhfeidhm, agus í ag imscrúdú na ndeiseanna atá ann do thionscnaimh seirbhísí comhroinnte ar fud na hearnála oideachais ar fad agus ag glacadh ról gníomhach i dtabhairt isteach na seirbhísí comhroinnte traidisiúnta ar fud na Státseirbhíse. Seo na príomhthionscadail a ndearnadh dul chun cinn orthu in 2020.

- **Seirbhísí comhroinnte párolla don earnáil bord oideachais agus oiliúna:** Amhail Meán Fómhair 2021, tá naoi gcinn as na sé cinn déag de bhoird oideachais agus oiliúna ag fáil seirbhísí párolla agus ceithre sheirbhís taistil agus cothaithe anois ón Ionad Seirbhísí Comhroinnte. Meastar go leanfar le cur i bhfeidhm na seirbhísí ó thús deireadh 2021, agus dhá bhord eile ag fáil seirbhísí párolla in 2021. Aistreofar na boird deiridh chuig seirbhísí comhroinnte le linn 2022 agus i ráithe 1 de 2023.

- **Seirbhísí comhroinnte airgeadais don earnáil bord oideachais agus oiliúna:** Ní raibh aon toradh ann ar an iarracht soláthair phoiblí réiteach bogearraí a fháil chun tacú leis an tionscnamh seo i ráithe 2 de 2020. Ina dhiaidh sin, chobhsaigh an fhoireann na bogearraí do shé bhord agus tá siad ag comhdhlúthú na mbord eile ar an ardán sin. Tá siad tar éis filleadh ar an margadh agus é i gceist acu soláthar poiblí nua a fhoilsiú in 2021. Tá na dátaí chun seirbhísí comhroinnte a dhearadh, a chur i bhfeidhm agus a chur ar fáil faoi athbhreithniú i láthair na huaire.

- **Tionscnamh seirbhísí comhroinnte párolla le haghaidh fostaithe scoile:** In 2020, leanadh den teagmháil fhorleathan leis an margadh agus chuir soláthraithe faisnéis shuntasach ar a mbealaí forbartha táirgí ar fáil, a chuidigh leis na riachtanais theicniúla don tionscadal seo a threorú. Meastar go ndéanfar na sonraíochtaí feidhmiúla agus teicniúla a fhorbairt go hiomlán go luath in 2021, ag súil le hiad a chur ar an margadh faoi ráithe 4 de 2021.

- **Samhail na hOifige um Sholáthar Rialtais:** Rinneadh pleanáil chorparáideach soláthair agus pleananna ilbhliantúla soláthair eile san earnáil bord oideachais agus oiliúna a fhorbairt tuilleadh in 2020 chun tacú le samhail na hOifige um Sholáthar Rialtais. Ghabh an obair seo eolas úsáideach réamhaisnéise a thiomáinfidh an t-éileamh ar chreataí agus ar chonarthaí ar leibhéal lárnach chun dúshláin maidir le comhlíonadh a réiteach le himeacht aimsire.

I dteannta na seirbhísí thuas, soláthraíonn clár seirbhísí comhroinnte na Roinne seirbhísí don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, lena n-áirítear soláthar seirbhísí párolla do phrintísigh agus d'fhoghlaimeoirí do bhoird oideachais agus oiliúna agus soláthar seirbhísí AD/párolla do thionscadail sheirbhísí comhroinnte na hearnála ardoideachais.

Seán Ó Foghlú
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Oideachais

17 Meán Fómhair 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 26 Oideachas

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 26 Oideachas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 26 Oideachas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Oideachas agus tá na freagrachtaí eile atá orm ó thaobh eitice de de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, tá cur síos déanta orthu sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Méan Fómhair 2021

Vóta 26 Oideachas

Cuntas Leithreasa 2020

			2020	2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Oideachas chéad leibhéil, oideachas dara leibhéal agus oideachas sna luathbhlianta	8,710,485	8,595,589	8,244,663
	Forbairt Scileanna	—	—	*432,548*
	Ardoideachas	—	—	*1,696,203*
Ollchaiteachas		**8,710,485**	**8,595,589**	**10,373,414**
	Lúide			
	Leithreasaí-i-gcabhair	**331,931**	**354,947**	**511,021**
Glanchaiteachas		**8,378,554**	**8,240,642**	**9,862,393**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh thar an nglansuim a caitheadh le géilleadh don Státchiste.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**137,911,743**	**6,263,475**

Seán Ó Foghlú
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Oideachais

17 Meán Fómhair 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costas an chláir		8,496,735	10,272,045
Pá		83,036	83,193
Neamhphá		15,818	18,176
Ollchaiteachas		**8,595,589**	**10,373,414**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**354,947**	**511,021**
Glanchaiteachas		**8,240,642**	**9,862,393**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgead tirim	(97,589)		
Dímheas	1,668		
Caillteanas ar dhiúscairt	4	(95,917)	(160,359)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	1,092		
Laghdú ar stoc	4	1,096	13,861
Caiteachas díreach		**8,145,821**	**9,715,895**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		23,799	28,198
Measchíosanna		3,221	3,667
Glanchostas an chláir		**8,172,841**	**9,747,760**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 26 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí a soláthraíodh do Vóta 45.

		2020 [a] €000	2019 €000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	127	169
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	22,088	24,123
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí [b]	3,079	3,516
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	150	148
An Príomh Chiste - pinsin na nAirí		238	242
Costas leithscartha na seirbhísí comhroinnte do Vóta 45		(1,883)	—
		23,799	**28,198**

Nótaí

[a] Ní áirítear ar na glanfhigiúirí do chaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara in 2020 figiúirí maidir le comhlachtaí nó gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne. Sannadh an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara go díreach don Vóta agus, nuair nach raibh sé sin indéanta, rinneadh é a chionroinnt bunaithe ar leithdháileadh comhaontaithe costas idir Vóta 26 agus Vóta 45 araon.

[b] Rinneadh figiúirí 2019 a athlua chun glanchaiteachas €646,000 ar sheirbhísí gaolmhara a bhaint i leith réadmhaoine atá á n-áitiú ag comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus a mhaoinítear ó Vóta 26.

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	285,994	279,536
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	148,319	87,014
Stoic		80	84
Réamhíocaíochtaí	2.3	17,162	18,888
Ró-íocaíochtaí atá le forchúiteamh	5.5	7,168	6,956
Costais iasachta atá le forchúiteamh		611	415
Suimeanna atá dlite ó AE		10	17
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	3,399	33,454
Ioncam fabhraithe		1,986	5,517
Iomlán na sócmhainní reatha		**178,735**	**152,345**
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe		33,795	41,854
Forchúiteamh tuarastal maidir le ranna agus gníomhaireachtaí eile		48	78
Airgead ó AE le dáileadh		1	196
Iarmhéideanna sochair eile	2.5	151,216	119,113
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.6	511	1,176
Iomlán na ndliteanas reatha		**185,571**	**162,417**
Glansócmhainní reatha		(6,836)	(10,072)
Glansócmhainní		**279,158**	**269,464**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.7	**279,158**	**269,464**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Tailte agus foirgnimh	Troscán agus feistis	Troscán oifige	Sócmhainní atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní					
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	161,928	7,097	23,391	112,717	305,133
Breiseanna	50,233	—	1,375	47,314	98,922
Sócmhainní a cuireadh in úsáid	71,747	—	1,012	(72,759)	—
Diúscairtí	(80,088)	(3)	(297)	—	(80,388)
Coigeartú [a]	905	(54)	(124)	(11,609)	(10,882)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	204,725	7,040	25,357	75,663	312,785
Dímheas carntha					
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	—	6,733	18,864	—	25,597
Dímheas don bhliain	—	40	1,628	—	1,668
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(3)	(293)	—	(296)
Coigeartuithe	—	(54)	(124)		(178)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	—	6,716	20,075	—	26,791
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**204,725**	**324**	**5,282**	**75,663**	**285,994**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	161,928	364	4,527	112,717	279,536

Nóta [a] In 2020, rinne an Roinn athbhreithniú ar shócmhainní agus, mar thoradh air sin, rinneadh glanchoigeartú €10.882 milliún, a chuimsigh coigeartú €11.609 milliún ar chaiteachas ar shócmhainní a bhí á bhforbairt ó bhlianta roimhe seo agus cuireadh luachálacha na dtrí shuíomh Sásaimh (€905,000) a áiríodh i gclár talún 2019 agus a críochnaíodh le linn 2020 san áireamh. Ina theannta sin, baineadh sócmhainní troscáin agus feisteas (€54,000) agus sócmhainní trealaimh oifige (€124,000) den chlár.

Nóta ginearálta faisnéise

Níl aon tailte ná aon fhoirgnimh ar leis an Stát iad agus a rialaíonn an Roinn Oideachais nach bhfuil luacháil curtha orthu. Is mar seo a leanas a rialaítear agus a bhainistítear tailte agus foirgnimh ar leis an Roinn iad.

1 Aistriú foirgneamh scoile 2020

Caitheann an Roinn le haistriú rialaithe sócmhainne chuig údarás scoile mar dhiúscairt chun críocha cuntasaíochta sa chuntas seo. Ní aistrítear an úinéireacht. Liostaítear na réadmhaoine scoile, nó na codanna díobh, a aistríodh i gcaitheamh 2020 sa tábla thíos.

Ainm na scoile	Luacháil [a]
	€000
Gaelscoil an Ghoirt Álainn, Co. Chorcaí	6,844
Coláiste Bhaile Chláir, Co. na Gaillimhe	8,987
Pobalcholáiste Shoird, Co. Bhaile Átha Cliath	29,988
Coláiste an Chláirín, Co. na Gaillimhe	24,273
Gaelscoil Chill Mhantáin agus Naomh Coen	9,996
Iomlán	**80,088**

Nóta [a] Áiríodh ar an bhfigiúr iomlán do dhiúscairtí teicniúla costas an láithreáin ar a bhfuil an scoil tógtha agus na costais iarbhír a tabhaíodh chun an scoil a chur sa riocht ina bhfuil sé anois, lena n-áirítear fabhrú le haghaidh oibreacha a críochnaíodh in 2020 agus nár íocadh astu go fóill agus le haghaidh airgead coinneála.

2 An leibhéal bunscoile

Bhí 3,241 bhunscoil i mbun oibre ag an 31 Nollaig 2020. Scoileanna sainchreidmheacha is ea a bhformhór, agus iad faoi úinéireacht an údaráis deoise lena mbaineann. Seo iad na heisceachtaí.

- Is leis an Aire Oideachais láithreáin le haghaidh 38 gcinn d'iar-bhunscoileanna, agus iad á rialú/á mbainistiú aici.
- I gcás 154 scoil, tá na scoileanna ag oibriú ar láithreáin nó i bhfoirgnimh atá faoi úinéireacht nó faoi léas ag an Roinn ach tá an scoil á rialú/á bainistiú ag Bord Bainistíochta. Tá 16 scoil i gcóiríocht shealadach nó bhuan ar láithreáin nach leis an Roinn.

3 An leibhéal iar-bhunscoile

730 iar-bhunscoil atá sa tír. Tá 363 cinn díobh sin faoi úinéireacht phríobháideach. Oibrítear gach ceann eile mar seo a leanas.

- Is leis an Aire Oideachais 14 scoil chuimsitheacha, 82 phobalscoil agus 20 meánscoil, agus iad á rialú/á mbainistiú ag Boird Bhainistíochta.
- Tá 251 iar-bhunscoil dílsithe go príomha do Bhoird Oideachais agus Oiliúna faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá 26 cinn de na scoileanna seo faoi úinéireacht an Aire Oideachais.
- Is leis an Aire Oideachais láithreáin le haghaidh 25 iar-bhunscoil, agus iad á rialú/á mbainistiú aici.

4 Eile

Tar éis achtú Acht na Leanaí 2001, is é an t-aon cheist gan freagra a bhaineann le haon ionad coinneála leanaí amháin ná an fógra a thug Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (OPAS) don Údarás Clárúcháin Maoine maidir le hathrú úinéireachta réadmhaoin na scoile ón Aire Oideachas go Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach). D'ordaigh an Roinn do OPAS an tÚdarás Clárúcháin Maoine a chur ar an eolas faoin athrú úinéireachta. Ní áirítear an réadmhaoin seo mar shócmhainn i Nóta 2.1 thuas de bhrí nach bhfuil an réadmhaoin faoi rialú an Aire, ach faoi rialú údarás na hinstitiúide féin.

Tá an tAire ar dhuine de bheirt ráthóirí do Middletown Centre for Autism (Holdings) Limited, cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, ar léi, agus a shealbhaíonn, réadmhaoin i gCo. Ard Mhacha a úsáidtear le haghaidh Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	**2020**	**2019**
	€000	**€000**
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta	147,814	86,914
Iarmhéideanna cuntais bhainc thráchtála	502	97
Mionairgead	3	3
	148,319	**87,014**

2.3 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	**2020**	**2019**
	€000	**€000**
Réamhíocaíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge [a]	—	8,729
Réamhíocaíocht le Bus Éireann – iompar scoile	8,905	422
Réamhíocaíocht le Coimisiún na Scrúduithe Stáit	2,038	2.042
Tacaíocht TF agus conarthaí ceadúnaithe	1,409	1,480
Cíos do chóiríocht shealadach scoile	1,257	3,322
Conarthaí leathanbhanda scoile	683	586
Eile	2,870	2,307
	17,162	**18,888**

Nóta [a] Aistríodh an réamhíocaíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge go Vóta 45.

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Íocaíochtaí gníomhaireachta le hOifig na nOibreacha Poiblí	21	16
Suimeanna atá dlite ón gCuntas Speisialta um Shásamh	49	288
Párolla ar fionraí	216	31,137
An scéim um rothaíocht chun na hoibre	61	49
Clár Fuinnimh Foirgnimh	2,545	—
Scéim pasanna taistil	60	342
Tuarastail in-fhorchúitithe	130	88
Clár Leathanbhanda na Scoileanna	250	1,440
Forchúiteamh costas oifigí comhroinnte	64	64
Íocaíochtaí anonn aoisliúntais	3	3
Réamhíocaíochtaí taistil agus cothaithe	—	4
Ilghnéitheach	—	23
	3,399	**33,454**

2.5 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	75,808	65,203
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	51,442	35,121
Muirear sóisialach uilíoch	14,502	10,835
Cáin mhaoine áitiúil	295	283
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	792	1,452
Cáin bhreisluacha	2,381	5,078
Ranníocaíochtaí pinsin	51	56
	145,271	118,028
Aistriú feidhmeanna	3,684	—
Íocaíochtaí gníomhaireachta le hOifig na nOibreacha Poiblí	1,320	385
An scéim um rothaíocht chun na hoibre	1	2
Iontaobhais oideachais le dáileadh	—	39
Clár Fuinnimh Foirgnimh	—	504
Fáltais bhreise Státchiste	—	155
Párolla ar fionraí	422	—
Ilghnéitheach	518	—
	151,216	**119,113**

2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	137,912	6,264
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(137,401)	(5,088)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**511**	**1,176**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	148,319	87,014
Iarmhéideanna dochair eile	3,399	33,454
Suimeanna atá dlite ó AE	10	17
	151,728	120,485
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(145,271)	(118,028)
Airgead ó AE le dáileadh	(1)	(196)
Iarmhéideanna sochair eile	(5,945)	(1,085)
	(151,217)	(119,309)
	511	**1,176**

2.7 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			269,464	237,569
Eisíocaíochtaí ó sholáthar meastacháin an Vóta	Cuntas	8,378,554		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(137,912)		
Glanvóta			8,240,642	9,862,393
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1		23,799	28,198
Caiteachas neamhairgid - sócmhainní caipitil [a]	1		(85,127)	(114,603)
Caiteachas neamhairgid - measchíos	1		3,221	3,667
Glanchostas an chláir			(8,172,841)	(9,747,760)
Iarmhéid ag an 31 Eanáir			**279,158**	**269,464**

Nóta [a] Cuimsíonn na míreanna neamhairgid

	€000
• Cóireáil chuntasaíochta chun sócmhainní tógála a dhiúscairt	(80,088)
• Athlua (laghdú) ar iomlán na sócmhainní caipitil atá á bhforbairt tar éis athbhreithniú chun caiteachas roimh 2020 a bhaint	(11,609)
• Glanlaghdú ar fhabhruithe caipitil	4,332
• Costas sócmhainní a áiríodh mar bhreiseanna i gclár sócmhainní 2020 ach nár íocadh astu go dtí 2021	1,333
• Luacháil trí cinn de réadmhaoine sásaimh	905
	(85,127)

2.8 Ceangaltais

ag an 31 Nollaig

	2020	2019
	€000	€000
Ceangaltais dhomhanda		
Soláthar earraí agus seirbhísí	7,123	7,787
Cláir deontas neamhchaipitil [a]	2,140,604	3,968,087
Cláir deontas caipitil [b]	500	110,100
Tionscadail chaipitil [c]	310,792	335,588
Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí	1,107,272	1,941,499
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**3,566,291**	**6,363,061**

Cláir deontas neamhchaipitil	**2020**	**2019**
	€000	**€000**
Iarmhéid tosaigh [d]	1,953,710	3,878,593
Deontais a íocadh sa bhliain	(1,893,382)	(3,900,481)
Ceangaltais nua deontais de réir imleabhar meastachán 2021	2,140,604	3,968,087
(Glan-tearc-chaitheamh deontais)/Glan-róchaitheamh deontais	(60,328)	21,888
Iarmhéid deiridh	**2,140,604**	**3,968,087**

Cláir deontas caipitil	**2020**	**2019**
	€000	**€000**
Iarmhéid tosaigh [d]	100,500	111,100
Deontais a íocadh sa bhliain	(99,843)	(110,626)
Ceangaltais nua deontais de réir imleabhar meastachán 2021	500	110,100
Glan-dheontas (gannchaiteachas)	(657)	(474)
Iarmhéid deiridh	**500**	**110,100**

Nóta

[a] Áirítear ar chláir deontas neamhchaipitil deontais a íocfar le comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus le heagraíochtaí eile, lena n-áirítear scoileanna, chun caiteachas reatha, pá san áireamh, a mhaoiniú.

[b] Baineann na cláir deontas caipitil le deontais a íocfar le comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne maidir le gach tionscadal caipitil, lena n-áirítear boird oideachais agus oiliúna.

[c] Is ionann tionscadail chaipitil agus tionscadail a ndéanann an Roinn féin iad a bhainistiú agus a mhaoirsiú.

[d] Léiríonn iarmhéideanna tosaigh 2020 do chláir deontas neamhchaipitil agus caipitil na ceangaltais a bhaineann leis na feidhmeanna a d'fhan faoi Vóta 26 tar éis feidhmeanna a aistriú ón Roinn Oideachais chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Leasaíodh na hiarmhéideanna tosaigh chun athruithe a d'eascair as *Imleabhar na Meastachán Athbhreithnithe Breise* a foilsíodh i mí na Samhna 2020 a léiriú.

Mórthionscadail chaipitil

Tionscadail chaipitil a bhfuil caiteachas iomlán €10 milliún nó níos mó i gceist leo

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019	Caiteachas in 2020	Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019
	€000	€000	€000	€000	€000
Bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna (fo-mhírcheann A.15)	**726,076**	**153,099**	**178,698**	**1,057,873**	**906,812**

Difríochtaí suntasacha

Tá sceideal na mórcheangaltas caipitil a bhfuil caiteachas €10 milliún nó níos mó i gceist leo ar fáil in Aguisín B, mar aon le míniú ar chásanna inar mhéadaigh/laghdaigh an caiteachas iomlán réamh-mheasta faoi bhreis is €500,000 idir 2019 agus 2020.

Íocaíochtaí aonadacha i dtaca le tionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí

Go dtí seo, tá an Roinn tar éis sé chonradh ar leith a dhéanamh chun beartáin scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a chothabháil agus a oibriú faoi shamhail na comhpháirtíochta príobháidí poiblí (CPP). Socruithe struchtúrtha is ea CPPanna idir comhlachtaí earnála poiblí agus infheisteoirí earnála príobháidí ar mhaithe le tionscadail bhonneagair a sholáthar a chuirfí ar fáil, murach iad, trí shásraí traidisiúnta soláthair, agus an caiteachas gaolmhar tógála ar fad le híoc roimh ré. Íocann an Roinn na costais i bhfoirm muirear aonadach míosúil thar 25 bliana, agus bíonn an chéad mhuirear aonadach iníoctha a luaithe a bhíonn an tógáil críochnaithe. Le cois an tábla thíos, gheofar achoimre ghairid ar gach tionscadal CPP in Aguisín C.

Ainm an tionscadail CPP	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019	Caiteachas in 2020 [a]	Ceangaltais is infhorfheidhmithe le dlí le comhlíonadh i mblianta dá éis	Iomlán an tionscadail 2020	Iomlán an tionscadail 2019
	€000	€000	€000	€000	€000
Cúig threoirscoil	193,775	10,861	77,586	282,222	283,048
1ú beartán	91,024	9,138	141,590	241,752	243,491
2ú beartán	112,476	11,791	203,360	327,627	336,263
3ú beartán	100,043	14,839	291,166	406,048	408,612
4ú beartán	36,614	7,489	163,012	207,115	208,959
5ú beartán	15,888	8,098	230,558	254,544	258,580
	549,820	**62,216**	**1,107,272**	**1,719,308**	**1,738,953**

Nóta [a] Léiríonn an caiteachas ag deireadh 2020 íocaíochtaí caipitil amháin, e.g., muirir aonadacha. Tá an caiteachas sa tábla thuas san áireamh sa toradh foriomlán ar fho-mhírcheann A.16, mar atá €65.422 milliún. Áirítear ar an bhfo-mhírcheann seo íocaíochtaí áirithe deontais do scoileanna arna soláthar ag CPP.

Difríochtaí suntasacha i gcostais tionscadail CPP

Tugtar míniú thíos ar chásanna inar mhéadaigh/laghdaigh an caiteachas iomlán réamh-mheasta faoi bhreis is €500,000 ó 2019 go 2020.

Innéacsú

Íocann an Roinn íocaíochtaí míosúla muirir aonadaigh leis an gcuideachta CPP lena mbaineann maidir le gach tionscadal oibríochtúil CPP. Dhá mhír atá san íocaíocht muirir aonadaigh, mír an chostais sheasta agus mír inathraithe (innéacsaithe) a athraíonn ar aon dul leis an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí Uile-Mhíre. Sonraítear dáta athbhreithnithe innéacsaithe i ngach conradh. Tar éis an fachtóir innéacsaithe a chinneadh, ríomhtar an muirear aonadach bliantúil trí na luachanna seasta agus na luachanna inathraithe coigeartaithe a shuimiú.

Athmhaoiniú

Is féidir maoiniú tionscadail CPP a athmhaoiniú, le toiliú na Roinne, le linn chéim na tógála nó ina diaidh. Comhroinntear an ghnóthachtáil ón athmhaoiniú idir an chuideachta CPP agus an Roinn faoi théarmaí atá leagtha amach sa Chomhaontú Tionscadail CPP. Rinneadh athmhaoiniú ar bheartán scoileanna 4 i Nollaig 2018, ar bheartán scoileanna 3 in Eanáir 2019 agus ar bheartán scoileanna 2 i Nollaig 2020.

Beartán na gcúig threoirscoil

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú chomh maith le chomh maith le hathbhreithniú ar ríomh na réamh-mheastachán is cúis leis an laghdú €826,000 ar chostais idir 2019 agus 2020.

Beartán scoileanna 1

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú chomh maith le hathbhreithniú ar ríomh na réamh-mheastachán is cúis leis an laghdú €1.739 milliún ar chostais idir 2019 agus 2020.

Beartán scoileanna 2

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú chomh maith le hathmhaoiniú bheartán scoileanna 2 i Nollaig 2020 is cúis leis an laghdú €8.636 milliún ar chostais idir 2019 agus 2020.

Beartán scoileanna 3

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú chomh maith le chomh maith le hathbhreithniú ar ríomh na réamh-mheastachán is cúis leis an laghdú €2.564 milliún ar chostais idir 2019 agus 2020.

Beartán scoileanna 4

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú chomh maith le chomh maith le hathbhreithniú ar ríomh na réamh-mheastachán is cúis leis an laghdú €1.844 milliún ar chostais idir 2019 agus 2020.

Beartán scoileanna 5

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú chomh maith le hathbhreithniú ar ríomh na réamh-mheastachán is cúis leis an laghdú €4.036 milliún ar chostais idir 2019 agus 2020.

Leachtú agus scrúdaitheoireacht 2020

D'éirigh le gach ceann de na tionscadail tógála seachas ceann amháin a ndearna an leachtú agus/nó an scrúdaitheoireacht ag Carillion agus ag trí chonraitheoir eile difear dóibh críochnú substaintiúil a bhaint amach in 2020 in ainneoin na ndúshlán a bhain le hoibriú i dtimpeallacht Covid-19. Meastar go gcríochnófar an tionscadal eile i ráithe 2 de 2021.

Caiteachas ar áitribh shealadacha scoile a ghlacadh ar cíos

I rith 2020, chuimsigh caiteachas faoi fho-mhírcheann A.15.3 suimeanna arbh fhiú €29.4 milliún san iomlán iad maidir le háitribh shealadacha scoile a ghlacadh ar cíos (2019: €29.5 milliún).

2.9 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana	**8,479**	**3,806**

2.10 Dliteanais theagmhasacha

Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin

D'fhéadfadh dliteanas pinsin arbh fhiú thart ar €480,000 é amhail deireadh 2020 (2019: €335,000) teacht chun cinn maidir le comhaontú idir Scéim Pinsean Rialtais Áitiúil na Roinne Oideachais do Thuaisceart Éireann agus an Roinn Oideachais. Sa chomhaontú, dar dáta an 16 Samhain 2007, ráthaigh na Ranna go ndéanfaidís íocaíocht iomlán ar aon dliteanais phinsin de chuid Ionad Middletown for Autism Ltd i gcás go scoirfidh an tIonad de bheith ann nó nach mbeidh sé ábalta a chuid dliteanas pinsin a chomhlíonadh ar shlí eile. Tá an tIonad i mbun oibre go fóill agus níltear ag dréim leis go dtiocfaidh an dliteanas seo chun cinn go gairid.

Dlíthíocht maidir le hArdteistiméireacht 2020 agus gráid ríofa

Ag deireadh na bliana 2020, bhí os cionn 60 tacar imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar bun maidir le hábhair a d'eascair as Ardteistiméireacht 2020. Rinneadh an cás tosaigh maidir le hagóidí in aghaidh an phróisis chaighdeánaithe náisiúnta maidir le scéim na ngrád ríofa a éisteacht ag deireadh na bliana. Thug an Ard-Chúirt a breithiúnas sa chás seo go luath i mí an Mhárta 2021 agus d'fhéadfadh an t-ábhar a bheith ina ábhar d'achomharc go fóill. Bhí dhá chás eile a chinn an Ard-Chúirt in 2020 ina n-ábhair d'achomhairc chun na Cúirte Achomhairc ag deireadh na bliana. Tabhófar caiteachas suntasach ar chostais dlí in 2021, ag eascairt as dlíthíocht a tionscnaíodh in 2020 sa réimse seo. Ní féidir an caiteachas a chainníochtú ag an am seo go dtí go bhfaighfear na torthaí deiridh sna cásanna faoi seach.

An clár feabhsúcháin scoileanna

Leanann an Roinn le himeachtaí dlíthiúla a shaothrú maidir le heasnaimh struchtúrtha ar thángthas orthu sna scoileanna a thóg Western Building Systems. Tá maoiniú curtha ar fáil ag an Roinn chun bearta feabhsúcháin a dhéanamh sna scoileanna seo.

In 2018, nocht measúnú go raibh obair feabhsúcháin de dhíth ar 40 scoil i ngeall ar easnamh struchtúrtha a tugadh faoi deara. Rinneadh an obair feabhsúcháin sna scoileanna seo ionas go bhféadfaí deireadh a chur le formhór na mbeart réamhchúraim. Leanann an Roinn leis an obair feabhsúcháin riachtanach a dhéanamh de réir a chéile sna scoileanna atá fágtha.

Íocadh costais na bhfeabhsúchán as soláthar teagmhasach laistigh den bhuiséad caipitil.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cuireadh caiteachas riaracháin do 2020 san áireamh mar chuid de chlár A. Rinneadh caiteachas riaracháin do 2019 a chionroinnt ar fud na gclár, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	59,221	63,906	65,570
ii	Taisteal agus cothú	1,630	657	2,056
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,510	1,620	1,837
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	1,907	2,404	2,724
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	8,084	7,717	7,100
vi	Costais áitribh oifige	1,388	1,351	1,492
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile	114	—	—
viii	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais	22,117	21,198	20,590
		95,971	**98,853**	**101,369**

Difríochtaí suntasacha

Tugann an nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugann sé breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €1.63 milliún; toradh €657,000

Leis an laghdú ar thaisteal eachtrach agus baile ar ghnó oifigiúil na Roinne mar thoradh díreach ar phaindéim Covid-19 a bhain an laghdú €973,000 ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin.

iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Soláthar meastacháin €1.907 milliún; toradh €2.404 milliún

Tharla an laghdú €497,000 ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar na modhanna cionroinnte pro rata a cuireadh i bhfeidhm ar leithdháiltí maidir leis an aistriú feidhmeanna chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

vii Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile

Soláthar meastacháin €114,000; toradh €nialas

Tá an leithdháileadh seo ceaptha le costais chomhairleoireachta a chlúdach d'aonaid ghnó nach bhfuil a mbuiséad féin acu don chineál caiteachais seo. Ní raibh aon ghá ann in 2020 le hairgead a tharraingt ón bhfo-mhírcheann seo.

Clár A – Oideachas Chéad Leibhéil, Oideachas Dara Leibhéal agus Oideachas sna Luathbhlianta

			2020	2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	79,326	83,036	72,778
A.2	Riarachán – neamhphá	16,645	15,817	15,761
A.3	Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) do bhunmhúinteoirí	2,617,895	2,603,395	2,511,757
A.4	Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) do mhúinteoirí meánscoile, scoile cuimsithí agus pobalscoile	1,449,242	1,432,071	1,331,603
A.5	Deontais do Bhoird Oideachais agus Oiliúna i ndáil le tuarastail mhúinteoirí na mBord	632,789	628,141	727,743
A.6	Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) do chúntóirí riachtanas speisialta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna	619,054	613,725	564,665
A.7	Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) do bhaill foirne neamhtheagaisc i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (gan cúntóirí riachtanas speisialta a chur san áireamh)	113,917	112,036	108,810
A.8	Aoisliúntas, etc., i ndáil le baill foirne teagaisc agus neamhtheagaisc	1,271,288	1,250,804	1,233,319
A.9	Seirbhísí iompair scoile	245,669	224,791	219,200
A.10	Deontais (lena n-áirítear caipitíocht) is iníoctha le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna, le Boird Oideachais agus Oiliúna agus le heagraíochtaí agus institiúidí oideachais eile	535,911	547,792	463,139
A.11	Deontais do chomhlachtaí oideachais a oibríonn sna hearnálacha bunscoile agus iar-bhunscoile	87,078	53,955	97,988
A.12	Oideachas múinteoirí	38,095	29,190	29,052
A.13	Íocaíochtaí i ndáil le sásamh d'fhorais chónaithe agus costais a bhaineann leis an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú	3,329	2,797	2,476
A.14	Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha	150,547	149,777	95,213
A.15	Bonneagar bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna	780,000	782,840	694,683
A.16	Costais comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí	69,700	65,422	76,476
		8,710,485	**8,595,589**	**8,244,663**

Difríochtaí suntasacha

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100.000). San iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €114.896 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús.

A.9 Seirbhísí iompair scoile

Soláthar meastacháin €245.669 milliún; toradh €224.791 milliún

Bhain an laghdú €20.878 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha le tionchar Covid-19, lena n-áirítear

- cur i bhfeidhm céimnithe scartha shóisialta ar sheirbhísí iompair iar-bhunscoile a raibh caiteachas laghdaithe mar thoradh air i gcomparáid leis an leithdháileadh a bhain le Covid-19 a soláthraíodh (€10.252 milliún)
- caiteachas laghdaithe i gcomparáid leis na leithdháiltí nár bhain le Covid-19, go príomha mar gheall ar dhúnadh na scoileanna (€11 mhilliún).

A.11 Deontais do chomhlachtaí oideachais a oibríonn sna hearnálacha bunscoile agus iar-bhunscoile

Soláthar meastacháin €87.078 milliún; toradh €53.955 milliún

Bhain an laghdú €33.123 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha le tionchar Covid-19, lena n-áirítear

- scrúduithe na sraithe sóisearaí agus comhpháirteanna de na scrúduithe ar nós scrúduithe béil/obair phraiticiúil/obair chúrsa a chealú agus scrúduithe Ardteistiméireachta scríofa a chur siar in 2020 mar gheall ar Covid-19, rud as ar lean coigilteas do Choimisiún na Scrúduithe Stáit (€26 mhilliún)
- thaifead an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) coigilteas thar roinnt réimsí, lena n-áirítear earcaíocht níos moille nár mar a bhí beartaithe agus coigilteas faoin tSamhail um Chuimsiú Scoile, an tionscadal Teiripe Scoile agus costais taistil (€5.89 milliún).

A.12 Oideachas múinteoirí

Soláthar meastacháin €38.095 milliún; toradh €29.19 milliún

Bhain an laghdú €8.905 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha le tionchar díreach phaindéim Covid-19.

- Coigilteas mar gheall ar chúrsaí forbartha gairmiúla leanúnaí a bheith á reáchtáil ar líne agus lasmuigh d'am teagmhála ranga seachas i bhfoirm duine le duine (€8.37 milliún).
- Coigilteas mar gheall ar an nglacadh le roinnt clár de chuid an Lárionaid Cheannaireachta Scoile a bheith níos ísle ná a measadh agus ar an gclár meantóireachta agus imeachtaí foghlama gairmiúla eile a bheith á gcur ar fáil ar líne, mar thoradh, den chuid is mó, ar thionchar Covid-19 ar scoileanna (€900,000).
- Rinneadh coigilteas a fhritháireamh le caiteachas méadaithe i réimsí eile, lena n-áirítear campaí samhraidh litearthachta do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus daltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna DEIS (€720,000).

A.13 Íocaíochtaí i ndáil le sásamh d'fhorais chónaithe agus costais a bhaineann leis an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú

Soláthar meastacháin €3.329 milliún; toradh €2.797 milliún

Ba é caiteachas caipitil a leithdháileadh ar chuimhneachán d'íospartaigh dhrochúsáide forais nár cuireadh i gcrích in 2020 an phríomhchúis le laghdú €532,000 ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin.

A.16 Costais comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí

Soláthar meastacháin €69.7 milliún; toradh €65.422 milliún

Bhain an laghdú €4.278 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha leis na nithe seo a leanas

- leibhéil bhoilscithe in 2020 a bheith níos ísle ná mar a measadh, rud as ar lean costais innéacsaithe níos ísle ar íocaíochtaí muirir aonadaigh ar fud na mbeartán scoileanna uile (€1.3 milliún)
- costais níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis i leith mionoibreacha agus costais oibriúcháin ar fud na mbeartán scoileanna uile (€950,000)
- laghdú ar mhuirir aonadacha i leith teipeanna aontaithe ar sheirbhís agus ar infhaighteacht ar fud na mbeartán scoile uile (€600,000)
- íostarraingt a bheith níos ísle ná mar a bhíothas a súil leis i leith deontais TFC agus an Chéatadáin don Ealaín (€500,000)
- bhain an coigilteas le suim theagmhasach €1.05 milliún ar leibhéal cláir do chostais gan choinne, rud nár úsáideadh.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
B.1	Ranníocaíochtaí aoisliúntais	160,438	172,429	170,623
B.2	Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE), ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CECD) agus fáltais ilghnéitheacha eile ó AE [a]	325	728	74,185
B.3	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	163,946	169,289	254,294
B.4	Daoine ar iasacht/ró-íocaíochtaí	3,824	5,047	5,598
B.5	Ilghnéitheach	3,398	7,454	6,321
	Iomlán	**331,931**	**354,947**	**511,021**

Nóta [a] Cuirtear miondealú ar fháltais AE €728,000 faoi B.2 ar fáil sa tábla faoi Nóta 6.5 Maoiniú AE.

Difríochtaí suntasacha

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). San iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €23.016 milliún níos ísle ná an meastachán. Leagtar amach thíos na míniúcháin ar dhifríochtaí:

B.1 Ranníocaíochtaí aoisliúntais

Meastachán €160.438 milliún; réadaithe €172.429 milliún

Leis na nithe seo a leanas go príomha a bhain an méadú €11.991 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin:

- costais bhreise phá a d'éirigh as tacaí airgeadais Covid-19 a mhéadaigh costais phárolla scoile agus fáltais aoisliúntais a bhí níos airde ná mar a measadh mar gheall ar na méaduithe a ceadaíodh faoin mbeart pá (€12.533 milliún)
- rinneadh an méadú seo a fhritháireamh le líon fáltas aonuaire a bheith níos ísle mar a bhíothas ag súil leis ar chúiseanna éagsúla, rud as ar lean easnamh €540,000 i bhfáltais.

B.2 Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE), ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CECD) agus fáltais ilghnéitheacha eile ó AE

Meastachán €325,000; réadaithe €728,000

Leis na nithe seo a leanas go príomha a bhain an méadú €403,000 i gcoibhneas leis an meastachán:

- íocaíocht i leith an Lárionaid um Scolaíocht Eorpach a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis (€126,000)
- fáltais ó Chlár PEACE IV a ndearnadh próifíl orthu faoi B.5 Ilghnéitheach a bhfuil cuntas orthu anois faoin bhfo-mhírcheann seo (€257,000).

B.4 Daoine ar iasacht/ró-íocaíochtaí

Meastachán €3.824 milliún; réadaithe €5.047 milliún

Bhain an méadú €1.223 milliún i gcomparáid leis an meastachán go príomha le fáltais aisghabhála ró-íocaíochtaí a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis. Is doiligh leibhéal na bhfáltas seo a thuar go beacht ar an ábhar go bhféadann forchúiteamh ró-íocaíochtaí a bheith ar bhonn aonuaire nó ar bhonn céimneach.

B.5 Ilghnéitheach

Meastachán €3.398 milliún; réadaithe €7.454 milliún

D'eascair an méadú €4.056 milliún i gcoibhneas leis an meastachán go príomha maidir le fáltais ilghnéitheacha bhreise nach raibh san áireamh sa mheastachán bunaidh. Mar gheall ar chineál éagsúil na bhfáltas sa chatagóir seo, tá sé deacair a thuar le haon leibhéal cinnteachta leibhéal na bhfáltas a d'fhéadfadh a bheith le bailiú in aon bhliain féilire.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir [a]	—	848
Forchúiteamh maoinithe neamhchaite ón Údarás um Ardoideachas/an Chomhairle um Thaighde in Éirinn	—	716
Fáltais ó airgead coinsiasa	2	—
Suim a aistríodh chuig an Státchiste	(2)	(1,409)
Iarmhéid ag an 31 Eanáir	**—**	**155**

Nóta [a] Baineann iarmhéid deiridh 2019 leis na feidhmeanna a aistríodh chuig Vóta 45 tar éis feidhmeanna a aistriú ón Roinn Oideachais chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Roinn	1,335	1,378
An chéad agus an dara leibhéal	90,966	89,326
An tríú leibhéal [a]	—	20,536
Gníomhaireachtaí [b]	458	805
Iomlán	**92,759**	**112,045**

Nóta [a] Tuairiscítear poist tríú leibhéal maidir le 2020 faoi Vóta 45 tar éis an aistrithe feidhmeanna ón Roinn Oideachais chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

[b] Cuimsíonn an líon ball foirne gníomhaireachta do 2019 poist a thuairiscítear faoi Vóta 45 i gCuntais Leithreasa 2020.

5.2 Foireann na Roinne

Foireann na Roinne [a]	2020	2019
	€000	€000
Pá	78,364	77,736
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	392	352
Liúntais eile	35	45
Ragobair	773	618
ÁSPC an Fhostóra	6,268	5,727
Pá iomlán [b]	**85,832**	**84,478**

Nóta [a] Ní bhaineann na sonraí airgeadais sa tábla seo ach amháin le tuarastail agus le liúntais a íocadh le fostaithe na Roinne agus le foireann na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.

[b] Léirítear an figiúr pá iomlán faoi A.1 (€83.036 milliún) agus A.14 (€2.796 milliún do thionscadail cur chun feidhme seirbhísí comhroinnte).

Foireann oideachais chéad leibhéil agus dara leibhéal	2020	2019
	€000	€000
Pá	4,996,761	4,892,090
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	—	—
Liúntais eile	4,700	—
Ragobair	—	—
ÁSPC an Fhostóra	391,054	360,142
Pá iomlán [a]	**5,392,515**	**5,252,232**

Nóta [a] Cuimsíonn an figiúr pá iomlán costas thuarastail mhúinteoirí na mBord Oideachais agus Oiliúna, tuarastail chúntóirí riachtanas speisialta na mBord Oideachais agus Oiliúna agus foireann neamhtheagaisc na mBord Oideachais agus Oiliúna de réir dhréachtráitis airgeadais na mBord Oideachais agus Oiliúna do 2020. Tá ÁSPC fostóirí do mhúinteoirí na mBord Oideachais agus Oiliúna, do chúntóirí riachtanas speisialta na mBord Oideachais agus Oiliúna agus d'fhoireann neamhtheagaisc na mBord Oideachais agus Oiliúna san áireamh faoi phá.

An Tríú Leibhéal	2020 [a]	2019
	€000	€000
Pá	—	1,747,301
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	—	—
Liúntais eile	—	309
Ragobair	—	351
ÁSPC an Fhostóra	—	250,569
Pá iomlán [a]	**—**	**1,998,530**

Nóta [a] Tuairiscítear pá tríú leibhéal le haghaidh 2020 faoi Vóta 45.

Gníomhaireachtaí	2020 €000	2019 €000
Pá	25,982	47,908
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	152	77
Liúntais eile	67	154
Ragobair	753	1,526
ÁSPC an Fhostóra	1,481	3,337
Pá iomlán [a]	**28,435**	**53,002 [b]**

Nóta [a] Áirítear ar an bpá iomlán maidir le 2020 costais phá do ghníomhaireachtaí atá faoi shainchúram an Vóta seo.

[b] Áirítear ar an bhfigiúr iomlán pá maidir le 2019 na costais phá do ghníomhaireachtaí atá anois faoi shainchúram Vóta 45 tar éis an aistrithe feidhmeanna ón Roinn Oideachais chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2020 €	2019 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	106	12	20,614	24,770
Liúntais eile	18	—	5,413	5,029
Ragobair	252	3	17,722	19,861
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	34	4	14,849	20,614

Ní bhaineann na sonraí liúntais agus íocaíochtaí ragoibre sa tábla seo ach amháin le foireann riaracháin na Roinne agus le foireann na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.

Ceanglaítear le Ciorclán 20/2020 go dtaispeánfaí sonraí liúntas agus ragoibre a íocadh le gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne mar mhíreanna ar leithligh. Ní raibh ar chumas na Roinne an t-eolas seo a chur ar fáil maidir le cuntais 2020. Athbhreithneofar é seo do chuntais 2021.

5.4 Socruithe eile luach saothair

Cuireadh 32 státseirbhíseach a bhí ar scor agus a bhí ag fáil pinsin státseirbhíse ag obair arís ar bhonn táille ar chostas iomlán €157,000 (2019: €145,000), lenar áiríodh costais taistil agus chothaithe €18,000 (2019: €33,000). Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus forálacha eile), 2012.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2020 €	2019 €
Ró-íocaíochtaí tuarastal le foireann riaracháin			
Ró-íocaíochtaí	109	382,179	221,253
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	39	129,026	101,938

Rinneadh trí phlean aisghabhála ró-íocaíochtaí i leith duine amháin dar luach €362 a aistriú i rith na bliana chuig Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Ró-íocaíochtaí le múinteoirí/daoine nach múinteoirí agus pearsanra ar scor			
Ró-íocaíochtaí	4,991	5,871,335	5,601,665
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	468	1,325,066	1,570,701

I gcaitheamh 2020, aisíocadh 1,378 gcás ró-íocaíochtaí ina n-iomláine agus b'fhiú €1.242 milliún an aisíocaíocht.

Ró-íocaíochtaí forlíontacha pinsin			
Ró-íocaíochtaí	109	914,529	1,029,461
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	95	778,430	924,980

Ró-íocaíochtaí mar thoradh ar fho-asbhaint an Laghdaithe Pinsin Seirbhíse Poiblí

Aithníodh 89 gcás pinsinéara i ráithe 3 de 2018 mar a ndearnadh fo-asbhaint i leith an laghdaithe pinsin seirbhíse poiblí, rud as ar lean ró-íocaíochtaí. Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gceannas ar réiteach na faidhbe seo. Bíonn an Roinn Oideachais i gcainteanna i gcónaí leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir leis na ró-íocaíochtaí seo. Níor aithníodh an tsuim dheiridh go fóill agus níl pleananna aisíocaíochta i bhfeidhm go fóill.

5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Le linn 2020, íocadh iomarcaíocht le 48 nduine trí phárolla na Roinne, i gcáil na Roinne mar phámháistir do scoileanna áirithe. B'ionann agus €549,296 an íocaíocht iomlán iomarcaíochta agus san áireamh inti bhí íocaíocht as suimeanna iomarcaíochta reachtúla agus neamhreachtúla araon, de réir mar ba chuí. Fuair 22 dhuine aonair íocaíochtaí iomarcaíochta a sháraigh €10,000. Ba é €39,682 an tsuim iomarcaíochta ab airde a íocadh in 2020. Níor íocadh aon phinsean luath ná níor cuireadh aon bhlianta breise de sheirbhís bharúlach ná feabhsuithe eile leis na téarmaí fabhraithe pinsin a deonaíodh d'aon duine de na 48 nduine aonair sin.

I rith 2020, íocadh iomarcaíocht le ceathrar trí phárollaí riaracháin na Roinne. B'ionann agus €179,802 an t-iomlán a íocadh agus san áireamh ann bhí íocaíochtaí iomarcaíochta agus scaoilíocaíochtaí, de réir mar ba chuí. Sháraigh ceithre íocaíocht iomarcaíochta €10,000. Ba é €103,328 an tsuim ab airde a íocadh in 2020. Níor íocadh aon phinsean luath ná níor cuireadh aon bhlianta breise de sheirbhís bharúlach ná feabhsuithe eile leis na téarmaí fabhraithe pinsin a deonaíodh d'aon duine den cheathrar.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

	Bliain an cheapacháin	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020	Caiteachas in 2020	Caiteachas in 2019
		€000	€000	€000
An Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú	1999	84,267	598	1,433
An Scéim um Shásamh i leith Foras Cónaithe [a, b]	2002	1,244,495	1,780	1,203
		1,328,762	**2,378**	**2,636**

Nóta [a] Anuas ar an gcaiteachas foriomlán €1.244 billiún ar an Scéim um Shásamh i leith Foras Cónaithe ag deireadh 2020, tabhaíodh €10 milliún eile i dtaca le socraíochtaí cúirte de bhun Chomhaontú Slánaíochta na bliana 2002, ina bhforáiltear nach bhfuil cuallachtaí reiligiúnacha faoi dhliteanas maidir le haon chásanna a shocraítear sa chúirt agus lasmuigh den scéim um shásamh.

[b] Ag deireadh 2020, ba é €63.8 mhilliún na costais charnacha riaracháin i gcás an Bhoird um Shásamh i leith Foras Cónaithe agus €9.99 milliún i gcás an Choiste Athbhreithnithe i leith Foras Cónaithe.

Iomlán na ranníocaíochtaí ó chuallachtaí reiligiúnacha

Rinne 18 gcuallacht reiligiúnacha a bhainistigh formhór na bhforas cónaithe do leanaí ranníocaíochtaí faoi dhá bhabhta ar leith. Is iad sin:

- comhaontú slánaíochta 2002 a bhí ina cheangal dlí agus lena bhforáladh do ranníocaíochtaí is fiú €128 milliún; agus
- na tairiscintí deonacha breise a rinneadh tar éis fhoilsiú Thuarascáil Uí Riain in 2009, lena n-áirítear airgead tirim agus réadmhaoin ar chuir na cuallachtaí luach €352.61 milliún orthu.

Achoimrítear sa tábla thíos na suimeanna iomlána a tairgeadh faoin dá bhabhta agus na suimeanna a fuarthas go dtí seo. Tá na suimeanna seo comhdhéanta de ranníocaíochtaí airgid thirim agus de luach na n-aistrithe réadmhaoine araon.

	Tairgthe	Réadaithe
	€milliún	€milliún
Comhaontú slánaíochta 2002	128.00	124.94
Tairiscintí deonacha 2009	352.61[a]	113.56[b]
Iomlán	480.61	238.50

Nóta [a] Is é €352.61 milliún an luach a sholáthair na cuallachtaí.

[b] Tá aistriú na 15 réadmhaoin seo tugtha chun críche anois ach tá luachálacha le fáil fós in dhá chás.

An tsuim iomlán atá amuigh ó chuallachtaí reiligiúnacha

Tá gach airgead tirim a tairgeadh faoi chomhaontú slánaíochta na bliana 2002, arbh fhiú €65 mhilliún é, faighte anois. Tá dhá réadmhaoin le haistriú fós ina n-iomláine faoi théarmaí an chomhaontaithe.

Faoi dheireadh 2020, bhí ranníocaíochtaí deonacha airgid thirim a tairgeadh in 2009 nó i mblianta dá héis, ar fiú €110.98 milliún iad, faighte. Áiríodh leis seo an chéad tráthchuid de ranníocaíocht bhreise airgid thirim €1 mhilliún i leith fhorbairt Ospidéal Náisiúnta na Leanaí mar a fhoráiltear in Alt 43 den Acht um an gCiste Reachtúil Foras Cónaithe, 2012. Is féidir go bhfaighfear ranníocaíochtaí eile freisin, a eascróidh as diúscairt réadmhaoine áirithe nár glacadh leo lena n-aistriú chuig an Stát, ach níl na suimeanna atá i gceist ar eolas go fóill. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur ranníocaíochtaí deonacha airgid thirim iad sin.

Tá 15 cinn san iomlán de na réadmhaoine a tairgeadh go deonach in 2009 aistrithe ina n-iomláine agus tá dul chun cinn nach beag déanta maidir leis na trí réadmhaoin eile. Is gá obair eile a dhéanamh chun dul chun cinn a dhéanamh ar thairiscint Chuallacht na mBráithre Críostaí. Tá faichí imeartha san áireamh sa tairiscint sin.

Ní dócha go mbainfear amach luach iomlán na dtairiscintí deonacha, mar a bhí in 2009, de bhrí nár glacadh le tairiscintí áirithe agus go raibh luach na réadmhaoine a aistríodh nó a diúscraíodh níos ísle i bhformhór na gcásanna ná an luach a chuir na cuallachtaí orthu. Is féidir go n-athróidh sé seo de réir mar a thugtar na haistrithe réadmhaoine eile chun críche.

Ceangaltais iomlána sa todhchaí

Meastar go ndúnfar an Bord um Shásamh agus an Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú le linn 2022. Meastar go mbeidh €2 mhilliún de chaiteachas breise i gceist.

Foráladh sa reachtaíocht lenar bunaíodh an Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú agus an Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe do thaifid na ndaoine aonair a choimeád faoi rún agus a scriosadh tráth dhíscaoileadh na gcomhlachtaí. Mar sin féin, chinn an Rialtas ina dhiaidh sin go bhféadfadh tábhacht stairiúil chomh mór sin a bheith leis na taifid gur chóir iad a choimeád agus a shéalú sa Chartlann Náisiúnta. Dá thoradh sin, ní fhéadfar na forais um Shásamh a dhíscaoileadh go dtí go ndéanfar staid dheireanach na dtaifead sin a réiteach. I mí Dheireadh Fómhair 2020, d'fhógair an Rialtas go mbunófaí Ionad Náisiúnta Taighde agus Cuimhneacháin, a bheadh freagrach as taifid a bhaineann le drochúsáid institiúideach, lena n-áirítear taifid an Choimisiúin chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú agus an Bhoird um Shásamh. Dá bhrí sin, tá dúnadh na gcomhlachtaí ag brath anois ar dhul chun cinn an chur chuige rialtais seo ar fad.

Cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 43 den Acht um an gCiste Reachtúil Foras Cónaithe, 2012

Foráiltear in Alt 43 d'Acht 2012 gurb amhlaidh, i gcás ranníocaíochtaí ó chuallachtaí a sháraíonn an teorainn €110 milliún atá leagtha síos in Alt 29 den Acht, go gcuirfear iad i gcuntas speisialta in ainm an Aire Sláinte lena n-úsáid do chuspóirí a bhaineann le forbairt an ospidéil nua náisiúnta phéidiatraicigh agus don chuspóir sin amháin. Cuireadh ranníocaíocht €430,000 sa chuntas speisialta sin in 2019. In 2020, cuireadh ranníocaíochtaí breise arbh fhiú €550,000 san iomlán iad i dtaisce sa chuntas speisialta.

6.2 Costais chúitimh agus dlí

	Líon na gcásanna	Costais dlí a d'íoc an Roinn	Costais dlí a dámhadh	Cúiteamh a dámhadh	2020 Iomlán	2019 Iomlán
		€000	€000	€000	€000	€000
Éilimh ó dhaoine den phobal	107	1,083	715	1,038	2,836	2,062
Éilimh ó fhostaithe	—	—	—	—	—	46
		1,083	**715**	**1,038**	**2,836**	**2,108**

Ba é €3.436 milliún (2019: €2.508 milliún) an tsuim a thabhaigh an Roinn i gcostais dlí i ngnó laethúil na Roinne, agus áirítear inti na costais dlí agus na dámhachtainí cúitimh atá liostaithe thuas. Aithnítear sa tábla thuas costais agus táillí dlí a d'íoc an Roinn go díreach agus ní léirítear ann costais dlí comhlachtaí eile a dtacaítear leo faoi fho-mhírchinn vótáilte.

6.3 Calaois agus calaois amhrasta

	Líon na gcásanna	2020	2019
		€000	€000
Calaois	4	12	110
Calaois/mírialtacht amhrasta	6	—	1
		12	**111**

Sa tréimhse idir foilsiú chuntas leithreasa 2019 agus síniú chuntas leithreasa 2020, cuireadh an Roinn ar an eolas faoi dheich gcás nua calaoise/neamhrialtachta amhrasta. Dúnadh trí chás díobh seo. Tá na seacht gcás eile ar oscailt go fóill agus níor aithníodh aon luach fós i sé cinn de na cásanna.

6.4 Eadráin agus idir-réiteach

Cuimsíonn caiteachas in 2020 íocaíochtaí €2,796,059 (2019: €3,621,820) a rinneadh le conraitheoirí agus le daoine eile le costais a chlúdach a tháinig de bharr imeachtaí eadrána agus idir-réitigh. Bhí 13 chás ann in 2020 (2019: 16 chás). Cuimsíonn na figiúirí CBL agus táillí dlí agus gairmiúla.

6.5 Maoiniú AE

Tá fáltais i ndáil le maoiniú AE a fuarthas le linn 2020 agus a cuireadh i dtaisce i leithreasaí-i-gcabhair sonraithe sa tábla thíos:

Catagóir maoinithe AE	2020 €000	2019 €000
D2.1 Maoiniú pá CSE	—	50,464
D2.1 Maoiniú neamhphá CSE	—	23,362
D2.3 Tionscadail oideachais CE	471	359
D5.5 Aisíocaíocht ilghnéitheach i leith Chlár PEACE IV	257	370
	728	**74,555**

Tionscadail oideachais CE:

Chuimsigh fáltais in 2020 faoi thionscadail oideachais CE íocaíochtaí cúitimh le haghaidh costais riaracháin a tabhaíodh i leith ghníomhaíochtaí an Lárionaid don Scolaíocht Eorpach, Dún Seachlainn, Co. na Mí, a bhain le rannpháirtíocht na hÉireann i líonra eolais Euydice an Choimisiúin Eorpaigh agus an tionscadal Eurostudent VII 2018-2021.

Aisíocaíocht i leith Chlár PEACE IV:

Bhain fáltais a fuarthas in 2020 le caiteachas a tabhaíodh mar chuid de chlár PEACE IV, a oibríonn ar bhonn forchúiteamh 80% ón gCoimisiún. Íocann Éire 21% de na clárchostais iomlána agus íocann Feidhmeannas Thuaisceart Éireann an chuid eile.

6.6. Maoiniú díreach AE do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne 2020

I dteannta na ndeontas ón Vóta, ba é seo a leanas an cúnamh díreach AE a tugadh do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne i gcaitheamh 2020.

Comhlacht atá faoi choimirce na Roinne	2020 €000	2019 €000
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)	43	11
An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas	—	61
An tÚdarás um Ard-Oideachas	—	286
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)	—	754
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn	—	435
Léargas	—	16,020
	43	**17,567**

Comhlacht atá faoi choimirce na Roinne	Cuspóir an mhaoinithe	2020 €000
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)	SUSKIDS, tionscadal a bhfuil mar aidhm leis gairmithe agus teaghlaigh a chumasú eolas agus scileanna inbhuanaithe a aistriú go daoine a bhfuil Siondróm Down orthu	43

6.7 Nithe a díscríobhadh

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas sa bhliain:

	2020	2019
	€000	€000
Clár Leathanbhanda na Scoileanna	1,190	—
Ró-íocaíochtaí párolla	15	39
	1,205	**39**

6.8 Ús ar íocaíochtaí déanacha

	2020	2019
	€000	€000
Glanús iomlán a íocadh	**6**	**7**

6.9 Iontaobhais oideachais

Infheistíodh iontaobhais oideachais arbh fhiú €2.083 milliún san iomlán iad thar ceann na Roinne i gcomhchiste infheistíochta faoi mhaoirseacht an Rialálaí Carthanas ag deireadh 2020 (2019: €2.2 milliún). Is é an tAire Oideachais iontaobhaí na dtrí iontaobhas oideachais sin go fóill.

Aguisín A Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Oideachais

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail Meán Fómhair 2021, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an uair a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Comhlacht/ciste roinne	Tréimhse chuntasaíochta dheireanach a iniúchadh	Dáta na tuarascála iniúchta	An dáta a fuair an tAire/an Roinn í	An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
Boird Oideachais agus Oiliúna				
An Cabhán agus Muineachán	2019	28 Iúil 2020	4 Lún 2020	9 Samh 2020
Cathair Bhaile Átha Cliath	2019	24 Noll 2020	7 Ean 2021	3 Már 2021
Corcaigh	2019	10 M.F. 2020	30 D.F. 2020	17 Noll 2020
Dún na nGall	2019	30 M.F. 2020	30 D.F. 2020	14 Noll 2020
Baile Átha Cliath agus Dún Laoghaire	2019	24 Noll 2020	5 Ean 2021	2 Már 2021
Gaillimh agus Ros Comáin	2019	23 D.F. 2020	6 Samh 2020	16 Noll 2020
Ciarraí	2019	15 Noll 2020	5 Ean 2021	26 Fea 2021
Cill Dara agus Cill Mhantáin	2019	24 Noll 2020	5 Ean 2021	1 Már 2021
Cill Chainnigh agus Ceatharlach	2019	31 Lún 2020	6 Samh 2020	17 Noll 2020
Laois agus Uíbh Fhailí	2019	30 M.F. 2020	6 Samh 2020	14 Ean 2021
Luimneach agus an Clár	2019	24 Noll 2020	5 Ean 2021	1 Már 2021
An Longfort agus an Iarmhí	2019	30 Meith 2020	2 Iúil 2020	10 Samh 2020
Lú agus an Mhí	2019	19 Samh 2020	23 Samh 2020	6 Ean 2021
Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim	2019	23 Noll 2020	5 Ean 2021	25 Fea 2021
Tiobraid Árann	2019	27 D.F. 2020	30 D.F. 2020	4 Noll 2020
Port Láirge agus Loch Garman	2019	18 Samh 2020	20 Samh 2020	17 Noll 2020
Comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne				
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)	2020	28 Meith 2021	29 Meith 2021	15 Iúil 2021
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta	2019	30 M.F. 2020	12 D.F. 2020	23 D.F. 2020
Coimisiún na Scrúduithe Stáit	2019	31 Lún 2020	14 M.F. 2020	2 D.F. 2020
An Chomhairle Mhúinteoireachta	2019	23 Már 2020	29 Iúil 2020	Le cur faoi bhráid
An Foras Taighde ar Oideachas	2019	15 Noll 2020	13 Ean 2021	9 Már 2021
Caranua	2020	19 Már 2021	23 Már 2021	23 Iúil 2021
An Cuntas Speisialta um Shásamh	2020	4 Lún 2021	6 M.F. 2021	9 M.F. 2021

Aguisín B Tionscadail chaipitil a bhfuil caiteachas €10 milliún nó níos mó i gceist leo

		Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019	Caiteachas in 2020	Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019
		€000	€000	€000	€000	€000
Fo-mhírcheann A.15						
1	Meánscoil Fhoghlaim le Chéile Pháirc Hans, Baile Átha Cliath 15	17,369	1	187	17,557	17,556
2	Gaelscoil na nDeise, Campas Charraig Phiarais, Port Láirge	15,170	26	26	15,222	15,222
3	Naomh Colm Cille, Baile Átha Cliath 16	16,275	—	342	16,617	16,617
4	Coláiste Pobail Ard Giolláin, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath	13,653	—	103	13,756	13,756
5	Meánscoil Temple Carrig, Cill Mhantáin	12,804	—	391	13,195	13,195
6	Bunscoil Naomh Eoin, Rath Maoláin	12,810	—	1,545	14,355	14,355
7	Coláiste Ghlór na Mara, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath	14,714	—	222	14,936	14,936
8	Foghlaim le Chéile Bhrí Mhór, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath	22,664	171	1,226	24,061	24,057
9	Meánscoil le Chéile, Mhullach Eadrad, Baile Átha Cliath 15	19,802	139	197	20,138	20,138
10	Scoil Pharóiste Phort Laoise, Co. Laoise	16,270	5	723	16,998	16,993
11	Scoil Chuimsitheach na Páirce Nua, an Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath	14,036	19	481	14,536	14,517
12	Iar-bhunscoil Charraig Uí Leighin, Co. Chorcaí	14,500	—	213	14,713	14,713

		Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019	Caiteachas in 2020	Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019
		€000	€000	€000	€000	€000
13	Foghlaim le Chéile Luimnigh, Mungairit, Luimneach	12,503	—	205	12,708	12,708
14	Scoil Pharóiste Naomh Aodán, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman	10,793	88	362	11,243	11,228
15	Scoil Náisiúnta Shráid Mhichíl, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman	11,059	6	409	11,474	11,474
16	Coláiste Sancta Maria, Ráth Fearnáin, Co. Bhaile Átha Cliath	11,845	1,630	3,164	16,639	16,456
17	Coláiste Chluain Caoin, Sméar Dubh Co. Bhaile Átha Cliath	12,816	—	76	12,892	12,892
18	Pobalcholáiste Chionn tSáile, Co. Chorcaí	11,854	38	26	11,918	11,918
19	Meánscoil na mBráithre Críostaí, Sráid Thomáis, Loch Garman	15,443	211	186	15,840	15,836
20	Gairmscoil an Inbhir Mhóir, Co. Chill Mhantáin	12,287	—	163	12,450	12,450
21	Scoil Phobail, an Clochán, Co. na Gaillimhe	10,298	—	152	10,450	10,450
22	Scoil Naofa Oilibhéir Pluincéad, Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath	11,457	5,078	821	17,356	15,318
23	Scoil an Stíobhartaigh, Baile Phámar, Baile Átha Cliath 20	14,847	2,138	2,494	19,479	16,192
24	Coláiste Pobail Choill an Rí, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24	20,562	732	175	21,469	20,579
25	Coláiste Mhuire, an Cnoc Beag, Ceatharlach	16,029	657	497	17,183	16,480
26	Coláiste na Toirbhearta, Baile	20,215	324	209	20,748	20,622

		Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019	Caiteachas in 2020	Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019
		€000	€000	€000	€000	€000
	Átha an Rí, Co. na Gaillimhe [c]					
27	Pobalscoil Chú Chulainn, Dún Dealgan, Co. Lú [c]	17,342	280	40	17,662	17,484
28	Iar-bhunscoileanna Mhá Nuad, Co. Chill Dara [b, c]	24,673	22,994	4,159	51,826	50,815
29	Gaelscoil na Giúise, Tamhlacht, BÁC 24	11,807	2	22	11,831	11,829
30	Bunscoil Chlochar na Trócaire, an Nás, Co. Chill Dara	6,276	505	4,186	10,967	10,755
31	Scoil Náisiúnta Naomh Mochta, Cluain Saileach, Baile Átha Cliath	12,331	(76)	246	12,501	12,501
32	Choláiste Thulach Mhór, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí	11,514	(88)	115	11,541	11,526
33	Scoil Speisialta an Teaghlaigh Ró-Naofa, Muinchille, Co. an Chabháin	6,266	5,141	4,428	15,835	15,333
34	Bunscoil CBS, an Bóthar Nua, Inis, Co. an Chláir	11,269	71	285	11,625	11,592
35	Saplings an Mhuilinn Chearr, Bóthar Lynn, an Muileann gCearr, Co. na hIarmhí	12,175	274	234	12,683	12,682
36	Scoil Náisiúnta Fhoghlaim le Chéile Iarthar na Cathrach, Lána Bhaile Uí Fhoirtcheirn, Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24	13,987	337	234	14,558	14,444
37	Scoil Náisiúnta Fhoghlaim le Chéile Bhaile Chláir, Droim na Gaoithe, Baile Chláir, Co. na Gaillimhe	14,390	688	199	15,277	15,247
38	Gairmscoil Mhuire, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe	19,646	2,794	508	22,948	22,333

		Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019	Caiteachas in 2020	Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019
		€000	€000	€000	€000	€000
39	Pobalcholáiste Lusca, Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath	11,939	4,590	86	16,615	15,520
40	Coláiste Dáibhís, Mala, Co. Chorcaí [b,c]	6,792	5,184	694	12,670	10,712
41	Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh [b]	11,496	8,651	(12)	20,135	18,784
42	Scoil Náisiúnta Bhríde, Cnoc Maí, Port Laoise, Co. Laoise	9,931	—	127	10,058	10,058
43	Scoil Náisiúnta Lusca, Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath	10,868	113	107	11,088	10,962
44	Scoil Náisiúnta Buachaillí Naomh Columba Dúglas Thiar, Co. Chorcaí	11,665	2,727	503	14,895	12,211
45	Scoil Phádraig, Bohreen Hill, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman	6,789	8,040	1,817	16,646	15,309
46	Pobalcholáiste Chloich na Coillte, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí [a]	4,260	6,974	587	11,821	11,377
47	Scoil Náisiúnta Fhoghlaim le Chéile Bhaile an Phaoraigh, Baile an Tirialaigh, Baile Átha Cliath 15.	10,796	—	220	11,016	11,016
48	Iar-bhunscoil Shoird, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath [a]	15,365	11,348	827	27,540	22,487
49	Pobalcholáiste an Náis, an Nás, Co. Chill Dara [b]	2,256	5,961	16,040	24,257	23,613
50	Coláiste Chiaráin, Cnoc an tSamhraidh, Baile Átha Luain,Ros Comáin [a]	12,901	10,712	1,079	24,692	24,194

		Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019	Caiteachas in 2020	Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019
		€000	€000	€000	€000	€000
51	Páirc na nGrás, Scoil Náisiúnta Fhoghlaim le Chéile, Droim Conrach, BÁC 9 [a]	4,686	7,430	346	12,462	10,427
52	Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin, Carraig Uí Leighin, Co. Chorcaí [b,c]	7,878	14,114	16,050	38,042	36,133
53	Scoil Náisiúnta Naomh Pól, an Uaimh, Co. na Mí [a]	3,087	5,053	4,146	12,286	12,006
54	Scoil Náisiúnta Buachaillí Mhá Nuad, Má Nuad, Co. Chill Dara [d]	619	280	11,014	11,913	—
55	Scoil Náisiúnta Conleth agus Mhuire, Droichead Nua, Co. Chill Dara [b]	722	255	14,348	15,325	—
56	Scoil Náisiúnta Phádraig, an Chorr Dhubh, Baile Átha Cliath 15 [d]	628	1,162	16,086	17,876	—
57	Meánscoil Naomh Pól, Mainistir Eimhín, Co. Chill Dara [d]	1,173	1,270	19,878	22,321	—
58	Meánscoil Naomh Daithí, Bóthar Kimberly, na Clocha Liatha, Co. Chill Mhantáin [d]	494	638	14,677	15,809	—
59	Meánscoil Mhuire, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo [d]	968	265	13,574	14,807	—
60	Pobalcholáiste Naomh Colmán, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí [e]	9,032	7,554	904	17,490	16,979
61	Coláiste Ráth Tó, Ráth Tó, Co. na Mí [e]	5,102	4,234	1,287	10,623	5,201

		Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019	Caiteachas in 2020	Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019
		€000	€000	€000	€000	€000
62	Scoil Uí Mhuirí, Dún Léire, Co. Lú [f]	7,252	2,179	609	10,040	8,597
63	Pobalcholáiste Naomh Conleth, Droichead Nua, Co. Chill Dara [b, c]	11,449	94	136	11,679	10,921
64	Foghlaim le Chéile Bhaile Átha Cliath 7, Plás Fitzwilliam, Baile Átha Cliath 7 [d]	1,071	86	14,279	15,436	—
65	Coláiste Bhaile Mhic Éinigh, Droichead Átha [g]	13,106	—	38	13,144	13,106
	Iomlán	**726,076**	**153,099**	**178,698**	**1,057,873**	**906,812**

Nóta

[a] Rinneadh an caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 agus caiteachas iomlán ionchasach an tionscadail in 2019 araon a athlua do chúig thionscadal, a chuaigh ar an láthair in 2019, chun caiteachas neamhcheangailteach nár taifeadadh roimhe seo mar chaiteachas i dtábla na mórcheangaltas caipitil a chur san áireamh.

[b] In 2020, rinne Feidhmeannaigh Thionscadail na ceangaltais chonarthacha a tuairiscíodh in 2019 a athlua do shé thionscadal. Mar thoradh air sin, athluadh caiteachas iomlán ionchasach an tionscadail in 2019.

[c] In 2020, rinne Feidhmeannaigh Thionscadail an caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 a athlua do shé thionscadal.

[d] Rinneadh ceangaltais chonarthacha maidir le tionscadail in 2020 i gcás seacht scoil nua.

[e] Síníodh conradh nua um chríochnú oibreacha in 2020. Níor tugadh aon cheangaltais ag deireadh 2019 de bhrí go raibh tairiscintí nua á lorg don chonradh.

[f] Sháraigh an costas tionscadail €10 milliún mar thoradh ar chonradh nua um chríochnú oibreacha a rinneadh in 2020.

[g] Rinneadh an tionscadal a eisiamh gan chuimhneamh as tábla na mórcheangaltas caipitil sna blianta roimhe seo.

Difríochtaí suntasacha - Fo-mhírcheann A.15

Tugtar míniú thíos ar chásanna inar mhéadaigh/laghdaigh an caiteachas iomlán réamh-mheasta faoi níos mó ná €500,000 ó 2019 go 2020:

22 Scoil Naofa Oilibhéir Pluincéad, Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €2.038 milliún

Le horduithe athraithe a bhain le méideanna móra d'ithreach éillithe a bhaint agus éileamh ama a fhadú, go príomha, a bhain an méadú €1.785 milliún ar cheangaltais. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

23 Scoil an Stíobhartaigh, Baile Phámar, Baile Átha Cliath 20

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €3.287 milliún

Socrú comhréitigh de bheagán os cionn €2.3 milliún agus orduithe athraithe maidir le hobair phlástrála bhreise, tírdhreachú breise, rampaí agus ráillí a sholáthar chun tailte a dhéanamh níos so-rochtana, cruach bhreise le haghaidh ceannbhrait thar dhoirse iontrála agus uathoibriú geataí scoile agus táillí foirne dearaidh, de chuid is mó, ba chúis leis an méadú €3.165 milliún ar cheangaltais. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

24 Coláiste Pobail Choill an Rí, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €890,000

Orduithe athraithe i ndáil le balla teorann nua agus bacainní a sholáthar agus uasghrádú na rátála dóiteáin ar dhoirse agus scáileáin ar fud na scoile, fostáisiún BSL a sholáthar, oibreacha tógála maidir le Netwatch Security a sholáthar, bacainní sábháilteachta ar dhíonta cothroma a sholáthar agus troscán sainfheistithe a shuiteáil, go príomha, ba chúis leis an méadú €878,000 ar cheangaltais. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

25 Coláiste Mhuire, an Cnoc Beag, Ceatharlach

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €703,000

Orduithe athraithe a bhain le deireadh a chur le críonlobhadh fairsing, uasghrádú ar ghléasra cóireála uisce na scoile agus deisiúcháin ar chabhsa na scoile, lena n-áirítear limistéar páirceála bus a sholáthar do bhusanna scoile, agus táillí foirne dearaidh breise, go príomha, ba chúis leis an méadú €689,000 ar cheangaltais. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

28 Iar-bhunscoileanna Mhá Nuad, Co. Chill Dara

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €1.011 milliún

Toradh díreach ar na conarthaí seo a bheith ina sraith conarthaí um chríochnú oibreacha mar ar leachtaíodh an conraitheoir a bhí sa mhéadú €660,000 ar cheangaltais. I measc na gcostas breise a tháinig chun cinn bhí fadhbanna gan choinne a sainaithníodh le linn na gconarthaí agus roimh ré, agus an riosca a ghabh leis na conraitheoirí nua a bheith ag gabháil air féin an conradh bunaidh a chomhlíonadh. Tháinig táillí foirne dearaidh breise chun cinn freisin mar gheall ar scóip an phróisis cheapacháin a fhorbairt i gcás na gconraitheoirí nua agus ceapadh na gconraitheoirí sin. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

33 Scoil Speisialta an Teaghlaigh Ró-Naofa, Muinchille, Co. an Chabháin

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €502,000

Táillí seirbhíse agus fóntas, go príomha, ba chúis leis an méadú €225,000 ar cheangaltais. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

38 Gairmscoil Mhuire, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €614,000

Le cosán sealadach a suiteáladh chun sábháilteacht scoláirí a chinntiú ar oscailt na scoile agus iad ag fanacht le droichead coise a bhí á sholáthar ag Comhairle Contae na Gaillimhe a bhain an méadú €390,000 ar cheangaltais agus áiríodh ann slándáil, fálú, athruithe ar leagan amach seomraí agus táillí breise don fhoireann dearaidh. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

39 Pobalcholáiste Lusca, Lusca, Co. Bhaile Átha Cliatha

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €1.095 milliún

Orduithe athraithe a bhain le cóiríocht shealadach bhreise a sholáthar, aonad riachtanas speisialta a leathscinceáil, aláram dóiteáin atá ann san fhoirgneamh a uasghrádú móide brathadóirí deataigh a sholáthar, úsáid seomra a athrú ó fhoirgníocht go miotalóireacht agus ithir agus brablach a dhiúscairt ón láithreán, go príomha, ba chúis leis an méadú €1.028 milliún ar chaiteachas. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachais bhreise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

40 Coláiste Dáibhís, Mala, Co. Chorcaí

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €1.958 milliún

Orduithe athraithe a bhain le dálaí láithreáin gan choinne agus fadhbanna a bhain le séarachas, bainistíocht tráchta, tírdhreachú, soláthar siúlbhealaí agus oibreacha breise eile, go príomha, ba chúis leis an méadú €1.725 milliún ar cheangaltais. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

41 Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €1.351 milliún

Orduithe athraithe maidir le dálaí talún gan choinne agus fadhbanna le fóntais ba chúis leis an méadú €413,000 ar cheangaltais. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

44 Scoil Náisiúnta Buachaillí Naomh Columba, Dúghlas Thiar, Co. Chorcaí

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €2.684 milliún

Dámhachtain idir-réitigh, maidir le héilimh faoi dhíospóid a bhain go príomha le cruach struchtúrach, athruithe ar obair bríce, tochailtí breise mar gheall ar dhálaí talún agus míreanna ginearálta eile, go príomha, ba chúis leis an méadú €2.593 milliún ar cheangaltais. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

45 Scoil Phádraig, Bohreen Hill, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €1.337 milliún

Orduithe athraithe a bhain le linn snámha hidriteiripe a sholáthar, seomra fisiteiripe a athlonnú, painéil radanta agus braiteoirí CO_2 a shuiteáil agus giarsaí dín a thrasnú agus táillí foirne dearaidh breise, go príomha, ba chúis leis an méadú €997,000 ar cheangaltais. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

48 Iar-bhunscoil Shoird, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €5.053 milliún

Costais a bhaineann le cóiríocht eatramhach a shuiteáil, bonneagar bóithre, lena n-áirítear athruithe ar leagan amach seomraí, pointí sonraí breise, draenáil talún bhreise agus balla clár adhmaid, go príomha, ba chúis leis an méadú €4.848 milliún ar cheangaltais. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

49 Pobalcholáiste an Náis, an Nás, Co. Chill Dara

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €644,000

Táillí foirne dearaidh méadaithe a d'éirigh as cléireach oibreacha a áireamh don tionscadal, go príomha, ba chúis leis an méadú €256,000 ar cheangaltais. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

51 Páirc na nGrás, Scoil Náisiúnta Fhoghlaim le Chéile, Droim Conrach, BÁC 9

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €2.035 milliún

Scoil shealadach a sholáthar/a shuiteáil ar an láithreán, lena n-áirítear cumraíocht, tógáil, ligean ar cíos, baint ó chéile an láithreáin, mar aon le hathlonnú na cóiríochta a bhí riachtanach chun carrchlós sealadach nua na scoile a thógáil, ceangail a dhéanamh le soilsiú sráide agus ceangal uisce, go príomha, ba chúis leis an méadú €1.795 milliún ar cheangaltais. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

52 Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin, Carraig Uí Leighin, Co. Chorcaí

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €1.909 milliún

Bhain an méadú €1.753 ar cheangaltais go príomha le horduithe athraithe maidir le dálaí talún agus fadhbanna dearaidh gan choinne. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

60 Pobalcholáiste Naomh Colmán, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €511,000

Toradh díreach ar an gconradh seo a bheith ina chonradh um chríochnú oibreacha mar ar leachtaíodh an conraitheoir roimhe seo a bhí sa mhéadú €365,000 ar cheangaltais. I measc na gcostas breise a tháinig chun cinn bhí fadhbanna gan choinne a sainaithníodh le linn na gconarthaí agus roimh ré, agus an riosca a ghabh leis an gconraitheoir nua a bheith ag gabháil air féin an conradh seo a chomhlíonadh. Tháinig táillí foirne dearaidh breise chun cinn freisin mar gheall ar scóip an phróisis cheapacháin a fhorbairt i gcás an chonraitheora nua agus ceapadh an chonraitheora sin. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

61 Coláiste Ráth Tó, Ráth Tó, Co. na Mí

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €5.422 milliún

Toradh díreach ar an gconradh seo a bheith ina chonradh um chríochnú oibreacha mar ar leachtaíodh an conraitheoir roimhe seo a bhí sa mhéadú €5.326 milliún ar cheangaltais. I measc na gcostas breise a tháinig chun cinn bhí fadhbanna gan choinne a sainaithníodh le linn na gconarthaí agus roimh ré, agus an riosca a ghabh leis an gconraitheoir nua a bheith ag gabháil air féin conradh seo a chomhlíonadh. Tháinig táillí foirne dearaidh breise chun cinn freisin mar gheall ar scóip an phróisis cheapacháin a fhorbairt i gcás an chonraitheora nua agus ceapadh an chonraitheora sin. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

62 Scoil Uí Mhuirí, Dún Léire, Co. Lú

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €1.443 milliún

Toradh díreach ar an gconradh seo a bheith ina chonradh um chríochnú oibreacha a bhí sa mhéadú €1.367 milliún ar cheangaltais. D'eascair costais bhreise as fadhbanna a sainaithníodh le linn an chonartha um chríochnú agus roimh ré, lena n-áirítear míreanna a fágadh ar lár ón gconradh bunaidh a chur leis, agus an riosca a ghabh leis an gconraitheoir nua a bheith ag gabháil air féin an conradh seo a chomhlíonadh. Tháinig táillí foirne dearaidh breise chun cinn freisin mar gheall ar scóip an phróisis cheapacháin a fhorbairt i gcás an chonraitheora nua agus ceapadh an chonraitheora sin. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

63 Pobalcholáiste Naomh Conleth, Droichead Nua, Co. Chill Dara

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €758,000

Socrú ar na héilimh chuntas deiridh a cuireadh isteach maidir leis na hoibreacha sin, go príomha, ba chúis leis an méadú €677,000 ar cheangaltais. Cuirtear an méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach síos do chaiteachas breise neamhcheangailte a tabhaíodh in 2020 freisin.

Aguisín C Nóta Eolais ar Thionscadail Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPPanna)

Ag deireadh 2020, bhí sé chonradh ag an Roinn chun cóiríocht oideachais a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil faoi shamhail na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP). Socruithe struchtúrtha is ea CPPanna idir comhlachtaí earnála poiblí agus infheisteoirí earnála príobháidí ar mhaithe le tionscadail bhonneagair a sholáthar a chuirfí ar fáil, murach iad, trí shásraí traidisiúnta soláthair, agus an caiteachas gaolmhar tógála ar fad le híoc roimh ré. Íocann an Roinn na costais i bhfoirm Muirir Aonadaigh mhíosúil thar 25 bliana, agus bíonn an chéad Mhuirear Aonadach iníoctha a luaithe a bhíonn an tógáil críochnaithe.

Go dtí seo, ba é an tairgeoir roghnaithe a rinne tionscadail CPP oideachais a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil (DBFM).

Tá sé thionscadal scoile ann – Treoirscoileanna, agus Beartáin Scoileanna 1, 2, 3, 4 agus 5. Tá soláthar do thréimhse oibríochtúil 25 bliana i gceist i ngach ceann de na sé chonradh. Beidh na foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit ar feadh ré an chonartha, agus deonófar ceadúnas don Chuideachta CPP chun na saoráidí a thógáil agus a chothabháil ar feadh tréimhse 25 bliana.

Na Cúig Threoirscoil CPP

Tá na cúig iar-bhunscoil sa bheartán Treoirscoileanna CPP lonnaithe i nDún Mánmhaí agus i mBaile an Chollaigh, Co. Chorcaí, i dTobar an Choire, Co. Shligigh; i gCluain Eois, Co. Mhuineacháin, agus i Sionainn, Co. an Chláir. Rinneadh an conradh i leith na gCúig Threoirscoil CPP a shíniú le Jarvis Projects Ltd i Samhain 2001. Thosaigh tréimhse oibriúcháin na scoileanna in Eanáir 2003.

An Chéad Bheartán Scoileanna CPP

Conradh chun na ceithre bhunscoil iar-bhunscoile atá lonnaithe i bPort Laoise, Co. Laoise (dhá scoil) a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú; Síníodh Banagher agus Ferbane (an dá cheann i gContae Uíbh Fhailí) le Maquarie Partnerships d'Éirinn i Márta 2009. Tháinig na ceithre scoil i bhfeidhm i Meán Fómhair 2010.

An Dara Beartán Scoileanna CPP

Is i Meitheamh 2010 a síníodh conradh le Maquarie Partnerships for Ireland chun cúig iar-bhunscoil agus bunscoil amháin a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú i dTeampall Bheirchín, Co. Chill Mhantáin; i mBaile Átha Buí, Co. na Mí; i mBaile Chill Dara, Co. Chill Dara; i Mainistir na Féile, Co. Luimnigh; agus i mBeanntraí, Co. Chorcaí (dhá scoil). Thosaigh gach ceann de na scoileanna sin ag feidhmiú idir Márta agus Bealtaine 2011.

An Tríú Beartán Scoileanna CPP

Seacht n-iar-bhunscoil agus bunscoil amháin atá sa Tríú Beartán Scoileanna CPP. Tá siad suite i mBéal an Átha Móir, Co. Liatroma; i Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall; i nGuaire, Co. Loch Garman; i nDabhach Uisce, Co. na Gaillimhe (2 scoil); i nDún Bleisce, Co. Luimnigh; i dTrá Mhór, Co. Phort Láirge; agus i mBaile Átha Luain, Co. na hIarmhí. Is i Samhain 2012 a síníodh conradh le BAM PPP PGGM Infrastructure Cooperative UA chun na scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú agus a chothabháil. Thosaigh gach ceann de na hocht scoil sin ag feidhmiú idir Samhain 2013 agus Bealtaine 2014.

An Ceathrú Beartán Scoileanna CPP

Ceithre iar-bhunscoil atá sa Cheathrú Beartán Scoileanna CPP. Tá siad suite ar an Tullach, Co. an Chláir; i Sciobairín, Co. Chorcaí; i nDún Dealgan, Co. Lú; agus i gCarraig na Siúire, Co. Thiobraid Árann. Is i Nollaig 2014 a síníodh conradh le CPP BAM chun ceithre iar-bhunscoil a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú agus a chothabháil. Thosaigh gach ceann de na scoileanna sin ag feidhmiú idir Márta agus Bealtaine 2016.

An Cúigiú Beartán Scoileanna CPP

Tá ceithre iar-bhunscoil, bunscoil amháin agus coláiste breisoideachais amháin sa chúigiú Beartán CPP. Tá siad suite i gCeatharlach (scoil amháin agus Coláiste Breisoideachais amháin); igCeanannas, Co. na Mí, i mBré, Co. Chill Mhantáin (dhá scoil); agus i Loch Garman. In Iúil 2016, síníodh conradh le Inspired Spaces Bundle 5 (Ireland) Ltd. chun na scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil. Cuireadh tús feidhme leis an tseirbhís in dhá scoil i mBré agus i gceann amháin i Loch Garman in 2018. Cuireadh tús leis an tseirbhís sa scoil i gCeanannas i Meitheamh 2019 agus bhain an scoil eile a bhí fágtha agus an institiúid breisoideachais i gCeatharlach tús seirbhíse amach in Iúl agus i Lúnasa 2019 faoi seach.

Aguisín D Maoiniú díreach ó Vóta 26 do Bhoird Oideachais agus Oiliúna (de réir fo-mhírchinn)

Liostaítear sa tábla seo a leanas an maoiniú díreach a tugadh do Bhoird Oideachais agus Oiliúna i rith 2020 de réir fo-mhírchinn, agus suimeanna comparáideacha do 2019 tugtha.

		2020 Suim an mhaoinithe don Bhord €000	2019 Suim an mhaoinithe don Bhord €000
Clár A - Oideachas chéad leibhéil, oideachas dara leibhéal agus oideachas sna luathbhlianta			
A.3	Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) do bhunmhúinteoirí	25	85
A.5	Deontais do Bhoird Oideachais agus Oiliúna i ndáil le tuarastail mhúinteoirí na mBord	628,141	727,743
A.6	Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) do chúntóirí riachtanas speisialta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna	45,227	40,594
A.7	Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) do bhaill foirne neamhtheagaisc i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (gan cúntóirí riachtanas speisialta a chur san áireamh)	82,434	78,928
A.8	Pinsin na mBord Oideachais agus Oiliúna	—	243
A.9	Seirbhísí iompair scoile	610	738
A.10	Deontais (lena n-áirítear caipitíocht) is iníoctha le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna, le Boird Oideachais agus Oiliúna agus le heagraíochtaí agus institiúidí oideachais eile	101,873	83,374
A.11	Deontais do chomhlachtaí oideachais a oibríonn sna hearnálacha bunscoile agus iar-bhunscoile	380	382
A.12	Oideachas múinteoirí	2,079	1,948
A.14	Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha	18,602	9,045
A.15	Bonneagar bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna	169,022	92,250
A.16	Costais comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí	12	665
Móriomlán deontais a íocadh le Boird Oideachais agus		**1,048,405**	**1,035,995**

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 27

Comhar Idirnáisiúnta

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 27, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 ar chúnamh forbartha oifigiúil ar leith, lena n-áirítear deontais ar leith, agus ar ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta ar leith atá rannpháirteach i gcúnamh forbartha agus ar thuarastail agus caiteachais i ndáil leo sin.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €3.029 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntas leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Sócmhainní caipitil

Tá luach seilbhe na talún agus na bhfoirgneamh atá san áireamh i ráiteas na sócmhainní caipitil bunaithe ar luachálacha a cuireadh i gcrích in 2005 arna gcoigeartú leis na nithe seo a leanas:

- feabhsuithe ar thalamh agus ar fhoirgnimh ó 2005, atá léirithe ar chostas
- talamh agus foirgnimh a fuarthas ó 2005, atá léirithe ar chostas chomh maith.

Dímheas

Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas.

Idirbhearta malairte eachtraí

Aistrítear idirbhearta a rinneadh in airgeadraí eachtracha go euro ag an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta an ghlanta. Ag leibhéal misin na tíre cláir, aistrítear idirbhearta a rinneadh in airgeadraí eachtracha go euro ag ráta malairte an mhargaidh a bhí i bhfeidhm ag tús na míosa sin.

Aisíocaíochtaí deontas

Déantar deontais a maoiníodh ón gciste um chomhar déthaobhach agus cúnamh daonnúil a aisíoc leis an gciste nuair a fhaightear iad.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím go bhfuil de fhreagracht orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais ar bun agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte comhlíonta agam i ndáil le seirbhís chomhroinnte acmhainní daonna a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Roinn seo.

Is mar seo a leanas atá an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun chinntiú go ndéanfar gníomh ceartaitheach iomchuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ar bun chun comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá doiciméadú á dhéanamh ar nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó,
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Dearbhaím go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta agus go háirithe:

- go bhfuil córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- go mbíonn athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí,
- go bhfuil córas bainistíochta riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- go bhfuil córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistíochta tionscadail foirmeálta

- go gcinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, rud a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Comhlíonadh rialacha soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte. Ní raibh aon chonradh i gceist a measadh a bheith neamhiomaíoch agus neamhchomhlíontach.

Tá sonraí tugtha ag an Roinn ar chonarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Rioscaí móra airgeadais

Baineann rioscaí dúchasacha le cúnamh forbartha agus aithním na rioscaí sin agus déanaim iarracht iad a bhainistiú agus a mhaolú. Tá rialuithe láidre i bhfeidhm ag an gceannoifig, mar atá leagtha amach thuas, agus cuireann na rialuithe seo a leanas leo i dtíortha comhpháirtíochta, mar atá leagtha amach thíos.

Timpeallacht rialaithe inmheánaigh a fheabhsú

Chomh maith leis na rialuithe atá i bhfeidhm ag an gceannoifig, tá na rialuithe seo a leanas i bhfeidhm i dtíortha comhpháirtíochta chun na rioscaí dúchasacha i gcúnamh forbartha a mhaolú.

- Chomh maith leis an Ambasadóir, tá Ceann Forbartha, atá freagrach as an gclár cúnaimh a bhainistiú, ag gach ambasáid.
- Chomh maith leis an Ambasadóir agus an Ceann Forbartha, cuimsítear speisialtóirí forbartha agus bainisteoirí/comhairleoirí cláir atá cuícháilithe agus a bhfuil taithí acu i struchtúr bainistíochta na hambasáide.
- Tá próiseas ceadaithe agus pleanála beacht ilbhliantúil ann do gach clár tíre, lena n-áirítear forbairt a dhéanamh ar straitéis misin a chuimsíonn leasanna polaitíochta, trádála agus forbartha na hÉireann i ngach cás. Déantar gach straitéis misin a mheas ina tús trí phróiseas dearbhaithe cáilíochta seachtrach neamhspleách (EQA) sula gceadaítear í; tá gach straitéis misin faoi réir próiseas athbhreithnithe lár téarma chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcomórtas le cuspóirí agus spriocanna; agus déantar gach straitéis misin a mheas trí athbhreithniú neamhspleách deiridh roimh an gcéad timthriall straitéise eile.
- Tá próisis bhliantúla láidre pleanála gnó i bhfeidhm ag gach misean, lena n-áirítear rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú maidir le cur i bhfeidhm plean gnó, agus tá rialuithe i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú. Déantar pleananna gnó agus cláir rioscaí a fhorbairt i gcomhairle leis an gceannoifig agus déantar monatóireacht orthu agus déantar iad a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil. Tuairiscítear rioscaí suntasacha misin don Choiste Bainistithe Bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta ar aon dul le Beartas Bainistíochta Riosca na Roinne.

- Tá feidhm airgeadais ar bun go háitiúil ag gach ambasáid, atá faoi cheannas ag ceann airgeadais cuícháilithe a thuairiscíonn don Ambasadóir agus don Rannán Airgeadais sa cheannoifig araon.
- Tá lámhleabhar nósanna imeachta airgeadais i bhfeidhm ina leagtar amach go mion na nósanna imeachta atá le leanúint i ndáil le gach idirbheart riaracháin agus gach idirbheart a bhaineann le deontais.
- Tá iniúchóirí inmheánacha i bhfeidhm i ngach ambasáid, atá freagrach don Ambasadóir, agus tugtar faoina gcuid oibre iniúchóireachta inmheánaí mar chuid de straitéis fhoriomlán iniúchóireachta inmheánaí/plean gnó foriomlán iniúchóireachta inmheánaí na Roinne atá faoi bhainistiú ag an Aonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta. Déanann an tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta maoirseacht ar an obair agus cinntíonn sé go ndéantar an obair de réir na gCaighdeán Iniúchóireachta Inmheánaí a nglactar leo go hidirnáisiúnta.

Ina theannta sin, maidir le híocaíochtaí ceannoifige do chúnamh forbartha thar lear (lena n-áirítear maoiniú daonnúil, maoiniú iltaobhach agus maoiniú sochaí sibhialta), tá meicníochtaí pleanála gnó láidre i bhfeidhm, lena n-áirítear an buiséad foriomlán a cheadú ag an gCoiste Idir-rannach um Chúnamh Forbartha, monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas ag an nGrúpa Bainistíochta Sinsearaí ar bhonn míosúil agus nósanna imeachta láidre bainistíochta deontais roimh an íocaíocht agus ina diaidh.

Leagtar béim leanúnach ar a chinntiú go bhfuil córas bainistíochta riosca láidir i bhfeidhm ar fud an chláir cúnaimh, lena n-áirítear rialuithe chun an bhainistíocht a chur ar an eolas maidir le hathruithe sa phróifíl riosca a bhraitear i ndáil le haon ghné den chlár ionas gur féidir gníomh cuí a dhéanamh a luaithe agus is féidir.

Úsáidtear an gnáthchur chuige maidir le bainistíocht deontais chun na deontais ar fad a bhronnadh, agus ba cheart go gcinnteodh sin comhsheasmhacht maidir le cur chuige i leith bainistíocht deontais ar fud an chláir.

Táim tiomanta dá chinntiú go leanfaimid orainn ag neartú ár gcóras sainaitheanta agus bainistíochta riosca agus go leanfar ag déanamh monatóireachta agus iniúchta leis an mbaol go mbainfí mí-úsáid as cistí amach anseo a íoslaghdú.

Mar thoradh ar phaindéim Covid-19, thosaigh an tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta, chomh maith le foireann na Roinne, ag obair go cianda i mí an Mhárta 2020 ó tharla gur cuireadh an taisteal ar fad ar ceal. Bhain srianta leis sin maidir leis an gcaoi a bhféadfaí obair an Aonaid a chur i gcrích. I mí na Bealtaine 2020, cheadaigh mé plean oibre athbhreithnithe rioscabhunaithe an Aonaid, ina ndearnadh tosaíochtaí na bliana a athshocrú, lena n-áirítear béim níos mó ar obair chomhairleach gnó i bhfíor-am. Soláthraíodh an plean oibre athbhreithnithe sin go cianda agus cuireann cur chuige nua, cur chuige a d'fhéadfadh a bheith níos éifeachtúla, ar fáil i dtaobh obair meastóireachta agus iniúchóireachta, a fhorlíontar le cuairteanna fisiciúla nuair is féidir.

Ceangaltais deontais

Tá an Roinn i mbun próiseas chun córas bainistíochta deontais a fhorbairt a mbeidh sé mar aidhm leis gach ceangaltas deontais a rianú agus faisnéis suas chun dáta a chur ar fáil maidir le spriocanna na Roinne i ndáil le ceangaltais chonartha den sórt sin. Nuair nach bhfuil córas den chineál sin ann, ní fhéadfaí an nochtadh mionsonraithe atá á lorg sna cuntais leithreasa i ndáil le ceangaltais deontais a mheas. Tá meastachán maidir leis na hoibleagáidí gan íoc ag an 31 Nollaig 2020 curtha ar fáil i Nóta 2.6, áfach.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a shainaithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá le sárú ag an Roinn agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir tábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go ráithiúil. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Déanann an tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta athbhreithnithe tréimhsiúla chomh maith ar chóras bainistíochta riosca na Roinne mar chuid dá phlean ilbhliantúil iniúchóireachta inmheánaí.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh do bhaill foirne shonracha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl go tráthúil dóibhsean atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara sainaitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Paindéim Covid-19

Tugadh faoi mheasúnuithe ar thionchar Covid-19 in Éirinn agus i misin thar lear.

Ó thús ghéarchéim Covid-19, táim ag déanamh monatóireacht ghéar ar na rioscaí a bhaineann leis an bpaindéim, rioscaí a imríonn tionchar ar oibriú na Roinne in Éirinn agus inár misin thar lear. Tá athbhreithniú déanta agam leis an mBord Bainistíochta ar na nósanna imeachta oibriúcháin chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin chomh maith le nósanna imeachta a chur in oiriúint do shocruithe agus do thacaíochtaí cianoibre ón gceanncheathrú. Cé go raibh tionchar diúltach ag na srianta ar fud an domhain ar roinnt clár agus seirbhísí, tá éileamh níos mó ann anois de bharr na paindéime ar sheirbhísí agus ar dheontais áirithe a chuireann páirtithe forbartha na Roinne ar fáil. Áiríodh san athbhreithniú ar nósanna imeachta oibriúcháin bearta riachtanacha a bhunú chun a chinntiú go leanfaí de sheirbhísí ríthábhachtacha a sholáthar, agus sláinte agus folláine na foirne á gcosaint, agus chun a chinntiú go gcomhlíonfaí srianta ábhartha sna dlínsí ina n-oibríonn an Roinn.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais a bhí le nochtadh sa chuntas leithreasa maidir le 2020.

Niall Burgess
Oifigeach Cuntasaíochta
Comhar Idirnáisiúnta

6 Iúil 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'fhorordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Táim neamhspleách ar an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus tá na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

12 Iúil 2021

Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta

Cuntas Leithreasa 2020

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Obair ar laghdú na bochtaineachta agus an ocrais	550,732	547,719	543,601
Ollchaiteachas		**550,732**	**547,719**	**543,601**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**1,030**	**1,046**	**1,186**
Glanchaiteachas		**549,702**	**546,673**	**542,415**

Farasbarr

Tá an farasbarr ar an méid a soláthraíodh thar an nglanmhéid a caitheadh le géilleadh don Státchiste.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**3,029,239**	**1,410,728**

Niall Burgess
Oifigeach Cuntasaíochta
Comhar Idirnáisiúnta

30 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costas an chláir		515,804	511,166
Pá		18,968	17,642
Neamhphá		12,947	14,793
Ollchaiteachas		**547,719**	**543,601**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**1,046**	**1,186**
Glanchaiteachas		**546,673**	**542,415**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(307)		
Dímheas	504		
Diúscairtí airgid thirim	45		
Brabús ar dhiúscairt	(43)		
		199	(180)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(43)		
Laghdú ar stoc	4	(39)	(401)
Caiteachas díreach		**546,833**	**541,834**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		27	23
Glanchostas an chláir		**546,860**	**541,857**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanmhéid caiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 27 a iompraíodh in áit eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	**27**	**23**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	11,623	11,819
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	6,826	6,105
Stoic		29	33
Réamhíocaíochtaí		1,652	2,004
Iarmhéideanna dochair eile		205	246
Glanmhaoiniú Státchiste	2.4	2,275	30
Iomlán na sócmhainní reatha		**10,987**	**8,418**
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe		125	520
Iarmhéideanna sochair eile	2.3	401	993
Ciste (deontas) um chúnamh déthaobhach agus cúnamh eile	7	8,905	5,388
Iomlán na ndliteanas reatha		**9,431**	**6,901**
Glansócmhainní reatha		1,556	1,517
Glansócmhainní		**13,179**	**13,336**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.5	**13,179**	**13,336**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Talamh agus foirgnimh	Trealamh	Troscán agus feistis	Feithiclí	Sócmhainní atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní						
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	10,487	1,884	802	3,097	—	16,270
Breiseanna	—	57	—	91	159	307
Diúscairtí	—	(42)	(14)	(116)	—	(172)
Coigeartuithe [a]	—	439	59	310	—	808
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	10,487	2,338	847	3,382	159	17,213
Dímheas carntha						
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	—	1,385	704	2,362	—	4,451
Dímheas don bhliain	—	188	15	301	—	504
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(42)	(14)	(114)	—	(170)
Coigeartuithe	—	436	59	310	—	805
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	—	1,967	764	2,859	—	5,590
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**10,487**	**371**	**83**	**523**	**159**	**11,623**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	10,487	499	98	735	—	11,819

Nóta [a] Le linn na bliana, aistríodh sócmhainní seasta a raibh costas €808,000 agus glanluach leabhair €3,000 ag dul leo ó Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha go Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta. Baineann siad sin le sócmhainní a maoiníodh go stairiúil ó Vóta 28.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	4,509	5,701
Iarmhéid an chuntais bainc tráchtála	158	64
Iarmhéideanna bainc agus airgid thirim an mhisin	2,159	340
	6,826	**6,105**

Ag an 31 Nollaig 2020, áirítear na hiarmhéideanna bainc agus airgid thirim uile de chuid gach misin sa nóta seo, agus ag an 31 Nollaig 2019, níor áiríodh ach iarmhéideanna bainc agus airgid na misean i dtíortha nach tíortha comhpháirtíochta.

2.3 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	132	97
Cáin bhreisluacha	26	8
	158	**105**
Iarmhéideanna sochair eile	243	888
	401	**993**

2.4 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	3,029	1,411
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(5,304)	(1,441)
Glanmhaoiniú Státchiste	**(2,275)**	**(30)**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	6,826	6,105
Iarmhéideanna dochair eile: fionraí	205	246
	7,031	6,351
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(158)	(105)
Iarmhéideanna sochair eile: fionraí	(243)	(888)
Ciste (deontas) um chúnamh déthaobhach agus cúnamh eile	(8,905)	(5,388)
	(9,306)	(6,381)
	(2,275)	**(30)**

2.5 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			13,336	12,755
Eisíocaíochtaí as an Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	549,702		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	3,029		
Glanvóta			546,673	542,415
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1		27	23
Caiteachas neamhairgid - sócmhainní caipitil			3	—
Glanchostas an chlár	1		(546,860)	(541,857)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**13,179**	**13,336**

2.6 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Soláthar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear ceangaltais cíosa	6,054	6,590
Cláir deontais neamhchaipitil	366,971	488,972
Iomlán na gceangaltas is infheidhmithe le dlí	**373,025**	**495,562**

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos san áireamh i gClár A chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	19,735	18,968	17,642
ii	Taisteal agus cothú	2,140	771	2,236
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	2,270	1,475	1,858
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	1,810	1,362	1,366
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	1,515	1,959	1,608
vi	Speansais i ndáil le háitreabh oifige	6,505	4,943	5,103
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	500	395	400
viii	Tacaí promóisin agus tacaí postála	2,450	2,042	2,222
		36,925	**31,915**	**32,435**

Difríochtaí suntasacha

Déantar anailís sa mhéid seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus déantar cur síos ar na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €2.14 milliún; toradh €771,000

Bhain an gannchaitheamh €1.369 milliún ar chaiteachas taistil agus cothaithe le taisteal a bheith i bhfad níos ísle ná mar a bhí beartaithe de bharr thionchar shrianta taistil Covid-19.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €2.27 milliún; toradh €1.475 milliún

Bhain an gannchaitheamh €795,000 ar chaiteachas oiliúna agus forbartha agus ar speansais theagmhasacha le laghdú ginearálta i ngníomhaíocht oibríochtúil ar fud na ceanncheathrún agus na misean mar thoradh ar shrianta oibriúcháin de bharr Covid-19.

iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Soláthar meastacháin €1.81 milliún; toradh €1.362 milliún

Bhain an gannchaitheamh €448,000 ar chaiteachas seirbhísí poist agus teileachumarsáide le moill a bhí ann ciorcaid chumarsáide nua a chur i bhfeidhm do roinnt misin.

v Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF

Soláthar meastacháin €1.515 milliún; toradh €1.959 milliún

Bhain an róchaiteachas €444,000 ar chaiteachas trealaimh oifige agus seirbhísí seachtracha TF le costais bhreise a tabhaíodh i dtaobh trealamh a chur ar fáil do mhisin chun rochtain chianda TFC a éascú d'fhonn tacú le soláthar seirbhíse i misin le linn shrianta oibriúcháin Covid-19.

Clár A Obair ar laghdú na bochtaineachta agus an ocrais

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
		€000		
A.1	Riarachán – pá	19,735	18,968	17,642
A.2	Riarachán - neamhphá	17,190	12,947	14,793
A.3	Comhar déthaobhach agus cúnamh daonnúil	415,131	414,013	411,086
A.4	Ranníocaíochtaí le cistí idirnáisiúnta chun leas na dtíortha i mbéal forbartha	56,724	57,137	59,459
A.5	Ranníocaíochtaí leis na Náisiúin Aontaithe agus gníomhaireachtaí forbartha eile	41,952	44,654	40,621
		550,732	**547,719**	**543,601**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €3.013 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhí gannchaitheamh €5.01 milliún ann a bhain le riarachán agus tá sin mínithe cheana. Rinneadh sin a fhritháireamh trí chaiteachas cláir breise, de bharr na nithe seo a leanas den chuid is mó.

A.5 Ranníocaíochtaí leis na Náisiúin Aontaithe agus tíortha i mbéal forbartha eile

Soláthar meastacháin €41.952 milliún; toradh €44.654 milliún

Bhain an róchaiteachas €2.702 milliún ar chaiteachas ar ranníocaíochtaí leis na Náisiúin Aontaithe agus tíortha i mbéal forbartha eile le ranníocaíochtaí breise le UNICEF, Ciste na Náisiún Aontaithe um Chothú na Síochána agus le Comhordaitheoir Cónaithe na Náisiún Aontaithe mar gheall ar mhaoiniú breise a iarraidh in 2020.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Leithreasaí-i-gcabhair	450	537	657
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	580	509	529
	Iomlán	**1,030**	**1,046**	**1,186**

Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

5.1 An líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon foirne ag deireadh na bliana	**570**	**560**

Athluadh an líon foirne ag deireadh na bliana 2019 chun críocha inchomparáideachta chun an fhoireann ar fad, lena n-áirítear foireann atá leithdháilte ar an gclár sna misin, a chur san áireamh.

5.2 Pá

	2020 €000	2019 €000
Pá	17,096	15,981
Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	21	24
Liúntais eile	46	29
Ragobair	24	46
ÁSPC an fhostóra	1,296	1,148
Leas sóisialta eachtrach agus costais eile	485	414
Pá iomlán [a]	**18,968**	**17,642**

Nóta [a] Chomh maith leis sin, muirearaítear costais na foirne cláir sna misin chuig costas an chláir agus muirearaítear costais na foirne slándála sna misin chuig costais slándála faoi speansais theagmhasacha.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó	
			2020 €	2019 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	3	1	10,546	19,585
Liúntais eile	16	—	8,407	7,526
Ragobair	3	—	8,730	11,813
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	2	3	13,582	14,286

5.4 Socruithe eile luach saothair

Athfhostaíodh seisear státseirbhíseach ar scor agus iad ag fáil pinsean státseirbhíse ar bhonn táille ag costas iomlán €18,388.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2020 €	2019 €
Ró-íocaíochtaí	6	21,860	34,922
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	5	17,048	18,862

Rinneadh dhá phlean aisghabhála ró-íocaíochtaí i ndáil le beirt aonair, arbh ionann a luach agus €3,706, a aistriú chuig comhlachtaí rialtais eile le linn na bliana.

5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta a raibh luach €8,352 orthu agus scaoilíocaíochtaí arbh fhiú €14,790 iad le linn na bliana 2020 le beirt bhall foirne ar cuireadh deireadh lena gcuid fostaíochta.

Íocadh íocaíocht iomarcaíochta arbh fhiú €28,838 í le ball foirne amháin a bhí fostaithe go háitiúil ag ambasáid thar lear.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Ranníocaíochtaí leis na Náisiúin Aontaithe agus le gníomhaireachtaí forbartha eile (A.5)

	2020 €000	2019 €000
Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP)	7,750	7,750
Ciste Leanaí na Náisiún Aontaithe (UNICEF)	8,200	7,200
Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR)	9,000	9,000
Ciste Daonra na Náisiún Aontaithe	3,500	3,500
Oifig Ard-Choimisinéara na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine	2,000	2,300
UNAIDS	2,400	2,400
Ciste Forbraíochta na Náisiún Aontaithe do Mhná (UNIFEM)	1,500	1,500
Ciste Iontaobhais Ginearálta na Náisiún Aontaithe	1,100	50
Eagraíocht Forbartha Tionscail na Náisiún Aontaithe	345	279
Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear (UNWRA)	6,000	5,000
Ciste na Náisiún Aontaithe um Chothú na Síochána	750	—
Ciste Iontaobhais Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP)	100	300
Oibrithe deonacha na Náisiún Aontaithe	1,100	600
Eile - éagsúil	909	742
	44,654	**40,621**

Nóta 7 Ciste (deontas) um chomhar déthaobhach agus comhar eile

Cuntas fáltais agus íocaíochtaí i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2020

	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	5,388	6,616
Deontas	414,013	411,086
Suimeanna a aisghabhadh i rith na bliana	623	1,470
Caiteachas don bhliain	(412,562)	(413,784)
Iarmhéideanna bainc i seilbh misin	1,443	—
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**8,905**	**5,388**

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 28

Gnóthaí Eachtracha

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 28, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Gnóthaí Eachtracha agus ar sheirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, lena n-áirítear deontais agus ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €8.812 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Aistriú feidhmeanna

Rinneadh an cuntas a ullmhú de réir na *Meastachán Athbhreithnithe Breise i gcomhair Seirbhísí Poiblí 2020*, agus cuireadh san áireamh sna meastacháin gur athraíodh teideal na Roinne ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chuig an Roinn Gnóthaí Eachtracha le héifeacht ón 24 Meán Fómhair 2020 (I.R. 382 de 2020).

Cuireadh aistriú feidhmeanna áirithe riaracháin agus aireachta ón Roinn Gnóthaí Eachtracha chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (I.R. 381 de 2020) san áireamh sna *Meastacháin Athbhreithnithe Bhreise 2020 freisin.*

Áiríodh ar an aistriú feidhmeanna

- an Chomhairle Trádála Easpórtála (ar tugadh an Chomhairle um Thrádáil Eachtrach uirthi roimhe seo) a bhainistiú agus cathaoirleacht a dhéanamh uirthi
- coimisiúin chomhpháirteacha eacnamaíochta a thionól, cathaoirleacht a dhéanamh orthu agus iad a bhainistiú, agus
- coimisiúin chomhpháirteacha eacnamaíochta nua a fhorbairt, nuair ba chuí

Maidir leis na feidhmeanna a aistríodh chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, aistríodh trí phost ón Roinn Gnóthaí Eachtracha.

Ag teacht leis na socruithe cuntasaíochta atá leagtha amach ag Rannóg Cuntasaíochta an Rialtais sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tugtar léiriú sna *Meastacháin Athbhreithnithe Bhreise 2020* ar aistriú fheidhmeanna na Roinne ar bhonn bliana iomláine. Léirítear sa chuntas leithreasa freisin, a chaithfidh foirm agus leagan amach an mheastacháin ábhartha a leanúint, na haistrithe feidhmeanna thuas ar bhonn bliana iomláine.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta a maidir le cuntais leithreasa a ullmhú, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Sócmhainní caipitil

Tá luach seilbhe na talún agus na bhfoirgneamh atá san áireamh i ráiteas na sócmhainní caipitil bunaithe ar luachálacha a cuireadh i gcrích in 2005 arna gcoigeartú mar seo a leanas

- tá feabhsuithe ar thalamh agus ar fhoirgnimh ó 2005 léirithe ar chostas
- tá talamh agus foirgnimh atá faighte againn ó 2005 léirithe ar chostas chomh maith
- tá trí mhaoin misin san áireamh ar bhonn athluachálacha a cuireadh i gcrích in 2011.

Dímheas

Déantar dímheas a ríomh ar bhonn bliantúil chun críche an chuntais seo.

Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas.

Idirbhearta malairte eachtraí

Aistrítear idirbhearta a dhéantar in airgeadraí eachtracha go Euro ag ráta malairte an mhargaidh atá i réim ag tús gach míosa. Déantar idirbhearta malairte eachtraí a dhéanann an cheanncheathrú a thaifeadadh ag an ráta ag an dáta a glanadh an t-idirbheart.

Fabhruithe, réamhíocaíochtaí, ceangaltais agus stoic ag misin taidhleoireachta

Ní áirítear sna figiúirí maidir le fabhruithe, réamhíocaíochtaí, ceangaltais agus stoic aon suimeanna maidir le misin taidhleoireachta na Roinne seachas iad siúd a bhaineann le maoin ar cíos.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím go bhfuil de fhreagracht orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais ar bun agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go seachnaítear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte comhlíonta agam i ndáil leis an bhfeidhm párolla agus acmhainní daonna a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Roinn seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun a chinntiú go ndéanfar gníomh ceartaitheach cuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ar bun chun comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá na nósanna imeachta do gach príomhphróiseas ghnó doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Dearbhaím go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm. Áirítear ann na nithe seo a leanas ach go háirithe:

- déantar dualgais a dheighilt agus tá córas tarmligin agus cuntasachta ann
- tá córas buiséadaithe cuí ann, le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- tá athbhreithnithe rialta ag bainistíocht shinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha
- tá córas bainistíochta riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistithe tionscadail i bhfeidhm

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Féachtar leis na pleananna bliantúla na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá próiseas foirmeálta i bhfeidhm chun gníomh leantach a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí ó thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas i gcás naoi gconradh (2019: 16) dar luach iomlán €1,016,608 (2019: €1,447,193). Tá sonraí leagtha amach thíos:

- Cuireadh síneadh le trí chonradh (2019: cúig chonradh) dar luach €580,611 (2019: €774,742) níos faide ná dáta an bhunchonartha gan próiseas iomaíoch, go príomha fad is atá socruithe athbhreithnithe á gcur i bhfeidhm ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Cuireadh tús le próiseas tairisceana na hOifige um Sholáthar Rialtais maidir leis na conarthaí sin i ráithe 1 de 2021.

- Rinneadh dhá chonradh (2019: sé chonradh) dar luach €234,214 (2019: €395,569) a dhámhachtain roimhe seo faoi phróiseas iomaíoch ach cuireadh síneadh leo fad is a bhí socruithe athbhreithnithe á gcur i bhfeidhm ag an Roinn.
- Rinneadh ceithre chonradh (2019: cúig chonradh) dar luach €201,783 (2019: €276,882) a dhámhachtain cheana ach sháraigh siad na tairseacha cuí ar ghá próiseas iomaíoch a sheoladh ina leith. Lorgófar tairiscintí i leith na gconarthaí sin le linn na bliana 2021.

Tá sonraí tugtha ag an Roinn ar chonarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Sócmhainní caipitil

Le linn iniúchtaí le gairid, thuairiscigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar laige a bheith i gclár sócmhainní seasta na Roinne.

I rith na mblianta 2019 agus 2020, tugadh faoi athbhreithniú iomlán ar na cláir sócmhainní seasta domhanda ar fad atá ag an Roinn. Rinneadh an t-athbhreithniú sin chun an t-eolas atá taifeadta i gcláir sócmhainní seasta na Roinne a thabhairt cothrom le dáta agus chun cur leis an eolas agus chun iad a réiteach leis an gcomhordú trialach. Aithníodh sócmhainní nach bhfuil in úsáid a thuilleadh tríd an tionscadal chomh maith le míreanna a bhí aicmithe go mícheart ina sócmhainní seasta a bhí le baint de na cláir agus den chomhardú trialach (tá sonraí an choigeartaithe léirithe i Nóta 2.1). Faoin athbhreithniú, fuarthas roinnt sócmhainní a bhí san áireamh ar chlár sócmhainní seasta Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha atá inchurtha i gceart i leith Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta. Bhí an chuid is mó de na sócmhainní stairiúil agus dímheasta go hiomlán.

Comhlíonadh cánach misean

Is é polasaí na Roinne na hoibleagáidí áitiúla cánach agus árachais shóisialaigh sna háiteanna ina mbíonn misin lonnaithe a chomhlíonadh. Déanann an Rannán Acmhainní Daonna agus an Rannán Airgeadais oibleagáidí cánach na dtíortha óstacha a athbhreithniú ar bhonn leanúnach trí athbhreithniú deisce ó fhoirne ag an gceanncheathrú agus trí chuairteanna misin rialta. Chomh maith leis sin, áirítear athbhreithniú ar chomhlíonadh cánacha áitiúla in athbhreithniú iniúchóireachta inmheánaí gach misean i bhfeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne. Áiríonn an Roinn oiliúint ar rialacha cánach áitiúla mar chuid dá clár oiliúna do bhaill foirne sula dtéann siad ar phostuithe thar lear.

Le linn cuairt misin, d'aithin an Roinn gur theip ar dhá mhisean, sa tír chéanna, cánacha ioncaim párolla áitiúla a chomhlíonadh go hiomlán. Rinne an Roinn, i ndiaidh di comhairle dlí agus cánach a fháil, nochtadh deonach maidir leis an neamhchomhlíonadh sin chuig an údarás cánach náisiúnta ábhartha. Íocadh socraíocht arbh fhiú €432,000 í. Níor thabhaigh an Roinn aon phionóis ná ús. Tá an dá mhisean comhlíontach ó thaobh cánach de anois.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid agus is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá le sárú ag an Roinn agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir tábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go ráithiúil. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh do bhaill foirne shonracha. Déanann an tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta athbhreithnithe

tréimhsiúla chomh maith ar chóras bainistíochta riosca na Roinne mar chuid dá phlean ilbhliantúil iniúchóireachta inmheánaí.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl in am trátha dóibh sin atá freagrach as bearta ceartaitheacha a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

Paindéim COVID-19

Tugadh faoi mheasúnachtaí ar thionchar Covid-19 in Éirinn agus i misin thar lear.

Tá athbhreithniú déanta agam i gcomhar leis an mBord Bainistíochta ar na nósanna imeachta oibriúcháin chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin chomh maith leis na nósanna imeachta a chur in oiriúint do shocruithe agus do thacaí cianoibre ón gceanncheathrú. Cé go raibh tionchar diúltach ag na srianta ar fud an domhain ar roinnt clár agus seirbhísí, tá éileamh níos mó anois ann de bharr na paindéime ar sheirbhísí agus ar dheontais áirithe a chuireann an Roinn ar fáil. Ghlac an Roinn cur chuige cuimsitheach maidir le saoránaigh na hÉireann a aisdúichiú go luath sa bhliain 2020. Bhí an Roinn dírithe ar chuidiú le saoránaigh na tíre a mbíonn gnáthchónaí orthu in Éirinn filleadh ar an mbaile go sábháilte ar eitiltí tráchtála nuair ab fhéidir é sin a dhéanamh agus, sa chás nárbh fhéidir, ar eitiltí cairtfhostaithe aisdúichithe, sa chás go raibh siad ar fáil. Áiríodh san athbhreithniú ar nósanna imeachta oibriúcháin na bearta riachtanacha a shuí chun a chinntiú go leanfaí de sheirbhísí ríthábhachtacha a sholáthar, fad a chosnaítear sláinte agus folláine na foirne agus chun a chinntiú go gcomhlíonfaí srianta ábhartha sna dlínsí ina n-oibríonn an Roinn.

Mar thoradh ar phaindéim Covid-19, thosaigh an tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta, chomh maith le foireann na Roinne, ag obair go cianda i mí an Mhárta 2020 ó tharla gur cuireadh an taisteal ar fad ar ceal. Bhain srianta leis sin maidir leis an gcaoi a bhféadfaí obair an Aonaid a thabhairt chun críche. I mí na Bealtaine 2020, cheadaigh mé plean oibre athbhreithnithe rioscabhunaithe an Aonaid, ina ndearnadh tosaíochtaí na bliana a athshocrú, lena n-áirítear béim níos mó ar obair chomhairleach gnó i bhfíor-am. Cuireadh an plean oibre athbhreithnithe sin ar fáil go cianda agus cuireann cur chuige nua, cur chuige a d'fhéadfadh a bheith níos éifeachtúla, ar fáil i dtaobh obair meastóireachta agus iniúchóireachta, a fhorlíontar le cuairteanna fisiceacha nuair is féidir.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais maidir le 2020 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

Niall Burgess
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnóthaí Eachtracha

31 Lúnasa 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'fhorordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Táim neamhspleách ar an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus tá na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais nár comhlíonadh rialacha soláthair náisiúnta i gcásanna ábhartha maidir le conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2020.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

7 Meán Fómhair 2021

Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha

Cuntas Leithreasa 2020

		Soláthar meastacháin	2020 Toradh	2019 Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Freastal ar mhuintir na hÉireann sa bhaile agus thar lear agus an t-athmhuintearas agus an comhar a chur chun cinn (‘Ár nDaoine’)	85,184	80,756	78,039
B	Luachanna agus leasanna na hÉireann san Eoraip a chosaint agus a chur chun cinn (‘Ár nIonad san Eoraip’)	32,974	32,201	29,360
C	A bheith ag obair ar mhaithe le domhan níos cothroime, níos córa, níos sábháilte agus níos inbhuanaithe (‘Ár gCuid Luachanna’)	54,944	56,288	61,782
D	Cur le rathúnas na hÉireann ”trínár leasanna geilleagracha a chur chun cinn thar lear (‘Ár Rathúnas’)	44,325	37,251	41,476
E	Neartú a dhéanamh ar ár dtionchar agus ár n-acmhainn chun na spriocanna atá againn a bhaint amach (‘Ár dTionchar)	52,718	48,400	55,727
Ollchaiteachas		**270,145**	**254,896**	**266,384**
	Lúide			
F	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**44,701**	**38,264**	**69,213**
Glanchaiteachas		**225,444**	**216,632**	**197,171**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh thar an nglansuim a caitheadh dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

	2020 €	2019 €
Farasbarr le géilleadh	**8,811,952**	**15,329,537**

Niall Burgess
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnóthaí Eachtracha

31 Lúnasa 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costas an chláir		68,275	75,333
Pá		104,510	101,952
Neamhphá		82,111	89,099
Ollchaiteachas		**254,896**	**266,384**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**38,264**	**69,213**
Glanchaiteachas		**216,632**	**197,171**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin - airgead tirim	(1,522)		
Diúscairtí – airgead tirim	44		
Brabús ar dhiúscairtí	(44)		
Dímheas	3,413	1,891	(22)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(415)		
Méadú ar réamhíocaíochtaí deiridh	(4,285)		
Méadú ar stoc	(1,415)	(6,115)	(6,284)
Caiteachas díreach		**212,408**	**190,865**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		24,902	24,322
Measchíosanna		3,200	2,953
Glanchostas an chláir		**240,510**	**218,140**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 28 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	60	60
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	18,771	17,014
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	5,347	6,787
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	164	144
Vóta 20	Garda Síochána	194	309
An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí		382	372
Costais na seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile		(16)	(364)
		24,902	**24,322**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	166,885	168,527
Sócmhainní reatha			
Stoic	2.3	11,299	9,884
Réamhíocaíochtaí	2.4	15,088	10,803
Iarmhéideanna dochair eile	2.6	7,445	7,580
Iomlán na sócmhainní reatha		**33,832**	**28,267**
Lúide dliteanais reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	3,796	(1,306)
Speansais fhabhraithe	2.5	1,895	2,310
Iarmhéideanna sochair eile	2.7	2,887	2,968
Glanmhaoiniú Státchiste	2.8	762	5,918
Iomlán na ndliteanas reatha		**9,340**	**9,890**
Glansócmhainní reatha		24,492	18,377
Glansócmhainní		**191,377**	**186,904**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.9	**191,377**	**186,904**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Talamh agus foirgnimh	Mótarfheithiclí	Troscán agus Feistis	Trealamh oifige	Sócmhainní atá á bhforbairt [b]	Iomlán
		€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní						
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	159,293	2,972	45,676	79,478	1,942	289,361
Aistrithe ó shócmhainní atá á bhforbairt	—	—	—	1,634	(1,634)	—
Breiseanna	—	356	—	441	725	1,522
Diúscairtí	—	(178)	—	—	—	(178)
Coigeartú costais tionscadail sócmhainní seasta 2020 [a]	—	(145)	(37,570)	(18,268)	—	(55,983)
Aistrithe chuig Vóta 27	—	(310)	(59)	(439)	—	(808)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	**159,293**	**2,695**	**8,047**	**62,846**	**1,033**	**233,914**
Dímheas carntha						
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	—	2,246	44,970	73,618	—	120,834
Dímheas don bhliain	—	338	105	2,970	—	3,413
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(178)	—	—	—	(178)
Coigeartú dímheasa carntha tionscadail sócmhainní seasta 2020 [a]	—	(145)	(37,820)	(18,270)	—	(56,235)
Aistrithe chuig Vóta 27	—	(310)	(59)	(436)	—	(805)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	—	1,951	7,196	57,882	—	67,029
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**159,293**	**744**	**851**	**4,964**	**1,033**	**166,885**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	159,293	726	706	5,860	1,942	168,527

Nóta [a] Le linn na bliana, tugadh faoi mhór-athbhreithniú ar shócmhainní seasta trínar aithníodh míreanna a raibh oll-luach €55.983 milliún orthu agus dímheas carntha €56.235 milliún nach raibh in úsáid a thuilleadh, a bhí aicmithe go mícheart ina sócmhainní seasta nó lenar bhain an dímheas mícheart. Léiríonn an coigeartú seo an ceartúchán cuntasaíochta a bhí de dhíth.

[b] Áirítear sna sócmhainní atá á bhforbairt sócmhainní a bhaineann le Clár Athchóirithe na Seirbhíse Pasanna atá ar siúl faoi láthair. Léirítear leis na sócmhainní sin tionscadail nach raibh tugtha chun críche ag an 31 Nollaig 2020.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	**2020**	**2019**
	€000	**€000**
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta	(21,246)	(10,510)
Iarmhéideanna an chuntais bainc tráchtála	5,149	2,762
Iarmhéideanna bainc agus airgid thirim na misean	12,301	9,054
	(3,796)	**1,306**

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	**2020**	**2019**
	€000	**€000**
Leabhair phas agus cártaí pas	11,163	9,280
Stoic phrótacail	49	53
Stáiseanóireacht	38	512
Postas réamhíoctha	5	4
Tomhaltáin TF	44	35
	11,299	**9,884**

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	**2020**	**2019**
	€000	**€000**
Cíosanna misin	1,948	2,036
Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta	9,208	7,559
Réamhíocaíochtaí eile	3,932	1,208
	15,088	**10,803**

2.5 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Fabhruithe riaracháin	1,025	2,123
Fabhruithe clár	845	119
Fabhruithe taistil agus cothaithe	25	68
	1,895	**2,310**

2.6 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Cuntais roinne agus gníomhaireachta	5,271	5,602
Cuntais óinchiste agus cuntais fionraí phearsanta	1,120	1,070
Cuntais airleacan tuarastail	1	13
Aisdúichiú	626	—
Cuntais rialaithe párolla	324	659
Féichiúnaithe consail oinigh	97	222
Iarmhéideanna eile	6	14
	7,445	**7,580**

2.7 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	1,119	1,049
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	773	726
Muirear sóisialach uilíoch	231	219
Cáin mhaoine áitiúil	7	8
Cáin bhreisluacha	70	57
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	140	82
	2,340	2,141
Ilchreidiúnaithe [a]	547	827
	2,887	**2,968**

Nóta [a] Áirítear ar ilchreidiúnaithe suim €479,030 atá dlite do chreidiúnaithe agus cuntais ar fionraí ar fiú €67,957 iad.

2.8 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Farasbarr le géilleadh	8,812	15,329
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(8,050)	(9,411)
Glanmhaoiniú Státchiste	**762**	**5,918**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Iarmhéideanna dochair eile	7,445	7,580
	7,445	7,580
Creidiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	(3,796)	1,306
Dlite don Stát	(2,340)	(2,141)
Iarmhéideanna sochair eile	(547)	(827)
	(6,683)	(1,662)
	762	**5,918**

2.9 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			186,904	180,598
Eisíocaíochtaí as an Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	225,444		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(8,812)		
Glanvóta			216,632	197,171
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1		24,902	24,322
Caiteachas neamhairgid - measchíosanna	1		3,200	2,953
Míreanna neamhairgid - coigeartuithe i ndáil le sócmhainní caipitil	2.1		249	—
Glanchostas an chláir	1		(240,510)	(218,140)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**191,377**	**186,904**

2.10 Ceangaltais

Áirítear sna ceangaltais suimeanna a bhféadfadh an Roinn a bheith freagrach astu de réir dlí in 2021 agus sna blianta ina dhiaidh sin faoi chonarthaí infhorfheidhmithe ceangailteacha agus baineann siad le híocaíochtaí cíosa ar mhaoin thar lear agus le ceangaltais trealamh a cheannach.

ag an 31 Nollaig	**2020**	**2019**
	€000	**€000**
Mar seo a leanas a dhéantar anailís ar an tsuim:		
Trealamh agus costais riaracháin eile	—	150
Ceangaltais léasa [a]	94,137	91,937
Iomlán na gCeangaltas	**94,137**	**92,087**

Nóta [a] Déantar ceangaltais léasa i ndáil le maoin a fhritháireamh le réamhíocaíochtaí. B'ionann cíosanna réamhíoctha agus €1.948 milliún (2019: €2.036 milliún) atá curtha san áireamh san fhigiúr réamhíocaíochtaí €15.088 milliún (Nóta 2.4). Léirítear sna ceangaltais léasa ag an 31 Nollaig 2020 iomlán na gceangaltas amach seo faoi chomhaontuithe léasa atá ceangailteach de réir dlí.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

		Soláthar meastacháin	2020 Toradh	2019 Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	106,427	104,510	101,952
ii	Taisteal agus cothú	7,944	3,619	7,784
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	8,148	5,062	5,550
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	6,986	4,916	7,274
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	24,218	20,629	21,932
vi	Speansais i ndáil le háitreabh na hoifige	32,619	35,744	35,149
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	100	130	58
viii	Tacaí i ndáil le postú	11,597	12,011	11,352
		198,039	**186,621**	**191,051**

Difríochtaí suntasacha

Déantar anailís sa mhéid seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus déantar cur síos ar na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

i Tuarastail, pá agus liúntais

Soláthar meastacháin €106.427 milliún; toradh €104.510 milliún

Bhain an gannchaitheamh €1.917 milliún ar thuarastail, pá agus liúntais leis na moilleanna ar fhoireann a earcú agus poist a líonadh mar thoradh ar shrianta le linn phaindéim Covid-19.

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €7.944 milliún; toradh €3.619 milliún

Bhain an gannchaitheamh €4.325 milliún ar chaiteachas taistil le taisteal a bheith i bhfad níos ísle ná mar a bhí beartaithe de bharr thionchar shrianta taistil Covid-19.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €8.148 milliún; toradh €5.062 milliún

Bhain an gannchaitheamh €3.086 milliún ar chaiteachas oiliúna agus forbartha agus ar speansais theagmhasacha le laghdú ginearálta i ngníomhaíocht oibriúcháin ar fud na ceanncheathrún agus misin mar thoradh ar shrianta oibríochta de bharr phaindéim Covid-19.

iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Soláthar meastacháin €6.986 milliún; toradh €4.916 milliún

Ba mar thoradh ar laghdú ar na costais phostais a bhain leis an laghdú ollmhór ar líon na n-iarratas ar phasanna de bharr phaindéim Covid-19 a bhí gannchaitheamh €2.07 milliún ann.

Clár A Ár nDaoine

			2020	2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	28,193	27,685	26,909
A.2	Riarachán - neamhphá	36,918	32,860	33,866
A.3	Coimisiún Fulbright	404	404	404
A.4	Cúnamh éigeandála consalachta	79	355	9
A.5	Tacaíocht do sheirbhísí eisimirceach Éireannach	12,595	12,538	12,360
A.6	Comhar Thuaidh/Theas agus Angla-Éireannach	3,745	3,673	3,729
A.7	An Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn	2,650	2,650	150
A.8	Gnóthaí diaspóra	600	591	612
		85,184	**80,756**	**78,039**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €4.428 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tá míniú tugtha cheana fáin ar an difríocht €4.566 milliún i gcaiteachas riaracháin. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla an chuid eile den difríocht:

A.4 Cúnamh éigeandála consalachta

Soláthar meastacháin €79,000; toradh €355,000

Ba mar thoradh ar an méadú nach rabhthas ag súil leis maidir le daoine a aisdúichiú sa bhliain 2020 de bharr phaindéim Covid-19 a bhí caiteachas breise €276,000 i gceist.

Clár B Ár nIonad san Eoraip

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá	24,457	24,016	23,428
B.2	Riarachán - neamhphá	6,134	4,803	4,608
B.3	Gníomhartha de bhun Theideal V de Chonradh an Aontais Eorpaigh	418	366	420
B.4	Rannpháirtíocht AE	965	910	904
B.5	Pearsanra na hÉireann in institiúidí AE agus in institiúidí idirnáisiúnta	1,000	2,106	—
		32,974	**32,201**	**29,360**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €773,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tá míniú tugtha cheana féin ar an difríocht €1.772 milliún i gcaiteachas riaracháin. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla an chuid eile den difríocht:

B.5 Pearsanra na hÉireann in institiúidí AE agus in institiúidí idirnáisiúnta

Soláthar meastacháin €1 milliún; toradh €2.106 milliún

Ba mar thoradh ar éilimh i leith costais bhreise ó ranna eile a cuireadh isteach agus a íocadh le linn na bliana 2020 a bhí caiteachas breise €1.106 milliún i gceist.

Clár C Ár Luachanna

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
C.1	Riarachán - pá	13,230	12,992	12,655
C.2	Riarachán - neamhphá	6,911	5,411	4,360
C.3	Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta	34,803	37,885	44,767
		54,944	**56,288**	**61,782**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár C €1.344 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí caiteachas riaracháin €1.738 milliún níos lú ná mar a soláthraíodh agus tá sé sin mínithe cheana féin. Ba mar gheall ar na nithe seo a leanas a bhí an chuid eile den difríocht:

C.3 Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta

Soláthar meastacháin €34.803 milliún; toradh €37.885 milliún

Ba mar thoradh ar ranníocaíochtaí éigeantacha le heagraíochtaí idirnáisiúnta, na Náisiúin Aontaithe go príomha, a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis a bhí méadú €3.082 milliún ann.

Clár D Ár Rathúnas

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
D.1	Riarachán – pá	21,492	21,105	20,749
D.2	Riarachán - neamhphá	10,488	10,387	12,579
D.3	Éire a Chur Chun Cinn	9,116	2,435	4,869
D.4	Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta	3,229	3,324	3,279
		44,325	**37,251**	**41,476**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár D €7.074 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tá míniú tugtha cheana fáin ar an difríocht €488,000 i gcaiteachas riaracháin. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla an chuid eile den difríocht:

D.3 Éire a Chur Chun Cinn

Soláthar meastacháin €9.116 milliún; toradh €2.435 milliún

Ba mar thoradh ar an laghdú suntasach i ngníomhaíocht cur chun cinn le linn na bliana 2020 mar thoradh ar shrianta oibriúcháin de bharr phaindéim COVID-19 a bhí gannchaitheamh €6.681 milliún i gceist.

Clár E Ár dTionchar

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
E.1	Riarachán - pá	19,055	18,712	18,211
E.2	Riarachán - neamhphá	31,161	28,650	33,685
E.3	Seirbhísí eolais	2,502	1,038	3,831
		52,718	**48,400**	**55,727**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár E €4.318 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Tá míniú tugtha cheana fáin ar an difríocht €2.854 milliún i gcaiteachas riaracháin. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla an chuid eile den difríocht:

E.3 Seirbhísí eolais

Soláthar meastacháin €2.502 milliún; toradh €1.038 milliún

Tháinig an gannchaitheamh €1.464 milliún chun cinn mar thoradh ar laghdú i gcaiteachas a bhí beartaithe chun seirbhísí pas agus seirbhísí eile a chur chun cinn de bharr phaindéim Covid-19.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Pasanna, víosaí agus seirbhísí consalachta eile	41,770	34,067	65,295
2	Aisíocaíochtaí ar airleacain aisdúichithe agus cothabhála	30	1	—
3	Aisíocaíochtaí CBL le misin taidhleoireachta	—	1,266	936
4	Ilghnéitheach	500	707	638
5	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	2,401	2,223	2,344
	Iomlán	**44,701**	**38,264**	**69,213**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €6.437 milliún níos lú ná an meastachán. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

1 Pasanna, víosaí agus seirbhísí consalachta eile

Measta €41.770 milliún; réadaithe €34.067 milliún

Bhí ioncam €7.703 milliún níos lú ná mar a measadh mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Laghdú suntasach in iarratais ar phasanna a bhí mar thoradh air sin. Ó tharla go bhfuil an tseirbhís pas bunaithe ar éileamh, cuireadh isteach go mór uirthi sa bhliain 2020.

3 Aisíocaíochtaí CBL le misin taidhleoireachta

Measta €nialas; réadaithe €1.266 milliún

Ba mar thoradh ar an aisíocaíocht CBL agus aisíocaíochtaí ar cháin díolachán ó rialtais iasachta le misin thar lear a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis a bhí ioncam €1.266 milliún chun cinn. Baineann roinnt de na haisíocaíochtaí sin le haisghabhálacha CBL gan íoc ó bhlianta roimhe sin a tugadh chun críche sa bhliain 2020.

4 Ilghnéitheach

Measta €500,000; réadaithe €707,000

Bhí ioncam €207,000 chun cinn. Baineann sé sin le réimse fáltas a fuair an Roinn, lena n-áirítear aisíocaíocht éarlaisí urrúis ar mhaoine ar cíos, aisíocaíochtaí ar ró-íocaíochtaí párolla, aisíocaíochtaí ó ranna/oifigí Rialtais agus míreanna ilghnéitheacha eile. Tá sé deacair leibhéal na bhfáltas sin in aon bhliain amháin a thuar go cinnte.

5 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí

Measta €2.401 milliún; réadaithe €2.223 milliún

Ba mar thoradh ar fháltais a bheith níos lú ná mar a bhí súil leo mar gheall ar chostais párolla a bheith níos lú ná mar a bhí súil leo a bhí easnamh €178,000 i gceist.

Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

5.1 An líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon foirne ag deireadh na bliana	**1,816**	**1,745**

5.2 Pá

	2020 €000	2019 €000
Pá	93,924	91,557
Iomarcaíocht agus scaoilíocaíocht	166	95
Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	149	119
Liúntais eile	205	146
Ragobair	540	962
ÁSPC an fhostóra	5,801	5,370
Leas sóisialach/árachas sláinte eachtrach (misin)	3,725	3,703
Pá iomlán	**104,510**	**101,952**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2020 €	2019 €
Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	41	5	20,100	20,613
Liúntais eile	116	—	6,776	9,375
Ragobair	194	17	31,033	39,055
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	70	16	33,355	41,318

5.4 Socruithe eile luach saothair

Íocadh íocaíochtaí arbh fhiú €12,455 (2019: €7,452) san iomlán iad le triúr (2019: triúr) státseirbhíseach a bhí ar scor agus a coinníodh ar shaintascanna.

5.5 Ró-íocaíochtaí

	Líon na bhfaighteoirí	2020 €	2019 €
Ró-íocaíochtaí	65	152,447	188,299
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	33	100,527	101,004

Rinneadh 15 phlean aisghabhála ró-íocaíochtaí i ndáil le 15 dhuine aonair, arbh ionann a luach agus €27,559, a aistriú chuig ocht gcomhlacht rialtais eile le linn na bliana.

5.6 Scaoilíocaíochtaí

Íocadh scaoilíocaíochtaí arbh fhiú €36,528 (2019: €66,311) iad le beirt iarbhall foirne (2019: duine amháin). Níor deonaíodh aon luathíocaíocht pinsin, blianta breise eile seirbhíse tuigthe, ná aon fheabhas eile ar na téarmaí pinsin fabhraithe.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Costais cúitimh agus dlí

Déantar na costais dlí a íocadh i rith na bliana a chatagóiriú mar seo a leanas:

					2020	2019
	Líon na gcásanna	Costais dlí a d'íoc an Roinn	Costais dlí a dámhadh	Cúiteamh a dámhadh	Iomlán	Iomlán
		€000	€000	€000	€000	€000
Éilimh a rinne fostaithe	3	1	—	—-	1	299
Éilimh a rinne daoine den phobal	5	—	106	1	107	51
	8	**1**	**106**	**1**	**108**	**350**

6.2 Pionóis i ndáil le híocaíocht mhall

	2020	2019
	€	€
Ús agus cúiteamh	**11,990**	**8,972**

Aguisín A Cuntais Comhlachtaí agus Cistí faoi choimirce na Roinne Gnóthaí Eachtracha

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail deireadh mhí an Mhárta 2021, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

Comhlacht/ciste roinne	Tréimhse deiridh cuntasaíochta	Dáta na tuarascála iniúchta	Dáta a fuair an Roinn í	Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
Coimisiún na hÉireann-na Stát Aontaithe um Malartú Oideachasúil (Coimisiún Fulbright) [a]	1 D. Fómh. 2019 - 30 M. Fómh. 2020	5 Márta 2021	9 Márta 2021	15 Márta 2021

Nóta [a] Cuireann an Roinn deontas bliantúil ar fáil do Choimisiún Fulbright, atá á mhaoiniú ag Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Stát Aontaithe i gcomhar lena chéile agus lena dtacaítear le staidéar, taighde, múineadh agus gníomhaíochtaí oideachais eile idir Éirinn agus na Stáit Aontaithe. Faigheann an Coimisiún maoiniú bliantúil ón Roinn agus maoiniú breise ó fhoinsí eile.

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 29

Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 29, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, ar sheirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna:

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil in 2020, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2019, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €63.325 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

Aistriú feidhmeanna

Ullmhaíodh an cuntas i gcomhréir leis na *Meastacháin Athbhreithnithe do Sheirbhísí Poiblí 2020*, rud inar cuireadh san áireamh

- aistriú na bhfeidhmeanna craolacháin ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (Vóta 29) chuig an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (Vóta 33) le héifeacht ón 23 Meán Fómhair 2020 (I.R. 372 de 2020), agus
- an leasú ar theideal na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil chuig an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide le héifeacht ón 24 Meán Fómhair (I.R. 373 de 2020).

I gcomhréir leis na socruithe cuntasaíochta atá leagtha amach ag an rannóg Cuntasaíochta Rialtais sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, léiríonn na meastacháin athbhreithnithe do 2020 aistriú na bhfeidhmeanna Roinne ar bhonn lánbhliana. Léiríonn an cuntas leithreasa, nach mór foirm agus formáid an mheastacháin ábhartha a leanúint, an t-aistriú feidhmeanna thuasluaite ar bhonn lánbhliana freisin. Dá bhrí sin, áirítear na feidhmeanna craolacháin aistrithe go léir do 2020 i gcuntas leithreasa na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (Vóta 33).

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2020, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú, cé is moite de seo a leanas:

Dímheas sócmhainní caipitil

Déanann an Roinn dímheas a ríomh ar bhonn bliantúil, agus dímheas lánbhliana á ghearradh ar gach sócmhainn i mbliain an tsealbhaithe.

Déantar mótarfheithiclí a dhímheas thar chúig bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana. Déantar córais saindeartha TF áirithe agus saintrealamh chun suirbhéireacht a dhéanamh ar ghrinneall na farraige a dhímheas thar thréimhse deich mbliana ar ráta 10% in aghaidh na bliana, agus déantar an trealamh TF nó oifige eile ar fad a dhímheas thar chúig bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana.

Luacháil sócmhainní caipitil

Mar a foráladh dó i gciorclán 21 de 2020, tá tairseach €1,000 curtha i bhfeidhm ag an Roinn do chaipitliú a sócmhainní caipitil.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar. Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

Seo a leanas an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat um nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus rialuithe inmheánacha.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas ina gcuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta i gcomhair na bpríomhphróiseas gnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- gurb ann do chóras buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- go mbíonn athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh feidhmíocht thuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- gurb ann do threoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, rud a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu a hobair agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, a bhíonn á gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na rialuithe buntábhachtacha a chuimsiú ar bhonn rollach i gcaitheamh tréimhse réasúnach. Bíonn athbhreithniú tréimhsiúil á dhéanamh ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí agamsa agus ag an gCoiste Iniúchóireachta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Comhlíonadh soláthair

Dearbhaím go ndéanann an Roinn deimhin de go bhfuil béim chuí ar an dea-chleachtas sa cheannach agus go bhfuil nósanna imeacht ar bun lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ach amháin i gcás trí chonradh (de bhreis ar €25,000) dar luach iomlán €985,225 (gan CBL a áireamh).

- Baineann dhá chonradh dar luach €379,096 (gan CBL a áireamh) le conarthaí do sheirbhísí comhairleoireachta don Phlean Náisiúnta Leathanbhanda (NBP) a síneadh níos faide anonn ná na buntéarmaí conartha go dtí go gcuirfí comórtais soláthair i gcrích chun na seirbhísí seo a sholáthar. Tá conarthaí nua do na seirbhísí sin ar bun ó Mheitheamh 2020.
- Baineann conradh amháin dar luach €606,129 (gan CBL a áireamh) le conradh do bhainistiú agus oibriú an Lárionaid Náisiúnta Taighde Dhigitigh a síneadh níos faide anonn ná an buntéarma conartha go dtí go mbeadh comórtas soláthair nua ann, a cuireadh i gcrích i Lúnasa 2020.

Chuir an Roinn sonraí faoi chonarthaí neamhiomaíocha ar fáil sa tuairisceán bliantúil i dtaca le ciorclán 40 de 2002 chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuireadh na trí chonradh a luadh thuas san áireamh sa tuairisceán sin.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena sonraítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a mhéid is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sonraítear na rioscaí buntábhachtacha a bhíonn roimh an Roinn agus sonraíodh, measadh agus grádaíodh iad sin de réir a shuntasaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn

leathbhliantúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

I gclár na rioscaí, tugtar sonraí faoi na rialuithe agus na gníomhartha a bhíonn riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as rialuithe a fheidhmiú do bhaill foirne shonracha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb ábhartha. Dearbhaím go bhfuil rioscaí buntábhachtacha agus rialuithe gaolmhara sonraithe agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na rialuithe buntábhachtacha sin agus chun aon easnaimh a shonraítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht agus rialú riosca. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn a bhíonn freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Paindéim Covid-19

Le teacht phaindéim Covid-19 go luath in 2020, tharla athruithe áirithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe agus ba ghnáthnós í obair ó chian don fhoireann go léir sa Roinn. Mar thoradh air sin, thug an Roinn isteach roinnt athruithe i nósanna imeachta agus rialú. Rinneadh measúnú ar thionchar Covid-19 agus dearbhaím go leanann rialuithe, iad siúd a bhí ann cheana agus iad siúd a tugadh isteach mar thoradh ar Covid-19 araon, de bheith éifeachtach.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí ar rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2020 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Mark Griffin
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

31 Márta 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'fhorordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Táim neamhspleách ar an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus tá na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais nár comhlíonadh na rialacha soláthair náisiúnta i gcásanna ábhartha maidir le conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2020.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2021

Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid

Cuntas Leithreasa 2020

				2020	2019
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir					
A	Cumarsáid				
	Soláthar meastacháin	130,455			
	Géilleadh iarchurtha	27,296			
			157,751	88,816	25,142
B	Fuinneamh		218,388	204,291	185,275
C	Acmhainní nádúrtha		25,239	21,211	20,792
D	Iascaigh intíre		35,083	32,909	34,095
E	Bainistiú comhshaoil agus dramhaíola		104,982	81,040	61,503
	Craolachán		—	—	*260,363*
Ollchaiteachas					
	Soláthar meastacháin	514,147			
	Géilleadh iarchurtha	27,296			
			541,443	428,267	587,170
	Lúide				
F	**Leithreasaí-i-gcabhair**		25,224	13,120	236,493
Glanchaiteachas					
	Soláthar meastacháin	488,923			
	Géilleadh iarchurtha	27,296			
			516,219	**415,147**	**350,677**

Farasbarr

Dlífear farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar gach cuid nó aon chuid d'aon leithreasaí neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil a thabhairt anonn lena caitheamh sa bhliain dár gcionn. Tugadh €37.747 milliún de leithdháiltí neamhchaite 2020 i leith na ngnéithe caipitil d'fho-mhírcheann A.3 anonn chuig 2021.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr	101,071,705	86,313,414
Géilleadh iarchurtha	(37,747,000)	(27,296,000)
Farasbarr le géilleadh	**63,324,705**	**59,017,414**

Mark Griffin
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

31 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costas an chláir		395,609	555,318
Pá		25,406	24,173
Neamhphá		7,252	7,679
Ollchaiteachas		**428,267**	**587,170**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**13,120**	**236,493**
Glanchaiteachas		**415,147**	**350,677**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin - airgead tirim	(1,457)		
Dímheas	1,157	(300)	578
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(231)		
Méadú ar stoc	(32)	(263)	953
Caiteachas díreach		**414,584**	**352,208**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		15,506	15,974
Measchíosanna		1,584	1,584
Glanchostas an chláir		**431,674**	**369,766**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 29 a iompraíodh in áit eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	—	4
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	11,805	12,191
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	3,588	3,687
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	42	37
An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí		71	55
		15,506	**15,974**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	2,188	1,888
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	75,701	43,981
Stoic	2.3	205	173
Réamhíocaíochtaí		2,261	1,419
Ioncam fabhraithe		1,378	428
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	249	168
Iomlán na sócmhainní reatha		**79,794**	**46,169**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		3,688	2,228
Ioncam iarchurtha		101	—
Iarmhéideanna sochair eile	2.5	34,740	5,399
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.6	41,210	38,750
Iomlán na ndliteanas reatha		**79,739**	**46,377**
Glansócmhainní reatha		55	(208)
Glansócmhainní		**2,243**	**1,680**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.7	**2,243**	**1,680**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Troscán oifige	Trealamh oifige agus TF	Saintrealamh agus mótarfheithiclí	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	1,396	21,906	7,080	30,382
Breiseanna	44	783	630	1,457
Diúscairtí	(36)	—	—	(36)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	1,404	22,689	7,710	31,803
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	1,270	21,090	6,134	28,494
Dímheas don bhliain	24	563	570	1,157
Dímheas ar dhiúscairtí	(36)	—	—	(36)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	1,258	21,653	6,704	29,615
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**146**	**1,036**	**1,006**	**2,188**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	126	816	946	1,888

Nóta Is liostaithe in Aguisín A atá na tailte agus na foirgnimh atá faoi úinéireacht an Stáit agus atá á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn agus nach bhfuil san áireamh anseo.

2.2 Banc agus airgead tirim

Léiríonn banc agus airgead tirim na hiarmhéideanna a sealbhaíodh ag deireadh na bliana i gcuntas na Roinne leis an bPámháistir Ginearálta.

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Trealamh	71	40
Foilseacháin	120	117
Stáiseanóireacht	14	16
	205	**173**

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Tuarastail ball foirne ar iasacht	112	108
Míreanna dochair eile ar fionraí	137	60
	249	**168**

2.5 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin shiarchoinneálach	414	563
Cáin bhreisluacha	311	171
Cáin conarthaí iomchuí	2	1
Fáltais bhreise ón Státchiste (nóta 4.3)	152	261
ÍMAT/ÁSPC	663	576
	1,542	1,572
Fionraí		
An Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide [a]	28,000	—
An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh (nóta 7.2)	1,212	—
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (nóta 4.3)	1,759	1,459
Seirbhís freagartha do ghlaonna éigeandála	1,660	1,755
Párolla	128	72
Eile	439	541
	33,198	3,827
	34,740	**5,399**

Nóta [a] Le halt 37 den Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta, 2007, arna leasú le halt 14 den Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (Leasú) agus um Sholáthar Seirbhísí Lárnacha Cisteáin, 2020, ceadaítear don Aire ordachán bliantiúil a thabhairt don Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta suim shonraithe tobhaigh a íoc isteach sa Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide. Bunaíodh an Ciste an 1 Lúnasa 2020 agus tabharfar cuntas air ar leithligh ón Vóta. Go dtí go n-osclófar cuntas bainc don Chiste, rinneadh aistriú 2020 a lóisteáil go sealadach isteach i gcuntas fionraí de chuid an Vóta agus áirítear é mar iarmhéid sochair sa nóta seo. Táthar ag súil go n-aistreofar an tobhach chuig an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide in Aibreán 2021.

2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Farasbarr le géilleadh	63,325	59,017
Géilleadh iarchurtha	37,747	27,296
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(59,862)	(47,563)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**41,210**	**38,750**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	75,701	43,981
Iarmhéideanna dochair: fionraí	249	168
	75,950	44,149
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(1,542)	(3,031)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(33,198)	(2,368)
	(34,740)	(5,399)
	41,210	**38,750**

2.7 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			1,680	3,184
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	516,219		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(37,747)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(63,325)		
Glanvóta			415,147	350,677
Caiteachas (airgead) a iompraíodh in áit eile	1.1		15,506	15,974
Míreanna eile (neamhairgid)			—	27
Caiteachas neamhairgid – measchíos	1		1,584	1,584
Glanchostas an chláir	1		(431,674)	(369,766)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**2,243**	**1,680**

2.8 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Soláthar earraí agus seirbhísí	1,755	1,682
Cláir deontas caipitil	151,454	142,540
Tionscadail agus cláir chaipitil	2,772,694	2,812,308
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**2,925,903**	**2,956,530**

b) Cláir deontas neamhchaipitil

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid tosaigh	142,540	54,604
Deontais a íocadh sa bhliain	(109,975)	(46,238)
Ceangaltais maidir le deontais nua	132,263	134,174
Deontais a cealaíodh	(13,374)	—
Iarmhéid deiridh	**151,454**	**142,540**

c) Mórthionscadail chaipitil inar mó luach an tionscadail ná €10 milliún

Clár/tionscadal	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019	Caiteachas in 2020	Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019
	€000	€000	€000	€000	€000
Postchóid náisiúnta	26,611	1,431	4,425	32,467	32,511
An Plean Náisiúnta Leathanbhanda	—	42,503	2,721,497	2,764,000	2,764,000
INFOMAR [a]	51,212	3,908	4,544	59,664	58,656
Tellus [b]	19,387	2,684	1,322	23,393	22,077
	97,210	**50,526**	**2,731,788**	**2,879,524**	**2,877,244**

Nóta [a] Clár náisiúnta suirbhé is ea INFOMAR lena ndéantar mapáil ar ghrinneall na hÉireann agus lena gcuirtear ar fáil sonraí bonnlíne d'earnáil mhuirí na hÉireann.

[b] Clár náisiúnta suirbhé is ea Tellus lena mbailítear sonraí geoifisiceacha agus geoiceimiceacha ar fud na hÉireann trí shuirbhéireacht gheoifisiceach ón aer ach úsáid a bhaint as as aerárthaí a bhíonn ag eitilt go híseal agus as suirbhéireacht gheoiceimiceach thalamhbhunaithe ar ithir, uisce srutháin agus dríodar srutháin.

Difríochtaí suntasacha

Tugtar míniú thíos i dtaca le ceangaltas mór ar bith ar ina leith a d'athraigh an caiteachas iomlán ionchasach faoi bhreis is €500,000 i gcomparáid le 2019.

INFOMAR

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €1.008 milliún

Baineann caiteachas ar chlár INFOMAR go príomha le roinnt conarthaí gearrthéarmacha dá léiríonn caiteachas agus ceangaltais an scéal ag pointe ama ar leith agus a bhíonn faoi réir athrú ó bhliain go bliain.

Tellus

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €1.316 milliún

Baineann caiteachas ar chlár Tellus go príomha le roinnt conarthaí gearrthéarmacha dá léiríonn caiteachas agus ceangaltais an scéal ag pointe ama ar leith agus a bhíonn faoi réir athrú ó bhliain go bliain.

2.9 Feabhsúchán talún

Tabhaíonn an Roinn costais i dtaca le mianaigh atá i seilbh an Stáit in Abhóca agus Béal Átha Gabhann. Baineann an caiteachas le hoibreacha feabhsúcháin talún agus monatóireacht comhshaoil ag an dá shuíomh, rud a thuairiscítear faoi Fho-mhírcheann C.4.

	Caiteachas go deireadh 2019	Caiteachas in 2020	Ceangaltais Chonarthacha	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Abhóca	3,880	886	46	4,812
Béal Átha Gabhann	11,190	—	—	11,190
Monatóireacht comhshaoil	1,558	131	—	1,689
	16,628	**1,017**	**46**	**17,691**

2.10 Cibearshlándáil

Tá an Roinn freagrach as an mbeartas cibearshlándála in Éirinn agus as comhordú a dhéanamh ar fhreagairt slándála an Rialtais d'aon teagmhais chibearshlándála ar leibhéal náisiúnta. Cuireann an Rialtas na freagrachtaí seo i bhfeidhm tríd an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála. Déantar caiteachas a bhaineann leis an gcibearshlándáil mar a léirítear thíos a thuairisciú faoin gclár cumarsáide mar a léirítear thíos, áit a n-íoctar costais riaracháin as fo-mhírchinn A.1 agus A.2 agus a gcuirtear maoiniú oibríochtúil ar fáil trí fho-mhírcheann A.5.

	2020	2019
	€000	€000
Cibearshlándáil	**3,422**	**3,322**

2.11 Dliteanais theagmhasacha

D'fhéadfadh dliteanais airgeadais teacht chun cinn in 2021 agus sna blianta ina dhiaidh sin, ag brath ar thorthaí caingne de chuid AE nó ar thorthaí caingne eile atá ar siúl, atá ar feitheamh nó a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Ní féidir na suimeanna atá i gceist a chinneadh ag an bpointe seo.

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cionroinneadh an caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos trasna na gclár, chun costálacha iomlána na gclár a chur i láthair.

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	28,397	25,406	24,173
ii	Taisteal agus cothú	926	280	932
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,236	524	1,356
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	444	375	394
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	3,101	3,586	2,148
vi	Costais áitribh oifige	933	689	923
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithniithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	1,700	1,571	1,738
viii	Trealamh, stórtha agus cothabháil	196	227	188
		36,933	**32,658**	**31,852**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach leis an méid seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus +/- €100,000).

i Tuarastail, pá agus liúntais

Soláthar meastacháin €28.397 milliún; toradh €25.406 milliún

Bhí coigilteas €2.991 milliún ann mar thoradh ar mhoilleanna ar earcaíocht agus ceapadh foirne in 2020, ag eascairt as an ngá le líon ard de phoist nua agus ionadaithe a cheapadh do bhaill foirne a bhí ag fágáil na Roinne.

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €926,000; toradh €280,000

Tharla coigilteas €646,000 mar thoradh ar phaindéim Covid-19 agus an tionchar a bhí aici ar an taisteal.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €1.236 milliún; toradh €524,000

Tharla an coigilteas €712,000 go príomha mar thoradh ar phaindéim Covid-19 agus an tionchar a bhí aici ar chostais oiliúna, taispeántas agus chomhdhála.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin €933,000; toradh €689,000

Tharla coigilteas €244,000 mar thoradh ar laghduithe i gcothabháil, slándáil, glantachán, solas agus teas de bharr laghdú ar úsáid áitribh oifige na Roinne de bharr phaindéim Covid-19.

Clár A Cumarsáid

				2020	2019
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán - pá		8,089	7,237	6,258
A.2	Riarachán - neamhphá		1,727	1,428	1,522
A.3	Clár teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide				
	Soláthar meastacháin	79,560			
	Géilleadh iarchurtha	27,296			
			106,856	53,255	8,030
A.4	Forbairtí ilmheán		4,295	4,455	4,412
A.5	Sochaí faisnéise		6,484	3,981	4,920
A.6	Scéim Dearbhán Trádála Ar Líne Covid-19		30,300	18,460	—
			157,751	**88,816**	**25,142**

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €68.935 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €1.151 milliún de sin le caiteachas riaracháin (féach thuas). Is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den difríocht €67.784 milliún.

A.3 Clár teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide

Soláthar meastacháin €106.856 milliún; toradh €53.255 milliún

Tharla coigilteas €53.601 milliún mar thoradh ar phaindéim Covid-19 agus an tionchar a bhí aici ar chur i bhfeidhm líonra an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, a raibh toradh caiteachais níos ísle ná mar a measadh dá bharr.

A.5 Sochaí faisnéise

Soláthar meastacháin €6.484 milliún; toradh €3.981 milliún

Tharla an coigilteas €2.503 milliún go príomha mar thoradh ar dheacrachtaí leis an Scéim Scileanna Digiteacha do Shaoránaigh a sholáthar i ndiaidh treoirlínte sláinte poiblí a thabhairt isteach do phaindéim Covid-19.

A.6 Scéim Dearbhán Trádála Ar Líne Covid-19

Soláthar meastacháin €30.3 milliún; toradh €18.46 milliún

Tharla an coigilteas €11.84 milliún toisc nár íocadh deontais a ceadaíodh i ndiaidh an 16 Deireadh Fómhair 2020 go 2021. Bhí an Roinn seo freagrach as íocaíochtaí i dtaca le deontais a ceadaíodh faoin scéim seo suas go dtí an 16 Deireadh Fómhair 2020, nuair a chuaigh a ceadú leis an scéim a riar in éag. Aistríodh freagracht riaracháin as an scéim chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an 31 Nollaig 2020. Thit an fhreagracht as deontais a ceadaíodh i ndiaidh an 16 Deireadh Fómhair 2020 ar an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus tá siad le híoc ag an Roinn sin in 2021.

Clár B Fuinneamh

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá	5,753	5,147	4,472
B.2	Riarachán – neamhphá	1,740	1,471	1,573
B.3	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann – riarachán agus costais ghinearálta	12,671	12,385	17,382
B.4	Cláir fuinnimh inbhuanaithe	137,189	127,164	151,206
B.5	Cláir um thaighde ar fhuinneamh	10,700	7,788	10,319
B.6	Seirbhísí gáis	45	55	56
B.7	Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta	290	281	267
B.8	Comhlíonadh fuinnimh inathnuaite [a]	50,000	50,000	—
		218,388	**204,291**	**185,275**

Nóta [a] Ceadaítear do bhallstáit AE ‘aistrithe staitistiúla’ a cheannach ó bhallstáit eile chun oibleagáidí 2020 faoin Treoir na bhFoinsí Inathnuaite a chomhlíonadh.

Sa bhliain 2020, rinne Éire comhaontuithe leis an Danmhairg agus leis an Eastóin chun 3.500 GWh d’aistrithe staitistiúla a cheannach. Ba é €50 milliún costas iomlán an cheannacháin in 2020.

B’fhéidir go mbeadh gá le ceannacháin bhreise faoi na comhaontuithe in 2021, ag brath ar na staitisticí fuinnimh deiridh do 2020, agus tá soláthar déanta i meastacháin 2021 d’aistrithe staitistiúla breise.

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €14.097 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €875,000 de sin le caiteachas riaracháin. Is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den difríocht €13.222 milliún.

B.4 Cláir fuinnimh inbhuanaithe

Soláthar meastacháin €137.189 milliún; toradh €127.164 milliún

Tharla coigilteas €10.025 milliún mar thoradh ar ghníomhaíocht laghdaithe de bharr phaindéim Covid-19 ar roinnt scéimeanna a bhíonn bunaithe ar éileamh, lena n-áirítear Feithiclí Leictreacha, EXCEED agus Iarfheistiú Domhain. Bhí moilleanna freisin ar an bhforbairt ar chlár FBM agus ar thograí faoin Scéim Tacaíochta do Theas Inathnuaite.

B.5 Cláir um thaighde ar fhuinneamh

Soláthar meastacháin €10.7 milliún; toradh €7.788 milliún

Tharla coigilteas €2.912 milliún mar thoradh ar ghníomhaíocht laghdaithe ar an gclár Fuinnimh Aigéin agus ar an gclár Taighde, Forbartha agus Taispeána Fuinnimh Inathnuaite de bharr phaindéim Covid-19.

Clár C Acmhainní nádúrtha

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
C.1	Riarachán - pá	6,541	5,852	5,843
C.2	Riarachán - neamhphá	2,889	2,523	2,522
C.3	Seirbhísí peitriliam	504	35	314
C.4	Seirbhísí mianadóireachta	3,500	1,260	330
C.5	Seirbhísí Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann	11,670	11,416	11,649
C.6	Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta	135	125	134
		25,239	**21,211**	**20,792**

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár C €4.028 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €1.055 milliún de sin le caiteachas riaracháin agus is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den difríocht €2.973 milliún.

C.3 Seirbhísí peitriliam

Soláthar meastacháin €504,000; toradh €35,000

Tharla an coigilteas €469,000 mar thoradh ar ranníocaíochtaí a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis maidir le Ciste an Chláir um Bonneagar Peitriliam, atá neodrach ó thaobh an vóta de, mar thoradh ar laghdú i líon na gceadúnas teorann atá ann.

C.4 Seirbhísí mianadóireachta

Soláthar meastacháin €3.5 milliún; toradh €1.26 milliún

Baineann an coigilteas €2.24 milliún le 1) íocaíochtaí cúitimh a bheith níos ísle ná mar a measadh maidir le húinéirí príobháideacha talún mar thoradh ar ghníomhaíocht comhlachtaí mianadóireachta a bheith níos lú mar a measadh, agus moilleanna dlí ar chásanna cúitimh a réiteach, 2) caiteachas a bheith níos lú ná mar a measadh ar oibreacha feabhsúcháin ag Abhóca agus 3) moilleanna ar shuíomh a fháil mar chuid d'fheabhsúchán Bhéal Átha Gabhann.

Clár D Iascaigh intíre

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
D.1	Riarachán – pá	768	687	764
D.2	Riarachán – neamhphá	394	354	363
D.3	Iascaigh intíre	33,921	31,868	32,968
		35,083	**32,909**	**34,095**

Difríochtaí suntasacha
Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár D €2.174 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €121,000 de sin le caiteachas riaracháin agus is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den difríocht €2.053 milliún.

D.3 Iascaigh intíre

Soláthar meastacháin €33.921 milliún; toradh €31.868 milliún

Tharla an t-athrú €2.053 milliún mar thoradh ar mhaoiniú don Scéim Tacaíochta d'Iascairí Eascann a bheith á chríochnú níos luaithe ná mar a measadh agus roinnt coigiltis oibriúcháin de bharr phaindéim Covid-19.

Clár E Bainistiú comhshaoil agus dramhaíola [a]

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
E.1	Riarachán – pá	7,246	6,483	5,768
E.2	Riarachán – neamhphá	1,786	1,477	1,362
E.3	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	43,010	43,212	38,761
E.4	An Ciste Carbóin	3,000	320	607
E.5	Ceangaltais athraithe aeráide idirnáisiúnta	4,500	4,500	2,500
E.6	Feabhsúchán líonta talún	11,250	12,008	6,956
E.7	Tionscnaimh aeráide	6,060	2,857	2,017
E.8	Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta	3,000	3,002	3,037
E.9	Idirphlé náisiúnta	—	—	—
E.10	Tionscnaimh um bainistiú dramhaíola	9,130	6,329	495
E.11	An Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide	10,000	707	—
E.12	An Ciste um Aistriú Cóir	6,000	145	—
		104,982	**81,040**	**61,503**

Nóta [a] Cuimsíonn an clár seo gníomhaíochtaí a maoiníodh, roimh 2020, tríd an gCiste Comhshaoil. In 2020, chuir an Vóta € 14.08 milliún ar fáil do na gníomhaíochtaí seo faoi fho-cheannteidil E.3 (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil: € 5.63 milliún), E.6 (dúnadh líonta talún agus iarchúram: € 2.75 milliún) agus E.10 (forfheidhmiú dramhaíola tionscnaimh: € 5.7 milliún).

Difríochtaí suntasacha
Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár E €23.942 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €1.072 milliún de sin le caiteachas riaracháin agus is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den difríocht €22.87 milliún:

E.4 An Ciste Carbóin

Soláthar meastacháin €3 mhilliún; toradh €320,000

Tharla an coigilteas €2.68 milliún mar thoradh ar cheannach creidmheasanna carbóin a chur ar athlá go dtí go mbeadh soiléiriú ann ar an gcaoi a raibh paindéim Covid-19 ag dul i gcion ar astaíochtaí na hÉireann in 2020.

E.6 Feabhsúchán líonta talún

Soláthar meastacháin €11.25 milliún; toradh €12.008 milliún

Tharla an barrachas €758,000 mar thoradh ar éilimh ó údaráis áitiúla ar obair a dhéanamh ar fheabhsúchán líonta talún a bheith níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis.

E.7 Tionscnaimh aeráide

Soláthar meastacháin €6.06 milliún; toradh €2.857 milliún

Tharla an coigilteas €3.203 milliún mar gheall ar ghníomhaíochtaí laghdaithe maidir leis an Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus maidir le Clár Oiliúna na nÚdarás Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide mar thoradh ar phaindéim Covid-19, agus mar gheall ar mhoill ar roinnt oibre samhaltú aeráide faoin gClár um Thaighde agus Samhaltú Teicniúil, rud a chuirfear i gcrích in 2021.

E.10 Tionscnaimh um bainistiú dramhaíola

Soláthar meastacháin €9.13 milliún; toradh €6.329 milliún

Tharla an coigilteas €2.801 milliún mar thoradh ar mhoill ar fhorbairt agus rolladh amach scéime airgeadais le dramhaíl neamhchoinneálachta leighis a dhiúscairt..

E.11 An Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide

Soláthar meastacháin €10 milliún; toradh €707,000

Tharla an coigilteas €9.293 milliún mar thoradh ar phróiseas físoraithe a bheith níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis do thionscadail faoin gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, rud a bunaíodh mar chiste reachtúil ar leith i Lúnasa 2020.

E.12 An Ciste um Aistriú Cóir

Soláthar meastacháin €6 mhilliún; toradh €145,000

Tharla coigilteas €5.855 milliún mar thoradh ar mhoill ar chomhaontuithe deontais a chur i gcrích i dtaca le tionscadail aonair, agus caiteachas laghdaithe dá bharr ar an scéim seo in 2020.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ó fhíneálacha de bharr coireanna iascaigh intíre	50	21	23
2	Fáltais faoin Acht Forbairte Minearál, 1940, agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile, 1960	8,795	6,699	7,113
3	An Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam	437	35	314
4	Ioncam ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann	300	481	558
5	Cíos ar áitribh in Ard-Oifig an Phoist	223	328	77
6	Fáltais ón gciste éifeachtúlachta fuinnimh	10,000	707	—
7	Fáltais ilghnéitheacha (nóta 4.2)	1,070	997	1,297
8	Ranníocaíochtaí pinsin ó ghníomhaireachtaí	732	232	636
9	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	3,037	3,069	3,377
10	Fáltais ó chuntais dhíomhaoine	580	551	373
	Táillí ceadúnais chraolacháin	—	—	222,725
	Iomlán	**25,224**	**13,120**	**236,493**

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €12.104 milliún níos ísle ná an meastachán. Leagtar amach anseo thíos na mínithe ar na difríochtaí.

2 Fáltais faoin Acht Forbairte Minearál, 1940, agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile, 1960

Meastachán €8.795 milliún; réadaithe €6.699 milliún

Tharla an t-easnamh €2.096 milliún mar thoradh ar ioncam laghdaithe ó tháillí ceadúnais i dtaca le ceadúnais taiscéalaíochta teorann agus rátaí laghdaithe d'eastóscadh mianraí príobháideacha ag cuideachtaí mianraí agus laghdú sna suimeanna cúitimh a fuarthas dá bharr.

3 An Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam

Meastachán €437,000; réadaithe €35,000

Tharla an t-easnamh €402,000 mar thoradh ar fháltais ó shealbhóirí ceadúnais taiscéalaíochta teorann a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Sa bhliain 2020, fuair an Roinn dhá fháltas san iomlán ó shealbhóirí ceadúnais (18 gcinn in 2019).

4 Ioncam ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann

Measachán €300,000; réadaithe €481,000

Tharla an barrachas €181,000 mar thoradh ar fháltais ar roinnt tionscnamh arna maoiniú ag AE a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

5 Cíos ar áitribh in Ard-Oifig an Phoist

Measachán €223,000; réadaithe €328,000

Tharla an barachas €105,000 mar thoradh ar ioncam cíosa do 2019 a fháil go déanach, rud a fuarthas ar deireadh in Eanáir 2020.

7 Fáltais ón gciste éifeachtúlachta fuinnimh

Measachán €10 milliún; réadaithe €707,000

Tharla an t-easnamh €9.293 milliún mar thoradh ar chaiteachas ag an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide atá neodrach ó thaobh vóta de (fo-mhírcheann E.11) a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Mar thoradh air sin, bhí fáltais mheaitseála ón gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

8 Ranníocaíochtaí pinsin ó ghníomhaireachtaí

Measachán €732,000; réadaithe €232,000

Tharla an t-easnamh €500,000 mar thoradh ar ranníocaíochtaí pinsin a fháil go déanach ó ghníomhaireacht amháin, agus toisc nár laghdaíodh an soláthar sa mheastachán don fho-mhírcheann seo chun aistriú na bhfáltas ó Údarás Craolacháin na hÉireann chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán a léiriú.

4.2 Fáltais ilghnéitheacha

	2020 €000	2019 €000
Dleachtanna i dtaca le líonraí achair cathrach	911	927
Fíorú i leith Loch Coirib	48	—
Costais a aisghabhadh ó chomhlachtaí eile	35	347
Eile	3	23
Iomlán	**997**	**1,297**

4.3 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	261	—
Fáltais ón scéim i ndáil le trádáil astaíochtaí [a]	122,781	122,798
Fáltais ó fhíneálacha ar sháruithe trádála astaíochtaí	—	261
Ducht teileachumarsáide na Gaillimhe-Mhaigh Eo	193	117
Scaireanna sa Lárionad Náisiúnta Taighde Dhigitigh a dhíol	152	—
Géilleadh deonach thuarastail na nAirí	29	15
Suim a aistríodh chuig an Státchiste	(123,264)	(122,930)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**152**	**261**

Nóta [a] B'ionann €124.52 milliún agus ollsciar na hÉireann d'fháltais a d'eascair as liúntais a chur ar ceant sa Chóras AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí in 2020. Asbhaintear €1.76 milliún le haghaidh chostais riaracháin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, rud a fhágann go bhfuil glanfháltas €122.8 milliún ann le tabhairt ar ais don Státchiste.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon foirne ag deireadh na bliana		
Roinn	396	383
Gníomhaireachtaí [a]	875	861
	1,271	**1,244**

Nóta [a] Is iad na gníomhaireachtaí a áirítear anseo an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Iascaigh Intíre Éireann, Gníomhaireacht na Lochanna agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Baineann na sonraí pá gníomhaireachta seo a leanas leis na gníomhaireachtaí céanna sin.

5.2 Pá

Luach saothair na mball foirne uile (Roinn agus gníomhaireachtaí)

	2020 €000	2019 €000
Pá	73,620	70,139
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	236	217
Liúntais eile	1,517	1,480
Ragobair	48	53
ÁSPC an Fhostóra	6,925	6,501
Pá iomlán	**82,346**	**78,390**

Nóta Tagraíonn na socruithe pá le gné an phá d'fho-mhírchinn A.1, A.4, B.1, B.3, C.1, D.1, D.3, E.1, E.3. Áirítear leis na figiúirí seo airgead neamhvótáilte lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (ciorclán 22 de 2020).

Luach saothair bhaill foirne na Roinne

	2020 €000	2019 €000
Pá	23,331	22,255
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	20	80
Liúntais eile	101	61
Ragobair	25	34
ÁSPC an Fhostóra	1,929	1,743
Pá iomlán	**25,406**	**24,173**

Luach saothair ball foirne gníomhaireachta

	2020 €000	2019 €000
Pá	50,289	47,884
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	216	196
Liúntais eile	1,416	1,360
Ragobair	23	19
ÁSPC an Fhostóra	4,996	4,758
Pá iomlán	**56,940**	**54,217**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2020	2019
			€	€
Baill foirne na Roinne				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	13	—	4,894	14,186
Liúntais eile	18	2	20,614	20,614
Ragobair	20	—	4,262	4,469
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	5	1	11,262	14,245
Baill foirne gníomhaireachta				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	47	—	9,761	9,116
Liúntais eile	306	—	9,873	12,000
Ragobair	11	—	4,473	3,065
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	47	7	14,124	10,114

5.4 Socruithe eile luach saothair

Tá oibrí amháin de chuid na hearnála poiblí a bhfuil pinsin earnála poiblí á fháil aige fostaithe ag an Roinn ar bhonn buan agus tá na híocaíochtaí a dhéantar i gcomhréir le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €407,809 i leith ceathrar oifigeach a bhí ag fónamh taobh amuigh den Roinn ar feadh 2020 go léir nó ar feadh cuid den bhliain agus ar íoc an Roinn a dtuarastail.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i dtaca le dáréag oifigeach a bhí ag fónamh taobh amuigh den Roinn ar feadh 2020 go léir nó ar feadh cuid den bhliain agus ar íoc na gníomhaireachtaí inar oibrigh siad a dtuarastail.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2020	2019
		€	€
Ró-íocaíochtaí	22	107,379	91,207
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	9	78,846	67,588

5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Le linn 2020, fuair triúr ball foirne ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht scaoilíocaíochtaí arbh fhiú €52,192 san iomlán iad.Fuair beirt de na baill foirne sin íocaíochtaí iomarcaíochta arbh fhiú €23,136 san iomlán iad.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Costais chúitimh agus dlí

	Líon na gcásanna	Costais dlí a d'íoc an Roinn	Costais dlí a dámhadh	Cúiteamh a dámhadh	2020 Iomlán	2019 Iomlán
		€000	€000	€000	€000	€000
Éilimh ó:						
Fostaithe	—	—	—	—	—	25
Eagraíochtaí/ daoine aonair seachtracha	—	—	—	—	—	230
	—	**—**	**—**	**—**	**—**	**255**

6.2 Maoiniú ón Aontas Eorpach

Áirítear leis an toradh a thaispeántar faoi fho-mhírchinn B.4 agus C.5 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí a chómhaoiníonn AE trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus trí Fhís 2020.

Íoctar fáltais CFRE go díreach sa Phríomh-Chiste agus soláthraítear an caiteachas gaolmhar i bhFo-mhírcheann B.4 (2020: €23.394 milliún; 2019 €39.814 milliún).

Fuair an Roinn réamh-mhaoiniú €338,569 ó AE i dtaca le tionscadail Fhís 2020 agus soláthraítear an caiteachas gaolmhar i bhFo-mhírcheann C.5 (2020: €808,000; 2019: €372,000).

Nóta 7 Cuntais ilghnéitheacha

7.1 Ciste an Chláir um Bonneagar Peitriliam

Ráiteas faoi fháltais agus íocaíochtaí Chiste an Chláir um Bonneagar Peitriliam don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020.

	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	6,091	5,918
Fáltais	38	314
Íocaíochtaí	(57)	(141)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**6,072**	**6,091**

Bunaíodh an Clár um Bonneagar Peitriliam (CBP) i 1997 agus tá sé maoinithe ag cuideachtaí ola a bhfuil ceadúnas le haghaidh taiscéalaíocht amach ón gcósta acu a d'eisigh an Roinn. Tá sé mar aidhm aige gníomhaíochtaí taiscéalaíochta agus forbartha hidreacarbóin a chur chun cinn trí threisiú le struchtúir thacaíochta áitiúla, le maoiniú le haghaidh bailiú sonraí taighde agus le taighde 'talamhbhunaithe' i limistéir amach ó chósta na hÉireann. Taifeadtar fáltais maidir le Ciste an Chláir um Bonneagar Peitriliam mar leithreasaí-i-gcabhair agus íoctar isteach sa chiste iad trí mheán fho-mhírcheann C.3.

Is í Oifig Rialála Geo-Eolaíochta na Roinne a riarann an Ciste.

7.2 An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh

Ráiteas faoi fháltais agus íocaíochtaí an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020.

	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	20,968	20,968
Fáltais	—	—
Infheistíochtaí	—	—
Aisíocaíocht leis an Vóta i dtaca le tionscadail an Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide	(707)	—
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**20,261**	**20,968**

Bunaíodh an Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh in 2014 faoi fhorálacha Rialacháin an Aontais Eorpaigh (An Scéim um Oibleagáid Éifeachtachta Fuinnimh), 2014 (I.R. 131 de 2014). Is iad na cuspóirí a bhaineann leis an gCiste (1) tacú le cláir um fheabhsú éifeachtúlachta fuinnimh agus bearta eile éifeachtúlachta fuinnimh a sholáthar, agus (2) forbairt margaidh do bhearta um fheabhsú éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn. Chuir an Rialtas €35 mhilliún ar fáil ó Chiste an Tobhaigh Ioncaim Carbóin don Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh.

Tá maoiniú iomlán €14.03 milliún ón gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh infheistithe in Ireland Energy Efficiency Investments plc (IEEI). Meaitseálann an earnáil phríobháideach an maoiniú ón Stát. Déantar ionadaíocht don Aire, mar aon leis na hinfheisteoirí eile, ar choiste comhairleach infheistíochta agus faigheann gach scairshealbhóir tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais eatramhacha ar fheidhmíocht IEEI. Chinn an tAire, i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, gan aon mhaoiniú eile a infheistiú in IEEI i ndiaidh mhí na Bealtaine 2018. Ag an 31 Nollaig 2020, bhí luach €13.615 milliún ar infheistíocht an Stáit in IEEI.

Tar éis cead a fháil ón Rialtas, agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chinn an tAire an Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh a fhoirceannadh agus an t-airgead a bhí fágtha a shannadh don Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Sa bhliain 2020, ar feitheamh reachtaíocht chun an Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhunú ar bhonn reachtúil, cuireadh caiteachas €707,166 ar fáil trí Fho-mhírcheann E.11 i dtaca le tionscadail an Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide. Aisíocadh an caiteachas seo leis an Vóta trí fháltas meaitseála leithreasaí-i-gcúnamh ó EENF faoi Fho-mhírcheann F.6 mar a aontaíodh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ba é €20.261 milliún an t-iarmhéid a bhí fágtha sa Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh ag an 31 Nollaig 2020.

I mí Dheireadh Fómhair 2020, fuair an tAire, mar scairshealbhóir, leithdháileadh €1.212 milliún ó IEEI don tréimhse dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020. Ar feitheamh cinneadh ar an gcaoi a gcaithfear leis an leithdháileadh seo, rinneadh é a lóisteáil go sealadach i gcuntas fionraí de chuid an Vóta agus tá sé san áireamh mar iarmhéid sochair i nóta 2.5. Aistreofar an leithdháileadh chuig EENF in 2021.

Aguisín A Sceideal tailte agus foirgneamh

Is leis an Aire na hionaid réadmhaoine seo a leanas.

1. Foirgneamh Ard-Oifig an Phoist
2. Stua Siopadóireachta Ard-Oifig an Phoist
3. 1-6 Foirgnimh Oifig an Phoist
4. 24-30 Sráid Anraí

Bainistítear na hionaid réadmhaoine seo faoi léasanna agus/nó ceadúnais arna ndeonú ag an Stát.

Is leis an Aire Iascach na Gaillimhe i gCathair na Gaillimhe agus Iascadh Abhainn Fhia/Abhainn tSocair i gCo. Dhún na nGall. Is é Iascach Intíre Éireann a bhainistíonn na hiascaigh sin.

Tá leas tairbhiúil ag an Aire sna líonraí achair cathrach freisin. Maoiníodh tógáil na líonraí sin i gcomhpháirt le húdaráis áitiúla áirithe agus le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

Aguisín B Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce ma Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Comhlacht/ciste roinne	Tréimhse chuntasaíochta dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchta	Dáta a fuair an tAire/an Roinn í	Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
An Post	2019	26 Már 2020	31 Már 2020	15 Bea 2020
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide [a]	2019	19 Már 2020	29 Aib 2020	23 Iúi 2020
An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach [b]	2019	29 Mei 2020	30 Mei 2020	—
Bord na Móna	2019	24 Mei 2020	29 Mei 2020	22 Iúi 2020
An Coimisiún um Rialáil Fóntais	2019	26 Bea 2020	12 Mei 2020	17 Sam 2020
Eirgrid [c]	2019	20 Nol 2019	31 Ean 2020	9 Sam 2020
Bord Soláthair an Leictreachais	2019	27 Fea 2020	3 Már 2020	21 Bea 2020
Corparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann	2019	18 Mei 2020	25 Mei 2020	7 Lún 2020
An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta	2019	23 Mei 2020	25 Mei 2020	7 Lún 2020
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann	2019	26 Mei 2020	29 Mei 2020	17 Sam 2020
Iascach Intíre Éireann	2019	21 Nol 2020	23 Nol 2020	19 Fea 2021
Gníomhaireacht na Lochanna [b]	2019	11 Fea 2021	25 Fea 2021	—
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	2019	30 Mei 2020	8 DF 2020	9 Nol 2020
An Ciste Comhshaoil	2019	17 Nol 2020	18 Nol 2020	7 Ean 2021

Nóta [a] Tréimhse an chuntais, an 1 Iúil 2018 go dtí an 30 Meitheamh 2019.

[b] Níl tuarascáil bhliantúil agus cuntais do 2019 curtha faoi bhráid an Oireachtais fós.

[c] Tréimhse an chuntais, an 1 Deireadh Fómhair 2018 go dtí an 30 Meán Fómhair 2019.

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 30

Talmhaíocht, Bia agus Mara

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 30, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an Cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastal agus caiteachas Oifig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus íocaíocht deontas agus fóirdheontas áirithe agus íocaíocht deontas áirithe faoi scéimeanna airgeadteoranta agus feabhsúchán Inis Sionnach.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna:

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2020, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2019, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir le géilleadh iarchurtha.

Tá farasbarr €104.353 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe I gciorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Sócmhainní caipitil

Le haghaidh 2020, lean an Roinn le sócmhainní faoi bhun na tairsí €10,000 a áireamh ar an gclár sócmhainní. Tá sé beartaithe, áfach, go mbeifear ag comhlíonadh chiorclán 21 de 2020 go hiomlán ó 2021 ar aghaidh.

Níl aon luachálacha luaite le talamh agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn. Tá siad sin liostaithe in Aguisín A.

Dímheas

Déantar dímheas a ghearradh ar bhonn míosúil le haghaidh shaolré na sócmhainní. Is é an beartas dímheasa go ngearrtar dímheas míosa iomláine i mí na héadála/an choimisiúnaithe agus nach ngearrtar aon dímheas i mí na diúscartha.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht sin a fheidhmiú i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar éifeachtacht an chórais.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le soláthar na feidhme párolla agus acmhainní daonna.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar na seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

Seo a leanas an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, creat na nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach.

An timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a áirítear léi na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Cuireadh socruithe tuairiscithe ar bun ag gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus na freagrachtaí atá orm as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear scaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm a bhfuil buiséad bliantúil acu agus a gcoinníonn an lucht bainistíochta faoi athbhreithniú é
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina dtugtar léargas ar fheidhmíocht i gcomparáid le réamhaisnéisí
- go bhfeidhmítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann a bhfuil sé mar aidhm leo sláine na gcóras TFC a chinntiú
- gurb ann do threoirlínte rialaithe cuí maidir le hinfheistíocht chaipitil agus do dhisciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn agus go bhfuil pearsanra atá oilte go cuí ag obair inti, agus go bhfuil an fheidhm ag feidhmiú de réir cairt scríofa atá faofa agam. Is é atá mar bhonn lena cuid oibre anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na Roinne agus is bunaithe ar an anailís sin atá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agamsa. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm

iniúchóireachta inmheánaí. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Tá roinnt sásraí ag an Roinn chun a córais bhainistíochta agus rialaithe airgeadais a athbhreithniú agus a mheas ar bhonn leanúnach. Cuimsítear iontu sin a Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, a Coiste Iniúchóireachta agus a córas bainistíochta riosca.

Déanann an Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, a bhfuilimse i mo chathaoirleach air, athbhreithniú ar thorthaí iniúchta AE agus monatóireacht ar an dul chun cinn ar dhéileáil le saincheisteanna rialaithe sainaitheanta agus ar na ceanglais chreidiúnaithe arna leagan síos sa rialachán le haghaidh gníomhaireachtaí íocaíochta AE a chomhlíonadh.

Tá an Roinn faoi réir raon iniúchtaí atá á ndéanamh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ag an aonad iniúchóireachta inmheánaí, ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, ag Coimisiún AE agus ag comhlacht deimhniúcháin neamhspleách – ar gnólacht cuntasaíochta gairmiúil é – a dheimhníonn cuntais bhliantúla EAGF agus CETFT. In 2020, bhí an Roinn faoi réir thart ar 2,267 ndaonlá iniúchóireachta a bheith á ndéanamh ag na comhlachtaí sin. Thug mé dearbhú bainistíochta don chomhlacht deimhniúcháin le haghaidh chuntais bhliantúla AE, mar a cheanglaítear le Rialachán 1306/2013 ón gComhairle.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Cinntíonn an Roinn go leagtar béim chuí ar an dea-chleachtas i ndáil le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte agus na reachtaíochta ábhartha ar fad a chinntiú.

Chomhlíon an Roinn leis na treoirlínte ach amháin i ndáil le 64 chonradh dar luach €3,446,701 (gan CBL a áireamh) san iomlán, a bhfuil na sonraí ina leith luaite thíos.

- Bronnadh roimhe sin trí chonradh déag dar luach €521,898 ach sháraigh siad na tairseacha ábhartha don phróiseas iomaíoch sin.
- D'eascair trí chonradh dar luach €52,936 as moilleanna idirthréimhseacha ar aistriú chuig soláthraithe seirbhíse nua.
- Bhain seacht gconradh dar luach €29,464 le soláthairtí beaga neamhiomaíocha nár cuireadh ar áireamh roimhe sin i bpróiseas neamhiomaíoch comhlíontach a ceadaíodh roimhe sin.
- D'eascair aon chonradh is daichead dar luach €2,842,403 as moilleanna ar phróiseas iomaíoch a chur i gcrích, mar gheall ar nádúr fíortheicniúil na míreanna a bhí i gceist.

Tá an Roinn tiomanta don leibhéal soláthairtí neamhchomhlíontacha a chuirtear i gcrích a laghdú agus táthar ag leanúint le díriú ar réimsí neamhchomhlíonta ar bhealach modheolaíoch pleanáilte.

Thug an Roinn sonraí faoi chonarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil a bhaineann le ciorclán 40 de 2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Leanadh le córas bainistíochta riosca na Roinne a fhorbairt agus a fheabhsú i rith 2020.

- Tá an Oifig Rioscaí, atá lonnaithe sa Rannóg Airgeadais, ag obair go lánaimseartha chun gníomhaíocht bainistíochta riosca a fhorbairt agus a threisiú ar fud na heagraíochta.
- Buaileann an Coiste Riosca, atá faoi chathaoirleacht ag an Ard-Rúnaí Cúnta ar a bhfuil freagracht as rialachas agus ag a bhfuil ionadaíocht ar leibhéal an Chinn Rannóige ar fud na Roinne, le chéile ar bhonn ráithiúil agus déanann sé formhaoirseacht ar obair na hOifige Rioscaí.
- Tuairiscíonn an Coiste Riosca don Bhord Bainistíochta ar bhonn ráithiúil.
- Bhí an Oifig Rioscaí i mbun Córas Bainistíochta Riosca nua - *eRisk*, ar cuid é de thacar feidhmchlár *Built-to-Share* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

atá ar fáil do gach comhlacht earnála poiblí, a rolladh amach le haghaidh fhoireann na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara i rith 2020.
- Leasaigh agus d'fhaomh an Bord Bainistíochta an beartas riosca don Roinn i mí Iúil 2020.
- Cuireadh tús le soláthar oiliúint agus tacaíocht foirne i ndáil le Beartas Bainistíochta Riosca DAFM agus leanadh le húsáid a bhaint as an gcóras *eRisk* i rith 2020.
- Cuireadh nósanna imeachta ráithiúla tuairiscithe agus monatóireachta frithchalaoise chun feidhme agus tá an Rannóg Airgeadais freagrach as clár calaoise.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Rioscaí airgeadais suntasacha

An Breatimeacht

Ón 1 Eanáir 2021 i leith, tá an Ríocht Aontaithe, seachas Tuaisceart Éireann, lasmuigh de Mhargadh Aonair AE agus den Aontas Custaim. Fágann sé sin go bhfuil feidhm ag nósanna imeachta nua i bhfeidhm maidir le gnóthaí a aistríonn earraí chuig nó tríd an Ríocht Aontaithe seachas, Tuaisceart Éireann, nó a aistríonn earraí ón Ríocht Aontaithe, seachas Tuaisceart Éireann. Tháinig Comhaontú Trádála agus Comhair (TCA) AE-na Ríochta Aontaithe i bhfeidhm ag an am céanna. Foráiltear leis an gcomhaontú sin don trádáil atá saor ó tharaifí agus ó chuótaí le haghaidh earraí cáilitheacha de chuid AE agus na Ríochta Aontaithe, ach tá an comhaontú teoranta maidir le héascú na hearnála agraibhia, rud a chruthaigh dúshláin shuntasacha don earnáil agraibhia agus don Roinn. Fágann neamhchosaint na hearnála ar mhargadh na Ríochta Aontaithe, agus nádúr rí-chomhtháite shlabhraí soláthair na hÉireann-na Ríochta Aontaithe, go bhfuil sé leochaileach go háirithe d'éifeachtaí an Bhreatimeachta.

Thabhaigh an Roinn costais shuntasacha in 2020 a bhain leis an mBreatimeacht. D'eascair siad sin ó chion na Roinne den chostas a bhaineann le bonneagar fisiciúil nua a sholáthar ag calafoirt Bhaile Átha Cliath agus Ros Láir, a bhaineann le líon i bhfad níos mó rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar earraí agraibhia, mar aon le hearcú gaolmhar ball foirne breise agus le bonneagar TF feabhsaithe a sholáthar. Rinneadh costais bhonneagair a chionroinnt i ranna agus oifigí ábhartha i gcomhaontú le hOifig na nOibreacha Poiblí agus íocadh iad trí mheastachán forlíontach, agus íocadh costais soláthar foirne agus TF ó chaiteachas vótáilte a fógraíodh don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar chuid den phróiseas meastachán.

Leanadh ar aghaidh le caiteachas eile a bhaineann le bearta tacaíochta Breatimeachta don earnáil agraibhia in 2020 trí Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann agus an earnáil baincéireachta, agus é á ghiaráil trí mhaoiniú tosaigh ón Roinn.

Laigí i rialú ar shócmhainní seasta

Bunaíodh aonad tiomnaithe bainistíochta sócmhainní i mí Eanáir 2017. Tá an t-aonad freagrach as cláir sócmhainní na Roinne a fhíorú. Cuimsítear san obair sin a sheiceáil an ann do shócmhainní caipitil atá á dtógáil agus iad a chatagóiriú agus a ghabháil, mar aon le mionsonrú iomlán sócmhainní. De réir mar a fhíoraíonn an t-aonad na catagóirí sócmhainní, is féidir go ndéanfar coigeartuithe ar an gclár sócmhainní de réir mar is cuí. Mar gheall ar na srianta taistil a bhí i bhfeidhm mar thoradh ar phaindéim Covid-19, tá an tionscadal físoraithe sócmhainní lena chríochnú anois in 2022.

Slándáil TFC

Tá tiomantas láidir ag an Roinn do shlándáil a córas TFC. Déantar athbhreithniú neamhspleách ar na córais sin go rialta. Tá nósanna imeachta cúltaca/athshlánaithe doiciméadaithe i bhfeidhm le haghaidh na sonraí criticiúla ar fad, lena n-áirítear úsáid a bhaint as seirbhísí seachtracha stórála sláine agus saoráidí athshlánaithe ó thubaiste. Tá aonaid thiomnaithe comhordaithe slándála TFC agus cibearshlándála ag an Roinn agus déanann sí obair réamhghníomhach ar shlándáil faisnéise a fhorbairt agus a chur chun cinn. Tá socruithe slándála TFC faoi réir athbhreithniú ag rannóg Iniúchóireachta TF an aonaid iniúchóireachta inmheánaí. Lena chois sin, tá an Roinn, ag comhlíonadh dó a róil mar ghníomhaireacht íocaíochta thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi réir iniúchadh creidiúnaithe bhliantúil. Tá creidiúnú ag an Roinn faoi chaighdeán idirnáisiúnta *ISO 27001: Cód Cleachtais um Bainistíocht Slándáil Faisnéise*, mar bhonn lena slándáil TF. Mar chuid den phróiseas deimhniúcháin sin, tá an Roinn faoi réir iniúchtaí leathbhliantúla lena chinntiú go bhfuil caighdeán Slándála Faisnéise ISO 27001:2013 á chomhlíonadh go leanúnach.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú atá á ndéanamh ag Roinn ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar an obair atá á déanamh ag na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ag an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Paindéim Covid-19

D'ainneoin thús phaindéim Covid-19 go luath in 2020, lean próisis chigireachta agus deimhniúcháin na Roinne ag feidhmiú mar a bhí roimhe sin. Bhí an phaindéim mar bhonn le roinnt athruithe sa timpeallacht oibre agus rialaithe i réimsí eile gnó laistigh den Roinn agus thosaigh daoine ag obair ó chian agus go fíorúil. Faoi chreat riosca agus rialaithe na Roinne, chuir an lucht bainistíochta measúnú riosca iomlán ar thionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe i gcrích. Deimhním gurb éifeachtach fós atá na rialuithe a bhí ann cheana agus iad sin a tugadh isteach mar thoradh ar phaindéim Covid-19.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh laigí ar bith i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2020 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

Brendan Gleeson
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

29 Márta 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa* ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus chomhlíon mé na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa.Tá cur síos déanta sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa* ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu trí eisceacht.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha nár comhlíonadh na rialacha soláthair náisiúnta maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú in 2020.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

16 Meán Fómhair 2021

Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara

Cuntas Leithreasa 2020

		Soláthar meastacháin		2020 Toradh	2019 Toradh
		€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir					
A	Sábháilteacht Bia, Sláinte Ainmhithe agus Plandaí agus Leas Ainmhithe				
	Bunaidh	277,701			
	Forlíontach	14,963			
			292,664	278,683	261,782
B	Tacaíocht agus Rialuithe Feirme/Earnála				
	Bunaidh	924,302			
	Géilleadh iarchurtha	19,800			
	Forlíontach	(16,844)			
			927,258	871,290	874,064
C	Beartas agus Straitéis				
	Bunaidh	379,072			
	Forlíontach	21,674			
			400,746	392,808	356,672
D	An Earnáil Bia Mara				
	Bunaidh	159,039			
	Forlíontach	(2,993)			
			156,046	132,213	142,603
Ollchaiteachas					
	Bunaidh	1,740,114			
	Géilleadh iarchurtha	19,800			
	Forlíontach	16,800			
			1,776,714	**1,674,994**	**1,635,121**
	Lúide				
E	**Leithreasaí-i-gcabhair**		**354,255**	**388,488**	**388,443**
Glanchaiteachas					
	Bunaidh	1,385,859			
	Géilleadh iarchurtha	19,800			
	Forlíontach	16,800			
			1,422,459	**1,286,506**	**1,246,678**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime soláthartha sa bhreis ar an nglansuim fheidhmithe faoi dhliteanas géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar gach cuid d'aon leithreasaí neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil, nó aon chuid díobh, a thabhairt anonn le caitheamh an bhliain dar gcionn. Tugadh €31.6 milliún de leithdháiltí neamhchaite i ndáil leis na gnéithe caipitil den Vóta anonn go 2021 (Nóta 6.7).

	2020 €	2019 €
Farasbarr	135,953,184	98,428,934
Géilleadh iarchurtha	(31,600,000)	(19,800,000)
Farasbarr le géilleadh	**104,353,184**	**78,628,934**

Brendan Gleeson
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

29 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costas an chláir		1,389,124	1,361,106
Pá		192,835	180,355
Neamhphá		93,035	93,660
Ollchaiteachas		**1,674,994**	**1,635,121**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**388,488**	**388,443**
Glanchaiteachas		**1,286,506**	**1,246,678**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(6,065)		
Brabús ar dhiúscairt	(65)		
Diúscairtí airgid thirim	66		
Dímheas	4,659	(1,405)	(253)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	8,504		
Laghdú ar stoc	33	8,537	(39,441)
Caiteachas díreach		**1,293,638**	**1,206,984**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		77,664	77,168
Measchíosanna		8,027	7,898
Glanchostas an chláir		**1,379,329**	**1,292,050**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 30 a tabhaíodh in áit eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	13	2
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scortha	73,040	72,722
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	3,472	3,826
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	369	344
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	495	—
An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí		275	274
		77,664	**77,168**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	14,051	12,647
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead	2.2	82,501	45,747
Stoic	2.3	2,287	2,320
Ioncam fabhraithe:			
Maoiniú CETFT dlite ó AE		152,437	165,262
Suimeanna eile dlite ó AE		5,562	6,924
Ró-íocaíochtaí scéime	6.2	1,367	2,640
Dlite le haghaidh seirbhísí		11,227	7,416
Réamhíocaíochtaí	2.4	44,332	33,615
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	1,157	7,765
Iomlán na sócmhainní reatha		**300,870**	**271,689**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		13,494	5,926
Ioncam iarchurtha		4	—
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.6	26,593	22,431
Glanmhaoiniú Státchiste	2.7	57,065	31,081
Iomlán na ndliteanas reatha		**97,156**	**59,438**
Glansócmhainní reatha		203,714	212,251
Glansócmhainní		**217,765**	**224,898**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.8	**217,765**	**224,898**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh TF	Mótar-fheithiclí agus innealra eile	Trealamh agus feistis	Trealamh oifige agus trealamh eile	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní					
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	143,686	7,045	14,717	91,754	257,202
Breiseanna	3,114	986	84	1,881	6,065
Diúscairtí	(1,102)	(159)	—	(1,041)	(2,302)
Aistrithe chuig an gCiste Lárionad Cuanta Iascaigh	(2)	—	—	—	(2)
Gluaiseacht laistigh de chatagóirí	—	19	(6)	(13)	—
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	145,696	7,891	14,795	92,581	260,963
Dímheas carntha					
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	137,159	5,845	14,171	87,380	244,555
Dímheas don bhliain	2,395	457	91	1,716	4,659
Dímheas ar dhiúscairtí	(1,101)	(159)	—	(1,041)	(2,301)
Aistrithe chuig an gCiste Lárionad Cuanta Iascaigh	(1)	—	—	—	(1)
Dímheas ar ghluaiseacht laistigh de chatagóirí	—	16	(6)	(10)	—
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	138,452	6,159	14,256	88,045	246,912
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**7,244**	**1,732**	**539**	**4,536**	**14,051**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	6,527	1,200	546	4,374	12,647

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta	81,123	45,345
Iarmhéideanna chuntas bainc tráchtála	1,378	402
	82,501	**45,747**

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Soláthairtí tréidliachta	1,415	1,158
Soláthairtí agus ceimiceáin saotharlainne	516	479
Beostoc	202	244
Stoc talmhaíochta	111	111
Stoic ola	16	29
Trealamh sábháilteachta	22	—
Soláthairtí glantacháin	5	9
Soláthairtí stáiseanóireachta	—	279
Soláthairtí ríomhaireachta	—	11
	2,287	**2,320**

2.4 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Ranníocaíochtaí leis an gClár Domhanda Bia (Nóta 6.5)	25,000	22,300
An Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí	11,000	—
Deontais taighde, cháilíochta agus deimhniúcháin	2,711	6,456
Teicneolaíocht bainistíochta faisnéise	2,937	3,000
Síntiúis	2,194	1,341
Eile	490	518
	44,332	**33,615**

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Airleacain tuarastal	551	46
Óinchistí agus costais taistil in-fhorchúitithe	104	203
Réamhíocaíochtaí le ONP	381	6,354
Míreanna dochair eile ar fionraí	121	1,162
	1,157	**7,765**

2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Suimeanna dlite don Stát		
Cáin ioncaim	2,880	2,602
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	1,781	1,564
Cáin shiarchoinneálach	1,493	1,291
Cáin bhreisluacha	804	1,428
Cáin chonarthaí iomchuí	15	1
Ranníocaíochtaí pinsin	721	1,105
Cáin mhaoine áitiúil	30	23
Muirear sóisialach uilíoch	572	529
	8,296	8,543
Urrúis	2,506	2,527
Táillí ceadúnaithe lotnaidicídí	180	270
Airleacan AE	13,007	8,845
Ilghnéitheach	2,604	2,246
	26,593	**22,431**

2.7 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	104,353	78,629
Géilleadh iarchurtha	31,600	19,800
Deontas Státchiste nár tarraingíodh	(78,888)	(67,348)
Glanmhaoiniú Státchiste	**57,065**	**31,081**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead	82,501	45,747
Iarmhéideanna dochair: fionraí	1,157	7,765
	83,658	53,512
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(8,296)	(8,543)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(18,297)	(13,888)
	(26,593)	(22,431)
	57,065	**31,081**

2.8 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			224,898	185,218
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	1,422,459		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(31,600)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(104,353)		
Glanvóta			1,286,506	1,246,678
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		77,664	77,168
Míreanna neamhairgid thirim - sócmhainní aistrithe	2.1		(1)	(14)
Caiteachas neamhairgid thirim - measchíos	1		8,027	7,898
Glanchostas an chláir	1		(1,379,329)	(1,292,050)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**217,765**	**224,898**

2.9 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	**2020**	**2019**
	€000	**€000**
Soláthar earraí agus seirbhísí	78,672	39,457
Cláir dheontais neamhchaipitil	395,731	558,905
Cláir dheontas caipitil	617,319	609,011
Mórthionscadal caipitil	600	561
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**1,092,322**	**1,207,934**

Ceangaltais deontas neamhchaipitil

	Dlite 2021	Blianta ina dhiaidh sin	2020 Iomlán	2019 Iomlán
	€000	€000	€000	€000
An Scéim Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaol na Talmhaíochta	202,174	40,016	242,190	303,768
Taighde bia	18,500	43,958	62,458	71,737
Scéimeanna áitiúla – reatha	17,028	17,643	34,671	43,512
Leas caorach	17,000	2,500	19,500	27,979
Deontais don earnáil orgánach	12,738	3,209	15,947	15,500
Clár géanómaíochta sonraí mairteola	10,464	4,720	15,184	57,132
Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh - reatha	2,429	507	2,936	5,554
An chomhpháirtíocht nuálaíochta Eorpach	484	393	877	1,398
Íocaíochtaí blianachta talún	149	1,351	1,500	—
Bainne agus torthaí scoile	111	222	333	444
Aistriú eolais	110	25	135	6,000
An Clár Domhanda Bia	—	—	—	25,700
An scéim um roghanna comhshaol talmhaíochta	—	—	—	109
An Scéim um chosaint na timpeallachta tuaithe	—	—	—	72
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**281,187**	**114,544**	**395,731**	**558,905**

Ceangaltais clár deontas caipitil

	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéid tosaigh	609,011	697,528
Deontais a íocadh sa bhliain	(171,655)	(192,966)
Ceangaltais nua	214,386	172,640
Dídhílsithe deontas	(34,423)	(68,191)
Iarmhéid deiridh	**617,319**	**609,011**

Ceangaltais clár deontas caipitil

	Dlite 2021	Blianta ina dhiaidh sin	2020 Iomlán	2019 Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Foraoisiú	76,642	429,226	505,868	505,686
Scéimeanna nuachóirithe talmhaíochta spriocdhírithe	64,662	—	64,662	74,394
Clár caipitil Lárionad Cuanta Iascaigh	17,399	1,331	18,730	16,944
SBCI - Scéim Iasachta Breatimeachta	14,000	—	14,000	—
Tionscnamh bia LEADER	5,500	2,430	7,930	—
Scéim ghairneoireachta	2,651	—	2,651	1,385
Mol Nuálaíochta Bia	1,150	—	1,150	7,150
Deontais infheistíochta caipitil	901	—	901	2,078
Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh - caipiteal	643	714	1,357	1,357
Scéimeanna áitiúla - caipiteal	70	—	70	17
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**183,618**	**433,701**	**617,319**	**609,011**

Ceangaltais mórthionscadal caipitil

Tionscadal	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019	Caiteachas in 2020	Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin	Caiteachas iomlán ionchais shaolré an tionscadail 2020	Caiteachas iomlán ionchais shaolré an tionscadail 2019
	€000	€000	€000	€000	€000
Tionscadal feabhsúcháin Inis Sionnach	24,760	577	600	25,937	25,321

Difríochtaí suntasacha

Tugtar míniú thíos maidir le haon cheangaltas suntasach ina raibh an caiteachas iomlán iarbhír breis is €500,000 níos mó nó níos lú ná mar a bhí siad in 2019.

Tionscadal feabhsúcháin Inis Sionnach

Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchais: €616,000

D'eascair an méadú caiteachais as costais tionscadail iarmharacha (íocaíocht choinneála), cothabháil láithreáin agus ceangaltais mhonatóireachta comhshaoil iarthógála a bhaineann le hiarthionscadal Oirthear Thiobraid Árann

2.10 Dliteanais theagmhasacha

Oibríochtaí AE

1. Tá an Roinn ar an eolas faoi fhionraí shealadach faoi Chlár Oibríochtúil Chiste Iascaigh agus Ghnóthaí Muirí (EMFF) na hÉireann mar thoradh ar mhoill a bheith ar chur chun feidhme chóras pointí AE faoi Rialacháin AE.

   Ó shin i leith, bhunaigh an tAire rialacháin a chomhlíonann go hiomlán na ceanglais ábhartha a bhaineann le sealbhóirí ceadúnas bád iascaireachta mara. D'fhonn comhlíonadh cheanglais AE a chur i gcrích, tá an tAire ag iarraidh, ar bhonn práinne, dlús a chur le cinn billí chun deis a thabhairt reachtaíocht chuí a bhunú le haghaidh máistrí árthaí iascaireachta.

   Cé go ndéanann Éire gach iarracht na hoibleagáidí faoi Rialachán AE maidir le Rialú ar Iascacha chomhlíonadh, chuir an Coimisiún Eorpach íocaíochtaí aisghabhála d'Éirinn le haghaidh caiteachas rialaithe agus forfheidhmiúcháin ar fionraí in 2018 agus bhí €24.437 milliún in íocaíochtaí ar fionraí á siarchoinneáil ag deireadh 2020.

   Foráiltear le Rialacháin AE nach mór don Choimisiún na híocaíochtaí ar fionraí a scaoileadh nuair atá ceanglais chóras na bpointí á gcomhlíonadh go hiomlán ag Éirinn.

2. Tá an Roinn ar an eolas faoi smachtbhannaí féideartha a bhaineann le nithe sainaitheanta i ndiaidh Fiosrúchán Riaracháin de bhua Airteagal 102(2) de Rialachán Rialaithe 1224/2009 ó AE maidir le hábhair a bhaineann le rialú iascaigh mhara. Fuair an tAire fionnachtana ó Choimisiún AE agus tá an Roinn agus an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, a bhfuil freagracht dhlíthiúil orthu as rialú oibríochtúil, i mbun rannpháirtíocht iomlán leis an gCoimisiún maidir leis na hábhair a sainaithníodh. Baineann éiginnteacht fós le nádúr agus uainiú aon dliteanas féideartha.

3. Chomh maith leis sin, tá an Roinn ar an eolas faoi aon dícheaduithe féideartha maidir leis na próisis iniúchóireachta seo a leanas atá ar siúl faoi láthair. Baineann éiginnteacht fós le nádúr agus uainiú aon dliteanas féideartha.

   Iniúchadh neamh-IACS 2019 ó CETFT - Reáchtáladh an t-iniúchadh i mí na Samhna 2019 agus reáchtáladh cruinniú déthaobhach i mí na Samhna 2020 chun na fionnachtana a phlé. I láthair na huaire, tá an Roinn ag fanacht le freagra ar fhaisnéis a tugadh do DG AGRI i mí Feabhra 2021.

   Iniúchadh Fhorbairt Limistéir 2020 - Reáchtáladh an t-iniúchadh i mí Iúil 2020 agus tá sé beartaithe cruinniú déthaobhach a reáchtáil i mí an Mheithimh 2021 chun na fionnachtana a phlé.

   Iniúchadh BEAM 2020 - Reáchtáladh an t-iniúchadh seo i mí na Samhna 2020 agus fuarthas litir maidir leis na fionnachtana i mí Feabhra 2021. Tá sé beartaithe cruinniú déthaobhach chun na fionnachtana a phlé a reáchtáil i mí Mheán Fómhair 2021.

Eile

Tá baint ag an Roinn le roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais a chruthú, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Baineann éiginnteacht le suim iarbhír nó uainiú aon dliteanas féideartha.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin leagtha amach thíos cionroinnte ar chláir, chun léargas a thabhairt ar chostálacha iomlána cláir.

				2020	2019
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais				
	Bunaidh	197,373			
	Forlíontach	(4,000)			
			193,373	192,835	180,355
ii	Taisteal agus cothú		8,300	5,706	9,002
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha		6,606	5,101	5,305
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide		5,102	4,376	4,547
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha		46,101	42,299	37,106
vi	Costais áitribh oifige				
	Bunaidh	16,687			
	Forlíontach	17,300			
			33,987	26,818	30,715
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe		423	85	92
viii	Bearta forlíontacha chun leasanna airgeadais AE a chosaint		900	837	760
ix	Seirbhísí saotharlainne		7,626	7,813	6,133
			302,418	**285,870**	**274,015**

Difríochtaí suntasacha

Tá léargas le fáil thíos ar anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus déantar cur síos ann ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin: €8.3 milliún; toradh €5.706 milliún

D'eascair an t-easnamh €2.594 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin as taisteal laghdaithe mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Ara on dul le srianta an rialtais, níor cuireadh sonraí ach maidir le taisteal riachtanach ar fáil don Roinn, rud ba chúis le laghdú foriomlán ar chostais taistil agus chothaithe don bhliain.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin: €6.606 milliún; toradh €5.101 milliún

Tríd is tríd, d'eascair an t-easnamh €1.505 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin as coigilteas ar chostas taistil foirne mar thoradh ar shrianta taistil a forchuireadh faoi phaindéim Covid-19, agus an méadú ar oiliúint ar líne. Chomh maith leis sin, d'eascair coigilteas as táille seirbhíse *PeoplePoint* de bhrí go raibh an líon foirne níos

ísle sa bhliain mar go raibh Covid-19 mar chúis le sos sealadach ar earcaíocht.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin: €16.687 milliún; toradh €26.818 milliún

Bhí an méadú €10.131 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin bunaidh ann toisc gur thabhaigh an Roinn costais leanúnacha a bhain le bonneagar fisiciúil a sholáthar ag calafoirt Bhaile Átha Cliath agus Ros Láir agus aerfort Bhaile Átha Cliath chun breis rialuithe easpórtála/iompórtála ar earraí agraibhia a éascú. Mar gheall ar mhoilleanna a bhain le srianta Covid-19, níorbh fhéidir an buiséad forlíontach iomlán a úsáid in 2020.

vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe

Soláthar meastacháin: €423,000; toradh €85,000

D'eascair an t-easnamh €338,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin as meascán de chomhairleoireachtaí beartaithe nach raibh ag teastáil níos mó agus athbhreithnithe beartaithe gan a bheith á ndéanamh in 2020.

Clár A Sábháilteacht Bia, Sláinte Ainmhithe agus Plandaí agus Leas Ainmhithe

				2020	2019
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
			€000	€000	€000
A.1	Riarachán − pá				
		Bunaidh	115,346		
		Forlíontach	(2,337)		
			113,009	112,694	102,764
A.2	Riarachán − neamhphá				
		Bunaidh	56,440		
		Forlíontach	17,300		
			73,740	61,956	65,979
A.3	Sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe agus plandaí agus leas ainmhithe		105,915	104,033	93,039
			292,664	**278,683**	**261,782**

Clár B Tacaíocht agus Rialuithe Feirme/Earnála

				2020	2019
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
B.1	Riarachán − pá				
	Bunaidh	56,442			
	Forlíontach	(1,144)			
			55,298	55,144	53,389
B.2	Riarachán − neamhphá		23,797	21,097	19,094
B.3	Scéimeanna um chomhshaol talmhaíochta		244,590	228,164	236,500
B.4	Scéim na limistéar faoi shrianta nádúrtha		250,000	247,324	248,552
B.5	Talmhaíocht agus bia (feirm) a fhorbairt				
	Bunaidh	84,762			
	Géilleadh iarchurtha	19,800			
	Forlíontach	(6,500)			
			98,062	81,193	83,650
B.6	Scéimeanna inbhuanaitheachta mairteola		135,350	130,126	87,108
B.7	Aistriú eolais		5,000	2,476	22,167
B.8	Scéim um leas ainmhithe le haghaidh caorach		18,000	16,755	17,382
B.9	Scéim luathscoir		220	(30)	187
B.10	Foraoiseacht agus bithfhuinneamh				
	Bunaidh	92,929			
	Forlíontach	(8,000)			
			84,929	79,218	89,732
B.11	Costais rialaithe agus scéimeanna tacaíochta eile				
	Bunaidh	12,618			
	Forlíontach	(1,200)			
			11,418	9,752	14,213
B.12	Scéimeanna Eile		594	71	2,090
			927,258	**871,290**	**874,064**

Difríochtaí suntasacha

Tá eolas le fáil thíos maidir le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an glanchaiteachas a bhain le Clár B €72.812 milliún níos ísle ná an meastachán bunaidh. Tá tearc-chaitheamh €3.998 milliún i gcaiteachas riaracháin mínithe cheana féin. Seo a leanas na príomhchúiseanna le hiarmhéid na difríochta, a bhí cothrom le €68.814 milliún.

B.3 Scéimeanna um chomhshaol talmhaíochta

Soláthar meastacháin: €244.59 milliún; toradh €228.164 milliún

Bhain an t-easnamh €16.426 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán leis na cúiseanna seo a leanas go príomha. Bhí coigilteas ab fhiú €3.879 milliún ann sna scéimeanna áitiúla um chomhshaol talmhaíochta mar, de bharr phaindéim Covid-19, gur cuireadh moill ar scéimeanna chromán na gcearc agus na ndiúilicíní péarla, agus ní bhfuarthas roinnt aighneachtaí go dtí 2021. B'éigean do ghrúpaí glao oscailte na Comhpháirtíochta Nuálaíochta Eorpaí déileáil

le moilleanna mar thoradh ar an bpaindéim freisin. Bhí coigilteas dar luach €3.555 milliún ann i scéim na feirmeoireachta orgánaí de bhrí go raibh moill ar roinnt rannpháirtithe na critéir íocaíochta a chomhlíonadh faoi dheireadh na bliana ach go n-éireoidh leo é sin a dhéanamh in 2021. Chomh maith leis sin, bhí coigilteas dar luach €7 milliún ann mar nár chuir scéim athfhliuchta portaigh Choillte an chéim phleanála agus soláthair curtha i gcrích in 2020, rud a d'fhág nach raibh an caiteachas pleanáilte i gceist.

B.5 Talmhaíocht agus bia (feirm) a fhorbairt

Soláthar meastacháin: €104.562 milliún; toradh €81.193 milliún

Bhain an t-easnamh €23.369 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh leis na cúiseanna seo a leanas go príomha. Tháinig coigilteas €15.648 milliún i scéim TAMS II chun cinn mar thoradh ar líon mór ceaduithe a d'imigh in éag in 2020. Mar gheall ar thionchar Covid-19 ar an earnáil ghairneoireachta, d'eascair coigilteas dar luach €1.138 milliún as líon suntasach tionscadal a bhain le 2020 nár leanadh leo agus a iarchuireadh go dtí 2021. Tugadh coigilteas dar luach €1.159 milliún san earnáil orgánach faoi deara de bhrí nár reáchtáladh roinnt imeachtaí mar gheall ar an bpaindéim agus gur reáchtáladh cinn eile go fíorúil, rud ba chúis leis an mbuiséad riachtanach a laghdú. Comhaontaíodh ar shíntí, áfach, chun cur i gcrích na gconarthaí a cheadú. Anuas air sin, rinneadh coigilteas dar luach €425,000 i dtreoirscéim próiseála dramhaíola mar thoradh ar rómheastachán costas deiridh.

B.7 Aistriú eolais

Soláthar meastacháin: €5 mhilliún; toradh €2.476 milliún

Bhain an t-easnamh €2.524 milliún sa chcaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán den chuid is mó le neamhchomhlíonta cheanglais na scéime a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo. De bhrí go bhfuil na ceanglais sin ceangailte le híocaíochtaí rannpháirtí agus éascaitheora, bhí laghdú suntasach ar an toradh iarbhír ann dá bharr. Lena chois sin, chuir an leanúint le haistarraingtí rannpháirtithe ón scéim le híocaíochtaí a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo ó thús.

B.8 Scéim um leas ainmhithe le haghaidh caorach

Soláthar meastacháin: €18 milliún; toradh €16.755 milliún

Bhain an t-easnamh €1.245 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán le líon níos lú iarrthóirí a bheith incháilithe le haghaidh íocaíochtaí ná mar a bhíothas ag súil leis.

B.9 Scéim luathscoir

Soláthar meastacháin: €220,000; toradh (€30,000)

Bhain an t-easnamh €250,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán le rómheastachán caiteachais mar aon le haisghabháil leanúnach ró-íocaíochtaí roimhe sin.

B.10 Foraoiseacht agus bithfhuinneamh

Soláthar meastacháin: €92.929 milliún; toradh €79.218 milliún

Bhain an t-easnamh €13.711 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh a tharla mar gheall ar choigilteas sa scéim foraoisithe, atá bunaithe ar éileamh, agus ní raibh an t-éileamh chomh mór agus a bhíothas ag súil leis in 2020. Lena chois sin, roghnaigh roinnt daoine aonair ligean dá bpréimheanna carnadh chun bulc-éileamh a dhéanamh am éigin amach anseo.

Bhí líon na n-achomharc a bhain le deonú ceadúnas foraoiseachta le haghaidh plandú, agus le haghaidh tógáil bóithre foraoise, mar bhonn le riaráistí suntasacha agus bhí tionchar aige ar eisiúint íocaíochtaí freisin. Bhí athruithe bunúsacha ar na nósanna imeachta measúnaithe oiriúnacha inmheánacha, a bunaíodh mar fhreagairt do bhreitheanna ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, mar bhonn, sa ghearrthéarma, le moilleanna ar cheadúnais a eisiúint.

D'fhág srianta Covid-19 nach bhféadfaí grúpaí aistrithe eolais a reáchtáil ar bhonn lánacmhainne ná a chríochnú in 2020.

B.11 Scéimeanna rialaithe agus tacaíochta eile

Soláthar meastacháin: €12.618 milliún; toradh €9.752 milliún

Bhain an t-easnamh i gcaiteachas dar luach €2.866 milliún i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh le coigilteas €1.9 milliún i gcostais stórála poiblí táirgí talmhaíochta mar thoradh ar dhea-dhálaí margaidh.

D’eascair coigilteas €974,000 i gcaillteanais idirghabhála níos ísle as iniúchtaí comhréireachta ar incháilitheacht chaiteachas AE. Tá sé deacair uainiú aon táillí a thuar.

B.12 Scéimeanna eile

Soláthar meastacháin: €594,000; toradh €71,000

D’eascair an t-easnamh i gcaiteachas dar luach €523,000 i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh as soláthar a dhéanamh do threoirscéim athlonnaithe fhéideartha nár leanadh léi sa bhliain.

Clár C Beartas agus Straitéis

				2020	2019
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
C.1	Riarachán − pá				
	Bunaidh	16,085			
	Forlíontach	(326)			
			15,759	15,715	15,216
C.2	Riarachán − neamhphá		6,209	5,258	4,771
C.3	Taighde, cáilíocht agus deimhniú		26,712	26,094	25,161
C.4	Talmhaíocht agus bia (neamhfheirm) a fhorbairt agus a chur chun cinn				
	Bunaidh	14,821			
	Forlíontach	(2,300)			
			12,521	3,999	7,550
C.5	Deontas ó Teagasc		144,132	144,373	134,673
C.6	Deontas ó Bhord Bia		48,229	46,935	44,844
C.7	An Ciste Rásaíochta Capall agus Rásaíochta Con		84,000	84,000	84,000
C.8	Ciste um Nuálaíocht agus Forbairt Tuaithe Cedra		1,500	1,497	1,486
C.9	Tabhartais chúnaimh bia – An Clár Domhanda Bia				
	Bunaidh	700			
	Forlíontach	24,300			
			25,000	25,700	25,300
C.10	Scéimeanna iasachta SBCI		20,372	25,705	—
C.11	Seirbhísí eile		16,312	13,532	13,671
			400,746	**392,808**	**356,672**

Difríochtaí suntasacha

Tá eolas le fáil thíos maidir le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an glanchaiteachas a bhain le Clár C €13.736 milliún níos airde ná an meastachán bunaidh. Tá tearc-chaitheamh €1.321 milliún i gcaiteachas riaracháin mínithe cheana féin. Bhain iarmhéid an róchaithimh fritháirithe dar luach €15.057 milliún leis na nithe seo a leanas go príomha.

C.4 Talmhaíocht agus bia (neamhfheirm) a fhorbairt agus a chur chun cinn

Soláthar meastacháin: €14.821 milliún; toradh €3.999 milliún

Bhain an t-easnamh €10.822 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh leis na cúiseanna seo a leanas go príomha.

Bhain coigilteas €5 mhilliún le maoiniú an ionaid bia tomhaltais, mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Bhí na srianta iarmhartacha mar bhonn le moilleanna tógála, a chuir moill ina dhiaidh sin ar an trealamh riachtanach a cheannach agus a choimisiúnú.

D’eascair coigilteas €1.843 milliún as an gciste infheistíochta caipiteal bia Breatimeachta de bhrí nach ndearna mórán daoine iarratas ar an scéim mar thoradh ar na héiginnteachtaí a d’eascair as an mBreatimeacht. Chuir paindéim Covid-19 leis na héiginnteachtaí sin freisin, agus tá sé deacair an spéis a bheidh ann a thuar de bhrí go bhfuil cur chuige níos cúramaí á ghlacadh ag cuideachtaí maidir le tionscadail nua. D'eascair coigilteas €500,000 ón gciste iomaíochais bia Breatimeachta de bhrí gur dheimhnigh Fiontraíocht Éireann ag deireadh 2020 nach mbeadh maoiniú ag teastáil uaithi faoin scéim seo.

D’eascair coigilteas €350,000 ó Chlár Prionsabal Barainneach d’Fheirmeoirí Muc de bhrí gur fhág srianta taistil Covid-19 nach bhféadfaí leanúint le cuairteanna feirme a bhí á dtabhairt ag Comhairleoirí Prionsabal Barainneach,rud a cheanglaítear faoin gclár.

D’eascair coigilteas €1.462 milliún as cur chun cinn scéim torthaí na scoileanna (*Food Dudes*) de bhrí go raibh scoileanna dúnta mar thoradh ar Covid-19. D’eascair coigilteas €704,000 as tionscnamh bia Leader de bhrí gur eascair éiginnteacht gheilleagrach as an mBreatimeacht agus as paindéim Covid-19 gur lú an leibhéal rannpháirtíochta sa tionscnamh.

D'eascair coigilteas €203,000 as an scéim nuachóirithe mairteola mar gheall ar phaindéim Covid-19, a d’fhág nach bhféadfaí an obair uasghrádaithe riachtanach a dhéanamh sna monarchana feola a ceadaíodh faoin scéim in 2020.

C.9 Tabhartais chúnaimh bia – An Clár Domhanda Bia

Soláthar meastacháin: €700,000; toradh €25.7 milliún

D’eascair an méadú €25 mhilliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh as eisíocaíocht airleacain de €25 mhilliún i ndáil le ranníocaíocht na hÉireann in 2021 faoin gcomhaontú comhpháirtíochta straitéisí 2019-2021 a rinneadh i mí na Nollag 2020 i ndiaidh iarraidh a fháil ón gClár Domhanda Bia. Tá an méid seo curtha ar áireamh sna réamhíocaíochtaí sa ráiteas faoin staid airgeadais.

C.10 Scéimeanna iasachta SCBI

Soláthar meastacháin: €20.372 milliún; toradh €25.705 milliún

D'eascair an méadú €5.333 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán as coigilteas a bhain leis an scéim iasachta Breatimeachta a rinneadh a fhritháireamh ina dhiaidh sin in aghaidh thosú na ranníocaíochtaí ar an Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí.

C.11 Seirbhísí eile

Soláthar meastacháin: €16.312 milliún; toradh €13.532 milliún

Bhain an t-easnamh i gcaiteachas €2.78 milliún i gcoibhneas leis an meastachán go príomha le coigilteas a bhain le costais dhlíthiúla de bhrí nach raibh suim iomlán an tsoláthair stuama sin ag teastáil ón Roinn sa bhliain.

Clár D An Earnáil Bia Mara

				2020	2019
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
D.1	Riarachán − pá				
	Bunaidh	9,500			
	Forlíontach	(193)			
			9,307	9,282	8,986
D.2	Riarachán − neamhphá		5,299	4,724	3,816
D.3	Iascaigh				
	Bunaidh	49,698			
	Forlíontach	(1,600)			
			48,098	29,828	41,562
D.4	Deontas ó Fhoras na Mara		38,381	37,105	34,926
D.5	Deontas ó Bhord Iascaigh Mhara		38,500	37,500	38,195
D.6	An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara				
	Bunaidh	17,361			
	Forlíontach	(1,200)			
			16,161	13,197	13,005
D.7	Tionscadal feabhsúcháin Inis Sionnach		300	577	2,113
			156,046	**132,213**	**142,603**

Difríochtaí suntasacha

Tá eolas le fáil thíos maidir le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an t-ollchaiteachas a bhain le Clár D €26.826 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Tá an difríocht €793,000 i gcaiteachas riaracháin mínithe cheana féin. Seo a leanas na príomhchúiseanna le hiarmhéid na difríochta, a bhí cothrom le €26.033 milliún.

D.3 Iascaigh

Soláthar meastacháin: €49.698 milliún; toradh €29.828 milliún

Bhain an t-easnamh dar luach €19.87 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh le coigilteas €15.585 milliún sa chlár caiteachais caipitil, agus coigilteas €3.719 milliún i gcláir chomhlíonta comhshaoil agus forbartha bia mara. D'eascair an coigilteas sin as moilleanna ar thús a chur le tionscadail agus moilleanna maidir le caiteachas ar thionscadail eile, mar gheall ar shrianta Covid-19.

D.6 An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara

Soláthar meastacháin: €17.361 milliún; toradh €13.197 milliún

Bhain an t-easnamh dar luach €4.164 milliún sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh le coigilteas pá €2 mhilliún mar gheall ar uainiú earcaíocht líon ceadaithe foirne, agus coigilteas dar luach €329,000 in aoisliúntas mar thoradh ar líon níos lú daoine ná mar a bhíothas ag súil leis a bheith ag dul ar scor. D'eascair coigilteas neamhphá €1.6 milliún as laghdú ar chostais taistil agus chothaithe mar thoradh ar phaindéim Covid-19. D'eascair coigilteas €235,000 i gcaipiteal as roinnt tionscadal a bheith á n-iarchur go dtí 2021.

D.7 Tionscadal feabhsúcháin Inis Sionnach

Soláthar meastacháin: €300,000; toradh €577,000

D'eascair an méadú €277,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán le costais tionscadail iarmharacha (íocaíocht choinneála), cothabháil láithreáin agus ceangaltais mhonatóireachta comhshaoil iarthógála a bhaineann le hiarthionscadal Oirthear Thiobraid Árann.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

			2020		2019
		Fotheideal	Measta	Réadaithe	Réadaithe
			€000	€000	€000
1	Aisghabháil tuarastal, etc., de chuid oifigigh atá ar iasacht do chomhlachtaí seachtracha		650	1,122	690
2	Éarlaisí agus urrúis a forghéilleadh faoi shocruithe maidir le hidirghabháil AE, le haisíocaíocht easpórtála, etc.		1	6	187
3	Aisíocaíochtaí ó tháillí cigireachta tréidliachta ag monarchana éineola agus feola eile	A.3	17,945	19,362	19,531
4	Fáltais ó tháillí cigireachta tréidliachta le haghaidh easpórtálacha beo	A.3	723	928	664
5	Fáltais ó tháillí le haghaidh seirbhísí cigireachta áitreabh déiríochta	A.3	6,750	8,116	8,143
6	Fáltais ó vacsaíní, beostoc, táirgí feirme, etc. a dhíol ag Saotharlann Taighde Tréidliachta agus feirm ag Baile an Aba; costais choraintín ag Inis Píc a aisghabháil	A.3	675	530	602
7	Fáltais ó tháillí tástála síolta, táillí deimhniúcháin, táillí ceadúnúcháin, lotnaidicídí, táillí clárúcháin, etc. agus fáltais ó Fheirm Bhacastúin	C.3	1,929	2,970	2,766
8	Fáltais ó ranníocaíochtaí feirmeora chun íoc as an gcostas a bhaineann le galar bólachta a dhíothú	A.3	7,000	7,853	7,637
9	Fáltais Choimisiún na Talún		300	194	380
10	Fáltais eile		2,701	2,587	3,129
11	Costais idirghabhála margaidh agus costais mhaoiniúcháin le haghaidh bhearta rannóg FEOGA (Ráthaíocht) eile	B.11	975	—	300
12	Caillteanais stoc idirghabhála, etc.	B.11	—	1,027	960
13	CETFT (An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe)	B.4, B.3, B.5 agus B.9	270,000	306,002	299,533
14	An Ciste Tréidliachta	A.3	7,205	7,865	9,279
15	Fáltais Ráthaíochta eile ó AE (Talmhaíocht)	B.11	45	33	36
16	Fáltais fíneálacha agus forghéillte i ndáil le hiascaigh mhara	D.3	100	40	292
17	Fáltais faoin Acht Imeall Trágha, 1933, agus faoin Acht Maoine Stáit, 1954	D.3	100	76	188
18	Aisghabháil AE i ndáil le caiteachas a iascaigh a chaomhnú agus a bhainistiú	D.3	—	—	—
19	Táillí ceadúnais dobharshaothraithe	D.3	412	529	578
20	Fáltais AE le haghaidh CEMID	D.3	25,000	19,482	23,030
21	CEI (Iascaigh) 2007-2013	D.3	—	—	—
22	Fáltais ó Chórais Bhia Inbhuanaithe na hÉireann		200	59	74

		Fotheideal €000	2020 Measta €000	2020 Réadaithe €000	2019 Réadaithe €000
23	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair na seirbhíse poiblí		11,544	9,707	10,444
	Iomlán		**354,255**	**388,488**	**388,443**

Difríochtaí suntasacha

Tá eolas le fáil thíos maidir le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí na leithreasaí-i-gcabhair cothrom le €34.233 milliún níos mó ná an meastachán bunaidh. Tá na difríochtaí mínithe thíos.

1 Aisghabháil tuarastal, etc. oifigeach ar iasacht le comhlachtaí seachtracha

Meastachán: €650,000; réadaithe €1.122 milliún

D'eascair an méadú €472,000 as aisghabháil in 2020 d'airgead a bhí dlite ó bhlianta roimhe sin i ndáil le hoifigigh ar iasacht.

3 Aisíocaíochtaí ó tháillí cigireachta tréidliachta ag monarchana éineola agus feola eile.

Meastachán: €17.945 milliún; réadaithe €19.362 milliún

Bhain an méadú €1.417 milliún go príomha le méadú €1.74 milliún i leibhéil ghníomhaíochta maraithe agus gearrtha agus leis an mbéim mhéadaithe a leag an rannóg ar bhailiú táillí a bhí gan íoc agus ar íocaíocht thráthúil gach sonrasc. Rinneadh é sin a fhritháireamh trí tháillí cigireachta níos ísle ag teorainneacha mar thoradh ar laghdú ar iompórtálacha.

4 Fáltais ó tháillí cigireachta tréidliachta le haghaidh easpórtálacha beo

Meastachán: €723,000; réadaithe €928,000

D'eascair an méadú €205,000 go príomha as íocaíocht cuntas thar téarma, agus as méadú ar líon na n-eallaí easpórtáilte atá níos sine ná 3 mhí d'aois, ag a bhfuil táille cigireachta níos airde ná le haghaidh eallaí atá níos óige ná 3 mhí d'aois.

5 Fáltais ó tháillí le haghaidh seirbhísí cigireachta áitreabh déiríochta

Meastachán: €6.75 milliún; réadaithe €8.116 milliún

D'eascair an méadú €1.366 milliún as táirgeadh méadaithe bainne in 2020.

6 Fáltais ó vacsaíní, beostoic, táirgí feirme, etc. a dhíol ag Saotharlann Taighde Tréidliachta agus feirm ag Baile an Aba; costais choraintín ag Inis Píc a aisghabháil.

Meastachán: €675,000; réadaithe €530,000

D'eascair an laghdú €145,000 as easnamh sna fáltais le haghaidh tástáil saotharlainne tréidliachta, mar thoradh ar laghdú ar éileamh ar thástáil ó chleachtais tréidliachta príobháideacha.

7 Fáltais ó tháillí tástála síolta, táillí deimhniúcháin, táillí ceadúnúcháin, lotnaidicídí, táillí clárúcháin, etc. agus fáltais ó Fheirm Bhacastúin

Meastachán: €1.929 milliún; réadaithe €2.97 milliún

D'eascair an laghdú €1.041 milliún go príomha as fáltais bhreise le haghaidh táillí clárúcháin, i ndiaidh fhógairt phaindéim Covid-19, a fuarthas le haghaidh Trealamh Cosanta Pearsanta agus táirgí bithicídeacha atá ar an gclár náisiúnta. Is fianaise í seo ar leibhéal clárúchán níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis, bunaithe ar leas tráchtála seachtrach agus éileamh go háirithe ar dhíghalráin lámh.

8 Fáltais ó ranníocaíochtaí feirmeora chun íoc as an gcostas a bhaineann le galar bólachta a dhíothú

Meastachán: €7 milliún; réadaithe €7.853 milliún

Bhain an méadú €853,000 le forbairt leanúnach san earnáil déiríochta.

9 Fáltais Choimisiún na Talún

Meastachán: €300,000; réadaithe €194,000

Bhain an laghdú €106,000 le paindéim Covid-19, a raibh tionchar diúltach aici ar fháltais in 2020.

11 Costais idirghabhála margaidh agus costais airgeadais le haghaidh beart rannán FEOGA (Ráthaíocht) eile

Meastachán: €975,000; réadaithe €nialas

Bhain an laghdú €975,000 le dea-dhálaí margaidh agus, dá bharr sin, níor stóráladh aon táirge faoi stóráil phoiblí.

12 Caillteanais stoc idirghabhála, etc.

Meastachán: €nialas; réadaithe €1.027 milliún

Faightear ioncam faoin teideal seo ó fhorálacha i reachtaíocht CAP, rud lena gcumasaítear do ghníomhaireachtaí íoctha creidiúnaithe 20% de neamhrialtachtaí agus 25% d'fhiachas traschomhlíonta aisghabhadh ar chiste EAGF i mbliain airgeadais a choimeád. D'eascair an méadú €1.027 milliún ó ghlanadh chuntas EAGF 2019. Bunaithe ar a nádúr, is deacair na fáltais seo a thuar de bhrí go mbraitheann siad ar an leibhéal neamhrialtachtaí cinnte agus a n-aisghabháil ina dhiaidh sin.

13 CETFT (An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe)

Meastachán: €270 milliún; réadaithe €306.002 milliún

Comhfhreagraíonn fáltais faoin teideal seo do ranníocaíocht AE ar chaiteachas incháilithe CETFT a tabhaíodh i mbliain airgeadais 2020. Mar thoradh ar ráta níos airde ná mar a bhí tuartha ar íocaíochtaí airleacain a cheadaítear faoi Rialachán 1306/2013 ó AE (Airteagal 75) le haghaidh bhearta RDP ag airleacan 85% seachas ag airleacan 75% ar íocaíochtaí ANC a eisíodh i mí Mheán Fómhair, bhí aisíocaíocht mhéadaithe ann i mí na Nollag 2020. Mar thoradh ar an tionchar ag uainiú caiteachas a bhain le CETFT roimh an 16 Deireadh Fómhair 2020 a bhí níos airde ná mar a bhí tuartha ar an aisíocaíocht in 2020, in ionad na haisíocaíochta tuartha in 2021, bhí méadú €36.002 milliún ann.

14 An Ciste Tréidliachta

Meastachán: €7.205 milliún; réadaithe €7.865 milliún

Bhain an méadú €660,000 go príomha le héileamh aisíocaíochta tréidliachta CE 2019 a bheith á aisíoc ag ráta níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis. Fuarthas an t-airgead sin in 2020.

19 Táillí ceadúnais dobharshaothraithe

Meastachán: €412,000; réadaithe €529,000

Bhain an méadú €117,000 le méadú ar líon na láithreán dobharshaothraithe ceadúnaithe le blianta beaga anuas.

20 Fáltais AE le haghaidh CEMID

Meastachán: €25 mhilliún; réadaithe €19.482 milliún

Bhain an laghdú €5.518 milliún leis an meastachán a cuireadh ar fáil le haghaidh fháltais 2020 a bheith ullmhaithe bunaithe ar réiteach ionchais na faidhbe leanúnaí rialaithe agus forfheidhmithe a bhí mar bhonn le cuid de na fáltais tuartha a bheith á gcoimeád ag an gCoimisiún. Tá dul chun cinn á dhéanamh sa réimse seo agus táthar ag súil go scaoilfear na cistí gan íoc a coimeádadh le blianta beaga anuas in 2021, cistí a bhí cothrom le breis is €24 mhilliún ag deireadh 2020.

22 Fáltais ó Chórais Bhia Inbhuanaithe na hÉireann

Meastachán: €200,000; réadaithe €59,000

Bhain an laghdú €141,000 le haisíocaíocht 2020 (ábhartha do chostais 2019) ó dhá ghníomhaireacht gan a bheith faighte in 2020.

23 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair na seirbhíse poiblí

Meastachán: €11.544 milliún; réadaithe €9.707 milliún

Seo a leanas na príomhchúiseanna a bhí leis an laghdú €1.837 milliún.

Bhí fáltais le haghaidh thobhach pinsin na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara €1.15 milliún níos lú mar gheall ar phaindéim Covid-19 de bhrí gur chuir an Roinn stop sealadach le hearcaíocht le linn na chéad chéime den dianghlasáil, roimh thús a chur an athuair le hacmhainn níos láidre i ráithe 3. Ina theannta sin, measadh go mbeadh an líon iomlán ball foirne d'fhoireann Breatimeachta ag teastáil le haghaidh 2020 agus go mbeadh caiteachas breise párolla á thabhú. Mar gheall ar chur chun feidhme socruithe idirthréimhseacha Breatimeachta, reáchtáladh earcaíocht Breatimeachta níos déanaí in 2020 ná mar a bhí beartaithe ar dtús, agus cuireadh roinnt earcaíochta ar feitheamh in 2021.

Bhain an t-easnamh fágtha i bhfáltais leis na gníomhaireachtaí Stáit, go príomha mar nach raibh an líon ball foirne a rabhthas ag súil leis ann mar gheall ar phaindéim Covid-19 agus go raibh roinnt meastachán ró-ard mar nár cuireadh san áireamh iontu an t-athrú ar bhannaí foriomlána ASC ná na laghduithe ar an ráta don Scéim Aonair.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Aisghabháil earráidí riaracháin	112	—
Glanadh cuntas fionraí	6	—
Farasbarr forthobhaigh 1%	—	705
Fáltais ó fhlít SFPA a dhíol	—	419
Aistriú chuig an Státchiste	(118)	(1,124)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**—**	**—**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon foirne ag deireadh na bliana		
Roinn	3,565	3,358
Gníomhaireachtaí [a]	1,594	1,609
	5,159	**4,967**

Nóta [a] Seo a leanas na gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne - Bord Bia, Bord Iascaigh Mhara, Foras na Mara, An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara agus Teagasc, a mbaineann gné phá lena ndeontas mar a ndéantar soláthar di i meastacháin na Roinne.

5.2 Pá

Luach saothair fhoireann na Roinne

	2020 €000	2019 €000
Pá	174,077	163,536
Iomarcaíocht agus scaoilíocaíochtaí	265	—
Liúntais le haghaidh ard-dualgas níos airde, dualgas speisialta nó dualgas breise	284	242
Liúntais eile	1,456	1,528
Ragobair	2,617	3,011
Liúntais uainoibre	925	659
ÁSPC an Fhostóra	13,156	11,671
Pá iomlán	**192,780**	**180,647**

Luach saothair gníomhaireachta

	2020 €000	2019 €000
Pá	82,198	79,470
Liúntais le haghaidh ard-dualgas níos airde, dualgas speisialta nó dualgas breise	1,112	979
Liúntais eile	607	588
Ragobair	132	162
Íocaíochtaí aisce	847	307
ÁSPC an Fhostóra	3,752	3,551
Pá iomlán	**88,648**	**85,057**

Nóta Ní bhaineann na liúntais, an ragobair agus na sonraí luach saothair eile i nótaí 5.3 go 5.5 thíos ach amháin le baill foirne na Roinne atá á n-íoc go díreach ón Vóta faoi chláir A go D. Tá eolas mionsonraithe maidir le socruithe luacha saothair chomhlachtaí Stáit comhlachaithe na Roinne ar fáil sna tuarascálacha bliantúla ábhartha nó go díreach ó na comhlachtaí Stáit lena mbaineann.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2020	2019
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	86	2	11,937	12,410
Liúntais uainoibre	230	22	19,939	20,741
Liúntais eile	774	10	22,088	20,614
Ragobair	725	74	28,563	28,171
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	338	112	33,620	39,614

5.4 Socruithe luach saothair eile

Ar an iomlán, íocadh €1,105,701 le 62 státseirbhíseach ar scor, a bhfuil pinsin státseirbhíse á bhfáil acu, a athfhostaíodh ar bhonn táille. Cuireadh prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, i bhfeidhm nuair a íocadh na táillí sin.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2020	2019
		€	€
Ró-íocaíochtaí	166	531,512	746,314
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	96	319,081	392,782

5.6 Iomarcaíocht agus scaoilíocaíochtaí

Le linn 2020, íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta dar luach €55,812 le seachtar ball foirne ar foirceannadh a bhfostaíocht agus rinneadh scaoilíocaíochtaí dar luach €209,468.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Maoiniú ó AE

Tugadh an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (EAGF) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) isteach le Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 ón gComhairle. Maoiníonn ciste EAGF íocaíochtaí díreacha agus tacaí margaidh agus cómhaoiníonn CETFT bearta forbartha tuaithe faoi chláir cheadaithe forbartha tuaithe.

Cuimsítear i ngníomhaíochtaí na Roinne bearta a maoiníonn EAGF go hiomlán agus gníomhaíochtaí a gcómhaoiníonn CETFT agus a gcómhaoinítear ón Vóta iad.

Cuimsítear i gClár B caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí a gcómhaoiníonn AE trí CETFT. Cuimsítear freisin i gClár C caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ó Chiste Tréidliachta an AE. Cuimsítear i gCláir C agus D caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí a chómhaoinítear tríd an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh, 2014-2020 (CEMID) an AE. Cuimsítear i gClár B muirear dar luach €831,197 chuig an Vóta le haghaidh Maoiniú ó AE a dícheadaíodh mar gheall ar chinntí imréitigh comhréireachta agus íocaíochtaí déanacha dar luach €88,245.

Cuimsítear sa chuntas ús dar luach €164,260 a íocadh ar iasachtaí gearrthéarmacha €750 milliún a fuarthas ar iasacht in 2019 chun caiteachas Ráthaíocht EAGF a mhaoiniú go dtí go bhfaighfear aisghabháil ó AE. Aisíocadh na hiasachtaí in 2020 i dteannta úis.

Fuarthas cistí gearrthéarmacha dar luach €670 milliún san iomlán ar iasacht in 2020 chun caiteachas Ráthaíocht EAGF a mhaoiniú go dtí go bhfaighfear aisghabháil ó AE in 2021. Tá léargas ar na hiasachtaí sin le fáil i ráitis airgeadais an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta (EAGF), an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh (CEMID) - oibríochtaí Éireannacha.

Ioncam agus caiteachas arna gcómhaoiniú ag AE atá á mbainistiú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

	2020	2019
	€m	€m
Scéim na n-íocaíochtaí díreacha/na híocaíochta bunúsaí	1,187	1,204
Idirghabháil/cúnamh le haghaidh stóráil phríobháideach	—	(12)
Tacaí eile margaidh	6.9	61.8
Eile	(4)	(3)

Fáltais chómhaoinithe (bearta a gcómhaoiníonn AE iad) [a]

	2020	2019
	€m	€m
Cláir Forbartha Tuaithe CETFT	306	299
An Ciste Tréidliachta	7	9
Fáltais chómhaoinithe eile	1	1
Iascaigh		
CEMID - An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe 2014-2020 [b]	19	23
Pá iomlán	**1,523**	**1,583**

Nótaí [a] Ní léirítear sa tábla seo ach cómhaoiniú AE ar na cláir seo.

[b] Coimeádtar fáltais CEMID dar luach €13 mhilliún i gcuntas fionraí (airleacain AE) de réir nósanna imeachta airgeadais phoiblí.

6.2 Ró-íocaíochtaí scéime

	2020 €000	2019 €000
Ró-íocaíochtaí scéime ag an 1 Eanáir	2,640	2,281
Coigeartú don scéim luathscoir	—	(6)
Ró-íocaíochtaí a ardaíodh sa bhliain	13,330	15,506
Ceartúcháin	(1,212)	(816)
Aisghabhálacha	(12,672)	(14,058)
Nithe a díscríobhadh (nóta 6.3)	(719)	(267)
Ró-íocaíochtaí scéime ag an 31 Nollaig	**1,367**	**2,640**

6.3 Nithe a díscríobhadh

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas sa bhliain	2020 €	2019 €
Ró-íocaíochtaí scéime:		
An scéim foraoisithe	379,174	22,060
An scéim um chosaint na timpeallachta tuaithe	126,024	229,546
Préimheanna ilghnéitheacha AE agus scéimeanna limistéarbhunaithe	2,936	13,121
Préimheanna ilghnéitheacha Vóta	1,539	846
An scéim luathscoir	208,354	—
Cleachtóirí tréidliachta príobháideacha	753	1,174
	718,780	**266,747**
Custaiméirí:		
Custaiméirí nach bhfuil ag trádáil níos mó	107,022	1,630,294
Ceadúnais dobharshaothraithe atá imithe in éag/géillte agus nach bhfuil athnuaite	—	7,429
Fiachais a bhaineann le tuarastal	22,960	—
Cúiseanna eile	10,100	6
	140,082	**1,637,729**

6.4 Costais chúitimh agus dlí

	Líon na gcásanna	Costais dlí a d'íoc an Roinn	Cúiteamh a dámhadh	Costais dlí a dámhadh	2020 Iomlán	2019 Iomlán
		€000	€000	€000	€000	€000
Éilimh ó fhostaithe na Roinne	1	6	4	23	33	135
Éilimh ó dhaoine den phobal	28	45	527	458	1,030	1,565
		51	**531**	**481**	**1,063**	**1,700**

6.5 Tabhartais chúnaimh bia

Shínigh Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chláir Dhomhanda Bia (WFP) agus an Roinn Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí an Chláir Dhomhanda Bia-na hÉireann 2019-2021 i mí na Nollag 2018. Rinneadh cur síos sa chomhaontú seo ar thacaíocht mhéadaithe le haghaidh an Chláir Dhomhanda Bia sa tréimhse sin, faoi réir leithreasaí bliantúla buiséid ag Dáil Éireann. Rinneadh cur síos sa chomhaontú trí bliana ar íos-suim €20 milliún de ranníocaíochtaí iltaobhacha sa bhliain, agus bheadh an t-iomlán trí bliana leithdháilte faoin gcomhaontú cothrom le €70 milliún ar a laghad.

Déantar an leithdháileadh sin chun tacú go leanúnach le cuspóirí straitéiseacha reatha an Chláir Dhomhanda Bia, eadhon

- deireadh a chur leis an ocras,trí rochtain ar bhia a sholáthar
- cothú a fheabhsú
- slándáil bhia a chinntiú
- tacú le cur chun feidhme na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG)
- oibriú i gcomhpháirt ar mhaithe le torthaí SDG.

Scríobh Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chláir Dhomhanda Bia chuig an Roinn lena fháil amach an mbeadh Éire toilteanach eisíocaíocht luath leithdháileadh 2021 a cheadú. Chomhaontaigh an Roinn le luathíocaíocht €25 mhilliún a dhéanamh i leithdháileadh 2021, agus rinneadh an íocaíocht i mí na Nollag 2020, agus tá an tsuim sin curtha ar áireamh i réamhíocaíochtaí sa ráiteas faoin staid airgeadais.

Is í an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (FAO) príomhghníomhaireacht speisialaithe na Náisiún Aontaithe atá i mbun iarrachtaí idirnáisiúnta deireadh a chur leis an ocras ar fud an domhain a threorú, slándáil bhia a chinntiú do chách; agus a chinntiú go mbíonn rochtain rialta ag daoine ar dhóthain bia ar ardchaighdeán ionas gur féidir leo saol gníomhach sláintiúil a chaitheamh.

Úsáidtear síntiúis agus ranníocaíochtaí deonacha breise le FAO chun cúnamh a sholáthar do 130 tír chun cabhrú leo córais inbhuanaithe talmhaíochta agus bia a fhorbairt. In 2020, bhí ranníocaíocht na hÉireann (DAFM) le FAO cothrom le €3.675 milliún (2019: €2.605 milliún).

6.6 Íocaíochtaí ex-gratia

Rinneadh íocaíocht ex-gratia dar luach €2,110 le húinéir tréada mar chúiteamh ar shrian tréada faoi dhíospóid.

6.7 Géilleadh iarchurtha

Cuimsítear i ngéilleadh iarchurtha coigilteas dar luach €31.6 milliún i gcaiteachais chaipitil in 2020, faoi na fotheidil seo a leanas, a tugadh anonn go dtí 2021.

		€000
A.3	Sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe agus plandaí agus leas ainmhithe	2,200
B.3	Scéimeanna um chomhshaol talmhaíochta	968
B.5	Talmhaíocht agus bia (feirm) a fhorbairt	8,700
B.10	Foraoiseacht agus bithfhuinneamh	2,900
C.4	Talmhaíocht agus bia (neamhfheirm) a fhorbairt agus a chur chun cinn	7,000
D.3	Iascaigh	9,832
		31,600

Nóta 7 An Ciste Rásaíochta Capall agus Rásaíochta Con

Cuntas ar fháltais agus íocaíochtaí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Fáltais (fotheideal C.7)	84,000	84,000
Íocaíochtaí		
Rásaíocht Capall Éireann	67,200	67,200
Rásaíocht Con Éireann	16,800	16,800
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**—**	**—**

Aguisín A Tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn agus nach bhfuil aon luachálacha luaite leo

Maoin	Achar i Heicteáir
Corcaigh	
Inis Sionnach (lena n-áirítear droichead agus bóthar rochtana)	45.7
Saotharlann tástála fola, Bóthar na Modhfheirme	—
Saotharlann tréidliachta réigiúnach, Bóthar na Modhfheirme	2.8
Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún, Áth na gCeannaithe	56.5
Plota foraoise, Baile Átha hÚlla	1.0
Plota foraoise, Bealach Eabhra	1.6
Plota foraoise, Dún ar Aill	1.1
Plota foraoise, Dún Mánmhaí	0.8
Plota foraoise, Cill an Mhuilinn	0.1
Plota foraoise, Cill Ia	7.0
Plota foraoise, Cill Uird	0.8
Plota foraoise, an Margadh Nua	1.5
Plotaí foraoise, Bántír	6.2
Plotaí foraoise, Dúiche Ealla	6.5
Plotaí foraoise, Cineál Aodha	5.9
Plotaí foraoise, Ros Ó gCairbre	11.0
Dún na nGall	
Ionad tástála prátaí, Ráth Bhoth	78.0
Plota foraoise, Leitir Ceanainn	0.2
Baile Átha Cliath	
Plota foraoise, Coill an Chaoich	0.7
Gaillimh	
Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún	
Cill Chúile	1.7
Coill na Meille	1.3
Saighleán	1.7
An Ros Mór	3.2
Míleac Mór	12.4
Cúil Lú	52.1
Tailte, Coláiste Teagasc, Baile Átha an Rí	14.0
Plota foraoise, Baile na hInse	60.7
Plota foraoise, Uachtar Ard	7.0
Ciarraí	
Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún	
An Gleann Liath	4.0
Baile Uí Dhoinnléibhe	284.6
Plota foraoise, Neidín	0.2
Cill Dara	
Coláiste Steach Cuimne, Bacastún	—
Tailte, Bacastún	150.0

Cill Chainnigh	
Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Cill Chainnigh	0.9
Tailte, Coláiste Teagasc Chill an Dátúnaigh, Baile an Phoill	18.0
Laois	
Plota foraoise, Darú	2.2
Luimneach	
Saotharlann Eolaíochta Déiríochta, Luimneach	3.2
Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Luimneach	1.2
Plota foraoise, Áth Dara	3.0
An Longfort	
Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún, Ros Beag	79.0
Maigh Eo	
Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún	
Baile Mhic Craith	12.1
Doire	34.8
Plota foraoise, Béal Easa	3.0
Uíbh Fhailí	
Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún	
An Cloichreán	8.2
Baile Uí Aogáin	44.7
Plota foraoise, Tulach Mhór	2.5
Ros Comáin	
Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún	
Baile na hAbhann/Béal Coille	4.6
Cloonakillig	0.7
Cluain Seanmhaoil	22.4
Cluain Fada	2.9
Cloonboley	4.9
Cloonacolly	4.4
Cléithín	0.6
Cluain Ruacháin	21.9
An Tearmann Mór	55.3
An Tóin Riabhach	10.8
Cluain Seamhair	18.4
Cluain Riabhach	25.7
An Múr	32.6
Lissergool	5.3
Plota foraoise, Loch Cé	16.0
Sligeach	
Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Sligeach	1.4
Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún, Cluain Chaoláin	244.0
Plota foraoise, Binn Ghulbain	0.5

Tiobraid Árann	
Plota foraoise, an Chloichín	1.3
Plota foraoise, Cluain Meala	3.2
Plota foraoise, Crois na Rae	0.5
Plotaí foraoise, Carraig na Siúire	2.5
Plotaí foraoise, Cill Síoláin	1.9
An Iarmhí	
Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Baile Átha Luain	1.7
Plota foraoise, Loch Ainninn	14.5
Loch Garman	
Plota foraoise, Fotharta	4.8
Plotaí foraoise, Guaire	11.1
Cill Mhantáin	
Plota foraoise, Shelton	0.2
Plota foraoise, Abhainn Mhór	1.0
Plota foraoise, Áth na Sceire	4.0
Plota foraoise, Gleann Dá Loch	7.6
Plota foraoise, Teach Sagard	1.4
Plota foraoise, Gleann Ó Máil	3.0

Maoin ag calafoirt iascaigh

Lena chois sin, tá talamh agus foirgnimh ag sé lárionad cuanta iascaigh dílsithe san Aire. Déantar cuntas orthu ar leithligh i gcuntas Chiste na Lárionad Cuanta Iascaigh.

Aguisín B Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne i gcás go bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, ag dáta sínithe an chuntais, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí agus an dáta a cuireadh i láthair iad don Oireachtas.

Ciste an Chomhlachta/na Roinne	An tréimhse chuntasaíocht a deiridh	Dáta na tuarascála iniúchóireachta	An dáta a fuair an tAire/ an Roinn é	An dáta a cuireadh i láthair don Oireachtas é
An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe	2019	An 22 Nollaig 2020	An 28 Eanáir 2021	Níl curtha i láthair fós
Bord Bia	2019	An 30 Meitheamh 2020	An 2 Iúil 2020	An 1 Nollaig 2020
Bord na gCon	2019	An 27 Lúnasa 2020	An 2 MF 2020	An 9 Samhain 2020
Bord Iascaigh Mhara	2019	An 16 Samhain 2020	An 16 Nollaig 2020	An 18 Feabhra 2021
Coillte Teoranta [a]	2019	An 30 Márta 2020	An 31 Márta 2020	An 13 Iúil 2020
Ciste na Lárionad Cuanta Iascaigh	2019	An 7 Nollaig 2020	An 27 Eanáir 2021	An 5 Feabhra 2021
Rásaíocht Capall Éireann	2019	An 6 Iúil 2020	An 23 MF 2020	An 21 Nollaig 2020
Bord Rialála Rásaíocht Capall Éireann	2019	An 30 Samhain 2020	An 1 Nollaig 2020	An 3 Feabhra 2021
Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teoranta [b]	2019	An 20 Aibreán 2020	An 22 Aibreán 2020	An 18 Bealtaine 2020
Foras na Mara	2019	An 16 Nollaig 2020	An 5 Feabhra 2021	Níl curtha i láthair fós
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne [c]	2019	An 26 Márta 2020	An 21 Iúil 2020	An 18 Feabhra 2021
An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara	2019	An 20 Bealtaine 2020	An 24 Meitheamh 2020	An 11 Samhain 2020
Teagasc	2019	An 29 Meitheamh 2020	An 30 Meitheamh 2020	An 30 Iúil 2020
Iontaobhaí Poiblí na hÉireann	2019	An 1 Aibreán 2020	An 1 Aibreán 2020	An 22 Bealtaine 2020

Nótaí

[a] Ní dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar Coillte, ós comhlacht stáit tráchtála féinmhaoinithe é; cuirtear tuarascáil bhliantúil agus cuntais na cuideachta faoi bhráid Thithe an Oireachtais de réir alt 31 den Acht Foraoiseachta, 1988, faoinar bunaíodh é.

[b] Ní dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teoranta; cuirtear tuarascáil bhliantúil agus cuntais na cuideachta faoi bhráid Thithe an Oireachtais de réir alt 25 den Acht Foraoiseachta, 1945, faoinar bunaíodh é.

[c] Ní dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne; cuirtear tuarascáil bhliantúil agus cuntais na cuideachta faoi bhráid Thithe an Oireachtais de réir alt 18 d'Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994.

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 31

Iompar

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 31, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Iompair as seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, as deontais áirithe agus as seirbhísí áirithe eile.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna:

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2020, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2019, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir le géilleadh iarchurtha.

Tá farasbarr €234.406 milliún le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Feidhmeanna a aistriú

In 2020, rinneadh an Roinn a athstruchtúrú i ndiaidh fhoirmiú an Rialtais. Aistríodh na feidhmeanna turasóireachta agus spóirt, mar aon le freagracht as a ngníomhaireachtaí, chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Cuireadh roinnt aistrithe airgeadais gaolmhara i gcrích ag deireadh na bliana. Tá suim bhreise €29.456 milliún a bhaineann leis an aistriú feidhmeanna san áireamh sa chuntas seo. In 2019, ceadaíodh don Roinn géilleadh €29.449 milliún maidir leis na fo-mhírchinn Turasóireachta agus Spóirt a chur siar. Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tar éis a chomhaontú gur cheart an tsuim sin a fhritháireamh in aghaidh dheontas an Státchiste nár tarraingíodh (féach nóta 2.6) ag an 31 Nollaig 2020. Fuair an Roinn fáltas €7,000 a bhaineann le Spórt i ndiaidh an aistrithe feidhmeanna agus aistríodh chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meán i mí an Mhárta 2021 é. Tá an tsuim sin curtha san áireamh i nóta 2.5 (iarmhéideanna sochair).

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 21 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas an tairseach athbhreithnithe le haghaidh sócmhainní caipitil. Mar a fhoráiltear sa chiorclán, méadaíodh na tairseacha sócmhainní maidir le caipitliú sócmhainní ó €1,000 go €10,000 ón 1 Eanáir 2020 agus tugadh rogha tuairisciú a dhéanamh do 2020 ar an tseantairseach (€1,000) ar bhonn aonuaire. Leanann an roinn seo den tairseach €1,000 a chur i bhfeidhm maidir le caipitliú sócmhainní in 2020 agus aistreofar chuig an tairseach sócmhainní athbhreithnithe €10,000 ó 2021 ar aghaidh.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Comhlíontar an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead mar is ceart iad, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Sholáthair an tOifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte litir dom ina dtugtar cuntas ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an bpróiseas um dhearbhú iniúchóireachta a fhorbairt. Leis an litir seo, tugtar aghaidh ar chreat an rialachais agus na rialuithe atá i bhfeidhm agus áirítear inti tuarascálacha na n-iniúchtaí a rinneadh ar oibriú na rialuithe laistigh de thimpeallacht na seirbhísí comhroinnte.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á gcur i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Tá mo fhreagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe um bainistíocht seirbhísí d'fhostaithe (CBSF) idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte párolla agus acmhainní daonna a sholáthar.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas.

- Tá freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach sannta ar leibhéal bainistíochta.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina sanntar freagracht maidir le bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta curtha ar bun chun comhairle a thabhairt dom ó thaobh mo fhreagrachta as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá doiciméadú déanta ar na nósanna imeachta a bhaineann leis na príomhphróisis ghnó uile.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta, agus go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú ar bhonn rialta
- go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú

- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann, agus
- maidir lena nósanna imeachta bainistíochta, deimhníodh go gcomhlíonann Rannán Airgeadais na Roinne caighdeán ISO: 9001:2015 suas go 2023.

Sonraítear sa chaighdeán idirnáisiúnta seo, arna fhoilsiú ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO), na ceanglais a bhaineann le Córas Bainistíochta Cáilíochta. Is éard atá i gCóras Bainistíochta Cáilíochta ná córas atá curtha ar bhonn foirmiúil agus a dhéanann doiciméadú ar phróisis, nósanna imeachta agus freagrachtaí a bhaineann le beartais agus cuspóirí cáilíochta a bhaint amach. Rinneadh iniúchadh bliantúil ar Chóras Bainistíochta Cáilíochta an Rannáin Airgeadais i gcoinne an cheanglais ISO agus tá sé deimhnithe go mbeidh sé i gcomhréir le ISO 9001:2015 suas go mí Feabhra 2023.

Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ina n-oibríonn pearsanra a bhfuil an oiliúint chuí orthu, a fheidhmíonn i gcomhréir le cairt i scríbhinn arna faomhadh ag an Ard-Rúnaí. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais ar a bhfuil an Roinn neamhchosanta bonn eolais faoina cuid oibre agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh ag an Ard-Rúnaí, bunaithe ar an anailís seo. Is é is aidhm leis na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanann an tArd-Rúnaí agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Le linn 2020, rinne feidhm iniúchóireachta inmheánaí na Roinne roinnt príomh-mholtaí le linn an dá iniúchadh seo a leanas:

Iniúchadh ar chibearshlándáil (dhá ardtoradh) maidir le monatóireacht slándála agus sainaithint agus feabhsúchán leochaileachta:

Mhol an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí go dtabharfaí isteach samhail fhoirmiúil ar glaoch a fheidhmíonn lasmuigh de ghnáthuaireanta chun tacaíocht agus deis plé a chur ar fáil maidir le huirlis bhainistíochta faisnéise agus imeachtaí slándála (SIEM) a thabhairt isteach chun tacú le cumas monatóireachta agus foláirimh.

Comhaontaíodh togra lasmuigh de ghnáthuaireanta leis an ngrúpa bainistíochta slándála faisnéise (ISMG) agus tá cleachtadh scóipe margaidh ar siúl faoi láthair. Tá breithniú fós á dhéanamh ar uirlis bhainistíochta faisnéise agus imeachtaí slándála (SIEM) agus tá sí ina cuid de Phlean Gnó na Rannóige Seirbhísí Faisnéise do 2021. Cuirfear togra faoi bhráid ISGM sna seachtainí atá amach romhainn.

Is í ráithe 1 de 2022 an dáta comhaontaithe le haghaidh cur chun feidhme.

Mhol an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí infheistíocht a dhéanamh i réiteach tástála leochaileachta i gcórais oibriúcháin Windows chun a chinntiú gur féidir tabhairt faoi scanadh leochaileachta ar bhonn rialta.

Chomhaontaigh an Rannóg Seirbhísí Faisnéise leis an moladh sin. Tá an Rannóg Seirbhísí Faisnéise tar éis BSI Group a fhostú chun tabhairt faoi na seirbhísí tástála seo agus tá lucht na Rannóige i mbun scóipeáil a dhéanamh ar an tionscadal i láthair na huaire.

Is é an 30 Meán Fómhair 2021 an tréimhse chomhaontaithe le haghaidh cur chun feidhme.

Iniúchadh um chosaint sonraí (coinneáil sonraí) (ardtoradh amháin) i Rannóg na Seirbhísí Ríomhaireachta um Thiománaithe agus Feithiclí

Mhol an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí go dtabharfaí tús áite do bheartas coinneála agus diúscartha sonraí a fhorbairt agus a chomhaontú i gcomhar leis an Aonad Cosanta Sonraí agus leis an Aonad Bainistíochta Taifead.

Tá obair ar siúl ar bhonn leanúnach maidir leis an moladh seo, lena n-áirítear tús áite a thabhairt do bheartas coinneála agus diúscartha sonraí a fhorbairt agus a chomhaontú i gcomhar leis an Aonad Cosanta Sonraí agus leis an Aonad Bainistíochta Taifead. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag Rannóg na Seirbhísí Ríomhaireachta um Thiománaithe agus Feithiclí faoi láthair i gcomhar leis an Aonad Bainistíochta Taifead ar an sceideal coinneála sonraí agus tá na tréimhsí cuí maidir le sonraí/comhaid a choinneáil agus a dhiúscairt á leagan amach.

Cuirfear tuairisc chun dáta ar fáil don fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí faoin 30 Meán Fómhair 2021.

Comhlíonadh soláthair

Dearbhaím go gcinntíonn an Roinn go gcuirtear béim chuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas i gcás seacht gconradh/n-íocaíocht (sa bhreis ar €25,000), arbh ionann €1.131 milliún (gan CBL a áireamh) iad. Tá sonraí na gconarthaí/na n-íocaíochtaí sin leagtha amach anseo thíos.

- Trí chonradh ar chomhluach €777,000 iad a bhaineann le línte léasaithe ar leanadh ar aghaidh leo gan próiseas iomaíoch a chur i bhfeidhm de dheasca easpa foirne agus ord tosaíochta tionscadal. Tá obair ar siúl faoi láthair ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) i gcomhar le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit chun na doiciméid chreata nua um Iarraidh Tairisceana de chuid OSR a chur i gcrích. Táthar ag súil go gcuirfear iad sin i gcrích i mí Mheán Fómhair 2021 nuair a bheidh an Roinn réidh chun an soláthar seo i ndáil le línte léasaithe a chur ar aghaidh.
- Dámhadh conradh amháin ar luach iomlán €67,000 é i ndiaidh próiseas srianta soláthair iomaíoch chun na seirbhísí cuardaigh feidhmiúcháin a sholáthar maidir le triúr ball neamhspleácha de chuid Ghrúpa Formhaoirseachta Rialachais na Roinne ar Mhórthionscadail a earcú.
- Dámhadh conradh amháin ar luach iomlán €85,000 chun píosa trealaimh cosanta pearsanta (seaicéid tarrthála bád) a chur ar fáil arís go práinneach chun práinnfhreagairt bád tarrthála Gharda Cósta na hÉireann a choinneáil ar fud na tíre. Gan choinne, aistarraingíodh ó sheirbhís ar an 15 Samhain 2019 an cineál seaicéid tarrthála a bhí á úsáid roimhe sin.
- Fadaíodh conradh amháin ar luach iomlán €26,000 é i ndáil le seirbhísí agus sainchomhairle maidir le córais iompair chliste tar éis dháta bunaidh an chonartha gan próiseas iomaíoch nua a chur i gcrích. Tá sé beartaithe go réiteofar an tsaincheist seo in 2021 nuair a reáchtálfar comórtas soláthair nua.
- Fadaíodh conradh amháin ar luach iomlán €33,748 é i ndáil le seirbhísí cothabhála frithghníomhacha (de dheasca Covid-19 i bpáirt) tar éis dháta bunaidh an chonartha gan próiseas iomaíoch nua a chur i gcrích. Tá próiseas soláthair ar siúl faoi láthair agus táthar ag súil go n-eiseofar conradh don soláthraí rathúil i ráithe 3 de 2021.
- Tháinig ceannacháin a bhaineann le TF ar chomhluach €142,178 iad chun cinn mar thoradh ar oibriú ón mbaile le linn dhianghlasáil náisiúnta Covid-19 nuair nach raibh deis creat reatha OSR ná nós imeachta comórtais oscailte a chur i bhfeidhm toisc go mbeadh an mhoill ó thaobh gléasanna a fháil do-ghlactha. Cuireadh próiseas soláthair iomaíoch i bhfeidhm, cé nár chomórtas iomlán oscailte a bhí ann.

Tá an Roinn tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na himthosca inar dámhadh na conarthaí/íocaíochtaí seo agus tá lucht na Roinne fós i mbun teagmháil fhorleathan d'fhonn athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar na soláthairtí agus na conarthaí uile chun a chinntiú nach ndámhfar a leithéid de chonarthaí neamhchomhlíontacha seo arís amach anseo.

Tá sonraí maidir le conarthaí neamhiomaíocha curtha ar fáil ag an Roinn sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Eolas chun dáta maidir le soláthar i gcuntas leithreasa 2019

In 2019, rinne an Roinn anailís ar bhearnaí maidir le soláthar agus, san anailís sin, sainaithníodh roinnt moltaí maidir le feabhsúcháin ó thaobh an tsoláthair de. Bhí sraith chuimsitheach moltaí san áireamh sa tuairisc, arna faomhadh ag an mBord Bainistíochta go luath in 2020, a chumhdaíonn:

- oifigeach soláthair a cheapadh
- feidhmeanna an oifigigh sholáthair
- cúrsaí maidir le rialachas corparáideach
- comhlíonadh a thomhas agus a mhonatóiriú
- cumarsáid
- riachtanais oiliúna
- rialachas corparáideach ar ghníomhaireachtaí maidir le cúrsaí soláthair

Ceapadh oifigeach soláthair in 2020. Tá sainchúram an Oifigigh Sholáthair i gcomhréir le nóta faisnéise na hOifige um Sholáthar Rialtais maidir le ról an oifigigh sholáthair. Tá pleananna á bhforbairt maidir le rialachas corparáideach agus tomhas agus monatóireacht ar chomhlíonadh agus oiliúint a fheabhsú, agus cuirfear chun feidhme iad le linn 2021.

Cuireadh iniúchadh inmheánach i gcrích in 2020 chun leordhóthanacht an chreata rialaithe, lena dtacaítear leis na cleachtais soláthair agus chonarthacha laistigh den Gharda Cósta, a mheasúnú. Cuireadh na torthaí go léir a sonraítear sa tuarascáil seo i bhfeidhm faoi mhí na Samhna 2020.

Feithiclí criúchábáin Garda Cósta a sholáthar

Níor leor an próiseas soláthair in 2014, a lean ar aghaidh go 2020, chun feithiclí criúchábáin a fháil le haghaidh Gharda Cósta na hÉireann. Níor tugadh meastachán cruinn sa doiciméad Iarraidh Tairisceana (RFT) bunaidh maidir le líon na bhfeithiclí a bhí le ceannach agus úsáideadh é mar chonradh íostarraingthe le linn na tréimhse. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar phróisis, nósanna imeachta agus formhaoirseacht na Roinne a rialaíonn bainistiú soláthair agus an próiseas tairisceana. Tá saineolas speisialtóra á fháil chun cabhrú leis an athbhreithniú seo.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn, rud a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh an Roinn agus táthar tar éis iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Leagtar amach sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as feidhmiú na rialuithe sin do bhaill shonracha den fhoireann.

Déanann an Bord Bainistíochta an clár seo a athbhreithniú agus a nuashonrú trí huaire sa bhliain agus, sa ráithe eile, dírítear ar chothabháil agus ar fheabhsú córais. Úsáidtear torthaí na n-athbhreithnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, sa chás gurb iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a thugtar le fios a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Paindéim Covid -19

Le linn ráithe 1 de 2020, i bhfianaise phaindéim Covid-19 a bhí ag síorathrú, bhunaigh an Roinn roinnt socruithe formhaoirseachta chun a chinntiú go raibh measúnú agus rianú á ndéanamh ar na tionchair ar fad ar an Roinn féin agus ar a hearnálacha gnó. Bunaíodh grúpa inmheánach Covid-19 de chinn Rannóige chun rianú agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar inmheánach agus bhí sé de dhualgas ar an ngrúpa seo tuairiscí chun dáta a chur ar fáil. Cuireadh faisnéis ar fáil don fhoireann ar an inlíon foirne freisin.

Táthar tar éis roinnt beart maolaitheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun a chinntiú go leanaimid de thimpeallacht rialaithe éifeachtach a fheidhmiú. Cuireadh seirbhísí teicniúla agus cianrochtain ar chórais ar fáil don fhoireann, rud a lig dóibh leanúint ar aghaidh ag obair gan mórán cur isteach.

Bhain an fhoireann úsáid fhorleathan as córais aontaithe chumarsáide deisce chun teagmháil a dhéanamh le comhghleacaithe laistigh den roinn agus le comhlachtaí seachtracha freisin. Níor ligeadh isteach san oifig ach baill foirne a raibh orthu obair phráinneach nárbh fhéidir a chur i gcrích go cianda a dhéanamh.

Bhí bonneagar TFC *in situ* cheana féin chun cianrochtain a éascú ar bhealach slán trí ghléasanna faoi rialú na Roinne agus trí ghléasanna pearsanta araon. Ag tús na paindéime, rinneadh ceannach riachtanach trealaimh bhreise agus ceadúnas breise a éascú trí leas a bhaint as soláthar éigeandála. Ní dhearnadh na rialuithe slándála bunúsacha a sheachaint ná a laghdú. Ós rud é gurbh eol don saol go raibh cibearchoirpigh chun leas a bhaint as an bpaindéim, cuireadh foireann na Roinne ar an eolas ar an inlíon foirne agus trí oiliúint ar líne maidir le cibearshlándáil faoi na leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann. Cuireadh an deasc freastail san airdeall maidir leis an méadú féideartha ar ionsaithe innealtóireachta sóisialta agus bhí lucht na deisce ullamh dóibh.

Níor imríodh aon tionchar ar an timpeallacht rialaithe ná ar an gcuntas leithreasa.

Bhí tionchar ag Covid-19 ar roinnt soláthairtí de chuid na Roinne in 2020. Áit a raibh tionchair i gceist, chuaigh an Roinn i dteagmháil leis an Oifig um Sholáthar Rialtais chun treoir a lorg maidir leis an dea-chleachtas agus chuaigh sí i dteagmháil le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit chun comhairle dlí a lorg, de réir mar ba ghá. Leanfaidh an Roinn de theagmháil a dhéanamh le OSR agus le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit maidir leis an soláthar atá beartaithe do 2021.

Modhanna Dearbhaithe TFC

Tá córas bainistíochta slándála faisnéise curtha i bhfeidhm ag an Roinn, agus tá Grúpa gníomhach Bainistíochta Slándála Faisnéise ina chuid lárnach den chóras sin. Páirteach sa ghrúpa tá cinn feidhmeanna ó Rannáin ionadaíocha ar fud na Roinne agus oibríonn an cathaoirleach ag leibhéal an Rúnaí Chúnta. Tagann an grúpa le chéile ar bhonn démhíosúil agus déanann sé formhaoirseacht ar gach gné de shlándáil faisnéise.

Chuir EY iniúchadh inmheánach ar chibearshlándáil i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus fuarthas amach ann go raibh rialuithe TFC leordhóthanacha agus éifeachtacha i bhfeidhm laistigh den Roinn.

Ós rud é go mbíonn ionsaithe cibearshlándála ag síorathrú go mear, tá an Rannóg Seirbhísí Faisnéise tar éis athbhreithniú a dhéanamh le déanaí ar a staid slándála agus tá sí i mbun an phróisis chun rialuithe breise maidir le coinneáil, brath agus cosc a chur i bhfeidhm faoi láthair. Tá scóipeáil á déanamh faoi láthair ag comhlacht seachtrach ar thástálacha bréagionsaithe agus leochaileachta. Tá an Rannóg Seirbhísí Faisnéise i ndlúth-theagmháil leis an Ionad Náisiúnta Cibearshlándála agus tá na moltaí slándála curtha i bhfeidhm aici, de réir mar a moladh ina nóta comhairleach '*Protecting your organisation from ransomware'* a eisíodh i mí na Bealtaine 2021.

Stobart Air

Déantar foráil i gClár na nAerfort Réigiúnach do scéim aersheirbhísí a sholáthar faoi oibleagáidí seirbhíse poiblí i gcomhréir le Rialachán (CEE) Uimh. 1008/2008. Bunaithe ar thairiscint iomaíoch, cuireann an scéim seo tacaíocht airgeadais ar fáil d'aerlínte chun aersheirbhísí riachtanacha a oibriú chuig ceantair iargúlta; ceantair nach bhfuil freastal leordhóthanach á dhéanamh orthu ag seirbhísí iompair malartacha. Le deich mbliana anuas, níl ach seirbhísí ar dhá bhealach á gcothú ag an scéim - Dún na nGall/Baile Átha Cliath agus Ciarraí/Baile Átha Cliath. Ó 2015 ar aghaidh, is ag Stobart Air trí shainchomhaontú le hAer Lingus a bhí an conradh maidir le haersheirbhísí a sholáthar faoi oibleagáidí seirbhíse poiblí ar an dá bhealach seo le tacaíocht ón Rialtas.

Rinne Stobart Air teagmháil leis an Roinn ar an 12 Meitheamh 2021 chun a chur in iúl go raibh an sainchomhaontú le hAer Lingus á fhoirceannadh aige le héifeacht láithreach. Ar an drochuair, theip ar phleananna Stobart Air ceannaitheoir nua a aimsiú agus, mar sin, bhí ar Stobart Air tús a chur le próiseas um leachtú toilteanach. Bhain impleachtaí láithreacha leis sin don dá sheirbhís faoi oibleagáidí seirbhíse poiblí.

Ós rud é go mbaineann ríthábhacht don Rialtas le nascacht réigiúnach, cuireadh tús le próiseas soláthair éigeandála chun aersheirbhísí a chur ar bun an athuair ar na bealaí seo ar feadh tréimhse eatramhach, agus eisíodh doiciméad iarrtha luachana ar an 21 Iúil 2021.

I ndiaidh an phróisis seo, ghlac an Roinn le gealltanas ó Ryanair na seirbhísí poiblí uile a oibriú ar an mbealach idir Ciarraí agus Baile Átha Cliath ar bhonn tráchtála gan fóirdheontas ar bith ón Stát. Tá an tseirbhís seo i gcomhréir le Rialachán AE 1008/2008 a rialaíonn aersheirbhísí faoi oibleagáidí seirbhíse poiblí. Chuir Ryanair tús le seirbhísí ar an mbealach seo ar an 28 Iúil 2021.

Maidir leis an mbealach idir Dún na nGall agus Baile Átha Cliath, rinneadh conradh sealadach 7 mí maidir le haersheirbhísí faoi oibleagáidí seirbhíse poiblí a dhámhachtain, i gcomhréir le Dlí AE, do Amapola Fly GB, aerlíne Shualannach, le héifeacht ón 29 Iúil 2021.

Chun aon chur isteach eile ar aersheirbhísí idir Dún na nGall agus Baile Átha Cliath a mhaolú, cinnteofar go mbeidh na seirbhísí ar fáil ar bhonn leanúnach nuair a bheidh an conradh sealadach imithe in éag. Déanfar foráil sa phróiseas soláthair seo do chonradh suas le ceithre bliana, i gcomhréir le dlí AE.

Fuair an Rialtas fógra ar an 17 Meitheamh 2021 ó Ken Fennell agus Mark Degnan ó Deloitte Ireland LLP á chur in iúl go raibh siad ceaptha mar chomhleachtaitheoirí sealadacha ar Stobart Air. Choinnigh an Rialtas siar roinnt íocaíochtaí a bhí dlite do Stobart Air as aersheirbhísí arna gcur ar fáil aige in 2020 agus 2021 faoi oibleagáidí seirbhíse poiblí na Roinne Iompair faoin scéim aersheirbhísí ós rud é go raibh oibleagáidí tuairiscithe neamhchomhlíontacha i gceist. Tá na híocaíochtaí seo faoi athbhreithniú anois ag an Roinn i gcomhar le leachtaitheoirí sealadacha Stobart Air.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2020 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

Ken Spratt
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Iompair

17 Meán Fómhair 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 31 Iompar

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 31 Iompar don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 31 Iompar, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis an Roinn Iompair agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Caiteachas ar theicneolaíocht amhairc oíche agus oiliúint le haghaidh cuardach agus tarrtháil

I gCaibidil 5 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2020, scrúdaítear an caiteachas ar acmhainn amhairc oíche a sholáthar le haghaidh oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála héileacaptair agus ar an oiliúint ghaolmhar.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais nár comhlíonadh na rialacha náisiúnta soláthair i gcásanna ábhartha i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2020.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2021

Vóta 31 Iompar

Cuntas Leithreasa 2020

				2020	2019 [a]
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir					
A	Eitlíocht shibhialta				
	Bunaidh	52,565			
	Géilleadh iarchurtha	1,712			
			54,277	28,346	34,842
B	Iompar ar tír				
	Bunaidh	2,880,322			
	Géilleadh iarchurtha	13,450			
			2,893,772	2,554,453	1,905,825
C	Iompar muirí agus sábháilteacht mhuirí				
	Bunaidh	117,947			
	Géilleadh iarchurtha	4,000			
			121,947	96,788	96,278
D	*Seirbhísí spóirt agus áineasa*		—	—	*106,017*
E	*Seirbhísí turasóireachta*		—	—	*158,230*
Ollchaiteachas					
	Bunaidh	*3,050,834*			
	Géilleadh iarchurtha	*19,162* [b]			
			3,069,996	**2,679,587**	**2,301,192**
	Lúide				
F	**Leithreasaí-i-gcabhair**		**22,323**	**17,800**	**25,791**
Glanchaiteachas					
	Bunaidh	3,028,511			
	Géilleadh iarchurtha	19,162 [b]			
			3,047,673	**2,661,787**	**2,275,401**

Nóta

[a] Léirítear i bhfigiúirí comparáideacha 2019 na suimeanna le haghaidh feidhmeanna turasóireachta agus spóirt a aistríodh in 2020. In 2020, tagann glasbhealaí (a bhí ina gcuid de thurasóireacht in 2019) faoi B.8 (infheistíocht réthaistil).

[b] Féach nóta 2.6.

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh le géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh do sheirbhísí soláthair chaipitiúil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €151.48 milliún de leithdháiltí neamhchaite i leith eilimintí caipitil Fho-mhírchinn A.2, A.3, B.3, B.5, B.6, B.7, B.8, agus C.3 ar aghaidh go 2021.

	2020 €	2019 €
Farasbarr	385,886,299	69,833,781
Géilleadh iarchurtha	(151,480,000)	(48,611,000) [a]
Farasbarr le géilleadh	**234,406,299**	**21,222,781**

Nóta [a] Féach nóta 2.6.

Ken Spratt
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Iompair

17 Meán Fómhair 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costas an chláir		2,640,560	2,258,833
Pá		33,307	33,756
Neamhphá		5,720	8,603
Ollchaiteachas		**2,679,587**	**2,301,192**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**17,800**	**25,791**
Glanchaiteachas		**2,661,787**	**2,275,401**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin - airgead tirim	(3,051)		
Diúscairtí - airgead tirim	52		
(Brabús)/caillteanas ar dhiúscairtí	(37)		
Dímheas	4,262	1,226	(394)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Gluaiseacht i bhfabhruithe	(718)		
Gluaiseacht i réamhíocaíochtaí	1,359		
Gluaiseacht i stoc	41	682	(1,632)
Caiteachas díreach		**2,663,695**	**2,273,375**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		19,503	20,076
Measchíosanna		3,947	4,005
Glanchostas an chláir		**2,687,145**	**2,297,456**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas i dtaca le Vóta 31 a iompraíodh in áit eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	30	46
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	12,353	13,190
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	6,636	6,375
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	60	57
An Príomh-Chiste - Pinsin na nAirí		424	408
		19,503	**20,076**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	10,766	11,992
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	182,594	66,983
Stoic	2.3	1,011	1,052
Réamhíocaíochtaí		2,097	3,456
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	1,731	754
Iomlán na sócmhainní reatha		**187,433**	**72,245**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		1,216	1,934
Iarmhéideanna sochair eile	2.5	1,808	1,555
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.6	182,517	66,182
Iomlán na ndliteanas reatha		**185,541**	**69,671**
Glansócmhainní reatha		1,892	2,574
Glansócmhainní		**12,658**	**14,566**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.7	**12,658**	**14,566**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Talamh agus Foirgnimh	Trealamh oifige	Troscán agus feistis	Mótarfheithiclí	Saintrealamh	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní						
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	1,580	13,949	216	16,326	26,560	58,631
Coigeartuithe [a]	—	(1,452)	1,469	—	—	17
Feidhmeanna a aistriú	—	(217)	—	—	—	(217)
Breiseanna	134	954	—	1,157	806	3,051
Diúscairtí	—	(609)	(155)	(330)	(62)	(1,156)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	1,714	12,625	1,530	17,153	27,303	60,326
Dímheas carntha						
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	—	11,302	123	13,078	22,135	46,638
Coigeartuithe	—	—	17	—	—	17
Feidhmeanna a aistriú	—	(217)	—	—	—	(217)
Dímheas don bhliain	—	1,158	25	1,451	1,628	4,262
Diúscairtí	—	(605)	(143)	(330)	(62)	(1,140)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	-	11,638	22	14,199	23,701	49,560
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**1,714**	**987**	**1,508**	**2,954**	**3,603**	**10,766**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	1,580	2,647	93	3,248	4,424	11,992

Nóta [a] Baineann na coigeartuithe le hathaicmiúcháin laistigh de throscán agus feistis agus trealamh oifige agus le suim coigeartaithe amháin laistigh de throscán agus feistis.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta	182,498	66,878
Iarmhéideanna cuntas bainc	96	105
	182,594	**66,983**

Cuntais bhainc thráchtála eile

Anuas ar an gcuntas bainc thráchtála dá dtagraítear thuas, tá cuntas bainc ag an Roinn ionas gur féidir mótarcháin a bhailiú agus a leithdháileadh agus na fáltais a aistriú chuig an Státchiste. Ní tharchuirtear aon airgead atá dlite don Vóta nó a íoctar as an Vóta tríd an gcuntas bainc sin, ach amháin muirir mhaoinithe bainc. Ba í an tsuim a bhí á coimeád ag deireadh 2020 ná €6,771 (2019: €91,343).

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Tomhaltáin TF	80	80
Tomhaltáin speisialaithe (Garda Cósta na hÉireann)	931	972
	1,011	**1,052**

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Seirbhísí gníomhaireachta Oifig na nOibreacha Poiblí	954	587
Eile	777	167
	1,731	**754**

2.5 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim agus muirear sóisialach uilíoch	564	550
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	279	279
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	40	137
Cáin bhreisluacha	245	414
Cáin conarthaí iomchuí	8	63
Muirir phinsin	51	55
Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste	480	33
	1,667	1,531
Feidhmeanna a aistriú	7	—
Míreanna sochair eile ar fionraí	134	24
	1,808	**1,555**

2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	234,406	21,223
Géilleadh iarchurtha	151,480	48,611
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(203,369) [a]	(3,652)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**182,517**	**66,182**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	182,594	66,983
Iarmhéideanna dochair: fionraí	1,731	754
	184,325	67,737
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(1,674)	(1,531)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(134)	(24)
	(1,808)	(1,555)
	182,517	**66,182**

Nóta a In 2019, fuair an Roinn cead géilleadh €29.449 milliún (as €48.611 milliún) maidir leis na fo-mhírchinn Turasóireachta agus Spóirt a chur siar. Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tar éis comhaontú gur cheart an tsuim sin a fhritháireamh in aghaidh dheontas an Státchiste nár tarraingíodh ag an 31 Nollaig 2020.

2.7 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			14,566	12,540
Íocaíochtaí amach ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	3,047,673		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(151,480)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(234,406)		
Glanvóta			2,661,787	2,275,401
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1		19,503	20,076
Caiteachas neamhairgid - measchíos	1		3,947	4,005
Glanchostas an chláir	1		(2,687,145)	(2,297,456)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**12,658**	**14,566**

2.8 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda

ag an 31 Nollaig	**2020**	**2019**
	€000	**€000**
Earraí agus seirbhísí a sholáthar	177,449	178,072
Cláir deontas neamhchaipitil	50	128
Cláir deontas caipitil	85,088	168,334
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**262,587**	**346,534**

Ceangaltais faoi fho-mhírchinn soláthair	**2020**	**2019**
	€000	**€000**
Seirbhísí héileacaptair chuardaigh agus tharrthála [a]	150,000	155,000
Aerfoirt	8,031	15,343
Ceadúnú feithiclí/tiománaithe	15,006	4,847
An tAonad um Athrú Aeráide	—	50
An tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí	1,133	252
Teicneolaíocht faisnéise	558	20
Iniúchadh Inmheánach	22	25
Uachtaránacht ITF 2020	—	22
Bainistíocht Saoráidí	184	—
Seirbhísí Garda Cósta	2,515	2,513
	177,449	**178,072**

Cláir deontas neamhchaipitil	**2020**	**2019**
	€000	**€000**
Iarmhéid tosaigh	128	114
Deontais a íocadh sa bhliain	(78)	(136)
Ceangaltais nua deontais	—	150
Iarmhéid deiridh	**50**	**128**

Cláir deontas caipitil	**2020**	**2019**
	€000	**€000**
Iarmhéid tosaigh	168,334	113,664
Feidhmeanna a aistriú	(126,440)	—
Deontais a íocadh sa bhliain	(9,141)	(54,493)
Ceangaltais nua deontais	52,629	110,404
Deontais a cuireadh ar ceal	(294)	(1,241)
Iarmhéid deiridh	**85,088**	**168,334**

Nóta [a] Cuireadh tús leis an gconradh seirbhíse reatha le CHC Ireland le haghaidh héileacaptar cuardaigh agus tarrthála ar an 1 Iúil 2012 do thréimhse 10 mbliana. Tá rogha ann an tréimhse/na tréimhsí a fhadú ar feadh tréimhse bhreise suas go trí bliana. Fadaíodh an conradh in 2020 ar feadh tréimhse bliana ar dtús go mí Iúil 2023. In 2021, fadaíodh an conradh ar feadh bliana eile go 2024. Cuireadh na faduithe sin, arna bhfaomhadh ag an Aire, i bhfeidhm chun soláthar seirbhíse nua a éascú i gcomhréir le ceanglais an Chóid Caiteachais Phoiblí agus aistriú gan uaim a chinntiú ó sheirbhís amháin go seirbhís eile.

2.9 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana.	**943**	**532**

2.10 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i roinnt cásanna dlí. Ní féidir leis an Roinn toradh na gcásanna sin a thuar.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Leithroinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar fud na gclár ar mhaithe le costais iomlána na gclár a chur i láthair

			2020	2020	2019
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais		33,624	33,307	33,756
ii.	Taisteal agus cothú		1,240	580	1,474
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha		2,155	1,565	3,196
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide		467	241	296
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF				
	Bunaidh	2,576			
	Géilleadh iarchurtha	712			
			3,288	2,038	2,182
vi	Costais áitribh oifige		507	761	892
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe		1,259	535	563
			42,540	**39,027**	**42,359**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo thíos na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha (25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin an Vóta.

ii. Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin: €1.24 milliún, toradh: €580,000

Bhí costais níos ísle ná mar a measadh toisc go raibh éileamh laghdaithe ar thaisteal mar thoradh ar Covid-19.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin: €2.155 milliún, toradh: €1.565 milliún

Bhí costais níos ísle ná mar a measadh, go príomha toisc gur tharla méid níos lú oiliúna mar thoradh ar bhaill foirne a bheith ag obair ón mbaile.

iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Soláthar meastacháin: €467,000, toradh: €241,000

Bhí costais ní b'ísle ná mar a measadh toisc go raibh spleáchas méadaithe ann ar an ríomhphost agus ar mhodhanna cumarsáide eile mar thoradh ar shrianta Covid-19.

v Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF

Soláthar meastacháin: €3.288 milliún, toradh: €2.038 milliún

Bhí costais níos ísle ná mar a measadh go príomha toisc go raibh caiteachas laghdaithe i gceist ar fud na gcatagóirí sin mar thoradh ar Covid-19.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin: €507,000, toradh: €761,000

Bhí costais níos airde ná mar a measadh mar thoradh ar chostais bhreise a bhaineann le bearta sláinte agus sábháilteachta chun tionchair Covid-19 a mhaolú.

vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe

Soláthar meastacháin: €1.259 milliún, toradh: €535,000

Bhí costais níos ísle ná mar a measadh mar gheall gur cuireadh líon níos lú próiseas tairisceana comhairleoireachta ar aghaidh in 2020 ná mar a bhíothas ag súil leis.

Clár A Eitlíocht shibhialta

				2020	2019
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá		3,716	3,664	3,376
A.2	Riarachán − neamhphá				
	Bunaidh	1,301			
	Géilleadh iarchurtha	712			
			2,013	628	741
A.3	Aerfoirt réigiúnacha				
	Bunaidh	22,350			
	Géilleadh iarchurtha	1,000			
			23,350	13,884	21,789
A.4	Seirbhísí ilghnéitheacha eitlíochta		25,198	10,170	8,936
			54,277	**28,346**	**34,842**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €25.9 milliún níos ísle ná mar a measadh (ar dtús), lena n-áirítear an géilleadh iarchurtha, arb ionann é agus difríocht 47%.

A.2 Riarachán – neamhphá

Soláthar meastacháin: €2.013 milliún, toradh: €628,000

Tháinig an gannchaiteachas chun cinn mar thoradh ar an éileamh níos ísle a bhí ar thaisteal agus oiliúint mar thoradh ar Covid-19. Bhí éileamh laghdaithe freisin ar chomhairleoireacht, trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF mar gheall ar Covid-19.

A.3 Aerfoirt réigiúnacha

Soláthar meastacháin: €23.35 milliún, toradh: €13.884 milliún

Baineann an gannchaiteachas seo go príomha le géilleadh iarchurtha €8.8 milliún a tugadh ar aghaidh go 2021 agus le costais oibríochta níos ísle a bheith á dtabhú ag Aerfoirt de bharr Covid-19. Bhain an chuid is mó den €8.8 milliún le dhá thionscadal Aerfoirt Réigiúnaigh a cuireadh ar fionraí nó ar cuireadh moill orthu de bharr Covid-19.

- Tionscadail ar Scagadh an Bhagáiste Boilg ag Aerfoirt na Sionainne. Maoiniú deontais éigeandála (€6.1 milliún). Meastar go gcuirfear an tionscadal i gcrích ag deireadh 2021.
- Tionscadal um Shoilsiú Talún Aerloingseoireachta ag Aerfort Chnoc Mhuire. Maoiniú (€101,000). Cuireadh an tionscadal seo i gcrích i ráithe 1 de 2021.

Anuas air sin, tharla gannchaiteachas ar mhaoiniú éigeandála Covid-19 le haghaidh Shannon Heritage Group toisc gur fhan sé dúnta faoi shrianta leibhéal 5.

A.4 Seirbhísí ilghnéitheacha eitlíochta

Soláthar measctacháin: €25.198 milliún, toradh: €10.17 milliún

Tháinig an difríocht chun cinn go príomha ós rud é go raibh gannchaiteachas €15 milliún ann i gciste teagmhais a cuireadh ar fáil chun an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta a chúiteamh as aisíocaíochtaí reachtúla arna riar aige maidir le haisíocaíochtaí a thabhairt do phaisinéirí sa chás go raibh gá ann le haisdúichiú ó áiteanna thar lear nó de bharr caillteanas mar thoradh ar theip gníomhaireachtaí taistil.

Clár B Iompar ar tír

				2020	2019
			Soláthar measctacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
B.1	Riarachán − pá		13,927	13,989	12,152
B.2	Riarachán − neamhphá		3,324	2,402	3,862
B.3	Feabhsúchán/cothabháil bóithre		1,239,207	1,223,196	1,060,280
B.4	Gníomhaireachtaí agus speansais sábháilteachta ar bhóithre		5,402	6,087	5,982
B.5	Speansais cheadúnaithe feithiclí agus tiománaithe				
	Bunaidh	22,900			
	Géilleadh iarchurtha	800			
			23,700	20,191	23,206
B.6	Laghdú carbóin		7,750	1,938	5,641
B.7	Íocaíochtaí um sholáthar seirbhíse poiblí		765,563	623,471	307,985
B.8	Clár Infheistíochta Réthaistil				
	Bunaidh	805,150			
	Géilleadh iarchurtha	12,650			
			817,800	646,157	469,864
B.9	Gníomhaireachtaí agus speansais iompair phoiblí		17,021	16,958	16,793
B.10	Seirbhísí ilghnéitheacha		78	65	60
			2,893,772	**2,554,454**	**1,905,825**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €339 milliún níos ísle ná mar a measadh ar dtús, lena n-áirítear an géilleadh iarchurtha, arb ionann é agus difríocht 12%. Bhí an difríocht go príomha mar thoradh ar an méid seo a leanas.

B.2 Riarachán – neamhphá

Soláthar measctacháin: €3.324 milliún, toradh: €2.402 milliún

Tagann an difríocht seo chun cinn go príomha toisc go raibh éileamh níos lú ann ar thaisteal agus oiliúint agus toisc gur coiglíodh costais phoist agus go ndearnadh coigiltí caipitil de bharr an fhoireann a bheith i mbun na cianoibre.

B.4 Gníomhaireachtaí agus speansais sábháilteachta ar bhóithre

Soláthar meastacháin: €5.402 milliún, toradh: €6.087 milliún

Baineann an difríocht go príomha le brúnna costais leanúnacha ar an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre: easnamh €308,000 i soláthar pinsin, chomh maith le heasnamh i soláthar pá agus brúnna neamhphá de bharr méaduithe ar chostais.

B.5 Speansais cheadúnaithe feithiclí agus tiománaithe

Soláthar meastacháin: €23.7 milliún, toradh: €20.191 milliún

Tá an clár athnuachana teicneolaíochta ríthábhachtach chun a chinntiú go bhfuil an Comhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe agus na hiarratais ar líne a bhaineann leis á n-oibriú ag an uasacmhainn, go bhfuil siad athléimneach, go bhfuil inscálaitheacht mhéadaithe i gceist leo agus go gcoinníonn siad ar chomhluas le caighdeáin an tionscail. Níor cuireadh gnéithe áirithe de chlár 2020 i gcrích de bharr ceanglais eile a bhaineann le Covid.

B.6 Laghdú carbóin

Soláthar meastacháin: €7.75 milliún, toradh: €1.938 milliún

Tharla an difríocht seo ós rud é gur cuireadh roinnt tionscadal beartaithe, lena n-áirítear deontas ceannaigh a thabhairt isteach le haghaidh feithiclí tromshaothair agus busanna hidrigine a cheannach lena n-úsáid ag an Údarás Iompair Náisiúnta, siar go dtí go luath in 2021 mar thoradh ar mhoilleanna a tharla de dheasca Covid-19. Anuas air sin, tá an caiteachas ar chláir deontas leanúnacha amhail scéim deontas na bhFeithiclí Beaga Leictreacha Seirbhíse Poiblí (eSPSV) agus an scéim Dreasachtaí Dola um Fheithiclí Astaíochtaí Ísle (LEVTI) tar éis titim mar thoradh ar an laghdú ar dhíolacháin feithiclí agus ar thrácht dola le linn shrianta Covid-19. Bhain coigiltí suntasacha deireadh bliana leis an easnamh i gcaiteachas próifílithe.

B.7 Íocaíochtaí um sholáthar seirbhíse poiblí

Soláthar meastacháin: €765.563 milliún, toradh: €623.471 milliún

Bhí an toradh €142.092 milliún níos ísle ná mar a measadh go príomha mar thoradh ar leibhéal laghdaithe íocaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí. Leithdháileadh €460 milliún eile de mhaoiniú éigeandála mar thoradh ar Covid-19. Ní raibh an maoiniú breise ar fad ag teastáil, áfach, toisc go raibh an t-ioncam ó tháillí taistil paisinéirí níos airde ná mar a tuaradh. I gcás go bhfuil ioncam ó tháillí taistil paisinéirí níos airde ná mar a tuaradh, titeann an ga atá ann le híocaíochtaí cúitimh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí seirbhíse poiblí.

B.8 Clár Infheistíochta Réthaistil

Soláthar meastacháin €817.8 milliún, toradh: €646.157 milliún

Tá an difríocht ann ós rud é nár cuireadh ar aghaidh tionscadail/caiteachas réthaistil chomh tapa agus a bhíothas ag súil leis, mar thoradh i bpáirt ar shrianta Covid-19.

Clár C Iompar muirí agus sábháilteacht mhuirí

			2020	2019
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
C.1	Riarachán − pá		15,981	15,654	14,515
C.2	Riarachán − neamhphá		3,579	2,690	3,185
C.3	Riarachán muirí agus Garda Cósta na hÉireann				
	Bunaidh	83,297			
	Géilleadh iarchurtha	4,000			
			87,297	75,654	78,488
C.4	Seirbhísí ilghnéitheacha		15,090	2,790	90
			121,947	**96,788**	**96,278**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár C €25.159 milliún níos ísle ná mar a measadh ar dtús, lena n-áirítear an géilleadh iarchurtha, arb ionann é agus difríocht 21%. Bhí an difríocht go príomha mar thoradh ar an méid seo a leanas:

C.1 Riarachán – pá

Soláthar meastacháin: €15.981 milliún, toradh: €15.654 milliún

Is é is cúis leis an difríocht ná an mhoill a bhain le foireann a fhostú.

C.2 Riarachán – neamhphá

Soláthar meastacháin: €3.579 milliún, toradh: €2.69 milliún

Tagann an difríocht seo chun cinn go príomha toisc go raibh laghdú ann ar chostais taistil agus oiliúna agus toisc gur coiglíodh costais phoist agus go ndearnadh coigiltí caipitil de bharr an fhoireann a bheith i mbun na cianoibre.

C.3 Riarachán muirí agus Garda Cósta na hÉireann

Soláthar meastacháin: €87.297 milliún, toradh: €75.654 milliún

Baineann an difríocht go príomha le gannchaiteachas caipitil maidir le dul chun cinn mall ar stáisiúin nua Gardaí Cósta a fhorbairt i gCathair na Mart agus sna Clocha Liath. Bhí moilleanna ann freisin ar shócmhainní caipitil a sholáthar, amhail báid righne inséidte nua, mar thoradh ar Covid-19.

C.4 Seirbhísí ilghnéitheacha

Soláthar meastacháin: €15.09 milliún, toradh: €2.79 milliún

Bhí an toradh €12.3 milliún níos ísle ná mar a measadh toisc go raibh na héilimh ar chúiteamh éigeandála muirí maidir le hoibleagáidí seirbhíse poiblí ó chomhlachtaí farantóireachta áirithe ní b'ísle ná mar a measadh.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
	Riarachán			
1	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí.	2,646	2,127	3,457
	Eitlíocht shibhialta			
2	Aisíocaíocht síntiús Údarás Eitlíochta na hÉireann le heagraíochtaí idirnáisiúnta	8,473	6,449	6,748
3	Forchúiteamh cíosannaan Údaráis Eitlíochta na hÉireann, etc.	394	395	394
4	Íocaíocht Údarás Eitlíochta na hÉireann as costais ghaolmhara	2,700	2,747	2,455
	Iompar ar tír			
5	Táillí ceadúnais iompair de bhóthar	800	1,070	971
6	Fáltais ilghnéitheacha iompair ar tír	6,470	4,151	5,299
	Iompar muirí agus sábháilteacht mhuirí			
7	Fáltais faoin Acht Loingis Cheannaíochta agus faoin Acht Raidio-Theileagrafaíochta, 1919	500	470	557
	Fáltais ilghnéitheacha			
8	Fáltais ilghnéitheacha	340	391	524
	Fáltais Thurasóireacht Éireann	—	—	*298* [a]
	Fáltais Spórt Éireann	—	—	*5,088* [a]
	Iomlán	**22,323**	**17,800**	**25,791**

Nóta [a] Aistríodh feidhmeanna turasóireachta agus spóirt ón vóta seo in 2020.

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le hathruithe suntasacha i bhfáltais (5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí na leithreasaí-i-gcabhair €4.523 milliún níos ísle ná an meastachán. Seo a leanas na mínithe ar na difríochtaí:

1 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí

Measta: €2.646 milliún, réadaithe; €2.127 milliún

Bhí fáltais €519,000 níos ísle ná mar a measadh mar thoradh ar an aistriú feidhmeanna in 2020 go príomha.

2 Fáltais ó aisíocaíocht síntiús Údarás Eitlíochta na hÉireann le heagraíochtaí idirnáisiúnta

Measta: €8.473 milliún, réadaithe; €6.449 milliún

Baineann éagsúlacht le suibscríbhinní ó bhliain go bliain agus bhí siad níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis i mbliana mar thoradh ar Covid-19.

5 Táillí ceadúnais iompair de bhóthar

Measta: €800,000, réadaithe: €1.07 milliún

Bíonn tionchar ag leibhéal na gníomhaíochta san earnáil agus sa gheilleagar ina iomláine ar an tsuim a fhaightear i dtáillí ceadúnais. Íoctar táillí le haghaidh iarratais ar cheadúnas agus as feithiclí a chur le ceadúnais tarlaithe atá ann cheana chun cabhlaigh a mhéadú. B'ionann na táillí a fuarthas in 2019 agus €959,000 i gcomparáid le meastachán €800,000. I gcomhthéacs Brexit agus neamhchinnteachtaí coimhdeacha, measadh é a bheith iomchuí an meastachán do 2020 a choinneáil ag €800,000.

6 Fáltais ilghnéitheacha iompair ar tír

Measta: €6.47 milliún, réadaithe: €4.151 milliún

Bhain roinnt tosca éagsúla leis an laghdú ar na fáltais seo (€2.319 milliún). Ní bhfuarthas an fáltas bliantúil €4.2 milliún de chuid an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, ar tháille sheasta é as tacaíocht theicniúil agus gnó do sheirbhísí a bhaineann le tiománaithe arna gcur ar fáil ag Rannóg na Seirbhísí Ríomhaireachta um Thiománaithe agus Feithiclí. Chomhaontaigh an Roinn Iompair agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go gcoinneodh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre an fáltas seo chun easnaimh i gcaiteachas mar thoradh ar Covid-19 a chomhrac. Rinneadh é sin a fhritháireamh le fáltais a bhí ní b'airde ná mar a bhíothas ag súil leis ó ranníocaíochtaí pinsin (€102,000) mar thoradh ar fhoireann bhreise a fhostú agus tosca uainiúcháin d'fháltais do Chlár INTERREG VA (€1.779 milliún). Is clár arna mhaoiniú ag AE é Clár INTERREG VA le tacaíocht ó Rialtas na hÉireann, atá deartha chun comhoibriú straitéiseach trasteorann a sholáthar d'fhonn réigiún trasteorann níos saibhre agus níos inbhuanaithe a chruthú.

4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	33	31
Cíosanna Fhorbairt Shionainne [a]	11	10
Aisíocaíochtaí deontais [b]	6	62
Fáltas AE le haghaidh Thionscadal um Athchomharthaíocht Lár na Cathrach (CCRP) [c]	937	1,575
Ranníocaíochtaí pinsin agus seirbhís bharúlach an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre [d]	473	472
Díbhinn ó Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath	—	40,000
Fáltas AE le haghaidh chlár na Saoráide um Chónascadh na hEorpa - Fóram Córas Iompair Chliste	—	60
Fáltais AE do chlár na Saoráide um Chónascadh na hEorpa: Ardán Bóithre C-agus treoirthionscadal C-ITS in Éirinn	—	359
Tionscadal NELS - Córas loingseoireachta muirí Loran-C	—	87
An Coimisiún um Rialáil Iarnróid	—	18
An tÚdarás Náisiúnta Iompair - Iompar Inbhuanaithe	—	13
An tÚdarás Náisiúnta Iompair - Oscailt an Mhargaidh Bus	—	8,000
Uasghrádú Ten-T [e]	2,209	—
Cistí ón gCoimisiún Eorpach [f]	550	—
Aisíocaíocht an Údarás Náisiúnta Iompair [g]	856	—
Géilleadh deonach pá	13	24
Suim a aistríodh chuig an Státchiste	(4,608)	(50,678)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**480**	**33**

Nóta

[a] Cíosanna a bhailigh Údarás Aerfort na Sionainne (ÚAS) ar son an Aire.

[b] Cistiú deontais a tugadh ar ais don Vóta.

[c] Airgead a fuarthas ó Ghníomhaireacht Feidhmiúchán an Ghréasáin Iompair Thras-Eorpaigh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an Tionscadal um Athchomharthaíocht Lár na Cathrach (CCRP). Is gné lárnach den uasghrádú ar sheirbhísí iarnróid é CCRP le go bhféadfar tuilleadh feabhais a chur ar acmhainn laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus clár sínte foriomlán DART a sholáthar. Leis an obair seo, cuirfear conairí breise traenach leis an tseirbhís chun go soláthrófar 17 dtraein ar a laghad in aghaidh na huaire in aghaidh an treo sa cheantar ríthábhachtach timpeall lár na cathrach.

[d] Gníomhaíonn an Roinn mar idirghabhálaí maidir le híoc bliantúil na ranníocaíochtaí pinsin a bhaintear as pá fhoireann ÚSB. Déantar na híocaíochtaí seo leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

[e] An tsuim réamh-mhaoinihe a fuarthas i ndáil leis an tionscadal Ten-T ó Ghníomhaireacht Feidhmiúchán an Ghréasáin Iompair Thras-Eorpaigh. Bhunaigh an Coimisiún Eorpach an clár seo chun tacú le tógáil agus uasghrádú an bhonneagair iompair ar fud an Aontais Eorpaigh.

[f] An tsuim réamh-mhaoinithe a fuarthas ón gCoimisiún Eorpach faoin Treoirthionscadal C-ROADS. Is comhthionscnamh de chuid na mBallstát de AE agus oibritheoirí bóthair é an t-ardán C-ROADS a bhfuil sé mar aidhm aige Córais Chomhoibríocha Iompair Chliste (C-ITS) trasteorann gan uaim agus idir-inoibritheacha a chumasú le haghaidh taistealaithe san Eoraip. Is é príomhfhócas an treoirthionscadail seo ná rolladh amach an chroílíonra bóthair C-ITS ar an gcroílíonra bóthair TEN-T ó Chorcaigh chomh fada leis an Teorainn le Tuaisceart Éireann, lena n-áirítear an M50.

[g] Tabhairt ar ais caipitil ón Údarás Náisiúnta Iompair maidir le tionscadal an Ionaid Náisiúnta um Oiliúint Iompair.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon Fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020 [a]	2019 [b]
Líon foirne ag deireadh na bliana		
Roinn	534	580
Gníomhaireachtaí	903	1,429
	1,437	**2,009**

Nóta [a] Baineann an laghdú ar an líon foirne agus ar luach saothair go príomha le haistriú na bhfeidhmeanna turasóireachta agus spóirt agus gníomhaireachtaí in 2020.

[b] Aistríodh líon foirne na bliana 2019 ó 2,103 dhuine (bunaithe ar líon na bhfostaithe) go 2,009 nduine (bunaithe ar chóibhéisí lánaimseartha).

5.2 Pá – Roinn agus gníomhaireachtaí

Luach saothair fhoireann na Roinne

	2020 €000	2019 €000
Pá	28,997	29,597
Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	796	638
Ragobair	382	537
Liúntais eile	680	629
ÁSPC an Fhostóra	2,452	2,355
Pá iomlán	**33,307**	**33,756**

Luach saothair foirne gníomhaireachta

Pá	55,663	81,289
Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	227	243
Ragobair	273	822
Liúntais eile	535	461
ÁSPC an Fhostóra	4,861	7,460
Pá iomlán	**61,559**	**90,275**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2020	2019
			€	€
Foireann na Roinne				
Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	116	57	38,832	25,044
Ragobair	110	13	20,506	20,899
Liúntais eile	65	—	7,700	19,639
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	69	57	46,482	40,823
Foireann gníomhaireachta				
Liúntasle haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	48	2	53,461	46,764
Ragobair	160	1	15,001	19,496
Liúntais eile	106	2	15,771	15,514
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	53	8	23,486	24,487

5.4 Socruithe eile luach saothair

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €437,858 maidir le triúir oifigeach a d'fhóin lasmuigh den Roinn i rith 2020 nó ar feadh tréimhse le linn 2020 agus a raibh a dtuarastail á n-íoc ag an Roinn. Cuirfear forchúiteamh iomlán an chaiteachais ghaolmhair i gcrích go luath in 2021.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i ndáil le cúigear oifigeach ar iasacht a bhí ag obair lasmuigh den Roinn i rith 2020 nó ar feadh tréimhse le linn 2020 agus a raibh a dtuarastail á n-íoc ag ranna/oifigí Rialtais.

Tugadh oifigeach amháin ar iasacht ar bhonn pá agus forchúitimh don chéad chuid den bhliain, agus é ar an bpárolla agus as an bpárolla araon don dara cuid den bhliain ar fud dhá shannadh iasachta ar leith.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2020 €	2019 [a] €
Ró-íocaíochtaí	36	99,180	81,642
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	12	36,714	39,163

Aistríodh trí phlean aisghabhála ró-íocaíochtaí ar luach €1,080 iad i ndáil le triúr aonair chuig Ranna eile sa bhliain.

Nóta [a] In 2020, thug an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC) isteach modheolaíocht tuairiscithe athbhreithnithe a bailíochtaíodh go seachtrach maidir le ró-íocaíochtaí agus suimeanna i bpleananna aisghabhála. Mar thoradh air sin, rinneadh athbhreithniú ar shuimeanna na bliana 2019. (Cuntas Leithreasa 2019: ró-íocaíochtaí €97,296 agus pleananna aisghabhála €54,816).

5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Le linn 2020, íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta arbh fhiú €26,000 san iomlán iad agus scaoilíocaíochtaí arbh fhiú €91,000 san iomlán iad le cúigear ball foirne a ndearnadh a bhfostaíocht a fhoirceannadh.

Nóta 6 Nithe ilghnéitheacha

6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

Bunaíodh Bord Athbhreithnithe in 2020 chun athscrúdú a dhéanamh ar thorthaí áirithe sa dréacht-tuarascáil deiridh ar an imscrúdú ar an tionóisc a tharla do Tharrtháil 116 ar an bhFód Dubh, Co. Mhaigh Eo, ar an 14 Márta 2017. Bunaíodh an Bord Athbhreithnithe i gcomhréir le *hIonstraim Reachtúil (IR) Uimh. 460 de 2009: Na Rialacháin um Aerloingseoireacht (Tionóiscí, Teagmhais Thromchúiseacha agus Teagmhais a Fhógairt agus a Imscrúdú), 2009*. Táthar ag súil le tuarascáil an Bhoird Athbhreithnithe a fháil i mí Mheán Fómhair 2021.

B'ionann an caiteachas carnach in 2020 agus €100,000 (2009: nialas).

6.2 Costais chúitimh agus dlí

	Líon na gcásanna	Costais dlí a d'íoc an Roinn	Costais dlí a dámhadh	Cúiteamh a dámhadh	2020 Iomlán	2019 Iomlán
		€000	€000	€000	€000	€000
Éilimh ó fhostaithe	—	—	—	—	—	—
Éilimh ó dhaoine den phobal	7	262	135	—	397	1,667
		262	**135**	**—**	**397**	**1,667**

6.3 Calaois agus calaois amhrasta

In 2020, asbhaineadh dhá shuim éagsúla trí dhochar díreach as cuntas de chuid na Roinne, arbh fhiú €125 san iomlán iad agus ar aisíoc Banc na hÉireann iad i mí an Mhárta 2021.

6.4 Maoiniú AE

Áirítear leis an toradh a thaispeántar i bhFo-mhírcheann B.8 iompar poiblí agus iompar inbhuanaithe íocaíocht i leith gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE). Tharla sé go raibh moilleanna uainiúcháin i gceist le héilimh mar thoradh ar mhoilleanna agus síntí ar thionscadail Glasbhealaí INTERREG. Fuair an Roinn €3,579,332 i maoiniú agus íocadh éilimh arbh fhiú €3,276,716 iad, rud a d'fhág €302,616 chun é a thabhairt ar aghaidh go 2021.

	2020 Meastachán	2020 Toradh	2019 Toradh
	€000	€000	€000
Cuir síos ar an bhfo-mhírcheann:			
B.8 Clár Infheistíochta Réthaistil	3870	3,579	619 [a]

Nóta [a] In 2019, fuair an roinn maoiniú €618,860 agus rinne sí íocaíochtaí arbh fhiú €2,535,904 iad.

Aguisín A Cuntas comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Iompair

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá sé d'oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Tugtar le fios ann, amhail an 31 Lúnasa 2021, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus cathain a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Comhlacht/Ciste roinne	Tréimhse chuntasaíochta dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchta	Dáta a fuair an tAire/Roinn í	Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
Bus Éireann	2020	16 Aibreán 2021	2 Iúil 2021	2 Iúil 2021
Bus Átha Cliath	2020	14 Aibreán 2021	21 Iúil 2021	22 Iúil 2021
An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta	2019	25 M. Fómhair 2020	16 D. Fómhair 2020	1 Nollag 2020
An Coimisiún um Rialáil Iarnróid	2019	21 Nollag 2020	15 Eanáir 2021	12 Márta 2021
Córas Iompair Éireann (CIÉ)	2020	20 Aibreán 2021	30 Aibreán 2021	2 Meith. 2021
Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath	2020	13 Aibreán 2021	16 Aibreán 2020	29 Aibreán 2021
Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath	2020	26 Márta 2021	31 Márta 2021	6 Iúil 2021
Cuideachta Chuan na Gaillimhe [a]	2019	14 Aibreán 2020	27 Bealtaine 2020	23 Iúil 2020
Iarnród Éireann	2020	13 Aibreán 2021	17 Meith. 2021	21 Meith. 2021
Údarás Eitlíochta na hÉireann	2020	24 Márta 2021	05 Aibreán 2021	18 Bealt. 2021
An Bord um Thaismí Muirí a Imscrúdú	2020	30 Meitheamh 2021	30 Meitheamh 2021	7 Iúil 2021
An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre	2019	23 M. Fómhair 2020	28 D. Fómhair 2020	17 Samhain 2020
An tÚdarás Náisiúnta Iompair	2020	24 Meith. 2020	29 Meith. 2021	15 Iúil 2021
Cuideachta Phort Chorcaí	2020	22 Aibreán 2021	26 Aibreán 2021	6 Iúil 2021
Cuideachta Phort Phort Láirge	2020	22 Márta 2021	19 Aibreán 2021	6 Iúil 2021
An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre	2020	28 Meith. 2021	30 Meith. 2021	31 Lúnasa 2021
Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge	2020	26 Márta 2021	23 Aibreán 2021	6 Iúil 2021
Grúpa na Sionainne PLC	2020	25 Márta 2021	26 Márta 2021	29 Aibreán 2021
Bonneagar Iompair Éireann	2020	28 Meith. 2021	30 Meith. 2021	23 Lúnasa 2021

Nóta [a] Aistríodh Cuideachta Chuan na Gaillimhe go Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar an 1 Eanáir 2021 i gcomhréir leis an mBeartas Náisiúnta do Chalafoirt agus alt 8 den Acht Cuanta, 2015. Dheimhnigh Cuideachta Chuan na Gaillimhe gur cuireadh a cuntais bhliantúla do 2020 faoi bhráid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 32

Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 32, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, ar fhóirdheontais agus deontais áirithe a íoc agus ar dheontais áirithe a íoc faoi scéimeanna airgeadteoranta.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2020, as leithreasaí neamhchaite 2019, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €76.222 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Aistriú feidhmeanna

Ullmhaíodh an cuntas de réir na *Meastachán Athbhreithnithe Breise do Sheirbhísí Poiblí 2020* inar cuireadh san áireamh an t-athrú ar theideal na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le héifeacht ón 10 Samhain 2020 (I.R. Uimh. 519 de 2020).

Cuireadh san áireamh freisin sna *Meastacháin Athbhreithnithe Bhreise* an t-aistriú feidhmeanna áirithe riaracháin agus aireachta ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (I.R Uimh. 381 de 2020). Bhí an t-aistriú feidhmeanna sin comhdhéanta díobh seo

- bainistíocht agus cathaoirleacht a dhéanamh ar an gComhairle Trádála Easpórtála (ar a dtugtaí an Chomhairle Trádála Eachtraí roimhe seo)
- comhchoimisiúin eacnamaíocha a thionól, a bhainistiú, agus cathaoirleacht a dhéanamh orthu, agus
- comhchoimisiúin eacnamaíocha nua a fhorbairt, nuair is iomchuí.

Ina theannta sin, cuireadh san áireamh sna *Meastacháin Athbhreithnithe Breise* an t-aistriú feidhmeanna áirithe riaracháin agus aireachta ón Roinn Coimirce Sóisialaí chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (I.R. Uimh. 438 de 2020). Bhí an t-aistriú feidhmeanna sin comhdhéanta díobh seo

- freagracht as beartas ceart fostaíochta áirithe
- feidhmeanna áirithe a bhaineann leis an gComhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí
- freagracht as an gCoimisiún um Pá Íseal (a rúnaíocht san áireamh).

Maidir leis na feidhmeanna a aistríodh chuig an Roinn, aistríodh trí phost ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus aistríodh 15 phost ón Roinn agus Coimirce Sóisialaí, lena n-áirítear Rúnaíocht an Choimisiúin um Pá Íseal.

De réir na socruithe cuntasaíochta atá leagtha amach ag an Rannóg Cuntasaíochta Rialtais sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, léirítear sna *Meastacháin Athbhreithnithe Bhreise do 2020* an t-aistriú feidhmeanna ar bhonn bliana iomláine. Léiríonn an cuntas leithreasa, a chaithfidh foirm agus formáid an mheastacháin ábhartha a leanúint, na haistrithe feidhmeanna thuas ar bhonn bliana iomláine.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánaithe chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

Luacháil ar shócmhainní caipitil

Mar a fhoráiltear dó i gciorclán 21 de 2020, tá tairseach €1,000 curtha i bhfeidhm ag an Roinn maidir le caipitliú a sócmhainní caipitil.

Dímheas

Déantar sócmhainní a dhímheas go bliantúil ar bhonn líne dírí thar a saolré úsáideach mheasta, ag tosú le dímheas bliana iomláine a ghearrtar i mbliain an cheannaigh, agus ní ghearrtar aon dímheas i mbliain na diúscartha.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm s a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear na sócmhainní, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choinneáil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte as seirbhísí comhroinnte párolla agus acmhainní daonna a sholáthar.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Is mar seo a leanas an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chumhdach.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm chomh maith le tuairisciú rialta bainistíochta, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí inti, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam féin. Tá obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh agus tá a phleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Comhlíonadh soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go leagtar béim chuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas I gcás ocht gconradh (ar mó a luach ná €25,000), arbh fhiú €461,652 iad (gan CBL san áireamh). Tá na sonraí ina leith leagtha amach thíos:

- Bhain conradh amháin dar luach €30,500 le ceadúnas úsáideora Éirchód a sholáthar. Níl i ndáiríre ach dhá dhíoltóir le haghaidh ceadúnais den sórt sin agus ba é an conradh a rinneadh an conradh ba lú costas a bhí ar fáil.

- Bhain an dara conradh, dar luach €56,007, le stóráil comhad as an láithreán a sholáthar le haghaidh thaifid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (CRO). Sular cuireadh deireadh leis an gconradh a bhí ann, thug CRO faoi chleachtadh soláthair le haghaidh áiseanna stórála agus bhí conradh athsholáthair i bhfeidhm aige le soláthraí nua a bhí le tosú an 13 Márta 2020. D'éiligh an t-aistriú chuig an gconradh nua láimhseáil fhisiciúil 22,500 bosca taifead thar thréimhse ocht mí. I bhfianaise theacht Covid-19 agus na rioscaí bunúsacha sláinte a bhaineann le líon na dtaifead sin a láimhseáil de láimh, bhí CRO ag iarraidh gan an t-aistriú a thosú go dtí go mbeadh sé sásta go bhféadfaí é a chur i gcrích gan cur isteach. Sna himthosca agus san idirlinn go dtí go mbeadh sé sábháilte aistriú chuig an soláthraí nua, lean CRO ag úsáid sheirbhísí an chonraitheora a bhí ann cheana ar bhonn na dtéarmaí agus coinníollacha céanna a bhí i gceist leis an gconradh a bhí ann cheana.
- Sa tríú conradh, dar luach €124,231, ceannaíodh soláthar ríomhairí glúine a theastaigh chun tacú le baill foirne atá ag obair ón mbaile mar thoradh ar theacht phaindéim Covid-19. Mar gheall ar an ngá práinneach le baill foirne a éascú maidir le hobair chianda mar fhreagairt don phaindéim, go háirithe i gcomhthéacs na fála teoranta agus neamhchinnteacht na dtréimhsí ama seachadta, níorbh fhéidir cleachtadh soláthair a dhéanamh de réir na dtreoirlínte. Is deimhin liom gur ar aon dul le noirm phraghsála an tionscail a bhí na costais a bhí i gceist.
- Bhain ceathrú conradh, de luach €26,220, le spásanna páirceála a sholáthar chun cosaint a thabhairt do shláinte agus sábháilteacht na mball foirne den roinn a bhí, i dtús na paindéime, ag freastal ar a stáisiúin oibre. Cuireadh deireadh leis an socrú sin nuair a deimhníodh an dianghlasáil agus bhí obair chianda leabaithe ar fud na Roinne. Cé nár cheadaigh dinimic theacht na paindéime cleachtadh soláthair de réir na dtreoirlínte, fuarthas trí luachan sula ndeachthas isteach sa chonradh.
- Bhain an cúigiú conradh, dar luach €39,256, le ceannach éigeandála gléasanna rochtana dírí chun tacú le baill foirne a bhí ag obair go cianda. Mar gheall ar theacht na paindéime gan choinne, ní raibh sé indéanta cleachtadh soláthair a dhéanamh de réir na dtreoirlínte. Is deimhin liom gur ar aon dul le noirm phraghsála an tionscail a bhí na costais a bhí i gceist.
- Sa séú conradh, dar luach €32,827, ceannaíodh seirbhísí aistriúcháin a theastaíonn ó chomhlachtaí caidrimh tionscail na Roinne. Tá na comhlachtaí lena mbaineann i dteagmháil leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) le tamall anuas maidir le roghanna iomaíocha soláthair do sheirbhísí aistriúcháin a iniúchadh i bhfianaise an mhéadaithe ar an ngá atá leis na seirbhísí sin le déanaí. Bhí súil ag OGP roimhe seo go mbeadh creat leithleach seirbhísí aistriúcháin soláthair i bhfeidhm le linn 2020. Ar an drochuair, ní raibh sé sin indéanta. Go deimhin, thug an OGP le fios le déanaí nach mbeadh creat den sórt sin á chur i bhfeidhm aige anois. Dá réir sin, rachaidh comhlachtaí caidrimh tionscail na Roinne ar aghaidh anois chun a soláthar féin a dhéanamh le haghaidh seirbhísí den sórt sin. Chuige sin, meastar go mbeidh conradh nua i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana 2021.
- Bhain an seachtú conradh agus an t-ochtú conradh, dar luach €132,611 agus €20,000 faoi seach, le comhairle dlí a sholáthar ó sholáthraí áirithe maidir le dhá thionscnamh ar leith a bhí á bhforbairt ag an Roinn mar chuid de na tacaí do ghnólachtaí a raibh tionchar ag an bpaindéim orthu. I bhfianaise theacht dinimiciúil na paindéime, níorbh fhéidir cleachtaí soláthair a dhéanamh maidir leis na conarthaí sin de réir na dtreoirlínte.

Chuir an Roinn sonraí ar fáil faoi chonarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil i leith chiorclán 40 de 2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Ar an gclár rioscaí, tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as rialuithe do bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ar na daoine den lucht bainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Paindéim Covid-19

Rinneadh measúnuithe ar thionchar phaindéim Covid-19 ar fud aonaid ghnó éagsúla na Roinne agus a hOifigí. Áiríodh leo sin measúnuithe riosca maidir le tionchair fhéideartha ar rialuithe inmheánacha, rialuithe airgeadais, rialuithe TFC, oiliúint foirne, an cumas chun oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh, sláinte agus sábháilteacht, folláine foirne, cumarsáid agus teagmháil le cliaint, i measc nithe eile. Cuireadh athruithe iomchuí ar chleachtais agus rialú nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go leanfaí le sláine thimpeallacht rialaithe na Roinne a choinneáil sa timpeallacht oibre nua agus gur lean an Roinn agus a hOifigí ag soláthar seirbhíse iomláine dá cliaint.

Maidir le rialuithe TF go sonrach, bhí tromlach fhoireann na Roinne agus a hOifigí ag obair go cianda don chuid is mó den bhliain mar thoradh ar theacht phaindéim Covid-19. Cuireadh gléasanna cianrochtana ar fáil don fhoireann chun ligean dóibh déanamh amhlaidh. Maidir le rialuithe, tá na gléasanna cianrochtana seo go léir ar an líonra. Ceanglaíonn siad go díreach leis an Roinn trí thollán slán ‘rochtana dírí’. Cuireadh gach ball foirne, ar sannadh cearta cianrochtana dó, ar an eolas faoi iompraíocht chuí oibre cianda, lena n-áirítear an tábhacht a bhaineann leis an scáileán a ghlasáil ar ghléasanna gan aire, dea-phrótacail pasfhocal, cad atá le déanamh i gcás go gcaillfear gléas nó go ngoidfear é, i measc nithe eile.

Maidir le rialuithe airgeadais, cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm chun próiseáil leictreonach íocaíochtaí ag an Roinn agus admhálacha a chumasú. Leanann nósanna imeachta rialaithe airgeadais lena chinntiú go mbeadh deighilt iomchuí dualgas ann agus go leanfadh na córais bhainistíochta agus rialaithe éagsúla ag feidhmiú ar fud na Roinne. Leanadh le tuarascálacha caiteachais agus airgeadais rialta a sholáthar do lucht bainistíochta na Roinne agus do Bhoird Bhainistíochta Aireachta.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

D'íoc an Roinn €27,007 san iomlán i leith úis agus cúitimh a bhí dlite faoin reachtaíocht um íoc pras cuntas in 2020. Áiríodh leis sin íocaíocht €21,248 i leith sonrasc aonair nuair a cuireadh moill shuntasach ar íocaíocht a dhéanamh leis an soláthraí. D'iarr mé ar Cheann Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne athbhreithniú a dhéanamh ar na cúinsí ba chúis leis an gcás sin agus tuarascáil a sholáthar ar an ábhar. Aimsíodh sa tuarascáil gur cás eisceachtúil é an cás a bhí i gceist agus nár léirigh sé fadhb neamhchomhlíonta sa Roinn. Áiríodh leis an tuarascáil roinnt moltaí chun na rialuithe inmheánacha atá ann cheana a fheabhsú agus conas a d'fhéadfaí na rialuithe sin a chur in iúl a thuilleadh ar fud na Roinne. Chuir mé na socruithe riachtanacha i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirtear na moltaí seo i bhfeidhm.

Níor sainaithníodh aon laigí eile i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2020 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

An Dr Orlaigh Quinn
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

16 Meán Fómhair 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Táim neamhspleách ar an Roinn Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht agus chomhlíon mé na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, tá cur síos déanta orthu sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Scéimeanna deontas atosaithe

I gCaibidil 6 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2020, scrúdaítear na rialuithe a bhí i bhfeidhm ag an Roinn ar an scéim deontas atosaithe agus an scéim deontas atosaithe plus a bhain le paindéim Covid-19. Muirearaíodh an caiteachas ar na scéimeanna sin ar an gcuntas leithreasa do Vóta 32.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

17 Meán Fómhair 2021

Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht

Cuntas Leithreasa 2020

		Soláthar meastacháin		2020 Toradh	2019 Toradh
		€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir					
A	Forbairt post agus fiontar				
	Soláthar meastacháin	1,395,191			
	Géilleadh iarchurtha	32,500			
			1,427,691	1,273,470	439,362
B	Nuálaíocht				
	Soláthar meastacháin	422,024			
	Géilleadh iarchurtha	9,650			
			431,674	413,743	411,206
C	Rialáil		90,662	77,465	78,700
Ollchaiteachas					
	Soláthar meastacháin	1,907,877			
	Géilleadh iarchurtha	42,150			
			1,950,027	**1,764,678**	**929,268**
	Lúide				
D	**Leithreasaí-i-gcabhair**		**52,708**	**49,781**	**58,977**
Glanchaiteachas					
	Soláthar meastacháin	1,855,169			
	Géilleadh iarchurtha	42,150			
			1,897,319	**1,714,897**	**870,291**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a sholáthraítear thar an nglansuim a chuirtear i bhfeidhm le géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir aon chuid ar bith de na leithreasaí nár caitheadh le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dar gcionn. Tugadh €106.2 milliún de leithdháiltí nár caitheadh i leith ghnéithe caipitil Fhotheideal A.5, A.7, A.8, A.14, A.16, B.4 agus B.5 ar aghaidh go dtí 2021.

	2020 €	2019 €
Farasbarr	182,421,683	54,274,812
Géilleadh iarchurtha	(106,200,000)	(42,150,000)
Farasbarr le géilleadh	**76,221,683**	**12,124,812**

An Dr Orlaigh Quinn
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

31 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costais an chláir		1,727,733	893,271
Pá		28,838	27,262
Neamhphá		8,107	8,735
Ollchaiteachas		**1,764,678**	**929,268**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**49,781**	**58,977**
Glanchaiteachas		**1,714,897**	**870,291**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(2,096)		
Dímheas	1,943	(153)	21
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(1,626)		
Méadú ar stoc	(45)	(1,671)	(102)
Caiteachas díreach		**1,713,073**	**870,210**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (airgead tirim) (nóta 1.1)		24,854	23,779
Measchíosanna (neamhairgead tirim)		2,847	2,847
Glanchostas an chláir		**1,740,774**	**896,836**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 32 a tabhaíodh in áit eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	63	96
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais ar Scor	20,029	19,432
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	4,082	3,814
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	113	102
Vóta 20	Garda Síochána	208	—
An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí		359	335
		24,854	**23,779**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	7,655	7,502
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		117,795	47,246
Stoic	2.2	244	199
Iarmhéideanna dochair eile	2.3	1,004	862
Réamhíocaíochtaí		1,556	1,764
Ioncam fabhraithe		551	520
Iomlán na sócmhainní reatha		**121,150**	**50,591**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		939	762
Ioncam iarchurtha		2,326	4,306
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.4	5,169	4,430
Glanmhaoiniú Státchiste	2.5	113,630	43,678
Iomlán na ndliteanas reatha		**122,064**	**53,176**
Glansócmhainní reatha		(914)	(2,585)
Glansócmhainní		**6,741**	**4,917**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.6	**6,741**	**4,917**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh oifige agus TF	Troscán agus feistis	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	33,378	3,224	2,787	39,389
Breiseanna	1,344	26	726	2,096
A tugadh in úsáid sa bhliain	3,488	—	(3,488)	—
Diúscairtí	(2)	(25)	—	(27)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	38,208	3,225	25	41,458
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	29,120	2,767	—	31,887
Dímheas don bhliain	1,868	75	—	1,943
Dímheas ar dhiúscairtí	(2)	(25)	—	(27)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	30,986	2,817	—	33,803
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**7,222**	**408**	**25**	**7,655**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	4,258	457	2,787	7,502

2.2 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Stáiseanóireacht	162	127
Soláthairtí TF	69	64
Ábhair ghlantacháin	13	8
	244	**199**

2.3 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig		2020	2019
	€000	€000	€000
Airleacain d'OOP		112	227
Iarmhéideanna dochair Ilghnéitheacha		818	502
Caiteachas in-fhorchúitithe:			
Taisteal	4		
Seirbhísí comhroinnte	70		
		74	133
		1,004	**862**

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Suimeanna dlite don Stát		
Cáin ioncaim	966	946
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	592	517
Cáin mhaoine áitiúil	7	7
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	90	106
Cáin bhreisluacha ar éadálacha laistigh d'AE	52	79
Muirear sóisialach uilíoch	182	179
	1,889	1,834
Sciar de tháillí athnuachana paitinne is iníoctha le hOifig Eorpach na bPaitinní	1,806	1,720
Íocaíochtaí foirne	687	147
Dliteanas pinsin fostóirí	125	92
Tuarastail in-fhorchúitithe	159	133
Iarmhéideanna ilghnéitheacha eile	503	504
	5,169	**4,430**

2.5 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	76,222	12,125
Géilleadh iarchurtha	106,200	42,150
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(68,792)	(10,597)
Glanmhaoiniú Státchiste	**113,630**	**43,678**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	117,795	47,246
Iarmhéideanna dochair eile	1,004	862
	118,799	48,108
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(1,889)	(1,834)
Iarmhéideanna creidmheasa eile	(3,280)	(2,596)
	(5,169)	(4,430)
	113,630	**43,678**

2.6 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			4,917	4,836
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	1,897,319		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(106,200)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(76,222)		
Glanvóta			1,714,897	870,291
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		24,854	23,779
Caiteachas neamhairgid - measchíos			2,847	2,847
Glanchostas an chláir	1		(1,740,774)	(896,836)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**6,741**	**4,917**

2.7 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda [a]

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	185,523	190,494
Cláir dheontais neamhchaipitil	10,854	1,550
Cláir dheontais chaipitil	2,115,494	1,819,969
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**2,311,871**	**2,012,013**

Nóta [a] Áirítear leis ceangaltais a mhaoineofar ó ioncam acmhainní dílse a ngineann comhlachtaí Stáit faoi choimirce na Roinne é.

b) Cláir dheontais neamhchaipitil	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéid tosaigh	1,550	1,241
Deontais a íocadh sa bhliain	(38,434)	(13,103)
Ceangaltais deontais nua	51,695	13,494
Deontais a cuireadh ar ceal	(3,957)	(82)
Iarmhéid deiridh	**10,854**	**1,550**

c) Cláir dheontais chaipitil	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéid tosaigh	1,819,969	1,471,877
Deontais a íocadh sa bhliain	(686,794)	(566,665)
Ceangaltais deontais nua	1,121,402	995,310
Deontais a cuireadh ar ceal	(139,083)	(80,553)
Iarmhéid deiridh	**2,115,494**	**1,819,969**

d) Mórthionscadail chaipitil

Taispeántar thíos deontais chaipitil lena mbaineann caiteachas iomlán dar luach €10 milliún nó níos mó.

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019	Caiteachas in 2020	Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin	Caiteachas iomlán ionchais shaolré an tionscadail 2020	Caiteachas iomlán ionchais shaolré an tionscadail 2019 [a]
	€000	€000	€000	€000	€000
Ceangaltais Ghníomhaireachta					
GFT Éireann (A.5)	23,726	7,432	92,330	123,488	92,326
Fiontraíocht Éireann (A.7)	352,997	28,290	151,755	533,042	486,703
Fondúireacht Eolaíochta Éireann (B.4)	301,313	92,664	523,481	917,458	724,392
Fiontraíocht Éireann (B.4)	38,412	4,998	19,238	62,648	63,556
Ceangaltais na Roinne					
Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI) (B.5)	101,180	548	62	101,790	101,790
INTERREG (A.10)	6,734	4,080	10,186	21,000	21,000
Scéimeanna iasachta Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (A.14)	39,031	48,292	39,908	127,231	51,000
	863,393	**186,304**	**836,960**	**1,886,657**	**1,540,767**

Nóta [a] Ní áirítear leis tionscadail a cuireadh i gcrích faoi dheireadh 2019.

Difríochtaí suntasacha

Tugtar míniú thíos maidir le haon cheangaltas mór i gcás gur athraigh an caiteachas ionchais iomlán faoi níos mó ná €500,000 i gcomparáid le 2019.

GFT Éireann (A.5)

Méadú ar an gcaiteachas ionchais iomlán: €31 milliún

Baineann an méadú go príomha le dhá thionscadal a ceadaíodh le haghaidh €32 mhilliún agus tionscadal amháin inar laghdaíodh an tsuim cheadaithe faoi €1 mhilliún.

Fiontraíocht Éireann (A.7)

Méadú ar an gcaiteachas ionchais iomlán: €46 milliún

Baineann an méadú go príomha le glanmhéadú €13 mhilliún ar luach an ghealltanais ar cheithre thionscadal agus le cúig thionscadal nua dar luach €33 mhilliún.

Fondúireacht Eolaíochta Éireann (B.4)

Méadú ar an gcaiteachas ionchais iomlán: €193 milliún

Baineann an méadú le cúig thionscadal ionad taighde nua le meáncheangaltas €38 milliún do gach tionscadal.

Fiontraíocht Éireann (B.4)

Laghdú ar an gcaiteachas ionchais iomlán: €1 milliún

Baineann an laghdú le tionscadal amháin inar laghdaíodh an méid ceadaithe faoi € 1 milliún.

Scéimeanna iasachta Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (A.14)

Méadú ar an gcaiteachas ionchais iomlán: €76 milliún

Baineann an méadú le maoiniú breise a bheith á chur ar fáil don Scéim Caipitil Oibre €12 mhilliún agus € 64 mhilliún don Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí.

2.8 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	**2020** **€000**	**2019** **€000**
Meastachán ar dhliteanais aibithe nár urscaoileadh ag deireadh na bliana	**215**	**128**

2.9 Dliteanais theagmhasacha

Scéimeanna Ráthaíochta Creidmheasa

Leis an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa (CGS) a tháinig i bhfeidhm in 2012 agus a ndearnadh athbhreithniú uirthi in 2017, cuirtear ráthaíocht stáit tríd an Roinn ar fáil d'iasachtóirí creidiúnaithe 80% ar iasachtaí incháilithe nó bannaí feidhmíochta do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide inmharthana (FBManna).

Seoladh Scéim Ráthaíochta Creidmheasa Covid-19 (CCGS) i mí Mheán Fómhair 2020 chun cabhrú le gnóthais a raibh tionchar diúltach ag paindéim Covid-19 orthu. Soláthraíonn an CCGS ráthaíocht stáit de 80% d'iasachtóirí creidiúnaithe ar shaoráidí iasachta suas le huas-suim €2 billiún. Forbraíodh an Scéim de réir Chreat Sealadach Cúnaimh Stáit an Choimisiúin Eorpaigh agus tá sí ar fáil do FBManna, cuideachtaí beaga meánchaipitlithe (fiontair nach FBM iad ach a bhfuil níos lú ná 500 fostaí acu) agus príomhtháirgeoirí a chomhlíonann na critéir incháilitheachta.

I gcás an CGS agus an CCGS araon, íocann an Stát (an 'ráthóir') an ráthaíocht leis an iasachtóir ar an bpríomh-iarmhéid gan íoc ar shaoráid scéime i gcás go mainneoidh iasachtaí ar aisíocaíochtaí na saoráide scéime.

An 31 Nollaig 2020, clúdaíodh leis an dá scéim €113 mhilliún san iomlán in iasachtaí gan íoc (2019: €30.2 milliún). B'ionann neamhchosaint uasta iomlán na Roinne maidir le hiasachtaí gan íoc an 31 Nollaig 2020 agus €80.067 milliún (2019: €5.147 milliún).

Ceanglaítear ar ghnóthais a bhaineann leas as an CGS nó an CCGS préimh bheag a íoc leis an Roinn. Íoctar éilimh i gcoinne na ráthaíochta le hiasachtóirí rannpháirteacha ó fhotheideal A.9. Íoctar íocaíochtaí le Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI) chun an scéim a oibriú as an bhfotheideal seo freisin.

Tá achoimre ar fháltais agus íocaíochtaí a bhaineann leis an scéim sin leagtha amach thíos.

		2020		**2012-2020**
		€000		**€000**
Fáltais i ndáil le préimheanna a d'íoc FBManna		179		2,714
Caiteachas scéime:				
Riarachán scéime	(885)		(3,324)	
Éilimh a íocadh	(90)		(835)	
Costas iomlán na scéime		(975)		(4,159)
Glanchostas na scéime		**(796)**		**(1,445)**

Dliteanais theagmhasacha eile

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá suim iarbhír nó uainiú na ndliteanas féideartha éiginnte.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh caiteachas riaracháin leagtha amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	33,480	28,838	27,262
ii	Taisteal agus cothú	875	338	889
iii	Foghlaim agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,543	1,461	1,628
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	311	294	370
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	4,088	4,352	4,099
vi	Costais áitribh oifige	834	613	771
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	1,280	889	755
viii	Acmhainní fógraíochta agus faisnéise	362	160	223
		42,773	**36,945**	**35,997**

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000). Rinneadh caiteachas riaracháin a chionroinnt ar fud na gclár, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €875,000; toradh €338,000

Bhí an tionchar a bhí ag paindéim Covid-19 ar thaisteal intíre, AE agus idirnáisiúnta ó mhí an Mhárta i leith mar chúis le coigilt mhór ar chaiteachas réamh-mheasta taistil agus cothaithe mar thoradh ar.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin €834,000; toradh €613,000

Bhain an gannchaiteachas seo leis an tionchar a bhí ag Covid-19 ar éadáil bheartaithe troscáin agus ar oibreacha gaolmhara.

vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe

Soláthar meastacháin €1.28 milliún; toradh €889,000

Níor leanadh ar aghaidh le roinnt tionscadal comhairleoireachta a ceadaíodh le haghaidh maoinithe in 2020 mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar mhoilleanna/cealuithe/athbheartú tosaíochta.

viii Acmhainní fógraíochta agus faisnéise

Soláthar meastacháin €362,000; toradh €160,000

D'eascair an gannchaiteachas go príomha mar gheall ar roinnt feachtais cumarsáide a tionóladh i mí na Nollag nach bhfuarthas sonraisc aontaithe ina leith go dtí tar éis dheireadh na bliana.

Clár A Forbairt post agus fiontar

				2020	2019
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán − pá		11,511	10,207	9,468
A.2	Riarachán − neamhphá		2,944	2,575	2,776
A.3	Pinsin leagáide na Gníomhaireachta		41,040	39,250	39,741
A.4	IdirThrádáil Éireann		12,692	12,724	9,901
A.5	GFT Éireann		219,177	198,177	199,470
A.6	NSAI - deontas le haghaidh speansais riaracháin agus ghinearálta		7,290	5,798	5,854
A.7	Fiontraíocht Éireann				
	Soláthar meastacháin	895,488			
	Géilleadh iarchurtha	23,500			
			918,988	844,487	119,431
A.8	Forbairt fiontair áitiúil				
	Soláthar meastacháin	97,481			
	Géilleadh iarchurtha	6,000			
			103,481	79,475	37,931
A.9	Scéim shealadach ráthaíochta creidmheasa		1,000	975	341
A.10	Maoiniú meaitseála do INTERREG		5,050	4,080	4,277
A.11	Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.		2,160	2,460	2,122
A.12	Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta		201	—	—
A.13	Costais dlí agus seirbhísí eile		155	13	13
A.14	Scéimeanna iasachta Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann		56,960	48,292	8,031
A.15	Scéim faoisimh dhaonnúil		251	167	6
A.16	Micrea-Airgeadas Éireann				
	Soláthar meastacháin	41,791			
	Géilleadh iarchurtha	3,000			
			44,791	24,790	—
			1,427,691	**1,273,470**	**439,362**

Difríochtaí suntasacha

Léiríonn an méid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, b'ionann an caiteachas i ndáil le Clár A agus €154.221 milliún níos lú ná mar a soláthraíodh ar dtús (géilleadh iarchurtha san áireamh). Bhí gannchaiteachas €1.673 milliún ann, a bhain le caiteachas riaracháin agus a míníodh cheana, agus bhí iarmhéid na difríochta, ar gannchaiteachas €152.548 milliún é, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha.

A.5 GFT Éireann

Soláthar meastacháin €219.177 milliún; toradh €198.177 milliún

Bhí an gannchaiteachas de €21 mhilliún ann go príomha mar gheall ar gannchaiteachas €18 milliún a bhain le Scéim Cúnaimh Shealadaigh Covid-19 do Tháirgí Leighis. Tacaíonn an scéim le taighde, forbairt agus táirgeadh a dhéanamh ar tháirgí leighis in Éirinn sa chomhrac i gcoinne phaindéim Covid-19. Bhí tionchar díreach ag éabhlóid na paindéime agus na freagartha gaolmhaire maidir le héilimh ar shláinte phoiblí, sonraí cliniciúla, dúshláin a bhaineann le rollú trialach, luas na gceaduithe rialála agus teacht chun cinn na n-athruithe ar chinntí infheistíochta agus ar uainiú. Mar thoradh ar na castachtaí gaolmhara sin, bhí astarraingt faoin scéim in 2020 níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. Tharla an €3 mhilliún eile den ghannchaiteachas i gcaiteachas a bhaineann le maoin GFT mar thoradh ar dhúnadh láithreán tógála de bharr Covid-19.

A.6 NSAI - deontas le haghaidh speansais riaracháin agus ghinearálta

Soláthar meastacháin €7.29 milliún; toradh €5.798 milliún

Tharla an gannchaiteachas €1.492 milliún go príomha mar gheall ar mhoilleanna maidir le baill foirne breise a bhí ceadaithe don Údarás a earcú.

A.7 Fiontraíocht Éireann

Soláthar meastacháin €918.988 milliún; toradh €844.487 milliún

Áiríodh leis an ngannchaiteachas €74.5 milliún coigilteas €2.2 milliún sa chaiteachas reatha agus coigilteas €72.3 milliún ar chaiteachas caipitil. Maidir le caiteachas reatha, bhí coigilteas €1.7 milliún agus €1.5 milliún ann ar phá agus ar neamhphá faoi seach mar gheall go príomha ar mhoilleanna maidir le hacmhainní foirne breise a earcú chun cabhrú leo freagairt Fhiontraíocht Éireann do phaindéim Covid-19 agus mar gheall ar chaiteachas laghdaithe ar chláir neamhphá áirithe. Rinneadh na coigiltis sin a fhritháireamh go pointe áirithe le breis agus €1 mhilliún i gcaiteachas ar phinsin.
Maidir le caiteachas caipitil, fuair Fiontraíocht Éireann maoiniú breise suntasach thar a ghnáth-leithdháileadh caipitil chun cabhrú léi ina freagairt don Bhreatimeacht agus do phaindéim Covid-19. Lig sé sin di roinnt tacaí dírithe ar phaindéim Covid-19 agus an Breatimeacht a rolladh amach i dteannta a sraithe clár tacaíochta fiontar atá ann cheana. Is é nádúr na dtacaí sin ná go bhféadfadh moill ama a bheith ann idir iarratais/tionscadail a cheadú agus tionscadail den sórt sin a chríochnú agus a chur isteach le haghaidh íocaíochta. Ba í an éifeacht a bhí ag moill ama den sórt sin ná nár tarraingíodh thart ar €41 mhilliún den airgead caipitil a cuireadh ar fáil do na cláir thacaíochta fiontar sin faoi dheireadh na bliana.
Ghin Fiontraíocht Éireann ioncam breise acmhainní dílse (ORI) sa bhreis ar an tsuim a rabhthas ag súil léi, rud a chuir ar a cumas a ranníocaíocht lena clár caipitil a mhéadú faoi thart ar €31.3 milliún, rud a laghdaigh faoin tsuim sin an maoiniú a theastaíonn ón státchiste. Mar thoradh ar an €41 mhilliún thuasluaite d'airgead caipitil nár tarraingíodh agus an €31.3 milliún i ranníocaíochtaí breise ORI, bhí gannchaiteachas caipitil foriomlán €72.3 milliún ann.

A.8 Forbairt fiontair áitiúil

Soláthar meastacháin €103.481 milliún; toradh €79.475 milliún

Áiríodh leis an ngannchaiteachas de €24 mhilliún coigilteas €1.3 milliún sa chaiteachas reatha agus coigilteas €22.7 milliún ar chaiteachas caipitil. Maidir le caiteachas reatha, leithdháileadh maoiniú breise chun cabhrú leis na hOifigí Fiontair Áitiúla (OFÁnna) a gcuid acmhainní a neartú mar chuid dá bhfreagairt don Bhreatimeacht/do phaindéim Covid-19. Mar thoradh ar mhoilleanna ar na hacmhainní foirne agus na hacmhainní gaolmhara breise sin a earcú, caitheadh an caiteachas reatha €1.3 milliún. Maidir le caiteachas caipitil, soláthraíodh maoiniú suntasach breise freisin chun cabhrú leis na OFÁnna freagairt don Bhreatimeacht/do phaindéim Covid-19. Lig sé sin do na OFÁnna an maoiniú atá ar fáil faoi roinnt de na tacaí fiontar atá acu a mhéadú agus roinnt beart breise i leith an Bhreatimeachta/phaindéim Covid-19 a rolladh amach. Bhí tionchar ag státchabhair AE agus cúinsí gaolmhara ar an íostarraingt ar roinnt tacaí scoite OFÁ mar phríomhchúis leis an gcaiteachas caipitil €22.7 milliún.

A.10 Maoiniú meaitseála do INTERREG

Soláthar meastacháin €5.05 milliún; toradh €4.08 milliún

Tá sé deacair réamhaisnéis chruinn a dhéanamh ar chaiteachas faoi chlár INTERREG mar is clár ilbhliantúil é atá scaipthe thar sheacht mbliana. Chuaigh paindéim Covid-19 i bhfeidhm go mór ar chaiteachas in 2020, rud a chur isteach ar ghníomhaíocht agus ar íostarraingt an mhaoinithe. Mar sin féin, tá ceangaltas foriomlán ranníocaíochta RFTF thar na seacht mbliana den bhabhta reatha den chlár fós ag €21 mhilliún.

A.11 Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.

Soláthar meastacháin €2.16 milliún; toradh €2.46 milliún

Tháinig méadú ar tháille bhallraíochta na hÉireann don Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO). Is amhlaidh sin go bunúsach de bharr go ríomhtar an táille ar bhonn sciar na hÉireann de luach iomlán na trádála, atá méadaithe, mar aon le ráta céatadáin níos airde de ranníocaíocht bhallraíochta a chur i bhfeidhm in 2020.

A.12 Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta

Soláthar meastacháin €201,000; toradh €nialas

Baineann an soláthar seo go príomha le costais a bhaineann le Comhchoimisiúin Eacnamaíocha (JEC). Mar gheall ar phaindéim Covid-19, tá srianta ar thaisteal idirnáisiúnta fós i bhfeidhm ó mhí an Mhárta agus, mar thoradh air sin, níorbh fhéidir cruinnithe a sceidealú le comhpháirtithe JEC na hÉireann. Chuir easpa cruinnithe den sórt sin cosc ar iarratais ar mhaoiniú a fhoirmiú faoi leithdháileadh JEC dar luach €201,000 agus, mar thoradh air sin, níor íostarraingíodh aon mhaoiniú.

A.13 Costais dlí agus seirbhísí eile

Soláthar meastacháin €155,000; toradh €13,000

Is bainistíocht stuama vótála é leibhéal éigin maoinithe theagmhasaigh a sholáthar i gcás go dtagann aon chostais gan choinne chun cinn le linn na bliana. Mar a tharla sé, bhí leibhéal iarbhír an chaiteachais theagmhasaigh níos lú ná mar a measadh.

A.14 Scéimeanna iasachta Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

Soláthar meastacháin €56.96 milliún; toradh €48.292 milliún

Is iad na príomhiasachtaí de chuid Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI) a dtacaítear leo faoin bhfotheideal seo ná an Scéim Caipitil Oibre agus an Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí. Bhain an gannchaiteachas €8.668 milliún go príomha le coigilteas ar an Scéim Caipitil Oibre. Feidhmíonn an scéim seo i gcomhpháirtíocht idir an Roinn agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus tacaíonn Saoráid Ráthaíochta FBManna InnovFin léi. Leithdháileadh maoiniú in 2020 ar an mbonn go méadódh sé suim na n-iasachtaí faoin scéim faoi €125 mhilliún, mar a cheadaigh an Rialtas. Pé scéal é, thug an Ciste Eorpach Infheistíochta (EIF) le fios nach raibh sé in ann ach suim bhreise €37.5 milliún a thabhairt in iasachtaí faoin scéim, in ionad na suime comhaontaithe €125 mhilliún. D'fhág an laghdú sin ar leibhéal na ráthaíochta ag EIF nach raibh ach €4 mhilliún den mhaoiniú €12.6 milliún a leithdháileadh ar an Scéim Caipitil Oibre ag teastáil in 2020.

A.16 Micrea-Airgeadas Éireann

Soláthar meastacháin €44.791 milliún; toradh €24.79 milliún

Soláthraíonn Micrea-Airgeadas Éireann (MFI) maoiniú do mhicrifhiontair nach féidir leo iasachtaí a fháil ó sholáthraithe tráchtála. Tacaíonn an Roinn le MFI trí instealltaí caipitil tréimhsiúla ó vóta RTFT. Cuireadh maoiniú suntasach breise caipitil ar fáil do MFI in 2020 chun tacú leis an éileamh méadaithe a bhfuil súil leis ar a tháirgí iasachta de bharr phaindéim Covid-19 agus an Bhreatimeachta. Chonaic MFI borradh tosaigh san éileamh ar iasachtaí tar éis theacht phaindéim Covid-19. Le leasuithe reachtacha a rinneadh le linn 2020, méadaíodh an leibhéal caipitlithe a d'fhéadfadh an Roinn a sholáthar do MFI agus leathnaíodh cumhachtaí MFI chun iasachtaí a thabhairt. Chuir sé sin ar chumas MFI raon níos leithne tacaí a sholáthar do ghnóthais. Tar éis na leasuithe reachtacha a achtú, atosaíodh suim iarbhír na hiasachta a chuir MFI ar fáil ar ghnáthleibhéil agus, mar thoradh air sin, níor theastaigh an leibhéal iomlán maoinithe a leithdháileadh ar MFI.

Clár B Nuálaíocht

				2020	2019
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
B.1	Riarachán − pá		8,574	7,806	7,290
B.2	Riarachán − neamhphá		2,644	2,207	2,443
B.3	Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann		3,133	3,069	3,165
B.4	An Clár Forbartha Eolaíochta agus Teicneolaíochta				
	Soláthar meastacháin	330,565			
	Géilleadh iarchurtha	6,425			
			336,990	332,490	326,034
B.5	Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI)				
	Soláthar meastacháin	24,072			
	Géilleadh iarchurtha	425			
			24,497	24,497	26,299
B.6	Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.		22,875	24,370	30,556
B.7	Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta		1	—	—
B.8	Costais dlí agus seirbhísí eile		160	4	4
B.9	Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha				
	Soláthar meastacháin	30,000			
	Géilleadh iarchurtha	2,800			
			32,800	19,300	15,415
			431,674	**413,743**	**411,206**

Difríochtaí suntasacha

Léiríonn an méid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, b'ionann an caiteachas i ndáil le Clár B agus €17.931 milliún níos lú ná mar a soláthraíodh ar dtús (géilleadh iarchurtha san áireamh). Bhí gannchaiteachas €1.205 milliún ann, a bhain le caiteachas riaracháin agus a míníodh cheana, agus bhí iarmhéid na difríochta, ar gannchaiteachas €16.726 milliún é, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha.

B.6 Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, srl.

Soláthar meastacháin €22.875 milliún; toradh €24.37 milliún

D'eascair an farasbarr €1.495 milliún go príomha as suim bhreise €1.5 milliún a íocadh leis an nGníomhaireacht Eorpach Spáis (ESA) as infheistíocht i dtrí chlár teicneolaíochta de chuid ESA chun dliteanais a chomhlíonadh maidir le conarthaí a tugadh do chuideachtaí Éireannacha.

B.8 Costais dlí agus seirbhísí eile

Soláthar meastacháin €160,000; toradh €4,000

Is bainistíocht stuama vótála é leibhéal éigin maoinithe theagmhasaigh a sholáthar i gcás go dtagann aon chostais gan choinne chun cinn le linn na bliana. Mar a tharla sé, bhí leibhéal iarbhír an chaiteachais theagmhasaigh i bhfad níos lú ná mar a measadh.

B.9 Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha

Soláthar meastacháin €32.8 milliún; toradh €19.3 milliún

Tacaíonn an Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (DTIF) le comhoibrithe ar féidir leo an dóigh a bhfeidhmíonn gnó a athrú, táirgí nua a thabhairt isteach nó samhlacha nua gnó a chur chun cinn, i measc nithe eile. Tá na comhoibrithe faoin gCiste casta de réir a nádúir. I measc na dtionscadal a dtacaítear leo faoin gCiste tá 159 gcomhpháirtí tionscadail san iomlán lena mbaineann cuibhreannas de suas le 13 chomhpháirtí atá comhdhéanta de FBManna, cuideachtaí ilnáisiúnta agus eagraíochtaí déanta taighde, i measc nithe eile. D'fhág castachtaí idirspleáchais chuibhreannais tionscadail DTIF gur thóg sé níos mó ama ná mar a bhíothas ag súil leis chun idirbheartaíocht conarthaí a chur i gcrích. Dá bharr sin, níor cuireadh tús in 2020 le roinnt tionscadal a ceadaíodh. Ina theannta sin, bhí moill ar roinnt tionscadal ceadaithe breise a thosú de bharr thionchar phaindéim Covid-19.

Clár C Rialáil

		Soláthar meastacháin	2020 Toradh	2019 Toradh
		€000	€000	€000
C.1	Riarachán − pá	13,395	10,825	10,504
C.2	Riarachán − neamhphá	3,705	3,325	3,516
C.3	An Clár um Chaidreamh san Áit Oibre	19,299	15,949	18,066
C.4	Deontais le haghaidh seirbhísí oideachais agus comhairleacha ceardchumainn - airgeadteoranta	900	900	900
C.5	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta - deontas le haghaidh speansais riaracháin agus ghinearálta	20,502	18,122	19,297
C.6	Cónascadh ceardchumainn	60	118	—
C.7	Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach	6,057	4,306	4,300
C.8	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	13,836	12,700	11,842
C.9	An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta	246	144	408
C.10	Tacaíocht do thomhaltóirí	70	70	67
C.11	An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Clárlann na gCumann Cairdiúil - deontas le haghaidh speansais riaracháin agus ghinearálta	7,875	7,427	7,064
C.12	Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann	1,942	1,220	1,442
C.13	Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.	1,320	1,419	1,118
C.14	Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta	186	20	80
C.15	Costais dlí agus seirbhísí eile	779	346	96
C.16	An Coimisiún um Pá Íseal	490	574	—
		90,662	**77,465**	**78,700**

Difríochtaí suntasacha

Léiríonn an méid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, b'ionann an caiteachas i ndáil le Clár C agus €13.197 milliún níos lú ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí gannchaiteachas €2.95 milliún ann, a bhain le caiteachas riaracháin agus a míníodh cheana, agus bhí iarmhéid na difríochta, ar gannchaiteachas €10.247 milliún é, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha.

C.3 An Clár um Chaidreamh san Áit Oibre

Soláthar meastacháin €19.299 milliún; toradh €15.949 milliún

Bhí an gannchaiteachas €3.35 milliún mar gheall ar roinnt tosca, lena n-áirítear na nithe seo a leanas.

- gannchaiteachas i ndáil leis an aoisliúntas agus pinsin le haghaidh comhaltaí den Chúirt Oibreachais mar gheall ar sholáthar a rinneadh do phinsin agus aiscí a íoc i leith comhalta a bhí incháilithe le haghaidh dul ar scor ach nár roghnaigh dul ar scor in 2020
- gannchaiteachas ag an gCúirt Oibreachais mar gheall ar shaincheisteanna a bhaineann le paindéim Covid-19, mar shampla, ní raibh aon chostas taistil agus cothaithe ann chun freastal ar éisteachtaí cúirte sna réigiúin, ní raibh aon chostas cíosa seomra ann, bhí laghduithe ann ar chostais aistriúcháin agus ateangairí agus bhí laghdú ann ar chaiteachas san iomlán
- gannchaiteachas sa Bhinse Achomhairc Fostaíochta (EAT) toisc nach bhféadfaí éisteachtaí a reáchtáil mar gheall ar shrianta phaindéim Covid-19 agus, mar thoradh air sin, ní raibh aon chostais taistil agus cothaithe ná aon chostais cíosa seomra ann
- gannchaitheamh i gcaiteachas pá ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre mar gheall ar mhoilleanna ar roinnt folúntas a líonadh, gannchaiteamh i gcaiteachas neamhphá mar gheall ar shaincheisteanna a bhaineann le paindéim Covid-19, amhail bogadh chuig cigireachtaí deisce ar bheagán costais taistil agus cothaithe nó gan aon chostas taistil agus laghdú iarmhartach ar chostais choimhdeacha.

C.5 An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta - deontas le haghaidh costas riaracháin agus ginearálta

Soláthar meastacháin €20.502 milliún; toradh €18.122 milliún

D'eascair an gannchaiteachas €2.38 milliún ar leithdháileadh an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) as tionchar phaindéim Covid-19 go príomha. Bhí coigilteas pá €980,000 ann mar thoradh ar mhoill ar fholúntais a líonadh. Mar thoradh ar laghdú san éileamh ar chruinnithe, cumarsáid, seirbhísí dlí, cóiríocht agus taisteal agus cothú, bhí coigilteas neamhphá €1.4 milliún ann.

C.7 Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Soláthar meastacháin €6.057 milliún; toradh €4.306 milliún

Bhí an gannchaiteachas €1.751 milliún comhdhéanta de choigilteas €1.449 milliún ar phá agus €302,000 ar neamhphá. D'eascair an gannchaiteachas pá €1.449 milliún as folúntais a tháinig chun cinn le linn na bliana chomh maith le moilleanna ar bhaill foirne nua a earcú. Bhí an gannchaiteachas neamhphá €302,000 mar thoradh ar sholáthar a rabhthas ag súil leis agus nár leanadh ar aghaidh in 2020.

C.8 An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí

Soláthar meastacháin €13.836 milliún; toradh €12.7 milliún

Áiríodh leis an ngannchaiteachas €1.136 milliún coigilteas €1.44 milliún ar phá mar gheall ar mhoilleanna ar fholúntais a líonadh agus roinnt ball foirne ar iasacht a bheith ag filleadh ar a máthairchomhlacht. Rinneadh an gannchaiteachas sin a fhritháireamh go pointe áirithe le farasbarr €300,000 i gcaiteachas ar chostais riaracháin neamhphá, a bhí go príomha mar gheall ar chumarsáid a bhain leis an mBreatimeacht, nuashonruithe TFC, ullmhúchán le haghaidh dlíthíochta agus staidéar margaidh gan choinne.

C.9 An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

Soláthar meastacháin €246,000; toradh €144,000

Bhí an gannchaiteachas €102,000 mar gheall nár íocadh aon chnapshuimeanna scoir in 2020 seachas an dá cheann ar foráladh dóibh.

C.11 An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Clárlann na gCumann Cairdiúil

Soláthar meastacháin €7.875 milliún; toradh €7.427 milliún

Ba é coigilteas neamhphá ba chúis leis an ngannchaiteachas go príomha. Baineadh coigilteas amach as barainneachtaí i réimsí áirithe, lena n-áirítear cothabháil, solas agus téamh, troscán agus costais feistithe, seirbhísí poist agus priontála chomh maith le roinnt tionscadal riaracháin a chur siar. Rinneadh na coigiltis sin a fhritháireamh le caiteachas breise ar chostais TF agus teileachumarsáide. Baineadh amach coigilteas neamhphá iomlán €498,000 in 2020. Rinneadh na coigiltis neamhphá a fhritháireamh go pointe áirithe le caiteachas breise €50,000 ar phá.

C.12 Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann

Soláthar meastacháin €1.942 milliún; toradh €1.22 milliún

D'eascair an gannchaiteachas €722,000 go príomha as moilleanna ar roinnt ball foirne a earcú don údarás. Ag deireadh na bliana, bhí 30 ball foirne fostaithe ag an Údarás. Ba é 36 bhall foirne a líon foirne.

C.14 Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta

Soláthar meastacháin €186,000; toradh €20,000

Áiríodh leis an ngannchaiteachas €166,000.

- gannchaiteachas €86,000 ar chaiteachas ar an nGrúpa Athbhreithnithe ar Dhlí na gCuideachtaí mar gheall ar na cruinnithe go léir a bheith á reáchtáil go cianda ó mhí an Mhárta i leith, agus sábháladh costais cruinnithe dá bharr agus bhí post taighde dlí fós folamh don bhliain
- Coigiltis ilghnéitheacha €80,000 i leith caiteachas a bhí níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis ag Comhchoistí Oibreachais, Grúpa Rialála Gnó, Grúpa Athbhreithnithe ar Dhlí Díolacháin, an Tionscnamh um Thodhchaí na hOibre agus Fiosrúcháin um Dhlí na gCuideachtaí.

C.15 Costais dlí agus seirbhísí eile

Soláthar meastacháin €779,000; toradh €346,000

Is bainistíocht stuama vótála é leibhéal éigin maoinithe theagmhasaigh a sholáthar i gcás go dtagann aon chostais gan choinne chun cinn le linn na bliana. Mar a tharla sé, bhí leibhéal iarbhír an chaiteachais theagmhasaigh i bhfad níos lú ná mar a measadh.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Meastachán	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
Cearta fostaíochta agus caidreamh tionscail				
1	Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialaigh	100	67	162
2	Táillí ceada fostaíochta	11,000	11,662	13,517
3	Ceadúnais ghníomhaireachta fostaíochta	355	374	411
4	Fógraí pionóis sheasta WRC	22	3	6
5	Costais dámhachtana cúirte WRC	20	27	26
Árachas agus dlí na gcuideachtaí				
6	An Oifig um Chlárú Cuideachtaí	16,200	12,882	17,559
7	Clárlann na gCumann Cairdiúil	50	28	46
8	Úinéireacht thairbhiúil ar chuideachtaí agus ar chumainn thionsclaíocha agus choigiltis	50	32	8
Trádáil, iomaíocht agus cearta margaidh				
9	Fáltais faoi Acht na dTrádmharcanna, 1963, agus faoi Acht na bPaitinní 1964	9,000	9,842	9,873
10	Ceadúnais trádála ócáideacha	1	—	—
11	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	508	436	523
12	Fógraí cumaisc	320	336	376
Eile				
13	ODCE: dlíthiúil	50	—	1
14	Ilghnéitheach	84	581	326
15	Beartas fiontar [a]	5,545	4,120	5,764
16	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí [b]	1,500	1,555	1,884
17	Aoisliúntas PIAB	1,168	1,152	1,129
18	Aoisliúntas HSA	—	98	—
19	Scéim Ráthaíochta Iasachta Sealadaí	408	179	415
20	An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí	557	448	453
21	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise ar luach saothair na seirbhíse poiblí	5,770	5,959	6,498
	Iomlán	**52,708**	**49,781**	**58,977**

Nótaí [a] Taispeántar sa bheartas Fiontar suimeanna a fuarthas ó ghníomhaireachtaí fiontar reatha agus roimhe seo maidir le ranníocaíochtaí pinsin foirne agus aisíocaíocht INTERREG-ERDF. Is iad na gníomhaireachtaí IdirThrádáil Éireann, GFT, FÉ, SFI agus iar-SFADCo.

[b] Tá fáltais faoin líne seo mar fhorchúiteamh páirteach ar an gcaiteachas faoi fhotheideal C.8.

Difríochtaí suntasacha

Léiríonn an méid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Bhí leithreasaí-i-gcabhair foriomlán €2.927 milliún níos ísle ná an meastachán. Tá mínithe ar dhifríochtaí leagtha amach thíos:

2 Táillí ceada fostaíochta

Meastachán €11 milliún; réadaithe €11.662 milliún

Bhí an farasbarr €662,000 i bhfáltais mar gheall ar éileamh láidir i gcónaí sa mhargadh saothair ar iarratasóirí a bhfuil na scileanna agus an taithí riachtanach acu chun stoc scileanna na hÉireann a fhorlíonadh.

6 An Oifig um Chlárú Cuideachtaí

Meastachán €16.2 milliún; réadaithe €12.882 milliún

Bhí an t-easnamh €3.318 milliún go príomha mar gheall ar laghdú ar ioncam a gineadh ó tháillí comhdaithe déanacha. I bhfianaise thionchar phaindéim Covid-19 ar ghnóthais, chuir CRO cur i bhfeidhm táillí déanacha ar fionraí maidir leis na spriocdhátaí sin a thit le linn bhuaicphointe na 'dianghlasála'.

9 Fáltais faoi Acht na dTrádmharcanna, 1963, agus faoi Acht na bPaitinní, 1964

Meastachán €9 milliún; réadaithe €9.842 milliún

Bhí an méadú €842,000 go príomha mar gheall ar ioncam ó tháillí ó athnuachan iarratas ar phaitinní Eorpacha a bheith níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis.

14 Ilghnéitheach

Meastachán €84,000; réadaithe €581,000

Mar gheall ar chineál na bhfáltas ilghnéitheach, tá sé deacair iad a mheas go cruinn in aon bhliain amháin. Bhain cuid shuntasach de na hadmhálacha (€472,000) le rannpháirtíocht Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann i roinnt gníomhaíochtaí agus clár comhoibrithe de chuid Oifig Eorpach na bPaitinní agus Oifig Maoine Intleachtúla na hEorpa.

15 Beartas fiontar

Meastachán €5.545 milliún; réadaithe €4.12 milliún

D'eascair an t-easnamh €1.425 milliún go príomha as laghdú ar aisíocaíochtaí ionchais caiteachais ar Chlár INTERREG agus fáltais ionchais pinsin ó roinnt gníomhaireachtaí fiontar reatha agus iarghníomhaireachtaí fiontar de chuid na Roinne. Maidir le clár INTERREG, bhí easnamh €1.12 milliún in aisíocaíochtaí ionchais ó ERDF. Bhí an t-easnamh sin mar thoradh díreach ar an gcaiteachas faoin gClár de bharr theacht phaindéim Covid-19, a laghdaigh suim na haisíocaíochta a d'fhéadfaí a fhorchúiteamh ó ERDF.

Bhain an €300,000 eile den easnamh le fáltais phinsin as roinnt gníomhaireachtaí reatha agus iarghníomhaireachtaí de chuid na Roinne a bheith níos lú ná an tsuim a measadh. Bhí cúiseanna éagsúla leis na laghduithe ar na fáltais sin, lena n-áirítear méadú ar líon na mball foirne a bhí ag imeacht/ag dul ar scor, agus baill foirne nua ag íoc ranníocaíochtaí go lárnach mar bhaill den Scéim Aonair, i measc nithe eile.

19 An Scéim Ráthaíochta Iasachta Sealadaí

Meastachán €408,000; réadaithe €179,000

Soláthraíonn an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa ráthaíocht le tacaíocht stáit ar iasachtaí faoin scéim. Ceanglaítear le hiasachtaí a thógtar faoin scéim go n-íoctar préimh bheag.

Tháinig an t-easnamh i bhfáltais in 2020 chun cinn ar dhá chúis:

- Tar éis thús phaindéim Covid-19, cinneadh Scéim Ráthaíochta Creidmheasa (CGS) nua a thabhairt isteach a bheadh ar fáil ar bhealach níos forleithne agus a thairgfeadh iasachtaí níos saoire. Bhain gnóthais leas as scéimeanna iasachta eile a fuair tacaíocht ón rialtas agus tacaí gnó níos leithne agus an scéim seo á forbairt. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú ar an éileamh ar an CGS traidisiúnta agus, dá bhrí sin, laghdaíodh préimheanna ar ghnó nua i ndáil leis an scéim. Fuarthas préimheanna go príomha maidir le hiasachtaí atá ann cheana.
- Forbraíodh CGS Covid-19 le hathrú oibríochtúil i mbailiú préimheanna. Seachas préimheanna a íoc le Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI) agus a chur ar ais chuig an Roinn ar bhonn míosúil, bailíonn iasachtóirí préimheanna go díreach óna gcustaiméirí agus cuireann siad ar aghaidh chuig SBCI iad ar bhonn ráithiúil. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina chúis le difríocht uainiúcháin idir bailiú agus cistí a chur ar ais chuig an Roinn. Seoladh CGS Covid-19 i mí Mheán Fómhair 2020, mar thoradh air sin, thosaigh an Roinn ag fáil préimheanna in 2021.

20 An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí

Meastachán €557,000; réadaithe €448,000

Cuireadh moill ar roinnt tionscadal ionchais de chuid an ghrúpa mar gheall ar Covid-19, a raibh caiteachas laghdaithe mar thoradh air agus laghdú dá bharr sin ar fhorchúiteamh speansas ón gCiste Náisiúnta Oiliúna.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Fiontar Áitiúil - reatha [a]	1	131
Fiontar Áitiúil - caipiteal [b]	16	—
An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) [c]	—	9,000
Fiontraíocht Éireann - ioncam breise acmhainní dílse[d]	10,789	—
Fiontraíocht Éireann - deontas Atosaithe 2020 neamhúsáidte a thabhairt ar ais[e]	2,795	—
Ilghnéitheach	6	—
A aistríodh chuig an Státchiste	(13,607)	(9,131)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**—**	**—**

Nótaí

[a] Oifigí Fiontair Áitiúla - reatha: bhain sé seo le cistí neamhúsáidte i bhfotheideal A.8 le haghaidh pá agus neamhphá in 2019.

[b] Oifigí Fiontair Áitiúla - caipiteal: bhain sé seo le cistí neamhúsáidte i bhfotheideal A.8 do chláir chaipitil áirithe in 2019.

[c] Gineann PIAB a ioncam maoinithe ó tháillí a ghearrtar ar éilitheoirí agus ar fhreagraithe. De réir mholadh iniúchta, leagtar amach san Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú), 2019, an beartas cúlchistí ioncaim atá le leanúint ag PIAB. Leis an Acht, cuirtear oibleagáid ar PIAB airgead atá de bhreis ar a thairseach cúlchistí forordaithe a chur faoi bhráid an Aire chun leasa an Státchiste. Roimh an gcinneadh críochnaitheach ar thairseach cúlchistí ioncaim riachtanacha PIAB, cuireadh suim €9 milliún ar aghaidh chuig an Roinn mar aitheantas d'oibleagáid dhlíthiúil PIAB faoi Acht 2019.

[d] Fiontraíocht Éireann - ioncam breise acmhainní dílse: baineann sé seo le hioncam acmhainní dílse a ghineann Fiontraíocht Éireann de bhreis ar an tsuim a cheadaigh PER dá úsáid féin in 2020.

[e] Fiontraíocht Éireann - deontas Atosaithe 2020 neamhúsáidte a thabhairt ar ais: is ionann é seo agus maoiniú deontas Atosaithe 2020 nár úsáideadh a thabhairt ar ais d'Fhiontraíocht Éireann ó roinnt údarás áitiúil, a thug an t-airgead ar ais i bhfoirm fáltais bhreise ón Státchiste de réir an smachtbhanna PER.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhFostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon na foirne ag deireadh na bliana		
An Roinn agus Oifigí:		
Roinn [a]	508	475
Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann	45	42
An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre	180	174
Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach	37	35
An Oifig um Chlárú Cuideachtaí	125	115
An Chúirt Oibreachais	35	31
	930	**872**
Gníomhaireachtaí [b]	1,772	1,615
	2,702	**2,487**

Nótaí
[a] Áirítear leis foireann Rúnaíocht an Choimisiúin um Pá Íseal.
[b] Áirítear fostaithe an Bhoird um Measúnú Díobhálacha Pearsanta, ar gníomhaireacht stáit neamhthráchtála é nach bhfaigheann maoiniú ón Státchiste go díreach, seachas soláthar pinsin.

5.2 Pá - An Roinn, Oifigí agus Gníomhaireachtaí

	2020	2019
	€000	€000
Pá	172,050	164,724
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	870	2,467
Liúntais eile	2,561	3,450
Ragobair	230	896
ÁSPC an Fhostóra	13,642	11,764
Pá iomlán	**189,353**	**183,301**

Tagraíonn na socruithe luach saothair don ghné phá i bhFotheidil A.1, A.4, A.5, A.6, A.7, B.1, B.3, B.4, C.1, C.3, C.5, C.7, C.8, C.11, C.12 agus C.16.

5.3 An Roinn

	2020 €000	2019 €000
Pá [a, b]	46,553	44,865
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	622	671
Liúntais eile	1,129	750
Ragobair	133	342
ÁSPC an Fhostóra	3,431	3,186
Pá iomlán [c]	**51,868**	**49,814**

Nótaí

[a] Áirítear leis íocaíochtaí pinsin le 24 iarchomhalta den Chúirt Oibreachais den Údarás Iomaíochta nó den Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí (ar a dtugtar an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí anois).

[b] Ní áirítear leis táillí a íoctar le sealbhóirí oifige nach fostaithe de chuid na Roinne iad m.sh. moltóirí.

[c] Áirítear le pá iomlán pá riaracháin (A.1, B.1 agus C.1) agus na gnéithe pá d'Oifigí na Roinne (B.3, C.3, C.7, C.11 agus C.16). Tagraíonn an tsuim le haghaidh pá i Nóta 1 d'fhotheidil riaracháin amháin.

5.4 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre - baill foirne na Roinne

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2020 €	2019 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	38	11	46,078	48,086
Liúntais eile	78	21	90,810	79,911
Ragobair	109	—	8,415	18,207
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	26	5	47,379	47,240

5.5 Gníomhaireachtaí

Is iad na gníomhaireachtaí atá ar áireamh anseo an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Fiontraíocht Éireann, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an tÚdarás Forbartha Tionscail, an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta Éireann, IdirThrádáil Éireann, Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

Ní idirbheart airgeadais díreach de chuid na Roinne é caiteachas pá na ngníomhaireachtaí agus, dá bhrí sin, níl faisnéis mhionsonraithe pá agus liúntais ag an Roinn maidir le foireann na gníomhaireachta. Tá faisnéis mhionsonraithe maidir le líon agus pá na bhfostaithe i leith ghníomhaireachtaí na Roinne ar fáil ó na ráitis airgeadais bhliantúla ábhartha/na tuarascálacha bliantúla ábhartha nó go díreach ó na gníomhaireachtaí lena mbaineann.

	2020 €000	2019 €000
Pá	125,497	119,859
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	248	1,796
Liúntais eile	1,432	2,700
Ragobair	97	554
ÁSPC an Fhostóra	10,211	8,578
Pá iomlán	**137,485**	**133,487**

5.6 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre - baill foirne Ghníomhaireachta

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2020 €	2019 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	53	8	52,389	44,212
Liúntais eile	266	21	28,702	31,462
Ragobair	56	2	23,214	27,803
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	6	1	9,951	16,757

5.7 Socruithe luach saothair eile

Cuireadh carr cuideachta ar fáil do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Fhiontraíocht Éireann.

Maidir le ceathrar státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse, athfhostaíodh iad ar bhonn táille ar chostas iomlán €78,587. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Sheirbhís Phoiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Áirítear leis an gcuntas seo caiteachas €82,032 i leith oifigeach amháin a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn do 2020 agus ar íoc an Roinn a thuarastal.

5.8 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2020 €	2019 €
Ró-íocaíochtaí	61	200,412	235,712
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	31	116,934	130,457[a]

Aistríodh cúig phlean aisghabhála ró-íocaíochta i leith trí dhuine aonair ar luach €1,984 chuig trí roinn eile sa bhliain.

Nóta [a] Athdhearbhaíodh na figiúirí do 2019

5.9 Scaoilíocaíocht/iomarcaíocht

Le linn 2020, fuair triúr ball foirne scaoilíocaíochtaí agus íocaíochtaí iomarcaíochta mar gheall ar athruithe Airí chuig an Roinn. B'ionann na híocaíochtaí sin agus €52,270 san iomlán.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Maoiniú ó AE

Fuair an Roinn agus na comhlachtaí seo a leanas faoi choimirce na Roinne cúnamh AE go díreach mar a thaispeántar thíos.

Fotheideal	Cur Síos	2020 Toradh €000	2019 Toradh €000
A.4	IdirThrádáil Éireann	911	396
A.10	Maoiniú meaitseála do INTERREG	880	2,215
B.3	Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann	707	270
B.4	Fondúireacht Eolaíochta Éireann	254	249
B.4	Fiontraíocht Éireann	1,014	4,287
C.5	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta	31	16
		3,797	**7,433**

6.2 Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta

	Bliain an bhunaithe	2020 €000	2019 €000
Buan/oscailte			
Comhchoistí Saothair	1946	6	17
Grúpa Athbhreithnithe ar Dhlí na gCuideachtaí	2000	14	36
Tionscnamh um Thodhchaí na hOibre	2017	—	14
Grúpa Athbhreithnithe ar Dhlí Díolacháin	2009	1	—
Coiste Iniúchóireachta na Roinne	2004	2	3
Grúpa Rialála Gnó	2006	—	10
		23	**80**

6.3 Cúiteamh agus costais dlí

	Líon na gcásanna	Costais dlí a d'íoc an Roinn	Costais dlí a dámhadh	Cúiteamh a dámhadh	2020 Iomlán	2019 Iomlán
		€000	€000	€000	€000	€000
Éilimh ó fhostaithe ina coinne seo:						
An Roinn	6	—	—	100	100	5
Éilimh ó bhaill an phobail ina gcoinne seo:						
An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre	1	24	—	—	24	—
An Chúirt Oibreachais	—	—	—	—	—	15
Ceadanna fostaíochta	2	—	69	—	69	57
	9	**24**	**69**	**100**	**193**	**77**

6.4 Tobhach fostaíochta agus oiliúna

Cuireadh deireadh leis an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna, a socraíodh ag 1% d'ioncam iomlán duine le roinnt eisceachtaí, le héifeacht ón 6 Aibreán 1999. Leanann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ag fáil suimeanna a bhaineann le híocaíochtaí stairiúla an tobhaigh. Bailíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna agus íoctar é go míosúil leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Íoctar an t-airgead ar a seal leis an Státchiste.

Ráiteas faoi íocaíochtaí a rinneadh de réir alt 25(1) den Acht um Áiseanna Saothair 1987.

	2020 €000	2019 €000
A fuarthas ó na Coimisiúin Ioncaim	33	26
A íocadh isteach sa Státchiste	32	26

6.5 Pionóis íocaíochta déanaí

	2020 €000	2019 €000
Ús agus cúiteamh	**27**	**4**

Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne i gcás go bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, ag dáta sínithe an chuntais, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí agus an dáta a cuireadh i láthair iad don Oireachtas.

Ciste an Chomhlachta / na Roinne	An tréimhse chuntasaíochta dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchóireachta	An dáta a fuair an tAire / an Roinn é	An dáta a cuireadh i láthair don Oireachtas é
GFT Éireann	2019	9 Meith. 2020	11 Meith. 2020	9 Iúil 2020
An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann	2019	30 Meith. 2020	7 Iúil 2020	5 Lún 2020
Fiontraíocht Éireann	2019	24 Meith. 2020	30 Meith. 2020	17 Iúil 2020
Fondúireacht Eolaíochta Éireann	2019	29 Meith. 2020	14 Iúil 2020	25 Lún 2020
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta	2019	24 Nollaig 2020	12 Ean. 2021	21 Ean. 2021
An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	2019	10 Iúil 2020	24 Iúil 2020	28 Iúil 2020
An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta	2019	4 Meith. 2020	30 Meith. 2020	29 Iúil 2020
Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann	2019	15 Meith. 2020	16 Meith. 2020	22 Meith. 2020
IdirThrádáil Éireann	2019	11 Nollaig 2020	11 Márta 2021	—

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 33

Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 33, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, ar fhóirdheontais agus deontais áirithe a íoc agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna:

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2020, as leithreasaí neamhchaite 2019, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €32.912 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí a haon go dtí a seacht.

Aistriú feidhmeanna

Cuireadh aistriú na feidhme Oidhreachta agus Uiscebhealaí Intíre agus Uiscebhealaí Éireann chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i bhfeidhm ón 9 Meán Fómhair 2020, faoin Ordú um Oidhreacht (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2020 (I.R. Uimh. 339/220) agus faoin Ordú um Uiscebhealaí Intíre agus Uiscebhealaí Éireann (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2020 (I.R. Uimh. 340/2020). Cuireadh aistriú na feidhme oileán chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail i bhfeidhm ón 23 Meán Fómhair 2020 faoin Ordú um na hOileáin (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2020 (I.R. Uimh. 379/2020).

Cuireadh aistriú na feidhme turasóireachta agus spóirt ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, mar a bhí, i bhfeidhm ón 16 Meán Fómhair 2020, faoin Ordú um an Turasóireacht agus an Spórt (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2020 (I.R. Uimh. 356/2020). Cuireadh aistriú na feidhme craolacháin ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, mar a bhí, i bhfeidhm ón 23 Meán Fómhair 2020 faoin Ordú um Chraolachán (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2020 (I.R. Uimh. 372/220).

Nuair a achtófar agus a thosófar an Bille um Pleanáil agus Forbairt, Oidhreacht agus Craolachán (Leasú) 2021, aistreofar fuílleach na gcumhachtaí agus na bhfeidhmeanna oidhreachta, lena n-áirítear feidhmeanna áirithe maidir le trácht a dhéanamh ar iarratais phleanála agus dréachtphleananna forbartha ó thaobh na hoidhreachta de chuig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta trí ordú um aistriú feidhmeanna, agus aistreofar na feidhmeanna meán atá fágtha ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chuig an Roinn seo.

Athainmníodh an Roinn mar an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an 30 Meán Fómhair 2020 faoin Ordú um Chultúr, Oidhreacht agus Gaeltacht (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú), 2020 (I.R. Uimh. 403/2020). Ullmhaíodh an cuntas seo de réir Mheastacháin Deiridh Athbhreithnithe 2020 le haghaidh Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus de réir treoracha ó Chuntasaíocht an Rialtais maidir leis na socruithe cuntasaíochta a bhaineann le caiteachas ar fheidhmeanna a aistrítear ó Roinn amháin go Roinn eile trí ordú um aistriú feidhmeanna.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

Sócmhainní oidhreachta

Níl aon luacháil déanta ar shócmhainní oidhreachta áirithe, lena n-áirítear déantúsáin agus lámhscríbhinní.

Dímheas

Ní dhéantar talamh a dhímheas. Déantar foirgnimh a dhímheas ag 2% sa bhliain ar bhonn líne dírí. Déantar Innealra agus gléasra, trealamh oifige agus TF agus troscán agus feistis a dhímheas ar bhonn líne dírí thar thréimhse mheasta a saolré ionchais, de réir na rátaí bliantúla seo a leanas.

- innealra agus gléasra; troscán agus feistis – 10%
- trealamh oifige agus TF— 20%

Luacháil ar shócmhainní caipitil

Mar a fhoráiltear dó i gciorclán 21 de 2020, tá tairseach €1,000 curtha i bhfeidhm ag an Roinn maidir le caipitliú a sócmhainní caipitil.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear na sócmhainní, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choinneáil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt.

Braithim ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta Dlí agus Cirt agus ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Is mar seo a leanas an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.

- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chumhdach.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm chomh maith le tuairisciú rialta bainistíochta, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

Iniúchóireacht Inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí inti, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam féin agus ag an gCoiste Iniúchóireachta. Tá obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair

Cinntíonn an Roinn go leagtar béim chuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seo in 2020 ach amháin i gcás sé chonradh a raibh luach €578,081 acu. Bhain cúig cinn de na conarthaí sin le seirbhísí glantacháin agus fóntais eile ar cuireadh síneadh leo thar a dtréimhse chonartha bhunaidh agus lena bhfuiltear ag súil iad uile a thabhairt chun rialtachta go luath. Bhain an séú conradh le seirbhísí ginealais sa Chartlann Náisiúnta. Cuireadh an conradh amach ar tairiscint arís anois.

Tá na conarthaí seo ar áireamh le liosta de naoi gconradh a bhfuil luach foriomlán €751,185 acu a bronnadh gan próiseas iomaíoch a leanúint in 2020 agus a cuireadh ar áireamh i dtuairisceán 40/2002, toisc gur sháraigh siad an tairseach tuairiscithe €25,000. Meastar go gcomhlíonann na trí chonradh atá fágtha dar luach €173,104 na treoirlínte toisc go dtagann an t-údar leis na conarthaí sin a bhronnadh faoi chuimsiú na n-eisceachtaí a bhaineann le próiseas iomaíoch a cheadaítear faoin reachtaíocht náisiúnta agus faoi reachtaíocht AE.

Sholáthair an Roinn sonraí faoi chonarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil i dtaca le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Ar an gclár rioscaí, tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as rialuithe do bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na ndaoine den lucht bainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Paindéim Covid-19

Tháinig roinnt athruithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe mar gheall ar thús phaindéim Covid-19 go luath in 2020 agus is ó chian agus go fíorúil a dhéantar an obair de ghnáth anois sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Mar thoradh ar an bpaindéim, chuir an Roinn roinnt athruithe rialaithe agus athruithe nós imeachta i bhfeidhm. Faoi chreat riosca agus rialaithe na Roinne, cuireadh clár rioscaí sa bhreis atá sonrach do Covid-19 i bhfeidhm chun príomhrioscaí na Roinne a shainaithint mar thoradh ar Covid-19. Rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta agus déantar cur síos sa chlár riosca seo ar na rialuithe agus na gníomhartha atá ag teastáil chun rioscaí a laghdú agus sanntar leis an fhreagracht as rialuithe a oibriú do bhaill foirne faoi leith. Déanann an Bord Bainistíochta (BB) an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go ráithiúil. Deimhním gurb éifeachtach fós atá na rialuithe a bhí ann agus na cinn a cuireadh i bhfeidhm mar gheall ar Covid-19.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí eile i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2020 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

Katherine Licken
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán

29 Márta 2021

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 33 Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht,

Spórt agus Meáin

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 33 Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 33 Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Tarraingím aird ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, áit a nochtar gur thabhaigh an Roinn caiteachas suntasach in 2020 i dtaca le hearraí agus seirbhísí nach raibh na socruithe soláthair ina leith ag comhlíonadh treoirlínte soláthair. Tá breac-chuntas sa ráiteas freisin ar na bearta a rinne an Roinn chun an t-ábhar a réiteach.

Maoirseacht a dhéanamh ar mhaoiniú do Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020

I gCaibidil 7 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2020, scrúdaítear an dóigh a ndearna an Roinn formhaoirseacht ar an maoiniú a soláthraíodh do Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2021

Vóta 33 Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin

Cuntas Leithreasa 2020

				2020	2019
		Soláthar meastacháin[a]		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir					
A	Seirbhísí Turasóireachta				
	Soláthar meastacháin	184,393			
	Géilleadh Iarchurtha	5,961			
			190,354	189,626	—
B	Ealaíona agus Cultúr				
	Soláthar meastacháin	251,043			
	Géilleadh iarchurtha	3,000			
			254,043	242,030	183,470
C	Gaeltacht [b]				
	Soláthar meastacháin	71,909			
	Géilleadh iarchurtha	435			
			72,344	66,217	68,194
D	D Spórt agus Seirbhísí Fóillíochta				
	Soláthar meastacháin	217,055			
	Géilleadh iarchurtha	23,400			
			240,455	203,163	—
E	Craolachán		278,505	271,027	—
—	*Oidhreacht*		—	—	55,413
—	*Comhoibriú Thuaidh-Theas* [b]		—	—	28,266
Ollchaiteachas					
	Soláthar meastacháin	1,002,905			
	Géilleadh Iarchurtha [c]	32,796			
			1,035,701	**972,063**	**335,343**
	Lúide				
F	**Leithreasaí-i-gCabhair**		**248,296**	**234,462**	**5,046**
Glanchaiteachas					
	Soláthar meastacháin	754,609			
	Géilleadh Iarchurtha	32,796			
			787,405	**737,601**	**330,297**

Nóta [a] Léiríonn na figiúirí soláthair meastacháin thuas an soláthar meastacháin do 2020 mar a taifeadadh i meastacháin athbhreithnithe do sheirbhísí poiblí 2021. Rinne na meastacháin athbhreithnithe breise do sheirbhísí poiblí 2020 soláthar chun suim €88,000 a thabhairt ar aghaidh i gcaipiteal ón Roinn Iompair chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

[b] Tá caiteachas €12.833 milliún a tabhaíodh faoin gclár comhoibrithe Thuaidh-Theas in 2019 ar áireamh i bhfigiúr comparáideach 2019 a thaispeántar thuas do Chlár C - Gaeltacht.

[c] Aistríodh géilleadh iarchurtha €29.361 milliún an 31 Nollaig 2019 ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán mar chuid d'aistriú na bhfeidhmeanna turasóireachta agus spóirt a tháinig chun cinn in 2020.

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a feidhmíodh dlite lena ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithreasaí neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €1 mhilliún de leithdháiltí neamhchaite i ndáil le heilimintí caipitil faoi fho-mhírcheann A.6, €6.037 milliún de leithdháiltí neamhchaite i ndáil le heilimintí caipitil faoi fho-mhírcheann B.7, €2.225 milliún de leithdháiltí neamhchaite i ndáil le heilimintí caipitil faoi fho-mhírcheann C.8 agus €7.63 milliún de leithdháiltí neamhchaite i ndáil le heilimintí caipitil faoi fho-mhírcheann D.3 ar aghaidh go dtí 2021.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr	49,804,346	5,597,433
Géilleadh iarchurtha	(16,892,000)	(3,435,000)
Farasbarr le géilleadh	**32,912,346**	**2,162,433**

Katherine Licken
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

29 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costas an cháir		950,779	295,326
Pá		17,679	34,436
Neamhphá		3,605	5,581
Ollchaiteachas		**972,063**	**335,343**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**234,462**	**5,046**
Glanchaiteachas		**737,601**	**330,297**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(1,925)		
Dímheas	1,536		
Caillteanas ar dhiúscairtí	2	(387)	(3,631)
Athruithe ar ghlanshócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(536)		
Laghdú ar stoc	299	(237)	(782)
Caiteachas díreach		**736,977**	**325,884**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		16,649	16,359
Measchíosanna		1,193	1,193
Glanchostas an chláir		**754,819**	**343,436**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 33 a tabhaíodh in áit eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	45	45
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	10,424	10,452
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	5,335	5,163
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	79	66
Vóta 24	Dlí agus Ceart - an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais	507	497
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	92	—
An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí		167	136
		16,649	**16,359**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	10,147	64,135
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	20,342	12,197
Stoic	2.3	62	361
Réamhíocaíochtaí	2.4	3,539	2,386
Ioncam fabhraithe		—	68
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	642	2,546
Iomlán na sócmhainní reatha		**24,585**	**17,558**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		1,392	843
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.6	939	9,680
Glanmhaoiniú Státchiste	2.7	20,045	5,063
Iomlán na ndliteanas reatha		**22,376**	**15,586**
Glan-sócmhainní reatha		2,209	1,972
Glan-sócmhainní		**12,356**	**66,107**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.8	**12,356**	**66,107**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Talamh agus foirgnimh	Fearas agus Innealra	Trealamh oifige agus TF	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní					
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	61,335	8,280	11,052	4,348	85,015
Breiseanna	128	816	952	29	1,925
A aistríodh chuig Vóta 42	(11,597)	—	—	—	(11,597)
A aistríodh chuig Vóta 34 [a]	(40,202)	(9,047)	(3,185)	(2,300)	(54,734)
Diúscairtí	—	(49)	—	(3)	(52)
Costas nó Luacháil ag an 31 Nollaig 2020	9,664	—	8,819	2,074	20,557
Dímheas carntha					
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	2,305	6,443	9,359	2,773	20,880
Dímheas don bhliain	397	487	605	47	1,536
Dímheas ar aistrithe chuig Vóta 42	(1,289)	—	—	—	(1,289)
Dímheas ar aistrithe chuig Vóta 34	(47)	(6,883)	(2,769)	(968)	(10,667)
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(47)	—	(3)	(50)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	1,366	—	7,195	1,849	10,410
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**8,298**	**—**	**1,624**	**225**	**10,147**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	59,030	1,837	1,693	1,575	64,135

Nóta [a] Tháinig aistriú na feidhme oidhreachta chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i bhfeidhm ón 9 Meán Fómhair 2020. Aistríodh freagracht as na sócmhainní gaolmhara ar an dáta sin chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus aistríodh na sócmhainní sin chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil in 2020. Faoi shocrú riaracháin, lean an Roinn ag soláthar seirbhísí TFC don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil le linn 2021 agus choinnigh sí sócmhainní TFC oidhreachta ar a clár sócmhainní ag an 31 Nollaig 2020. Tá aistriú na seirbhísí TFC críochnaithe anois agus aistríodh na sócmhainní sin chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil in 2021.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	20,121	12,144
Iarmhéid mionairgid	2	19
Iarmhéid an chuntais bainc tráchtála [a]	219	34
	20,342	**12,197**

Nóta [a] Áirítear in iarmhéid an chuntais bainc tráchtála in 2020 €153,641 (2019: €2,083) i ndáil le cuntas bainc tráchtála arna fheidhmiú ag an Roinn Dlí agus Cirt – Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais.

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Bunábhar tógála agus fearais bheaga	—	116
Breoslaí agus leasacháin	—	27
Stáiseanóireacht[a]	6	16
Ábhair inchaite trealaimh	4	6
Soláthairtí feighlithe agus garchabhair	1	18
Ábhair inchaite TF[a]	51	51
Ilghnéitheach	—	57
Beostoc	—	70
	62	**361**

Nóta [a] Mar gheall ar shrianta a bhain le paindéim Covid-19, níorbh fhéidir an stoc ábhar inchaite TF ná stoic stáiseanóireachta a áireamh in aon áit amháin ag an 31 Nollaig 2020. Measadh gur garmheastachán réasúnacha iad na figiúirí stocáirimh ag an láthair sin ag an 31 Nollaig 2019 de leibhéil stoic ag an 31 Nollaig 2020.

2.4 Réamhíocaíochtaí

	2020 €000	2019 €000
Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	203	149
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann	780	750
Cathair Chultúir na hEorpa	1,500	460
Scéimeanna tacaíochta Gaeltachta	453	112
An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030	329	540
Cuntais dhíomhaoine	109	—
Ilghnéitheach	165	375
	3,539	**2,386**

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Ciste Comhshaoil[a]	—	1,131
Oifig na nOibreacha Poiblí	75	47
Paypath	461	107
Míreanna dochair eile ar fionraí [b]	106	1,261
	642	**2,546**

Nóta [a] Aistríodh an tsuim a bhí dlite ón gCiste Comhshaoil ag an 31 Nollaig 2019 chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil mar chuid d'aistriú na feidhme oidhreachta chuig an Roinn sin.

[b] Aistríodh roinnt de na hiarmhéideanna dochair eile a bhí dlite don Roinn ag an 31 Nollaig 2019 chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil mar chuid d'aistriú na feidhme oidhreachta.

2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	300	480
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	158	304
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	14	184
Cáin chonarthaí iomchuí	—	8
Cáin bhreisluacha	8	135
Asbhaintí pinsin	—	8
	480	1,119
Ciste Tiomnachta Crowley (Nóta 7.2)	148	156
Kerry LIFE[a]	—	685
An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe[a]	—	2,500
LIFE Dúlra an Atlantaigh Fhiáin[a]	—	2,475
Tionscadal LIFE Crex an Atlantaigh[a]	—	1,289
Tionscadal LIFE na bPortach Ardaithe[a]	—	1,243
Eile	311	213
	939	**9,680**

Nóta [a] Aistríodh an fhreagracht as na tionscadail seo agus as bainistíocht na gcuntas fionraí seo chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le linn 2020.

2.7 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Farasbarr	32,912	2,162
Géilleadh Iarchurtha	16,892	3,435
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(29,759)	(534)
Glanmhaoiniú Státchiste	**20,045**	**5,063**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	20,342	12,197
Iarmhéideanna dochair: fionraí	642	2,546
	20,984	14,743
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(480)	(1,119)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(459)	(8,561)
	(939)	(9,680)
	20,045	**5,063**

2.8 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			66,107	61,693
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	787,405		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(16,892)		
Farasbarr	Cuntas	(32,912)		
Glanvóta			737,601	330,298
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		16,649	16,359
Caiteachas neamhairgid - aistriú sócmhainní seasta	2.1		(54,375)	—
Caiteachas neamhairgid - measchíos	1		1,193	1,193
Glanchostas an chláir	1		(754,819)	(343,436)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**12,356**	**66,107**

2.9 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda

ag an 31 Nollaig	**2020**	**2019**
	€000	**€000**
Earraí agus seirbhísí a fháil [a]	33,792	793
Cláir dheontais neamhchaipitil (b)	23,911	36,958
Cláir dheontais chaipitil (c)	107,154	41,132
Tionscadail chaipitil	12,315	8,145
Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidmithe le dlí	**177,172**	**87,028**

b) Cláir dheontais neamhchaipitil [a]

	2020	**2019**
	€000	**€000**
Iarmhéid tosaigh	36,958	37,541
A aistríodh amach	(16,652)	—
A aistríodh isteach	8,500	—
Deontais a íocadh sa bhliain	(30,150)	(33,897)
Ceangaltais deontais nua	26,353	34,362
Deontais a cealaíodh	(1,098)	(1,048)
Iarmhéid deiridh	**23,911**	**36,958**

c) Cláir dheontais chaipitil

	2020	**2019**
	€000	**€000**
Iarmhéid tosaigh	41,132	52,564
Aistrithe amach	(21,406)	—
Aistrithe isteach	126,368	—
Deontais a íocadh sa bhliain	(41,237)	(16,780)
Ceangaltais deontais nua	9,692	5,661
Deontais ar ceal	(7,395)	(313)
Iarmhéid deiridh	**107,154**	**41,132**

Nóta [a] Áirítear leis an soláthar earraí agus seirbhísí ceangaltais dar luach €33.579 milliún ag deireadh na bliana i ndáil le tacaí ón Rialtas i gcomhair Corn Ryder 2027 a óstáil in Éirinn. Áirítear le ceangaltais i ndáil le cláir dheontais neamhchaipitil ag deireadh na bliana tacaí dar luach €8.5 milliún ón Rialtas i gcomhair Corn Ryder 2027 a óstáil in Éirinn.

2.10 Dliteantais aibithe

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh urscaoilte ag deireadh na bliana	**7**	**4**

2.11 Dliteanais theagmhasacha

Ní raibh aon dliteanais theagmhasacha ag an Roinn ag an 31 Nollaig 2020. Bhí baint ag an Roinn le roinnt imeachtaí dlí a bhí ar feitheamh ag an 31 Nollaig 2019. Aistríodh freagracht as na cásanna sin chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail mar chuid den aistriú feidhmeanna in 2020.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Leithroinneadh caiteachas riaracháin thar na cláir, chun costais chláir iomlána a léiriú.

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	18,830	17,679	34,436
ii	Taisteal agus cothú	755	155	1,239
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,194	401	969
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	443	348	446
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	2,345	2,143	2,096
vi	Costais áitribh oifige	472	362	831
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	340	196	—
		24,379	**21,284**	**40,017**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa nóta seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €755,000; toradh €155,000

Sábháladh an t-airgead seo mar gheall ar leibhéil laghdaithe taistil i ngach réimse den Roinn mar gheall ar phaindéim Covid-19.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €1.194 milliún; toradh €401,000

Sábháladh an t-airgead seo mar gheall ar ghníomhaíochtaí pleanáilte faoin bhfo-mhírcheann seo a chur ar ceal mar thoradh ar phaindéim Covid-19.

vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe

Soláthar meastacháin €340,000; toradh €196,000

Sábháladh an t-airgead seo mar thoradh ar pholasaí chun a laghad airgid agus is féidir a chaitheamh mar gheall ar bhrú buiséid a bhí ann agus mar thoradh ar phaindéim Covid-19.

Clár A Seirbhísí Turasóireachta

				2020	2019
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán - pá		1,417	1,713	—
A.2	Riarachán - neamhphá		381	357	—
A.3	Fáilte Éireann		81,533	81,533	—
A.4	Turasóireacht Éireann Teoranta		16,239	16,239	—
A.5	Ciste Margaíochta na Turasóireachta		46,823	46,823	—
A.6	Forbairt an táirge turasóireachta				—
	Soláthar meastacháin	38,000			—
	Géilleadh iarchurtha	5,961	43,961	42,961	—
					—
			190,354	**189,626**	**—**

Clár B Ealaíona agus Cultúr

				2020	2019
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000		€000	€000
B.1	Riarachán - pá		9,632	7,747	6,894
B.2	Riarachán - neamhphá		2,489	1,391	1,605
B.3	Íocaíochtaí chun acmhainní a chruthaíonn an Chartlann Náisiúnta a mheaitseáil		40	25	40
B.4	Costais ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus Chomhairle Chomhairleach na Cartlainne Náisiúnta.		1,666	938	1,138
B.5	Costais ghinearálta Mhúsaem Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Ceoláras Náisiúnta agus Gailearaí Ealaíne Crawford (Nóta 7.1)		14,412	13,912	13,373
B.6	Músaeim, gailearaithe, ionaid chultúrtha agus tionscadail réigiúnacha		21,705	20,862	12,455
B.7	Bonneagar agus forbairt cultúir				
	Soláthar meastacháin	25,500			
	Géilleadh iarchurtha	3,000	28,500	22,458	8,400
B.8	Cultúr Éireann		4,600	4,368	4,942
B.9	An Chomhairle Ealaíon (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)		105,002	105,002	75,002
B.10	Costais ghinearálta Ard-Mhúsaem na hÉireann		14,259	14,259	14,109
B.11	Costais ghinearálta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann		7,915	7,915	7,825
B.12	Fís Éireann		24,066	24,066	20,040
B.13	Costais ghinearálta Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann		10,657	10,657	10,547
B.14	Cathair Chultúir na hEorpa		7,100	7,100	6,000
B.15	Deich mBliana na gCuimhneachán 1912–1922		2,000	1,330	1,100
			254,043	**242,030**	**183,470**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €12.013 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhain €2.983 milliún den chaiteachas sin le caiteachas riaracháin, rinneadh míniú air cheana féin, agus tharla iarmhéid na difríochta €9.03 milliún mar gheall ar na rudaí seo a leanas go príomha:

B.4 Costais ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus Chomhairle Chomhairleach na Cartlainne Náisiúnta.

Soláthar meastacháin €1.666 milliún; toradh €938,000

Sábháladh €728,000, i gcomparáid leis an soláthar meastacháin, mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19 go príomha ar an gcaiteachas a rabhthas ag súil leis.

B.7 Bonneagar agus forbairt cultúir

Soláthar meastacháin €28.5 milliún; toradh €22.458 milliún

Sábháladh €6.042 milliún, i gcomparáid leis an soláthar meastacháin, mar gheall ar roinnt tionscadal mórscála thar roinnt scéimeanna nár forbraíodh laistigh dár n-achar ama mar gheall ar fhadhbanna éagsúla, fadhbanna a bhain le Covid-19 san áireamh.

B.8 Cultúr Éireann

Soláthar meastacháin €4.6 milliún; toradh €4.368 milliún

Sábháladh airgead toisc gur cuireadh roinnt imeachtaí idirnáisiúnta beartaithe ar ceal nó siar mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19.

B.15 Deich mBliana na gCuimhneachán 1912–1922

Soláthar meastacháin €2 mhilliún; toradh €1.33 milliún

Sábháladh airgead mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19 ar bhailiúcháin phoiblí go príomha, rud a chuir bac ar an scóip chun a lán imeachtaí beartaithe ‘i bpearsa’ a chur ar siúl in 2020 faoi Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2012-2023.

Clár C An Ghaeltacht

		Soláthar meastacháin		2020 Toradh	2019 Toradh
		€000	€000	€000	€000
C.1	Riarachán - pá		4,913	4,336	3,484
C.2	Riarachán - neamhphá		1,742	1,047	1,191
C.3	Scéimeanna tacaíochta Gaeltachta		9,692	9,740	8,547
C.4	Scéimeanna tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)				
	Soláthar meastacháin	5,782			
	Géilleadh iarchurtha	435	6,217	6,492	5,148
C.5	An Coimisinéir Teanga		845	821	808
C.6	Údarás na Gaeltachta – riarachán		9,602	10,852	9,442
C.7	Údarás na Gaeltachta – caiteachas an chláir reatha		4,250	4,250	3,850
C.8	Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus do chaiteachas caipitil ar áitribh		18,000	13,275	9,700
C.9	An Foras Teanga [a]		13,383	12,585	12,833
C.10	An straitéis 20 bliain don Ghaeilge 2010 - 2030		3,700	2,819	2,625
—	*Na hOileáin*		—	—	10,566
			72,344	**66,217**	**68,194**

Nóta [a] Tabhaíodh caiteachas comparáideach 2019 faoi fho-mhírcheann D.3 An Foras Teanga i gcuntas leithreasa 2019.

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos anseo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár C €6.127 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhain €1.272 milliún den chaiteachas seo le caiteachas riaracháin agus rinneadh míniú air cheana féin, agus tharla iarmhéid na difríochta €4.855 milliún mar gheall ar na rudaí seo a leanas go príomha.

C.6 Údarás na Gaeltachta – riarachán

Soláthar meastacháin €9.602 milliún; toradh €10.852 milliún

Aistríodh maoiniú ó fho-mhírchinn eile, le cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun dul i ngleic le brú a tháinig chun cinn faoin bhfo-mhírcheann seo mar gheall ar thionchar Covid-19 ar fhoinsí ioncaim neamh-Státchiste, go háirithe ioncam díbhinne réamh-mheasta nár réadaíodh.

C.8 Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus do chaiteachas caipitil ar áitribh

Soláthar meastacháin €18 milliún; toradh €13.275 milliún

Sábháladh €4.725 milliún, i gcomparáid leis an soláthar meastacháin, mar gheall ar thionchar Covid-19 ar dhul chun cinn an chláir oibreacha caipitil. Tugadh €2.225 milliún den mhaoiniú seo ar aghaidh chuig 2021.

C.9 An Foras Teanga

Soláthar meastacháin €13.383 milliún; toradh €12.585 milliún

Sábháladh €798,000, i gcomparáid leis an soláthar meastacháin toisc gur chaith na gníomhaireachtaí ábhartha níos lú ná mar a bhí beartaithe mar gheall ar thionchar Covid-19 ar obair agus ar chláir a bhí beartaithe agus toisc go raibh luainiú rátaí malairte ann ag deireadh na bliana.

C.10 An straitéis 20 bliain don Ghaeilge 2010–2030

Soláthar meastacháin €3.7 milliún; toradh €2.819 milliún

Sábháladh €881,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin mar gheall ar an dul chun cinn ar na pleananna teanga a bheith níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis mar thoradh ar phaindéim Covid-19 go pointe áirithe.

Clár D Spórt agus Seirbhísí Áineasa

		Soláthar meastacháin		2020 Toradh	2019 Toradh
		€000	€000	€000	€000
D.1	Riarachán – pá		2,123	2,419	—
D.2	Riarachán – neamhphá		540	344	—
D.3	Deontais d'fhorais spóirt agus le haghaidh saoráidí spóirt agus áineasa a sholáthar (páirtmhaonithe ag an gCrannchur Náisiúnta)				
	Soláthar meastacháin	27,935			
	Géilleadh iarchurtha	12,000			
			39,935	26,171	—
D.4	Deontais le haghaidh linnte snámha a sholáthar agus a athchóiriú				
	Soláthar meastacháin	2,100			
	Géilleadh iarchurtha	2,600			
			4,700	—	—
D.5	Spórt Éireann (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)		162,457	163,054	—
D.6	Maoiniú ó chiste na gcuntas díomhaoin do bhearta spóirt		8,000	7,975	—
D.7	Ciste bonneagair spóirt ar mhórscála				—
	Soláthar meastacháin	9,500			
	Géilleadh iarchurtha	8,800			
			18,300	—	—
D.8	Mór-imeachtaí		4,400	3,200	—
			240,455	**203,163**	**—**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos anseo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár D €37.292 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí caiteachas riaracháin €100,000 níos airde ná mar a bhí beartaithe ar dtús. Tharla iarmhéid na difríochta €37.392 milliún mar gheall ar na rudaí seo a leanas, go príomha:

D.3 Deontais d'fhorais spóirt agus le haghaidh saoráidí spóirt agus áineasa a sholáthar (páirtmhaonithe ag an gCrannchur Náisiúnta)

Soláthar meastacháin €39.935 milliún; toradh €26.171 milliún

Braitheann íostarraingt na ndeontas faoi na babhtaí éagsúla den Chlár Caipitil agus Trealaimh Spóirt ar an éileamh atá ann. Bhí moilliú ar ghníomhaíochtaí tógála, gníomhaíochtaí a bhain le tionscadail spóirt san áireamh, sa bhliain 2020 mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19.

D.4 Deontais le haghaidh linnte snámha a sholáthar agus a athchóiriú

Soláthar meastacháin €4.7 milliún toradh €nialas

Ní raibh aon chaiteachas faoin bhfo-mhírcheann seo in 2020 toisc nach raibh an deontaí i dtionscadal suntasach amháin in ann an deontas €3.8 milliún a íostarraingt toisc nár comhlíonadh ceanglais dhlíthiúla an deontais go fóill, cé go bhfuil an tionscadal á thógáil faoi láthair.

D.7 Ciste bonneagair spóirt ar mhórscála

Soláthar meastacháin €18.3 milliún; toradh €nialas

Fógraíodh na chéad deontais faoin gciste nua bonneagair spóirt ar mhórscála i dtús na bliana 2020. Bhí tionchar ag paindéim Covid-19 ar dhul chun cinn na scéime sin agus ní raibh aon tionscadail forbartha go leor chun maoiniú a íostarraingt in 2020.

D.8 Mór-imeachtaí

Soláthar meastacháin €4.4 milliún; toradh €3.2 milliún

Baineann an tsuim €1.2 milliún nár caitheadh le deontais a bhí le híoc as imeachtaí a cuireadh ar ceal mar gheall ar phaindéim Covid-19.

Clár E Craolachán

			2020	2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
E.1	Riarachán – pá	745	1,464	—
E.2	Riarachán – neamhphá	397	466	—
E.3	Deontas do Raidió Teilifís Éireann maidir le táillí ceadúnais craolacháin	208,622	197,645	—
E.4	Íocaíocht le An Post as ucht táillí ceadúnais craolacháin a bhailiú.	12,457	10,030	—
E.5	Deontas i leith Theilifís na Gaeilge	37,233	39,133	—
E.6	An Ciste Craolacháin	18,051	21,777	—
E.7	Speictream RTÉ	1,000	512	
		278,505	**271,027**	**—**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár E €7.478 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí caiteachas riaracháin €788,000 níos airde ná mar a soláthraíodh ar dtús. Tharla iarmhéid na difríochta €8.266 milliún mar gheall ar na rudaí seo a leanas, go príomha.

E.3 Deontas do Raidió Telefís Éireann maidir le táillí ceadúnais craolacháin

Soláthar meastacháin €208.622 milliún; toradh €197.645 milliún

Braitheann fáltais Táillí Ceadúnais Craolacháin ar leibhéal díolacháin na gceadúnas teilifíse agus ar an ranníocaíocht a fhaightear ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus, mar gheall air sin, tá sé deacair an leibhéal íocaíochtaí do RTÉ, An Post agus don Chiste Craolacháin a mheas go cruinn. Níor baineadh sprioc díolacháin 2020 amach mar gheall ar thitim i ndíolachán táillí ceadúnais mar thoradh ar Covid-19.

E.4 Íocaíocht do An Post as ucht táillí ceadúnas craolacháin a bhailiú.

Soláthar meastacháin €12.457 milliún; toradh €10.030 milliún

Gearrann An Post coimisiún ar scála aistritheach ag brath ar leibhéal díolacháin na dtáillí ceadúnais. Níor baineadh an sprioc díolacháin amach mar gheall ar thionchar Covid-19.

E.5 Deontas i leith Theilifís na Gaeilge

Soláthar meastacháin €37.233 milliún; toradh €39.133 milliún

Aistríodh maoiniú ó fho-mhírchinn eile, le cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun tacú le níos mó clár mar fhreagairt do Covid-19, lena n-áirítear Cúla4 ar Scoil, Lockdown le Hector agus Fleadh 2020.

E.6 An Ciste Craolacháin

Soláthar meastacháin €18.051 milliún; toradh €21.777 milliún

Cuireadh maoiniú breise ar fáil don Scéim Sound and Vision agus don Chiste Craolacháin chun tacú le níos mó clár a chur ar fáil mar fhreagairt do Covid-19.

E.7 Speictream RTÉ

Soláthar meastacháin €1 mhilliún; toradh €512,000

Le Cinneadh 2017/899 ó AE, cuireadh iallach ar na ballstáit seirbhísí craolacháin trastíre a aistriú (i.e. Seirbhís DTT Saorview) ó bhanda speictrim 700 MHz (694-790 MHz), sa chaoi is go mbeadh seirbhísí leathanbhanda gan sreang in ann úsáid a bhaint as an speictream sin. Cuireadh córas chun costais a aisghabháil (CRM) ar bun chun ligean don oibritheoir ilphléascach (€2 mhilliún) na costais a tabhaíodh le linn an aistrithe sin a aisghabháil. Níor tabhaíodh na costais a rabhthas ag súil leo sa bhliain 2020 agus, dá bhrí sin, níor íostarraingíodh iad.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais phinsin Thurasóireacht Éireann	300	332	—
2	An Chartlann Náisiúnta	40	26	46
3	Fáltais ilghnéitheacha	326	970	1326
4	Fáltais ó ranníocaíocht bhreise aoisliúntais ar luach saothair na seirbhíse poiblí	2,366	2,515	2,362
5	Cistiú ó chiste na gcuntas díomhaoin	8,000	7,974	—
6	Fáltais phinsin Spórt Éireann	134	93	—
7	Táillí ceadúnas craolacháin	237,130	222,552	—
—	*Cíosanna (lena n-áirítear fáltais ó ligean cearta iascaireachta, etc.)*	—	—	138
—	*Seirbhísí agus táillí ag páirceanna náisiúnta agus suíomhanna fiadhúlra*	—	—	1,174
	Iomlán	**248,296**	**234,462**	**5,046**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos anseo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí na leithreasaí-i-gcabhair €13.834 milliún níos lú ná an meastachán. Tugtar míniú ar dhifríochtaí thíos:

3 Fáltais ilghnéitheacha

Soláthar meastacháin €326,000; réadaithe €970,000

Bhí difríocht €644,000 ann mar gheall ar fháltais phinsin ó na gníomhaireachtaí a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

4 Fáltais ó ranníocaíocht bhreise aoisliúntais ar luach saothair na Seirbhíse Poiblí.

Soláthar meastacháin €2.366 milliún; réadaithe €2.515 milliún

Bhí difríocht €149,000 ann mar gheall ar ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise ó na gníomhaireachtaí a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

7 Táillí ceadúnais craolacháin

Soláthar meastacháin €237.130 milliún; réadaithe €222.552 milliún

Braitheann fáltais i ndáil le táillí ceadúnais craolacháin ar leibhéal díolacháin ceadúnas theilifíse agus ar an ranníocaíocht a fhaightear ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Níor baineadh sprioc díolacháin 2020 amach mar gheall ar thitim i ndíolachán táillí ceadúnais mar thoradh ar Covid-19.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	17	14
Fáltais ó iasachtaí Gaeltachta	12	2
Fáltais ó ghéilleadh deonach tuarastal airí	19	15
Fáltas ó Archives Portal Europe network of Excellence (APEX)	22	—
A aistríodh chuig an Státchiste	(39)	(14)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**31**	**17**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhFostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon na foirne ag deireadh na bliana		
Roinn	335	660
Gníomhaireachta	1,320	1,116
	1,655	**1,776**

5.2 Pá

Luach saothair fhoireann na Roinne

	2020 €000	2019 €000
Pá	16,197	31,009
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	59	69
Liúntais eile	134	319
Ragobair	32	430
ÁSPC an Fhostóra	1,257	2,609
Pá iomlán [a]	**17,679**	**34,436**

Nóta [a] Déantar figiúr an phá iomláin a dháileadh ar fho-mhírchinn A.1, B.1, C.1, D.1 agus E.1

Luach saothair gníomhaireachta [b]

	2020 €000	2019 €000
Pá	75,246	46,630
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	—	—
Liúntais eile	201	918
Ragobair	229	595
ÁSPC an Fhostóra	3,557	4,679
Pá iomlán	**79,233**	**52,822**

Nóta [b] Tá na sonraí maidir le liúntais agus ragobair agus íocaíochtaí a bhaineann le foireann comhlachtaí/gníomhaireachtaí bunaithe go hiomlán ar thuairisceáin a chuir na comhlachtaí/gníomhaireachtaí sin isteach.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó	
			2020	2019
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	57	5	14,325	12,565
Liúntais eile	159	5	20,614	20,614
Ragobair	85	1	11,303	16,427
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.	94	2	17,245	24,053

5.4 Socruithe luach saothair eile

Rinneadh ceathrar státseirbhíseach a bhí ar scor agus ag fáil pinsean státseirbhíse a fhostú arís ar bhonn táille ar chostas iomlán €39,995. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear sa chuntas caiteachas €11,559 i ndáil le hoifigeach amháin a bhí ar seirbhís lasmuigh den Roinn ar feadh 2020 ar fad nó cuid di agus arbh í an Roinn a d'íoc a thuarastal nó a tuarastal.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i ndáil le hochtar oifigeach a bhí ar seirbhís lasmuigh den Roinn ar feadh 2020 ar fad nó cuid di i ranna/oifigí eile Rialtais a d'íoc na hoifigigh sin go díreach.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2020 €	2019 €
Ró-íocaíochtaí	19	51,787	55,665
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	3	1,426	21,519

Aistríodh dhá phlean aisghabhála déag i gcomhair ró-íocaíocht dháréag ar fiú €7,100 iad chuig na ranna eile le linn na bliana.

5.6 Scaoilíocaíochtaí/Iomarcaíocht

Le linn 2020, tugadh íocaíochtaí iomarcaíochta dar luach €6,914 agus scaoilíocaíochtaí dar luach €33,199 le beirt bhall foirne aireachta ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Costais chúitimh agus dlí

	Líon na gcásanna	Costais dlí a d'íoc an Roinn	Costais dlí a dámhadh	Cúiteamh a dámhadh	2020 Iomlán	2019 Iomlán
		€000	€000	€000	€000	€000
Éilimh arna ndéanamh ag:						
Fostaithe na Roinne	1	1	—	—	1	44
Daoine den phobal	2	6	—	—	6	169
		7	**—**	**—**	**7**	**213**

6.2 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

		2020 Meastachán	2020 Toradh	2019 Toradh
		€000	€000	€000
Míniú ar an bhFo-mhírcheann				
B.9	An Chomhairle Ealaíon (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	105,002	105,002	75,002
C.4	Scéimeanna tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	6,217	6,492	5,148
D.3	Deontais d'fhorais spóirt agus le haghaidh saoráidí spóirt agus áineasa a sholáthar (páirtmhaonithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	39,935	26,171	—
D.5	Spórt Éireann (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	162,457	163,054	—
---	*Deontas don Chomhairle Oidhreachta (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)*	—	—	6,558
		313,611	**300,719**	**86,708**

Tá liosta iomlán de na deontaithe faoi fho-mhírcheann C.4 agus D.3 le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Nóta 7 Cuntais Ilghnéitheacha

7.1 Íocaíochtaí i leith chostais ghinearálta Mhúsaem Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheolárais Náisiúnta agus Ghaillearaí Ealaíne Crawford (Fo-mhírcheann B.5)

	2020	2019
	€000	€000
Íocaíochtaí		
Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann	6,014	5,958
Leabharlann Chester Beatty	2,837	2,801
An Ceoláras Náisiúnta	3,562	3,048
Gailearaí Ealaíne Crawford, Corcaigh	1,499	1,566
	13,912	**13,373**

7.2 Ciste Tiomnachta Crowley

Ghlac an Stát leis an tiomnacht sa bhliain 1997, lena úsáid le dul i mbun tionscadail a raibh sé i gceist leis taifid Oifig an Ard-Rúnaí sa tréimhse 1815–1853 a liostú, a chur ar mhicreascannán agus a fhoilsiú. Is ionann an muirear ar an gciste agus costais chaomhnúcháin agus tuarastail a bhaineann leis an tionscadal.

Cuntais na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	156	207
Fáltais	—	—
Íocaíochtaí	(8)	(51)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**148**	**156**

7.3 Ráiteas faoi iasachtaí le haghaidh tithíocht Gaeltachta

Iasachtaí a eisíodh ar mhaithe le tithíocht Gaeltachta faoi Achtanna na dTithe (Gaeltacht), 1929 go 2001, agus aisíocaíochtaí ina leith:

	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir	187	184
Ús pionósach bliantúil a fabhraíodh	4	5
Ús a díscríobhadh	(6)	—
Aisíocaíochtaí príomhshuime	(5)	(2)
Íocaíochtaí úis	(7)	—
Iarmhéid deiridh ag an 31 Nollaig	**173**	**187**

Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

Seo a leanas tábla le liosta de na comhlachtaí is na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus áit a bhfuil oibleagáid ar an Aire ráitis airgeadais a chur i láthair. Léiríonn sé, ag deireadh mhí an Mhárta 2021, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deireanacha agus cathain a cuireadh i láthair don Oireachtas iad.

Ciste an chomhlachta/ na Roinne	An tréimhse chuntasaíocht a dheireanach	Dáta na tuarascála Iniúchóireachta	An dáta a fuair an tAire/ an Roinn é	An dáta a cuireadh i láthair don Oireachtas é
Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann	2019	26/06/2020	02/09/2020	06/01/2021
Leabharlann Chester Beatty	2019	17/06/2020	11/09/2020	24/11/2020
An Ceoláras Náisiúnta	2019	04/06/2020	12/06/2020	20/11/2020
Gailearaí Ealaíne Crawford	2019	05/10/2020	15/10/2020	11/02/2021
An Chomhairle Ealaíon	2019	29/06/2020	31/07/2020	15/12/2020
Ard-Mhúsaem na hÉireann	2019	29/10/2020	21/01/2021	21/04/2021
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann	2019	30/09/2020	10/12/2020	03/03/2021
Fís Éireann	2019	10/12/2020	14/01/2021	31/03/2021
Gailearaí Náisiúnta na hÉireann	2019	10/12/2020	04/01/2021	01/06/2021
Údarás na Gaeltachta	2019	15/10/2020	25/02/2021	—
An Foras Teanga	2018	11/12/2019	16/06/2020	01/03/2021
An Coimisinéir Teanga	2019	15/12/2020	18/12/2020	11/03/2021
Fáilte Éireann	2019	31/07/2020	16/12/2020	23/12/2020
Spórt Éireann	2019	22/12/2020	07/01/2021	24/03/2021
Turasóireacht Éireann	2019	17/11/2020	15/12/2020	23/12/2020
Údarás Craolacháin na hÉireann	2019	29/10/2020	17/12/2020	23/12/2020
Radio Telefís Éireann	2019	23/07/2020	17/12/2020	23/12/2020
Teilifís na Gaeilge	2019	03/07/2020	17/12/2020	23/12/2020

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 34

Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 34, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, lena n-áirítear deontais d'údaráis áitiúla, deontais agus speansais eile maidir le tithíocht, seirbhísí uisce, scéimeanna, fóirdheontais agus deontais ilghnéitheacha agus íocaíocht deontas áirithe faoi scéimeanna airgead teoranta.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar do sheirbhísí soláthair chaipitiúil in 2020 as leithreasaí neamhchaite in 2019, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Tá farasbarr €12.544 milliún le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nóta 1 go 7.

Feidhmeanna a aistriú

Ullmhaíodh an cuntas de réir na *Meastachán Athbhreithnithe do Sheirbhísí Poiblí 2020*, inar cuireadh san áireamh an t-athrú ar ainm na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go dtí an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a tháinig i bhfeidhm an 30 Meán Fómhair 2020 (IR 408 de 2020) chomh maith leis na haistrithe feidhmeanna seo a leanas ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (Vóta 33) go dtí an Roinn seo le héifeacht ón 9 Meán Fómhair 2020

- aistriú feidhmeanna oidhreachta (IR 339 de 2020).
- aistriú feidhmeanna Uiscebhealaí Intíre agus fheidhmeanna Uiscebhealaí Éireann (IR 340 de 2020).

Nuair a bheidh an Bille um Pleanáil agus Forbairt, Oidhreacht agus Craolachán (Leasú), 2021, achtaithe agus tosaithe, déanfar an chuid eile de na cumhachtaí agus na feidhmeanna oidhreachta, lena n-áirítear feidhmeanna áirithe i ndáil le trácht a dhéanamh maidir le hiarratais ar phleanáil agus dréachtphleananna forbartha ó thaobh oidhreachta de, a aistriú chuig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta trí ordú eile um aistriú feidhmeanna.

I gcomhréir leis na socruithe cuntasaíochta atá leagtha amach ag an gCuntasaíocht Rialtais, léirítear sna *Meastacháin Athbhreithnithe do Sheirbhísí Poiblí 2020* aistriú fheidhmeanna na Roinne bunaithe ar bhonn lánbhliana.

Léirítear sa Chuntas Leithreasa, atá le leagan amach de réir fhoirm agus fhormáid an mheastacháin chuí, aistriú na bhfeidhmeanna thuas ar bhonn lánbhliana freisin. Dá bhrí sin, tá cuntas tugtha ar na feidhmeanna aistrithe uile i gcuntas leithreasa 2020.

An Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2020, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

Sócmhainní caipitil

Leanfaidh an Roinn leis an tairseach €1,000, a chur i bhfeidhm le haghaidh sócmhainní caipitil a chuimsiú ar an ráiteas maidir le sócmhainní caipitil, agus cuirfidh sí tabhairt isteach na tairsí úire €10,000 siar go cuntas leithreasa 2021, rud dá bhforáiltear i gciorclán 21 de 2020: *Méadú ar an Luach Tairsí le haghaidh Sócmhainní a Chuimsiú i gCláir Sócmhainní.*

Luacháil sócmhainní

Ní dhéantar sócmhainní oidhreachta amhail páirceanna náisiúnta a luacháil. Tá na sócmhainní sin liostaithe in Aguisín A a ghabhann leis an gcuntas seo.

Dímheas

Ní dhéantar talamh a dhímheas. Dímheastar sócmhainní eile de réir méid cothrom feadh a saoil fhónta mheasta ar bhonn míosúil ón mí ina gcuirtear an tsócmhainn i mbun seirbhíse ar an mbonn seo a leanas

- foirgnimh 5% in aghaidh na bliana
- mótarfheithiclí 20% in aghaidh na bliana
- gléasra agus innealra 10% in aghaidh na bliana
- trealamh radair 6.66% in aghaidh na bliana.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanfaidh an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Tugaim faoin bhfreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó go mbraithfí go tráthúil iad. Próiseas leanúnach is ea an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí párolla agus acmhainní daonna don Roinn ar bhonn seirbhísí comhroinnte (Vóta 18).

Chomhlíon mé mo fhreagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte párolla agus acmhainní daonna a sholáthar.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal ina bhfuil freagracht sannta i gcomhair bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta bunaithe chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Rinneadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó a thaifeadadh.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Dearbhaím go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligthe agus cuntasachta, agus go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe i bhfeidhm lena bhfuil buiséad bliantúil a ndéanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú rialta air
- go mbíonn athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcoinne feidhmíocht thuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí maidir le rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn ag a bhfuil pearsanra oilte, a oibríonn de réir cairt i scríbhinn. Cuirtear anailís ar na rioscaí airgeadais atá le sárú ag an Roinn bonn eolais faoina cuid oibre agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach go leanúnach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Táim sásta go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfiosrófar na tuairiscí ón bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí.

Comhlíonadh soláthair

Cinntíonn an Roinn go gcuirtear fócas cuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ach amháin i gcás trí chonradh (sa bhreis ar €25,000) dar luach iomlán €642,372 (gan CBL a áireamh), mar atá leagtha amach thíos.

- Cuireadh conradh i ndáil le seirbhísí teileafónaíochta TFC lenar bhain caiteachas €114,858 (gan CBL a áireamh) le linn na bliana agus a dámhadh ar dtús trí phróiseas iomaíoch ar athlá ar feitheamh próiseas soláthair a thabhairt chun críche.
- Rinneadh conradh bliana i ndáil le tacaíocht agus cothabháil TFC lenar bhain caiteachas €27,514 (gan CBL a áireamh) le linn na bliana a dhámhachtain gan próiseas iomaíoch ar bhonn práinne/seiftiúlachta chun an tacaíocht le haghaidh crua-earraí agus an tsíntiúis ceadúnais le córas cúltaca Commvault a choimeád.
- Cuireadh conradh i ndáil le conraitheoirí éiceolaíocha, bunachar sonraí agus tacaíochta GIS lenar bhain caiteachas €500,000 (gan CBL a áireamh) agus a dámhadh ar dtús trí phróiseas iomaíoch ar athlá ar feitheamh athbhreithniú a chríochnú ar na córais faisnéise uile atá i bhfeidhm sa Rannóg Oidhreachta (tar éis aistriú na Rannóige Oidhreachta chuig an Roinn), rud a theastaíonn chun bonn eolais a chur faoin gcéad timthriall soláthair eile.

Chuir an Roinn sonraí ar fáil maidir leis na conarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil i ndáil le ciorclán 40 de 2002 d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca gus rialaithe

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca i bhfeidhm trína sainaithnítear agus trína dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leo sin agus, a mhéid is féidir, leis na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm trína sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a suntasachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéanfar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as oibriú rialuithe atá sannta do bhaill foirne faoi leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Déantar an clár rioscaí a athbhreithniú ar bhonn lárnach agus déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar na rioscaí ardleibhéil ar bhonn rialta. Dearbhaím gur sainaithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe lena mbaineann agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar na príomhríoscaí sin agus chun aon easnaimh ar bith a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Cuirtear bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais le hobair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Paindéim Covid-19

D'fhorbair an Roinn clár rioscaí maidir le Covid-19 i gcomhthráth lena plean freagartha maidir le Covid-19. Dréachtaíodh an clár rioscaí maidir le Covid-19 le hionchur ón gCoiste Bainistíochta Riosca agus ón gCoiste Iniúchóireachta. Is é is cuspóir leis cuidiú le rioscaí a bhaineann le Covid-19 a bhainistiú agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh orthu. Baineann sé le rioscaí atá sa raon idir folláine foirne agus rioscaí slándála TFC agus tá sé ar fáil do choistí áitiúla agus coistí Roinne Covid-19 chun cuidiú le monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar rioscaí faoi leith mar gheall ar Covid-19.

Rinneadh an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a cuid iniúchtaí a oiriúnú chun breithniú a dhéanamh freisin ar na rioscaí mar gheall ar phaindéim Covid-19 maidir leis an timpeallacht rialaithe agus éifeachtacht na rialuithe comhfhreagracha agus na straitéisí um maolú a chuir an lucht bainistíochta i bhfeidhm.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh laigí ar bith sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2020 a raibh caillteanas ábhartha, nó a bhféadfadh sé go raibh caillteanas ábhartha, mar thoradh orthu.

Graham Doyle
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Cultúir

21 Meán Fómhair 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse, an cuntas leithreasa,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach gur tharla cásanna ábhartha de neamhchomhlíonadh rialacha soláthair phoiblí maidir le conarthaí áirithe a d'oibrigh in 2020.

Maoirseacht ar an íocaíocht cúnaimh tithíochta (HAP)

Pléann caibidil 8 de mo tuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2020, le mhaoirseacht ar an scéim Íocaíocht cúnaimh tithíochta (HAP)

Fíneáil AE a íoc

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta i nóta 2.10 gur íoc an Roinn, in 2020, fíneáil leis an gCoimisiún Eorpach ag eascairt as breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i mí na Samhna 2019. Bhain an cás os comhair na Cúirte leis an mainneachtain a chinntiú déantar measúnú siarghabhálach ar thionchar ar an gcomhshaol maidir le feirm ghaoithe a tógadh i gContae na Gaillimhe. Cuimsíonn an fhíneáil a fhorchuireann an Chúirt íocaíocht chnapshuime €5 milliún, móide fíneáil laethúil de €15,000 fad a leanann an sárú ar aghaidh, móide costais dlí. B'ionann an méid a íocadh leis an gCoimisiún in 2020 agus €7.745 milliún. Fabhraíodh dliteanas eile de €2.745 milliún faoi dheireadh 2020. Tá an fhíneáil laethúil ar siúl agus d'fhéadfadh dliteanas breise féideartha de €5.5 milliún a bheith ann i leith 2021.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2021

Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Cultúr

Cuntas Leithreasa 2020

				2020	2019
		Soláthar measctha		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir					
A	Tithíocht				
	Bunaidh	2,598,553			
	Forlíontach	60,000			
			2,658,553	2,561,784	2,365,240
B	Seirbhísí Uisce				
	Bunaidh	1,336,630			
	Forlíontach	72,000			
			1,408,630	1,389,694	1,288,395
C	Rialtas Áitiúil				
	Bunaidh	787,377			
	Forlíontach	300,000			
			1,087,377	1,086,129	210,935
D	Pleanáil				
	Bunaidh	182,662			
	Géilleadh iarchurtha	33,500			
			216,162	113,904	68,002
E	Met Éireann		35,767	28,267	27,951
F	Oidhreacht		95,208	92,783	—
Ollchaiteachas					
	Bunaidh	5,036,197			
	Forlíontach	432,000			
	Géilleadh iarchurtha	33,500			
			5,501,697	**5,272,561**	**3,960,523**
	Lúide				
G	**Leithreasaí-i-gcabhair**		**57,910**	**55,318**	**63,231**
Glanchaiteachas					
	Bunaidh	4,978,287			
	Forlíontach	*432,000*			
	Géilleadh iarchurtha	33,500			
			5,443,787	**5,217,243**	**3,897,292**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh thar an nglansuim a caitheadh le géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar iomlán aon leithreasaí neamhchaite, nó cuid díobh, le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh an bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh leithdháiltí neamhchaite dar luach €214 mhilliún maidir le gnéithe caipitil de Chláir A, B, D agus F ar aghaidh go 2021.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr	226,544,445	40,011,020
Géilleadh iarchurtha	(214,000,000)	(33,500,000)
Farasbarr le géilleadh	**12,544,445**	**6,511,020**

Graham Doyle
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Cultúir

31 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costas an chláir		5,181,338	3,894,399
Pá		74,562	48,637
Neamhphá		16,661	17,487
Ollchaiteachas		**5,272,561**	**3,960,523**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**55,318**	**63,231**
Glanchaiteachas		**5,217,243**	**3,897,292**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin - airgead tirim	(4,403)		
Dímheas	1,128		
Caillteanas ar dhiúscairt	5	(3,270)	(4,596)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	1,095		
Méadú ar stoc	(394)	701	9,163
Caiteachas díreach		**5,214,674**	**3,901,859**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		26,062	24,759
Measchíosanna		3,949	3,233
Glanchostas an chláir		**5,244,685**	**3,929,851**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 34 a iompraíodh in áit eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	14	164
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	24,391	22,769
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,305	1,636
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	124	78
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	121	—
An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí		107	112
		26,062	**24,759**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	57,163	10,176
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	233,112	51,553
Stoic	2.3	575	181
Réamhíocaíochtaí		1,536	1,447
Ioncam fabhraithe		7,492	2,382
Ciste éadálacha imrothlach na Gníomhaireachta Tithíochta	7.2	68,460	69,393
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	2,816	714
Iomlán na sócmhainní reatha		**313,991**	**125,670**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		18,250	13,838
Ioncam iarchurtha		9,160	8,561
Iarmhéideanna sochair eile	2.5	21,461	18,720
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.6	214,467	33,547
Iomlán na ndliteanas reatha		**263,338**	**74,666**
Glansócmhainní reatha		50,653	51,004
Glansócmhainní		**107,816**	**61,180**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.7	**107,816**	**61,180**

2.1 Sócmhainní Caipitil

	Talamh agus foirgnimh [a]	Gléasra, innealra agus mótarfheithiclí	Troscán agus feistis	Trealamh oifige agus TF	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní						
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	668	328	1,740	20,400	6,733	29,869
Breiseanna	411	678	64	1,570	1,330	4,053
Sócmhainní a cuireadh in úsáid	—	—	—	477	(477)	—
Aistrithe isteach [b]	40,202	9,047	2,300	3,185	—	54,734
Diúscairtí	—	(63)	(103)	(1,084)	—	(1,250)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	41,281	9,990	4,001	24,548	7,586	87,406
Dímheas carntha						
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	73	239	1,514	17,867	—	19,693
Dímheas don bhliain	13	52	56	1,007	—	1,128
Dímheas ar aistrithe [b]	47	6,883	968	2,769	—	10,667
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(63)	(103)	(1,079)	—	(1,245)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	133	7,111	2,435	20,564	—	30,243
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**41,148**	**2,879**	**1,566**	**3,984**	**7,586**	**57,163**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	595	89	226	2,533	6,733	10,176

Nótaí [a] Tá na tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá faoi rialú nó faoi bhainistiú ag an Roinn agus nach bhfuil luachálacha leo leagtha amach in Aguisín A.

[b] Is sócmhainní oidhreachta nach sócmhainní TFC iad atá sna sócmhainní a aistríodh isteach. Ba í an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán (DTCAGSM) a sholáthair na figiúirí toisc nár aistríodh na sócmhainní chuig an Roinn ach ar an 31 Nollaig 2020. Faoi shocrú riaracháin, áfach, lean an DTCAGSM le sócmhainní oidhreachta a ceannaíodh roimh an 29 Deireadh Fómhair 2020 a thaifeadadh ar a clár sócmhainní in 2020 ar feitheamh próiseas bailíochtaithe a bheith curtha i gcrích in 2021 chun na sócmhainní ar chlár sócmhainní na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a thaifeadadh.

Ní chuirtear na sócmhainní bainistithe oidhreachta TFC san áireamh sna figiúirí thuas toisc go bhfuil baint acu le soláthar seirbhíse TFC ag DTCAGSM agus taifeadtar iad ar chuntas leithreasa an Vóta sin do 2020. Tá na sócmhainní sin faoi réir próiseas aistrithe ar leithligh ar cheart go gcuifí i gcrích in 2021 é.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	233,088	51,424
Iarmhéid sa chuntas bainc tráchtála	24	129
	233,112	**51,553**

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Ábhair inchaite mheitéareolaíochta	170	86
Ábhair thógála	129	—
Beostoc	85	—
Stáiseanóireacht	43	49
Breosla agus leasacháin	33	—
Ábhair inchaite TF	28	27
Ábhair ghlantacháin	23	4
Míreanna dochair eile ar fionraí	64	15
	575	**181**

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Réamhíocaíochtaí le OOP	1,354	218
Tionscadail oidhreachta	1,154	—
Costais tuarastail in-fhorchúitithe	92	56
Caiteachas in-fhorchúitithe ar an scéim pas taistil	41	208
Costais taistil in-fhorchúitithe	6	9
Óinchistí	3	19
Míreanna dochair eile ar fionraí	166	204
	2,816	**714**

2.5 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	1,027	716
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	664	401
Cáin bhreisluacha	653	289
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	337	189
Ranníocaíochtaí pinsin	233	143
Muirear sóisialach uilíoch	207	143
	3,121	1,881
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	308	219
An Ciste Forbraíochta Uirbí [a]	8,385	14,111
Tionscadal comhtháite LIFE [b]	2,164	1,870
Dúlra Atlantach Fhiáin LIFE [b]	2,710	—
Traonach Atlantach LIFE [b]	1,306	—
Tionscadal athchóirithe LIFE um Portaigh Ardaithe [b]	1,242	—
RRDF[c]	1,257	—
Tionscadal LIFE Chiarraí [b]	201	—
Míreanna sochair eile ar fionraí	767	639
	21,461	**18,720**

Nótaí

[a] Féach Nóta 7.1

[b] Ionstraim maoiniúcháin AE is ea an clár LIFE, rud a thacaíonn le tionscadail maidir leis an gcomhshaol, caomhnú an dúlra agus gníomhú ar son na haeráide ar fud an Aontais Eorpaigh. Is é is cuspóir ginearálta le LIFE cur le cur chun feidhme, nuashonrú agus forbairt bheartas agus reachtaíocht AE maidir leis an gcomhshaol trí threoirthionscadail nó tionscadail taispeána lena mbaineann breisluach Eorpach a chómhaoiniú. Baineann na hiarmhéideanna atá taispeánta thuas le hardmhaoiniú ó AE go dtí go bhfaightear éilimh fhíoraithe i leith tionscadail aonair.

[c] Baineann an t-iarmhéid atá taispeánta thuas le hardmhaoiniú ón gCiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe (RRDF) go dtí go bhfaightear éilimh fhíoraithe i leith tionscadail aonair. Bunaíodh RRDF mar chuid de Thionscadal Éireann 2040 agus soláthraíonn sé infheistíocht chun tacú le hathnuachan tuaithe do thionscadail oiriúnacha i mbailte agus sráidbhailte ag a bhfuil daonra níos lú ná 10,000 duine agus i gceantair fhorimeallacha. Tá sé á riar ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Is iad na príomhthorthaí tacú le forbairt inbhuanaithe pobail agus eacnamaíoch i gceantar tuaithe na hÉireann, lena n-áirítear trí bhailte agus sráidbhailte beaga a athghiniúint agus fiontraíocht agus nuálaíocht a spreagadh chun tacú le cruthú post i gceantair thuaithe. Faoin gcéad ghlaoch ar thionscadail, sannadh maoiniú de thart ar €5.4 milliún do níos mó ná 30 tionscadal aonair ar fud líonra láithreáin NPWS. Is ionann an maoiniú agus 75% de chostais an tionscadail agus áirítear leis na tionscadail uasghrádú agus forbairt cosán ar fud an líonra páirceanna agus anaclann, saoráidí méadaithe do chuairteoirí agus comharthaíocht/brandáil fheabhsaithe. Ceannófar busanna leictreacha i bpáirceanna náisiúnta roghnaithe freisin chun cabhrú le lorg carbóin gníomhaíochtaí cuairteoirí a ísliú.

2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Farasbarr	12,544	6,511
Géilleadh iarchurtha	214,000	33,500
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(12,077)	(6,464)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**214,467**	**33,547**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	233,112	51,553
Iarmhéideanna dochair: fionraí	2,816	714
	235,928	52,267
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(3,121)	(1,881)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(18,340)	(16,839)
	(21,461)	(18,720)
	214,467	**33,547**

2.7 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta	€000	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			61,180	65,749
Íocaíochtaí amach ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	5,443,787		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(214,000)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(12,544)		
Glanvóta			5,217,243	3,897,292
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1		26,062	24,759
Caiteachas neamhairgid – measchíos	1		3,949	3,233
Sócmhainní a aistríodh isteach sa Roinn	2.1		44,067	(2)
Glanchostas an chláir	1		(5,244,685)	(3,929,851)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**107,816**	**61,180**

2.8 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda

ag an 31 Nollaig	**2020**	**2019**
	€000	**€000**
Soláthar earraí agus seirbhísí	4,126	2,106
Cláir deontas neamhchaipitil	1,074,726	982,895
Cláir deontas caipitil	2,333,985	1,543,599
Tionscadail comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí	627,511	631,034
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**4,040,348**	**3,159,634**

b) Cláir deontas neamhchaipitil

	2020	**2019**
	€000	**€000**
Iarmhéid tosaigh	982,895	875,993
Deontais a íocadh sa bhliain	(864,018)	(723,643)
Ceangaltais deontais nua	955,849	830,545
Iarmhéid deiridh	**1,074,726**	**982,895**

c) Cláir deontas caipitil

	2020	**2019**
	€000	**€000**
Iarmhéid tosaigh	1,543,599	1,024,676
Deontais a íocadh sa bhliain	(1,347,099)	(1,383,738)
Ceangaltais deontais nua	2,137,485	1,902,661
Iarmhéid deiridh	**2,333,985**	**1,543,599**

d) Mórthionscadail chaipitil

Tionscadail tithíochta	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 €000	Caiteachas in 2020 €000	Ceangaltais tionscadail i mbliana ina dhiaidh sin €000	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020 €000	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019 €000
Tógáil					
Arna gcómhaoiniú [a]					
Garrán na Feá, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí:					
Údarás áitiúil	17	330	—	347	17
Roinn	1,056	6,613	9,173	16,842	17,172
	1,073	6,943	9,173	17,189	17,189
Athchóiriú ar Halla na Prióireachta, Domhnach Míde, Baile Átha Cliath 13:					
Údarás áitiúil	10,288	—	—	10,288	10,288
Roinn	24,216	—	13,696	37,912	37,912
	34,504	—	13,696	48,200	48,200
Sráid Dhoiminic (Taobh Thoir), Cathair Bhaile Átha Cliath:					
Údarás áitiúil	—	3,434	—	3,434	—
Roinn	10,057	13,354	2,458	25,869	29,303
	10,057	16,788	2,458	29,303	29,303
Bóthar Bhun Raite (Céim 1), Baile Átha Cliath 17:					
Údarás áitiúil	—	1,224	—	1,224	—
Roinn	2,115	11,414	14,465	27,994	29,218
	2,115	12,638	14,465	29,218	29,218
Gairdíní Uí Dhuibheannaigh (Céim 1A):					
Údarás áitiúil	—	1,139	—	1,139	—
Roinn	5,508	4,024	9,998	19,530	20,669
	5,508	5,163	9,998	20,669	20,669
Corr na Móna, Baile Formaid, Baile Átha Cliath 12:					
Údarás áitiúil	—	1,017	—	1,017	—
Roinn	3,488	5,277	12,335	21,100	22,117
	3,488	6,294	12,335	22,117	22,117
Cúirt Chnocán na Rós, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin:					
Údarás áitiúil	5,413	—	—	5,413	5,413
Roinn	6,205	—	305	6,510	6,510
	11,618	—	305	11,923	11,923

Páirc Mhic Gearailt, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin:					
Údarás áitiúil	5,041	—	—	5,041	5,041
Roinn	4,630	—	412	5,042	5,042
	9,671	—	412	10,083	10,083

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019	**Caiteachas in 2020**	**Ceangaltais tionscadail i mbliana ina dhiaidh sin**	**Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020**	**Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019**
	€000	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
Coimín an Ráschúrsa, Lusca (Céim 2.1), Fine Gall:					
Údarás áitiúil	2,260	—	—	2,260	2,260
Roinn	9,174	169	5	9,348	9,348
	11,434	169	5	11,608	11,608
St Aiden's, Gort an tSrutháin, Tamhlacht:					
Údarás áitiúil	4,276	—	—	4,276	4,276
Roinn	12,847	2,095	604	15,546	15,546
	17,123	2,095	604	19,822	19,822
St. Cuthbert's, Cluain Dolcáin (Céim 1), Baile Átha Cliath Theas:					
Údarás áitiúil	2,950	38	—	2,988	2,950
Roinn	8,405	—	817	9,222	9,260
	11,355	38	817	12,210	12,210
Baile Baodáin, Ráth Fearnáin:					
Údarás áitiúil	2,295	8	—	2,303	2,295
Roinn	9,766	—	762	10,528	10,536
	12,061	8	762	12,831	12,831
Gleanntán na hAbhann, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22:					
Údarás áitiúil	—	101	—	101	—
Roinn	40	196	12,520	12,756	—
	40	297	12,520	12,857	—
Bóthar Bhaile an Mhóinín (Céim 2), Cathair na Gaillimhe:					
Údarás áitiúil	—	48	—	48	—
Roinn	4,248	10,549	2,443	17,240	17,288
	4,248	10,597	2,443	17,288	17,288
Arna maoiniú ag an Roinn					
Bóthar na Tulaí, Ceatharlach	2,512	4,651	5,979	13,142	13,142

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019	Caiteachas in 2020	Ceangaltais tionscadail i mbliana ina dhiaidh sin	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019
	€000	€000	€000	€000	€000
Aislinn, Bóthar Chill Rois, Inis, Contae an Chláir	156	511	9,867	10,534	—
Bóthar na hEaglaise, Co. Chorcaí	11,851	—	139	11,990	11,990
Sráid an Fhaoitigh, Co. Chorcaí	9,053	3,484	163	12,700	12,700
Carraig an Deagánaigh, An Tóchar, Cathair Chorcaí	15,924	218	1,087	17,229	17,229
Denroche's Cross, Bóthar an Ghlaisín, Cathair Chorcaí	—	—	14,185	14,185	—
Bóthar Chúrsa an Uisce, an Linn Dubh, Corcaigh, Cathair Chorcaí	—	1,680	9,967	11,647	—
Bóthar an Mhuilinn, Avoncore, Bloomfield, Mainistir na Corann, Contae Chorcaí	—	2,585	8,426	11,011	11,011
Hazelbrook, Ballyvinter, Mala, Contae Chorcaí	5,130	2,970	8,424	16,524	16,524
Clarendon Brooks, Carrs Hill, Dúglas, Contae Chorcaí	3,346	8,343	1,585	13,274	12,901
Cill Mhóna, Carraig Uí Leighin, Contae Chorcaí	—	—	17,118	17,118	—
Bóthar an Chlochair, Carn Domhnach, Dún na nGall	—	—	11,720	11,720	11,711
Ard Mireann, Srath an Urláir, Dún na nGall	—	—	10,588	10,588	—

Tionscadail tithíochta					
Gort na Silíní, Baile Fhormaid/ Bruach na Coille/ Ráth Bhile	16,728	—	3,145	19,873	19,873
Sráid an Rí Thuaidh - Plás Sheáin Foster, Baile Átha Cliath 7	1,718	3,865	7,343	12,926	12,926
Gleann an Tobair, Séipéal Iosóid, Baile Átha Cliath 8	2,698	10,276	16,290	29,264	29,181
Sráid Bonham, Baile Átha Cliath 8	2,820	7,116	11,116	21,052	20,995
Sráid Chorcaí - Sráid an tSeomraigh, Baile Átha Cliath 8	2,209	4,876	13,368	20,453	20,393
Clós Chill Tiarnáin, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin	—	—	21,955	21,955	—
Tailte na Ceapaí, (Céim 3), Bóthar na Ceapaí, Fionnghlas	—	15	18,675	18,690	—
Radharc na Gréine (láithreán Theach na Gloine), Bóthar Mhuine Mheá, (Céim 1), Cathair na Gaillimhe	6,452	11,409	1,223	19,084	18,370
Garraí Beag, Bóthar Mhuine Mheá, an Baile Bán Mór, Cathair na Gaillimhe	734	2,071	11,345	14,150	—
Garraí Caol (Láithreán Bhóthar an Chósta) Bóthar Bhaile Átha Cliath, Cathair na Gaillimhe	—	1,000	13,266	14,266	—
Tullahill, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe	—	14,439	2,130	16,569	14,060
Coill Bhruachláin, Maigh Cuilinn, Gaillimh	—	4,464	8,707	13,171	13,171
Fána Bhuí, Tuaim, Gaillimh	—	883	9,682	10,565	—
Gort an Choirce, Bóthar an Tobair, an Gort, Gaillimh	—	—	13,497	13,497	—
Lóthar Canáin, Trá Lí, Ciarraí	504	3,738	11,372	15,614	15,593
Bóthar Hebron, Cill Chainnigh	—	802	15,411	16,213	—

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019	Caiteachas in 2020	Ceangaltais tionscadail i mbliana ina dhiaidh sin	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019
	€000	€000	€000	€000	€000
Láithreán Old Christians, an Ráth Bhán, Luimneach	124	6,554	4,666	11,344	11,343
Gort Buí, Bóthar Bhaile Mhic Éinigh, Droichead Átha, Lú	—	6,830	7,421	14,251	14,251
Páirc Wadman, Baile Héine, Dún Dealgan, Lú	—	17,329	88	17,417	—
Cnocán Mhic Liam, Baile Liam, Cathair Phort Láirge	—	325	13,384	13,709	—
Cluain Haistin, Inis Córthaidh, Loch Garman	—	—	11,255	11,255	—
Merrymeeting View, Ráth Naoi, Cill Mhantáin	7,240	4,200	377	11,817	11,817
Lána Chill Bhríde, Bré, Co. Chill Mhantáin	13,048	3,803	491	17,342	17,108
Lána Bhaile na Fuinseoige, Baile Chill Mhantáin	209	1,602	11,217	13,028	—
Iomlán	**236,751**	**191,069**	**406,665**	**834,485**	**588,750**
An Scéim um Chúnamh Caipitil					
Bloc 70, An Plás, an Pháirc Thiar, Baile Átha Cliath 12	—	—	14,199	14,199	—
25-26 Oileán Uiséir, Cé Uiséir, Baile Átha Cliath 8	—	—	32,116	32,116	—
Iomlán	**—**	**—**	**46,315**	**46,315**	**—**
Athghiniúint					
Arna gcómhaoiniú [a]					
Teach an Charnáin, Baile Átha 8:					
Údarás áitiúil	1,490	—	—	1,490	1,490
Roinn	22,610	—	1,747	24,357	24,357
	24,100	—	1,747	25,847	25,847
Arna maoiniú ag an Roinn					
Gairdíní San Treasa, Baile Átha Cliath	7,315	13,100	685	21,100	21,100
Athghiniúint Chorcaí (Céim 2), Cnoc na hAoine / Cnoc an Chuilinn, Cathair Chorcaí	10,230	1,187	436	11,853	11,853

Sráid an Tiarna Éadbhard	17,342	2,118	128	19,588	19,472
Lárionad Limistéar Southill, Luimneach	10,727	1,990	109	12,826	11,002
Iomlán	**69,714**	**18,395**	**3,105**	**91,214**	**89,274**

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019	**Caiteachas in 2020**	**Ceangaltais tionscadail i mbliana ina dhiaidh sin**	**Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020**	**Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019**
	€000	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
Bonneagar					
Na Dugaí Theas, Cathair Chorcaí	695	3,673	7,342	11,710	11,631
Droichead na Dothra, Cathair Bhaile Átha Cliath	348	290	11,172	11,810	11,813
Coill na Silíní, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin	2,111	1,075	8,444	11,630	11,392
Bóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat, Fine Gall	10,700	85	—	10,785	10,780
Maigh Nuad, Co. Chill Dara	366	275	10,359	11,000	10,875
Baile Adaim, Co. Bhaile Átha Cliath	630	3,186	11,313	15,129	15,000
Iomlán	**14,850**	**8,584**	**48,630**	**72,064**	**71,491**

Nóta [a] Tá roinnt de na tionscadail á gcómhaoiniú ag an Roinn agus ó chistí dílse údarás áitiúil áirithe ó choinneáil Cánach Maoine Áitiúla (coinnítear go háitiúil 80% d'fháltais CMÁ i limistéar údaráis áitiúil). Tá acmhainn ann chun ceangaltais na Roinne a laghdú sna blianta a bheidh le teacht má bhíonn na húdaráis áitiúil ábalta a gcuid cistí féin a úsáid ó choinneáil Cánach Maoine Áitiúla.

Difríochtaí suntasacha

Tugtar míniú thíos i ndáil le mórcheangaltas ar bith i gcás gur tháinig athrú níos mó ná €500,000 ar an gcaiteachas iomlán ionchasach i gcomparáid le 2019.

Radharc na Gréine

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €714,000

Tháinig méadú €714,000 ar an gcaiteachas iomlán ionchasach i ndáil le tionscadal Radharc na Gréine toisc gur tháinig deis chun cinn do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun dhá aonad eile a cheannach san fhorbairt.

Tullahill

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €2.509 milliún

Tháinig méadú €2.509 milliún ar an gcaiteachas iomlán ionchasach i ndáil le tionscadal Tullahill toisc gur tháinig deis chun cinn do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun naoi n-aonad eile a cheannach san fhorbairt.

Lárionad Limistéar Southill

Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €1.824 milliún

Tháinig méadú €1.824 milliún ar an gcaiteachas iomlán ionchasach i ndáil le tionscadal Lárionad Limistéar Southill de bharr athruithe i ndiaidh an chonartha mar gheall ar athruithe deartha agus sonraíochta agus costais tógála eile amhail táillí teicniúla, suirbhéanna agus táillí naisc fóntais.

e) Íocaíochtaí aonadacha tionscadal comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí

Tá an Roinn tiomanta do Chlár CPP maidir le Tithíocht Shóisialta a fhorbairt ina gcuimsítear trí bheartáin tionscadal. Go dtí seo, chuathas isteach sna conarthaí le haghaidh dhá bheartán. Baineann siad sin leas as rud ar a dtugtar samhail CPP 'bunaithe ar infhaighteacht', áit a ndéanann cuideachta earnála príobháidí na haonaid tithíochta sóisialta a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil i gcomaoin muirir aonadaigh mhíosúil. Tosaíonn an íocaíocht sin nuair a chríochnaítear na haonaid, agus maireann sí ar feadh 25 bliana ó chur i gcrích na tógála ar gach láithreán. Cuimsítear inti na costais go léir faoin gconradh, lena n-áirítear costais tosaigh thógáil na n-aonad, chomh maith leis na costais maidir le cothabháil, oibriú, saolré, bainistíocht tionóntachta agus maoiniú. Cuimsítear dhá ghné sna híocaíochtaí gné costais sheasta agus gné inathraitheach (innéacsaithe), a athraíonn ar aon dul le boilsciú.

Beartán 1

Le Beartán 1, soláthrófar 534 aonad i sé láithreán i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Tá dhá cheann de na láithreáin suite i mBaile Átha Cliath, agus tá ceann amháin suite i mBaile Átha Cliath Theas, i gCill Dara, i gCill Mhantáin agus i Lú. Ceapadh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun gníomhú mar cheannúdarás áitiúil agus údarás conarthach chun Beartán 1 a sholáthar.

Beartán 2

Le Beartán 2, soláthrófar 465 aonad in ocht láithreán. Tá trí cinn de na láithreáin suite i limistéar údaráis áitiúil Chontae Chorcaí, agus tá ceann amháin suite i gCathair na Gaillimhe, i bPort Láirge, ar an gClár, i gCill Dara agus i Ros Comáin. Tá Comhairle Contae Chorcaí ag gníomhú mar cheannúdarás áitiúil agus údarás conarthach le haghaidh Bheartán 2.

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019	Caiteachas in 2020	Ceangaltais is infhorfheidhmithe le dlí atá le híoc i mblianta ina dhiaidh sin	Iomlán tionscadail 2020[a]	Iomlán tionscadail 2019
	€000	€000	€000	€000	€000
Tithíocht Shóisialta, Beartán 1	—	1,498	338,133	339,631	341,785
Tithíocht Shóisialta, Beartán 2	—	—	289,378	289,378	289,249
Iomlán	**—**	**1,498**	**627,511**	**629,009**	**631,034**

Nóta Léirítear sa tábla seo oibleagáidí um muirear aonadach maidir le beartáin CPP maidir le Tithíocht Shóisialta a rinneadh go dtí seo, lena n-áirítear an chain bhreisluacha réamh-mheasta ar thógáil agus an cháin bhreisluacha mheasta ar na híocaíochtaí muirir aonadaigh. Cuireadh na chéad 384 aonad i gcrích mar chuid de Bheartán 1 in 2020, a raibh mar thoradh orthu íocaíochtaí pro ráta an mhuirir aonadaigh bhliantúil dóibh sin ó dháta tosaigh a seirbhíse.

[a] Tá an laghdú €2.025 milliún ar chostas foriomlán tionscadail an dá bheartán de dheasca moilleanna sna tionscadail toisc nach raibh íocaíochtaí muirir aonadaigh bhliantúil dlite mar gheall nach raibh na tithe ar fáil. Tosaíonn tréimhse an chonartha 25 bliana ar dháta atá socraithe le haghaidh gach láithreáin faoin gconradh, agus mura mbeidh na haonaid soláthartha ag an dáta sin, tarscaoilfear an t-airgead a bheidh dlite agus ní chuirtear san áireamh é ag deireadh an chonartha.

2.9 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Meastachán ar dhliteanais aibithe ag deireadh na bliana	34	38

2.10 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlí a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh caingne dlí reatha AE, caingne ar feitheamh agus caingne féideartha amach anseo agus caingne dlí eile. Tá suim nó uainiú iarbhír na ndliteanas féideartha neamhchinnte.

Le linn 2020, d'íoc an Roinn €5 mhilliún in íocaíocht chnapshuime agus fíneálacha laethúla dar luach iomlán €2.745 milliún i ndáil le cás C-261/18 - An Coimisiún v Éire (Feirm Ghaoithe Dharaidh Braoin) tar éis breithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Tá fíneálacha laethúla leanúnacha ann maidir leis an gcás seo, a d'fhéadfadh dliteanas féideartha de €5.5 milliún a chruthú in 2021.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár, chun na costais iomlána cláir a léiriú.

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	75,807	74,562	48,637
ii	Taisteal agus cothú	1,723	1,002	1,460
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	2,394	1,792	1,603
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	1,533	1,000	1,026
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	15,116	10,728	11,859
vi	Costais áitribh oifige	6,992	2,025	1,431
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	78	14	—
viii	Taighde (staitisticí agus eacnamaíocht)	199	1	61
ix	Nochtaí cosanta (seirbhísí imscrúdaithe)	199	39	2
x	Earcaíocht agus oibríochtaí AD	119	60	45
		104,160	**91,223**	**66,124**

Difríochtaí suntasacha

Léiríonn an nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus léirítear na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €1.723 milliún; toradh €1.002 milliún

Tharla an coigilteas €721,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar chaiteachas ar thaisteal a bheith ní b'ísle ná mar a measadh de dheasca srianta taistil i ndáil le Covid-19.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €2.394 milliún; toradh €1.792 milliún

Tharla an coigilteas €602,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar chaiteachas ar oiliúint agus forbairt foirne a bheith ní b'ísle ná mar a measadh de dheasca shrianta Covid-19 agus aistriú suntasach an tsoláthair oiliúna go seomraí ranga agus fóraim ar líne.

iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Soláthar meastacháin €1.533 milliún; toradh €1 mhilliún

Tharla an coigilteas €533,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar chaiteachas ar thionscadail teileachumarsáide sa Roinn agus Met Éireann a bheith ní b'ísle ná mar a measadh de dheasca shrianta Covid-19 mar aon le coigilteas ó aistriú an chórais teileafón go hOifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais.

v Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF

Soláthar meastacháin €15.116 milliún; toradh €10.728 milliún

Bhí an caiteachas €4.388 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall go príomha ar thionchar shrianta Covid-19 ar roinnt tionscadal, go príomha an Tionscadal um Nuachóiriú agus Uathoibriú na hEitlíochta (AMAP) agus nuachóiriú radair atá á gcur chun feidhme ag Met Éireann.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin €6.992 milliún; toradh €2.025 milliún

Bhí an caiteachas €4.967 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19 ar roinnt tionscadal, go príomha an obair chaomhnaithe agus acmhainne ar Theach an Chustaim agus ar an ionad cuairteoirí mar aon le huasghrádú ar áitreabh oifige Loch Garman.

viii Taighde (staitisticí agus eacnamaíocht)

Soláthar meastacháin €199,000; toradh €1,000

Tharla an coigilteas €198,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19 ar thionscnamh tionscadal ábhartha taighde agus athbhreithnithe.

ix Nochtaí cosanta (seirbhísí imscrúdaithe)

Soláthar meastacháin €199,000; toradh €39,000

Tharla an coigilteas €160,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar chaiteachas ar nochtaí cosanta a bheith ní b'ísle ná mar a measadh de dheasca thionchar Covid-19 ar acmhainní foirne agus moilleanna ina dhiaidh sin maidir le measúnuithe a chríochnú.

Clár A Tithíocht

				2020	2019
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá		16,956	17,409	15,331
A.2	Riarachán – neamhphá		6,275	3,135	3,080
A.3	Tithíocht údaráis áitiúil		789,087	890,575	955,745
A.4	Clár caiteachais reatha um thithíocht shóisialta		190,886	197,357	139,127
A.5	Scéim um chóiríocht ar cíos		133,000	132,964	134,290
A.6	An scéim um íocaíochtaí cúnaimh tithíochta		479,729	464,649	382,408
A.7	An scéim um chúnamh caipitil		94,875	90,749	88,364
A.8	Iasachtaí caipitil agus scéim fóirdheontais		53,500	53,087	51,686
A.9	Saoráidí comhroinnte		500	78	25
A.10	Morgáiste go Cíos		23,000	11,732	17,998
A.11	Áis um airleacan caipitil i gcomhair léasúcháin		143,800	158,799	139,399
A.12	Cóiríocht agus tacaíocht don lucht siúil		19,210	19,818	14,036
A.13	Cóiríocht do dhaoine gan dídean				
	Bunaidh	196,000			
	Forlíontach	60,000			
			256,000	270,900	165,000
A.14	Tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta		500	512	167
A.15	Athghiniúint/oibreacha feabhais eastáit		71,750	65,203	78,511
A.16	Éifeachtúlacht fuinnimh - iarfheistiú		88,238	66,092	47,454
A.17	An scéim deisiúcháin agus léasúcháin		10,700	4,003	3,772
A.18	Deontais tithíochta príobháidí		59,000	44,407	51,912
A.19	Liúntais mhorgáiste		600	408	403
A.20	Tithíocht inacmhainne/fóirdheontas úinéireachta comhroinnte		3,000	2,325	2,397
A.21	Ciste bonneagair		148,250	31,650	22,279
A.22	Leigheas piríte agus míoca - scéim airgead teoranta		40,000	13,775	30,000
A.23	An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe		10,500	8,750	7,500
A.24	An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe		9,951	6,870	12,460
A.25	Cigireacht ar chóiríocht ar cíos		6,250	4,555	—
A.26	Seirbhísí eile		2,996	1,982	1,896
			2,658,553	**2,561,784**	**2,365,240**

Difríochtaí suntasacha

Déantar achoimre thíos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €36.769 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí tearc-chaitheamh €2.687 milliún ann a bhain le caiteachas riaracháin agus míníodh cheana é, agus bhí iarmhéid na difríochta, tearc-chaitheamh €34.082 milliún, mar gheall ar mheascán de na nithe seo a leanas go príomha.

A.3 Tithíocht údaráis áitiúil

Soláthar meastacháin €789.087 milliún; toradh €890.575 milliún

Bhain an méadú ar chaiteachas dar luach €101.488 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin bunaidh le tacaíocht a thabhairt d'údaráis áitiúla maidir le ceannach réadmhaoine sa bhreis ar na spriocanna bunaidh mar fhreagairt do thionchar shrianta Covid-19 ar an earnáil tógála agus soláthar tithíochta sóisialta. Soláthraíodh 815 cheannach údaráis áitiúil faoin bhfo-mhírcheann seo i gcomparáid leis an sprioc in 2020, mar atá 100 ceann.

Cé gur chiallaigh na moilleanna tógála a bhain le Covid-19 nár soláthraíodh spriocanna tithíochta na n-údarás áitiúil go hiomlán faoin bhfo-mhírcheann seo in 2020 (sprioc 3,639 gcinn i gcomparáid leis an 2,933 ceann a baineadh amach i ndáiríre), áfach, rinneadh dul chun cinn suntasach ar thionscadail tithíochta a chur ar aghaidh tríd an gcéim thógála as an láithreán, rud a thabhaigh caiteachas suntasach. Ag deireadh 2020 bhí beagnach 30% níos mó tithe sóisialta ar an láithreán/á dtógáil i gcomparáid le 2019 agus tabhaíodh caiteachas suntasach trí na tionscadail tógála sin in 2020, cé nár shroich siad an chéim chríochnaithe laistigh den bhliain mar gheall ar mhoilleanna a bhain le Covid-19.

A.9 Saoráidí comhroinnte

Soláthar meastacháin €500,000; toradh €78,000

Tharla an tearc-chaitheamh €422,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19, a raibh éileamh ní b'ísle ná mar a measadh mar thoradh air. Tá tionscadal um shaoráidí comhroinnte sna príomhshaoráidí breise (e.g. saoráidí comhroinnte itheacháin/cistine, neachtlanna, láithreacha suí/gníomhaíochta) chun tionscadail tógála faoin Scéim um Chúnamh Caipitil a chomhlánú. Rinneadh an tearc-chaitheamh a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

A.10 Morgáiste go cíos

Soláthar meastacháin €23 mhilliún; toradh €11.732 milliún

Bhí an coigilteas €11.268 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall thionchar Covid-19, a raibh moilleanna suntasacha mar thoradh air maidir le hiarratais a phróiseáil trí gach céim den phróiseas, rud a raibh líon cásanna críochnaithe ní b'ísle ná mar a measadh mar thoradh air. Ag deireadh 2020, bhí 342 chead faighte le haghaidh cásanna gníomhacha a bhí á gcur chun cinn faoin scéim. Tugadh €3 mhilliún den tearc-chaitheamh sin ar aghaidh go 2021 mar ghéilleadh iarchurtha. Rinneadh an tsuim a bhí fágtha a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile in 2020.

A.11 Áis um airleacan caipitil i gcomhair léasúcháin

Soláthar meastacháin €143.8 milliún; toradh €158.799 milliún

Tharla an méadú €14.999 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar mhéadú suntasach ar an éileamh ar thionscadail luathaithe faoin Áis um Airleacan Caipitil i gcomhair Léasúcháin (CALF) in 2020, a úsáidtear chun íoc as taiscí agus chun íocaíochtaí i gcéimeanna ar thionscadail tógála a éascú.

A.13 Cóiríocht do dhaoine gan dídean

Soláthar meastacháin €196 mhilliún; toradh €270.9 milliún

Cuimsítear san fho-mhírcheann seo meastachán forlíontach €60 milliún, a bhí riachtanach i ngeall ar an éileamh a bhí ag méadú ar chóiríocht do dhaoine gan dídean, seirbhísí gaolmhara agus an fhreagairt do Covid-19. Bhí an méadú €74.9 milliún (€60 milliún móide €14.9 milliún) ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar an méid seo a leanas:

D'ainneoin gur fhág 5,886 aosach ar an iomlán easpa dídine agus go ndeachaigh siad isteach i dtionóntachtaí in 2020 agus d'ainneoin laghdú suntasach ar easpa dídine teaghlach, bhí líon mór daoine aonair agus teaghlach fós ag lorg seirbhísí do dhaoine gan dídean. Bhí éileamh leanúnach le haghaidh cóiríocht éigeandála agus tacaí gaolmhara mar thoradh air sin in 2020. Leanadh le seirbhísí nua a thabhairt isteach, lena n-áirítear acmhainn bhreise i mBaile Átha Cliath do dhaoine a chodlaíonn amuigh, leathnú an Chláir um Thús Áite don Tithíocht mar aon le seirbhísí tacaíochta riachtanacha eile a sholáthar dóibh siúd atá i mbaol a bheith gan dídean, lena n-áirítear bearta for-rochtana, coisc agus coimeádta tionóntachta.

Tugadh tús áite chomh maith do chosaint teaghlach gan dídean le linn Covid-19 a chinntiú agus cuireadh maoiniú ar fáil d'údaráis áitiúla chun bearta a chur i bhfeidhm chun teaghlaigh gan dídean a chosaint de réir mar a mhol an FSS. Leis an maoiniú a cuireadh ar fáil, tugadh isteach cóiríocht bhreise shuntasach chun ceanglais scartha shóisialta a chomhlíonadh agus díbhailiú na saoráidí a bhí ann cheana, cóiríocht chun féinleithlisiú a éascú nuair ba ghá agus seirbhísí breise 24 huaire an chloig, lena n-áirítear na seirbhísí bia agus tacaíochta go léir.

A.15 Athghiniúint /oibreacha feabhais eastáit

Soláthar meastacháin €71.75 milliún; toradh €65.203 milliún

Bhí an caiteachas €6.547 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar dhúnadh láithreán agus srianta de bharr Covid-19 arbh é an toradh a bhí orthu gur cuireadh moill ar roinnt oibre tógála agus ar eisiúint deimhnithe tógála, rud a raibh laghdú ar líon na n-éileamh ar chúiteamh faoin scéim mar thoradh air. Rinneadh an tearc-chaitheamh a bhí mar thoradh air sin a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

A.16 Éifeachtúlacht fuinnimh - iarfheistiú

Soláthar meastacháin €88.238 milliún; toradh €66.092 milliún

Bhí an caiteachas €22.146 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar shrianta oibre a bhain le tógáil de bharr Covid-19 agus caiteachas ar Chlár um Iarfheistiú an Láir Tíre do Thithe Údaráis Áitiúil a bheith ní b'ísle ná mar a measadh. Tugadh €19.7 milliún den tearc-chaitheamh sin ar aghaidh go 2021 mar ghéilleadh iarchurtha. Rinneadh an tsuim a bhí fágtha a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile in 2020.

A.17 An scéim deisiúcháin agus léasúcháin

Soláthar meastacháin €10.7 milliún; toradh €4.003 milliún

Bhí an caiteachas €6.697 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar shrianta oibre a bhain le tógáil de bharr Covid-19. Mar gheall gur scéim faoi thionchar éileamh í, bhí an soláthar ní b'ísle ná mar a measadh. I ndiaidh athbhreithnithe, méadaíodh an uasteorainn maoinithe faoin scéim go €60,000 i mí na Samhna 2020 chun gníomhaíocht faoin scéim a dhreasú agus chun méadú ar ghlacadh leis an scéim agus ar sholáthar a bhaint amach. Tugadh €3.5 milliún den tearc-chaitheamh ar aghaidh go 2021 mar ghéilleadh iarchurtha. Rinneadh an tsuim a bhí fágtha a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile in 2020.

A.18 Deontais tithíochta príobháidí

Soláthar meastacháin €59 milliún; toradh €44.407 milliún

Bhí an caiteachas €14.593 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar shrianta oibre a bhain le tógáil de bharr Covid-19 agus mar gheall go raibh sé faoi thionchar éileamh agus go raibh sé deacair leibhéal beacht tharraingt anuas an mhaoinithe a thuar. Bhí suimeanna na ndeontas aonair sa raon idir €200 agus €24,000 agus íocadh os cionn 8,137 ndeontas in 2020. Tugadh €2 mhilliún den tearc-chaitheamh ar aghaidh go 2021 mar ghéilleadh iarchurtha. Rinneadh an tsuim a bhí fágtha a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile in 2020.

A.19 Liúntais mhorgáiste

Soláthar meastacháin €600,000; toradh €408,000

Tharla an tearc-chaitheamh €192,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar laghdú ar líon na n-iarratas faoin scéim. Rinneadh an tearc-chaitheamh a bhí mar thoradh air sin a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

A.20 Tithíocht inacmhainne/fóirdheontas úinéireachta comhroinnte

Soláthar meastacháin €3 mhilliún; toradh €2.325 milliún

Tharla an tearc-chaitheamh €675,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar an líon iarratas a fuarthas ó thithe incháilithe faoi na scéimeanna Tithíochta Inacmhainne agus Úinéireachta Comhroinnte a bheith ní b'ísle ná mar a measadh. Rinneadh an tearc-chaitheamh a bhí mar thoradh air sin a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

A.21 Ciste bonneagair

Soláthar meastacháin €148.25 milliún; toradh €31.65 milliún

Baineann an meastachán leis an gCiste Bonneagair Áitiúil um Sholáthar Tithíochta a Ghníomhachtú (LIHAF), a bhfuil i gceist leis bonneagar poiblí as an láithreán a sholáthar chun bacainní ar bhonneagar criticiúil a mhaolú agus dlús a chur le soláthar na tithíochta i bpríomhlimistéir agus i láithreáin forbartha agus leis an gCiste Láithreán Seirbhísithe (SSF), a bhfuil i gceist leis bonneagar a sholáthar ar bhainc talún údaráis áitiúil chun soláthar tithíochta inacmhainne a éascú.

Bhí an caiteachas €116.6 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar an méid seo a leanas:

Caiteachas ar 25 thionscadal LIHAF nár réadaíodh chomh gasta agus a measadh (cuireadh trí thionscadal i gcrích in 2020). Ag tús 2020, bhí go leor de na tionscadail LIHAF ag céim an deartha, áit a raibh na costais measartha agus nach raibh i gceist ach táillí deartha agus comhairleoireachta. Meastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar an gcaiteachas in 2021, agus tionscadail ag bogadh ar aghaidh chuig céim na tógála.

Ag deireadh 2020, faoin scéim SSF, faomhadh maoiniú dar luach €127 milliún i bprionsabal chun obair bhonneagair a thacóidh le 35 thionscadal i 14 údarás áitiúil a sholáthar, rud a sholáthróidh 3,200 teach. Níor tarraingíodh maoiniú anuas in 2020 toisc go raibh na tionscadail ag na céimeanna deartha agus pleanála. Cuirfear tús leis an tarraingt anuas in 2021, agus na tionscadail á gcur ar aghaidh chuig céim na tógála.

Tugadh €70 milliún den tearc-chaitheamh sin ar aghaidh go 2021 mar ghéilleadh iarchurtha. Rinneadh an tsuim a bhí fágtha a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile in 2020.

A.22 Leigheas piríte agus míoca – scéim airgead teoranta

Soláthar meastacháin €40 milliún; toradh €13.775 milliún

Bhí an caiteachas €26.225 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar shrianta Covid-19 a chuir isteach ar sceidealú agus ar chur chun feidhme na n-oibreacha leighis don scéim um leigheas Piríte.

Ina theannta sin, bhí caiteachas na Scéime Deontais maidir le Bloic Choincréite Lochtacha ní b'ísle ná mar a measadh toisc nár thosaigh an scéim go dtí mí an Mheithimh 2020 agus mar thoradh ar na hagaí tionscanta maidir le hiarratais a cheadú, agus tús na n-oibreacha á gcur san áireamh, táthar ag súil nach mbeidh caiteachas suntasach ann don scéim seo ach go 2021 agus blianta ina dhiaidh sin. Tugadh €24 mhilliún den tearc-chaitheamh sin ar aghaidh go 2021 mar ghéilleadh iarchurtha. Rinneadh an tsuim a bhí fágtha a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile in 2020.

A.23 An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe

Soláthar meastacháin €10.5 milliún; toradh €8.75 milliún

Tharla an tearc-chaitheamh €1.75 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar mhoilleanna ar bhunú Údarás Rialála na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19, rud a raibh laghdú ar ghníomhaíochtaí oiliúna agus faisnéise a sholáthraítear do chleachtóirí tithíochta agus moilleanna ar earcaíocht mar thoradh air. Rinneadh an tearc-chaitheamh a leithdháileadh ar chláir thithíochta eile.

A.24 An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe

Soláthar meastacháin €9.951 milliún; toradh €6.87 milliún

Bhí an caiteachas €3.081 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar thionchar Covid-19 ar chlár oibre an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe. Chomh maith leis sin, bhain moilleanna le lánchur i bhfeidhm an chórais um bainistíocht ar chaidreamh le custaiméirí, agus baineadh coigilteas amach mar thoradh air sin.

A.25 Cigireachtaí ar chóiríocht ar cíos

Soláthar meastacháin €6.25 milliún; toradh €4.555 milliún

Tharla an tearc-chaitheamh €1.695 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19, ar cuireadh stop le cigireachtaí ar feadh tréimhsí in 2020 mar thoradh orthu, mar aon le moilleanna ar earcaíocht ball foirne agus ar chumas na n-údarás áitiúil obair a dhéanamh.

A.26 Seirbhísí eile

Soláthar meastacháin €2.996 milliún; toradh €1.982 milliún

Tharla an tearc-chaitheamh €1.014 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19, rud a chiallaigh nár críochnaíodh roinnt de thionscadail taighde, phleanála agus forbartha de chuid an tionscail tógála. Chomh maith leis sin, bhí an caiteachas ar fhorbairt údaráis náisiúnta um fhaireachas margaidh san Oifig Náisiúnta um Rialú Foirgníochta i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ní b'ísle ná mar a measadh toisc go raibh an tionscadal i luathchéim bunaithe na forbartha le linn 2020 agus nár thabhaigh sé caiteachas suntasach.

Clár B Uisce

				2020	2019
		Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá		4,112	5,686	5,418
B.2	Riarachán – neamhphá		1,526	828	1,122
B.3	Clár cáilíochta uisce		25,848	22,618	19,888
B.4	Clár uisce tuaithe		49,000	43,988	41,104
B.5	Uisce Éireann				
	Bunaidh	1,231,500			
	Forlíontach	72,000			
			1,303,500	1,303,189	1,208,000
B.6	Údaráis áitiúla		12,690	12,374	12,760
B.7	Saincheisteanna stairiúla comhshaoil uisce		9,000	43	76
B.8	Muirthimpeallacht		2,700	945	—
B.9	Comhlacht Comhairleach Uisce		220	18	27
B.10	Seirbhísí eile		34	5	—
			1,408,630	**1,389,694**	**1,288,395**

Difríochtaí suntasacha

Déantar achoimre thíos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár B €53.064 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh i dtosach. Bhí róchaitheamh €876,108 ann a bhain le caiteachas riaracháin agus míniodh cheana é agus bhí iarmhéid na difríochta, róchaiteachas €52.188 milliún, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha.

B.3 Clár cáilíochta uisce

Soláthar meastacháin €25.848 milliún; toradh €22.618 milliún

Bhí an caiteachas €3.23 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall go príomha ar chlár INTERREG V AE (Bearta Comhshaoil) toisc go raibh an tarraingt anuas ó thionscadail ní ba mhoille ná mar a measadh.

Tháinig tearc-chaitheamh breise chun cinn de dheasca thionchar shrianta Covid-19 ar earcaíocht agus nach bhfuarthas roinnt éileamh a bhain le 2020 ach amháin in 2021.

B.4 Clár uisce tuaithe

Soláthar meastacháin €49 milliún; toradh €43.988 milliún

Bhí an caiteachas €5.012 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar fhógairt mhall an Chláir Ilbhliantúil Uisce Tuaithe 2019-2021 i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus ar thionchar shrianta Covid-19 maidir le tionscadail a chur chun cinn ar fud bhearta uile an chláir. Rinneadh an tearc-chaitheamh a fhritháireamh i bpáirt le caiteachas méadaithe ó scéimghrúpaí uisce a bheith ag baint leas as na rátaí fóirdheontais úra agus as scéimeanna leanúnacha oibreacha a cuireadh siar ón tréimhse roimhe sin de rátaí laghdaithe fóirdheontais.

B.5 Uisce Éireann

Soláthar meastacháin €1.231 billiún; toradh €1.303 billiún

Cuimsítear san fho-mhrícheann meastachán forlíontach €72 mhilliún, ar úsáideadh €44 mhilliún de chun soláthar mhórbhonneagar riachtanach Uisce Éireann a luathú agus d'eascair €28 milliún as easnamh ioncaim in 2020 ó chustaiméirí tráchtála mar gheall ar thionchair a bhain le Covid-19 ar an earnáil ghnó.

B.7 Saincheisteanna stairiúla comhshaoil uisce

Soláthar meastacháin €9 milliún; toradh €43,000

Bhí an caiteachas €8.957 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall go príomha go raibh cur isteach, ceaduithe agus leithdháiltí maidir leis an gclár um Bonneagar arna Soláthar ag Forbróirí ní ba mhoille ná mar a measadh (fógraíodh leithdháiltí i lár mhí Mheán Fómhair 2020) de dheasca thionchar shrianta Covid-19. Cuireadh moill ar dhul chun cinn tionscadal ina dhiaidh sin go méid áirithe mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19.

Tháinig tearc-chaitheamh breise chun cinn toisc go raibh an Scéim Deontas Leasúcháin Luaidhe ina scéim faoi thionchar éileamh faoina bhfuil sé deacair caiteachas a thuar. Tugadh €7.9 milliún den tearc-chaitheamh ar aghaidh go 2021 mar ghéilleadh iarchurtha.

B.8 Muirthimpeallacht

Soláthar meastacháin €2.7 milliún; toradh €945,000

Tharla an tearc-chaitheamh €1.755 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall go príomha ar thionchar shrianta Covid-19 ar roinnt clár oibre agus tionscadal taighde. Bhí an maoiniú d'Fhoras na Mara ní b'ísle ná mar a measadh toisc go ndeachaigh srianta Covid-19 i bhfeidhm ar a ghníomhaíochtaí.

Ina theannta sin, ní fhéadfaí obair a chur chun cinn ar roinnt clár de chuid Limistéar Atlantach INTERREG mar gheall ar dheacrachtaí le hArdán Limistéar Atlantach AE agus srianta Covid-19. Tugadh síntí ama i gcomhair na gclár sin.

B.9 Comhlacht Comhairleach Uisce

Soláthar meastacháin €220,000; toradh €18,000

Tharla an tearc-chaitheamh €202,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19 ar chlár oibre an Chomhlachta Chomhairligh Uisce.

Clár C Rialtas Áitiúil

		Soláthar meastacháin		2020 Toradh	2019 Toradh
		€000	€000	€000	€000
C.1	Riarachán – pá		8,898	10,728	9,616
C.2	Riarachán – neamhphá		3,285	1,752	1,585
C.3	An Ciste Rialtais Áitiúil				
	Bunaidh	756,060			
	Forlíontach	300,000			
			1,056,060	1,056,060	185,180
C.4	Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála		16,150	15,557	13,316
C.5	Toghchóras		1,889	365	343
C.6	Seirbhísí eile		1,095	1,667	895
			1,087,377	**1,086,129**	**210,935**

Difríochtaí suntasacha

Déantar achoimre thíos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cliár (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár C €298.752 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh ar dtosach. Bhí tearc-chaitheamh €296,258 ann a bhain le caiteachas riaracháin agus míniodh cheana é agus bhí iarmhéid na difríochta, róchaiteachas €298.456 milliún, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha.

C.3 An Ciste Rialtais Áitiúil

Soláthar meastacháin €756.06 milliún; toradh €1.056 billiún

Baineann an méadú €300 milliún ar chaiteachas le meastachán forlíontach, a bhí riachtanach d'fhonn an costas as síneadh trí mhí ar tharscaoileadh na rátaí tráchtála a mhaoiniú do ghnólachtaí incháilithe chun tacú leis an earnáil rialtais áitiúil agus leis na cáiníocóirí a raibh tionchar ag paindéim Covid-19 orthu.

C.5 Toghchóras

Soláthar meastacháin €1.889 milliún; toradh €365,000

Baineann feidhm toghchórais na Roinne le beartas agus reachtaíocht maidir le gnéithe riaracháin an chórais toghcháin. Bhí an caiteachas €1.524 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall go príomha gur cuireadh tús leis an gcóras Voter.ie níos déanaí ná mar a measadh mar gheall ar an Olltoghchán i mí Feabhra 2020 agus ar thionchar shrianta Covid-19 ar an bpróiseas tairisceana.

C.6 Seirbhísí eile

Soláthar meastacháin €1.095 milliún; toradh €1.667 milliún

Bhí an méadú €572,000 ar an gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall go príomha ar fhreagairt na n-údarás áitiúil a bhain le drochaimsir i ndiaidh na mórtheagmhas tuile in 2020.

Clár D Pleanáil

				2020	2019
		Soláthar measta	cháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
D.1	Riarachán – pá		7,555	5,000	5,290
D.2	Riarachán – neamhphá		2,796	1,345	1,887
D.3	An Bord Pleanála		19,531	19,531	18,548
D.4	Binse Pleanála		4,236	4,322	781
D.5	Oifig an Rialálaí Pleanála		2,569	2,481	1,637
D.6	Beartas um pleanáil		420	366	532
D.7	Pleanáil náisiúnta, réigiúnach agus uirbeach		240	219	220
D.8	Mo phlean		135	115	123
D.9	Athghiniúint/athnuachan uirbeach				
	Bunaidh	96,510			
	Géilleadh iarchurtha	33,500			
			130,010	39,564	18,600
D.10	Scéim lacáiste ranníocaíochtaí forbartha		1	—	637
D.11	Suirbhéireacht Ordanáis Éireann		17,763	18,055	15,763
D.12	An Ghníomhaireacht Forbartha Talún		17,500	14,100	2,409
D.13	Imeall trá		2,400	803	1,138
D.14	Pleanáil spásúil mhuirí		750	188	335
D.15	Beartas um pleanáil chomhshaoil		159	65	—
D.16	Seirbhísí eile		10,097	7,750	102
			216,162	**113,904**	**68,002**

Difríochtaí suntasacha

Déantar achoimre thíos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár C €102.25 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí tearc-chaitheamh €4.005 milliún ann a bhain le caiteachas riaracháin agus míníodh cheana é, agus bhí iarmhéid na difríochta, tearc-chaitheamh €98.245 milliún, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha.

D.9 Athghiniúint/athnuachan uirbeach

Soláthar meastacháin €130.01 milliún; toradh €39.564 milliún

Cuimsítear san fho-mhírcheann géilleadh iarchurtha €33.5 milliún a tugadh ar aghaidh ó 2019. Ar an iomlán, bhí an caiteachas €90.446 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar chineál agus ar shaghas na dtionscadal a bhí á dtacú ag clár an Chiste Athnuachana agus Forbartha Uirbí a chaithfear a chur tríd an dearadh agus tríd an bpleanáil sula dtabhófar caiteachas suntasach leo.

Ina theannta sin, mar thoradh ar thionchar Covid-19, lena n-áirítear dúnadh tionscadal tógála i dtús 2020, cuireadh moill ar dhul chun cinn na dtionscadal. Tugadh €72 mhilliún den tearc-chaitheamh sin ar aghaidh go 2021 mar ghéilleadh iarchurtha. Leithdháileadh an tearc-chaitheamh a bhí fágtha ar Chlár A – Tithíocht in 2020.

D.12 An Ghníomhaireacht Forbartha Talún

Soláthar meastacháin €17.5 milliún; toradh €14.1 milliún

Bhí an caiteachas €3.4 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19 ar obair réamhforbartha na Gníomhaireachta Forbartha Talún (GFT), amhail suirbhéanna comhshaoil agus próisis réamhphleanála eile nárbh fhéidir tabhairt fúthu. Bhí tearc-chaitheamh €3.9 mhilliún ann mar thoradh air sin, a tugadh ar aghaidh go 2021 mar ghéilleadh iarchurtha.

Lena chois sin, tháinig méadú €600,000 ar chaiteachas reatha chun na costais oibriúcháin agus riaracháin leanúnacha a bhaineann le socruithe eatramhacha don Ghníomhaireacht Forbartha Talún a íoc, ar feitheamh achtú reachtaíochta príomha chun an Ghníomhaireacht Forbartha Talún a bhunú ar bhonn reachtúil.

D.13 Imeall trá

Soláthar meastacháin €2.4 milliún; toradh €803,000

Tharla an tearc-chaitheamh €1.597 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar chásanna dlíthiúla agus teagmhas le haghaidh oibreacha éigeandála ar an imeall trá a bheith ní b'ísle ná mar a measadh in 2020.

D.14 Pleanáil spásúil mhuirí

Soláthar meastacháin €750,000; toradh €188,000

Tharla an tearc-chaitheamh €562,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall go príomha ar thionchar shrianta Covid-19, áit arbh éigean moill a chur ar a lán gnéithe den Chreat Náisiúnta Pleanála Muirí deiridh nó iad a chur ar ceal amhail imeachtaí poiblí agus cruinnithe comhairliúcháin. Cuireadh moill ar an gcéim dheiridh den Mheasúnú Straitéiseach Timpeallachta agus den Mheasúnú Cuí go 2021 chomh maith.

Tháinig tearc-chaitheamh breise chun cinn mar gur cuireadh moill ar thabhairt i gcrích comhaontaithe seirbhíse idir an Roinn, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Foras na Mara freisin.

D.16 Seirbhísí eile

Soláthar meastacháin €10.097 milliún; toradh €7.75 milliún

Tharla an tearc-chaitheamh €2.347 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall go príomha ar thionchar shrianta Covid-19 ar fhorbairt Ionad Imeachtaí Chorcaí. Bhí tearc-chaitheamh €5 mhilliún ann mar thoradh air sin, a tugadh ar aghaidh go 2021 mar ghéilleadh iarchurtha.

Ina theannta sin, tháinig méadú €2.653 milliún ar chaiteachas reatha chun fíneáil agus pionóis €7.745 milliún arna ngearradh ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a íoc (fíneáil cnapshuime dar luach €5 mhilliún móide pionóis dar luach €2.745 milliún) i gcás C-261/18 - Feirm Ghaoithe Dharaidh Braoin.

Clár E Met Éireann

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
E.1	Riarachán – pá	16,117	13,573	12,982
E.2	Riarachán – neamhphá	12,790	8,577	9,813
E.3	Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta meitéareolaíocha	5,100	5,101	4,814
E.4	Seirbhís réamhaisnéise agus rabhaidh tuilte	1,760	1,016	342
		35,767	**28,267**	**27,951**

Difríochtaí suntasacha

Déantar achoimre thíos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár E €7.501 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí tearc-chaitheamh €6.757 milliún ann a bhain le caiteachas riaracháin agus míníodh cheana é, agus bhí iarmhéid na difríochta, tearc-chaitheamh €743,697, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha.

E.4 Seirbhís réamhaisnéise agus rabhaidh tuilte

Soláthar meastacháin €1.76 milliún; toradh €1.016 milliún

Bhí an tearc-chaitheamh €744,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar mhoill ar earcaíocht ball foirne agus toisc nach raibh na córais um shamhaltú réamhaisnéise agus rabhaidh tuilte i bhfeidhm fós.

Clár F Oidhreacht

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
F.1	Riarachán – pá	22,169	22,166	—
F.2	Riarachán – neamhphá	1,681	1,024	—
F.3	An Chomhairle Oidhreachta (á páirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta)	7,505	7,394	—
F.4	Oidhreacht thógtha	6,113	7,165	—
F.5	An Oidhreacht Nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra)	17,927	17,979	—
F.6	Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann	650	650	—
F.7	An scéim infheistíochta oidhreachta tógtha	2,500	2,404	—
F.8	Athbhunú, caomhnú agus bainistíocht tailte portaigh	10,850	6,988	—
F.9	Uiscebhealaí Éireann	25,813	27,013	—
		95,208	**92,783**	**—**

Difríochtaí suntasacha

Déantar achoimre thíos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár F €2.425 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí tearc-chaitheamh €659,633 ann a bhain le caiteachas riaracháin agus míniodh cheana é agus bhí iarmhéid na difríochta, tearc-chaitheamh €1.765 milliún, mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha.

F.4 Oidhreacht thógtha

Soláthar meastacháin €6.113 milliún; toradh €7.165 milliún

Úsáideadh an méadú €1.052 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i gcomhair tionscadail bhreise oidhreachta tógtha agus cosanta seandálaíochta a mhaoiniú, lena n-áirítear deisiúcháin dín ag Ardeaglais Naomh Pádraig agus oibreacha ag réadmhaoine oidhreachta atá faoi úinéireacht an Stáit agus atá faoi chúram Oifig na nOibreacha Poiblí.

F.8 Athbhunú, caomhnú agus bainistíocht tailte portaigh

Soláthar meastacháin €10.85 milliún; toradh €6.988 milliún

Bhí an caiteachas €3.862 milliún ní b'ísle ná an soláthar meastacháin mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19, áit ar cuireadh moill ar a lán gnéithe den chlár um athbhunú tailte portaigh go háirithe i ndáil le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara. Cuireadh isteach ar an scéim Cúitimh maidir le Deireadh a Chur le Móin a Bhaint mar gheall ar an méid ama a ghlacann sé chun na cineálacha sin comhaid a phróiseáil agus a dhúnadh toisc go mbraitheann siad ar an iarratasóir faisnéis ábhartha agus comhaontuithe dlíthiúla a chur ar ais. Tugadh €3 mhilliún den tearc-chaitheamh ar aghaidh go 2021 mar ghéilleadh iarchurtha.

F.9 Uiscebhealaí Éireann

Soláthar meastacháin €25.813 milliún; toradh €27.013 milliún

Úsáideadh an méadú €1.2 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin chun oibreacha breise caipitil ar Loingseoireacht na Sionainne (lena n-áirtear Cora Mhíleac Beag), Canáil Uladh, an Chanáil Mhór agus an Chanáil Ríoga a mhaoiniú.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Táillí is iníoctha ag údaráis áitiúla, etc., chun a gcuid cuntas a iniúchadh	1,956	1,747	1,979
2	Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialaigh i ndáil le háitribh áitithe maidir le hÁrachas Sóisialach (An tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005)	741	741	741
3	Fáltais Met Éireann	9,800	6,361	9,692
4	Fáltais ilghnéitheacha	755	1,060	325
5	Fáltais imeall trá	2,100	1,776	2,211
6	Suirbhéireacht Ordanáis Éireann	398	377	384
7	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	35,978	36,002	43,811
8	Fáltais CFRE – bearta comhshaoil INTERREG V	2,500	4,073	1,088
9	Ciste na gCuntas Díomhaoin – Tús Áite don Tithíocht a Chur Chun Feidhme	3,000	3,000	3,000
10	Fáltais CFRE – Clár Limistéar Atlantach INTERREG	108	—	—
11	Fáltais CFRE – Tionscadal RAGES	14	15	—
12	Seirbhísí agus muirir ag páirceanna náisiúnta agus láithreáin fiadhúlra	465	137	—
13	Cíosanna (lena n-áirítear ó ligean ar cíos agus cearta iascaireachta, etc.)	95	29	—
	Iomlán	**57,910**	**55,318**	**63,231**

Difríochtaí suntasacha

Déantar achoimre thíos ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €2.592 milliún ní b'ísle ná an meastachán. Tá míniúcháin ar na difríochtaí leagtha amach thíos.

1 Táillí is iníoctha ag údaráis áitiúla, etc., chun a gcuid cuntas a iniúchadh

Meastachán €1.956 milliún; réadaithe €1.747 milliún

Tharla an t-easnamh €209,125 toisc go n-eisítear éilimh ar tháillí iniúchta ar bhonn leanúnach de réir mar a dhéantar iniúchtaí agus go raibh ioncam níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis mar bhí roinnt táillí gan íoc ag deireadh 2020.

3 Fáltais Met Éireann

Meastachán €9.8 milliún; réadaithe €6.361 milliún

Tharla an t-easnamh €3.439 milliún mar gheall ar thionchar Covid-19 ar ghníomhaíochtaí tráchtála Met Éireann, go háirithe maidir le fáltais eitlíochta.

4 Fáltais ilghnéitheacha

Meastachán €755,000; réadaithe €1.06 milliún

Tá sé deacair fáltais ilghnéitheacha a thuar go hiontaofa.

5 Fáltais imeall trá

Meastachán €2.1 milliún; réadaithe €1.776 milliún

Léiríonn an t-easnamh €324,000 an deacracht maidir le fáltais imeall trá a thuar go beacht mar gheall ar chineál casta an phróisis um léasú/cheadú imeall trá.

8 Fáltais CFRE – bearta comhshaoil INTERREG V

Meastachán €2.5 milliún; réadaithe €4.073 milliún

Tharla an méadú €1.573 milliún mar gheall go bhfuil sé deacair fáltais maidir le bearta comhshaoil INTERREG V a thuar de dheasca uainiú na n-éileamh arna gcur isteach ag príomhpháirtithe chuig Comhlacht na gClár Speisialta AE agus uainiú na n-éileamh forchúitimh ina dhiaidh sin chuig AE.

10 Fáltais CFRE – Clár Limistéar Atlantach INTERREG

Meastachán €108,000; réadaithe €nialas

Tharla an t-easnamh €108,000 mar gheall ar dheacrachtaí le hardán TF Limistéar Atlantach INTERREG a fheidhmíonn AE, rud a raibh tionchar aige ar chur isteach éileamh ar chláir Limistéar Atlantach INTERREG, agus srianta Covid-19.

12 Seirbhísí agus muirir ag páirceanna náisiúnta agus láithreáin fiadhúlra

Meastachán €465,000; réadaithe €137,000

Tharla an t-easnamh €328,000 mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19 ar na páirceanna náisiúnta a bhí dúnta ar feadh tréimhsí fada in 2020. Ina theannta sin, bhí tionchar diúltach ag an laghdú suntasach ar ghrúpaí turasóireachta eachtracha a thug cuairt ar na páirceanna náisiúnta ar fháltais.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Aisíocaíochtaí faoi Chlár Infheistíochta Tithíochta Sóisialta na nÚdarás Áitiúil (SHIP)	3,423	1,879
Léas Imeall Trá	3,066	6,561
Aisghabhálacha faoin Acht um Réiteach Piríte, 2013	2,330	—
Ranníocaíochtaí pinsin an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe	91	55
Uisce Éireann – maoiniú nár caitheadh le haghaidh aisíocaíochtaí ar tháille uisce tí	—	6,749
Socrú maidir le díobháil phearsanta	—	12
Suim a aistríodh chuig an Státchiste	(8,910)	(15,256)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**—**	**—**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon foirne ag deireadh na bliana		
Roinn	1,207	782
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann	220	226
An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil	104	85
An Bord Pleanála	184	174
An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe	89	87
An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe	111	82
An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe	15	14
Oifig an Rialálaí Pleanála	21	15
An Ghníomhaireacht Forbartha Talún	39	11
An Chomhairle Oidhreachta	13	—
Uiscebhealaí Éireann	333	—
Iomlán	**2,336**	**1,476**

5.2 Pá – Roinn

	2020 €000	2019 €000
Pá	66,516	43,472
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	721	295
Liúntais eile	1,711	1,666
Ragobair	1,028	742
ÁSPC an Fhostóra	5,613	3,297
Pá iomlán	**75,589**	**49,472**

5.2 Pá – gníomhaireachtaí

	2020 €000	2019 €000
Pá	54,652	36,365
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	87	70
Liúntais eile	937	82
Ragobair	695	152
ÁSPC an Fhostóra	4,966	2,886
Pá iomlán	**61,337**	**39,555**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre – Roinn [a]

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2020	2019
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	184	18	27,290	20,874
Liúntais eile	261	74	28,134	28,146
Ragobair	227	28	31,120	36,496
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	204	80	48,159	52,706

Nóta [a] Baineann na sonraí pá, liúntais agus luach saothair eile thuas le baill foirne na Roinne a íocadh díreach ón Vóta faoi chláir A go F.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre — gníomhaireachtaí

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Íocaíocht aonair is airde	
			2020	2019
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	30	2	23,325	12,365
Liúntais eile	274	22	15,556	7,585
Ragobair	296	11	30,663	27,844
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	204	56	25,014	21,945

5.4 Socruithe eile luach saothair

Rinneadh seachtar státseirbhíseach a bhí ar scor agus a raibh pinsin státseirbhíse á bhfáil acu a athfhostú ar bhonn táille ar chostas iomlán €33,530. Bhí na híocaíochtaí ar aon dul le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear leis an gcuntas seo caiteachas €173,541 i dtaobh triúir oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2020 go léir nó cuid di agus ar íoc an Roinn a gcuid tuarastal.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2020 €	2019 €
Ró-íocaíochtaí	29	69,799	38,265
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	12	20,422	7,396

Aistríodh seachtar ag a raibh ró-íocaíochtaí dar luach €13,510 chuig an Roinn le linn na bliana.

5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Le linn 2020, íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta dar luach iomlán €4,248 agus €4,164 agus scaoilíocaíochtaí dar luach iomlán €41,673 agus €11,346 faoi seach le beirt iarbhall foirne de chuid an Aire ar foirceannadh a gcuid fostaíochta de bharr an athraithe Rialtais in 2020.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Coistí agus coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

	Bliain an cheapacháin	Caiteachas carnach go deireadh 2020	2020	2019
		€000	€000	€000
Binse fiosrúcháin maidir le cúrsaí áirithe pleanála agus íocaíochtaí [a]	1997	140,643	4,322	781

Nóta [a] B'ionann an caiteachas go deireadh 2020 agus €140.6 milliún. Beidh tuilleadh íocaíochtaí a bhaineann leis an mBinse. Ní féidir costais deiridh a chinneadh go dtí go gcinnfear costais dlí tríú páirtí i leith na tréimhse ó 2002. Ar bhonn meastachán ón mBinse agus ar bhonn caiteachais go deireadh na bliana 2020, d'fhéadfadh costais bhreise €6.8 milliún teacht aníos, a bhaineann go príomha le hionadaíocht dlí tríú páirtí.

6.2 Costais chúitimh agus dlí

	Líon na gcásanna	Costais dlí a d'íoc an Roinn	Cúiteamh a dámhadh	Costais dlí a dámhadh	2020 Iomlán	2019 Iomlán
		€000	€000	€000	€000	€000
Éilimh ó dhaoine den phobal	13	49	529	283	861	217
Fíneálacha AE [a]	1	—	—	7,745	7,745	—
	14	**49**	**529**	**8,028**	**8,606**	**217**

Nóta [a] Rinneadh fíneáil €5 mhilliún móide fíneálacha laethúla dar luach €2.745 milliún (€7.745 milliún san iomlán) a íoc i ndiaidh breithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcás C-261/18, maidir le bailíocht ceada pleanála coinneála i ndáil le feirm ghaoithe i nDaraidh Braoin, Contae na Gaillimhe, i gcomhréir le cead na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá an Roinn seo ag obair go dlúth leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir leis an mbreithiúnas a réiteach agus leis na fíneálacha laethúla a íoc.

6.3 Ús ar íocaíochtaí déanacha

	2020	2019
	€	€
Iomlán na n-íocaíochtaí úis agus cúitimh	13,385	3,372

6.4 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

		2020 Meastachán €000	2020 Toradh €000	2019 Toradh €000
Fo-mhírcheann				
A.9	Saoráidí comhroinnte	500	78	25
A.18	Deontais tithíochta príobháidí	5,829	5,829	7,327
F.3	An Chomhairle Oidhreachta	7,505	7,394	—
		13,834	**13,301**	**7,352**

Tá na híocaíochtaí sin á bpáirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta agus tá sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag: https://www.gov.ie/en/collection/129d3-national-lottery-funding/

6.5 Maoiniú ó AE

Áirítear ar an toradh a léirítear i bhFo-mhírcheann B.3 íocaíochtaí i ndáil le gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Seo a leanas meastacháin ar chaiteachas agus na torthaí iarbhír.

		2020 Meastachán €000	2020 Toradh €000	2019 Toradh €000
Cur síos ar an bhfo-mhírcheann				
B.3	Clár cáilíochta uisce	7,643	5,472	3,583
D.13	Imeall trá	—	—	11
		7,643	**5,472**	**3,594**

6.6 Nithe a díscríobhadh

Rinneadh na suimeanna seo a leanas a dhíscríobh le linn na bliana.

	2020 €	2019 €
An Clár Oiliúna um Athchóiriú an tSoláthair Phoiblí	—	21,990

Nóta 7 Iarmhéideanna Ciste

7.1 Cuntas an Chiste Forbraíochta Uirbí

	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid tosaigh	14,111	17,543
Fáltais	—	—
Caiteachas don bhliain	5,726	3,432
	8,385	**14,111**

Is clár de chuid Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) é an Ciste Forbraíochta Uirbí arb ann dó chun tacú le tionscnaimh athghiniúna chomhtháite i lárionaid ainmnithe uirbeacha. Tá an scéim á feidhmiú ag tionóil réigiúnacha ar údaráis bhainistíochta iad atá freagrach as caiteachas incháilithe a fhíorú ar thionscadail fhaofa. Cuireann an Roinn cistí ar fáil (faoi threoir an údaráis bhainistíochta agus faoi réir fíorú an údaráis bhainistíochta) chun údaráis áitiúla a chúiteamh ar bhonn maoinithe chomhfhreagraigh. Rinneadh breithniú ar iarratais ar incháilitheacht faoin gCiste i mí na Nollag 2015 agus beidh an clár á reáchtáil ar feadh na tréimhse go dtí deireadh 2020. Leanfar le híocaíochtaí a dhéanamh faoin gclár go dtí tús 2023. Léiríonn an t-iarmhéid sa Chiste an réamh-mhaoiniú a cuireadh ar fáil ó CFRE, ag feitheamh le héilimh fhíoraithe a fháil maidir leis na tionscadail lena mbaineann.

7.2 Ciste Éadálacha Imrothlach na Gníomhaireachta Tithíochta

	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid tosaigh	69,393	70,941
Costais neamh-in-aisghabhála [a]	(983)	(1,611)
Ioncam ó chíos	50	63
Iarmhéid deiridh ag an 31 Nollaig	**68,460**	**69,393**

Nóta [a] Ní féidir costais áirithe a thabhaíonn an Ghníomhaireacht amhail táillí dlíthiúla agus gairmiúla agus costas eile a bhaineann le héadáil tithíochta a fháil ar ais agus, mar sin, laghdaítear iarmhéid foriomlán an Chiste. Is ionann figiúr na gcostas neamh-in-aisghabhála le haghaidh 2020 agus €983,000.

Bunaíodh Ciste Éadálacha na Gníomhaireachta Tithíochta, ar ciste imrothlach é, le héifeacht ón 1 Eanáir 2017, agus é mar aidhm aige 1,600 aonad a fháil thar an tréimhse go 2021 le haghaidh úsáid tithíochta sóisialta. Sa tréimhse ó bunaíodh an ciste in 2017 go deireadh 2020, bhí 826 réadmhaoin faighte ag an nGníomhaireacht Tithíochta. Tá an Ciste sin á úsáid ag an nGníomhaireacht Tithíochta chun réadmhaoine folmha a éadáil ó bhainc, ó infheisteoirí agus ón bpobal i gcoitinne i limistéir ina bhfuil éileamh ard ar thithíocht shóisialta. Agus an méid sin á dhéanamh, tá an Ghníomhaireacht ag obair i ndlúthchomhar le húdaráis áitiúla lena chinntiú nach gceannaítear réadmhaoine oiriúnacha ach i limistéar ina bhfuil éileamh ard ar thithíocht shóisialta. Díolann an Ghníomhaireacht na tithe, ag costas, le comhlachtaí ceadaithe tithíochta chun an Chiste a athlíonadh. Nuair a chríochnófar an clár, tabharfaidh an Ghníomhaireacht iarmhéid deiridh ar bith den Chiste ar ais don Roinn.

Aguisín A Talamh agus foirgnimh atá faoi úinéireacht an Stáit agus atá faoi bhainistiú na Roinne agus nach bhfuil luacháilacha leo

Bainistíonn an Roinn sé láthair páirce náisiúnta faoi láthair, is iad sin

Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich
Páirc Náisiúnta Bhoirne
Páirc Náisiúnta Chonamara
Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha
Páirc Náisiúnta Chill Airne
Páirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin

Aguisín B Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí a bhí faoi choimirce na Roinne in 2020 agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail deireadh mhí an Mhárta 2021, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Comhlacht/Ciste Roinne	Tréimhse chuntasaíocht a dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchta	Dáta a fuair an tAire/ Roinn í	Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
An Bord Pleanála	2019	12 Meith 2020	30 Meith 2020	27 Iúil 2020
Ervia agus Líonraí Gáis Éireann	2019	31 Már 2020	10 Meith 2020	29 Iúil 2020
An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe	2019	26 Már 2020	6 Aib 2020	25 Meith 2020
An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe [a]	2019	2 Noll 2020	27 Feab 2021	23 Már 2021
Uisce Éireann	2019	30 Már 2020	15 Beal 2020	29 Iúil 2020
An Ciste Rialtais Áitiúil	2019	19 Samh 2020	19 Samh 2020	23 Samh 2020
An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil	2019	30 Meith 2020	16 Deireadh Fómhair 2020	24 Samh 2020
An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe	2019	5 Meith 2020	30 Meith 2020	2 Meán Fómhair 2020
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann	2019	26 Meith 2020	30 Meith 2020	30 Iúil 2020
Oifig an Rialálaí Pleanála	2019	14 Noll 2020	15 Noll 2020	23 Noll 2020
An Ghníomhaireacht Forbartha Talún	2019	30 Meith 2020	30 Meith 2020	14 Deireadh Fómhair 2020
An Chomhairle Oidhreachta	2019	23 Noll 2020	22 Feab 2021	—
Uiscebhealaí Éireann	2018	10 Iúil 2019	17 Iúil 2019	4 Samh 2019

Nótaí [a] Áirítear leis seo an Bord um Réiteach Piríte

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 35

Arm-Phinsin

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 35, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an Cuntas a ghabhann leis seo ae an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 le haghaidh pá scoir, pinsean, cúitimh, liúntas agus aiscí is iníoctha faoi ilreachtanna le comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann agus d'Eagraíochtaí Míleata áirithe eile, etc., nó ina leith sin, agus le haghaidh il-ranníocaí agus ilspeansais i ndáil leo sin; le haghaidh liúntais eisceachtúla áirithe leanaí agus íocaíochtaí eile agus ildeontas.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €8.109 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Comhlíontar an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach a dhearbhú go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead mar is ceart iad, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le soláthar seirbhísí comhroinnte párolla pinsin.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i soláthar na seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

Is é seo an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, creat na nósanna riaracháin, tuairisciú an lucht bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach:

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach ar leibhéal an lucht bainistíochta.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta bunaithe, ar a bhfuil Cathaoirleach neamhspleách, chun comhairle a chur orm maidir le mo fhreagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú an lucht bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta an lucht bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta agus, go háirithe

- tá córas iomchuí buiséadaithe i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht bainistíochta sinsearach athbhreithniú ar bhonn rialta,
- déanann an lucht bainistíochta sinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ina n-oibríonn pearsanra a bhfuil an oiliúint chuí orthu, a fheidhmíonn i gcomhréir le cairt i scríbhinn arna faomhadh agam féin. Feidhmíonn an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí go neamhspleách agus is é atá mar bhonn lena chuid oibre anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na Roinne, lena n-áirítear Vóta na nArm-Phinsean agus bíonn a phleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Áirítear i bplean iniúchóireachta inmheánaí 2021 iniúchadh a bhaineann le réimse Vóta na nArm-Phinsean. Déanaimse, agus déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ann ar an dea-chleachtas sa cheannach agus go bhfuil nósanna imeachta I bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm agus déantar sainaithint agus tuairisciú leis ar príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Roinn agus táthar tar éis iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn míosúil. Úsáidtear torthaí na n-athbhreithnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ag leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as na rialuithe a shanntar do bhaill foirne ar leith a oibriú.

Faireachán agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomhaíochta ceartaithí agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a thugtar le fios a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an faireachán agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais na Roinne curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Paindéim Covid -19

Mar thoradh ar thús phaindéim Covid-19 go luath in 2020, cuireadh roinnt athruithe i bhfeidhm ar an timpeallacht oibre agus ar an timpeallacht rialaithe de bharr thabhairt isteach na cianoibre agus na hoibre fíorúla, i gcás gurb indéanta agus gur cuí, agus aird á tabhairt ar chineál na hoibre sa Roinn. Mar thoradh air sin, thug an Roinn roinnt athruithe nósanna imeachta agus rialaithe isteach. Faoi chreat riosca agus rialaithe na Roinne, rinne an lucht bainistíochta measúnú iomlán ar an riosca a bhaineann le tionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe. Deimhním go bhfuil na rialuithe reatha agus na rialuithe a tugadh isteach mar thoradh ar phaindéim Covid-19 fós éifeachtach.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor tarraingíodh aird ar aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais in 2020 a éilíonn go nochtfar iad sa chuntas leithreasa seo.

Jacqui McCrum
Oifigeach Cuntasaíochta
Arm-Phinsin

26 Márta 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 35 Arm-Phinsin

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 35 Arm-Phinsin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 35 Arm-Phinsin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Arm-Phinsin agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meitheamh 2021

Vóta 35 Arm-Phinsin

Cuntas Leithreasa 2020

		Soláthar meastacháin	2020 Toradh	2019 Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas clár				
A	Soláthar do shochair phinsin Óglaigh na hÉireann	259,150	251,027	250,966
Ollchaiteachas		**259,150**	**251,027**	**250,966**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**5,000**	**4,986**	**5,081**
Glanchaiteachas		**254,150**	**246,041**	**245,885**

Farasbarr

Is ionann an farasbarr agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glansuime feidhmithe atá faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**8,109,287**	**148,239**

Jacqui McCrum
Oifigeach Cuntasaíochta
Arm-Phinsin

26 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

	2020	2019
	€000	€000
Costas an chláir	250,963	250,903
Pá	61	51
Neamhphá	3	12
Ollchaiteachas	**251,027**	**250,966**
Lúide		
Leithreasaí-i-gcabhair	**4,986**	**5,081**
Glanchaiteachas	**246,041**	**245,885**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	2,793	2,549
Glanchostas an chláir	**248,834**	**248,434**

1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 35 a tabhaíodh in áit eile i ndáil le riar sochar pinsin agus seirbhísí eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	1,147	1,171
Vóta 36	Cosaint	1,646	1,378
		2,793	**2,549**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		51	201
Iarmhéideanna dochair eile		—	6
Iomlán na sócmhainní reatha		**51**	**207**
Lúide dliteanais reatha			
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.1	36	60
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.2	15	147
Iomlán na ndliteanas reatha		**51**	**207**
Glansócmhainní reatha		—	—
Glansócmhainní		**—**	**—**
Arna léiriú ag:			
An cuntas um maoiniú Stáit	2.3	**—**	**—**

2.1 Iarmhéideanna creidmheasa eile

amhail an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Suimeanna dlite don Stát		
Cáin ioncaim	1	1
Cáin shiarchoinneálach seirbhísí gairmiúla	—	3
	1	4
Íocaíochtaí pinsin á gcoimeád i bhfionraí	35	56
	36	**60**

2.2 Glanmhaoiniú ón Státchiste

amhail an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	8,109	148
Deontas Státchiste nár tarraingíodh	(8,094)	(1)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**15**	**147**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	51	201
Iarmhéideanna dochair: fionraí	—	6
	51	207
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(1)	(4)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(35)	(56)
	(36)	(60)
	15	**147**

2.3 An cuntas um maoiniú Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir			—	—
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	254,150		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(8,109)		
Glanvóta			246,041	245,885
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		2,793	2,549
Glanchostas an chláir	1		(248,834)	(248,434)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig			**—**	**—**

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Clár A Soláthar do shochair phinsin Óglaigh na hÉireann

			2020	2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	70	64	63
A.2	Scéimeanna (pinsin) agus íocaíochtaí Óglaigh na hÉireann i ndáil le seirbhís aistrithe	249,535	242,855	242,158
A.3	Pinsin chréachta agus mhíchumais, liúntais agus aiscí le hiar-chomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann nó i ndáil leo	9,000	7,820	8,398
A.4	Íocaíochtaí le céilí athlaochra Chogadh na Saoirse	220	154	223
A.5	Íocaíochtaí cúitimh	225	74	74
A.6	Feistí leighis agus speansais taistil agus theagmhasacha	100	60	50
		259,150	**251,027**	**250,966**

Difríochtaí suntasacha

Ar an iomlán, bhí an t-ollchaiteachas a bhain le Clár A €8.123 milliún níos ísle ná an meastachán bunaidh. Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 5% agus +/- €100,000).

A.3 Pinsin chréachta agus mhíchumais, liúntais agus aiscí le hiar-chomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann nó i ndáil leo

Soláthar meastacháin €9 milliún; toradh €7.82 milliún

Baineann an fotheideal seo le thart ar 4% de chaiteachas na bpinsean míleata.

Is éard is cúis leis an difríocht sin ná gur íocadh líon ní ba lú pinsean míchumais agus cnapshuimeanna míthreoracha in 2020 ná mar a bhíothas ag súil leo. Is iad na tosca a bhfuil tionchar acu ar chaitheamh ná líon agus toradh na n-iarratas nua ar an bpinsean míchumais. Rud mór a chuaigh i bhfeidhm air sin in 2020 ná nach raibh Bord na nArm-Phinsean, a dhéanann imscrúdú ar iarratais ar an bpinsean míchumais agus ar aiscí míthreoracha, in ann teacht le chéile d'fhormhór na bliana de bharr shrianta phaindéim Covid-19.

A.5 Íocaíochtaí cúitimh

Soláthar mheastacháin €225,000; toradh €74,000

Déantar foráil sa phríomhghné 'teagmhasachta' den fhotheideal seo le haghaidh cúiteamh speisialta cnapshuime a bheith á íoc ag an Roinn Cosanta i ndáil le básanna a bhaineann le seirbhís ghaolmhar nó míthreorú comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann le linn dóibh bheith ar dualgas thar lear leis na Náisiúin Aontaithe agus ar mhisin áirithe eile. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí dá leithéid sa chatagóir seo in 2020.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Ranníocaíochtaí le Scéimeanna Pinsean Céilí agus Leanaí Óglaigh na hÉireann	3,347	3,223	3,425
2	Ranníocaíochtaí le (Príomh-)Scéimeanna Pinsean Ranníocach Óglaigh na hÉireann	1,500	1,692	1,636
3	Aisghabhálacha ró-íocaíochtaí	40	70	19
4	Íocaíochtaí faighte i ndáil le seirbhís aistrithe	40	—	—
5	Míreanna ilghnéitheacha	70	—	—
6	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair na seirbhíse poiblí	3	1	1
	Iomlán	**5,000**	**4,986**	**5,081**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000).

2 Ranníocaíochtaí le (Príomh-)Scéimeanna Pinsean Ranníocach Óglaigh na hÉireann

Measatachán €1.5 milliún; réadaithe €1.692 milliún

Is éard atá i gceist le formhór na bhfáltas faoin bhfotheideal seo ná ranníocaíochtaí fostaithe leis na scéimeanna pinsin ag pearsanra de chuid na mBuan-Óglach. Beidh éagsúlacht i gceist sna ranníocaíochtaí mar gheall ar athruithe pearsanra, tuillimh inphinsin agus arduithe céime sna Buan-Óglaigh. Dá réir sin, baineann deacracht leis an leibhéal fáltas a thuar in aon bhliain ar leith.

Nóta 5 Líon Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon Fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana	2020	2019
Líon foirne	**1**	**1**

5.2 Pá

	2020	2019
	€000	€000
Pá	59	49
ÁSPC an Fhostóra	2	2
Pá iomlán [a]	**61**	**51**

Nóta [a] Áirítear san fhigiúr pá thuas tuarastal comhalta foirne lánaimseartha amháin sa Roinn Cosanta (féach Nóta 5.1) a sholáthraíonn tacaíocht riaracháin do Bhord na nArm-Phinsean agus táillí a íocadh le beirt chomhaltaí den Bhord in 2020. Gearrtar na costais phá seo, agus na costais taistil gaolmhara de €3,000, chuig fotheideal A.1.

I láthair na huaire, tá 23.5 fostaí (coibhéisí lánaimseartha) sa Roinn Cosanta ag díriú go hiomlán ar shocruithe aoisliúntais agus míchumais Óglaigh na hÉireann a riar. Gearrtar a luach saothair, atá cothrom le thart ar €1,074,000, chuig Vóta 36.

5.3 Pinsean scoir (bliantúil) – meáníocaíochtaí le pearsanra de chuid na mBuan-Óglach atá imithe ar scor [a]

Catagóir an phinsinéara	Oifigigh ar scor ag deireadh na bliana		Meáníocaíocht aonair (slánaithe)	
	2020	2019	2020	2019
			€	€
Oifigigh ar scor	1,853	1,865	32,100	31,500
Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe (ONCanna) agus saighdiúirí singile ar scor	9,086	8,976	17,100	16,800
Cleithiúnaithe agus eile [b]	1,833	1,846		
Iomlán	**12,772**	**12,687**		

Nóta [a] Léirítear i dTábla 5.3 an líon iomlán daoine le haghaidh gach catagóire faighteoirí ó gach fotheideal ábhartha ag deireadh na bliana laistigh de Vóta 35. Tá pinsean scoir mhíleata agus pinsean míchumais mhíleata araon á bhfáil ag roinnt pearsanra ar scor, agus tá íocaíochtaí cosúla iníoctha freisin le roinnt céilí/leanaí pearsanra éagtha: ní chomhairtear faighteoirí dhá phinsean dá leithéid ach uair amháin chun críche líon na ndaoine thuasluaite. Déantar an mheáníocaíocht aonair pinsin taifeadta do phearsanra ar scor a ríomh trí thagairt a dhéanamh do chaiteachas iomlán ar phinsin scoir amhail deireadh na bliana faoi Fhotheideal A2.

[b] Níl an mheáníocaíocht aonair taifeadta thuas faoi 'cleithiúnaithe agus eile' de bhrí go dtugtar athrú sna suimeanna faoi deara mar gheall ar na catagóirí difriúla faighteoirí laistigh den fhoghrúpa seo. In 2020, bhí meánphinsean na gcleithiúnaithe a bhain le haoisliúntais le haghaidh 1,410 faighteoir cothrom le €9,300, a bhí cosúil le 2019, tríd is tríd.

5.4 Aisce scoir (cnapshuim) – meáníocaíochtaí nuair a imíonn duine ar scor le pinsean[a]

Catagóir an phinsinéara	Líon faighteoirí		Meáníocaíocht aonair (slánaithe)	
	2020	2019	2020	2019
			€	€
Daoine nua atá imithe ar scor a bhfuil pinsean á fháil acu i rith na bliana				
Oifigigh	25	51	99,250	91,700
Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe (ONCanna) agus saighdiúirí singile ar scor	267	361	44,550	39,600
Iomlán	**292**	**412**		

Nóta [a] Athraíonn leibhéal na haisce pinsin agus scoir ag brath ar an gcéim scoir, tuillimh inphinsin, seirbhís ináirithe iomlán, etc.

Nóta 6 Míreanna ilghnéitheacha

6.1 Íocaíochtaí sa bhreis ar theidlíochtaí

Bhí 83 ró-íocaíocht amuigh ag deireadh na bliana (2019: 74), a bhí cothrom le €64,686, dar bhain €24,728 le blianta roimhe sin. Tháinig ró-íocaíochtaí dar luach €102,652 chun solais in 2020, a ndearnadh €61,467 díobh a aisghabháil agus €1,227 a dhíscríobh. Tá iarrachtaí á ndéanamh aon suimeanna amuigh a aisghabháil. Baineann formhór na ró-íocaíochtaí seo leis an gcion den phinsean a íocadh sa tréimhse i ndiaidh dáta bás pinsinéara, i gcás gur próiseáladh an párolla míosúil don mhí sin cheana féin.

		2020	2019
	€	€	€
Iarmhéid tosaigh		**54,224**	**45,432**
Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh sa bhliain		102,652	58,525
		156,876	103,957
Forchúitithe			
Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh in 2020	61,467		
Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh roimh 2020	26,209	87,676	43,972
		69,200	59,985
Díscríofa			
Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh in 2020	1,227		
Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh in 2020	3,287	4,514	5,761
Iarmhéid deiridh		**64,686**	**54,224**

6.2 Íocaíochtaí faoi réir laghdú pinsean seirbhíse poiblí

Mura gcuirtear na figiúirí ag 6.1 thuas san áireamh, bhí 14 ró-íocaíocht eile amuigh ag deireadh na bliana a bhí cothrom le €40,327 (féach an tábla thíos). Bhain siad sin le hiar-chomhaltaí na mBuan-Óglach a raibh pinsin scoir mhíleata á bhfáil acu, a bhí tar éis glacadh le fostaíocht in áit éigin eile sa tseirbhís phoiblí. Tá a leithéid sin de phinsin faoi réir fhorálacha laghdaithe alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. I ngach cás, d'eascair na ró-íocaíochtaí pinsin as moilleanna a raibh an fostóir seirbhíse poiblí ábhartha freagrach astu i ndáil le fógra a chur chuig an Roinn Cosanta maidir le hathfhostú an phinsinéara. Tháinig ró-íocaíochtaí dar luach €8,136 chun solais in 2020 i ndáil le 5 chás, ar aisghabhadh €1,197 de.

		2020	2019
	€	€	€
Iarmhéid tosaigh		**50,201**	**52,950**
Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh sa bhliain		8,136	18,451
		58,337	71,401
Forchúitithe			
Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh roimh 2020	16,813		
Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh in 2020	1,197	18,010	21,200
Iarmhéid deiridh		**40,327**	**50,201**

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 36

Cosaint

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 36, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Cosanta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar an Oifig sin, ar phá agus costais Óglaigh na hÉireann, agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €6.172 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa ullmhú, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas seo á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

Stoc a luacháil

Déantar stoic mhíleata a luacháil ar a meánchostas. Déantar stoic an Aerchóir a luacháil ar a bpraghas ceannaigh. Déantar stoic na Roinne a luacháil ar an bpraghas ceannaigh is déanaí a bhí orthu. Tá earraí áirithe a rinneadh a athchóiriú ar áireamh i stoic Mhíleata agus an Aerchóir.

Sócmhainní Caipitiúla

Áirítear le sócmhainní caipitil sócmhainní ar a bhfuil luach níos lú ná €1,000.

Ní luacháiltear talamh agus foirgnimh agus ní chuirtear ar áireamh iad i sócmhainní caipitil (Nóta 2.1). Taispeántar sceideal talún agus foirgneamh arna riar ag an Roinn Cosanta in Aguisín A. Úsáidtear iad sin ar mhaithe le cuspóirí Óglaigh na hÉireann agus áirítear réadmhaoine uathúla agus tiomnaithe leo.

Déantar íocaíochtaí faoi chláir áirithe chun trealamh Óglaigh na hÉireann a fhorbairt, lena n-áirítear aerárthaí a cheannach agus iompróirí armúrtha pearsanra a athchóiriú, a thaifeadadh mar réamhíocaíochtaí go dtí go mbaintear úsáid astu, agus déantar iad a thaifeadadh mar shócmhainní caipitil an uair sin.

Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt

Tá íocaíochtaí maidir le forbairt talún agus foirgneamh arna riar ag an Roinn Cosanta ar áireamh mar chuid de nóta 2.2 – Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt. Nuair a chuirtear tionscadail den sórt sin i gcrích, baintear as sócmhainní caipitil atá á bhforbairt iad. Ní dhéantar aon aistriú chuig an gclár sócmhainní toisc nach bhfuil talamh agus foirgneamh ar áireamh i sócmhainní caipitil, ag teacht leis an bpolasaí atá luaite thuas.

Dímheas

Déantar dímheas ar shócmhainní míleata agus ar mhótarfheithiclí Cosanta Sibhialta anuas chuig luachanna iarmharacha ar rátaí éagsúla idir 3% agus 20% in aghaidh na bliana agus úsáid á baint as modh an mhéid chothroim.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach a dhearbhú go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialuithe inmheánacha a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dheimhnithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte á rá go ndéantar na rialuithe iomchuí a chur i bhfeidhm chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Seo a leanas an suíomh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm chun mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú

- go bhfuil na treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Oibríonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí go neamhspleách agus tá a chuid oibre á threorú ag anailís ar na rioscaí airgeadais dá bhfuil an Roinn nochta agus tá a chuid pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ar an dea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Chloígh an Roinn leis na treoirlínte seachas i gcás 23 chonradh (ar a raibh luach breis agus €25,000), agus b'ionann a luach iomlán in 2020 agus €818,471 (gan CBL a áireamh), faoi mar a leagtar amach thíos:

- méadaíodh dhá chonradh ar a raibh luach €56,650 os cionn an bhunluacha mheasta
- bhí ceithre chonradh ar a raibh luach €156,446 ag feitheamh le go gcríochnófaí socruithe lárnacha ceannaigh
- síneadh ocht gconradh ar a raibh luach €240,736 i ndiaidh théarma an chonartha bunaidh
- cuireadh moill ar naoi gconradh ar a raibh luach €364,639 ar feitheamh toradh athbhreithnithe inmheánaigh beartais.

Rinne an Roinn athbhreithniú ar gach ceann de na 23 chonradh sin, agus táthar ag dul i mbun beart chun go gcomhlíonfaidh gach ceann de na conarthaí seo rialacha maidir le soláthar iomaíoch a thapúla agus is féidir.

Sholáthair an Roinn sonraí faoi na conarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuirtear na 23 chonradh a dtugtar cuntas orthu thuas, seachas trí chonradh ar a bhfuil luach €76,106, ar áireamh sa tuairisceán seo.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca chun feidhme lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Roinn agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn míosúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí i leith leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sannann sé freagracht as oibriú rialuithe do chomhaltaí sonracha foirne.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don lucht ardbhainistíochta agus an Bord Bainistíochta, i gcás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a thugtar le fios a shainaithnítear.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais na Roinne curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht bainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Paindéim Covid-19

Mar thoradh ar thosach phaindéim Covid-19 go luath in 2020, rinneadh roinnt athruithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe agus tugadh oibriú cianda agus fíorúil isteach, i gcás gur phraiticiúil agus gur chuí, agus aird á tabhairt ar chineál na hoibre sa Roinn. Mar thoradh air sin, thug an Roinn roinnt athruithe nós imeachta agus rialaithe isteach. Faoi chreat riosca agus rialaithe na Roinne, thug an lucht bainistíochta faoi mheasúnú riosca iomlán ar thionchar phaindéim Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe. Deimhním go leanann na rialuithe, na rialuithe reatha agus iad siúd a tugadh isteach mar thoradh ar Covid-19 araon, de bheith éifeachtach.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2020 óna dteastaíonn nochtadh sa chuntas leithreasa.

Jacqui McCrum
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cosanta

31 Márta 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 36 Cosaint

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 36 Cosaint don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse, maidir leis an gcuntas leithreasa,

- léirítear go cuí ann fáltais agus caiteachas Vóta 36 Cosaint don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bunús na tuairime

Sheol mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht atá fógartha ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin siúd sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*. Táim neamhspleách ar an Roinn Cosanta agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach agus ar cheisteanna eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, anuas ar an gcuntas leithreasa, i láthair. Déantar cur síos sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa* ar m'fhreagrachtaí chun tuairisciú a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis sa ráiteas, agus ar cheisteanna áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur thit cásanna ábhartha neamhchomhlíonta rialacha náisiúnta soláthair amach maidir le conarthaí a oibríodh in 2020.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

1 Meán Fómhair 2021

Vóta 36 Cosaint

Cuntas Leithreasa 2020

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Beartas agus tacaíocht cosanta, inniúlachtaí míleata agus torthaí oibriúcháin	781,031	780,999	756,094
Ollchaiteachas		**781,031**	**780,999**	**756,094**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**24,070**	**30,210**	**32,154**
Glanchaiteachas		**756,961**	**750,789**	**723,940**

Farasbarr

Is ionann an farasbarr agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glansuime a caitheadh atá faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**6,171,741**	**11,372,702**

Jacqui McCrum
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn Cosanta

31 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costas an chláir		754,376	733,063
Riarachán – pá		19,691	18,586
Riarachán – neamhphá		6,932	4,445
Ollchaiteachas		**780,999**	**756,094**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**30,210**	**32,154**
Glanchaiteachas		**750,789**	**723,940**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(121,708)		
Dímheas	57,007		
Caillteanas ar dhiúscairtí	457		
Diúscairtí airgid thirim	124	(64,120)	(58,052)
Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt			
Íocaíochtaí airgid thirim		(11,714)	(15,495)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(1,206)		
Méadú ar stoc	(3,886)	(5,092)	(51)
Caiteachas díreach		**669,863**	**650,342**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1)	11,510		
Measchíosanna	1,339		
		12,849	**12,899**
Glanchostas an chláir		**682,712**	**663,241**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 36 a tabhaíodh in áit eile, glan ar chaiteachas a tabhaíodh maidir le vótaí eile.

		2020 €000	2019 €000
Vóta 1	Teaghlachas an Uachtaráin	(432)	(422)
Vóta 2	Roinn an Taoisigh	(85)	(82)
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	4	9
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	11,813	11,575
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	643	531
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	1,002	898
Vóta 35	Arm-Phinsin	(1,646)	(1,378)
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	71	—
An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí		140	126
		11,510	**11,257**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	587,408	553,482
Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	2.2	6,660	6,012
		594,068	559,494
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	17,038	19,267
Stoic	2.4	220,237	216,351
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	521	866
Réamhíocaíochtaí	2.6	152,906	116,433
Ioncam fabhraithe		3,085	3,997
Iomlán na sócmhainní reatha		**393,787**	**356,914**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		10,656	6,482
Ioncam iarchurtha		32	45
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.7	11,384	15,803
Glanmhaoiniú Státchiste	2.8	6,175	4,330
Iomlán na ndliteanas reatha		**28,247**	**26,660**
Glansócmhainní reatha		365,540	330,254
Glansócmhainní		**959,608**	**889,748**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.9	**959,608**	**889,748**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh míleata	Trealamh cosanta sibhialta	Oifig agus trealamh TF	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	1,205,447	4,704	54,644	1,264,795
Breiseanna	88,630	183	2,701	91,514
Diúscairtí	(2,479)	(203)	(2,357)	(5,039)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	1,291,598	4,684	54,988	1,351,270
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	666,242	2,273	42,798	711,313
Dímheas don bhliain	52,418	367	4,222	57,007
Dímheas ar dhiúscairtí	(2,133)	(108)	(2,217)	(4,458)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	716,527	2,532	44,803	763,862
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020 [a]	**575,071**	**2,152**	**10,185**	**587,408**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	539,205	2,431	11,846	553,482

Nóta [a] Riarann an Roinn Cosanta gabháltais talún (thart ar 8,300 heicteár) agus foirgnimh ag láithreacha iolracha ar fud na tíre, ar meascán d'áiseanna oibríochtúla míleata, tailte traenála, ceathrúna do lucht pósta agus réadmhaoin eile iad, faoi mar a leagtar amach in Aguisín A – Sceideal talún agus foirgneamh.

2.2 Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt

	Conarthaí tógála
	€000
Suimeanna a tugadh anonn ag an 1 Eanáir 2020	6,012
Íocaíochtaí airgid thirim sa bhliain	11,714
Tionscadail a críochnaíodh [a]	(11,066)
Suimeanna a tugadh anonn ag an 31 Nollaig 2020	**6,660**

Nóta [a] Nuair a chuirtear tionscadail i gcrích a dhéanann talamh agus foirgnimh a fhorbairt, baintear as sócmhainní caipitil atá á bhforbairt iad. Ní dhéantar aon aistriú chuig an gclár sócmhainní toisc nach bhfuil talamh agus foirgnimh ar áireamh i sócmhainní caipitil.

2.3 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta (PMG)	15,697	18,570
Iarmhéideanna eile cuntas bainc agus airgid thirim	1,341	697
	17,038	**19,267**

Cuntais bhainc neamh-Vóta

Tá 13 chuntas bainc eile ann a ndéanann pearsanra Óglaigh na hÉireann bainistiú orthu chun córas na mbéilí neamhfhoirmiúla a riar sna beairicí. Ní eisítear aon chistiú ón Vóta chuig na cuntais bhainc sin. Ba é €16,261 an tsuim a bhí á coimeád ag deireadh 2020 (2019: €13,375). Ní chuirtear an t-iarmhéid sin ar áireamh sa tsuim maidir le 'banc agus airgead tirim' a léirítear thuas.

2.4 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Stoic mhíleata [a]	219,115	215,142
Cosaint Shibhialta	1,045	1,135
Páipéarachas	19	18
Ábhair inchaite TF	58	56
	220,237	**216,351**

Nóta [a] B'ionann nithe a díscríobhadh agus stoc míleata imithe as feidhm sa bhliain agus €2.477 milliún.

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Párolla	38	—
Óinchiste	314	724
An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre	129	87
Thar lear	3	30
Míreanna dochair eile ar fionraí	37	25
	521	**866**

2.6 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Aerárthaí patróil mhuirí	116,803	55,394
Clár cothabhála agus uasghrádaithe an fhlít iompróirí armúrtha pearsanra	8,321	21,323
Aerárthaí fóntais sciathán dobhogtha	—	29,000
Feithiclí iompair saighdiúirí	5,546	—
Príomharmáil a nuachóiriú	3,669	98
Clár diúracáin sleá	3,624	585
Trealamh Óglaigh na hÉireann a fháil	2,836	—
Eile	12,107	10,033
	152,906	**116,433**

2.7 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	4	629
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	14	793
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	250	182
Cáin bhreisluacha	10,677	13,345
Ranníocaíochtaí pinsin	22	101
Cáin mhaoine áitiúil	—	6
Muirear sóisialach uilíoch	—	156
Cáin chonarthaí iomchuí	176	15
	11,143	15,227
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	10	407
Míreanna creidmheasa eile ar fionraí	231	169
	11,384	**15,803**

2.8 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	6,172	11,373
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	3	(7,043)
Glanmhaoiniú Státchiste	**6,175**	**4,330**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	17,038	19,267
Iarmhéideanna dochair: fionraí	521	866
	17,559	20,133
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(11,143)	(15,227)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(241)	(576)
	(11,384)	(15,803)
	6,175	**4,330**

2.9 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			889,748	828,992
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	756,961		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(6,172)		
Glanvóta			750,789	723,940
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		11,510	11,257
Míreanna eile (neamhairgid)			—	(366)
Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt a críochnaíodh sa bhliain	2.2		(11,066)	(12,476)
Caiteachas neamhairgid – measchíosanna	1		1,339	1,642
Glanchostas an chláir	1		(682,712)	(663,241)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**959,608**	**889,748**

2.10 Ceangaltais

a) Ceangaltais is in-fhorfheidhmithe le dlí

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Earraí agus seirbhísí a sholáthar	11,682	9,299
Tionscadail chaipitil	192,324	243,620
Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí	**204,006**	**252,919**

b) Mórthionscadail chaipitil

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019 €000	Caiteachas in 2020 €000	Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis sin €000	Caitheamh ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2020 €000	Caitheamh ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2019 €000
Clár athsholáthair agus tionscadal armála árthaí cabhlaigh	287,591	—	3	287,594	287,594
Clár cothabhála agus uasghrádaithe d'iompróirí armúrtha pearsanra	57,246	11,262	26,492	95,000 [a]	68,000
Tionscadal ailtireachta deisce fíorúla do bhonneagar TF	10,754	1,368	678	12,800	12,800
Aerárthaí fóntais sciathán dobhogtha	29,000	18,223	587	47,810 [b]	43,446
Athoiriúnú lárshaoil LÉ Róisín	5,681	4,941	1,678	12,300	12,300
Athoiriúnú lárshaoil LÉ Niamh	332	1,596	10,372	12,300	—
Aerárthaí patróil mhuirí	55,394	61,409	105,299	222,102 [c]	221,578
Athsholáthar an fhlít 4x4 ¾ tonna (FFR)	4,544	4,591	9,043	18,178	18,178
Feithiclí iompair saighdiúirí	—	5,546	19,054	24,600	—
Iomlán	**450,542**	**108,936**	**173,206**	**732,684**	**663,896**

Nóta [a] Mar gheall ar riachtanais bhreise é an méadú €27 milliún ar chaitheamh ionchais iomlán an tionscadail nárbh fhéidir iad a thuar i dtosach. Is éard is cúis leis an gcostas méadaithe ná obair bhreise a rinneadh agus acmhainní a soláthraíodh.

[b] Mar gheall gur cuireadh aerárthach eile ar fáil don tionscadal é an méadú €4.364 milliún ar chaitheamh ionchais iomlán an tionscadail.

[c] Mar gheall ar chostais bhreise a ndearnadh soláthar dóibh sa bhunchonradh é an méadú €524,000 ar chaitheamh ionchais iomlán an tionscadail. Níorbh eol sonraí iomlána na gcostas seo nuair a bronnadh an conradh in 2019.

2.11 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nár scaoileadh ag deireadh na bliana	**177**	**1,562**

2.12 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlíthiúla ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Ní cinnte aon suim iarbhír ná uainiú na ndliteanas féideartha.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cuimsítear caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos i gClár A chun costálacha iomlána cláir a chur i láthair.

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	20,400	19,691	18,586
ii	Taisteal agus cothú	650	374	576
iii	Oiliúint agus forbairt agus speanais theagmhasacha	315	299	325
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	660	616	385
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	4,256	4,090	2,308
vi	Costais áitribh oifige	950	1,429	805
vii	Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	190	124	46
		27,421	**26,623**	**23,031**

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha ar chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €650,000; toradh €374,000

Ba shrianta a bhí i bhfeidhm mar gheall ar Covid-19 ba chúis leis an ngannchaitheamh €276,000.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin: €950,000; toradh €1.429 milliún

Ba iad na príomhchúiseanna leis an róchaitheamh €479,000 athchóiriú gan choinne ar fhoirgneamh in oifig na Bruiséile.

Clár A Beartas agus tacaíocht chosanta, inniúlachtaí míleata agus torthaí oibriúcháin

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	20,400	19,691	18,586
A.2	Riarachán − neamhphá	7,021	6,932	4,445
A.3	An Buanfhórsa Cosanta: pá	438,061	405,459	418,650
A.4	An Buanfhórsa Cosanta: liúntais	47,252	46,488	44,028
A.5	An Buanfhórsa Cosanta: pá, etc.	1,650	1,015	1,551
A.6	Séiplínigh agus sagairt cheiliúrtha: pá agus liúntais	1,250	1,116	1,103
A.7	Tacaíocht shibhialtach Óglaigh na hÉireann: pá agus liúntais, etc.	21,200	20,180	19,352
A.8	Óglaigh na hÉireann: forbairt inniúlachta	89,500	128,436	102,476
A.9	An tAerchór: trealamh agus tacaíocht	17,660	20,403	17,450
A.10	Iompar míleata	18,990	21,002	16,275
A.11	An tSeirbhís Chabhlaigh: trealamh agus tacaíocht	12,200	11,720	13,443
A.12	Costais agus trealamh innealtóireachta beairicí	14,680	13,009	13,791
A.13	Bonneagar tógtha Óglaigh na hÉireann: tógáil agus cothabháil	28,100	20,835	23,826
A.14	Éidí, éadaí, trealamh agus lónadóireacht Óglaigh na hÉireann	14,480	15,892	15,505
A.15	Cumarsáid agus TF Óglaigh na hÉireann	14,340	15,390	13,133
A.16	Oideachas míleata agus oiliúint mhíleata	2,350	2,386	2,319
A.17	Lóistíocht agus taisteal Óglaigh na hÉireann	3,578	3,236	3,908
A.18	Tacaíocht leighis agus cúraim sláinte Óglaigh na hÉireann	7,300	6,822	6,732
A.19	Tailte	800	563	855
A.20	Eachaíocht	900	845	970
A.21	Costais dlíthíochta agus chúitimh	6,800	6,997	6,417
A.22	Caiteachas ilghnéitheach	4,067	3,679	3,773
A.23	Costais a eascraíonn go díreach as rannpháirtíocht na hÉireann i gComhbheartas Slándála agus Cosanta AE	1,947	2,445	1,839
A.24	Cosaint Shibhialta (lena n-áirítear ciste na gcuntas díomhaoin)	5,540	5,493	4,735
A.25	Cros Dhearg na hÉireann	965	965	932
		781,031	**780,999**	**756,094**

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha ar chaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000).

A.3 An Buanfhórsa Cosanta: pá

Soláthar meastacháin €438.061 milliún; toradh €405.459 milliún

B'earcaíocht ní b'ísle ná mar a tuaradh in 2020, ónar eascair líonta ní b'ísle ná mar a raibh coinne leis de phearsanra a bheith ag fónamh sa Bhuanfhórsa Cosanta i rith na bliana, ba chúis leis an ngannchaitheamh €32.602 milliún.

A.5 An Buanfhórsa Cosanta: pá, etc.

Soláthar meastacháin €1.65 milliún; toradh €1.015 milliún

Ba é ba chúis leis an ngannchaitheamh €635,000 ná go raibh na leibhéil foirne ní ba lú ná mar a bhí beartaithe agus ba lú an oiliúint íoctha ar thug cúltacairí fúithi, dá bharr, ná mar a raibh coinne leis.

A.6 Séiplínigh agus sagairt cheiliúrtha: pá agus liúntais

Soláthar meastacháin €1.25 milliún; toradh €1.116 milliún

Bhí an gannchaitheamh €134,000 mar gheall ar líonta ní ba lú de shéiplínigh a bheith ag fónamh in 2020 ná mar a raibh coinne leis mar thoradh ar mhoilleanna a bhí ar earcaíocht.

A.8 Óglaigh na hÉireann: forbairt inniúlachta

Soláthar meastacháin €89.5 milliún; toradh €128.436 milliún

Ba é ba phríomhchúis leis an róchaitheamh €38.936 milliún caiteachas breise ar an gclár athsholáthair aerárthaí agus ar threalamh cosanta a sholáthar.

A.9 An tAerchór: trealamh agus tacaíocht

Soláthar meastacháin €17.66 milliún; toradh €20.403 milliún

Ba é ba chúis leis an róchaitheamh €2.743 milliún gur ghá dhá fheithicil tuairte a éadáil agus costais mhéadaithe ar shaintraenáil. Rinneadh an róchaitheamh sin a fhritháireamh go páirteach le laghdú ar chostais bhreosla.

A.10 Iompar míleata

Soláthar meastacháin €18.99 milliún; toradh €21.002 milliún

Ba é ba phríomhchúis leis an róchaitheamh €2.012 milliún gur ghá feithiclí míleata athsholáthair a cheannach. Bhí an róchaitheamh seo fritháirithe go páirteach ag costais bhreosla a bhí ní b'ísle ná mar a raibh coinne leis.

A.12 Costais agus trealamh innealtóireachta beairicí

Soláthar meastacháin €14.68 milliún; toradh €13.009 milliún

Ba é ba chúis leis an ngannchaitheamh €1.671 milliún ná éifeachtúlachtaí fuinnimh níos fearr i mbeairicí agus an laghdú ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin/traenála mar gheall ar shrianta Covid-19.

A.13 Bonneagar tógtha Óglaigh na hÉireann: tógáil agus cothabháil

Soláthar meastacháin €28.1 milliún; toradh €20.835 milliún

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh €7.265 milliún ná moilleanna ar an gclár caipitil a chur chun cinn, anuas ar láithreáin tógála a dhúnadh agus ar bhearta eile ar ghá tabhairt fúthu mar gheall ar phaindéim Covid-19.

A.14 Éidí, éadaí, trealamh agus lónadóireacht Óglaigh na hÉireann

Soláthar meastacháin €14.48 milliún; toradh €15.892 milliún

Ba é ba chúis leis an róchaitheamh €1.412 milliún ná costais bhreise a d'eascair as TCP Covid-19 a fháil agus as costais mhéadaithe éidí. Bhí an róchaitheamh sin fritháirithe go páirteach ag costais lónadóireachta agus soláthairtí a bhí ní b'ísle ná mar a raibh coinne leis.

A.15 Cumarsáid agus TF Óglaigh na hÉireann

Soláthar meastacháin €14.34 milliún; toradh €15.390 milliún

Ba é ba phríomhchúis leis an róchaitheamh €1.050 milliún gur ghá trealamh bunriachtanach teileachumarsáide breise a sholáthar.

A.17 Lóistíocht agus taisteal Óglaigh na hÉireann

Soláthar meastacháin €3.578 milliún; toradh €3.236 milliún

Bhí an gannchaitheamh €342,000 mar gheall ar chostais taistil ní b'ísle ná mar a measadh ar thaisteal intíre agus iasachta mar gheall ar shrianta Covid-19.

A.18 Tacaíocht leighis agus cúraim sláinte Óglaigh na hÉireann

Soláthar meastacháin €7.3 milliún; toradh €6.822 milliún

Ba é ba chúis leis an ngannchaitheamh €478,000 gur cealaíodh roinnt coinní agus gnáthaimh leighis mar gheall ar phaindéim Covid-19.

A.19 Tailte

Soláthar meastacháin €800,000; toradh €563,000

Ba é ba chúis leis an ngannchaitheamh €237,000 moilleanna ar roinnt tionscadail timpeallachta a bhí ar na bacáin in 2020 nár leanadh ar aghaidh leo mar gheall ar phaindéim Covid-19 agus ar shrianta gaolmhara.

A.22 Caiteachas ilghnéitheach

Soláthar meastacháin €4.067 milliún; toradh €3.679 milliún

Ba é ba chúis leis an ngannchaitheamh €388,000 gur tháinig laghdú substainteach ar imeachtaí searmanais oifigiúla mar gheall ar phaindéim Covid-19. Bhí moill freisin ar obair ar shaintionscadail a bhí beartaithe d'iarshaighdiúirí.

A.23 Costais Chomhbheartas Slándála agus Cosanta AE

Soláthar meastacháin €1.947 milliún; toradh €2.445 milliún

Ba iad na príomhchúiseanna a bhí leis an róchaitheamh €498,000 ná méadú ar chostais choiteanna AE agus ar chistiú na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe maidir le liúntais thar lear, etc.	8,113	13,234	14,919
2	Fáltais ó AE maidir le costais cosanta iascaigh	—	—	—
3	Fáltais ó bhainc agus eagraíochtaí eile	1,300	1,445	1,333
4	Fáltais ó áitiú ceathrúna oifigiúla	90	140	175
5	Fáltais ó chiondálacha ar aisíocaíocht	450	347	766
6	Fáltais ó shaincheisteanna eile ar aisíocaíocht	20	25	24
7	Fáltais ó bhreosla eitlíochta	40	48	16
8	Fáltais ar chur i gcrích de réir ceannacháin	50	104	243
9	Tailte agus áitreabh			
	(a) cíosanna, etc.	462	407	560
	(b) díolacháin	650	1	217
10	Stórtha farasbairr a dhíol	100	311	83
11	Aisíocaíochtaí maidir le seirbhísí pearsanra ar iasacht	50	67	75
12	Ilghnéitheach	300	601	690
13	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	11,345	12,475	12,551
14	Ciste na gCuntas Díomhaoin	1,100	1,005	502
	Iomlán	**24,070**	**30,210**	**32,154**

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha ar chaiteachas fáltas (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí i gcabhair €6.14 milliún ní ba mhó ná mar a tuaradh i dtosach. Tugtar míniú ar na difríochtaí thíos:

1 Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe maidir le liúntais thar lear, etc.

Measachán €8.113 milliún; réadaithe €13.234 milliún

Bhí an farasbarr €5.121 milliún mar gheall ar fháltais ní ba mhó ná mar a raibh coinne leis ó NA maidir le costais trealaimh agus saighdiúirí. Is deacair uainiú fáltas ó NA a thuar. Féach Nóta 6.1.

3 Fáltais ó bhainc agus eagraíochtaí eile

Measachán €1.3 milliún; réadaithe €1.445 milliún

Ba é ba chúis leis an bhfarasbarr €145,000 ná go raibh líonta ní b'airde ná mar a raibh coinne leis d'fháltais as slándáil faoi airm a sholáthar.

5 Fáltais ó chiondálacha ar aisíocaíocht

Measachán €450,000; réadaithe €347,000

Ba é ba chúis leis an easnamh €103,000 ná gur cuireadh ní ba lú ciondálacha ar fáil d'Óglaigh na hÉireann ná mar a raibh coinne leis.

9 Talamh agus áitreabh

Measachán €1.112 milliún; réadaithe €408,000

Bhí an t-easnamh €704,000 mar gheall ar mhoilleanna a bhí ar réadmhaoin mhíleata farasbairr a dhíol.

10 Stórtha farasbairr a dhíol

Measachán €100,000; réadaithe €311,000

Ba é ba chúis leis an bhfarasbarr €211,000 ná go raibh líonta ní b'airde ná mar a raibh coinne leis d'fháltais as fuíollábhar ann.

12 Ilghnéitheach

Measachán €300,000; réadaithe €601,000

Ba é ba phríomhchúis leis an bhfarasbarr €301,000 ná go raibh líonta ní b'airde ná mar a raibh coinne leis d'fháltais i dtaca le haisíocaíochtaí as táillí traenála agus oideachais.

13 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí

Measachán €11.345 milliún; réadaithe €12.475 milliún

Tháinig an farasbarr €1.13 milliún aníos mar gheall gur deacair fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais a mheas go cruinn, go háirithe in Óglaigh na hÉireann, nuair a chuirtear an raon saincheisteanna san áireamh ar féidir leo tionchar a imirt ar na ríomhanna, lena n-áirítear liostáil, scoir, réimse liúntas etc.

4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Géilleadh deonach pá	—	12
A aistríodh chuig an Státchiste	—	(12)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**—**	**—**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon na foirne ag deireadh na bliana	**9,396**	**9,477**

5.2 Pá

Luach saothair na foirne uile

	2020	2019
	€000	€000
Pá	403,752	416,033
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	220	244
Ragobair	373	339
Liúntas sealoibre agus uainchláir	240	228
Liúntais mhíleata agus eile	40,515	37,142
ÁSPC an fhostóra	40,972	39,888
Pá iomlán [a, b]	**486,072**	**493,874**

Nóta [a] Ní chuirtear ar áireamh sna hiomláin fhoriomlána Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann, arb ionann é sin agus ceathrar pearsanra agus pá iomlán €273,097. Cuireann an oifig sin cuntas ar leith le chéile.

[b] Is ionann pá iomlán agus gnéithe pá Fhotheidil A.1, A.3, A.4, A.6 agus A.7.

5.3 Státseirbhísigh

	2020	2019
Coibhéisí lánaimseartha		
Líon na foirne ag deireadh na bliana	357	351

	2020 €000	2019 €000
Pá	18,337	17,358
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	87	95
Liúntais eile	51	50
Ragobair	99	92
ÁSPC an Fhostóra	1,117	991
Pá iomlán	**19,691**	**18,586**

Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó	
			2020 €	2019 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	12	2	20,722	20,505
Liúntais eile	14	—	8,645	8,505
Ragobair	66	1	23,551	13,821
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	10	2	15,410	14,726

5.4 Fostaithe sibhialtacha

	2020	2019
Coibhéisí lánaimseartha		
Líon na foirne ag deireadh na bliana	444	442

	2020 €000	2019 €000
Pá	16,882	16,049
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	133	149
Ragobair	274	247
Liúntais sealoibre agus uainchláir	240	228
Liúntas am taistil	445	444
Liúntais uirlisí agus liúntais eile	202	200
ÁSPC an Fhostóra	1,831	1,787
Pá iomlán	**20,007**	**19,104**

Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó	
			2020 €	2019 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	63	—	9,361	11,465
Ragobair	128	—	9,375	9,298
Liúntais sealoibre agus uainchláir	36	4	15,935	15,265
Liúntas am taistil	62	16	13,257	12,890
Liúntais uirlisí agus liúntais eile	262	—	3,298	3,235
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	168	36	26,158	26,413

5.5 Buanfhórsa Cosanta (lena n-áirítear Seirbhís Altranais an Airm agus Séiplíneacht)

	2020	2019
Coibhéisí lánaimseartha		
Líon na foirne ag deireadh na bliana	8,595	8,684

	2020 €000	2019 €000
Pá agus liúntais i gcomhair seirbhís mhíleata	368,533	382,626
Liúntais thar lear	19,371	20,751
Liúntais i gcomhair dualgas slándála	14,186	8,905
Liúntas i gcomhair dualgas ar an teorainn	2,128	2,121
Liúntas i gcomhair dualgas patróil	1,743	2,469
Liúntais ilghnéitheacha	2,389	2,202
ÁSPC an Fhostóra	38,024	37,110
Pá iomlán	**446,374**	**456,184**

Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó	
			2020 €	2019 €
Liúntais thar lear	1,631	916	41,376	39,184
Liúntais i gcomhair dualgas slándála	7,449	31	21,815	18,823
Liúntas i gcomhair dualgas ar an teorainn	493	—	5,840	12,710
Liúntas i gcomhair dualgas patróil	572	—	9,015	10,668
Liúntais ilghnéitheacha	826	97	15,147	16,132
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	2,720	1,072	41,024	34,532

5.6 Íocaíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim

Rinneadh íocaíocht €74,797 leis na Coimisinéirí Ioncaim in 2020 as sochar comhchineáil maidir le táillí reachtúla ospidéil phoiblí a gearradh ar chleithiúnaithe le comhaltaí liostáilte den Bhuanfhórsa Cosanta in 2019.

5.7 Socruithe luach saothair eile

Íocadh €1,000,879 ar an iomlán, le 31 phearsa Óglaigh na hÉireann a bhí ar scor agus a raibh pinsin Óglaigh na hÉireann á bhfáil acu, arbh íocaíochtaí idir €899 agus €72,974 iad, agus a athfhostaíodh chun dualgais éagsúla a dhéanamh le linn 2020. Anuas air sin, íocadh €34,973 ar an iomlán, arbh íocaíochtaí idir €260 agus €6,441 iad, le 22 fhostaí sa tseirbhís phoiblí a bhí ar scor a raibh pinsin seirbhíse poiblí a bhfáil acu, agus a athfhostaíodh chun dualgais éagsúla a dhéanamh le linn 2020. Tá nósanna imeachta cuí i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí le pearsanra ar scor i gcomhréir le halt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

5.8 Foireann ar iasacht

Áirítear leis an gcuntas seo caiteachas €160,707 maidir le cúigear oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2020 ar fad nó cuid di agus nach ndearna an Roinn a dtuarastail a fhorchúiteamh.

Ní áirítear leis an gcuntas seo caiteachas maidir le ceathrar oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2020 ar fad nó cuid di i ranna/oifigí eile Rialtais. D'íoc na ranna/na hoifigí ina raibh siad ag fónamh a dtuarastail.

5.9 Ró-Íocaíochtaí párolla

Ag an 31 Nollaig	**2020**	**2019**
Líon na bhfaighteoirí	137	185
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	45	70
	€	**€**
Ró-íocaíochtaí	175,210	196,132
Luach na bpleananna aisghabhála	78,454	122,054

Níor aistríodh aon ró-íocaíochtaí ón Roinn Cosanta chuig aon roinn/oifig eile in 2020.

5.10 Cóireáil leighis

Cuireadh seirbhísí d'othair chónaitheacha agus sheachtracha ar fáil don phearsanra liostáilte agus dá gcleithiúnaithe in ospidéil phoiblí gan an muirear reachtúil a chur i bhfeidhm.

5.11 Scaoilíocaíochtaí/Iomarcaíocht

Le linn 2020, íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta ar luach iomlán €17,184 agus scaoilíocaíochtaí ar luach iomlán €42,671 le beirt bhall foirne ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht.

Grád	**Scaoilíocaíocht**	**Blianta breise de sheirbhís bharúlach**	**Pinsean a íoc go luath gan aon laghdú achtúireach (blianta)**
	€		
Coibhéis Phríomhoifigigh	24,098	—	—
Coibhéis Oifigeach Cléireachais	18,573	—	—
Iomlán	**42,671**		

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Misin thar lear

Tá sa chuntas seo na suimeanna a thugtar le fios thíos maidir le luach saothair an phearsanra mhíleata a fhónann le hoibríochtaí tacaíochta síochána NA agus AE agus le heagraíochtaí éagsúla, anuas ar chostais taistil agus chothaithe agus iompair:

	2020 €000	2019 €000
Misin NA agus AE:		
UNIFIL (an Liobáin)	31,235	36,283
UNDOF (Arda Golan)	12,581	11,273
KFOR (an Chosaiv)	1,463	1,468
EUFOR (an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin)	567	569
Misin eile na NA agus an AE	4,878	4,164
	50,724	53,757
Eile:		
Ionadaithe agus comhairleoirí míleata	2,103	1,896
Cathghrúpa na Gearmáine	1,611	361
An Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip	183	28
Oibríochtaí sa Mheánmhuir (cuardach agus tarrtháil)	682	229
Iomlán	**55,303**	**56,271**

As an tsuim €50.72 milliún a sonraíodh do mhisin na Náisiún Aontaithe agus AE, baineann €6.9 milliún le misin, a n-íocann an Stát as a gcostais iomlána. Baineann an fuílleach €43.82 milliún le UNIFIL agus UNDOF a ndearnadh socruithe i ndáil leo leis na Náisiúin Aontaithe go ndéanfar costais áirithe a aisíoc. Braitheann uainiú na n-aisíocaíochtaí ó na Náisiúin Aontaithe ar thosca éagsúla, lena n-áirítear an cistiú atá ar fáil don eagraíocht sin.

Ba í an tsuim féin a fuarthas ó NA trí leithreasaí-i-gcabhair in 2020 ná €13.2 milliún, ina raibh suim €6.8 milliún le haghaidh costais phearsanra agus suim €6.4 milliún le haghaidh costais trealaimh. Ba í €3.2 milliún an tsuim a bhí le híoc go fóill ag deireadh na bliana (costais phearsanra €1.7 milliún agus costais trealaimh €1.5 milliún).

6.2 Tacaíocht do chumainn ionadaíocha Óglaigh na hÉireann

Tá suim iomlán €519,629 sa chuntas seo maidir le luach saothair pearsanra mhíleata a tugadh ar iasacht do chumainn ionadaíocha agus costais riaracháin áirithe ghaolmhara.

6.3 Nithe a díscríobhadh

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas laistigh den bhliain.

	2020 €000	2019 €000
Damáiste d'fheithiclí míleata	73	73
Caillteanas, nó damáiste stóras, trealaimh nó réadmhaoine	35	—
Fiachas a díscríobhadh	11	—

6.4 Costais chúitimh agus dlí

	Líon na gcásanna	Costais dlí a d'íoc an Roinn	Cúiteamh a dámhadh	Costais dlí a dámhadh	Iomlán 2020	Iomlán 2019
		€000	€000	€000	€000	€000
Fostaithe an Vóta						
Cásanna díobhála pearsanta	218	1,340	2,787	1,460	5,587	3,996
Cásanna a bhaineann le riarachán/fostaíocht	697	128	296	748	1,172	1,208
Daoine den phobal						
Díobháil phearsanta	33	13	83	263	359	1,196
		1,481	**3,166**	**2,471**	**7,118**	**6,400**

Nóta Baineann na figiúirí thuas le gach cás ina ndearnadh íocaíochtaí in 2020. Áirítear leo sin cásanna a réitíodh i mblianta roimhe seo, iad siúd a réitíodh in 2020 agus iad siúd atá ar bun go fóill.

6.5 Eadráin agus idir-réiteach

Tabhaíodh costais €3,000 in 2020 (2019: €28,674). Níor réitíodh aon chásanna ar bhreithniú, ar eadráin agus/nó ar idir-réiteach in 2020 (2019: cúig chás).

Aguisín A Sceideal talún agus foirgneamh

1. Dílsithe san Aire Cosanta

Maoin	Achar (heicteáir) [a]
An Clár	
Campa Chnoc an Lisín	51.24
Corcaigh	
Dún Uí Mhurchú, Baile an Chollaigh	0.89
Dún Uí Choileáin, Corcaigh	24.22
Cuid de Pháirc an Champa, Dún Uí Choileáin	—
An tSeanbheairic agus an Reilig, Mainistir Fhear Maí	4.23
Campa Mhic Gearailt, Mainistir Fhear Maí	0.40
Áitreabh RDF, Cill Chrócháin	0.40
Plásóg Chuimhneacháin Mhíchil Uí Choileáin, Béal na mBláth	0.004
Áitreabh RDF, an Sciobairín	0.20
Áitreabh RDF, Mala	0.03
Baile Átha Cliath	
Aeradróm Mhic Easmainn, Baile Dhónaill, lena n-áirítear ionad séarachais ar thalamh in aice láimhe	276.93
Asplanád, Dún Uí Choileáin	0.20
Láthair ag Droichead na hInse, Baile Átha Cliath 8	0.40
Gaillimh	
Raon Raidhfilí Órán Mór	216.10
Soláthar Uisce Chluain Roilíoch go Raon Órán Mór	—
Dún Uí Mhaoilíosa, Gaillimh	29.95
Ciarraí	
Dún Bhaile an Mhuilinn, Trá Lí	6.07
Dún na Sionainne, Tairbeart	0.81
Áitreabh RDF, Cill Orglan	0.10
Cill Dara	
Campa agus Tailte an Churraigh	1,968.12
Tailte an Churraigh – Seachbhóthar Chill Dara	—
Uimh. 2, 78, agus 96 Páirc an Úlloird, an Currach	0.06
Dún Mhic Aodha, Cill Dara	1.99
Tailte ag an Ráth Dhubh, an Currach	14.37
Cill Chainnigh	
Dún Mhic Stiofáin, Cill Chainnigh	5.67
Lú	
Raon Raidhfilí an Sciobóil Dheirg, Dún Dealgan	5.46

Maoin	Achar (heicteáir) [a]
An Mhí	
Campa agus Aeradróm Bhaile Mhic Gormáin	105.62
Áitreabh RDF, an Uaimh	0.20
Uíbh Fhailí	
Iar-Dhún Míleata, Biorra	1.98
Ros Comáin	
Raon Raidhfilí, Carna	114.53
Tiobraid Árann	
Raon Raidhfilí, Cill Chuaráin	5.46
Port Láirge	
Dún Míleata, Port Láirge	0.28
An Iarmhí	
Dún Mhic Coluim, an Muileann gCearr	9.61
Dún Chostúim, Baile Átha Luain	5.26
Tailte Gharraí na Féile, Baile Átha Luain	5.97
Cill Mhantáin	
Raon Airtléire Ghleann Ó Máil	2,698.85
Campa agus Tailte Chúil Mhuine	97.53
Teach agus Tailte Charraig Bhré, Bré	1.95
Post Maor Raoin, an Seisceann	0.40

Nóta [a] Is neasfhigiúirí atá sna heicteáir luaite. Tá foirgnimh ar fhormhór na n-áitreabh.

2. Dílsithe san Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Maoin	Achar (heicteáir) [a]
An Clár	
Áitreabh RDF, Inis	0.10
Corcaigh	
Campa agus Raon Chill Uird	1,377.55
Cuid de Champa Chill Uird chun seirbhísí bóthair a sholáthar do TII	10.69
An tOileán Mór	91.05
Bunáit Chabhlaigh, Inis Sionnach [b]	33.99
Fort Davis, an Geata Bán	22.04
Dún Theampall Bríde, Bun an Tábhairne	14.97
Furious Pier, Baile Chaisleáin Bhéarra	—
Cé Tuirlingthe, an Cóbh	—
Dún na nGall	
Campa Fionnabhair, Bun Dobhráin	337.01
Baile Átha Cliath	
Dún Chathail Bhrugha, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6	18.62
Uimh. 17-28 Árasáin Chathail Bhrugha, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6	0.27
Dún Mhic Aoidh, Ascaill an Chiardhuibh, Baile Átha Cliath 7	18.21
64 Páirc Mhic Aoidh, Baile Átha Cliath 7	0.02
Ospidéal Naomh Briocán, Baile Átha Cliath 7	3.24
Teach na Seanscoile, Cnoc an Arbhair, Baile Átha Cliath 7	—
2 Cúirt Thomhair, Cnoc an Arbhair, Baile Átha Cliath 7	0.01
Laois	
Áitreabh RDF, Port Laoise	0.03
Luimneach	
Dún an tSáirséalaigh, Luimneach	5.99
Lú	
Dún Mhic Aogáin, Dún Dealgan	7.28
Maigh Eo	
Dún Míleata, Caisleán an Bharraigh	2.43
Ros Comáin	
Raon Raidhfilí, Cuisle	56.25
Dún Míleata, Mainistir na Búille	0.20
Tiobraid Árann	
Dún Míleata, an tAonach	1.20
Cuid de Dhún Mhic Canna, an Teampall Mór	0.16

Maoin	**Achar (heicteáir) [a]**
Loch Garman	
Dún Míleata, Loch Garman	0.40
Cill Mhantáin	
Campa agus Raon Raidhfilí Chill Bhríde	636.98

Nóta [a] Is neasfhigiúirí atá sna heicteáir luaite. Tá foirgnimh ar fhormhór na n-áitreabh.

[b] Arna aistriú go sealadach chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun obair dheisiúcháin a dhéanamh ar iarláithreán ISPAT.

Aguisín B Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí faoi choimirce na Roinne Cosanta

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí faoi choimirce na Roinne agus i gcás go bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Tugtar le fios ann, amhail deireadh mhí an Mhárta 2021, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais dheireanacha a ndearnadh iniúchadh orthu agus an dáta ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Ciste Comhlachta/Roinne	An tréimhse chuntasaíochta dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchóireachta	An dáta a fuair an tAire/an Roinn é	An dáta ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais é
Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann	2019	30 M.F. 2020	23 Nol. 2020	12 Fea. 2021
Bord Ceaintín Óglaigh na hÉireann	2019	25 Meith. 2020	9 Iúil 2020	21 M.F. 2020

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 37

Coimirce Shóisialach

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 37, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Coimirce Sóisialaí, ar sheirbhísí áirithe a riar an Oifig sin d'íocaíochtaí leis an gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) agus ar dheontais áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna:

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain (vótáil Dáil Éireann Meastacháin Athbhreithnithe Bhreise an 18 Samhain 2020), agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí soláthair caipitil in 2020 as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2019, faoi na socruithe iarchurtha ghéillte a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Tá farasbarr €861.943 milliún le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Soláthar seirbhísí gníomhaireachta

Leanann an Roinn ag gníomhú mar ghníomhaire íocaíochta don Roinn Airgeadais ar mhaithe le dliteanais fhaofa íocaíochtaí cnapshuime phinsinéirí Chriostal Phort Láirge a íoc agus íocaíochtaí pinsean leanúnacha Chriostal Phort Láirge a dhéanamh faoi Alt 48B d'Acht na bPinsean, 1990, arna chur isteach le halt 4 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh. 2), 2014. Tarraingíonn an Roinn maoiniú anuas ón bPríomh-Chiste agus aistríonn an Roinn é chuig an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, a chuir tús leis na híocaíochtaí aonair a phróiseáil ó mhí Dheireadh Fómhair 2017. Déanann an Roinn Airgeadais na suimeanna a íocadh a thuairisciú sna Cuntais Airgeadais.

Bearta éigeandála

Íocadh €5 billiún san iomlán amach in 2020 maidir leis an Íocaíocht Dífhostaíochta Paindéime, a tugadh isteach i mí an Mhárta 2020. Íocadh €1.3 billiún ó Vóta 37 agus íocadh an fuílleach (€3.7 billiún) ón gCiste Árachais Shóisialaigh.

Rinne na Coimisinéirí Ioncaim an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) agus an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF) a riar thar ceann na Roinne. Gearradh íocaíochtaí iomlána €4.07 billiún ar Vóta 37 don bhliain 2020 — €2.7 billiún maidir le SFSP, a oibríodh ó mhí an Mhárta go mí Lúnasa 2020 agus €1.37 billiún maidir le SFPF, a oibríodh ón 1 Meán Fómhair 2020.

Cuirtear sonraí breise faoi bhearta éigeandála san áireamh sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais thíos.

Aistriú feidhmeanna

Aistríodh an fhreagracht as gnóthaí fostaíochta an 14 Deireadh Fómhair 2020 ón Roinn seo go dtí an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (RGFN). Athraíodh ainm na Roinne seo ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí go dtí an Roinn Coimirce Sóisialaí.

I measc na bhfeidhmeanna a aistríodh, bhí freagracht as an gCoimisiún um Pá Íseal agus feidhmeanna gaolmhara AE agus idirnáisiúnta. Ar aon dul leis na socruithe cuntasaíochta a leagann Cuntasaíocht an Rialtais amach, léirítear sna *Meastacháin Athbhreithnithe do Sheirbhísí Poiblí 2020* aistriú fheidhmeanna na Roinne ar bhonn bliana iomláine. Léirítear sa chuntas leithreasa, freisin, nach mór dó cloí le foirm agus formáid an mheastacháin ábhartha, an t-aistriú feidhmeanna thuas ar bhonn bliana iomláine. Ba é an meastachán bliana iomláine ar leithdháiltí ollphá agus neamhphá a bhaineann leis an aistriú feidhmeanna ná €1.553 milliún.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a ullmhú, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, i bhfeidhm agus an cuntas seo á ullmhú, seachas na nithe seo a leanas:

Ró-íocaíochtaí a aisghabháil

Cuirtear aisghabháil fiachais i dtaca le ró-íocaíochtaí scéime ginearálta/tacaíochta ioncaim i gcuntas mar seo a leanas.

- Cuirtear aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte i gcuntas ar an dáta a dhéantar iad a mheaitseáil i gcoinne an tsealbhóra ábhartha fiachais. Coimeádtar suimeanna neamh-mheaitseáilte aisghabhála ar fionraí agus cuirtear i gcuntas iad mar ioncam, agus laghdú comhfhreagrach á dhéanamh ar fhiachas nuair a aithnítear iad. Mar gheall gurb é Vóta 37 an príomhfhaighteoir fáltas ró-íocaíochtaí, coimeádtar fáltais neamh-mheaitseáilte i gcuntas fionraí Vóta 37 ar feitheamh réitigh agus cuirtear iad i gcuntas i Vóta 37 nó sa Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS), de réir mar is cuí.
- Caitear le haisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte i dtaca le blianta cuntasaíochta roimhe seo mar ioncam don bhliain reatha chuntasaíochta. Déantar aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte i dtaca leis an mbliain reatha chuntasaíochta a ghlanluacháil i gcoinne an chaiteachais don bhliain reatha chuntasaíochta.

Íocaíochtaí a aithint

Is ionann íocaíochtaí agus na suimeanna a íoctar i rith na bliana. Meastar go bhfuil suimeanna tagtha isteach nuair a bhíonn íocaíocht á déanamh sa chás gur tabhaíodh an dliteanas, go bhfuil an íocaíocht dlite agus gur cuireadh an treoir don íocaíocht (seic nó ríomhaistriú airgid) i bhfeidhm ar an gcóras ábhartha íocaíochta. Aithnítear íocaíochtaí leasa airgid thirim a dhéantar trí An Post nuair a íoctar amach iad. Sa chás go dtagann an gnáthdháta íocaíochta aníos ar lá saoire bainc, d'fhéadfadh gur ghá íocaíochtaí a eisiúint go luath. Ag deireadh na bliana, is gnách go n-aithnítear íocaíochtaí a eisíonn bainc trí ríomhaistriú airgid nó trína dtiontú ina n-airgead go luath ag custaiméirí in oifigí poist, a thagraíonn don bhliain ina dhiaidh sin, mar réamhíocaíochtaí. Anuas air sin, eisíonn an Roinn cistí faoi shocruithe nua baincéireachta a cuireadh i bhfeidhm i rith 2020 chuig an mbanc lá amháin sula ndéantar íocaíochtaí custaiméara. Cuirtear na híocaíochtaí maoinithe san áireamh freisin i réamhíocaíochtaí scéime.

An Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gCóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhís chomhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go ndéantar na rialuithe cuí a chur i bhfeidhm agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn.

Seo a leanas an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Sócmhainní caipitil a rialú

Leanadh in 2020 le plean ilbhliana le dul i ngleic le haithint sócmhainní, díscríobh agus aistrithe, clibeáil sócmhainní agus fardail thréimhsiúla ina measc, a cuireadh i bhfeidhm i dtosach in 2019.

Lean an Roinn lena hathbhreithniú ar an gclár sócmhainní i rith 2020. Sainaithníodh bogearraí sócmhainní TF sa chlár dá bharr a d'imigh as feidhm, roinnt sócmhainní crua-earraí TF a athsholáthraíodh agus sócmhainní troscáin agus feisteas ar a raibh luachanna sócmhainne aonair faoi €1,000. Rinne an Roinn sócmhainní a chaipitliú roimh 2019 a bhí faoi bhun na tairsí €1,000. Díscríobhadh thart ar luach €35.2 milliún de na catagóirí seo sócmhainní in 2020. Is ionann glanluach leabhar na sócmhainní seo agus nialas. Tá glanadh leanúnach shonraí an chláir sócmhainní ar bun lena chinntiú gur féidir sócmhainní a rianú ón gclár sócmhainní siar go fardal fisiciúil nó a chomhionann.

Forbraíodh formáid nua chlibe/bharrachóid in 2019 i gcomhar lenár gconraitheoirí tacaíochta TF. Tá an fhormáid bharrachóid do shócmhainní comhoiriúnach do phleananna Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais amach anseo. Tháirg an Roinn clibeanna do bhreiseanna 2018 agus 2019, agus ceanglaíodh iad seo leis na sócmhainní ábhartha i rith 2020. Mar gheall ar shrianta leanúnacha a bhain le Covid-19, níor tairgeadh aon chlibeanna eile. Atosófar ar shócmhainní a chlibeáil níos déanaí in 2021.

Rinne córas Lansweeper scanadh sceidealaithe seachtainiúil ar chrua-earraí agus bogearraí TF. Is féidir leis an Roinn tuairiscí a chur ar siúl ar bhonn seachtainiúil, míosúil nó ad hoc lena dheimhniú cé na sócmhainní TF atá nasctha le líonra na Roinne.

I ndiaidh athbhreithniú mór a dhéanamh ar an gclár sócmhainní a luaitear thuas, tá sé ar intinn ag an Roinn sonraí fardail a sheoladh in 2021 chuig réimsí gnó lena dheimhniú gurb ann do throscán agus feistis. Chuir an phaindéim atá buailte linn faoi láthair agus na socruithe oibre a cuireadh i bhfeidhm ina dhiaidh sin don iomad ball foirne den Roinn moill ar an bpróiseas seo. A luaithe a atosófar seo, críochnófar an próiseas seo ar bhonn rothlach le cumhdach na réimsí go léir a chinntiú faoi cheann roinnt blianta.

Luaitear i gCiorclán 27/2019 ó RCPA nár cheart sócmhainní a chosain ní ba lú ná €10,000 a chur san áireamh sa ráiteas ar shócmhainní caipitil sna cuntais leithreasa. Aithníodh, mar gheall ar thionchar na paindéime in 2020 agus ar mhoilleanna a bhí ar roinnt ceisteanna a thabhairt chun críche a eascraíonn as an mbeartas nua sócmhainní caipitil, nach dtuairisceodh na Ranna go léir ar bhonn na socruithe nua seo do chuntas 2020. Dá réir, is féidir le Ranna, ar bhonn aonuaire, leanúint le tuairisciú a dhéanamh ar an tseantairseach €1,000 a bhí i bhfeidhm ar chuntas 2020. Faoi mar a bhforáiltear dó i gCiorclán 1 de 2020, chuir an Roinn tairseach €1,000 i bhfeidhm chun a sócmhainní caipitil a chaipitliú don tréimhse ó Eanáir go Márta 2020. Ba é costas na sócmhainní seo €49,000. Níl sócmhainní atá faoi bhun na tairsí €10,000 á gcur ag an Roinn leis an gclár a thuilleadh ó Mhárta 2020. Déanfar athbhreithnithe breise lena chinntiú go bhfuil aon bhreiseanna amach anseo os cionn na tairsí atá i bhfeidhm lena gcur san áireamh ar an gclár sócmhainní seasta.

Réitigh fiachais

Ceadaíonn córas cuntasaíochta fiachais agus fáltas (CCFF) na Roinne fiachas a thaifeadadh agus a bhreacadh go huathoibríoch a rinneadh a aisghabháil ina hoifigí áitiúla, óna cuntais bhainc fáltais agus trí asbhaint a dhéanamh ó íocaíochtaí na Roinne le custaiméirí.

Ó tugadh CCFF isteach go déanach in 2014, rinneadh tagairt sna ráitis bhliantúla faoi rialú inmheánach airgeadaisdo dhifríochtaí neamhréitithe maidir le féichiúnaithe a bhain le CCFF, suimeanna a aisghabhadh agus iarmhéideanna bainc agus airgid thirim. Chuir an Roinn acmhainní breise i bhfeidhm sa réimse seo agus tá dul chun cinn suntasach déanta aici ar dhul i ngleic leis na saincheisteanna seo.

Suimeanna neamh-mheaitseáilte

Déanann custaiméirí ró-íoctha aisíocaíochtaí, amanna, gan dóthain sonraí le ceangal a dhéanamh idir an fiachas seo agus a bhfiachas atá le híoc go fóill. Mar thoradh air sin, i gcásanna áirithe, tá srian ar an Roinn na suimeanna seo a shainaithint agus a mheaitseáil leis an gcustaiméir. Ó cuireadh CCFF i bhfeidhm in 2014, próiseáladh breis agus €475 mhilliún d'fháltais agus aisghabhálacha ró-íocaíochtaí asbhainte scéime. Amhail an 31 Nollaig 2020, is é an tsuim iomlán a cuireadh i gcuntas i gcóras cuntasaíochta na Roinne i dtaobh aisghabhálacha neamh-mheaitseáilte ró-íocaíochtaí €4.7 milliún (1%) (2019: €3.2 milliún). D'fhéadfaí a áireamh le suimeanna neamh-mheaitseáilte suimeanna a próiseáladh sular tháinig fiachais agus íocaíochtaí custaiméara aníos a dteastaíonn aisíocaíochtaí uathu.

Leanann an obair ar na suimeanna neamh-mheaitseáilte seo a réiteach ach bhí an dul chun cinn ní ba mhoille ná mar a bhí coinne leis mar gheall ar athruithe soláthar foirne in 2020 agus ar an tionchar a d'imir Covid-19. Is éard a bhaineann leis an obair atá á déanamh: (a) fáltais neamh-mheaitseáilte chustaiméara atá ar fionraí ar CCFF a réiteach le fáltais neamh-mheaitseáilte ar chóras cuntasaíochta na Roinne agus (b) anailís ar aois na bhfáltas siúd d'fhonn na suimeanna siúd a chur i gcuntas, go buan, a rinneadh a imscrúdú go hiomlán ach nár réitíodh.

Tionchar Covid-19

I rith 2020, phróiseáil an Roinn 1.4 milliún éileamh ar an Íocaíocht Dífhostaíochta Paindéime (ÍDP). Mhaoinigh an Roinn an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) agus an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF) a rinne na Coimisinéirí Ioncaim a riar agus a íoc.

An Íocaíocht Dífhostaíochta Paindéime

Thug an Rialtas ÍDP Covid-19 isteach an 13 Márta 2020 mar scéim éigeandála chun cúnamh airgeadaíochta a sholáthar d'fhostaithe agus daoine féinfhostaithe a chaill a bpost mar thoradh ar an bpaindéim. Bunaíodh ÍDP faoi Alt 202 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005, rud lena bpléitear le liúntas leasa forlíontach a dheonú i gcásanna ina bhfuil géarghá leis.

Leagtar bonn reachtúil discréideach faoi ÍDP san Acht Leasa Shóisialaigh (Covid-19) (Leasú), 2020, a achtaíodh an 5 Lúnasa 2020, faoi Chuid 2 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005.

Íocadh as íocaíochtaí scéime ón Vóta i dtosach. Foráladh in Alt 6 den Acht gur cheart a áireamh leis an sochar atá le híoc ón gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) na suimeanna siúd a mheasfaidh agus a chomhaontóidh an tAire leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun caiteachas ÍDP a réamhachtú. Breis agus €1.8 billiún a bhí i gceist leis an tsuim a cinneadh agus fuarthas cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) dó, agus gearradh é seo ina dhiaidh sin ar CÁS.

B'ionann caiteachas iomlán ar ÍDP i rith 2020 agus €5 billiún, a bhí roinnte idir an Vóta (€1.3 billiún) agus CÁS (€3.7 billiún).

Nuair a chuirtear san áireamh an líon an-mhór éileamh, na réamh-mheastacháin maidir le ráta dóchúil ionfhabhtaithe Covid-19 i measc an daonra, foireann na Roinne san áireamh, a dhéanfadh difear don acmhainn chun éilimh a phróiseáil, agus do na tosca uileghabhálacha sláinte poiblí agus tosca uileghabhálacha leas an phobail, níorbh fhéidir ná níor chuí gach ceann de na gnáthsheiceálacha rialaithe a dhéanamh nuair a bhí éilimh á gclárú. Próiseáladh na héilimh go léir i dtosach ar bhunráta singil €203 don chéad seachtain, agus an tsuim seo á méadú go €350 sa tseachtain ina dhiaidh sin.

Chruthaigh an cur chuige leibhéal méadaithe riosca – i dtaobh an leibhéil rialaithe a cuireadh i bhfeidhm ar an scéim agus maidir le teicneolaíocht faisnéise freisin, inar tógadh agus inar cuireadh córas nua íocaíochta i bhfeidhm, go héifeachtach, laistigh de thréimhse ní ba ghiorra ná seachtain.

Cé nach gnách liom, mar Oifigeach Cuntasaíochta, glacadh le leibhéal chomh méadaithe sin de riosca, bhí mé sásta an uair seo go raibh an cur chuige a glacadh riachtanach agus comhréireach agus go raibh sé ar mhaithe le leas an phobail.

Bhí mé sásta freisin go ndearna roinnt bunseiceálacha rialaithe agus cáilitheachta an riosca a mhaolú beagán. Chaith na seiceálacha seo súil ar réimse saincheisteanna, aois, seoladh, baint le fostaíocht, bailíocht UPSP, éileamh dúblach a dhéanamh agus a chinntiú nach raibh aon fhorluí ann i gcásanna ina raibh íocaíocht á fáil ag daoine aonair freisin trí SFSP. Nuashonraíodh cláir rioscaí agus pleananna gnó na Roinne chun na rioscaí a bhaineann le héilimh a phróiseáil i rith Covid-19 a shainaithint agus chun déileáil leo.

I rith 2020, mar gheall ar an tionchar a d'imir srianta sláinte poiblí, bhí foireann na Roinne le hath-imlonnú go forleathan laistigh den Roinn agus bhí srianta le cur i bhfeidhm ar ghluaiseacht phearsanta agus ar idirghníomhú agus d'imir seo tionchar ollmhór ar an margadh saothair agus tháinig méadú ar dhífhostaíocht dá bharr nach raibh súil leis. Sa chomhthéacs seo, bhí roinnt de na gnáthbhearta rialaithe a d'oibreofaí i dtimpeallacht chaighdeánach (mar shampla, cuardaitheoirí poist a ghairm chun freastal ar agallaimh in ionaid Intreo) le ciorrú nó le cur ar fionraí. Ba chuí agus ba chomhréireach na bearta ar tugadh fúthu chun na srianta sláinte poiblí a chomhlíonadh agus chun a chinntiú go bhféadfadh an Roinn acmhainní foirne a imlonnú chun aghaidh a thabhairt ar an tasc ar tugadh tús áite dó - éilimh a bhain le Covid-19 a phróiseáil, a íoc agus a choimeád ar fáil. Sa chás gurbh fhéidir, agus sa chás go raibh an fhoireann ar fáil agus gur ceadaíodh é seo faoi na srianta sláinte poiblí, rinneadh na bearta siúd rialaithe a chur ar bun arís nó baineadh a laghad úsáide agus ab fhéidir as modhanna eile (e.g. agallaimh ar an nguthán le custaiméirí).

Thug Feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne faoi iniúchadh i rith 2020 ar ÍDP, ina ndearnadh athbhreithniú ar shampla fánach íocaíochtaí. Ghabh an bhainistíocht uirthi féin déileáil le haon saincheisteanna a tháinig chun solais.

An Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP)/an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF)

I rith 2020, riar na Coimisinéirí Ioncaim íocaíocht SFSP agus SFPF thar ceann na Roinne Coimirce Sóisialaí mar chuid d'fhreagairt an Rialtais do ghéarchéim Covid-19.

Oibríodh SFSP, ar bhain an reachtaíocht leis faoi alt 28 den Acht um Bearta Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020, ón 26 Márta 2020 go dtí an 31 Lúnasa 2020.

Tháinig SFPF, a d'fhógair an Rialtas an 23 Iúil 2020, in ionad SFSP ón 1 Meán Fómhair 2020. Cuireadh síneadh leis an scéim seo go dtí an 31 Nollaig 2021.

Reachtaíodh do SFPF san Acht um Fhorálacha Airgeadais (Covid-19) (Uimh. 2), 2020, lenar cuireadh alt 28B isteach san Acht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020.

Braithim ar litreacha dearbhuithe a iarrtar agus a fhaightear ó Chathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí maidir le riar agus íocaíochtaí a dhéantar faoin dá scéim.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach
- go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith feidhmíocht thuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil na treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann
- go gcinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu faisnéis ar fáil don obair iniúchóireachta inmheánaí, agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí a fhiosrú.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas i gcás 92 chonradh (ar a raibh luach breis agus €25,000), agus b'ionann a luach iomlán agus €32,886,984 (gan CBL a áireamh), faoi mar a leagtar amach thíos:

- Cúig chonradh soláthraí seirbhíse is fiche ar a raibh caitheamh iomlán €18,156,258 in 2020 chun seirbhísí fostaíochta áitiúla a sholáthar ar fud an Stáit. Níorbh fhéidir an mhoill a sheachaint a cuireadh ar chéimeanna leis na conarthaí seo a thabhairt chun rialtachta mar gheall ar an bpaindéim. Foilsíodh iarraidh ar thairiscintí (IAT) ar chomhairleoireacht soláthair agus é ina chuspóir conarthaí iomaíocha a chur i bhfeidhm do na seirbhísí seo.
- Ceithre chonradh soláthraí seirbhíse is fiche ar a raibh caitheamh iomlán €8,844,483 in 2020 chun Seirbhís EmployAbility a sholáthar ar fud an Stáit. Níorbh fhéidir an mhoill a sheachaint a cuireadh ar chéimeanna leis na conarthaí seo a thabhairt chun rialtachta mar gheall ar an bpaindéim. Foilsíodh iarraidh ar thairiscintí (IAT) ar chomhairleoireacht soláthair agus é ina chuspóir conarthaí iomaíocha a chur i bhfeidhm do na seirbhísí seo.
- Daichead conradh soláthraí seirbhíse ar a raibh caitheamh iomlán €4,452,585 in 2020 chun seirbhís Clubanna Post (JobsClubs) a sholáthar ar fud an Stáit. Níorbh fhéidir an mhoill a sheachaint a cuireadh ar chéimeanna leis na conarthaí seo a thabhairt chun rialtachta mar gheall ar an bpaindéim. Foilsíodh iarraidh ar thairiscintí (IAT) ar chomhairleoireacht soláthair agus é ina chuspóir conarthaí iomaíocha a chur i bhfeidhm do na seirbhísí seo.
- Ba mhoill a bhí ar an bhfáil a bhí ar chreat na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR) ba chúis le conradh amháin ar ar caitheadh €1,157,389. Tá conradh nua i bhfeidhm ón 01/10/2020 don tseirbhís seo ó chreat OSR.
- Tugadh conradh seirbhísí amháin d'aistriúcháin ar caitheadh €175,572 air anonn mar gheall go ndearnadh agóid dhlíthiúil in aghaidh na hIarrata ar Thairiscintí. Tá IAT nua á dhréachtú don tseirbhís seo faoi láthair.
- Caitheadh €100,697 in 2020 ar chonradh soláthair amháin do pháipéarachas. Ba ghá an conradh a thabhairt anonn fad a bhí an Roinn ag feitheamh le hagóid dhlíthiúil ar chreat na hOifige um Sholáthar Rialtais a thabhairt chun críche. Cuireadh conradh nua i bhfeidhm ó shin i leith.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Roinn agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus an réimse gnó atá freagrach as na gníomhartha rioscaí.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus an Bord Bainistíochta, sa chás gurb iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a thugtar le fios a shainaithnítear.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Leagadh amach thuas an tionchar a d'imir bearta bunriachtanacha Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe. Níor sainaithníodh aon laigí eile i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2020 óna dteastaíonn nochtadh sa chuntas leithreasa.

John McKeon
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Coimirce Sóisialaí

21 Méan Fómhair 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 37 Coimirce Shóisialach

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 37 Coimirce Sóisialta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 37 Coimirce Sóisialta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Coimirce Sóisialta agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Rialtacht na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh

I gCaibidil 9 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2020, tagraítear d'íocaíochtaí leasa ar mhó iad ná an teidlíocht a bheith ar áireamh sa chuntas leithreasa do Vóta 37 do 2020. Measaim an leibhéal measta íocaíochta neamhrialta a bheith ábhartha.

Achomhairc leasa shóisialaigh a bhainistiú

I gCaibidil 10 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2020, scrúdaítear an dóigh ar bainistíodh achomhairc leasa shóisialaigh. Is le Vóta 37 a iompraítear na costais a bhaineann leis an gcóras achomhairc a oibriú.

Rialuithe maidir le híocaíocht dífhostaíochta phaindéim Covid-19

I gCaibidil 11 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2020, scrúdaítear na rialuithe a bhí i bhfeidhm ag an Roinn ar an scéim íocaíochtaí dífhostaíochta paindéime (PUP). Ba ar an gcuntas leithreasa do Vóta 37 a muirearaíodh cuid den chaiteachas faoin scéim. Ba ar an gCiste Árachais Shóisialaigh a muirearaíodh an chuid eile den chaiteachas faoin scéim.

Rialuithe maidir leis an scéim fóirdheontais shealadaigh pá

I gCaibidil 12 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2020, scrúdaítear na rialuithe a oibríodh maidir leis an scéim fóirdheontais shealadaigh pá, a muirearaítear an caiteachas faoina bun ar an gcuntas leithreasa do Vóta 37.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais nár comhlíonadh na rialacha soláthair i gcásanna ábhartha i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2020.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Méan Fómhair 2021

Vóta 37 Coimirce Shóisialach

Cuntas Leithreasa 2020

			2020	2019
	Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
	€000	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
Scéimeanna cúnaimh shóisialaigh, seirbhísí, riarachán agus íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh				
Riarachán				
Soláthar meastacháin	565,694			
Géilleadh iarchurtha	1,187			
		566,881	536,309	541,140
Pinsin		1,064,010	1,048,546	1,042,838
Aois oibre – tacaí ioncaim		3,782,500	3,794,149	2,426,227
Aois oibre – tacaí fostaíochta		5,245,718	4,717,276	712,375
Breoiteacht, míchumas agus cúramóirí		3,231,410	3,203,725	3,021,168
Leanaí		2,761,730	2,608,327	2,615,036
Íocaíochtaí forlíontacha, etc.		606,418	564,028	512,377
Fóirdheontas don Chiste Árachais Shóisialaigh		93,195	—	—
Ollchaiteachas				
Soláthar meastacháin	17,350,675			
Géilleadh iarchurtha	1,187			
		17,351,862	**16,472,360**	**10,871,161**
Lúide				
Leithreasaí-i-gcabhair		**218,190**	**201,541**	**223,035**
Glanchaiteachas				
Soláthar meastacháin	17,132,485			
Géilleadh iarchurtha	1,187			
		17,133,672	**16,270,819**	**10,648,126**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh do sheirbhísí soláthair chaipitiúil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €910,000 de leithdháiltí neamhchaite maidir le gnéithe caipitil d'Fho-mhírcheann A.2 (vi) agus A.2 (vi) anonn go 2021.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr	862,853,290	52,647,107
Géilleadh iarchurtha	(910,000)	(1,187,000)
Farasbarr le géilleadh	**861,943,290**	**51,460,107**

John McKeon
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Coimirce Sóisialaí

21 Méan Fómhair 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costas an chláir		15,936,051	10,330,021
Pá		298,995	294,952
Neamhphá		237,314	246,188
Ollchaiteachas		**16,472,360**	**10,871,161**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**201,541**	**223,035**
Glanchaiteachas		**16,270,819**	**10,648,126**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin - airgead tirim	(24,131)		
Dímheas	17,475		
Gnóthachan ar dhiúscairtí/dhíscríobh	(1)	(6,657)	8,132
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	13,144		
Méadú ar stoc	(8)	13,136	(3,808)
Caiteachas díreach		**16,277,298**	**10,652,450**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1)		92,663	84,457
Measchíosanna		14,386	14,386
Glanchostas an chláir		**16,384,347**	**10,751,293**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 37 a iompraíodh in áit eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim [a]	370	364
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	77,101	69,985
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	14,441	13,421
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	686	659
An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí		65	28
		92,663	**84,457**

Nóta [a] Níor cuireadh na costais a thabhaigh na Coimisinéirí Ioncaim ar an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá agus an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta a riar san áireamh.

Nóta 2 An Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	145,336	136,714
Sócmhainní reatha			
Stoic	2.3	277	269
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	88,530	70,430
Réamhíocaíochtaí	2.11	65,884	64,376
Iomlán na sócmhainní reatha		**154,691**	**135,075**
Lúide dliteanais reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	15,475	38,434
Iarmhéideanna sochair eile	2.5	25,697	35,330
Glanmhaoiniú Státchiste	2.6	47,358	(3,334)
Costais fhabhraithe	2.12	62,899	48,247
Iomlán na ndliteanas reatha		**151,429**	**118,677**
Glansócmhainní reatha		3,262	16,398
Glansócmhainní		**148,598**	**153,112**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.7	**148,598**	**153,112**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Troscán agus feistis	Trealamh oifige	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	25,741	320,261	18,339	364,341
Coigeartú [a]	—	—	1,965	1,965
Breiseanna [b]	49	3,085	20,997	24,131
Diúscairtí	—	—	—	—
Díscríobh [c]	(5,438)	(29,738)	—	(35,176)
Aistrithe	—	8,882	(8,882)	—
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	20,352	302,490	32,419	355,261
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	22,855	204,772	—	227,627
Coigeartú	—	—	—	—
Dímheas don bhliain	702	16,773	—	17,475
Dímheas ar dhiúscairtí/dhíscríobh	(5,439)	(29,738)	—	(35,177)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	18,118	191,807	—	209,925
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**2,234**	**110,683**	**32,419**	**145,336**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	2,886	115,489	18,339	136,714

Nóta [a] Rinneadh coigeartuithe dar luach iomlán €1.965 milliún ar shócmhainní caipitil atá á bhforbairt (SCFF) mar gheall go ndearnadh caiteachas a tabhaíodh i mblianta roimhe seo a maidir le tionscadail SCFF a rangú go mícheart mar chaiteachas neamhchaipitil.

[b] Faoi mar a bhforáiltear dó i gCiorclán 1 de 2020, chuir an Roinn tairseach €1,000 i bhfeidhm chun a sócmhainní caipitil a chaipitliú don tréimhse ó Eanáir go Márta 2020. Ba é costas na sócmhainní seo ná €49,000. Níl sócmhainní atá faoi bhun na tairsí €10,000 á gcur ag an Roinn leis an gclár a thuilleadh ó Mhárta 2020.

[c] Is éard atá i gceist le díscríobh ná bogearraí, crua-earraí TF, troscán agus trealamh, meaisíní frainceála, gléasanna fótachóipeála, táblaí, cathaoireacha etc. san áireamh. Rinneadh go leor de na sonraí sa chlár sócmhainní a ghlanadh i rith 2020. Shainaithin an Roinn roinnt bogearraí sócmhainní TF sa chlár sin a d'imigh as feidhm, roinnt sócmhainní crua-earraí TF a athsholáthraíodh agus troscán agus feistis ar a raibh luachanna sócmhainne faoi €1,000. Rinneadh na sócmhainní go léir seo a dhímheas go hiomlán agus ní raibh úsáid á baint astu a thuilleadh.

2.2 Banc agus Airgead Tirim

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Iarmhéideanna airleacan An Post [a]	197,920	110,841
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ghinearálta (rótharraingt)	(222,697)	(179,044)
Iarmhéid an chuntais bhainc tráchtála	9,302	29,769
	(15,475)	**(38,434)**

Nóta [a] Mar ghníomhaire íoca scéime, réamh-mhaoinítear An Post trí Vóta 37 agus CÁS chun íoc as dliteanais chaiteachais na Roinne faoi mar a bhíonn siad dlite. Ag deireadh 2020, b'ionann an comh-iarmhéid a bhí á choimeád ag An Post maidir le Vóta 37 agus CÁS agus €335.6 milliún. Ba é €185.8 milliún an comh-iarmhéid comhfhreagrach ag deireadh 2019.

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Páipéarachas	226	246
Tomhaltáin TF	51	23
	277	**269**

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Réamhíocaíochtaí le An Post do chaiteachas postais	1,007	1,007
Réamhíocaíochtaí le OOP as troscán oifige, foirgneamh agus obair leictreach	1,251	901
Réamhíocaíochtaí le Pobal	4,922	5,836
Réamhíocaíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim [a]	20,436	—
Réamhíocaíochtaí scéime[b]	24,650	28,405
Míreanna dochair eile ar fionraí	4,212	2,227
Dlite ó CÁS maidir le		
• Fáltais a bhaineann leis an Vóta a aisghabhadh trí CÁS	18,927	16,719
• íocaíochtaí ón Vóta thar ceann CÁS	12,456	14,436
• íocaíochtaí óinchiste is infhaighte ó CÁS	669	899
	88,530	**70,430**

Nóta [a] Baineann an réamhíocaíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim leis an Scéim Fóirdheontais Pá Éigeandála agus an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá.

[b] Áirítear le réamhíocaíochtaí scéime íocaíochtaí scéime a rinneadh sa bhliain agus nár gearradh sa bhliain reatha.

2.5 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	3,407	6,345
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	2,676	4,599
Muirear sóisialach uilíoch	654	1,306
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	3,626	3,701
Cáin bhreisluacha	54	85
Ranníocaíochtaí pinsin	1,295	2,103
Cáin mhaoine áitiúil [a]	42	83
Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste	1	6
	11,755	18,228
Asbhaintí párolla	2,176	2,197
Dlite do CÁS maidir le		
• íocaíochtaí a rinne CÁS thar ceann	5,784	9,335
• íocaíochtaí óinchiste a fuarthas ó CÁS	(6)	984
Aisghabhálacha neamh-mheaitseáilte ró-íocaíochtaí	4,639	3,169
Aisghabháil fiachais thar ceann thíortha eile AE	869	839
Míreanna sochair eile ar fionraí	480	578
	25,697	**35,330**

Nóta [a] Faoi Alt 84 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim a ordú don Roinn asbhaintí a dhéanamh ó íocaíochtaí scéime áirithe maidir le daoine atá faoi dhliteanas íoc as cáin mhaoine áitiúil. Déanann an Roinn asbhaintí deonacha, chomh maith, as roinnt tuarastal foirne maidir le cáin mhaoine áitiúil. B'ionann na suimeanna a íocadh leis na Coimisinéirí Ioncaim in 2020 agus €651,401 agus €317,348, faoi seach.

2.6 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Farasbarr le géilleadh	861,943	51,460
Géilleadh iarchurtha	910	1,187
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(815,495)	(55,981)
Glanmhaoiniú Státchiste	**47,358**	**(3,334)**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Iarmhéideanna dochair: fionraí	88,530	70,430
Creidiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	(15,475)	(38,434)
Dlite don Stát	(11,755)	(18,228)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(13,942)	(17,102)
	(41,172)	(73,764)
	47,358	**(3,334)**

2.7 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			153,112	164,652
Íocaíochtaí amach ón Vóta				
Soláthar measctacháin	Cuntas	17,133,672		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(910)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(861,943)		
Glanvóta			16,270,819	10,648,126
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1		92,663	84,457
Caiteachas neamhairgid – measchíos	1		14,386	14,386
Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt a choigeartú	2.1		1,965	
Glansócmhainní a choigeartú	2.1			(4,033)
Dímheas arna choigeartú	2.1			(3,183)
Glanchostas an chláir	1		(16,384,347)	(10,751,293)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**148,598**	**153,112**

2.8 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Earraí agus seirbhísí a sholáthar	51,386	38,909
Tionscadail chaipitil	4,701	18,417
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**56,087**	**57,326**

2.9 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana	**122**	**90**

2.10 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i 94 chás dlí a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá aon suim iarbhír nó uainiú na ndliteanas féideartha éiginnte.

2.11 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Costais riaracháin	108	104
Costais oifige	1,841	903
Réamhíocaíochtaí/cúlchnapanna cláir [a]	63,660	63,098
Comhairleoireacht	275	271
	65,884	**64,376**

Nóta [a] Cuireann an Roinn réamh-mhaoiniú ar fáil do roinnt eagraíochtaí chun scéimeanna a sholáthar. Áirítear leo seo réamhíocaíochtaí nó cúlchnapanna do shreabhadh airgid a íoctar le scéimeanna agus eagraíochtaí eile a sholáthraíonn Fostaíocht Pobail, Tionscnamh Post, Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla agus Clubanna Post. Cuirtear réamhíocaíochtaí ar fáil do scéimeanna Fostaíochta Pobail agus Tionscnamh Poist sula dtosaítear iad chun íoc as na costais tosaigh agus déantar iad a fhorchúiteamh, go ginearálta, laistigh de 12 mhí i ndiaidh iad a eisiúint. Cuirtear cúlchnapanna ar fáil do Sheirbhísí Fostaíochta Áitiúla agus Clubanna Post chun íoc as costais leanúnacha agus déantar iad a réiteach ar bhonn leanúnach i ndiaidh gach íocaíocht a dhéanamh. Baineann an t-airgead seo le heagraíochtaí seachas le héilitheoirí aonair.

2.12 Costais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Costais riaracháin	6,526	4,442
Costais oifige	6,393	8,945
Costais chomhairleoireachta	17	78
Costas clár [a]	49,963	34,782
	62,899	**48,247**

Nóta [a] Airgead atá le híoc le heagraíochtaí a sholáthraíonn Fostaíocht Pobail, Tionscnamh Poist agus Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla thar ceann na Roinne. Baineann an t-airgead seo le heagraíochtaí seachas le héilitheoirí aonair.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

			2020	2019
			Soláthar meastacháin	Toradh
		€000	€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais		299,995	298,995	294,952
ii	Taisteal agus cothú		4,998	1,478	4,695
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha		14,076	12,867	11,322
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide		16,412	11,967	12,707
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF		69,683	59,257	54,657
vi	Costais áitribh oifige				
	Bunaidh	18,915			
	Géilleadh iarchurtha	1,187			
			20,102	16,841	15,267
vii	Seirbhísí comhairleoireachta		2,085	346	476
viii	Íocaíochtaí as seirbhísí gníomhaireachta		127,230	121,650	134,156
ix	Tionscadail a bhaineann le Ríomhrialtas		12,300	12,908	12,908
			566,881	**536,309**	**541,140**

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin: €4.998 milliún, toradh: €1.478 milliún

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €3.52 milliún maidir leis an soláthar meastacháin gur tháinig laghdú ar riachtanais taistil in 2020 mar gheall ar phaindéim Covid-19. Ar aon dul leis an gcomhairle a sholáthair an Rialtas, cuireadh an taisteal neamh-bhunriachtanach go léir d'oifigigh uile na Roinne, cruinnithe aghaidh ar aghaidh AE agus idirnáisiúnta san áireamh, ar fionraí agus aistríodh go leor gníomhaíochtaí ar líne. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a mhaoiniú ar fho-mhírchinn eile.

iii Costais phoist agus chumarsáide

Soláthar meastacháin: €16.412 milliún, toradh: €11.967 milliún

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €4.445 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Baineadh coigilteas €2.431 milliún amach faoi tháillí poist. Laghdaigh an méadú a tháinig ar sheirbhísí ar líne go príomha mar gheall ar Covid-19 an méid poist a fuair agus a d'eisigh an Roinn. Anuas air sin, cuireadh an méadú ar an bpraghas poist a bhí le cur i bhfeidhm i Márta 2020 ar athlá.

- Baineadh coigilteas €2.014 milliún amach faoi theileachumarsáid. Bíonn gné dhothuarthachta i gceist leis an gcaiteachas ar theileachumarsáid a mheas mar gheall go ndéanann na méideanna glaonna gutháin agus an méid sonraí a úsáideann an fhoireann a bhaineann úsáid as seirbhísí teileafónaíochta agus sonraí costais a chruthú. Tá na méideanna glaonna gutháin agus an méid sonraí a úsáidtear an-athraitheach.

Úsáideadh an coigilteas chun caiteachas breise a mhaoiniú ar fho-mhírchinn eile.

vii Seirbhísí comhairleoireachta

Soláthar meastacháin: €2.085 milliún, toradh: €346,000

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €1.739 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Baineann ceithre leithdháileadh maoinithe ar a bhfuil luach €135,000 le conarthaí iniúchóireachta agus ní tharraingítear anuas iad ach de réir mar is gá. Caitheadh thart ar leath an leithdháilte seo.
- Ar aon dul le dícheall cuí, níor theastaigh maoiniú comhairleoireachta €400,000 do dhá thionscadal ar leith mar gheall gur tugadh faoin obair go hinmheánach.
- Rinneadh tionscadal amháin ar a raibh luach €255,000 a chumasc le tionscadal eile laistigh den Rannóg TF agus níor theastaigh an maoiniú a thuilleadh faoi chomhairleoireacht.
- Cuireadh moill ar dhá thionscadal ar a raibh comhluach €250,000 mar gheall ar an bpaindéim agus níor dámhadh na conarthaí go dtí tráth déanach in 2020.
- Mar gheall ar phaindéim Covid-19, sannadh acmhainní ó réimsí beartais laistigh den Roinn go sealadach chun cabhrú le scéim ÍDP. Chuir seo moill ar thús a chur le roinnt tionscadal, ar a raibh comhluach thart ar €800,000, agus leanfaidh seo ar aghaidh anois isteach in 2021.

Úsáideadh an coigilteas chun caiteachas breise a mhaoiniú ar fho-mhírchinn eile.

Clár A Scéimeanna cúnaimh shóisialaigh, seirbhísí, riarachán agus íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh

		Soláthar measctha		2020 Toradh	2019 Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá		299,995	298,995	294,952
A.2	Riarachán − neamhphá				
	Bunaidh	265,699			
	Géilleadh iarchurtha	1,187			
			266,886	237,314	246,188
Pinsin					
A.3	Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)		1,064,010	1,048,546	1,042,838
Aois Oibre – Tacaí Ioncaim					
A.4	Liúntas Cuardaitheora Poist		1,636,700	1,656,771	1,628,172
A.5	Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora		558,220	564,887	533,122
A.6	Pinsean Baintrí/ Baintreach Fir/ Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach)		12,990	13,425	13,938
A.7	Liúntas Banchéile Thréigthe		840	859	959
A.8	Íocaíochtaí Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach		128,890	115,212	120,175
A.9	Cúnamh Feirme		62,180	66,414	68,569
A.10	Íocaíochtaí ar Riachtanais Eisceachtúla agus Phráinneacha		44,230	41,029	43,206
A.11	Aois Oibre Eile – Tacaí Ioncaim		19,080	18,076	18,086
A.xx	Covid-19 – Íocaíocht Dífhostaíochta Paindéime		1,319,370	1,317,476	—
Aois Oibre – Tacaí Fostaíochta					
A.12	Clár Fostaíochta Pobail		369,680	340,612	353,366
A.13	Scéim Shóisialta Tuaithe		54,870	52,745	52,817
A.14	Tús		99,248	83,568	99,048
A.15	Tionscnamh Post		15,090	14,973	16,417
A.16	Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair		40,020	39,274	59,695
A.17	An Scéim Tacaíochta d'Fhostaíocht Óige		3,350	2,015	2,014
A.18	Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas		77,200	65,921	65,327
A.19	JobsPlus		10,100	5,376	14,390
A.20	Seirbhís Fostaíochta Áitiúla		19,300	18,156	18,318
A.21	Clubanna Post		5,400	4,452	4,841
A.22	Clár Socrúcháin agus Taithí Oibre		3,670	—	—
A.23	Aois Oibre Eile – Tacaí Fostaíochta		23,490	12,333	7,785

				2020	2019
		Soláthar measta	cháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.yy	Fóirdheontas Pá Covid-19		2,784,300	2,706,962	—
A.zz	Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta		1,740,000	1,370,889	—
Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí					
A.24	Liúntas Míchumais		1,804,510	1,811,854	1,705,778
A.25	Pinsean na nDall		13,140	12,641	12,971
A.26	Liúntas Cúramóra		936,440	926,352	862,447
A.27	Liúntas Cúram Baile		199,770	193,104	182,485
A.28	Deontas Tacaíochta Cúramóra		237,320	227,543	219,535
A.29	Tacaí Gníomhachtaithe Míchumais		15,680	13,875	14,142
A.30	An Scéim Fóirdheontais Pá		24,550	18,356	23,810
Leanaí					
A.31	Sochar Linbh		2,119,980	2,102,329	2,102,435
A.32	Íocaíocht Teaghlaigh Oibre		402,490	377,312	397,204
A.33	Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair		17,220	12,978	18,357
A.34	Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil		152,880	54,054	53,451
A.35	Scéim Béilí Scoile		61,600	53,468	54,312
A.36	Íocaíochtaí eile a bhaineann le Leanaí		7,560	8,186	7,634
Íocaíochtaí Forlíontacha, Gníomhaireachtaí agus Seirbhísí Ilghnéitheacha					
A.37	Forlíonadh Cíosa		164,600	133,090	125,248
A.38	Liúntas Tacaíochta Gutháin		8,239	8,326	8,143
A.39	Pacáiste Sochair Teaghlaigh		75,479	77,347	69,290
A.40	Saorthaisteal		95,000	94,529	93,919
A.41	Liúntas Breosla		183,485	181,446	147,363
A.42	Deontas don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh		61,774	55,993	56,462
A.43	Seirbhísí Ilghnéitheacha		17,841	13,294	11,589
A.44	Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh faoi Alt 9(9)(a) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005		93,195	—	—
	An Coimisiún um Pá Íseal		—	3	363
Iomlán			**17,351,862**	**16,472,360**	**10,871,161**

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €879.5 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh sna Meastacháin Athbhreithnithe Bhreise. Bhí an méid seo a leanas i gceist leis:

- Bhain tearc-chaitheamh €30.6 milliún de seo le caiteachas riaracháin. Míníodh cheana féin an difríocht shuntasach i bhfo-mhírchinn aonair (+/-25% agus €100,000).
- Baineann tearc-chaitheamh €848.9 milliún le fo-mhírchinn scéime agus seirbhíse. Déantar cur síos ar na príomhdhifríochtaí thíos.

A.8 Íocaíocht Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach

Soláthar meastacháin: €128.9 milliún, toradh: €115.2 milliún

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €13.7 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Bhí an meánlíon faighteoirí (13,820) 2,760 duine ní b'ísle ná an líon a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (16,580).

  Is éard is cúis leis seo ná go ndearnadh líon ní ba lú éileamh ar Liúntas Míchumais, Pinsean Easláine agus Liúntas Cúramóra, agus íocadh ní ba lú íocaíochtaí Liúntas Leasa Forlíontach (Bunúsach) dá bharr. D'eascair tearc-chaitheamh €30 milliún as seo.
- Bhí na meánluachanna íocaíochta (€208.20) ní b'airde ná an méid a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (€206.52). D'eascair róchaitheamh €1.2 milliún as seo.
- Caiteachas a aisíoc ó phríomhscéimeanna (e.g. Liúntas Míchumais, Liúntas Cuardaitheora Poist) a bhain toradh €37.4 milliún amach. Bhí seo €13.9 milliún ní ba lú ná an tsuim a ndearnadh soláthar di sa mheastachán bunaidh (€51.3 milliún), a léiríonn go ndearnadh cúiteamh ní ba lú a fháil ó Íocaíochtaí LLF Bunúsach.

A.9 Cúnamh Feirme

Soláthar meastacháin: €62.2 milliún, toradh: €66.4 milliún

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an róchaitheamh €4.2 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Bhí an meánlíon faighteoirí (5,891) 426 fhaighteoir ní b'airde ná an líon a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (5,465). Ba mhoille an ráta laghdaithe a tháinig ar fhaighteoirí mar gheall ar phróifíl aoise éileamh ná an luas a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh. D'eascair róchaitheamh €4.8 milliún as seo.
- Bhí na meánluachanna íocaíochta (€214.05) ní b'ísle ná an luach a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (€216.10). D'eascair tearc-chaitheamh €600,000 as seo.

A.10 Íocaíochtaí ar Riachtanais Eisceachtúla agus Phráinneacha

Soláthar meastacháin: €44.2 milliún, toradh: €41 mhilliún

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €3.2 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Bhí an líon faighteoirí 19,911 duine ní b'ísle ná an líon a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (87,500) i gcomparáid leis an Toradh (67,589). D'eascair tearc-chaitheamh €10.1 milliún as seo. Mar gheall ar shrianta Covid, tháinig laghdú suntasach ar roinnt de na catagóirí Íocaíochtaí ar Riachtanais Eisceachtúla (ÍREanna) ar gnách go mbíonn go leor díobh le híoc agus go mbíonn luach íseal orthu, go háirithe maidir le taisteal agus éadaí.
- D'eascair tearc-chaitheamh €100,000 as ró-íocaíochtaí a aisghabháil nár cuireadh san áireamh sa mheastachán.

- Bhí an meánluach íocaíochta €609.48 €103.99 ní ba mhó ná an luach a ndearnadh soláthar dó sa Mheastachán Athbhreithnithe Breise (€505.49). D'eascair róchaitheamh €7 milliún as seo. Ba í an chatagóir thithíochta an phríomhchúis a bhí leis an róchaitheamh, rud arb ionann é agus nach mór 70% de chaiteachas na scéime agus ar gnách gur suimeanna íocaíochta ardluacha a bhíonn i gceist leis.

A.11 Aois Oibre Eile – Tacaí Ioncaim

Soláthar meastacháin: €19.1 milliún, toradh: €18.1 milliún

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €1 mhilliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Bhí an Liúntas Costas Laethúil €300,000 ní b'ísle ná an meastachán €13.3 milliún.
- Bhí an caiteachas ar Chabhair Dhaonnúil €100,000 ní b'ísle ná an meastachán €200,000.
- Bhí caiteachas ar fhorlíontaí eile €600,000 ní b'ísle ná an meastachán €5.5 milliún.

A.12 Fostaíocht Pobail

Soláthar meastacháin: €369.7 milliún, toradh: €340.6 milliún

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €29.1 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Bhí an líon rannpháirtithe ní b'ísle (20,330) ná an líon a ndearnadh soláthar dó i Meastachán Athbhreithnithe Breise 2020 (21,540) mar gheall ar shrianta Covid-19, a chruthaigh deacrachtaí chun folúntais a líonadh i dtionscadail Fostaíochta Pobail. D'eascair tearc-chaitheamh €16.7 milliún as seo.
- Bhí na meánluachanna íocaíochta do rannpháirtithe (€253.59) ní b'ísle ná an luach a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (€260.47). D'eascair tearc-chaitheamh €7.4 milliún as seo.
- D'eascair tearc-chaitheamh €3.7 milliún i gcomparáid leis an meastachán (€7 milliún) as caiteachas níos ísle €3.3 milliún ar oiliúint.
- D'eascair tearc-chaitheamh €1.1 milliún i gcomparáid leis an meastachán (€13.2 milliún) as caiteachas níos ísle ar thomhaltáin cúrsaí €12.1 milliún.
- Bhí an líon maoirseoirí (1,300) ní b'ísle ná an líon a ndearnadh soláthar dó i meastachán 2020 (1,310). D'eascair tearc-chaitheamh €400,000 as seo.
- Aisghabhálacha ró-íocaíochtaí €100,000 nach ndearnadh soláthar dóibh i Meastachán Athbhreithnithe Breise 2020.
- Ní chuirtear slánú a rinneadh ar an tearc-chaitheamh i leith €100,000 san áireamh thuas.

Arna fhritháireamh le:

- Meánluach íocaíochta seachtainiúil ní b'airde do mhaoirseoirí €745.36 sa tseachtain in 2020 i gcomparáid le €744.43 faoi mar a rinneadh soláthar dó i Meastachán Athbhreithnithe Breise 2020. D'eascair róchaitheamh €100,000 as seo.
- Ba mhó an caiteachas €700,000 ar an tionscadal Fostaíochta Pobail ná an meastachán bunaidh €400,000 mar gheall go ndearnadh níos mó réamhíocaíochtaí a eisíodh do thionscadail a chúiteamh ná an líon a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán.

A.14 Tús – Socrúchán Oibre Pobail

Soláthar meastacháin: €99.2 milliún, toradh: €83.6 milliún

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €15.6 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Bhí an líon rannpháirtithe ní b'ísle (4,753) ná an líon a ndearnadh soláthar dó i Meastachán Athbhreithnithe Breise 2020 (5,811) mar gheall ar shrianta Covid-19, a chruthaigh deacrachtaí chun folúntais a líonadh i dtionscadail Tús. D'eascair tearc-chaitheamh €14.2 milliún as seo.
- Bhí costais reatha neamh-phárolla (€8.2 milliún) ní b'ísle ná an tsuim a ndearnadh soláthar di sa mheastachán bunaidh (€9.5 milliún). D'eascair coigilt €1.3 milliún as seo.
- Bhí na meánluachanna íocaíochta (€253.36) ní b'ísle ná an luach a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (€253.94). D'eascair tearc-chaitheamh €200,000 as seo.
- Rinne na meánluachanna íocaíochta do mhaoirseoirí (€726.05) a bhí ní b'airde ná an luach a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (€722.89) é seo a fhritháireamh. D'eascair róchaitheamh €100,000 as seo.

A.17 An Scéim Tacaíochta d'Fhostaíocht Óige

Soláthar meastacháin: €3.3 milliún, toradh: €2 milliún.

Mar gheall ar shrianta Covid-19 a bhí i bhfeidhm ar feadh tréimhsí fada i rith 2020, níorbh fhéidir idirchaidreamh a dhéanamh le fostóirí ná áiteanna a chur ar tairiscint do chuardaitheoirí poist ar an Scéim Tacaíochta d'Fhostaíocht Óige (STFÓ) agus d'eascair tearc-chaitheamh €1.3 milliún as seo.

A.18 Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas

Soláthar meastacháin: €77.2 milliún, Toradh: €65.9 milliún

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €11.3 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- D'eascair tearc-chaitheamh €15.9 milliún i rith mhíonna na bliana acadúla (ó Eanáir go Bealtaine agus ó D.F. go Nollaig) mar gheall gur lú na líonta rannpháirtithe (6,104) ná an líon a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán (8,714).
- Rinne caitheamh ní b'airde €4.6 milliún i rith mhíonna an tsamhraidh (ó Mheitheamh go Meán Fómhair) é seo a fhritháireamh nuair a bhí líon na rannpháirtithe cothrom le 3,981, ar an meán, i gcomparáid le 2,218, an líon a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán.

A.19 JobsPlus

Soláthar meastacháin: €10.1 milliún, Toradh: €5.4 milliún

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €4.7 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Bhí an líon iarbhír faighteoirí (1,012) 818 bhfaighteoir ní b'ísle ná an líon a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (1,830). Tháinig laghdú substainteach ar rannpháirtithe in Aibreán mar thoradh ar Covid-19. Cuireadh bearta i bhfeidhm chun stop a chur le híocaíochtaí scéime fad a rinneadh rannpháirtithe in JobsPlus a leagan as go sealadach (bhí ÍDP á fháil acu) nó fad a rinne a bhfostóir iarratas ar SFSP chun an fhostaíocht a mhaoiniú. D'eascair tearc-chaitheamh €4.5 milliún as seo.
- Bhí na meánluachanna íocaíochta (€442.88) ní b'ísle ná an luach a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (€460.00). D'eascair tearc-chaitheamh €200,000 as seo.

A.20 Seirbhís Fostaíochta Áitiúla

Soláthar meastacháin: €19.3 milliún, toradh: €18.2 milliún

Ní chuirtear cúiteamh ar fáil d'eagraíochtaí a sholáthraíonn Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla (SFÁnna) ach do chostais a tabhaíodh i rith na bliana. Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €1.1 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- An toradh ar Sheirbhísí Idirghabhála €600,000, a bhí €400,000 ní ba lú ná an tsuim a ndearnadh soláthar di sa mheastachán (€1 mhilliún). Cé gur lean soláthraithe seirbhíse SFÁ ag oibriú le cliaint a bhí fostaithe cheana féin i rith shrianta Covid-19, rinneadh seo ó chian, den chuid ba mhó, agus cuireadh ní ba lú deontas ar fáil dá bharr.
- An toradh ar chostais foirne SFÁ €14.2 milliún, a bhí €800,000 ní ba lú ná an tsuim a ndearnadh soláthar di sa mheastachán.

A.21 Clubanna Post

Soláthar meastacháin: €5.4 milliún, toradh: €4.5 milliún

Ní íoctar le heagraíochtaí a ndámhtar conradh dóibh seirbhísí Club Post a sholáthar ach maidir leis na costais a tabhaíodh. Rinneadh atreoruithe a chiorrú go mór i rith 2020 mar gheall ar shrianta Covid-19. Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €900,000 maidir leis an soláthar meastacháin:

- An toradh ar Thaisteal agus Cothú €60,000, a bhí €400,000 ní ba lú ná an tsuim a ndearnadh soláthar di sa mheastachán (€460,000), agus ba iad srianta taistil Covid-19 ba chúis leis seo uile.
- An toradh ar chostais oibríochtúla Chlubanna Post €900,000, a bhí €200,000 ní ba lú ná an tsuim a ndearnadh soláthar di sa mheastachán (€1.1 milliún).
- An toradh ar chostais foirne €3.5 milliún, a bhí €300,000 ní ba lú ná an tsuim a ndearnadh soláthar di sa mheastachán (€3.8 milliún).

A.22 Clár Socrúcháin agus Taithí Oibre

Soláthar meastacháin: €3.7 milliún, toradh: nialas

Clár taithí oibre é an Clár Taithí Socrúchán Oibre (CTSO) atá dírithe ar chuardaitheoirí poist a bhfuil íocaíocht leasa shóisialaigh cháilitheach á fáil acu agus a bhí dífhostaithe ar feadh sé mhí nó níos faide. Tá sé ar cheann de na bearta a sainaithníodh i Spreagadh Post mhí Lúil a chomhaontaigh an Rialtas in 2020. Cuireadh é sin siar mar gheall ar leibhéil ghníomhaíochta geilleagraí a bheith laghdaithe go mór mar gheall ar shrianta sínte Covid-19. Dá réir sin, níor tabhaíodh aon chaiteachas in 2020.

A.23 Aois Oibre Eile – Tacaí Fostaíochta

Soláthar meastacháin: €23.5 milliún, toradh: €12.3 milliún

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €11.2 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Deontas Tacaíochta Fiontraíochta - ba é an toradh €8.5 milliún, agus bhain €7.7 milliún de leis an deontas a shíneadh lena chur ar fáil d'iarfhaighteoirí féinfhostaithe ÍDP a rinne a ngnólacht a athoscailt agus bhain €800,000 de le rannpháirtithe i Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair. Bhí sé sin €6.5 milliún ní ba lú ná an tsuim a ndearnadh soláthar di i Meastachán Athbhreithnithe Breise 2020.
- Deontas Tacaíochta Oiliúna - ba é an toradh €1.3 milliún agus bhí sé sin €2 mhilliún ní ba lú ná an tsuim a ndearnadh soláthar di sa mheastachán (€3.3 milliún).
- Tacaí Gníomhachtaithe Spriocdhírithe - níor caitheadh an meastachán €2.5 milliún don bhliain 2020 mar gheall gur tugadh srianta sláinte poiblí Leibhéal 5 isteach tar éis na tacaí seo a thabhairt isteach i nDeireadh Fómhair 2020, agus chuir seo cosc ar na tacaí gníomhachtaithe spriocdhírithe a beartaíodh a chur i bhfeidhm.
- Tá sé ghné eile den fho-mhírcheann i gceist le hiarmhéid an tearc-chaithimh, arb ionann é agus €200,000.

A.zz An Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF)

Soláthar meastacháin: €1,740 milliún, toradh: €1,370.9 milliún

Baineadh tearc-chaitheamh €369.1 milliún amach.

Tugadh an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF) isteach mar scéim éigeandála ó Mheán Fómhair 2020 in ionad na Scéime Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP).

Bunaíodh an meastachán ar thacaíocht a bheith á tabhairt ag SFPF do 350,000 fostaí gach seachtain. B'éagsúil an líon iarbhír ó sheachtain go seachtain agus ba lú iad ná mar a tuaradh.

A.29 Tacaí Gníomhachtaithe Míchumais

Soláthar meastacháin: €15.7 milliún, toradh: €13.9 milliún

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €1.8 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Ability: Soláthar meastacháin: €5.4 milliún, toradh: €4.5 milliún. Tearc-chaitheamh €900,000. Áirítear le rannpháirtithe in Ability go leor daoine atá an-leochaileach do Covid-19 agus do na srianta a bhaineann le gluaiseacht. Ní dhearna tionscadail an dul chun cinn a raibh súil leis.
- Seirbhísí EmployAbility: Soláthar meastacháin: €9.9 milliún, toradh: €8.9 milliún. Tearc-chaitheamh €1 mhilliún. Ní chuirtear cúiteamh ar fáil d'eagraíochtaí a sholáthraíonn Seirbhísí EmployAbility ach do chostais a tabhaíodh.
- Rinne róchaitheamh €100,000 ar Thacaí Gníomhachtaithe Míchumais é seo a fhritháireamh. Soláthar meastacháin: €400,000, toradh: €500,000 Cuireadh €100,000 sa bhreis ar fáil do AHEAD (an Cumann Rochtana Ardoideachais agus Míchumais) maidir le Clár Meantóireachta Toiliúil agus Ábalta (WAM) agus Clár GetAHEAD.

A.30 An Scéim Fóirdheontais Pá

Soláthar meastacháin: €24.6 milliún, Toradh: €18.4 milliún

- Cuireann an Scéim Fóirdheontais Pá tacaíocht airgeadais ar fáil d'fhostóirí a fhostaíonn daoine faoi mhíchumas. Bhí an líon rannpháirtithe (1,367) sa Scéim Fóirdheontais Pá 1,518 nduine ní b'ísle ná an líon a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (2,885). Tháinig laghdú substainteach ar rannpháirtithe in Aibreán mar thoradh ar Covid-19. Cuireadh bearta i bhfeidhm chun stop a chur le híocaíochtaí scéime fad a rinneadh rannpháirtithe sa Scéim Fóirdheontais Pá a leagan as go sealadach (bhí ÍDP á fháil acu) nó fad a rinne a bhfostóir iarratas ar SFSP chun an fhostaíocht a mhaoiniú. D'eascair tearc-chaitheamh €6.2 milliún as seo.

A.32 Íocaíocht Teaghlaigh Oibre

Soláthar meastacháin: €402.5 milliún, Toradh: €377.3 milliún.

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €25.2 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Bhí an meánluach íocaíochta (€142.47) €8.73 ní b'ísle ná an luach a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (€151.20). D'eascair tearc-chaitheamh €23.1 milliún as seo.
- Bhí an meánlíon faighteoirí (49,950) ní b'ísle ná an líon a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (50,010). D'eascair tearc-chaitheamh €500,000 as seo.
- Baineadh tearc-chaitheamh €1.6 milliún amach nuair a rinneadh coigeartuithe idirscéime.

A.33 Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair

Soláthar meastacháin: €17.2 milliún, toradh: €13 mhilliún

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €4.2 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Bhí an meánlíon iarbhír faighteoirí (4,258) 1,087 nduine ní b'ísle ná an líon a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (5,345). Ba é tionchar Covid-19 ar an margadh saothair ba chúis leis seo, a ndearnadh tearc-chaitheamh €3.5 milliún dá bharr.
- Bhí na meánluachanna íocaíochta (€58.58) ní b'ísle ná an luach a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (€61.48). D'eascair tearc-chaitheamh €700,000 as seo.

A.34 Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil

Soláthar meastacháin: €152.9 milliún, toradh: €54.1 milliún

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €98.8 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Bhí an líon faighteoirí (144,429) 267,182 dhuine ní b'ísle ná an líon a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (411,611). Bunaíodh an líon faighteoirí a measadh ar an gcinneadh a rinne an Rialtas ag an tráth go gcuirfí deireadh le ÍDP i lár Mheithimh 2020. Bheadh líon i bhfad níos mó de chuardaitheoirí poist ó Mheitheamh 2020 ar aghaidh ina thoradh air seo, a bheadh cáilithe freisin do Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar an Scoil. Mar gheall gur leanadh le scéim ÍDP a íoc i ndiaidh Mheitheamh 2020, níor tháinig na cuardaitheoirí poist agus na héilitheoirí breise ar LÉCFS aníos. D'eascair tearc-chaitheamh €99.2 milliún as seo.
- Bhí na meánluachanna íocaíochta (€374.25) beagán ní b'airde ná an luach a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (€371.42). Rinne seo €400,000 den róchaitheamh foriomlán a fhritháireamh.

A.35 Scéim na mBéilí Scoile

Soláthar meastacháin: €61.6 milliún, toradh: €53.5 milliún

Bhí an tearc-chaitheamh €8.1 milliún ar Scéim na mBéilí Scoile in 2020 mar gheall gur dúnadh scoileanna i rith na paindéime ó Mhárta 2020. Cé gur leanadh le maoiniú a chur ar fáil do Bhéilí Scoile ar fud na bliana, níor bhain gach scoil leas as an rogha seo. As na scoileanna a bhain leas aisti, níor chuir go leor díobh ach tacaíocht ar fáil do leanaí leis na teaghlaigh ba mhó ba leochailí i dtaobh airgeadais de. Baineadh é seo amach go mór mór trí bheartáin bhia a rinne soláthraithe a sheachadadh chuig an mbaile.

Cuireadh moill freisin ar atosú an chláir bhéilí teo scoile ó Mheán Fómhair 2020 go hEanáir 2021 mar thoradh ar na tréimhsí fada a chaith scoileanna dúnta.

A.36 Íocaíochtaí eile a bhaineann le Leanaí

Soláthar meastacháin: €7.6 milliún, toradh: €8.2 milliún

Tá an méid seo a leanas i gceist le róchaitheamh €600,000 ar íocaíochtaí eile a bhaineann le leanaí, maidir le hÍocaíocht Caomhnóra (Neamh-Ranníocach) agus Deontas do Thuismitheoir ar Baintreach (Fir) é/í (Neamh-Ranníocach):

- Róchaitheamh €500,000 ar Íocaíocht Caomhnóra (Neamh-Ranníocach), inar baineadh toradh €7.8 milliún amach, i gcomparáid le meastachán €7.3 milliún. B'éard ba chúis leis seo go raibh an líon faighteoirí 24 dhuine ní ba mhó ná an líon a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán (526) agus go raibh na meánluachanna íocaíochta seachtainiúla, arbh ionann iad agus €7.80, ní b'airde ná an luach a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán (€263.85).

- Róchaitheamh €100,000 ar Dheontas do Thuismitheoir ar Baintreach (Fir) é/í (Neamh-Ranníocach), inar baineadh toradh €400,000 amach, i gcomparáid le meastachán €300,000 mar gheall gur íocadh 21 deontas ní ba mhó ná mar a measadh (48).

A.37 Forlíonadh Cíosa

Soláthar meastacháin: €164.6 milliún, toradh: €133.1 milliún

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €31.5 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Bhí an líon iarbhír faighteoirí (20,430) 7,980 duine ní b'ísle ná an líon a ndearnadh soláthar dó sa Mheastachán Athbhreithnithe Breise (28,410) mar gheall ar líon ní b'ísle ná mar a bhí súil leis d'éilimh ar Fhorlíonadh Cíosa a bhain le Covid. D'eascair tearc-chaitheamh €46.2 milliún as seo.
- D'eascair tearc-chaitheamh €100,000 as ró-íocaíochtaí a aisghabháil nár cuireadh san áireamh sa mheastachán.
- Bhí na meánluachanna íocaíochta seachtainiúla (€125.36) ní b'airde ná an luach a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (€111.42) agus d'eascair róchaitheamh €14.8 milliún as seo.

A.42 Deontas don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Soláthar meastacháin: €61.8 milliún, toradh: €56 mhilliún

Bhí an tearc-chaitheamh €5.8 milliún mar gheall ar an tionchar a d'imir Covid-19 ar sheirbhísí a sholáthair an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh (BFS), forchostais agus tograí soláthar foirne san áireamh. Cuireadh maoiniú san áireamh do Chleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta (CDP) faoi Scéim Abhaile ach tá dul chun cinn déanta anois ar thogra nua nár theastaigh an maoiniú seo uaidh. Rinneadh tearc-chaitheamh mór ar Abhcóideacht mar gheall gur ghlac sé ní b'fhaide chun dul chun cinn a dhéanamh ar an Acht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017, a chur i bhfeidhm agus níor theastaigh leithdháileadh foriomlán an bhuiséid dá bharr.

A.43 Seirbhísí Ilghnéitheacha

Soláthar meastacháin: €17.8 milliún, toradh: €13.3 milliún

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €4.5 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Ionchuimsiú Sóisialta a Chur chun Cinn do Chúramóirí Teaghlaigh agus Cuardaitheoirí Poist Óga faoi Mhíchumas.

  Is é is príomhchúis leis an tearc-chaitheamh €1.8 milliún ar an scéim seo cineál agus uainiú an phróisis.

  Bíonn go leor ama i gceist idir an tráth a dhéantar iarratas ar bheart Cuntas Díomhaoin, agus an tráth a chinntítear go bhfuil caiteachas vótáilte ar fáil mar chuid den phróiseas Meastachán, agus a fhaomhann an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail é, agus a chomhaontaítear ar chonradh idir Pobal, agus an tráth a dhéantar iarratais ó ghrúpaí a ghairm agus an nós imeachta measúnaithe agus dámhachtana ina dhiaidh sin.

  Níl bealach ar bith ann tuar atá cruinn in aon chor a dhéanamh ar líon na n-iarratas a gheofar maidir le gairm ar thograí.
- Cúnaimh AE dóibh Siúd is mó is Díothaí (FEAD).

  Baineadh tearc-chaitheamh €3 mhilliún amach mar gheall ar an líon carthanas a raibh orthu dúnadh nó a n-obair a chur ar fionraí mar gheall ar Covid-19.
- Rinne róchaitheamh €300,000 é seo a fhritháireamh agus leatar é seo i measc na scéimeanna eile.

A.44 Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh faoi Alt 9(9) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005

Soláthar meastacháin: €93.2 milliún, toradh: €nialas

Teastaíonn fóirdheontas Státchiste do CÁS nuair is mó caiteachas na bliana reatha ná an t-ioncam agus nuair nach leor barrachas coinnithe an Chiste, a rinneadh a charnadh i rith blianta roimhe seo, chun íoc as an easnamh.

Rinneadh soláthar i Meastachán Athbhreithnithe Breise 2020 don bharrachas €3.9 billiún (a carnadh i rith blianta roimhe seo) a dhíothú roimh dheireadh na bliana agus go dtiocfadh easnamh €93.2 milliún aníos agus go mbeadh Fóirdheontas Státchiste ag teastáil.

Ba iad na príomhchúiseanna a bhí leis an difríocht:

- B'ionann Ioncam CÁS in 2020 agus €10,644.7 milliún, a bhí €192.8 milliún ní ba mhó ná an tsuim a ndearnadh soláthar di sa mheastachán (€10,451.9 milliún). Ba é ba chúis leis seo ná go raibh an tionchar a d'imir srianta Covid-19 an Rialtais ar fháltais ÁSPC ní b'ísle ná mar a bhí coinne leis.
- Caitheadh €14,106.5 milliún ar scéimeanna CÁS, a bhí €327.2 milliún ní ba lú ná an tsuim a ndearnadh soláthar di sa mheastachán bunaidh (€14,433.7 milliún). Ba iad na príomhrudaí ba chúis leis seo:
  (a) Ba é an caiteachas ar Phinsean Stáit (Ranníocach) €5,834.6 milliún, a bhí €85.6 milliún ní b'ísle ná mar a measadh (€5,920.2 milliún);
  (b) Ba é an caiteachas ar an Íocaíocht Dífhostaíochta Paindéime (i ndiaidh Lúnasa 2020) €1,844 milliún, a bhí €113.6 milliún ní ba lú ná mar a measadh (€1,957.6 milliún);
  (c) Ba é an caiteachas Íocaíochtaí Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta €48.4 milliún, a bhí €31.5 milliún ní ba lú ná mar a measadh (€79.9 milliún);
  (d) Chuir scéimeanna eile ar nós Sochar Breoiteachta (caiteachas €18.9 milliún ní ba lú ná mar a measadh) agus Sochar Breoiteachta Breisithe Covid-19 (€17.1 milliún ní ba lú ná mar a measadh) leis an tearc-chaitheamh foriomlán ar scéimeanna CÁS.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí i gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
Aistriú ón gCiste Árachais Shóisialaigh chuig Vóta 37				
1	Costais riaracháin a aisghabháil ón gCiste Árachais Shóisialaigh	121,980	121,980	131,930
Leithreasaí-i-gcabhair: Eile				
2	Aisghabhálacha cúnaimh shóisialta a ró-íocadh	58,300	49,071	59,423
3	Aisíocaíocht suimeanna ón gCiste Árachais Shóisialaigh a íocadh i dtosach mar chúnamh sóisialta	4,000	5,698	5,545
4	Fáltais faoin bhforáil ‘dliteanas chun teaghlach a chothabháil’ i gCuid XII den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005	320	332	334
5	Fáltais ó Oifig an Ard-Chláraitheora	340	253	344
6	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	6,000	6,820	7,477
7	Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa	7,250	17	721
8	Fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna (Fostaíocht Pobail)	6,100	4,538	6,369
9	Fáltais ón Údarás Pinsean – aoisliúntas foirne	600	582	649
10	Costais oibriúcháin an Aonaid Daoine gan Dídean – ranníocaíochtaí ó ghníomhaireachtaí seachtracha	—	156	2,717
11	Fáltais ó chuntais dhíomhaoine	5,000	3,216	610
12	Aisghabháil cúnaimh shóisialta ó éilimh árachais	2,800	1,923	2,633
13	Fáltais ón gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí	4,500	5,235	3,507
14	Ilghnéitheach	1,000	1,720	776
	Iomlán	**218,190**	**201,541**	**223,035**

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €16.649 milliún ní ba mhó ná mar a measadh. Tugtar míniú ar na difríochtaí thíos:

2 Aisghabhálacha cúnaimh shóisialta a ró-íocadh

Meastachán: €58.3 milliún, réadaithe €49.1 milliún

Cumhdaítear san fho-mhírcheann seo an ghné sin d'aisghabhálacha ró-íocaíochtaí ó bhreis agus 40 scéim cúnaimh shóisialta a gcaitear leo mar ioncam. Bhí aisghabhálacha airgid thirim €32.6 milliún agus luach €17.4 milliún d'aisghabhálacha a asbhaineadh ó éilimh lúide ró-íocaíochtaí leithreasaí-i-gcabhair €900,000 i dtoradh 2020. D'eascair cor chun donais geilleagrach as paindéim Covid-19 ina raibh leibhéil mhéadaithe dífhostaíochta agus, mar gheall air seo, cuireadh stop leis an tóraíocht ar fhiachas a aisghabháil agus, dá bharr, d'imreodh sé tionchar ar aisghabhálacha in 2020. Tá filleadh ar obair i measc go leor daoine á éascú ag laghdú srianta Covid-19 agus tá súil leis go dtiocfaidh méadú dá réir ar aisghabháil fiachais.

3 Aisíocaíocht suimeanna ón gCiste Árachais Shóisialaigh a íocadh i dtosach mar chúnamh sóisialta

Meastachán: €4 mhilliún, réadaithe €5.7 milliún

Úsáidtear an fo-mhírcheann seo chun cúnamh sóisialta a aisghabhadh ón gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) a chur i dtaifead sa chás go ndéantar an coigeartú idirscéime i ndiaidh dheireadh na bliana airgeadais. Mar shampla, áirítear leis custaiméirí a n-íoctar íocaíocht Liúntas bunúsach Leasa Forlíontach (LLF) leo (a mhaoinítear ó Vóta 37) fad a bhíonn feitheamh orthu le cinneadh faoina n-éileamh ar Shochar Breoiteachta, Pinsean Easláine nó Pinsean Stáit (Ranníocach). Aisghabhtar an tsuim de LLF bunúsach a íoctar ina dhiaidh sin ó CÁS nuair a bhíonn cinneadh déanta faoina n-éileamh ar Shochar Breoiteachta, Pinsean Easláine nó Pinsean Stáit (Ranníocach). Nuair a dhéantar cinneadh faoi i mbliain eile i ndiaidh an íocaíocht LLF bhunúsaigh a dhéanamh, cuirtear an aisghabháil ó CÁS i gcuntas mar ioncam faoin bhfo-mhírcheann seo.

Féadfaidh fáltais a bheith an-éagsúil ó mhí go mí. Idir €100,000 agus breis agus €1.8 milliún a bhí na fáltais mhíosúla in 2020, agus is deacair iad a thuar go cruinn dá bharr. Bunaíodh meastachán 2020 ar an treocht mheántéarmach ó 2016 go 2018 nuair a bhí fáltais cothrom le €4 mhilliún sa bhliain, ar an meán. Bhí na fáltais in 2020 €1.7 milliún ní b'airde ná an treocht seo, áfach.

6 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí

Meastachán: €6 mhilliún, réadaithe: €6.8 milliún

Úsáidtear an fo-mhírcheann seo chun ranníocaíochtaí aoisliúntais breise a chur i dtaifead (tugadh an Tobhach Pinsin air seo roimhe seo) maidir le foireann a oibríonn sa Roinn.

Rinneadh foráil i gComhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (CCSP) 2018 go 2020 do laghdú de réir a chéile ar thairseacha agus ar rátaí idir 2019 agus 2020. Rinneadh áibhéil i meastachán 2020 ar thionchar na laghduithe seo in 2020 agus bhí €800,000 sa bhreis i gceist leis an toradh ná an tsuim a ndearnadh soláthar di sa mheastachán.

7 Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa

Meastachán: €7.2 milliún, réadaithe: €17,000

Níor sheol an tÚdarás Bainistíochta éileamh na Roinne ar aghaidh a chumhdaigh na blianta ó 2015 go 2018 ar Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair agus JobsPlus in 2020, faoi mar a bhí súil leis. Tá éileamh na Roinne mar chuid d'éileamh comhiomlán a n-áirítear scéimeanna agus seirbhísí a sholáthraíonn Ranna eile leis freisin. Cé go raibh súil leis go seolfaí an t-éileamh ar aghaidh i rith 2020, titfidh seo amach, ina ionad sin, in 2021.

8 Fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna (Fostaíocht Pobail)

Meastachán: €6.1 milliún, réadaithe: €4.5 milliún

Úsáidtear an fo-mhírcheann seo chun an costas a fhorchúiteamh atá ar oiliúint a chur ar rannpháirtithe i bhFostaíocht Pobail (FP) agus sa Deontas Tacaíochta Oiliúna (DTO). Rinne fáltais maidir le Fostaíocht Pobail €3.3 milliún a réadú, a bhí €900,000 ní ba lú ná an tsuim a ndearnadh soláthar di sa mheastachán. B'ionann na fáltais maidir le rannpháirtithe sa Deontas Tacaíochta Oiliúna agus €1.2 milliún, nó bhí siad €700,000 ní ba lú ná an tsuim a ndearnadh soláthar di sa mheastachán.

Mar gheall gur imir Covid-19 tionchar tromchúiseach ar dheiseanna oiliúna agus fostaíochta i rith 2020, laghdaíodh go mór an líon rannpháirtithe i bhFostaíocht Pobail agus an líon cuardaitheoirí poist a atreoraíodh chuig cláir chun an bhearna scileanna a líonadh.

10 Costais oibriúcháin an Aonaid Daoine gan Dídean – ranníocaíochtaí ó ghníomhaireachtaí seachtracha

Meastachán: €nialas, réadaithe: €156,000

Cuireadh stop leis na seirbhísí a d'oibrigh an Roinn do dhaoine gan dídean thar ceann Chomhairle Cathrach Chorcaí an 18 Eanáir 2019. Bhí a mhacasamhail de shocrú i bhfeidhm le Comhairle Contae Chorcaí agus cuireadh stop leis an tseirbhís seo an 30 Meitheamh 2020. Cuireadh an caiteachas go léir ar íocaíochtaí ar riachtanais eisceachtúla faoi bhráid na n-údarás áitiúil ar bhonn rialta lena n-aisíoc, agus an fhreagracht a bhí ar an údarás áitiúil sa réimse seo á haithint. Mar gheall gur leanadh leis an tseirbhís a chur ar fáil i gceantair chontae go dtí gur ghlac Comhairle Contae Chorcaí freagracht aisti arís an 1 Iúil 2020, leanadh le fáltais a fháil ón gComhairle i rith go leor den bhliain 2020.

11 Fáltais ó chuntais dhíomhaoine

Meastachán: €5 mhilliún, réadaithe: €3.2 milliún

Maoinítear ionchuimsiú sóisialta a chur chun cinn do chúramóirí teaghlaigh agus cuardaitheoirí poist óga faoi mhíchumas faoin bhfo-mhírcheann seo. Bíonn go leor ama i gceist idir an tráth a dhéantar iarratas ar bheart cuntas díomhaoin, agus an tráth a chinntítear go bhfuil caiteachas vótáilte ar fáil mar chuid den phróiseas Meastachán, agus a fhaomhann an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail é, a chomhaontaítear ar chonradh idir Pobal, agus a dhéantar iarratais ó ghrúpaí a ghairm agus an nós imeachta measúnaithe agus dámhachtana ina dhiaidh sin.

Níl bealach ar bith ann tuar atá cruinn in aon chor a dhéanamh ar líon na n-iarratas a gheofar maidir le gairm ar thograí.

12 Aisghabháil cúnaimh shóisialta ó éilimh árachais

Meastachán: €2.8 milliún, réadaithe: €1.9 milliún

Úsáidtear an fo-mhírcheann seo chun fáltais a chur i dtaifead ó dhámhachtainí árachais maidir le faighteoirí Liúntais Míchumais. Féadfaidh fáltais a bheith an-éagsúil ó mhí go mí. B'ionann meánfháltais sa mhí in 2020 agus €160,000, ar laghdú €73,000 é seo ar na meánfháltais don bhliain 2019. B'éard ba phríomhchúis leis seo nár shuigh na cúirteanna ar feadh tréimhsí fada in 2020 mar gheall ar phaindéim Covid-19.

13 Fáltais ón gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí

Meastachán: €4.5 milliún, réadaithe: €5.2 milliún

Fuair an Roinn iarmhéid éileamh 2018, ar a raibh luach €250,000 in 2020. Sheol an Roinn dhá éileamh freisin in 2020 agus fuarthas aisíocaíocht €930,000 i mí Feabhra 2020 agus €4.05 milliún i mí na Nollag 2020, a mhéadaigh luach na bhfáltas iomlán aníos go €5.2 milliún. Cuireadh éileamh ar aisíocaíocht thuartha le haghaidh ráithe 1 de 2021 san áireamh in éileamh a rinneadh i mí na Nollag 2020 agus d'eascair ní ba mhó fáltas as seo ón gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD) ná mar a measadh.

14 Ilghnéitheach

Meastachán: €1 mhilliún, réadaithe: €1.7 milliún

Déantar soláthar san fho-mhírcheann seo d'fháltais bheaga nach gcumhdaítear in aon áit eile faoi fháltais leithreasaí-i-gcabhair agus nach raibh coinne leo nuair a bhí na meastacháin á n-ullmhú. Ba é an toradh in 2020 €1.7 milliún. Bhí seo €0.7 milliún ní ba mhó ná an tsuim a ndearnadh soláthar di sa mheastachán (€1 mhilliún). B'amhlaidh seo mar gheall gur aisghabhadh ró-íocaíocht €0.8 milliún in 2020 a tharla in 2019 a rinne Expressway Bus Éireann a rinne €0.1 milliún a fhritháireamh mar gheall ar réimse tosca frithairimh.

4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	6	8
Airgead coinsiasa	10	8
Costais finné	1	2
Fíneálacha an Údaráis Pinsean	—	12
Suim a aistríodh chuig an Státchiste	(16)	(24)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**1**	**6**

4.3 Aisghabháil ró-íocaíochtaí cúnaimh leasa

Tá an Lár-Aonad Fiachais (LAF) freagrach as aisghabháil ró-íocaíochtaí agus fiachais custaiméirí aonair a bhainistiú. Riarann an réimse scéime faoi seach bainistiú ró-íocaíochtaí agus aisghabhálacha fiachais a thagann chun solais ó chomhaontuithe caidrimh chonarthaigh nó seirbhíse le haonáin chorparáideacha a sholáthraíonn grúpscéimeanna, cosúil le Sochair Chóireála agus Fostaíocht Pobail.

B'ionann a leanas an staid achomair maidir le ró-íocaíochtaí cúnaimh leasa a bhainistigh an Lár-Aonad Fiachais (LAF) ag an 31 Nollaig 2020:

		2020 Toradh		2019 Toradh
	€000	€000	€000	€000
Ró-íocaíochtaí nár íocadh ag an 1 Eanáir 2020		381,195		399,397
Coigeartú [a]		(4)		—
Iarmhéid Tosaigh Coigeartaithe ag an 1 Eanáir 2020		381,191		399,397
Glan-ró-íocaíochtaí a cuireadh i gcuntas				
Calaois amhrasta	17,829		28,642	
Earráid an éilitheora	31,452		35,957	
Earráid oifigiúil	918		1,699	
Cásanna eastáit	25,826		21,500	
		76,025		87,798
		457,216		487,195
Lúide:				
Suimeanna a aisghabhadh [b]	(56,604)		(63,909)	
Coigeartú na n-aisghabhálacha [c]	432		619	
		(56,172)		(63,290)
Fiachas na bliana roimhe a cealaíodh [d]		(5,254)		(7,610)
Suimeanna a díscríobhadh mar shuimeanna do-aisghabhála[e]		(4,896)		(35,100)
Ró-íocaíochtaí gan íoc ag an 31 Nollaig		**390,894**		**381,195**

Nóta

[a] Déantar an t-iarmhéid tosaigh a choigeartú chun an t-iarmhéid a tugadh le fios a chur ar aon dul leis an liosta féichiúnaithe tosaigh ag an 1 Eanáir 2020.

[b] Déantar an anailís seo a leanas ar an méid fiachais a aisghabhadh in 2020:

(a) Breacadh €48.7 milliún in ioncam maidir le fiachas na mblianta roimhe seo.

(b) Breacadh €7.9 milliún in aghaidh caiteachais maidir le fiachas na bliana reatha.

[c] Rinneadh an coigeartú €432,000 maidir leis na haisghabhálacha a cuireadh i gcuntas i mblianta roimhe seo a cealaíodh in 2020.

[d] Is ionann fiachais chealaithe na mblianta roimhe seo €5,254,000 agus ró-íocaíochtaí a tugadh chun solais i mblianta roimhe seo a cealaíodh in 2020.

[e] Rinneadh fiachais iomlána €4.9 milliún a dhíscríobh mar chuid de ghnáthchúrsa an ghnó. Áirítear le díscríobh fiachais 2019 suimeanna a díscríobhadh de bhun tionscadal ar leith. Rinne an Roinn 7,802 chás a dhíscríobh ar a raibh luach €30.3 milliún ar measadh nárbh fhéidir iad a aisghabháil (Vóta: €26.5 milliún; CÁS: €3.8 milliún) mar thoradh ar thionscadal 2019.

Nóta 5 Soláthair Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon na foirne ag deireadh na bliana		
Roinn	6,402	6,041
Gníomhaireachtaí [a]	157	137
	6,559	**6,178**

Nóta [a] Is éard atá i measc na ngníomhaireachtaí sa nóta seo an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus an tÚdarás Pinsean.

5.2 Pá

	2020 €000	2019 €000
Pá	297,019	294,607
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	1,025	1,248
Liúntais eile	348	356
Ragobair	4,097	2,914
ÁSPC an Fhostóra	20,743	19,704
Pá iomlán	**323,232**	**318,829**

Luach saothair fhoireann na Roinne

Tagraíonn na socruithe luach saothair seo a leanas do ghnéithe pá fho-mhírchinn A.1 (i), A.2 (viii) agus A.2 (ix).

	2020 €000	2020 €000
Pá	288,422	286,740
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	914	1,078
Liúntais eile	348	356
Ragobair	4,097	2,914
ÁSPC an Fhostóra	19,858	18,920
Pá iomlán	**313,639**	**310,008**

Luach saothair foirne gníomhaireachta

	2020 €000	2020 €000
Pá	8,597	7,867
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	110	170
Liúntais eile	—	—
Ragobair	1	—
ÁSPC an Fhostóra	885	784
Pá Iomlán	**9,593**	**8,821**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon faighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2020	2019
			€	€
Foireann na Roinne				
Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	424	18	21,445	38,638
Liúntais eile	43	13	12,719	12,365
Ragobair	2,719	28	22,513	16,025
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	7	1	11,224	10,205
Foireann ghníomhaireachta				
Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	20	2	17,839	16,238
Ragobair	1	—	733	—

5.4 Socruithe eile luach saothair

Ba é an costas a bhí ar an bhfoireann a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn in 2020 €600,000 maidir le 16 bhall foirne. Déanann an Roinn na costais seo a fhorchúiteamh ó na heagraíochtaí ábhartha.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon faighteoirí	2020 €000	2019 €000
Ró-íocaíochtaí*	565	1,970	2,000
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm*	279	1,023	1,061

Aistríodh 27 nduine aonair a raibh pleananna aisghabhála i bhfeidhm acu ar luach €19,858 chuig Ranna eile sa bhliain.

Nóta* Tá figiúirí 2019 athluaite do ró-íocaíochtaí agus do phleananna aisghabhála atá i bhfeidhm uathu siúd a nochtar i nóta 5.5 ró-íocaíochtaí párolla i gcuntas leithreasa 2019 (Ró-íocaíochtaí 2019 €2.4 milliún, Pleananna Aisghabhála atá i bhFeidhm €1.5 milliún). Is éard is cúis leis seo ná eolas níos cruinne a sholáthair ONSC.

5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

I rith 2020, íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta dar luach iomlán €9,204 agus scaoilíocaíochtaí dar luach iomlán €18,926 le beirt bhall foirne ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Costais chúitimh agus dlí

	Líon na gcásanna	Costais dlí a d'íoc an Oifig	Cúiteamh a dámhadh	Costais dlí a dámhadh	2020 Iomlán	2019 Iomlán
		€000	€000	€000	€000	€000
Éilimh ó fhostaithe na Roinne						
Díobhálacha pearsanta [a]	17	64	213	14	291	293
Sárú ar bheartais acmhainní daonna/ fostaíochta [b]	2	—	15	—	15	44
Éilimh ó dhaoine den phobal						
Díobhálacha Pearsanta [c]	8	56	60	67	183	74
Scéimeanna Roinne [d]	468	—	3,568	558	4,126	4,494
Eile [e]	3	68	—	10	78	1,182
		188	**3,856**	**649**	**4,693**	**6,087**

Nótaí

[a] Idir €10 agus €106,500 a bhí na híocaíochtaí iomlána maidir le daoine aonair.

[b] Idir €5,000 agus €10,000 a bhí na costais iomlána. Bhain na cásanna le hOifigí Brainse a dhúnadh agus cásanna ceart fostaíochta.

[c] B'ionann na costais iomlána maidir le daoine aonair agus idir €369 agus €99,000.

[d] Íocadh suim €3.566 milliún le marthanóirí Neachtlanna Magdalen i rith 2020. Idir €14 agus €72,842 a bhí na híocaíochtaí. Íocaíochtaí ex-gratia a bhí i gceist leis an iarmhéid €560,000 a rinneadh le héilitheoirí maidir le híocaíochtaí cumhacht cheannaigh a chailleadh agus costais dlí. Ba í an íocaíocht aonair ba mhó €229,655.

[e] Idir €10,000 agus €46,637 a bhí na costais iomlána. Níor eisíodh sonraí faoi chás mar gheall ar chlásal neamhnochta. Baineann na costais eile le Comhairleoirí Dlí a bhí faoi chonradh ag an Roinn chun asláithreacht foirne a bhí ar saoire a chumhdach.

6.2 Maoiniú AE

Áirítear leis an toradh a léirítear i bhFo-mhírchinn A1 agus A.42 íocaíochtaí maidir le gníomhaíochtaí a chómhaoiníonn AE. Seo a leanas na measteacháin ar fháltais agus torthaí iarbhír a cuireadh i dtaifead i Nóta 4.1, fo-mhírchinn 7 agus 13.

Cur síos ar an bhfo-mhírcheann:	2020 Measteacháin	2020 Réadaithe	2019 Réadaithe
	€000	€000	€000
An Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí	4,500	5,235	3,507
Ciste Sóisialta na hEorpa, Clár Infhostaitheachta, Ionchuimsithe agus Foghlama/Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta	7,250	17	531
Ciste na Saoráide um Chónascadh na hEorpa	—	—	190

An Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí

Fuarthas maoiniú €5.2 milliún ó AE maidir le clár an Chiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD), rud a thacaíonn le gníomhartha thíortha AE chun cúnamh ábhartha a sholáthar (bia agus éadaí ina measc) dóibh siúd is mó is díothaí. Tabhaíodh caiteachas €19.9 milliún nuair a bhí an clár seo á oibriú a fhad le Nollaig 2020. Soláthraíonn AE maoiniú do na Ballstáit agus cuireann na Ballstáit 15% de luach an mhaoinithe seo, ar a laghad, leis. Tá an caiteachas incháilithe a fhad leis an 31 Nollaig 2023.

Ciste Sóisialta na hEorpa, Clár Infhostaitheachta, Ionchuimsithe agus Foghlama agus Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta

Is é Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) ionstraim airgeadais an Aontais Eorpaigh chun infheistíocht a dhéanamh i ndaoine. Is é misean CSE cabhrú le dífhostaíocht a chosc agus a chomhrac, na scileanna a thabhairt do lucht saothair agus cuideachtaí na hEorpa chun tabhairt faoi dhúshláin nua agus cosc a chur ar dhaoine teagmháil a chailleadh leis an margadh saothair. Fuarthas an fáltas €17,178 seo ó AE maidir le EURES chun saorghluaiseacht oibrithe a éascú ar fud limistéar AE/ LEE. Eagraíonn an Coimisiún Eorpach EURES go lárnach agus riarann an tSeirbhís Fostaíochta Poiblí é sna Ballstáit.

Baineann fáltais faoin dá mhírcheann seo le héilimh Sheirbhísí Eorpacha Fostaíochta (EURES) do na blianta 2015, 2016 agus 2017. Cómhaoiníonn AE an clár seo ar bhonn 50% trí CSE.

Ciste na Saoráide um Chónascadh na hEorpa

Bhí SCE le cabhrú leis na Ballstáit Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialaí a chur i bhfeidhm go náisiúnta. Bhí RCS agus FSS ag oibriú as lámh a chéile chun seo a chur i bhfeidhm. Deontas aonuaire a bhí anseo a cuireadh ar fáil i Meitheamh 2019.

6.3 Íocaíochtaí úis déanacha

	2020	2019
	€000	€000
Íocaíochtaí úis	**12**	**4**

Aguisín A An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí - Achoimre ar Chaiteachas Clár

	2020 €milliún	2019 €milliún
Vóta 37		
Ollchaiteachas	**16,472**	**10,871**
Lúide caiteachas neamhscéime		
Riarachán	(536)	(541)
Deontas don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh	(56)	(57)
Seirbhísí ilghnéitheacha agus Deontais don Choimisiún um Pá Íseal	(4)	(3)
Caiteachas scéime Vóta 37 (A)	**15,876**	**10,270**
An Ciste Árachais Shóisialaigh		
Ollchaiteachas	**14,823**	**10,727**
Lúide caiteachas neamhscéime		
Riarachán	(221)	(230)
Tobhach Náisiúnta Oiliúna	(717)	(712)
Caiteachas scéime an Chiste Árachais Shóisialaigh (B)	**13,885**	**9,785**
Caiteachas iomlán scéime na Roinne (A+B)	**29,761**	**20,055**

Miondealú ar chaiteachas scéime

Íocaíochtaí de réir scéime agus catagóire	2020 €milliún	2019 €milliún
Pinsin		
Pinsin Stáit (Ranníocach)	5,835	5,603
Pinsin Stáit (Neamh-Ranníocach)	1,049	1,043
Pinsean Baintrí/Baintreach Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh	1,586	1,559
Deontas Méala	—	1
Iomlán	**8,470**	**8,206**
Aois Oibre - Tacaí Ioncaim		
Liúntas Cuardaitheora Poist	1,657	1,628
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	565	533
Sochar Cuardaitheora Poist	416	346
Sochar Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta	48	32
Sochar Máithreachais	258	267
Sochar Atharthachta, Sochar Tuismitheoirí agus Sochar Uchtaíoch	19	14
Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach	115	120
Cúnamh Feirme	66	69
Sochar Banchéile Thréigthe	68	72
Aois Oibre Eile – Tacaí Ioncaim	18	18
Íocaíochtaí ar Riachtanais Eisceachtúla agus Phráinneacha	41	43
Sochair Chóireála agus Sochar Sláinte agus Sábháilteachta	92	101
Pinsean Baintrí/Baintreach Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach)	14	14
Liúntas Banchéile Thréigthe	1	1
Íocaíocht Dífhostaíochta Phaindéim Covid-19	4,979	—
Iomlán	**8,357**	**3,258**
Íocaíochtaí Forlíontacha		
Liúntas Cíosa	—	1
An Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD)	5	5
Neachtlanna Magdalen agus Íocaíochtaí Institiúidí eile	4	4
Forlíonadh Cíosa	133	125
Pacáiste Sochair Teaghlaigh	263	247
Liúntas Tacaíochta Gutháin	18	17
Liúntas Breosla	290	235
Saorthaisteal	95	94
Iomlán	**808**	**728**
Aois Oibre - Tacaí Fostaíochta		
Clár Fostaíochta Pobail	341	353
Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas	66	65
Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair	39	60
Scéim Socrúchán Oibre Pobail TÚS	84	99
JobsPlus	5	14
Aois Oibre Eile – Tacaí Fostaíochta	12	8
An Scéim Tacaíochta d'Fhostaíocht Óige	2	2

Scéim Shóisialta Tuaithe	53	53
Tionscnamh Post	15	17
Scéim Fostaíochta Áitiúla	18	18
Club Post	4	5
Sochar Cumais Pháirtigh	25	21
Fóirdheontas Pá Covid-19	2,707	—
Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta	1,371	—
Iomlán	**4,742**	**715**
Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí		
Liúntas Míchumais	1,812	1,706
Sochar Breoiteachta	650	605
Pinsean Easláine	760	728
Íocaíocht Cúramóra	975	905
Deontas Tacaíochta Cúramóra	228	220
Liúntas Cúram Baile	193	182
An Scéim Fóirdheontais Pá	18	24
Sochar Míthreorach	70	73
Pinsean na nDall	13	13
Sochar Báis	10	10
Sochar Díobhála agus Cúram Leighis	12	14
Tacaí Gníomhachtaithe Míchumais	14	14
Iomlán	**4,755**	**4,494**
Leanaí		
Sochar Linbh	2,102	2,103
Íocaíocht Teaghlaigh Oibre	377	397
Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair	13	18
Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil	54	53
Béilí Scoile	53	54
Íocaíochtaí a bhaineann le Leanaí	30	29
Iomlán	**2,629**	**2,654**
Glanchaiteachas ar na scéimeanna go léir	**29,761**	**20,055**

Aguisín B Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Coimirce Sóisialaí

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Tugtar le fios ann, ag an dáta a síníodh an cuntas, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais dheireanacha a ndearnadh iniúchadh orthu agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Comhlacht/ciste Roinne	Tréimhse chuntasaíochta dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchóireachta	An dáta a fuair an tAire/an Roinn í	An dáta ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
An Ciste Árachais Shóisialaigh	2019	31 Lún 2020	31 Lún 2020	6 Sam 2020
An tÚdarás Pinsean	2020	28 Mei 2021	30 Mei 2021	24 Lún 2021
An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh	2019	17 Nol 2020	23 Nol 2020	12 Fea 2021

Vóta 38

Sláinte

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 38, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Sláinte agus ar sheirbhísí áirithe eile a chuir an Oifig sin ar fáil, lena n-áirítear deontais d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus deontais ilghnéitheacha.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €51.76 milliún le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Athruithe ar struchtúr an Vóta

Ullmhaíodh an cuntas de réir Mheastachán Athbhreithnithe 2020 don Roinn Sláinte. Rinneadh athstruchtúrú ar fho-mhírchinn áirithe FSS d'fhonn an nasc idir cur i láthair na meastachán agus plean seirbhíse náisiúnta FSS a fheabhsú, lena n-áirítear tuairisciú an chaiteachais a tabhaíodh de dheasca bhriseadh amach Covid-19 go luath in 2020.

Athraíodh fo-mhírcheann J FSS (lena n-áirítear forbairtí seirbhísí) go J.1 agus cuireadh fo-mhírcheann breise J.2 (FSS – gníomhartha Covid-19) leis an gcuntas. Baineann an caiteachas a ghearrtar ar an bhfo-mhírcheann sin le caiteachas ag réimsí seirbhíse FSS mar chuid de fhreagairt na heagraíochta do Covid-19, seachas na scéimeanna aisíocaíochta cúraim phríomhúil. Rinneadh Sceideal L.2 a leasú chun caiteachas a ghearrtar ar scéimeanna aisíocaíochta cúraim phríomhúil a bhaineann le Covid-19 a áireamh. Gearrtar caiteachas ar chúram cónaithe fadtéarmach arna thabhú ag FSS ar fho-mhírcheann L.3 anois, rud a gearradh roimhe seo ar fho-mhírcheann L.2.

Rinneadh fo-mhírcheann M.3 (áiseanna sláinte a thógáil, a threalmhú agus a fheistiú (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)) a chónascadh le fo-mhírcheann M.2, agus cuireadh fo-mhírcheann M.3 (seirbhísí faisnéise agus seirbhísí gaolmhara do ghníomhaireachtaí sláinte) in áit fho-mhírcheann M.4. Cruthaíodh fo-mhírcheann nua M.4 (gníomhartha caipitil Covid-19, lena n-áirítear TFC) sna meastacháin athbhreithnithe.

Ghlac an Roinn ciorclán 21 de 2020 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus méadaíodh an tairseach le haghaidh sócmhainní caipitil go €10,000 in 2020.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

Íocaíochtaí le FSS

Cuirtear cistí ar aghaidh chuig FSS maidir le seirbhísí a sholáthar ar bhonn deontais, de réir an mhaoinithe atá leagtha amach sa litir chinnidh bhliantúil a eisítear chuig FSS agus ina leagtar a leibhéil chaiteachais cheadaithe amach. Gearradh an tsuim iomlán a íocadh le FSS i gcoinne na bhfo-mhírcheann ábhartha. B'ionann an maoiniú deontais a íocadh le FSS in 2020 agus €20.475 billiún (2019: €17.15 billiún). Tugtar cuntas air sin ar fud 14 fho-mhírcheann — gach fo-mhírcheann ó I go M.4, seachas M.1 a bhaineann le caiteachas caipitil de chuid gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne seachas FSS.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Comhlíontar an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead mar is ceart iad, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Is í an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) a chuireann feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhís chomhroinnte (e.g. acmhainní daonna) a sholáthar. Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

Is é seo an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach ar leibhéal bainistíochta.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ina sanntar freagracht maidir le bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom ó thaobh mo fhreagrachta as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais a chomhlíonadh.
- Rinneadh nósanna imeachta a dhoiciméadú do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Leanfaidh an Roinn den timpeallacht rialaithe ina bhfeidhmíonn sí a neartú in 2021.

Cibear-ionsaí

Fuair an Roinn tásca maidir le teagmhas slándála féideartha an 13 Bealtaine 2021. Rinneadh roinnt beart láithreach chun scóip aon ionsaithe a theorannú agus cuireadh an tIonad Náisiúnta Cibearshlándála (INC) ar an eolas láithreach.

An 14 Bealtaine, rinneadh ionsaí ar bhonneagar TFC na Roinne, ach d'éirigh leis na bearta a glacadh cheana a éifeachtacht a theorannú. Mar bheart réamhchúraim, dhún an Roinn a córais TFC chun sláine na gcóras agus na sonraí a chosaint, agus chun deis a sholáthar an anailís riachtanach a dhéanamh agus cosaint a dhéanamh ar aon ionsaí eile.

Cé gur thóg an téarnamh go leor ama agus iarrachta, rinneadh rochtain ar phríomhchórais TFC a athbhunú go hiomlán laistigh de thréimhse ghearr. Bhí saincheisteanna teoranta do rochtain a fháil ar chórais nideoige nó leagáide atá á réiteach faoi láthair. Chruthaigh an eachtra agus saincheisteanna rochtana ina dhiaidh sin riaráistí suntasacha i roinnt réimsí a bhfuil an Roinn ag obair chun iad a ghlanadh.

Tá bearta slándála feabhsaithe curtha i bhfeidhm laistigh de chórais TF na Roinne. Rinneadh athbhreithniú slándála iomlán ar bhonneagar na Roinne. Leanann an Roinn Sláinte ag idirchaidreamh go dlúth le INC, le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais, lenár gcomhpháirtí slándála agus le comhghleacaithe ar fud na Seirbhíse Poiblí lena chinntiú go leantar an cleachtas is fearr mar a bhaineann sé le gach gné den chibearshlándáil.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú ar bhonn rialta
- go mbíonn athbhreithnithe rialta ag an lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla, a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Comhlíonadh soláthair

Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ann ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha. In 2020, níor chloígh an Roinn leis na gnáthphróisis iomaíocha le haghaidh conarthaí a sholáthar i 26 chás dar luach iomlán €4.562 milliún.

- Agus í ina Treoir-Roinn sa fhreagairt do phaindéim Covid-19, bhí ardleibhéal neamhghnách caiteachais neamhiomaíoch i gceist in 2020. Dámhadh 16 chonradh arbh fhiú €3,152,119 san iomlán iad mar thoradh díreach ar cheanglais phráinneacha Covid-19.
- Bhain €1,180,792 le sé chonradh a soláthraíodh ó chonraitheoirí a raibh saineolas speisialaithe acu nó a soláthraíodh de dheasca práinne.
- Bhain €88,496 le conradh i ndáil le tacaíocht leanúnach bogearraí, i gcás nach mbainfeadh an Státchiste luach ar airgead amach de bharr na n-impleachtaí costais agus na n-amlínte a bheadh i gceist le pacáiste nua a fhorbairt.

Measadh nár chomhlíon trí chonradh arbh fhiú €140,171 san iomlán iad na treoirlínte soláthair ar an mbonn seo a leanas.

- Bhain €88,694 le seirbhísí móibíleacha agus teileafónaíochta a síneadh ní b'fhaide ar aghaidh ná dáta an chonartha bhunaidh. Bhíothas ag súil leis go dtabharfaí comhaontú nua mar thoradh ar thairiscint iomaíoch chun críche in 2019. Bhí an Roinn i dteagmháil leis an Oifig um Sholáthar Rialtais maidir leis an bpróiseas tairisceana sin. Ar an drochuair, cuireadh moill ar an gcomórtas tairisceana seo de bharr saincheisteanna a bhaineann leis an gcreat teicniúil arna sainaithint ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Tá an próiseas tairisceana tagtha chun críche anois agus tá an conradh nua dáfa. Cuireadh plean aistrithe comhaontaithe i gcrích leis an bhforthaigeoir rathúil agus cuireadh tús leis an tseirbhís nua le héifeacht ón 21 Meán Fómhair 2020.
- Bhain €26,049 le conradh faireacháin meán a cuireadh amach chun tairisceana roimhe sin ach a sháraigh an tairseach ábhartha. Is seirbhís riachtanach í seo chun an gá leanúnach le faireachán meán a éascú i ndáil le staid athraitheach cúrsaí sláinte poiblí, de réir mar a thuairiscítear í sna meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá sé ar intinn ag an Roinn tabhairt faoi chleachtas soláthair chun aghaidh a thabhairt ar an ngá atá leis an tseirbhís seo amach anseo.
- Bhain €25,428 le seirbhísí dréachtaithe/socraíochta reachtaíochta. Thug an Roinn faoi chomórtas tairisceana in 2020 agus bunaíodh painéal tiomnaithe soláthraithe seirbhíse chun na seirbhísí sin a sholáthar d'aonaid na Roinne de réir mar is cuí.

Tá an Roinn tiomanta d'aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna an tsoláthair neamhchomhlíontaigh. Tá an Roinn i mbun a beartas agus a nósanna imeachta maidir le saincheisteanna soláthair a neartú agus tugtar tuairiscí chun dáta don fhoireann go léir chuige sin. I gcás gur cuí, baineann an Roinn leas as creataí atá ar fáil go lárnach. Is tosaíocht é feabhas a chur ar phróisis reatha bhainistíochta conartha agus tá siad á gur i bhfeidhm go hinmheánach i láthair na huaire. Leanann an Roinn ar aghaidh ag obair go dlúth leis an Oifig um Sholáthar Rialtais chun comhlíonadh a fheabhsú nuair a bhíonn sí ag tabhairt faoina gníomhaíochtaí soláthair.

Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ina n-oibríonn pearsanra a bhfuil an oiliúint chuí orthu, a fheidhmíonn i gcomhréir le cairt fhaofa i scríbhinn. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais ar a bhfuil an Roinn neamhchosanta bonn eolais faoina cuid oibre agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh ag an Oifigeach Cuntasaíochta, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse, agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Neartófar an fheidhm sin in 2021 chun léiriú a dhéanamh ar an timpeallacht atá ag éirí níos casta ina bhfeidhmíonn an Roinn. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn, rud a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá fochoiste riosca i bhfeidhm agus tuairiscíonn sé don Bhord Bainistíochta. In 2020, i dtuarascáil sheachtrach ina ndearnadh athbhreithniú ar chreat bainistíochta riosca na Roinne, rinneadh moltaí maidir leis an gcreat a neartú laistigh den Roinn. Tá na moltaí sin á mbreithniú faoi láthair.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh an Roinn agus táthar tar éis iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a rangú de réir a dtábhachta. Déanann an bord bainistíochta agus a fhochoiste riosca athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár.

Leagtar amach sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as feidhmiú na rialuithe sin do bhaill shonracha den fhoireann.

Rialachas san earnáil sláinte

Lean an Roinn ag neartú a cur chuige maidir le rialachas a bhainistiú ar fud na hearnála sláinte in 2020, bunaithe ar an *gCód Cleachtais athbhreithnithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go déanach in 2016. Déanann na haonaid ainmnithe laistigh den Roinn formhaoirseacht ar na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne, agus iad faoi stiúir Príomhoifigigh, le hionchur agus tacaíocht ó Aonad Rialachais na Roinne agus aonaid ábhartha eile.

Ar an gcéad dul síos, tá gach Bord, agus Cathaoirleach an Bhoird, freagrach as sainordú agus feidhmeanna na gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne a chomhlíonadh.

Cinntear an caidreamh idir an Roinn agus na comhlachtaí atá faoina coimirce go príomha

- leis an reachtaíocht bhunúsach lenar bunaíodh an comhlacht, agus
- leis na ceanglais atá leagtha amach i *gCód Cleachtais* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Faoin *gCód Cleachtais* athbhreithnithe, bhí comhaontuithe formhaoirseachta agus comhaontuithe soláthar feidhmíochta i bhfeidhm le mórchuid na gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne amhail Nollaig 2020, seachas FSS agus an Chomhairle Fiaclóireachta. Díríonn an cur chuige sin ar aschuir agus ar thorthaí agus tá táscairí feidhmíochta ann lena chinntiú go n-úsáidtear acmhainní ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar.

Ullmhaíonn FSS plean corparáideach a chlúdaíonn tréimhse trí bliana agus ceadaíonn an tAire Sláinte é. Ina theannta sin, leanann FSS le plean seirbhíse náisiúnta a ullmhú gach bliain ina leagtar amach cineál agus méid na seirbhísí atá beartaithe aige a sholáthar laistigh den mhaoiniú atá ar fáil. Ceadaíonn an tAire Sláinte an plean sin. Cuireann FSS tuarascálacha feidhmíochta isteach gach mí ar a laghad i rith na bliana, agus bíonn cruinnithe míosúla ann idir an dá eagraíocht.

Maidir leis na comhlachtaí eile atá faoi choimirce na Roinne, foráiltear le reachtaíocht, i bhformhór na gcásanna, do phlean corparáideach ilbhliantúil agus do phlean gnó bliantúil. De bharr na bpleananna sin, bítear in ann an straitéis chorparáideach fhoriomlán agus tosaíochtaí bliantúla a fhorbairt agus a chomhaontú faoi seach leis an Roinn.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, sa chás gurb iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus chun aon easnaimh a thugtar le fios a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais. Rinneadh athbhreithniú seachtrach ar an bhfeidhm cuntas i ráithe a haon de 2021 agus cuirfear na moltaí a rinneadh ann i bhfeidhm.

Paindéim Covid-19

Ar an 22 Eanáir 2020, d'fhógair an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) go raibh fianaise ann go raibh an coróinvíreas úrnua, Covid-19, á tharchur ó dhuine go duine in Wuhan sa tSín. Ar an 30 Eanáir, dhearbhaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta. Faoi mhí an Mhárta, ba léir go raibh géarghá ann le gníomhaíocht in Éirinn nár tháinig a leithéid riamh roimhe chun leathadh ionfhabhtuithe a chosc, chun líon mór daoine a choimeád as an ospidéal agus as aonaid dianchúraim agus chun rátaí suntasacha básmhaireachta a sheachaint.

Cé nach bhfacthas leithéid scála an dúshláin seo riamh roimhe sin, is féidir a rá freisin nach bhfacthas leithéid scála na freagartha arna dtreorú ag an Roinn ach oiread. Aithnítear go forleathan go mbíonn córas cúram sláinte na tíre seo faoi bhrú de ghnáth, agus mar sin, shocraigh an Roinn beart a dhéanamh go tapa chun leas a bhaint as na hacmhainní ar fad a bhí ar fáil chun déileáil leis an bpaindéim seo.

Chuaigh Covid-19 i bhfeidhm ar gach cuid den tsochaí, lena n-áirítear maoiniú agus buiséid a bhí comhaontaithe roimhe sin. Bhí maoiniú suntasach breise ag teastáil chun freagairt na Roinne don phaindéim a chur i ngníomh. Vótáladh maoiniú breise €1.997 billiún don Roinn i meastachán athbhreithnithe i mí an Mheithimh 2020. B'ionann é sin agus an caiteachas arna fhaomhadh ag an Rialtas maidir le bearta Covid-19 suas go dáta rite an mheastacháin athbhreithnithe.

Ba riachtanach an meastachán athbhreithnithe sin a rith i bhfianaise scála an chaiteachais agus na mbeart a rinneadh mar fhreagairt do Covid-19 agus thionchar foriomlán Covid-19 ar chúrsaí airgeadais an chórais sláinte. Chinntigh an meastachán athbhreithnithe sin comhlíonadh B1.2 de na *Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí* agus comhlíonadh fhorálacha an Achta Príomh-Chiste (Forálacha Buana), 1965, maidir leis an riail a bhaineann le ceithre chúigiú den chaiteachas. Leis seo, bhíothas in ann leanúint d'oibríochtaí Vóta 38, rud a chinntigh gur coinníodh seirbhís sláinte láidir agus athléimneach ar siúl sna laethanta sin nach raibh a leithéid ann riamh.

Níor cuireadh aon mhaoiniú breise ar fáil le haghaidh fo-mhírchinn nach fo-mhírchinn FSS iad mar chuid den mheastachán athbhreithnithe. Chun athruithe ar riachtanais chaiteachais inmheánacha na Roinne mar thoradh ar an bpaindéim a léiriú, áfach, rinneadh athbhreithniú ar leithdháiltí caiteachais mar chuid den mheastachán athbhreithnithe.

Leis na struchtúir reatha formhaoirseachta idir an Roinn seo, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, lena n-áirítear grúpa formhaoirseachta an bhuiséid sláinte, mar aon le struchtúir agus próisis nua, éascaíodh cinnteoireacht thráthúil le linn na paindéime agus cinntíodh gur coinníodh ardchaighdeáin rialachais ar siúl ag an am céanna. Cinntigh na struchtúir sin go ndearnadh an infheistíocht shuntasach seo a fhaomhadh, a mhonatóiriú agus a thuairisciú i gcomhréir le próisis cheadaithe chomhaontaithe agus le nósanna imeachta airgeadais comhaontaithe.

Thuairiscigh FSS don Roinn gach seachtain maidir leis an gcaiteachas measta neamhchaipitil agus caipitil a bhain le Covid-19 a tabhaíodh go dtí sin. Sna tuarascálacha sin, mionsonraíodh an caiteachas a tabhaíodh i ngach réimse chomh maith le meastachán ar na costais a bhaineann le tionchar indíreach na paindéime, amhail cailliúint ioncaim.

Bhí glanmheastachán forlíontach eile €514.5 milliún ag teastáil le haghaidh riachtanais mhaoinithe bhreise a tháinig chun cinn i ndáil le trealamh cosanta pearsanta, tástáil agus rianú teagmhálaithe a chur ar fáil.

Mar gheall ar shrianta Covid-19, ní raibh roinnt deontas do ghníomhaireachtaí faoi fho-cheannteidil B.2 (Ciste Sláintiúil na hÉireann) agus H (Sláintecare) faoi réir seiceálacha comhlíonta in 2020 mar a fhoráiltear dóibh i gcomhaontuithe leibhéal seirbhíse.

Ar mhaithe leis an gcomhairle sláinte poiblí a chomhlíonadh, d'oibrigh foireann na Roinne ón mbaile ó mhí an Mhárta 2020. Ionas gur féidir a chinntiú go leantar ar aghaidh le hobair riachtanach na Roinne, d'oibrigh foireann na Roinne ón mbaile trí nasc slán chuig gréasán príobháideach fíorúil. Leasaíodh rialuithe airgeadais chun na himthosca athraithe ina raibh an Roinn ag feidhmiú le linn 2020 a léiriú.

Leasaíodh rialuithe airgeadais na Roinne chun gurbh fhéidir údarú, ceadú agus próiseáil idirbhearta a chur i gcrích go cianda seachas trí leas a bhaint as cruachóipeanna de dhoiciméid. Rinneadh rialuithe maidir le soláthraithe nua agus calaois a chosc a neartú freisin i rith na bliana. Bunaíodh ionad costas sonrach chun monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas a bhain le Covid-19 a tabhaíodh laistigh den Roinn agus chun tuairisc a thabhairt ar an gcaiteachas sin.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor tarraingíodh aird ar aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais in 2020 a éilíonn go nochtfar iad sa chuntas leithreasa seo.

Robert Watt
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Sláinte

21 Meán Fómhair 2021

An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 38 Sláinte

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 38 Sláinte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 38 Sláinte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis an Roinn Sláinte agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Meán Fómhair 2021

Vóta 38 Sláinte

Cuntas Leithreasa 2020

Seirbhís				2020	2019
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
Riarachán					
A.1	Tuarastail, pá agus liúntais		36,250	36,117	31,493
A.2	Taisteal agus cothú		275	194	567
A.3	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha		2,204	2,649	1,826
A.4	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide		230	158	229
A.5	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF		2,573	1,850	1,810
A.6	Costais áitribh oifige		972	624	1094
A.7	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe		1,000	456	910
Deontais					
B.1	Deontais do chomhlachtaí taighde agus deontais taighde eile		42,150	40,756	38,927
B.2	Ciste Éire Shláintiúil		6,000	6,609	6,186
B.3	Tionscnamh Drugaí		7,487	6,729	5,955
Seirbhísí eile					
C	Costais i ndáil leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus comhlachtaí idirnáisiúnta eile		2,700	1,968	2,353
D	Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí agus socraíochtaí dlí ilghnéitheacha		13,200	9,363	29,722
E.1	Comhlachtaí forbartha, comhairliúcháin, maoirseachta, rialála agus comhairleacha				
	Bunaidh	80,481			
	Forlíontach	14,320			
			94,801	91,862	64,618
E.2	An Bord um Chur chun Cinn Sábháilteachta Bia		5,691	5,341	5,386
E.3	An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála		100,022	80,000	75,000
E.4	INTERREG Éire / Tuaisceart Éireann		3,200	3,013	2,148

Seirbhís		Soláthar measctha		2020 Toradh	2019 Toradh
		€000	€000	€000	€000
Seirbhísí eile (ar lean)					
F.1	Íocaíochtaí i leith míchumais de bharr Tailidimíde		495	380	439
F.2	Íocaíochtaí i leith daoine a maíonn go ndearna vacsaíniú dochar dóibh		1	—	—
F.3	Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 10 d'Achtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002		22,000	9,245	16,023
F.4	Íocaíochtaí le ciste cúitimh a bunaíodh faoi Alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002		3,000	1,229	1,721
G	Faisnéis, comhdhálacha agus foilseacháin a scaipeadh maidir le sláinte agus seirbhísí cúram sláinte		2,600	2,611	1,773
H	Sláintecare		45,500	21,540	11,013
Riarachán corparáideach					
I	Glanchostais phinsin		562,500	517,520	536,452
Seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh FSS					
J.1	FSS (forbairtí seirbhísí san áireamh)				
	Bunaidh	11,715,617			
	Forlíontach	7,116			
			11,722,733	11,697,124	11,271,467
J.2	FSS – Gníomhartha Covid-19				
	Bunaidh	1,666,688			
	Forlíontach	496,383			
			2,163,071	2,351,156	—
Seirbhísí eile FSS					
K.1	Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí comhchosúla (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)		7,513	1,879	1,879
K.2	Íocaíochtaí leis an gCuntas Speisialta - An tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca), 2006		1,700	150	501

Seirbhís		Soláthar meastacháin		2020 Toradh	2019 Toradh
		€000	€000	€000	€000
K.3	Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 4 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú), 2006 - Scéim Árachais		1,500	1,686	620
K.4	Íocaíocht leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát		400,000	377,452	390,000
K.5	Míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (maoiniú cuntas díomhaoin)		2,700	997	2,450
Clár cúraim					
L.1	Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil		3,218,400	3,238,400	3,150,774
L.2	Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil - Gníomhartha Covid-19				
	Bunaidh	110,350			
	Forlíontach	29,681			
			140,031	140,031	—
L.3	Cúram cónaithe fadtéarmach		1,062,396	998,146	989,881
Seirbhísí caipitil					
M.1	Deontais maidir le tógáil, trealmhú (TFC san áireamh)		14,527	12,466	10,924
M.2	Áiseanna sláinte a thógáil, a threalmhú agus a fheistiú				
	Soláthar meastacháin	744,000			
	Géilleadh Iarchurtha	30,000			
			774,000	607,726	593,423
M.3	Seirbhísí faisnéise agus seirbhísí gaolmhara do ghníomhaireachtaí sláinte		222,000	221,996	211,690
M.4	Gníomhaíochtaí caipitil Covid-19 (lena n-áirítear TFC)		220,000	320,566	—

	Ollchaiteachas				
	Bunaidh	20,327,922			
	Géilleadh Iarchurtha	30,000			
	Forlíontach	547,500			
			20,905,422	**20,809,989**	**17,459,254**
	Lúide				
N	**Leithreasaí-i-gcabhair**				
	Bunaidh	430,222			
	Forlíontach	33,000			
			463,222	**487,723**	**463,858**
	Glanchaiteachas				
	Bunaidh	19,897,700			
	Géilleadh Iarchurtha	30,000			
	Forlíontach	514,500			
			20,442,200	**20,322,266**	**16,995,396**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh do sheirbhísí soláthair chaipitiúil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €68.174 milliún de leithdháiltí neamhchaite i leith eilimintí caipitil d'fho-mhírcheann M.2 ar aghaidh go 2021.

	2020	**2019**
	€	**€**
Farasbarr	119,933,743	34,918,785
Géilleadh iarchurtha	(68,174,000)	(30,000,000)
Farasbarr le géilleadh	**51,759,743**	**4,918,785**

Robert Watt
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Sláinte

31 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Caiteachas ar riarachán na Roinne		42,048	37,929
Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir		20,767,941	17,421,325
Ollchaiteachas		**20,809,989**	**17,459,254**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**487,723**	**463,858**
Glanchaiteachas		**20,322,266**	**16,995,396**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin - airgead tirim	(73)		
Dímheas	22		
Caillteanas ar dhiúscairtí	5	(46)	87
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méaduithe ar fhabhruithe deiridh	(1,020)		
Méadaithe ar stoc	(2)	(1,022)	713
Caiteachas díreach		**20,321,198**	**16,996,196**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		19,288	19,492
Glanchostas an chláir		**20,340,486**	**17,015,688**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 38 a iompraíodh in áit eile. Is meastacháin iad na figiúirí thíos bunaithe ar fhigiúirí sealadacha toraidh arna gcur ar fáil ag rannóg na seirbhísí lárnacha sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	50	38
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	10,800	10,112
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	8,031	9,030
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	62	52
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	83	—
An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí		262	260
		19,288	**19,492**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 20

	Nóta	2020	2019
		€000	€000
Sócmhainní caipitil	2.1	79	824
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	51,654	24,979
Stoic	2.3	18	16
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	14,675	1,450
Réamhíocaíochtaí		2,036	313
Ioncam fabhraithe		102	205
Iomlán na sócmhainní reatha		**68,485**	**26,963**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		1,915	1,315
Iarmhéideanna sochair eile	2.5	2,644	975
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.6	63,685	25,454
Iomlán na ndliteanas reatha		**68,244**	**27,744**
Glansócmhainní reatha/(glandliteanais reatha)		241	(781)
Glansócmhainní		**320**	**43**
Arna léiriú ag:			
An cuntas maoinithe Stáit	2.7	**320**	**43**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh oifige	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	824	450	1,274
Breiseanna	73	—	73
Diúscairtí	(35)	—	(35)
Coigeartuithe [a]	(749)	(450)	(1,199)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	113	—	113
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	360	90	450
Dímheas don bhliain	22	—	22
Dímheas ar dhiúscairtí	(30)	—	(30)
Coigeartuithe [a]	(318)	(90)	(408)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	34	—	34
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**79**	**—**	**79**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	464	360	824

Nóta [a] Baineann na coigeartuithe seo le míreanna aonair a bhfuil luachanna faoi bhun €10,000 orthu a bhaint den chlár sócmhainní de réir chiorclán 21 de 2020: *Méadú ar an Tairseach Luacha le haghaidh Sócmhainní a Chuimsiú sa Chlár Sócmhainní.*

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéideanna an Phámháistir Ginearálta agus airgead tirim	51,579	24,434
Iarmhéideanna cuntas bainc eile	75	545
	51,654	**24,979**

2.3 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Stáiseanóireacht	12	11
Tomhaltáin TF	6	5
	18	**16**

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Tuarastail in-fhorchúitithe	—	39
Caiteachas taistil in-fhorchúitithe	—	12
Caiteachas in-fhorchúitithe ar an scéim pas taistil	41	187
An Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C [a]	13,561	1,206
Cáin bhreisluacha	—	1
Míreanna dochair eile ar fionraí	1,073	5
	14,675	**1,450**

Nóta [a] Feidhmíonn an Roinn Sláinte mar ghníomhaire íocaíochta don Bhinse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus tá sí freagrach as dámhachtainí binse agus dámhachtainí cúitimh a íoc agus as costais riaracháin agus dlí an Bhinse a íoc. Forchúitítear an caiteachas ón gCuntas Speisialta agus ón gCiste Cúitimh de bhun na dtuairisceán caiteachais arna ndeimhniú ag Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Sláinte. Iarrtar ceadú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun na cistí sin a fhorchúiteamh ón Roinn Airgeadais.

Léiríonn an t-iarmhéid ar an gcuntas fionraí ag deireadh na bliana na costais a ghlan an Roinn Sláinte i leith an Bhinse agus nár forchúitíodh maoiniú ón gCiste Cuntas Speisialta agus Cúitimh ina leith go fóill.

2.5 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	560	—
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	334	—
Muirear sóisialach uilíoch//tobhach ioncaim	114	—
Cáin mhaoine áitiúil	2	—
Cáin bhreisluacha	54	—
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	100	73
	1,164	73
Cuntas speisialta RISF [a]	50	429
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	239	—
Míreanna sochair eile ar fionraí	1,191	473
	2,644	**975**

Nóta [a] Fuarthas ranníocaíocht €429,000 i mí na Nollag 2019 de réir Alt 43 den Acht um Chiste Reachtúil Institiúidí Cónaithe 2012. Íocadh le FSS í i mí na Samhna 2020 i ndáil leis na costais a bhaineann leis an ospidéal péidiatraice náisiúnta nua. Fuarthas ranníocaíocht bhreise €500,000 i mí Dheireadh Fómhair 2020. Níl na ranníocaíochtaí seo le húsáid ach amháin chun críocha a bhaineann le hospidéal péidiatraice náisiúnta nua a fhorbairt. Cuireadh an ranníocaíocht i gcuntas coinneála speisialta.

2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	51,760	4,919
Géilleadh iarchurtha	68,174	30,000
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(56,249)	(9,465)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**63,685**	**25,454**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	51,654	24,979
Iarmhéideanna dochair: fionraí	14,675	1,450
	66,329	26,429
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(1,164)	(73)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(1,480)	(902)
	(2,644)	(975)
	63,685	**25,454**

2.7 An cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			43	843
Íocaíochtaí amach ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	20,442,200		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(68,174)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(51,760)		
Glanvóta			20,322,266	16,995,396
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1		19,288	19,492
Caiteachas neamhairgid - coigeartú sócmhainní caipitil			(791)	—
Glanchostas an chláir	1		(20,340,486)	(17,015,688)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**320**	**43**

2.8 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	**2020** **€000**	**2019** **€000**
Earraí agus seirbhísí a sholáthar	2,007	2,520
Cláir deontas neamhchaipitil	30,486	30,530
Cláir deontas caipitil	25,721	32,909
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**58,214**	**65,959**

b) Cláir deontas neamhchaipitil	**2020** **€000**	**2019** **€000**
Iarmhéid tosaigh	30,530	8,912
Deontais a íocadh sa bhliain	(27,691)	(8,820)
Ceangaltais nua deontais	28,526	30,530
Deontais a cuireadh ar ceal	(879)	(92)
Iarmhéid deiridh	**30,486**	**30,530**

c) Cláir deontas caipitil	**2020** **€000**	**2019** **€000**
Iarmhéid tosaigh	32,909	28,619
Deontais a íocadh sa bhliain	(9,574)	(8,566)
Gealltanais nua deontais	2,409	18,995
Deontais a cuireadh ar ceal	(23)	(6,139)
Iarmhéid deiridh	**25,721**	**32,909**

2.9 Dliteanais theagmhasacha

Tá baint ag an Roinn le roinnt éileamh a bhaineann le himeachtaí dlí a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta.

2.10 Féichiúnaí ioncaim FSS

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Dliteanas tosaigh ag an 1 Eanáir [a]	(53,990)	(54,861)
Cinneadh	(19,451,541)	(16,471,023)
Deontais a eisíodh	19,451,541	16,471,894
Farasbarr 2019 a cuireadh i bhfeidhm	53,990	—
Dliteanas deiridh ag an 31 Nollaig	—	**(53,990)**

Nóta [a] Coigeartaíodh an figiúr comparáideach chun féichiúnaí ioncaim FSS a léiriú.

Tháinig iarmhéid €54.8 milliún chun cinn ar dtús ag deireadh 2015 nuair a d'iarr FSS ar chuideachtaí árachais a gcuid íocaíochtaí airgid a luathú chun sreabhadh airgid a fheabhsú agus chun an t-am idir an tseirbhís a sholáthar agus an íocaíocht a fháil a laghdú. Mar thoradh ar na híocaíochtaí sin, bhí sealúchais airgid bhreise ag FSS ag deireadh 2015 agus theastaigh uaidh maoiniú níos ísle ón Státchiste sa bhliain ná mar a bheadh i gcás an leibhéil chaiteachais cheadaithe chéanna. Tá seachaint an iomarca maoinithe ón Státchiste a sholáthar ar aon dul leis na *Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí*.

Ba é an figiúr €54.8 milliún an difríocht idir leibhéal an chaiteachais, mar a cheadaigh an tAire, agus leibhéal an mhaoinithe vótáilte a fuair FSS in 2015. In 2020, d'fhaomh an tAire Sláinte €53.99 milliún de bharrachas FSS sa bhliain 2019 a úsáid chun freastal ar an dliteanas sin.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Tugtar míniú thíos maidir le gach fo-mhírcheann caiteachais ina raibh an toradh breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás fo-mhírcheann riaracháin áirithe). Íocadh an róchaiteachas ar roinnt fo-mhírcheann trí aistriú coigilteas ar fho-mhírchinn eile.

Caiteachas riaracháin

A.5 Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF

Soláthar meastacháin €2.573 milliún; toradh €1.85 milliún

Tharla an gannchaiteachas €723,000 ar chaiteachas ar threalamh oifige agus seirbhísí TF mar thoradh ar roinnt costas ceadúnas nár tháinig chun cinn go 2021 (€296,000) agus bhain an chuid eile den ghannchaiteachas le moilleanna ó thaobh tionscadal áirithe a chur i bhfeidhm toisc go raibh gá ann le hacmhainní a leithdháileadh de dheasca Covid-19.

A.6 Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin €972,000; toradh €624,000

Tháinig an gannchaiteachas €348,000 ar chostais áitribh oifige as costais chóiríochta a bheith ní ba lú ná mar a bhíothas ag súil leis toisc go raibh baill foirne ag obair ón mbaile ar feadh na coda is mó de 2020.

A.7 Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe

Soláthar meastacháin €1 milliún; toradh €456,000

Tharla an gannchaiteachas €544,000 ar sheirbhísí comhairleoireachta mar gheall ar mhoilleanna ó thaobh tionscadail a cheadú le haghaidh maoinithe toisc go raibh gá ann le hacmhainní a leithdháileadh de dheasca Covid-19.

Deontais do ghníomhaireachtaí

B.2 Ciste Éire Shláintiúil

Soláthar meastacháin €6 milliún; toradh €6.609 milliún

Tharla an róchaiteachas €609,000 mar thoradh ar mhéadú i gcostais chumarsáide chun tacú le feachtas um shláinte phoiblí maidir le maireachtáil taobh le Covid-19 agus mar thoradh ar mhaoiniú €250,000 ó chuntais dhíomhaoine a ath-leithdháileadh ar an gCiste Éire Shláintiúil.

B.3 Tionscnamh drugaí

Soláthar meastacháin €7.487 milliún; toradh €6.729 milliún

Tharla an gannchaiteachas €758,000 toisc nach rabhthas in ann roinnt tionscnamh beartaithe taighde a chur ar aghaidh de dheasca shrianta Covid-19.

C Costais i ndáil leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus comhlachtaí idirnáisiúnta eile

Soláthar meastacháin €2.7 milliún; toradh €1.968 milliún

Tharla an gannchaiteachas €732,000 go príomha toisc nár íocadh ballraíocht aon ghníomhaireachta amháin do 2020 go dtí mí Feabhra 2021 (€612,000).

D Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí agus socraíochtaí dlí ilghnéitheacha

Soláthar meastacháin €13.2 milliún; toradh €9.363 milliún

Tharla gannchaiteachas €3.837 milliún go príomha toisc gur cuireadh moill ar éisteachtaí cúirte de dheasca Covid-19.

E.1 Comhlachtaí forbartha, comhairliúcháin, maoirseachta, rialála agus comhairleacha

Soláthar meastacháin €80.481 milliún; toradh €91.862 milliún

Bhí an caiteachas sa réimse seo €11.381 milliún ní b'airde ná mar a bhíothas súil leis toisc gur thug an Roinn ranníocaíocht €14 mhilliún chun tacú le snáithe vacsaíne den Ionstraim um Thacaíocht don Eoraip arna bunú ag an gCoimisiún Eorpach. D'úsáid an Coimisiún an ranníocaíocht sin, agus ranníocaíochtaí ballstát eile, chun dul isteach i gcomhaontuithe breise réamhcheannaigh le déantúsóirí vacsaíne, ionas go bhféadfaí punann leathan d'iarrthóirí vacsaíne a fháil. Leis sin, uasmhéadaíodh na deiseanna d'Éirinn rochtain a fháil ar vacsaín éifeachtach laistigh den achar ama is giorra is féidir.

E.2 An Bord um Chur chun Cinn Sábháilteachta Bia

Soláthar meastacháin €5.691 milliún; toradh €5.341 milliún

Tá an maoiniú don Bhord um Chur chun Cinn Sábháilteachta Bia faoi réir maoiniú comhoiriúnaithe cuí a bheith á sholáthar ag Roinn Sláinte Thuaisceart Éireann (RSTE). Níorbh fhéidir le RSTE an chuid dheireanach den mhaoiniú comhoiriúnaithe sin a dhearbhú roimh dheireadh na bliana agus. mar sin, coinníodh maoiniú dar luach €350,000 siar.

E.3 An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála

Soláthar meastacháin €100.022 milliún; toradh €80 milliún

Tháinig an t-easnamh €20.022 milliún i gcaiteachas mar thoradh ar cinneadh sláinte poiblí deireadh a chur leis an gcúram neamhriachtanach ar fad, geall leis, in ospidéil ar feadh tréimhse ama de dheasca Covid-19.

E.4 INTERREG Éire/Tuaisceart Éireann

Soláthar meastacháin €3.2 milliún; toradh €3.013 milliún

Maidir leis na híocaíochtaí faoin bhfo-mhírcheann seo, iarrann Comhlacht na gClár Speisialta AE iad bunaithe ar íocaíochtaí iarbhír a dhéantar le tionscadail faoin scéim seo. Bhí an caiteachas €187,000 ní b'ísle ná mar a measadh de bharr uainiú na n-iarrataí ar mhaoiniú tionscadail.

F.1 Íocaíochtaí i leith míchumais de bharr tailidimíde

Soláthar meastacháin €495,000; toradh €380,000

Tharla an gannchaiteachas ar an bhfo-mhírcheann seo toisc nár tugadh an próiseas idirghabhála i gcrích agus nár tabhaíodh an caiteachas measta €115,000 le linn na bliana.

F.3 Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 10 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002

Soláthar meastacháin €22 milliún; toradh €9.245 milliún

Tharla an t-easnamh caiteachais €12.755 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar mhoilleanna ar shuíonna an Bhinse in 2020 de dheasca Covid-19 agus mar gheall go raibh líon agus luach na ndámhachtainí níos ísle mar a bhíothas ag súil leis.

F.4 Íocaíochtaí le ciste cúitimh a bunaíodh faoi Alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002

Soláthar meastacháin €3 milliún; toradh €1.229 milliún

Foráiltear le halt 11 den Acht go n-íocfar suimeanna in ionad le héilitheoirí a ghlac le dámhachtain ón mBinse nó le tairiscint socraíochta. Mar atá leagtha amach in F.3, bhí moilleanna ann ó thaobh shuíonna an Bhinse de dheasca Covid-19 agus bhí líon agus luach na ndámhachtainí ag an mbinse níos lú ná mar a bhí leagtha amach sa bhuiséad. Mar thoradh air sin, bhí íocaíochtaí ón gciste cúitimh €1.771 milliún níos ísle ná mar a bhí buiséadaithe.

H Sláintecare

Soláthar meastacháin €45.5 milliún; toradh €21.54 milliún

Tharla an t-easnamh €23.96 milliún i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha toisc gur maoiníodh Ciste Athdhearaidh Cúraim Sláintecare (€12 milliún) agus an Plean um Chúram Pobail Feabhsaithe (€10 milliún) go díreach trí FSS. Aistríodh cistí €22 milliún go fo-mhírcheann J.1 le haghaidh na míreanna sin.

Riarachán corparáideach

I Glanchostais phinsin

Soláthar meastacháin €562.5 milliún; toradh €517.52 milliún

Tharla an t-easnamh caiteachais seo toisc go ndeachaigh líon ní ba lú daoine amach ar scor in 2020 ná mar a bhíothas ag súil leis. Aistríodh cistí €15 milliún den ghannchaiteachas sin go J.2.

Seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh FSS

J.2 FSS Gníomhartha Covid-19

Soláthar meastacháin €1,666.688 milliún; toradh €2,351.156 milliún

Tharla an méadú €684.468 milliún i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha toisc gur bhain costas €516 milliún ní b'airde ná mar a bhí pleanáilte le trealamh cosanta pearsanta a sholáthar agus gur bhain costas €156 milliún ní b'airde ná an meastachán bunaidh le trealamh Covid-19 nár threalamh cosanta pearsanta é a sholáthar. D'fhaomh an Rialtas ceaduithe maidir leis an gcaiteachas sin agus fuarthas iad ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Rinneadh €496.383 milliún den easnamh sin a chúiteamh trí mheastachán forlíontach. Aistríodh cistí €169.017 milliún chuig an bhfo-mhírcheann seo ó fho-mhírchinn eile FSS agus aistríodh cistí €19.068 milliún ó fho-mhírchinn nach fo-mhírchinn FSS iad.

Seirbhísí eile FSS

K.1 Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí comhchosúla (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)

Soláthar meastacháin €7.513 milliún; toradh €1.879 milliún

Tharla an t-easnamh caiteachais €5.634 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin toisc nár íocadh na deontais go dtí gur comhlíonadh coinníollacha an deontais. Tarlaíonn moilleanna de dheasca ceanglais faisnéise atá fós amuigh.

K.2 Íocaíochtaí leis an gCuntas Speisialta - An tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca), 2006

Soláthar meastacháin €1.7 milliún; toradh €150,000

Tharla an t-easnamh caiteachais €1.55 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar chineál na n-íocaíochtaí faoin bhfo-mhírcheann seo sa chaoi go bhféadfadh uainiú na n-iarratas ar mhaoiniú a bheith dothuartha, go háirithe má tá ceisteanna le réiteach sa phróiseas físoraithe, agus, dá bhrí sin, féadfar uainiú na n-íocaíochtaí a athrú. Mar gheall ar chineál reachtúil na Scéime, caithfidh an Stát na dliteanais a eascraíonn faoin Scéim a chomhlíonadh agus dá bhrí sin, tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfanfaidh maoiniú don Scéim san fho-mhírcheann ábhartha chun dliteanais deiridh a chomhlíonadh.

K.3 Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 4 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú), 2006 - Scéim Árachais

Soláthar meastacháin €1.5 milliún; toradh €1.686 milliún

Tharla an méadú €186,000 ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin toisc gur próiseas garbhreithiúnach é seo bunaithe ar éilimh a taisceadh agus tá éagsúlacht mhór ann i gcineál na n-éileamh agus na n-íocaíochtaí a dhéantar in aon bhliain ar leith. Freastalaíodh ar an róchaiteachas trí aistrithe ó fho-mhírchinn eile FSS.

K.4 Íocaíocht leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Soláthar meastacháin €400 milliún; toradh €377.452 milliún

Tharla an gannchaiteachas €22.548 milliún toisc gur tharla líon ní ba lú suíonna cúirte in 2020 ná mar a bhíothas ag súil leis de bharr na mbeart sláinte poiblí a tugadh isteach le linn na bliana. Aistríodh cistí €10 milliún den ghannchaiteachas sin go fo-mhírcheann J.2.

K.5 Míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (maoiniú cuntas díomhaoin)

Soláthar meastacháin €2.7 milliún; toradh €997,000

Bhí an caiteachas sa réimse seo €1.703 milliún ní ba lú ná an meastachán a tugadh i dtús báire mar cuireadh tionscadail siar nuair a leithdháileadh acmhainní mar thoradh ar Covid-19.

Clár cúraim

L.2 Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil – Gníomhartha Covid-19

Soláthar meastacháin €110.35 milliún; toradh €140.031 milliún

Tharla an méadú €29.681 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar chinneadh ón Rialtas an scéim DG (Dochtúir Ginearálta) Covid-19 a fhadú. Freastalaíodh ar an róchaiteachas trí mheastachán forlíontach.

L.3 Cúram cónaithe fadtéarmach

Soláthar meastacháin €1,062.396 milliún; toradh €998.146 milliún

Bhí an caiteachas sa réimse seo €64.25 milliún ní ba lú ná an meastachán a tugadh i dtús báire toisc gur tháinig laghdú ar an éileamh a bhí ar scéimeanna áirithe mar thoradh ar shrianta Covid-19. Aistríodh cistí an ghannchaiteachais seo go fo-mhírcheann J.2.

Seirbhísí caipitil

M.1 Deontais maidir le tógáil, trealmhú (TFC san áireamh)

Soláthar meastacháin €14.527 milliún; toradh €12.466 milliún

Tharla an t-easnamh caiteachais €2.061 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin den chuid is mó mar gheall gur cuireadh líon beag tionscadal caipitil TFC do ghníomhaireachtaí atá maoinithe go díreach siar go 2020.

M.2 Áiseanna sláinte agus áiseanna ardoideachais a thógáil, a threalmhú agus a fheistiú

Soláthar meastacháin €744 milliún; toradh €607.726 milliún

B'ionann an t-easnamh i gcaiteachas in 2020 agus €136.274 milliún i gcoibhneas leis an meastachán agus tharla sé den chuid is mó ós rud é go raibh na costais a bhaineann le caiteachas caipitil ar Ospidéal nua na Leanaí níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis in 2020 (€147 milliún). Tharla sé sin toisc gur cuireadh moill ar oibreacha de dheasca shrianta Covid-19.
Aistríodh cistí €101 milliún chuig M.4 chun ceanglais chaipitil Covid-19 a chomhlíonadh agus cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go gcuirfí €68.174 milliún siar go 2021 i ndáil le costas thionscadal Ospidéal na Leanaí.

M.4 Gníomhartha caipitil Covid-19, lena n-áirítear TFC

Soláthar measctha €220 milliún; toradh €320.566 milliún

Tharla an méadú €100.566 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar measctha mar gheall ar oibreacha caipitil forleathana riachtanacha Covid-19 a bheith ar siúl ar fud na tíre. Cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an caiteachas sin.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		Measta		2020 Réadaithe	2019 Réadaithe
		€000	€000	€000	€000
1	Costas na seirbhísí sláinte a chuirtear ar fáil faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh a aisghabháil				
	Bunaidh	250,000			
	Forlíontach	20,000			
			270,000	270,000	270,000
2	Fáltais ó dhleachtanna máil áirithe ar tháirgí tobac		167,605	167,605	167,605
3	Costais áirithe na Scéime Seirbhísí Oftalmacha a fhorchúiteamh ón gCiste Árachais Shóisialaigh		2,000	5,807	5,530
4	Costais áirithe na Scéime Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta a fhorchúiteamh ón gCiste Árachais Shóisialaigh		3,800	3,126	3,122
5	Fáltais ilghnéitheacha				
	Bunaidh	51			
	Forlíontach	3,500	3,551	24,615	1,015
6	Cuntais dhíomhaoine		2,700	11,247	2,700
7	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí		3,915	3,510	3,886
8	Fáltais maidir le Cláir Speisialta AE.		150	1,813	—
9	Fáltais maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa (CSTE) agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)				
	Bunaidh	1			
	Forlíontach	9,500	9,501	—	—
10	Fáltas caipitil ón Roinn Oideachais agus Scileanna		—	—	10,000
	Iomlán		**463,222**	**487,723**	**463,858**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach leis sa mhír seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/-5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €57.501 milliún níos mó ná an meastachán bunaidh. Tá na difríochtaí mínithe thíos:

1 Costas na seirbhísí sláinte a chuirtear ar fáil faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh a aisghabháil

Measta €250 milliún; réadaithe €270 milliún

Bhí an tsuim a aisghabhadh faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh €20 milliún níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis. Déantar an tsuim a fhaightear a chaibidliú i rith na bliana agus níltear cinnte cén tsuim a gheofar sula ndéanfar na caibidlí i rith na bliana.

3 Costais áirithe na Scéime Seirbhísí Oftalmacha a fhorchúiteamh ón gCiste Árachais Shóisialaigh

Measta €2 milliún; réadaithe €5.807 milliún

Tharla an méadú €3.807 milliún toisc go mbíonn sé deacair éilimh faoin scéim seirbhísí oftalmacha a thuar. Bíonn moill ama ann ar fhaisnéis a fháil ón Roinn Coimirce Sóisialaí ar leibhéal na n-éileamh a thagann chun cinn.

4 Costais áirithe na Scéime Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta a fhorchúiteamh ón gCiste Árachais Shóisialaigh

Measta €3.8 milliún; réadaithe €3.126 milliún

Tharla an laghdú €674,000 toisc go mbíonn sé deacair éilimh faoin scéim seirbhísí fiaclóireachta a thuar. Bíonn moill ama ann ar fhaisnéis a fháil ón Roinn Coimirce Sóisialaí ar leibhéal na n-éileamh a thagann chun cinn.

5 Fáltais ilghnéitheacha

Measta €51,000; réadaithe €24.615 milliún

Tharla an méadú €24.564 milliún go príomha mar gheall ar fháltas €23.279 milliún ó Chiste Dlúthpháirtíochta AE i mí na Nollag 2020. Mar chuid de na fáltais ilghnéitheacha freisin, bhí aistrithe cistí nár úsáideadh ó chuntas fionraí Mhaoiniú an Aontais Eorpaigh, fáltais i ndáil le táillí ceadúnais faoin Acht um Mí-Úsáid Drugaí agus Táillí um Shaoráil Faisnéise.

6 Cuntais dhíomhaoine

Measta €2.7 milliún; réadaithe €11.247 milliún

De dhroim cinneadh ón Rialtas, mhaoinigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, an Roinn Sláinte agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige Ciste Cobhsaíochta Covid-19 le haghaidh Fiontair Phobail agus Dheonacha, agus Fiontair Charthanúla agus Fiontair Shóisialta. Fuarthas €10 milliún ó Chiste na gCuntas Díomhaoin maidir leis an scéim sin. Rinne Pobal an scéim a riar thar ceann na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail. Íocadh caiteachas a bhaineann leis an scéim ó fho-mhírcheann E.1.

7 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí

Measta €3.915 milliún; réadaithe €3.51 milliún

Fuarthas €405,000 ní ba lú ná an meastachán ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais de bharr laghdú ar ranníocaíochtaí a fuarthas ó ghníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne.

8 Fáltais maidir le Cláir Speisialta AE

Measta €150,000; réadaithe €1.813 milliún

Bhí na fáltais a fuarthas i leith Chláir Speisialta AE €1.663 milliún ní ba mhó ná mar a bhíothas ag súil leis mar thoradh ar chineál chlár INTERREG, rud a chiallaíonn go mbíonn sé deacair uainiú na bhfáltas sin a thuar.

9 Fáltais maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa (CSTE) agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)

Measta €1,000; réadaithe €nialas

Le linn an phróisis mheastachán athbhreithnithe i mí an Mheithimh 2020, d'oibrigh an Roinn leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun rochtain a fháil ar chistí ó Chláir Mhaoiniúcháin Struchtúraigh AE chun cabhrú le freastal ar na costais a tabhaíodh de bharr Covid-19. Soláthraíodh an maoiniú sin go díreach don Státchiste, seachas don Roinn, ina dhiaidh sin.

4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Suim a bailíodh	48	50
Suim a aistríodh chuig an Státchiste	(48)	(50)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**—**	**—**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon Foirne

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon foirne ag deireadh na bliana		
Roinn	596	521
Fostaithe díreacha Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	81,192	76,905
Fostaithe deonacha (Alt 38) seirbhísí géarmhíochaine agus seirbhísí nach seirbhísí géarmhíochaine iad	44,982	42,912
Gníomhaireachtaí eile [a]	1,787	1,753
Líon foirne ag deireadh na bliana	**128,557**	**122,091**

Nóta [a] Cuimsíonn 'gníomhaireachtaí eile' gach gníomhaireacht a oibríonn faoi choimirce na Roinne, lena n-áirítear iad siúd nach bhfaigheann maoiniú díreach ón Státchiste.

5.2 Pá

Luach saothair fhoireann na Roinne

	2020 €000	2019 €000
Pá	34,346	30,045
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	257	205
Liúntais eile	11	10
Ragobair	255	115
ÁSPC an Fhostóra	2,624	2,137
Pá iomlán [a]	**37,493**	**32,512**

Nóta [a] An figiúr pá iomlán mar atá i bhfo-mhírchinn A.1 agus H.

Luach saothair Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

	2020 €000	2019 €000
Pá	4,074,480	3,803,874
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	488,601	449,759
Riaráistí	44,240	39,430
Ragobair	210,830	187,752
ÁSPC Fostóirí	471,299	429,071
Aoisliúntas	766,704	747,476
Pá iomlán fhostaithe díreacha Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	6,056,154	5,657,362
Costais foirne gníomhaireachta	390,098	349,447
Pá iomlán [a]	**6,446,252**	**6,006,809**

Nóta [a] Ní chuimsíonn na costais phá thuas fostaithe san earnáil dheonach.

Luach saothair gníomhaireachtaí eile [a]

	2020 €000	2019 €000
Pá	60,047	55,919
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	150	114
Liúntais eile	123	103
Ragobair	12	20
ÁSPC an Fhostóra	6,173	5,604
Pá iomlán	**66,505**	**61,760**

Nóta [a] Cuimsíonn gníomhaireachtaí eile gníomhaireachtaí a oibríonn faoi choimirce na Roinne agus a fhaigheann maoiniú díreach ón Státchiste, seachas Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2020 €	2019 €
Foireann na Roinne				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	23	12	22,029	27,368
Liúntais eile	8	—	1,878	1,855
Ragobair	76	9	23,399	19,541
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	4	4	20,918	23,847
Foireann gníomhaireachtaí eile [a]				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	41	6	28,625	9,296
Liúntais eile	39	1	11,436	6,351
Ragobair	13	—	2,906	3,389
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	2	—	3,445	—

Nóta [a] Cuimsíonn gníomhaireachtaí eile gníomhaireachtaí a oibríonn faoi choimirce na Roinne agus a fhaigheann maoiniú díreach ón Státchiste, seachas Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

5.4 Socruithe eile luach saothair

Rinneadh státseirbhíseach amháin a fuair pinsean státseirbhíse agus nár fhóin sa Roinn seo roimhe seo, a athfhostú ar bhonn táille in 2019 agus íocadh €35,000 leis in 2020 mar thráthchuid dheireanach. Bhí an íocaíocht a rinneadh i gcomhréir le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Iar-státseirbhíseach amháin a d'fhóin sa Roinn seo cheana féin, athfhostaíodh é ar bhonn tuarastail in 2020.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €123,716 maidir le triúir oifigeach a d'fhóin lasmuigh den Roinn i rith 2020 nó ar feadh tréimhse le linn 2020 agus a raibh a dtuarastail á n-íoc ag an Roinn.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon faighteoirí	2020	2019 [a]
		€	€
Ró-íocaíochtaí	25	54,712	82,112
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	9	16,025	27,188

Nóta [a] Rinneadh na figiúirí seo do 2019 a leasú ó Chuntas Leithreasa 2019 chun na figiúirí athbhreithnithe a fuair an Roinn ón Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a léiriú.

5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Le linn 2020, íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta arbh fhiú €67,904 san iomlán iad agus scaoilíocaíochtaí arbh fhiú €184,618 san iomlán iad le naonúr ball foirne ar foirceannadh a bhfostaíocht.

Nóta 6 Míreanna ilghnéitheacha

6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

Coimisiún cuspóra shocraithe	Bliain an cheapacháin	Caiteachas carnach go deireadh 2020	Caiteachas in 2020	Caiteachas in 2019
		€000	€000	€000
Coimisiún Imscrúdúcháin (Nithe áirithe i dtaobh seirbhís míchumais san Oirdheisceart agus nithe gaolmhara)	2017	5,050	1,376	1,583
Binse CervicalCheck	2020	1,847	1,847	—
Fiosrúchán Scóipe ar Chlár Scagthástála CervicalCheck	2018	2,181	190	958
		9,078	**3,413**	**2,541**

Foráladh le hAlt 3 den Acht um Choimisiúin Imscrúdúcháin, 2004, do choimisiún a bhunú chun imscrúdú a dhéanamh ar na nithe a shonraítear in Airteagal 3(a) den Acht agus d'aon tuarascálacha a dhéanamh a cheanglaítear faoin Acht sin i ndáil lena imscrúdú. I mí an Mhárta 2017, rinneadh cinneadh coimisiún imscrúdúcháin a bhunú maidir le nithe áirithe i dtaobh seirbhís míchumais san Oirdheisceart agus nithe gaolmhara. Gearrtar caiteachas an Choimisiúin ar Fho-mhírcheann D – fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí agus speansais dlí ilghnéitheacha.

Bhunaigh an tAire Sláinte an Binse um CervicalCheck an 27 Deireadh Fómhair 2020. Bunaíodh an Binse faoi Alt 4 den Acht fán mBinse um CervicalCheck, 2019, a chuireann tuarascáil an Bhreithimh Onóraigh Charles Meenan i bhfeidhm maidir le *Córas Malartach chun Déileáil le hÉilimh a Éiríonn as CervicalCheck*. Cheap an tAire na comhaltaí ainmnithe chuig an mBinse le héifeacht ón 1 Nollaig 2020, rud a d'éascaigh an Binse tús a chur lena chuid oibre. Gearrtar caiteachas an Bhinse ar Fho-mhírcheann D freisin.

Íocadh an íocaíocht dheireanach maidir leis an bhfiosrúchán scóipe ar Chlár Scagthástála CervicalCheck in 2020.

6.2 Costais chúitimh agus dlí

	Líon na gcásanna	Costais dlí a d'íoc an Roinn	Costais dlí a dámhadh	Cúiteamh a dámhadh	2020 Iomlán	2019 Iomlán
		€000	€000	€000	€000	€000
Éilimh ó dhaoine den phobal						
Dámhachtainí agus socrúcháin éilimh	13	1,816	2,341	575	4,732	23,763
Iomlán	**13**	**1,816**	**2,341**	**575**	**4,732**	**23,763**

6.3 Ciste Infheistíochta Obstatraice Speisialta

In 2008, bhunaigh an tAire Sláinte Scéim Slánaíochta Obstatraice Speisialta. Faoin scéim, d'aontaigh an tAire Ospidéal Bon Secours (Corcaigh) agus Ospidéal Mount Carmel a shlánú i leith éilimh obstatraice shonraithe. Bunaíodh ciste le ranníocaíochtaí ón dá ospidéal, ón gCumann Cosanta Leighis agus ón Roinn Sláinte. Íocann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát éilimh de réir mar a thagann siad chun cinn. Thug an tAire Sláinte údarú don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát airgead a tharraingt anuas ón gciste chun costas na n-éileamh a chlúdach.

Ag an 31 Nollaig 2020, b'ionann an t-iarmhéid ar an gciste agus €4.950 milliún (2019: €4.951 milliún). Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a bhainistíonn an ciste agus léirítear an t-ioncam agus an caiteachas gaolmhar i ráitis airgeadais bhliantúla na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát.

6.4 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

Fo-mhírcheann		2020 Meatachán €000	2020 Toradh €000	2019 Toradh €000
K.1	Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí comhchosúla (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	7,513	1,879	1,879
		7,513	**1,879**	**1,879**

6.5 Maoiniú AE

Cómhaoiníonn an tAontas Eorpach caiteachas faoi fho-mhírcheann E.4.

6.6 Íocaíochtaí úis déanacha agus íocaíochtaí cúitimh

	2020 €000	2019 €000
Iomlán na n-íocaíochtaí úis a íocadh	**6**	**3**

Aguisín A Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Sláinte

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail dáta sínithe an chuntais, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta ar ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Comhlacht/Ciste roinne	Tréimhse chuntasaíochta dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchta	Dáta a fuair an Aire/Roinn í	Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í [a]
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	2019	14 Bealtaine 2020	27 Bealtaine 2020	19 Meitheamh 2020
Ospidéal Beaumont	2019	11 Feabhra 2021	17 Feabhra 2021	25 Márta 2021
Sláinte Leanaí Éireann	2019	20 Samhain 2020	26 Samhain 2020	12 Eanáir 2021
Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath	2019	24 Nollaig 2020	13 Eanáir 2021	22 Eanáir 2021
Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar	2018	16 Nollaig 2019	6 Eanáir 2020	28 Eanáir 2020
Ospidéal San Séamas	2019	24 Samhain 2020	9 Nollaig 2020	10 Nollaig 2020
Bord Forbartha an Ospidéil Péidiatraice Náisiúnta	2019	17 Meitheamh 2020	12 Lúnasa 2020	13 Lúnasa 2020
An Chomhairle Náisiúnta Haemaifilia	2019	30 Meitheamh 2020	30 Lúnasa 2020	27 Deireadh Fómhair 2020
Bord um Chur chun Cinn na Sábháilteachta Bia	2019	21 Nollaig 2020	12 Feabhra 2021	3 Márta 2021
Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann	2019	25 Lúnasa 2020	11 Meán Fómhair 2020	23 Meán Fómhair 2020
An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte	2019	24 Aibreán 2020	13 Bealtaine 2020	26 Bealtaine 2020
An Bord Taighde Sláinte	2019	29 Deireadh Fómhair 2020	27 Samhain 2020	8 Nollaig 2020
An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (CORU)	2019	15 Nollaig 2020	18 Nollaig 2020	21 Nollaig 2020
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann	2019	30 Meitheamh 2020	20 Iúil 2020	22 Iúil 2020
An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte	2019	25 Meitheamh 2020	29 Meitheamh 2020	12 Lúnasa 2020
An Coimisiún Meabhair-Shláinte	2019	30 Meitheamh 2020	3 Iúil 2020	7 Iúil 2020
An Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse	2019	7 Deireadh Fómhair 2020	23 Deireadh Fómhair 2020	7 Nollaig 2020
An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil	2019	29 Eanáir 2021	4 Feabhra 2021	31 Márta 2021
An tÚdarás Árachais Sláinte	2019	5 Meitheamh 2020	23 Iúil 2020	12 Lúnasa 2020

Comhlacht/Ciste roinne	Tréimhse chuntasaíochta dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchta	Dáta a fuair an Aire/Roinn í	Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í [a]
An Ciste um Chothromú Fiontar	2019	5 Meitheamh 2020	23 Iúil 2020	12 Lúnasa 2020
An Bord Altranais agus Cnáimhseachais	2019	21 Nollaig 2020	2 Feabhra 2021	23 Márta 2021
Comhairle na nDochtúirí Leighis	2019	17 Meitheamh 2020	9 Meán Fómhair 2020	23 Meán Fómhair 2020
Cumann Cógaiseoirí na hÉireann [b]	2019	26 Márta 2020	1 Meán Fómhair 2020	30 Meán Fómhair 2020
An Chomhairle Fiaclóireachta [b]	2018	8 Márta 2019	28 Márta 2019	16 Aibreán 2019
An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála	2019	22 Nollaig 2020	22 Eanáir 2021	16 Márta 2021
Cuntais Chomhdhlúite Maoine Príobháidí Othar	2019	12 Nollaig 2020	11 Eanáir 2021	31 Márta 2021
An Scéim Aisíocaíochtaí Sláinte (Ciste Síntiús)	2019	22 Nollaig 2020	22 Nollaig 2020	31 Márta 2021
Cuntas Speisialta don Scéim Aisíocaíochtaí Sláinte	2019	22 Nollaig 2020	22 Nollaig 2020	31 Márta 2021
Heip. C – Scéim Árachais	2019	22 Nollaig 2020	23 Nollaig 2020	26 Feabhra 2021

Nótaí [a] Leagtar na cuntais iniúchta faoi bhráid Theach an Oireachtais de réir na reachtaíochta faoinar bunaíodh iad.

[b] Ní dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar ráitis airgeadais na gcomhlachtaí Stáit seo.

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 39

An Oifig um Sholáthar Rialtais

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 39, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa a ullmhú don Vóta gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus ar chostas na hOifige um Sholáthar Rialtais.

Cuirtear toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna:

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) a soláthraíodh do sheirbhísí soláthair chaipitiúil in 2020 amach as leithreasaí 2019 nár caitheadh, faoi na socruithe géillte iarchurtha arna mbunú le hAlt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Dlitear farasbarr €2.308 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Dímheas

Gearrtar dímheas bliana iomláine i mbliain na fála / an choimisiúnaithe agus ní ghearrtar aon dímheas i mbliain na diúscartha. Is de réir méid cothrom a ghearrtar dímheas.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le ceanglais an chomhaontaithe bainistithe seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le soláthar seirbhíse comhroinnte (e.g. Acmhainní Daonna).

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú le linn seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

Is mar seo a leanas atá an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta do theipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus do ghníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Is ann do Choiste Iniúchóireachta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach
- athbhreithnithe rialta ag an mbainistíocht shinsearach ar thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- córas bainistithe riosca laistigh den Oifig
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail foirmeálta.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig, le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na hOifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Dearbhaím go gcinntíonn an oifig go mbíonn fócas iomchuí ar an dea-chleachtas ó thaobh an cheannaigh de agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir.

Chomhlíon an Oifig na treoirlínte ar fad ach amháin i gcás conradh amháin (dar luach níos mó ná €25,000) agus tá na sonraí leagtha amach thíos:

- €103,609 a bhaineann le hárachas bogearraí agus tacaíocht táirge a cheannach chun leanúnachas tacaíochta a chinntiú do chóras TFC um Bainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí. Pléifear leis an tsaincheist in aon cheanglais amach anseo.

Chuir an Oifig sonraí maidir le dhá chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil a bhaineann le Ciorclán 40/2002 ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig a shainaithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun haghaidh a thabhairt or na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí roimh an Oifig agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an bord bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár go ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Tá sonraí sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus na gníomhartha a bheidh ag teastáil chun rioscaí a mhaolú agus ar na freagrachtaí i leith fheidhmiú na rialuithe atá sannta do bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl go tráthúil dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don bhord bainistíochta, nuair is ábhartha. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara sainaitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar na príomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta do bhainistiú agus rialú riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Oifig atá freagracht as forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Paindéim Covid-19

Rinneadh measúnuithe ar thionchar Covid-19 agus seo thíos na torthaí:

- Trí chur chuige réamhghníomhach a ghlacadh, bhíothas in ann tionchair Covid-19 a mhaolú
  - Sna sála ar chleachtadh Pleanála Leanúnachais Gnó a rinneadh i Ráithe 4 de 2019, cuireadh ar chumas thart ar 50% den fhoireann tabhairt faoin oibriú cianda láithreach. Éascaíodh an rochtain don chuid eile den fhoireann trí bhogearraí ciandeisce, rud a d'fhág gur cuireadh ar chumas fhoireann iomlán na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR) oibriú go cianda go pras éifeachtach gan aon bhearnaí sa tseirbhís. Tar éis cinneadh a rinne lucht Bainistíochta Sinsearaí, bhí gach ball foirne san Oifig ag obair ar ríomhaire glúine faoi Ráithe 3.
  - Éascaíodh rochtain ar gach feidhmchlár riachtanach TFC trí naisc shlána leis an ngréasán, rud a d'fhág go rabhthas in ann leanúint de na nósanna imeachta rialaithe mar ba ghnách.
  - Trí ardán ríomhshínithe a sholáthar, bhíothas in ann Creat-Chomhaontuithe, conarthaí agus cáipéisí éagsúla eile soláthair a shíniú go cianda.
  - Cuireadh grúpa um "Filleadh ar an Láthair Oibre" ar bun agus cuireadh bearta Sláinte agus Sábháilteachta i bhfeidhm i ngach láthair oifige.
  - Chun tacú leis an bhfolláine, tugadh isteach roinnt uirlisí agus seimineár gréasáin mar aon le háiseanna seachtainiúla a chomhroinnt chun cuidiú leis an bhfoireann a scíth a ligean. Cuireadh tús le tacaí forbartha ceannaireachta le chur ar chumas ball foirne a gcuid inniúlachtaí ceannaireachta a fhorbairt.

- Eisíonn an Príomhfheidhmeannach/an Bhainistíocht Shinsearach teachtaireachtaí rialta chun an fhoireann a choinneáil ar an eolas faoi nuashonruithe eagraíochtúla.

- Ó thaobh na hoibríochta de, thacaigh OSR leis an tseirbhís phoiblí i gcoitinne:
  - Foilsíodh treoir i dtaca le soláthar poiblí agus Covid-19.
  - Treoir chun an Plean Forbartha Náisiúnta a chosaint i dtaca le bainistiú a dhéanamh ar dhúnadh agus atosú conarthaí oibreacha poiblí.
  - Feidhmiú leantach dheasc chabhrach OSR.
  - Leanadh d'fhoinsiú an chláir oibre.
  - Cuireadh teachtaireacht 'oscailte le haghaidh gnó' in iúl do pháirtithe leasmhara.
  - Tacaíocht dhíreach d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus í ag bunú saoráidí éigeandála.
  - Cuidiú le comhlachtaí Seirbhíse Poiblí soláthairtí riachtanacha a chinntiú.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú airgeadais inmheánach i dtaca le 2020 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

David Moloney
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig um Sholáthar Rialtais

30 Márta 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 39 An Oifig um Sholáthar Rialtais

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 39 An Oifig um Sholáthar Rialtais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 39 An Oifig um Sholáthar Rialtais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'fhorordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Táim neamhspleách ar an Oifig um Sholáthar Rialtais agus tá na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Lúnasa 2021

Vóta 39 An Oifig um Sholáthar Rialtais

Cuntas Leithreasa 2020

			2020	2019
		Soláthar measta-cháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Soláthar lárnach a chur ar fáil			
	Bunaidh	18,710		
	Géilleadh iarchurtha	59		
		18,769	16,497	16,164
Ollchaiteachas		**18,769**	**16,497**	**16,164**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**358**	**453**	**492**
Glanchaiteachas				
	Bunaidh	18,352		
	Géilleadh iarchurtha	59		
		18,411	**16,044**	**15,672**

Farasbarr

Tá an farasbarr ar an tsuim a cuireadh ar fáil os cionn na glansuime a caitheadh le géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar an tsuim ar fad nó cuid d'aon leithreasaí gan chaitheamh do sheirbhísí soláthair chaipitiúil a thabhairt anonn lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €59,000 de leithdháiltí gan chaitheamh maidir le heilimintí caipitil ó fho-mhírcheann A.2 ar aghaidh go 2021.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr	2,367,301	2,454,792
Géilleadh iarchurtha	(59,000)	(59,000)
Farasbarr le géilleadh	**2,308,301**	**2,395,792**

David Moloney
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig um Sholáthar Rialtais

30 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costas an chláir		1,980	1,863
Pá		13,177	12,645
Neamhphá		1,340	1,656
Ollchaiteachas		**16,497**	**16,164**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**453**	**492**
Glanchaiteachas		**16,044**	**15,672**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(111)		
Dímheas	111		
Caillteanas ar dhiúscairtí	197	197	142
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	112		
Méadú ar stoc	(1)	111	(100)
Caiteachas díreach		**16,352**	**15,714**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		1,841	1,507
Measchíosanna		50	50
Glanchostas an chláir		**18,243**	**17,271**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara déanta suas de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 39 a iompraíodh in áit eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 7	Airgeadas	75	59
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	573	266
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	925	941
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	23	21
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	245	220
		1,841	**1,507**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	277	474
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		555	728
Stoic	2.2	7	6
Réamhíocaíochtaí		470	556
Iarmhéideanna dochair eile	2.3	44	113
Iomlán na ndliteanas reatha		**1,076**	**1,403**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		126	100
Iarmhéideanna sochair eile	2.4	483	472
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.5	116	369
Iomlán na ndliteanas reatha		**725**	**941**
Glansócmhainní reatha		351	462
Glansócmhainní		**628**	**936**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.6	**628**	**936**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh TFC	Troscán agus feistis	Trealamh oifige	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	1,719	152	6	1,877
Breiseanna	111	—	—	111
Diúscairtí	(987)	—	—	(987)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	843	152	6	1,001
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	1,321	76	6	1,403
Dímheas don bhliain	96	15	—	111
Dímheas ar dhiúscairtí	(790)	—	—	(790)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	627	91	6	724
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**216**	**61**	**—**	**277**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	398	76	—	474

2.2 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Stáiseanóireacht	5	5
Tomhaltáin TF	2	1
	7	**6**

2.3 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Caiteachas in-fhorchúitithe ar scéim na bpasanna taistil	27	99
Réamhíocaíochtaí le OOP	3	—
Míreanna dochair eile ar fionraí	14	14
	44	**113**

2.4 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	175	155
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	130	119
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	28	39
Cáin bhreisluacha	33	30
Ranníocaíochtaí pinsin	44	42
Cáin mhaoine áitiúil	1	1
Muirear sóisialach uilíoch	34	32
	445	418
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	37	39
Míreanna sochair eile ar fionraí	1	15
	483	**472**

2.5 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	2,308	2,396
Géilleadh iarchurtha	59	59
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(2,251)	(2,086)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**116**	**369**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	555	728
Iarmhéideanna dochair: fionraí	44	113
	599	841
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(445)	(418)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(38)	(54)
	(483)	(472)
	116	**369**

2.6 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			936	990
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	18,411		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(59)		
Barrachas	Cuntas	(2,308)		
Glanvóta			16,044	15,672
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1		1,841	1,507
Earraí neamhairgid – coigeartuithe maidir le sócmhainní caipitil			—	(12)
Caiteachas neamhairgid – measchíos	1		50	50
Glanchostas an chláir	1		(18,243)	(17,271)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**628**	**936**

2.7 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda ag an 31 Nollaig	**2020** **€000**	**2019** **€000**
Soláthar earraí agus seirbhísí	**157**	**488**

2.8 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	**2020** **€000**	**2019** **€000**
Meastachán ar na dliteanais aibithe nár glanadh roimh dheireadh na bliana	**—**	**3**

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an leithdháileadh ar fad ar Vóta 39 An Oifig um Sholáthar Rialtais aicmithe mar chaiteachas riaracháin a úsáidtear le haghaidh clár amháin: Seirbhís lárnach soláthair Rialtais a chur ar fáil.

				2020	2019
				Soláthar meastacháin	Toradh
		€000	€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais			14,914	13,177	12,645
ii	Taisteal agus cothú			150	60	204
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha			765	654	751
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide			107	81	85
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha					
	Bunaidh	395				
	Géilleadh iarchurtha	6				
				401	408	421
vi	Costas áitribh oifige					
	Bunaidh	127				
	Géilleadh iarchurtha	53				
				180	137	195
				16,517	**14,517**	**14,301**

Clár A Seirbhísí Lárnacha Soláthair a Chur ar Fáil

				2020	2019
				Soláthar meastacháin	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá			14,914	13,177	12,645
A.2	Riarachán – neamhphá					
	Bunaidh	1,544				
	Géilleadh iarchurtha	59				
				1,603	1,340	1,656
A.3	Costais chomhairleoireachta soláthair agus costais eile			2,252	1,980	1,863
				18,769	**16,497**	**16,164**

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas cuntas ar dhifríochtaí suntasacha i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €2.272 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €2 mhilliún den fhigiúr seo le caiteachas riaracháin agus bhain an méid eile, €272,000, go príomha leis na nithe seo a leanas:

A.3 Costais chomhairleachta soláthair agus costais eile

Soláthar meastacháin: €2.252 milliún, toradh €1.98 milliún

Tá an gannchaiteachas seo go príomha mar gheall ar amanna tosaithe a bheith níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis ar roinnt príomhthionscadal.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	308	330	399
2	Ilghnéitheach	50	123	92
	Iomlán	**358**	**453**	**491**

4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Bailithe	121	544
Aistrithe chuig an Státchiste	(121)	(544)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**—**	**—**

Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon foirne ag deireadh na bliana	**231**	**226**

5.2 Pá

	2020 €000	2019 €000
Pá	11,993	11,559
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	33	31
Liúntais eile	3	1
Ragobair	4	4
ÁSPC an Fhostóra	1,144	1,050
Pá iomlán	**13,177**	**12,645**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2020 €	2019 €
Ard-dualgais, dualgas speisialta nó dualgais bhreise	6	1	13,945	11,560
Liúntais eile	1	—	2,580	964
Ragobair	3	—	1,821	2,538

5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2020 €	2019 €
Ró-íocaíochtaí	10	12,928	24,330
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	5	7,027	18,303

Aistríodh pleananna aisghabhála ró-íocaíochtaí dar luach €1,067 i dtaca le triúr ar leith chuig Ranna eile in 2020.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Costais chúitimh agus dlí

Líon cásanna	Costais dlí a d'íoc an Oifig	Costais dlí a dámhadh	Cúiteamh a dámhadh	2020 Iomlán	2019 Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000
1	—	360	—	360	—

Rinne tairgeoir nár éirigh leis agóid in aghaidh chomórtas soláthair OSR chun seirbhísí ateangaireachta a sholáthar.

Rinneadh an cás a chosaint go rathúil san Ard-Chúirt ach rinne an Chúirt Achomhairc ordú ina dhiaidh sin ag cur an cinneadh leis an gconradh a dhámhachtain i leataobh. Rinneadh achomharc air seo chun na Cúirte Uachtaraí, a sheas, i mBealtaine 2019, leis an gcinneadh an conradh a chur ar leataobh.

Tá sé dearbhaithe go bhfuil suim de €359,545 le híoc ag an Oifig um Sholáthar Rialtais i dtaca leis na bearta seo.

Tá athbhreithniú breithiúnach ar leith ar siúl a bhaineann leis an iarratasóir céanna i gcoinne dámhachtain conarthaí eile faoi chreat-chomhaontú.

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 40

Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 40, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an Cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riar an Oifig sin, agus ar dheontais a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €118.6 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Is mian liom aird a tharraingt ar roinnt míreanna a bhaineann leis an gCuntas Leithreasa don bhliain 2020 maidir le hoibríochtaí na Roinne. Baineann siad sin le hathruithe ar chomhdhéanamh agus freagrachtaí na Roinne mar thoradh ar fheidhmeanna a aistriú, agus ar na tionchair a d'imir paindéim Covid-19 ar oibríochtaí agus rialuithe na Roinne. Tugtar cuntas ar shaincheisteanna suntasacha an dá earra sin i míreanna thíos agus léirítear iad, chomh maith, sna nótaí ábhartha leis an gcuntas.

Aistriú feidhmeanna

Athainmníodh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige mar an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige tar éis an aistrithe feidhmeanna an 14 Deireadh Fómhair 2020. Sannadh beagnach gach ceann d'fhreagrachtaí na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige, anuas ar fheidhmeanna breise maidir le comhionannas, lánpháirtíocht agus cosaint idirnáisiúnta, don Roinn athainmnithe.

Aistríodh dhá chlár caiteachais maidir le comhionannas, lánpháirtíocht agus cosaint idirnáisiúnta chuig an Roinn seo ón Roinn Dlí agus Cirt. Aistríodh líon beagán ní ba lú d'fheidhmeanna maidir le saincheisteanna ceartais óige áirithe ón Roinn seo chuig an Roinn Dlí agus Cirt.

Agus aird á tabhairt ar aistriú na bhfeidhmeanna agus ar an Roinn athstruchtúraithe, bhain an meastachán don Vóta Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige le bliain iomlán 2020 agus cuirtear an cuntas i láthair ar an mbunús sin i gcomhréir le halt 24 den Exchequer and Audit Department Act, 1866.

Ghlac an Roinn le freagrachtaí suntasacha breise mar thoradh ar an aistriú feidhmeanna. Anuas ar na feidhmeanna tábhachtacha reatha sna réimsí um chosaint agus leas leanaí, cosc agus luath-idirghabháil, uchtáil, tacaí teaghlaigh, luathfhoghlaim agus cúram leanaí, seirbhísí don ógra agus ceartas i leith an aosa óig, agus eispéiris na nglún roimhe seo, chuir an Roinn mór-réimsí beartais an chomhionannais, na lánpháirtíochta, na cosanta idirnáisiúnta agus an mhíchumais san áireamh freisin le linn 2020.

Leis na feidhmeanna breise sin a éascú, chuaigh na hacmhainní a chuirtear ar fáil don Roinn i méid freisin maidir le maoiniú, soláthar foirne agus cóiríocht. Cleachtadh dúshlánach a bhí san aistriú feidhmeanna a chur i gcrích, go háirithe nuair a chuirtear na brúnna breise ar leith a chruthaigh paindéim Covid-19 san áireamh.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a ullmhú, mar atá leagtha amach aga an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas seo á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

Dímheas

Tá Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh dílsithe san Aire agus san áireamh i sócmhainní caipitil mar thalamh agus foirgnimh. Déantar foirgnimh a dhímheas ar ráta 2% sa bhliain ar bhonn líne dírí thar a saolré fhónta mheasta. Ní dhéantar talamh a dhímheas. Déantar mótarfheithiclí a dhímheas thar chúig bliana ar ráta 20% sa bhliain.

Íocaíochtaí le Pobal

Déantar cistí a réamhíoc le Pobal i ndáil le soláthar seirbhísí áirithe ar bhonn gníomhaireachta. Íocann Pobal cistí nach dteastaíonn (e.g. mar gheall ar éileamh níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis) ar ais leis an Roinn. Déantar an ghlansuim a réamhíoctar le Pobal sa bhliain a mhuirearú i gcoinne na bhfotheideal ábhartha sa bhliain (féach nóta 6.1).

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialuithe inmheánacha a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Cuirtear seirbhísí áirithe ar fáil don Roinn ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais na gcomhaontuithe seirbhíse idir an Roinn seo agus an Roinn Sláinte chun seirbhísí comhroinnte TFC a sholáthar, agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam freisin faoi nósanna imeachta airgeadais poiblí maidir leis na seirbhísí TF a sholáthair an Roinn Dlí agus Cirt maidir le Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh.

Braithim ar litir dhearbhaithe ó Oifigigh Chuntasaíochta na Roinne Sláinte agus na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go ndéantar na rialuithe iomchuí a fheidhmiú chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo. Fuair Stiúrthóir Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh litir dhearbhaithe ó Cheann na Bainistíochta Faisnéise agus na Teicneolaíochta sa Roinn Dlí agus Cirt chun seirbhísí TFC a sholáthar.

Seirbhísí gníomhaireachta

Riarann Pobal roinnt clár thar ceann na Roinne i measc raon clár luathbhlianta agus raon clár gaolmhar a bhaineann leis an óige. In 2020, réamhíocadh glanchistiú €518 milliún le Pobal ina leith sin (nóta 6.1).

Tá an caidreamh idir an Roinn agus Pobal á rialáil ag comhaontú seirbhíse (CS) uileghabhálach a chruthaíonn an tuiscint ghinearálta a bhaintear as comhthéacs, cuspóirí, téarmaí agus coinníollacha an chaidrimh idir an dá pháirtí. Mairfidh an comhaontú reatha go dtí an 31 Nollaig 2022. Bhí athbhreithniú ar an CS le déanamh in 2020 ach ní dhearnadh é mar gheall ar thionchair phaindéim Covid-19 ar ghníomhaíochtaí pleanáilte. Ina ionad sin, tabharfaidh an Roinn agus Pobal faoin athbhreithniú in 2021, i gcomhréir leis an bpróiseas sonraithe a comhaontaíodh idir an dá pháirtí.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.
- Cuireann daoine de lucht bainistíochta na Roinne a n-ainm le ráitis dearbhaithe rialaithe airgeadais maidir lena réimsí aonair freagrachta. Cuirtear na ráitis sin ar fáil dom mar Oifigeach Cuntasaíochta agus an cuntas leithreasa á thabhairt chun críche.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta agus, go háirithe:

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach air
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis na réamhaisnéisí
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil na treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí agus go n-oibrítear é i gcomhréir le Cairt scríofa atá faofa agamsa. Cuireann anailís ar na rioscaí a bhfuil an Roinn nochta dóibh faisnéis ar fáil d'obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí, agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Buailim leis an gCeann Iniúchóireachta Inmheánaí agus le Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta ó thráth go chéile. Déanann Bord Bainistíochta na Roinne plé ar mhiontuairiscí agus tuarascáil bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta.

Cuntasóir gairmiúil é an Ceann Iniúchóireachta Inmheánaí (an CII) agus méadaíodh an líon foirne le beirt Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus beirt Oifigeach Feidhmiúcháin, a chur san áireamh. Anuas ar an soláthar foirne buan, tacaíonn seirbhísí iniúchóireachta leis an bhfeidhm iniúchóireachta, a soláthraíonn conraitheoir seachtrach iad. Tugtar faoi iniúchtaí de réir chaighdeáin RCPA/Institiúid Chairte na nIniúchóirí Inmheánacha. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Rinne Institiúid Chairte na nIniúchóirí Inmheánacha (CIIA) athbhreithniú seachtrach ar cháilíocht ar an bhfeidhm i mí Feabhra 2020 agus ba é an tátal a baineadh as ná gur “chloígh sé go mór, tríd is tríd, leis na caighdeáin”.

Chuir mé m’ainm leis an bPlean Iniúchóireachta Inmheánaí don bhliain 2020 i mí Feabhra 2020. Cheadaigh mé Plean Iniúchóireachta Inmheánaí leasaithe i mí an Mheithimh 2020 ina gcuirtear san áireamh an tírdhreach ar ar tháinig athrú ó bhonn mar thoradh ar phaindéim Covid-19.

D’eisigh an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí naoi dtuarascáil in 2020. Níor luadh tuairim iniúchóireachta ‘dearbhú ar bith’ ná ‘dearbhú teoranta’ uair ar bith.

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar obair leantach ar thuarascálacha agus moltaí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Comhlíonadh soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ar an dea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Sholáthair an Roinn sonraí faoi na conarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40 de 2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Chloígh an Roinn leis na treoirlínte seachas i gcás an mhéid seo a leanas

- 151 chonradh ar a raibh comhluach €91,068,052 a bhaineann le cóiríocht cosanta idirnáisiúnta a sholáthar
- bhain conradh amháin ar a raibh luach €29,600 leis an gCoimisiún Imscrúdúcháin Árais Máithreacha agus Naíonán
- conradh amháin ar a raibh luach €74,385 maidir leis an gcóras airgeadais a aistriú chuig an Roinn seo. Rinne an Roinn Sláinte an córas sin a bhainistiú roimhe sin don Roinn.

Bhí gach conradh, seachas conradh amháin thuas, ann nó lean conarthaí a bheith i bhfeidhm agus aistríodh iad chuig an Roinn. Bhí 151 chonradh mar chuid den aistriú feidhmeanna agus bhí ceann amháin mar chuid d’aistriú seirbhíse.

I dtaobh conarthaí a bhaineann le cóiríocht cosanta idirnáisiúnta, bhí an iar-Roinn faoin tuairim ‘…go dtugtar faoi sheirbhísí cóiríochta, nuair is féidir, trí úsáid a bhaint as próiseas iomaíoch. Fógraítear gach riachtanas cóiríochta d’iarrthóirí cosanta idirnáisiúnta go poiblí i nuachtáin náisiúnta agus áitiúla. Próiseas oscailte é a bhfuil daoine den phobal incháilithe iarratas a dhéanamh air. Tar éis freagraí a fháil, déantar iad a athbhreithniú lena chinntiú go bhfuil an chóiríocht a bheartaítear oiriúnach agus go gcomhlíonann sí riachtanais na Roinne.’

D’ainneoin dhearcadh na hiar-Roinne go raibh na conarthaí ‘iomaíoch’ agus go bhféadfadh nach gcuirfí ar áireamh iad ar chiorclán 40 de thuairisceán bliantúil 2002, ní deimhin liom go bhfuil soláthar na gconarthaí lenar bhain lánchomhlíontach. Dá réir sin, ós rud é go bhfuil an fhreagracht as na conarthaí seo aistrithe chuig an Roinn seo anois, tabharfar faoi bhearta le staid na gcúrsaí a shoiléiriú agus le nósanna imeachta a chur i bhfeidhm le comhlíonadh feabhsaithe a chinntiú in 2021.

Tá míniú ar na cúinsí a bhaineann leis na saincheisteanna sin i mo thuairisceán bliantúil faoi chiorclán 40 de 2002.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an Roinn creat beartais cuimsitheach bainistíochta riosca i bhfeidhm. Déanann Coiste Bainistíochta Riosca, ina bhfuil gach ball den Bhord Bainistíochta, riosca a fhormhaoirsiú. Déanaimse cathaoirleacht ar an gCoiste mar Oifigeach Cuntasaíochta. Déanann an Coiste athbhreithniú foirmiúil ar riosca ar bhonn ráithiúil agus ar bhonn míosúil ar leibhéal aonaid aonair.

Is éard a bhaineann leis an gcóras bainistíochta riosca ná riosca ar fud na Roinne a shainaithint agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, chun na rioscaí siúd a mhaolú.

Tacaíonn clár rioscaí leis an gcóras ina sainaithnítear na príomhrioscaí corparáideacha agus na rioscaí ar leibhéal aonaid atá roimh an Roinn, agus déantar gach ceann a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Sonraítear sa chlár na rialuithe agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó a dtabharfar fúthu chun riosca a mhaolú. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil.

Tacaíonn ráiteas inghlacthachta riosca leis an gcóras freisin, atá i bhfeidhm don Roinn. Cé go bhfuilimid sásta glacadh le rioscaí rialaithe chun deiseanna nua a thapú agus bealaí nuálacha a aimsiú chun ár gcuspóirí a thabhairt chun cinn, ní ghlacfaimid a thuilleadh le rioscaí a sháraíonn ár nósanna imeachta oibriúcháin nó ár gceanglais rialála.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomhaíocht cheartaitheach agus don lucht bainistíochta agus an Bord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a thugtar le fios a shainaithnítear.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialuithe inmheánacha airgeadais na Roinne curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Paindéim Covid-19

Dhírigh an fhoireann ardbhainistíochta agus aonaid ghnó ar fud na Roinne go príomha ar mheasúnú a dhéanamh ar thionchar Covid-19 ó thús na paindéime i leith. Tugadh faoi thionchair Covid-19 a mheasúnú agus a bhainistiú trí Aonad Bainistíochta Freagartha Covid-19 a bhunú (ina bhfuil Bainistíocht Saoráidí).

Déanann an Roinn liosta rioscaí corparáideacha a choimeád, a ndéanann an Coiste Riosca é a athbhreithniú ar bhonn ráithiúil. Cuireadh riosca corparáideach sonrach Covid-19 ar áireamh in 2020 le tionchar Covid-19 a léiriú ar chumas na Roinne, agus comhlachtaí faoina coimirce, leanúint le feidhmiú mar is gnách agus seirbhísí bunriachtanacha a sholáthar do leanaí agus teaghlaigh.

Áirítear an méid seo a leanas leis na maoluithe, na rialuithe agus na gníomhartha bainistíochta éagsúla ar tugadh fúthu ón mbriseadh amach.

- Bunaíodh Coiste Freagartha Covid-19 i mí an Mhárta 2020 chun freagairt na Roinne a chomhordú agus tuairisciú a dhéanamh ar fhreagairtí gníomhaireachta. Rinneadh cathaoirleacht ar an gCoiste ar leibhéal an Rúnaí Chúnta agus bhí ionadaithe don Fhoireann Ardbhainistíochta ó gach Rannán ann.

- Tugadh faoi mheasúnuithe riosca agus sainaithníodh feidhmeanna ríthábhachtacha misin chun tacú le leanúnachas gnó agus sainaithníodh príomhphearsana agus tugadh tacaíocht dóibh leis an gcéanna a chinntiú.
- Bunaíodh Aonad Freagartha Covid-19, faoi stiúir ag leibhéal an Phríomhoifigigh, chun tacú leis an bhfoireann oibriú go cianda agus pleanáil a dhéanamh d'fhilleadh sábháilte ar an bhfoirgneamh ar aon dul leis an bprótacal ón Rialtas *um Fhilleadh go Sábháilte ar an Obair*.
- Cuireadh an treoir náisiúnta ábhartha go léir i bhfeidhm, treoir ina measc a d'eisigh Roinn an Taoisigh, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an Roinn Sláinte agus FSS.
- Leanadh le príomhrialuithe íocaíochta a chur ar fáil i rith na paindéime agus rinneadh leasuithe ar phróisis áirithe le foirmeacha íocaíochta agus feidhmeanna airgeadais a cheadú ó chian.
- Lean an Bord Bainistíochta le formhaoirseacht dhlúth leanúnach a dhéanamh ar thionchar Covid-19 ar an Roinn agus ar chomhlachtaí faoina coimirce, agus coimeádadh an tAire go hiomlán ar an eolas.
- Rinneadh ionadaíocht don Roinn ag coistí éagsúla lárnacha faoi chathaoirleacht Roinn an Taoisigh chun formhaoirseacht a dhéanamh ar fhreagairtí uile na Roinne do Covid-19, an Grúpa Oifigeach Sinsearach (a dhéanann tuairisciú don Choiste Comh-Aireachta), an Grúpa Cumarsáide agus na grúpaí Earnála Státseirbhíse agus Seirbhíse Poiblí ina measc.
- Tugadh an trealamh don fhoireann ar fad chun oibriú as baile, agus cuireadh socruithe i bhfeidhm lena chinntiú gur féidir leanúint le gnó na Roinne gan cur isteach go suntasach air. Tacaíodh leis na baill foirne go léir trí líonra feabhsaithe cumarsáide cianda.
- Ní raibh ach líon beag ball bunriachtanach foirne i láthair go fisiciúil in oifigí na Roinne, agus bhí prótacail dhiana i bhfeidhm don fhreastal siúd.
- Leanadh le teagmháil dhlúth a dhéanamh le gach comhlacht faoi choimirce na Roinne, agus rinneadh measúnú ar thionchar Covid-19 ar sheirbhísí agus cuireadh bearta freagartha i bhfeidhm nó tacaíodh leo, nuair ba ghá.
- Díríodh go láidir ar gach saincheist soláthair seirbhíse a rinne difear don Roinn agus do chomhlachtaí faoina coimirce, agus leagadh béim ar leith, ina theannta sin, ar shaoráidí cúraim leanaí a athoscailt agus ar leanúnachas an tsoláthair seirbhíse ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach do leanaí leochaileacha agus a dteaghlach.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Luathbhlianta — rialacha cláir a chomhlíonadh

D'imir Covid-19 tionchar suntasach ar scéimeanna éagsúla Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige (FCL) agus Cúraim Leanaí ar Aois Scoile (CLAS) a oibriú. Dúnadh gach seirbhís FCL agus CLAS ó lár mhí an Mhárta go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2020. D'imir an leibhéal laghdaithe oibríochta tionchar suntasach ar chaiteachas scéime agus ar ghníomhaíocht sceidealaithe comhlíonta ar aon dul le srianta Covid-19. Mar gheall go n-oibrítear scéimeanna, tríd is tríd, ar aon dul leis an mbliain acadúil, tugadh na cuairteanna comhlíonta ar an láthair in 2019/20, tríd is tríd, chun críche i lár mhí an Mhárta.

Lena chinntiú gur thit méid éigin de ghníomhaíocht chomhlíonta amach, ceapadh cur chuige comhlíonta deascbhunaithe don chuid eile den bhliain 2020 agus isteach in 2021 mar gheall ar thionchair leanúnacha Covid-19. Cuireadh tús le seiceálacha deascbhunaithe i mí na Samhna 2020, ach cuireadh stop leo ina dhiaidh sin ó mhí Eanáir 2021 go lár mhí Aibreáin 2021 sa tríú babhta den phaindéim, sular atosaíodh iad. Leanadh le gach ceann de na scéimeanna FCL agus CLAS a chistíonn an Roinn a íoc i rith thimthriall clár 2020/21 agus díríodh ar scéim Chlár an Fhóirdheontais Chúraim Leanaí (CCSP) lenar bhain riosca ní b'airde agus rinneadh tástáil freisin ar scéim COLÓ sa tréimhse ó mhí Aibreáin 2021 go mí an Mheithimh 2021 freisin. Aithnítear go mbaineann teorainneacha riaracháin le seiceálacha deascbhunaithe ós rud é go dtugtar fúthu amach ón láthair. Rinneadh cinneadh faoi raon tástálacha, áfach, agus díríodh ar dhearbhú réasúnach a fháil gur úsáideadh cistí an Státchiste do na cuspóirí a beartaíodh chomh maith le féindearbhuithe a lorg ó sholáthraithe seirbhíse maidir le cloí le rialacha agus coinníollacha conartha. Tá tionchair ann freisin a imríonn gníomhaíocht bhreise chomhlíonta/fíoraithe a eascraíonn as scéimeanna cistithe nua, cosúil leis an Scéim Cúraim Leanaí Fóirdheontais Shealadaigh Pá (TWSCS), Íocaíocht Tacaíochta Athoscailte (RSP), íocaíocht Tacaíochta Oibriúcháin Covd-19 (COSP) agus Deontas Caipitil Covid-19, a forbraíodh chun tacú le seirbhísí tríd an ngéarchéim. Tá seiceálacha comhlíonta ar scéimeanna Covid-19 ar bun go leanúnach agus tá siad ag titim amach i gcomhthráth leis na scéimeanna cistithe tairbhithe.

B'ábhar buartha le blianta beaga anuas é rialacha cláir a chomhlíonadh sna scéimeanna íocaíochta níos sine. Ba iad saincheisteanna áirithe leagáide agus dearadh rialacha na mbunscéimeanna ba phríomhchúis leo sin a forbraíodh diaidh ar ndiaidh i gcaitheamh tréimhse ama. Leanadh le béim a chur ar fheabhas a chur ar chomhlíonadh i rith 2020. I dtimthriall cláir 2019/2020 (ó mhí Mheán Fómhair 2019 go mí Lúnasa 2020), lean cur chuige na Roinne i leith na feidhme comhlíonta ag díriú ar na réimsí a chruthaigh an baol féideartha ba mhó do mhaoiniú Státchiste. Áiríodh leis sin díriú ar chonarthaí ardluacha agus ar sheirbhísí ina raibh ró-éileamh ina shaincheist roimhe seo. Chuir an cur chuige sin feabhas ar chosaint fhoriomlán chistí an Státchiste; i gcás gur sainaithníodh ró-éileamh, rinneadh é a aisíoc go rialta ansin.

Tugadh scéimeanna isteach chun tacú le seirbhísí le linn phaindéim Covid-19, lenar áiríodh Scéim Cúraim Leanaí Fóirdheontais Pá Shealadaigh (TWSCS) a tugadh isteach go díreach tar éis gur dhúnadh na seirbhísí go léir an 12 Márta 2020. Forbraíodh an scéim ar bhonn sealadach éigeandála agus rialaigh conradh le soláthraithe í. Cuireadh seiceálacha réamhíocaíochta chun feidhme chun dearbhú a sholáthar i dtaca leis an leibhéal cistithe a tugadh do sheirbhísí. Tá an TWSCS dúnta anois. Fad a bhí an scéim á forbairt go tapa, rinneadh réamhíocaíochtaí leis an earnáil le maoiniú leantach a chinntiú. Mar thoradh air sin, íocadh maoiniú breise le roinnt soláthraithe, a raibh thart ar €3.4 milliún de le forchúiteamh go fóill ag deireadh 2020 agus bhí thart ar €0.526 milliún le híoc go fóill amhail mí Lúnasa 2021. Tabharfar an próiseas sin chun críche a luaithe agus is féidir. Tosaíodh seiceálacha fíoraithe iar-íocaíochta ar shampla de sholáthraithe rannpháirteacha go déanach in 2020 agus sínfear seo le sampla níos fairsinge a chuimsiú in 2021, agus táthar ag súil leis go gcuirfear i gcrích é faoi ráithe 4 2021.

Forbraíodh scéimeanna nua cistithe, Deontas Tacaíochta Athoscailte agus scéim Deontais Caipitil Covid-19 san áireamh, chun tacú le seirbhísí i rith na paindéime, agus tabharfar faoi ghníomhaíocht chomhlíonta/fíoraithe do na scéimeanna speisialta sin le haghaidh phaindéim Covid-19 freisin.

Maidir le comhlíonadh foriomlán, tá an Roinn ag tabhairt faoi athbhreithniú ar an gCreat Comhlíonta, lena n-áirítear sraith mhéadaitheach smachtbhannaí agus tacaí chun feabhas a chur ar chomhlíonadh seirbhísí. Creat trí bliana é seo a bhfuil de chuspóir aige dul i ngleic le leibhéil chomhlíonta laistigh den earnáil agus lean sé le torthaí dearfacha a bhaint amach. Beartaíonn an Roinn Creat breisithe a sholáthar in 2021.

Bhí an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí (an SNCL) a tugadh isteach ag deireadh 2019 ceaptha chun feabhas suntasach a chur ar an seasamh foriomlán maidir le rialachas agus comhlíonadh rialacha na scéime i measc soláthraithe. Tionóladh Grúpa Oibre Comhlíonta an SNCL go déanach in 2019 i dtreo nósanna imeachta a dhéanamh foirmiúil, agus leanadh le hobair ar an réimse sin in 2020. Tá athbhreithniú le déanamh ar an SNCL i ndiaidh a chéad bhliana ar aon dul leis an Acht um Thacaíocht Cúraim Leanaí, 2018. Cuireadh tús leis an athbhreithniú sin in 2021 agus tá súil leis go gcuirfear i gcrích é faoi dheireadh 2021.

Cuireadh iarmhéid féichiúnaithe thart ar €3.97 milliún in aghaidh gach cláir Roinne i gcuntas i bpróiseas bainistíochta fiachais Pobal ag deireadh 2020. Áiríodh leo sin cláir seachas na scéimeanna LFC agus CAS a oibríodh sa bhliain sin, agus bhain thart ar €3 mhilliún le tionscadail chaipitil stairiúla a ghabh siar go dtí an tréimhse 2000-2010. Tá ardchéimeanna bainte amach ag an Roinn agus Pobal chun comhaontú a dhéanamh ar phróiseas chun an fiachas stairiúil sin a bhainistiú. Cé gur cuireadh moill ar chomhaontú a dhéanamh ar an bpróiseas seo in 2020 mar gheall ar Covid-19, leantar le dul chun cinn a dhéanamh agus tá súil leis go dtabharfar próiseas chun críche in 2021. Leagfar nós imeachta amach freisin sa phróiseas bainistíochta féichiúnaithe sin chun na fiachais siúd a shainaithint agus a chóireáil a bhféadfaí a mheas nach féidir iad a aisghabháil, faoi réir comhaontú.

Fergal Lynch
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Imeasctha agus Óige

24 Meán Fómhair 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 40 Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 40 Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 40 Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.Níl baint ná páirt agam le Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.*

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach gur tharla cásanna ábhartha de neamhchomhlíonadh rialacha soláthair maidir le conarthaí a d'oibrigh in 2020.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2021

Vóta 40 Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige

Cuntas Leithreasa 2020

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Clár tacaíochta leanaí agus teaghlaigh	880,174	876,045	835,876
B	Cláir earnála do leanaí agus daoine óga	686,333	600,685	654,520
C	Clár beartais agus reachtaíochta	34,687	27,621	27,379
D	Sochaí chothrom ionchuimsitheach	26,770	19,530	—
E	Córas cóir éifeachtúil tacaíochta d'iarrthóirí cosanta idirnáisiúnta	208,637	189,109	—
Ollchaiteachas		**1,836,601**	**1,712,990**	**1,517,775**
	Lúide			
F	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**36,530**	**35,646**	**27,064**
Glanchaiteachas		**1,800,071**	**1,677,344**	**1,490,711**

Farasbarr

Is ionann an farasbarr agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glansuime a caitheadh atá faoi dhliteanas lena géilleadh don Státchiste.

Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €4.1 milliún de leithdháiltí neamhchaite maidir le gnéithe caipitil d'fhotheideal A.4, B.5 agus B.11 anonn go dtí 2021.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr	122,726,899	6,964,619
Géilleadh iarchurtha	(4,100,000)	—
Farasbarr le géilleadh	**118,626,899**	**6,964,619**

Fergal Lynch
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Imeasctha agus Óige

31 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costas an chláir		1,687,215	1,500,731
Pá		21,711	14,964
Neamhphá		4,064	2,080
Ollchaiteachas		**1,712,990**	**1,517,775**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**35,646**	**27,064**
Glanchaiteachas		**1,677,344**	**1,490,711**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(2,050)		
Caillteanas ar dhiúscairtí	23		
Dímheas	1,781	(246)	(335)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar stoc	1		
Méadú ar réamhíocaíochtaí	(8,235)		
Méadú ar fhabhruithe deiridh	1,180	(7,054)	(3,548)
Caiteachas díreach		**1,670,044**	**1,486,828**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		6,050	5,728
Glanchostas an chláir		**1,676,094**	**1,492,556**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna measta a leanas i dtaca le Vóta 40 a tabhaíodh in áit eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	38	30
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	1,825	1,443
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	3,751	4,211
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	49	31
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	355	—
An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí		32	13
		6,050	**5,728**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	67,440	57,237
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	31,979	(4,851)
Stoic		5	6
Réamhíocaíochtaí	2.3	15,517	7,282
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	246	7,091
Iomlán na sócmhainní reatha		**47,747**	**9,528**
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe		1,788	608
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.5	2,652	954
An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht	2.6	24,314	—
Glanmhaoiniú Státchiste	2.7	5,259	1,286
Iomlán na ndliteanas reatha		**34,013**	**2,848**
Glansócmhainní reatha		13,734	6,680
Glansócmhainní		**81,174**	**63,917**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.8	**81,174**	**63,917**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Talamh agus foirgnimh	Trealamh oifige	Troscán, feistis agus mótarfheithiclí	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	60,998	533	821	62,352
Breiseanna	196	1,854	—	2,050
Coigeartuithe [a]	—	12,390	—	12,390
Aistriú sócmhainní	—	41	147	188
Diúscairtí	—	—	(46)	(46)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	61,194	14,818	922	76,934
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	4,687	222	206	5,115
Coigeartuithe [a]	—	2,478	—	2,478
Dímheas don bhliain	1,224	472	85	1,781
Dímheas carnach ar aistrithe	—	36	107	143
Dímheas ar dhiúscairtí	—	—	(23)	(23)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	5,911	3,208	375	9,494
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**55,283**	**11,610**	**547**	**67,440**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	56,311	311	615	57,237

Nóta [a] Áirítear le trealamh oifige coigeartuithe a bhaineann le caiteachas maidir le bonneagar TF na Scéime Náisiúnta Cúraim Leanaí a d'fhorbair Pobal i gcaitheamh na tréimhse ó 2016 go 2019.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta (PMG)	31,974	(5,112)
Iarmhéideanna eile bainc	5	261
	31,979	**(4,851)**

2.3 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Pobal	4,106	7,050
Ceadúnais thréimhsiúla, síntiúis, árachas, etc. [a]	11,411	232
	15,517	**7,282**

Nóta [a] Léirítear san athrú ar an leibhéal réamhíocaíochtaí idir 2020 agus 2019 an t-athrú ar struchtúr na Roinne tar éis an aistrithe feidhmeanna agus caiteachas agus réamhíocaíochtaí a chur ar áireamh maidir le Cóiríocht d'Iarrthóirí Cosanta Idirnáisiúnta ó 2020.

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Airleacain d'OOP	1	32
Tuarastail in-fhorchúitithe	121	80
Caiteachas in-fhorchúitithe taistil	—	5
Míreanna dochair eile ar fionraí	124	6,974
	246	**7,091**

2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	599	415
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	412	311
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	61	127
Cáin bhreisluacha	36	79
Cáin mhaoine áitiúil	6	3
Muirear sóisialach uilíoch	114	84
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	210	(17)
	1,438	1,002
Míreanna creidmheasa eile ar fionraí	1,214	(48)
	2,652	**954**

2.6 An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Fáltais ó AE	**24,314**	—

2.7 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	118,627	6,965
Géilleadh iarchurtha	4,100	—
Deontas an Státchiste nár tarraingíodh	(117,468)	(5,679)
Glanmhaoiniú Státchiste	**5,259**	**1,286**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Iarmhéideanna dochair: fionraí	246	7,091
	246	7,091
Creidiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	31,979	(4,851)
Dlite don Stát	(1,438)	(1,002)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(1,214)	48
An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht	(24,314)	
	5,013	(5,805)
	5,259	**1,286**

2.8 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			63,917	59,949
Coigeartú			9,912	85
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	1,800,071		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(4,100)		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(118,627)		
Glanvóta			1,677,344	1,490,711
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		6,050	5,728
Coigeartú - glanaistriú sócmhainní	2.1		45	—
Glanchostas an chláir	1		(1,676,094)	(1,492,556)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**81,174**	**63,917**

2.9 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda

ag an 31 Nollaig	**2020**	**2019**
	€000	**€000**
Earraí agus seirbhísí a sholáthar	35,347	2,963
Cláir dheontais neamhchaipitil	10	724
Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí	**35,357**	**3,687**

2.10 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	**2020**	**2019**
	€000	**€000**
Meastachán ar dhliteanais aibithe nár díscaoileadh ag deireadh na bliana	**1,534**	**323**

2.11 Dliteanais theagmhasacha

Ní raibh aon dliteanais theagmhasacha ann ag deireadh 2020 ná ag deireadh 2019.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos a chionroinnt i measc na gclár, chun costálacha cláir a chur i láthair.

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	24,071	21,711	14,964
ii	Taisteal agus cothú	237	102	194
iii	Oiliúint agus forbairt agus speanais theagmhasacha	1,266	1,221	685
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	284	113	92
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	948	1,025	562
vi	Costais áitribh oifige	1,457	1,533	388
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	602	70	159
		28,865	**25,775**	**17,044**

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar cuntas ann ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha ar chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €237,000; toradh €102,000

Ba é ba chúis leis an difríocht €135,000 ná gur cuireadh bac ar thaisteal mar gheall ar an bpaindéim.

iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Soláthar meastacháin €284,000; toradh €113,000

Ba é ba chúis leis an difríocht €171,000 ná go raibh na costais ar chianoibriú ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leis agus gur braitheadh ní ba mhó ar fhoirmeacha leictreonacha cumarsáide.

vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe

Soláthar meastacháin €602,000; toradh €70,000

Ba é ba chúis a bhí leis an difríocht €532,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ná tionchair na paindéime ar oibríochtaí na Roinne.

Clár A Tacaíocht do leanaí agus teaghlaigh

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	3,894	3,511	2,544
A.2	Riarachán − neamhphá	585	496	354
A.3	An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach	838,872	840,080	809,216
A.4	Ceartas i leith an aosa óig – Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh san áireamh	27,978	23,831	23,762
A.5	Oifig na gCaomhnóirí ad Litem	845	127	—
A.6	Costais na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach a bhain le paindéim Covid-19	8,000	8,000	—
		880,174	**876,045**	**835,876**

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha ar chaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €4.1 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh i dtosach báire.

A.4 Ceartas i leith an aosa óig – Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh san áireamh

Soláthar meastacháin €27.978 milliún; toradh €23.831 milliún

Ba iad moilleanna a bhí ann maidir le caipiteal mar gheall ar an bpaindéim tar éis oibreacha a chur ar feitheamh agus ónar eascair coigilteas €3.1 milliún ba chúis leis an easnamh €4.147 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin. Chuir leibhéil laghdaithe earcaíochta freisin le coigilteas lenar fritháiríodh an tionchar a imríodh ar chaiteachas ar líon níos airde pinsinéirí ná mar a cuireadh san áireamh sa bhuiséad. Baineadh roinnt coigilteas amach freisin i gcaiteachas neamhphá agus baineadh leibhéil chaiteachais ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leis amach mar gheall ar roinnt tosca, coigilteas mar gheall ar phaindéim Covid-19 san áireamh.

A.5 Oifig Feidhmiúcháin na gCaomhnóirí ad Litem

Soláthar meastacháin €845,000; toradh €127,000

Léirítear san easnamh caiteachais €718,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin bunú Oifig Feidhmiúcháin na gCaomhnóirí ad Litem a chur ar fionraí mar fhreagairt do mhoilleanna ar an reachtaíocht atá mar bhonn agus thaca aici a achtú agus tionchar na paindéime ar oibríochtaí na Roinne.

Clár B Cláir earnála do leanaí agus daoine óga

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá	6,748	6,087	5,986
B.2	Riarachán – neamhphá	1,002	849	832
B.3	Cláir réamhscoile COLÓ agus AIM	250,196	243,661	332,465
B.4	An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí agus cláir chúraim leanaí eile	154,430	118,772	164,424
B.5	Cláir chúraim leanaí: tacaí soláthair agus tionscnaimh eile	76,216	62,796	70,554
B.6	Eagraíochtaí agus seirbhísí óige (arna maoiniú go páirteach ag an gCrannchur Náisiúnta)	65,889	64,701	62,369
B.7	Cláir choisc agus luath-idirghabhála	9,500	9,278	8,897
B.8	Cláir idirghabhála do leanaí agus daoine óga (arna maoiniú ag ciste na gcuntas díomhaoin)	10,508	9,586	7,046
B.9	An Clár Síochána agus Athmhuintearais	2,244	2,244	1,884
B.10	Éire Ildánach	100	14	63
B.11	Tacaí COVID-19 a bhaineann le Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige (FCL) agus le Cúram Leanaí ar Aois Scoile (CLAS)	109,500	82,697	—
		686,333	**600,685**	**654,520**

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha ar chaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár B €85.7 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh i dtosach.

B.4 An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí agus cláir chúraim leanaí eile

Soláthar meastacháin €154.43 milliún; toradh €118.772 milliún

Ba í an phríomhchúis leis an easnamh caiteachais €35.658 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin coigilteas a d'eascair as na scéimeanna a bheith stoptha i rith mhí Aibreáin, mhí na Bealtaine agus mhí an Mheithimh mar gheall ar an bpaindéim. Anuas air sin, bhí an glacadh tar éis na hathoscailte faoi bhun na leibhéal a beartaíodh i dtosach. Tugtar faoi deara gur bunaíodh fotheideal B.11 chun caiteachas ar thionscnaimh a bhaineann le Covid-19 a chur i gcuntas maidir le FCL agus CLAS.

B.5 Cláir chúraim leanaí: tacaí soláthair agus tionscnaimh eile

Soláthar meastacháin €76.216 milliún; toradh €62.796 milliún

Ba iad na cúiseanna leis an easnamh caiteachais €13.42 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ná tionchar na paindéime. Tugtar faoi deara gur bunaíodh fotheideal B.11 chun caiteachas ar thionscnaimh a bhaineann le Covid-19 a chur i gcuntas maidir le FCL agus CLAS.

B.8 Cláir idirghabhála do leanaí agus daoine óga

Soláthar meastacháin €10.508 milliún; toradh €9.586 milliún

Ba iad moilleanna ar thionscadail agus ar chaiteachas gaolmhar ba chúis leis an easnamh caiteachais €922,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin.

B.11 Tacaí COVID-19 a bhaineann le Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige (FCL) agus le Cúram Leanaí ar Aois Scoile (CLAS)

Soláthar meastacháin €109.5 milliún; toradh €82.697 milliún

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an easnamh €26.803 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ná an glacadh le tionscnaimh a bhaineann le paindéim Covid-19 a bheith ní b'ísle ná mar a soláthraíodh sa bhuiséad.

Clár C Beartas agus reachtaíocht

			2020	2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
C.1	Riarachán – pá	8,061	7,271	6,435
C.2	Riarachán − neamhphá	1,197	1,015	894
C.3	Táillí dlí agus socraíochtaí ilghnéitheacha	539	2	245
C.4	An Staidéar Fadaimseartha Náisiúnta agus cláir eile thaighde	3,210	2,380	2,937
C.5	Creat beartais leanaí agus daoine óga agus cláir eile	6,048	5,458	7,121
C.6	Údarás Uchtála na hÉireann	5,667	5,151	4,462
C.7	Oifig an Ombudsman do Leanaí	2,865	2,450	2,500
C.8	Coimisiún Imscrúdúcháin	3,792	2,354	2,785
C.9	Ciste Magdalen [a]	3,308	1,540	—
		34,687	**27,621**	**27,379**

Nóta [a] cuireadh suimeanna toraidh 2019 d'fhotheideal C.9 – Ciste Magdalen (€4.9 milliún) i gcuntas sa chuntas leithreasa do Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas.

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha ar chaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár C €7.1 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh i dtosach.

C.3 Táillí dlí agus socraíochtaí ilghnéitheacha

Soláthar meastacháin €539,000; toradh €2,000

Ba é cineál inathraithe an chaiteachais san fhotheideal agus na deacrachtaí a d'eascair, go ginearálta, as na torthaí agus na costais a thuar a bhaineann le cásanna agus ceisteanna dlí ba chúis leis an easnamh caiteachais €537,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin.

C.4 An Staidéar Fadaimseartha Náisiúnta agus cláir eile thaighde

Soláthar meastacháin €3.21 milliún; toradh €2.38 milliún

Ba é coigilteas costais a rinneadh i ngeall ar athruithe ar chineál na hoibre allamuigh mar gheall go bhfuil níos mó oibre den sórt sin á dhéanamh ó chian ba chúis leis an easnamh caiteachais €830,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin.

C.5 Creat beartais leanaí agus daoine óga agus cláir eile

Soláthar meastacháin €6.048 milliún, toradh €5.458 milliún

Ba é gannchaitheamh i measc roinnt clár a bhain go príomha le tionchair Covid-19 inar cuireadh moilleanna ar fheachtais sceidealaithe agus inar cuireadh siar iad i measc gach réimse den fhotheideal ba chúis leis an easnamh caiteachais €590,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin. Bhain an t-aistriú chuig réitigh chianoibrithe roinnt coigiltis amach freisin.

C.6 Údarás Uchtála na hÉireann

Soláthar meastacháin €5.667 milliún; toradh €5.151 milliún

Ba iad costais foirne ní b'ísle a tháinig aníos mar gheall ar mhoilleanna ar fholúntais a líonadh ba phríomhchúis leis an easnamh caiteachais €516,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin.

C.7 Oifig an Ombudsman do Leanaí

Soláthar meastacháin €2.865 milliún; toradh €2.45 milliún

Ba iad na moilleanna ar fholúntais foirne a líonadh in Oifig an Ombudsman do Leanaí agus caiteachas pleanáilte na hoifige a frithairíodh le roinnt costais bhreise TF ba chúis leis an easnamh caiteachais €415,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin.

C.8 Coimisiún Imscrúdúcháin

Soláthar meastacháin €3.792 milliún; toradh €2.354 milliún

Ba iad na cúiseanna leis an easnamh €1.438 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ná costais ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leis a bhain leis an gCoimisiún, tionchar ar chaiteachas na paindéime san áireamh.

C.9 Ciste Magdalen

Soláthar meastacháin €3.308 milliún; toradh €1.54 milliún

Ba iad na cúiseanna leis an easnamh €1.768 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ná costais ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leis agus mar gheall go raibh an caiteachas faoi stiúir éilimh, bunaithe ar iarratais a fuarthas.

Clár D Sochaí chothrom ionchuimsitheach

		2020		2019 [a]
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
D.1	Riarachán – pá	755	681	—
D.2	Riarachán − neamhphá	375	318	—
D.3	An tÚdarás Náisiúnta Míchumais	4,844	4,218	—
D.4	Imeascadh dídeanaithe agus imirceach	7,055	4,345	—
D.5	Deontais d'eagraíochtaí náisiúnta bhan	525	525	—
D.6	Tionscnaimh an Lucht Siúil agus Romach	3,880	3,579	—
D.7	Gníomhartha Dearfacha ar son Comhionannas Inscne	4,905	1,825	—
D.8	Tionscnaimh Chomhionannais agus LGBTI+	931	779	—
D.9	Seirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta	3,500	3,260	—
		26,770	**19,530**	**—**

Nóta [a] Cuireadh suimeanna toraidh 2019 i gcuntas sa chuntas leithreasa do Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas.

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha ar chaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár D €7.2 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh i dtosach.

D.3 An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

Soláthar meastacháin €4.844 milliún; toradh €4.218 milliún

Ba iad na cúiseanna leis an easnamh caiteachais €626,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ná moilleanna ar thionscadail a thabhairt chun cinn agus a thosú mar thoradh ar thionchar na paindéime agus ceisteanna eile.

D.4 Imeascadh dídeanaithe agus imirceach

Soláthar meastacháin €7.055 milliún; toradh €4.345 milliún

Ba iad na cúiseanna leis an easnamh caiteachais €2.71 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ná an phaindéim agus an fhíric gur cuireadh isteach ar thaisteal ag misin mar gheall ar shrianta taistil idirnáisiúnta.

D.6 Tionscnaimh an Lucht Siúil agus Romach

Soláthar meastacháin €3.88 milliún; toradh €3.579 milliún

Ba ghannchaitheamh a bhain go príomha le tionchair Covid-19 ba chúis leis an easnamh caiteachais €301,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin. Dúnadh na tionscadail oideachais agus fostaíochta go léir go tobann i mí an Mhárta agus níor bronnadh aon mhaoiniú breise ar chuid díobh in 2020. Bhí forchostais, taisteal agus cothú agus ábhair inchaite uile faoi bhun an bhuiséid mar gheall ar an bpaindéim.

D.7 Gníomhartha Dearfacha ar son Comhionannas Inscne

Soláthar meastacháin €4.905 milliún; toradh €1.825 milliún

Ba iad na cúiseanna leis an easnamh caiteachais €3.08 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ná tionchar na paindéime agus an fhíric nár íostarraing tionscadail cheadaithe suimeanna sceidealaithe de réir mar a mhoilligh tionscadail agus mar a chuir siad síneadh lena ndátaí deiridh.

D.8 Tionscnaimh Chomhionannais agus LGBTI+

Soláthar meastacháin €931,000; toradh €779,000

Ba iad na cúiseanna leis an easnamh caiteachais €152,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ná gur chuir srianta na paindéime isteach ar ghníomhaíochtaí pleanáilte, agus mar gheall gur dúnadh go leor de na heagraíochtaí a dtacófaí leo tríd an maoiniú seo ar feadh tréimhsí fada den bhliain.

D.9 Seirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta

Soláthar meastacháin €3.5 milliún; toradh €3.26 milliún

Ba é chaiteachas ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar thionscadal córas TF, ar cuireadh moill ar a thosú, ba chúis leis an easnamh caiteachais €240,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin.

Clár E Córas tacaíochta cothrom éifeachtúil d'iarrthóirí cosanta idirnáisiúnta

		2020		2019 [a]
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
E.1	Riarachán – pá	4,613	4,161	—
E.2	Riarachán – neamhphá	1,635	1,386	—
E.3	An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht	1,769	355	—
E.4	Cóiríocht d'iarrthóirí cosanta idirnáisiúnta	200,620	183,207	—
		208,637	**189,109**	**—**

Nóta [a] Cuireadh suimeanna toraidh 2019 i gcuntas sa chuntas leithreasa do Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas.

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha ar chaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár E €19.5 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh i dtosach.

E.3 Ciste Imirce agus Imeasctha Tearmainn

Soláthar meastacháin €1.769 milliún; toradh €355,000

Ba iad na cúiseanna leis an easnamh caiteachais €1.414 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ná an phaindéim agus mar gheall gur tháinig moilliú ar thionscadail agus ar íostarraingtí.

E.4 Cóiríocht d'larrthóirí cosanta idirnáisiúnta

Soláthar meastacháin €200.62 milliún; toradh €183.207 milliún

Léirítear san easnamh caiteachais €17.413 milliún tionchair phaindéim Covid-19. Bhí brúnna suntasacha ann maidir le trealamh cosanta pearsanta (TCP), riachtanais scartha shóisialta agus an gá atá le spás breise inar theastaigh coraintín/aonrú a dhéanamh chun déileáil le cásanna Covid-19. Rinne an phaindéim difear don éileamh ar chóiríocht freisin, áfach, tar éis stop a chur leis na líonta iontrálaithe nua a raibh cosaint idirnáisiúnta á lorg acu ó mhí an Mhárta 2020 i leith. Anuas air sin, cuireadh moill ar chaiteachas pleanáilte ar uasghráduithe ar ionaid. Léirítear sa leithdháileadh cur chuige stuama buiséadaithe leis an réimse caiteachais a chur san áireamh i dtréimhse éiginnteachta agus nuair ba lú an toradh deiridh ná an méid a leithdháileadh.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Scéim aoisliúntais - an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach	8,974	8,933	8,039
2	Scéim aoisliúntais – foireann neamhtheagaisc Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh	547	653	592
3	Scéim aoisliúntais - Údarás Uchtála na hÉireann	1	—	—
4	Scéim aoisliúntais - Oifig an Ombudsman do Leanaí	2	—	34
5	Ilghnéitheach	574	507	570
6	Fáltais ó chiste na gcuntas díomhaoin	10,508	9,585	7,039
7	An Clár Síochána agus Athmhuintearais	2,373	1,839	1,085
8	Fáltais ó AE	6,000	5,444	—
9	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	7,551	8,685	9,705
	Iomlán	**36,530**	**35,646**	**27,064**

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha ar fháltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí i gcabhair €884,000 ní b'ísle ná mar a tuaradh.

2 Scéim aoisliúntais – foireann neamhtheagaisc Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh

Soláthar measctacháin €547,000; réadaithe €653,000

Baineann na fáltais farasbairr go díreach le costais phárolla a bhí ní ba mhó ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar roinnt tosca, cosúil le foireann bhreise a earcú mar fhreagairt don phaindéim, athruithe ar struchtúr an tseala uainchláir, a d'imir tionchar ar phá préimhe agus saoire bhliantúil a íoc go haisghníomhach leis an bhfoireann fónaimh agus le foireann a chuaigh ar scor a fabhraíodh.

6 Fáltais ó chiste na gcuntas díomhaoin

Soláthar measctacháin €10.508 milliún; réadaithe €9.585 milliún

Léirítear san easnamh €923,000 an caiteachas ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar fhotheideal B.8, atá á mhaoiniú ag ciste na gcuntas díomhaoin.

7 An Clár Síochána agus Athmhuintearais

Soláthar meastacháin €2.373 milliún; réadaithe €1.839 milliún

Ba é ba chúis leis an easnamh €534,000 ná gur dheacair uainiú na bhfáltas ó AE a thuar go cruinn.

8 Fáltais ó AE

Soláthar meastacháin €6 mhilliún; réadaithe €5.444 milliún

Is é €6 mhilliún meastachán ar an méid airgid a bhí le teacht ó fháltais AE in 2020. Ach is é €5.444 milliún an toradh a bhí ann ó thaobh íocaíochtaí de ó AE maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht in 2020. Uaireanta, ní bhíonn an leibhéal gníomhaíochta i dtionscadal faoi leith chomh hard is a bhítear ag súil leis de bharr cúinsí áirithe, mar shampla moill ar dhaoine a earcú nó nach raibh an méid rannpháirtíochta ó dhaoine chomh gníomhach is a bhítear ag súil leis. Bíonn na leithreasaí-i-gcabhair a fhaightear gach bliain bunaithe ar na héilimh a dhéantar agus na híocaíochtaí a fhaightear ó AE. Dá bhrí sin, bíonn sé deacair a bheith cruinn ceart maidir leis an leithreasaí-i-gcabhair a fhaightear in aon bhliain faoi leith.

9 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair poiblí

Soláthar meastacháin €7.551 milliún; réadaithe €8.685 milliún

Bhí an méadú €1.134 milliún go príomha mar thoradh ar leibhéil athraithe i soláthar foirne agus ar an aistriú feidhmeanna, anuas ar an tionchar a d'imir tosú an t-athbhunú pá in 2020.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	(158)	226
Fáltais: Pobal	4,482	3,981
Bons Secours	2,500	—
BOOnna	226	324
Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh	67	39
An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach	25	—
Eile	132	111
A aistríodh chuig an Státchiste	(6,736)	(4,839) [a]
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**538**	**(158)**

Nóta [a] Cuimsítear in aistriú 2019 suim €526,050 a catagóiríodh go mícheart mar fháltais bhreise Státchiste don bhliain 2019. Aisíocadh an tsuim sin leis an Vóta ina dhiaidh sin in 2020.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon na foirne ag deireadh na bliana		
Roinn	365	277
Coimisiún Imscrúdúcháin	11	17
Gníomhaireachtaí na Roinne (nóta 5.2)	4,938	4,420
	5,314	**4,714**

5.2 Pá

Luach saothair fhoireann na Roinne

	2020 €000	2019 €000
Pá	21,421	15,483
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	100	103
Ragobair	100	19
ÁSPC an Fhostóra	1,771	1,210
Pá iomlán [a]	**23,392**	**16,815**

Nóta [a] Dáiltear figiúr an phá iomláin i measc fhotheidil A.1, B.1, C.1, D.1, E.1 agus C.8.

Foireann ghníomhaireachtaí na Roinne

	2020 €000	2019 €000
Pá	260,248	229,966
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise bhreise	12,388	11,057
Liúntais eile	46	62
Ragobair	1,126	859
ÁSPC Fostóra	27,520	23,751
Pá iomlán	**301,328**	**265,695**

Nóta Ní idirbheart díreach airgeadais de chuid na Roinne é caiteachas pá na ngníomhaireachtaí. Tá faisnéis bhreise maidir le líon na bhfostaithe agus pá fostaithe i dtaobh ghníomhaireachtaí na Roinne ar fáil ó na ráitis airgeadais bhliantúla ábhartha nó go díreach ó na gníomhaireachtaí atá i gceist.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2020	2019
			€	€
Foireann na Roinne				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	13	3	20,614	20,614
Liúntais eile	3	—	2,730	2,761
Ragobair	19	—	3,180	9,607
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	2	—	2,564	12,347
Foireann ghníomhaireachtaí na Roinne				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	983	127	23,526	22,900
Liúntais eile	64	—	7,218	8,668
Ragobair	573	17	26,445	19,294
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	441	46	33,598	29,560

5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2020	2019
		€	€
Ró-íocaíochtaí	10	17,118	7,733
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	6	15,161	2,091

Nóta Rinneadh trí ró-íocaíocht a fhorchúiteamh go hiomlán ó dheireadh 2020 i leith, agus tá bainistiú agus cur chun cinn á ndéanamh ag an Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla (ISCP) ar phleananna forchúitimh d'fhuílleach na ró-íocaíochtaí.

5.5 Socruithe luach saothair eile

Áirítear leis an gcuntas seo caiteachas €116,970 (tuarastal, aoisliúntas fostóirí agus ÁSPC an Fhostóra san áireamh) maidir le beirt oifigeach a bhí ar seirbhís lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2020 ar fad nó ar feadh nó cuid di agus ar íoc an Roinn a dtuarastail: bhí oifigeach amháin ar iasacht d'Ollscoil Luimnigh agus bhí an t-oifigeach eile ar iasacht do FSS.

5.6 Scaoilíocaíochtaí/Iomarcaíocht

In 2020, íocadh scaoilíocaíochtaí dar luach iomlán €71,536 agus íocaíochtaí iomarcaíochta dar luach iomlán €24,108 le ceathrar ball foirne ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Íocaíochtaí le Pobal

I gcomhréir le beartas cuntasaíochta na Roinne, gearradh an ghlansuim a aistríodh chuig Pobal sa bhliain (€518.256 milliún) ar na fotheidil ábhartha faoi mar a leagtar amach thíos.

In 2020, d'aisíoc Pobal cistí dar luach iomlán €5.718 milliún leis an Roinn. Aisíocadh na cistí go léir a bhaineann leis an mbliain reatha leis na fotheidil ábhartha. Aisíocadh na cistí go léir a bhaineann le blianta roimhe seo leis an Státchiste mar fháltais Státchiste bhreise (féach nóta 4.2).

		2020	2019
		€000	€000
Fotheideal			
B.3	COLÓ agus Cláir Réamhscoile AIM	243,661	332,403
B.4	An Scéim Cúraim Leanaí Inacmhainne agus cláir chúraim leanaí eile	118,772	164,424
B.5	Cláir chúraim leanaí: tacaí soláthair agus tionscnaimh eile	55,213	62,864
B.6	Eagraíochtaí agus seirbhísí óige (arna maoiniú go páirteach ag an gCrannchur Náisiúnta)	12,260	11,557
B.8	Cláir idirghabhála do leanaí agus daoine óga (arna maoiniú go páirteach ag ciste na gcuntas díomhaoin)	3,898	809
B.11	Tacaí Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus Cúraim Leanaí ar Aois Scoile a bhaineann le Covid-19	82,697	—
C.5	Creat beartais leanaí agus daoine óga agus cláir eile	1,755	1,291
	An t-iomlán a íocadh le Pobal	**518,256**	**573,348**

Nóta Riarann Pobal líon mór clár deontais thar ceann na Roinne. Bhí ceangaltais deontais dar luach iomlán €4.1 milliún ag Pobal ag an 31 Nollaig 2020 a bhain le cláir a riaradh thar ceann na Roinne.

6.2 Costais chúitimh agus dlí

	Líon na gcásanna	Costais dlí a d'íoc an Roinn	Cúiteamh a dámhadh	Costais dlí a dámhadh	2020 Iomlán	2019 Iomlán
		€000	€000	€000	€000	€000
Éilimh ó fhostaithe						
Díobháil i gcaitheamh obair a dhéanamh	20	12	31	29	72	255
Éilimh eile	3	9	210	—	219	—
Éilimh ó dhaoine den phobal						
Éileamh díobhála pearsanta [a]	9	11	58	15	84	—
Agóid in aghaidh Reifreann na Leanaí	—	—	—	—	—	245
	32	**32**	**299**	**44**	**375**	**500**

Nóta [a] Cásanna lenar bhain cónaitheoirí reatha/iarchónaitheoirí Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh.

6.3 Calaois agus calaois amhrasta

	Líon na gcásanna	2020	2019
		€000	€000
Calaois	—	—	14
Calaois amhrasta	1	65	—

Nóta Níor tugadh le fios go raibh aon teagmhais chalaoise ann laistigh den Roinn. Tugadh teagmhas amháin calaoise le fios a tharla i soláthraí seirbhíse a raibh cistí Vótáilte á bhfáil acu in 2020. Meastar gurb ionann an tsuim seo agus €65,000.

6.4 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

Bunaíodh an Coimisiún Imscrúdúcháin ar Árais Máithreacha agus Naíonán agus Ceisteanna Gaolmhara Áirithe an 17 Feabhra 2015 de bhun fhorálacha an Ordaithe um Choimisiún Imscrúdúcháin (Árais Máithreacha agus Naíonán agus Nithe Áirithe Gaolmhara), 2015 (I.R. Uimh. 57 de 2015).

Cuirtear caiteachas an Choimisiúin i gcuntas i bhfotheideal C.8 agus áirítear leis €1.737 milliún a bhaineann le costais phá.

	Bliain an cheaptha	Caiteachas carnach go deireadh 2020	2020	2019
		€000	€000	€000
C.8 — Coimisiún Imscrúdúcháin — Árais Máithreacha agus Naíonán	2015	14,789	2,354	2,785

6.5 Maoiniú Chrannchuir Náisiúnta

Tá Fotheideal B.6 Eagraíochtaí agus seirbhísí óige á mhaoiniú go páirteach ag an gCrannchur Náisiúnta.

	2020 Meastachán	2020 Toradh	2019 Toradh
	€000	€000	€000
Fotheideal			
B.6 Eagraíochtaí agus seirbhísí óige	64,723	63,847	62,369

6.6 Maoiniú ó AE

Áirítear leis an toradh a léirítear i bhFotheidil B.9, D.4 agus E.3 íocaíochtaí maidir le gníomhaíochtaí a gcómhaoiníonn Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa agus an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht iad. Seo a leanas na meastacháin ar chaiteachas agus na torthaí iarbhír.

	2020 Meastachán	2020 Toradh	2019 Toradh
	€000	€000	€000
Fotheideal			
B.9 – An Clár Síochána agus Athmhuintearais	2,244	2,244	1,884
D.4 – Imeascadh dídeanaithe agus imirceach	7,055	4,345	—
E.3 – An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht	1,769	355	—

Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne i gcás go bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, ag dáta sínithe an chuntais, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí agus an dáta a cuireadh i láthair iad don Oireachtas.

Ciste an Chomhlachta/na Roinne	An tréimhse chuntasaíochta dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchóireachta	An dáta a fuair an tAire/an Roinn é	An dáta a cuireadh i láthair don Oireachtas é
Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh	2019	22 Nollaig 2020	5 Eanáir 2021	14 Eanáir 2021
Údarás Uchtála na hÉireann	2019	9 Samhain 2020	17 Samhain 2020	18 Nollaig 2020
Oifig an Ombudsman do Leanaí	2019	30 M.F. 2020	5 Samhain 2020	1 Nollaig 2020
An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach	2019	19 Meith. 2020	19 Meith. 2020	29 Meith. 2020
An tÚdarás Náisiúnta Míchumais	2019	22 M.F. 2020	23 M.F. 2020	1 Nollaig 2020

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 41

An tÚdarás Póilíneachta

Réamhrá

Is mise, mar Phríomhfheidhmeannach ar an Údarás Póilíneachta, an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 41. Ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus speansais an tÚdarás Póilíneachta.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €615,000 dlite le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

Ról an Údaráis

Bunaíodh an tÚdarás Póilíneachta an 1 Eanáir 2016 le hachtú Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2015. An Cathaoirleach agus ochtar comhaltaí atá san Údarás.

Is é príomhról an Údaráis formhaoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána maidir lena fheidhmeanna a bhaineann le seirbhísí póilíneachta.

Tá an tÚdarás freagrach freisin as na nithe seo a leanas

- bheith i gceannas ar ghníomhaíochtaí an Údaráis agus iad a threorú
- comhlíonadh agus gach oibleagáid reachtúil is infheidhme
- an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus na bainisteoirí sinsearacha a choinneáil cuntasach as feidhmíocht éifeachtach a bhfreagrachtaí
- ábhair a bhaineann le hiniúchóireacht, rialachas agus bainistíocht riosca
- a chinntiú gurb ann do chórais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh agus go gcuirtear chun feidhme iad
- plean straitéiseach a réiteach agus a ghlacadh, agus
- tuarascáil bhliantúil an Údaráis a réiteach.

Tá an *Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* glactha ag an Údarás agus, de réir fhoráil 2.6 den chód, cuirfidh Cathaoirleach an Údaráis tuarascáil chuimsitheach faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt faoin 31 Márta 2021.

Cuirfear tuarascáil bhliantúil an Údaráis don bhliain 2020 faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt faoin 31 Márta 2021.

Nochtadh i gcuntas leithreasa na bliana seo caite gurb amhlaidh, de bhun thuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta, go bhfuil sé beartaithe comhlacht nua reachtúil a bhunú, faoina ndéanfar Cigireacht an Gharda Síochána agus an tÚdarás Póilíneachta a chumasc. Tá an reachtaíocht nua fós ar feitheamh agus, dá bhrí sin, tá feidhmeanna reachtúla reatha an Údaráis chomh maith lena ról formhaoirseachta fós i bhfeidhm.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha cuntasaíochta maidir le cuntas leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ulmhú.

Faoi mar a fhoráiltear i gCiorclán 21 de 2020 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tá tairseach €1,000 curtha i bhfeidhm ag an Údarás chun sócmhainní caipitil a chaipitliú sa bhliain 2020.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním mo fhreagracht as a chinntiú go gcoinníonn agus go bhfeidhmíonn an tÚdarás córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Phríomhfheidhmeannach. Lena chois sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á gclárú go hiomchuí agus go gcoisctear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí go tráthúil iad. Is próiseas leanúnach é cothabháil an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Cuireann Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt seirbhísí airgeadais ar fáil don Údarás faoi Chomhaontú Seirbhíse. An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a chuireann seirbhísí párolla agus acmhainní daonna ar fáil don Údarás faoi mheabhrán tuisceana. Tá na freagrachtaí atá orm maidir le ceanglais na gcomhaontuithe sin comhlíonta agam.

Tá na hOifigigh Chuntasaíochta sa Roinn Dlí agus Cirt agus san Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte freagrach as na córais rialaithe inmheánaigh a fheidhmiú i ndáil le seirbhísí comhroinnte airgeadais agus seirbhísí párolla agus acmhainní daonna faoi seach. Bím ag brath ar litreacha dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte araon go bhfuil na córais chuí i ndáil le rialachas agus rialú inmheánach curtha i bhfeidhm maidir leis na seirbhísí a chuireann siad ar fáil don Údarás.

Is mar seo a leanas atá an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht ag dul leo dá réir.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh freagrachtaí as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla i gcomhair teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom agus mé i mbun mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá na príomhphróisis ghnó uile doiciméadaithe.
- Tá córais ar bun chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Dearbhaím go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann lena ngabhann buiséad bliantúil a gcoinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú é
- go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm san oifig
- go bhfuil córais ann a dhíríonn ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann
- go gcinntíonn an tÚdarás go bhfuil fócas cuí ann ar an dea-chleachtas sa cheannach agus gurb ann do nósanna imeachta lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile, ar treoirlínte iad a chomhlíonann an tÚdarás.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Údarás ina bhfuil pearsanra atá oilte go cuí agus a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agamsa. De bharr mhéid na gníomhaireachta, déantar an fheidhm seo a sheachfhoinsiú chuig gnólacht seirbhísí gairmiúil, a bhfuil a chuid seirbhísí faoi réir gnáth-atairisceana i gcomhréir le nósanna imeachta soláthair. Anailís ar na rioscaí airgeadais ar a bhfuil an tÚdarás neamhchosanta a chuireann bonn eolais faoina chuid oibre agus tá na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, a fhaomhaimse, bunaithe ar an anailís seo. Is é aidhm na bpleananna seo na croírialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar le Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Údaráis, athbhreithním an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Comhlíonadh soláthair

Deimhním go gcinntíonn an tÚdarás go bhfuil béim chuí ann ar dhea-chleachtas maidir le soláthar, go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne soláthair iomchuí a chinntiú agus gur chomhlíon an tÚdarás na treoirlínte sin.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag an Údarás, rud ina sainaithnítear agus a dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun tabhairt faoi na rioscaí seo agus iad a mhaolú a oiread agus is féidir.

Is ann do chlár rioscaí ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Údarás agus tá siad sainaitheanta, measta agus grádaithe de réir an tsuntais a bhaineann leo. Is cáipéis bheo é an clár agus déanann an tÚdarás agus an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí é a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn míosúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbíonn rioscaí á mbainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a bhfuil gá leo chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht do bhaill shonracha foirne as rialuithe a fheidhmiú.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla monatóireachta curtha ar bun agus cuirtear próisis agus easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí, nuair is iomchuí. Dearbhaím gur sainaithníodh na príomhrioscaí agus rialuithe bainteacha agus go bhfuil próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca agus rialú. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis maidir le héifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais treoraithe ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ag obair bhainistíocht shinsearach an Údaráis atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Paindéim Covid-19

Tá súil ghéar coinnithe ag an bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí, ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, ag iniúchóirí inmheánacha agus ag an Údarás ar bhonn leanúnach ar thionchar Covid-19 ar oibríochtaí an Údaráis i gcoitinne agus ar an timpeallacht rialaithe ina bhfeidhmíonn an tÚdarás. I dtosach, ba iad na rioscaí suntasacha a sainaithníodh ná na rioscaí a bhain le leanúnachas gnó agus sláinte agus sábháilteacht agus, mar fhreagairt dóibh sin, rinne an tÚdarás gníomhartha láithreacha agus leanúnacha. Áiríodh iad seo a leanas orthu sin

- sannadh freagracht as leanúnachas gnó ar an mBainisteoir Leanúnachais Gnó ainmnithe
- tugadh polasaí isteach láithreach go mbeadh an fhoireann go léir ag obair ón mbaile
- cuireadh rochtain chianda ar an líonra i bhfeidhm don fhoireann go léir d'fhonn obair ón mbaile a éascú
- rinneadh bearta diana rialaithe ionfhabhtaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm in oifigí an Údaráis
- cuireadh treoirlínte chomh maith le meabhrúcháin maidir le conas obair go sábháilte agus go héifeachtach ón mbaile in iúl don fhoireann ar fad, le haird chuí ar chosaint sonraí agus ar rialuithe inmheánacha ábhartha
- cuireadh an trealamh TF riachtanach ar fáil chun obair ón mbaile a chumasú, lenar áiríodh cumarsáid laistigh den eagraíocht
- cuireadh polasaí i ndáil le cumarsáid dhíreach a dhéanamh go minic idir bainisteoirí agus an fhoireann fad is atáthar ag obair ón mbaile agus
- glacadh cur chuige leanúnach dírithe ar rannpháirtíocht agus folláine foirne le linn na paindéime.

Le haird ar leith ar rialuithe inmheánacha le linn thréimhse éigeandála Covid-19

- leanadh d'obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus den fhormhaoirseacht iniúchóireachta inmheánaí gan aon chur isteach, agus, go háirithe, tionóladh an t-iniúchadh inmheánach bliantúil ar rialuithe mar a bhí beartaithe le béim ar leith ar thionchar phaindéim Covid-19
- coinníodh príomhrialuithe airgeadais, agus rinneadh próisis áirithe a oiriúnú don chianobair
- cuireadh isteach ar amlínte íocaíochta fad is a bhí próisis oiriúnaithe á leabú, ach tá siad sin ar ais mar a bhí anois
- choinnigh an Príomhfheidhmeannach, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, na hiniúchóirí inmheánacha agus an tOifigeach Airgeadais súil ghéar, agus tá súil ghéar á coinneáil i gcónaí acu, ar phríomhrialuithe airgeadais agus ar amlínte íocaíochta agus
- mar mhaolú ar an mbaol soiléir a bhí ann go gcaillfí pearsanra le linn na tréimhse, rinneadh feidhmeanna acmhainní daonna agus pearsanra a choinneáil chomh maith, le hearcú agus le hionduchtú baill foirne nua ar leibhéal an Údaráis agus foirne araon.

Lean gach ball agus ball foirne den Údarás ag obair ón mbaile le linn na tréimhse éigeandála, agus socrú le déanamh roimh ré le freastal ar an oifig, ar choinníoll go gcuirfí foirm sláinte ábhartha Covid-19 ar fáil agus i gcúinsí eisceachtúla amháin. Déantar taifead maidir le freastal ar bith den chineál sin a choinneáil ar bhonn leanúnach.

Thionóil an tÚdarás 21 cruinniú Údaráis sa bhliain 2020, 11 acu leis an gCoimisinéir agus cúig cinn acu go poiblí. Tionóladh gach ceann de na cruinnithe sin go cianda ón 11 Márta agus rinneadh cruinnithe poiblí a shruthú go beo.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais in 2020 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Helen Hall
Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚdarás Póilíneachta

16 Márta 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'fhorordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Táim neamhspleách ar an Údarás Póilíneachta agus tá na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

16 Meitheamh 2021

Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta

Cuntas Leithreasa 2020

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Formhaoirseacht neamhspleách a dhéanamh ar fheidhmeanna póilíneachta an Gharda Síochána	3,413	2,817	2,845
	Ollchaiteachas	**3,413**	**2,817**	**2,845**
	Lúide			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**47**	**66**	**65**
	Glanchaiteachas	**3,366**	**2,751**	**2,780**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh dlite le géilleadh don Státchiste.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr le géilleadh	**615,165**	**544,124**

Helen Hall
Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚdarás Póilíneachta

16 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Riarachán - pá		2,087	1,932
Riarachán - neamhphá		730	913
Ollchaiteachas		**2,817**	**2,845**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**66**	**65**
Glanchaiteachas		**2,751**	**2,780**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(25)		
Dímheas	6	(19)	—
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(9)		
Méadú ar stoc	(6)	(15)	12
Caiteachas díreach		**2,717**	**2,792**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		315	313
Glanchostas an chláir		**3,032**	**3,105**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an tsuim i ndáil le glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara maidir le Vóta 41 comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas a tabhaíodh in áit eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	8	8
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	253	253
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	5	4
Vóta 24	Dlí agus Ceart	49	48
		315	**313**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	35	16
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		130	83
Stoic	2.2	13	7
Réamhíocaíochtaí		14	15
Iarmhéideanna dochair eile		42	4
Glanmhaoiniú Státchiste	2.4	—	14
Iomlán na sócmhainní reatha		**199**	**123**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		21	31
Iarmhéideanna sochair eile	2.3	129	101
Glanmhaoiniú Státchiste	2.4	43	—
Iomlán na ndliteanas reatha		**193**	**132**
Glansócmhainní reatha		6	(9)
Sócmhainní reatha		**41**	**7**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.5	**41**	**7**

2.1 Sócmhainní Caipitil

	Trealamh oifige	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	24	34	58
Breiseanna	23	2	25
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	47	36	83
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	12	30	42
Dímheas don bhliain	5	1	6
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	17	31	48
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**30**	**5**	**35**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	12	4	16

2.2 Stoic

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Stáiseanóireacht	11	5
Lónadóireacht	—	1
Glanadh	2	1
Ábhar inchaite TF	—	—
	13	**7**

2.3 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	63	57
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	24	20
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	19	15
Cáin bhreisluacha ar shonraisc eachtracha	6	6
	112	98
Míreanna sochair eile ar fionraí	17	3
	129	**101**

2.4 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr	615	544
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(572)	(558)
Glanmhaoiniú Státchiste	**43**	**(14)**
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	130	83
Míreanna dochair: ar fionraí	42	4
	172	87
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(112)	(98)
Míreanna sochair: ar fionraí	(17)	(3)
	(129)	(101)
	43	**(14)**

2.5 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			7	19
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	3,366		
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(615)		
Glanvóta			2,751	2,780
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		315	313
Glanchostas an chláir	1		(3,032)	(3,105)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**41**	**7**

2.6 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	**37**	**85**

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riarachán

Rangaítear an leithdháileadh ar fad do Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta mar chaiteachas riaracháin a chuirtear i bhfeidhm i dtreo clár aonair: Formhaoirseacht neamhspleách a dhéanamh ar fheidhmeanna póilíneachta an Gharda Síochána.

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	2,213	2,087	1,932
ii	Taisteal agus cothú	50	7	49
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	745	525	637
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	50	12	12
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	125	139	150
vi	Costais áitribh oifige	130	45	64
vii	Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus beartas	100	2	1
		3,413	**2,817**	**2,845**

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha ann (+/-25% agus €100,000).

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €745,000; toradh €525,000

Bhí moill ann ar obair a bhí pleanáilte a chur i bhfeidhm mar gheall ar chur isteach agus asáitiú in 2020 mar gheall ar éigeandáil Covid-19. Mar gheall air sin, chomh maith le folúntais foirne agus an mhoill a bhí ann ar ghníomhaíochtaí áirithe, bhí coigilteas €220,000 (2019: €108,000) i gceist faoin bhfo-mhírcheann seo.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair na seirbhíse poiblí	47	57	65
2	Ilghnéitheach	—	9	—
	Iomlán	**47**	**66**	**65**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon ball foirne ag deireadh na bliana	**36**	**33**

5.2 Pá

	2020 €000	2019 €000
Pá	1,903	1,768
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	—	2
ÁSPC an fhostóra	184	162
Pá iomlán	**2,087**	**1,932**

5.3 Táillí agus speansais chomhaltaí an Údaráis

Ochtar comhaltaí den Údarás, lena n-áirítear an Cathaoirleach, a bhí ann sa bhliain 2020 (2019: naonúr). Tháinig an tÚdarás le chéile i gcruinniú iomlánach 21 uair san iomlán (cúig huaire go poiblí) (2019: 15 (sé huaire go poiblí)) agus tionóladh 27 cruinniú fochoiste san iomlán (2019: 25).

Íocadh táillí arbh ionann iad agus €150,907 san iomlán le comhaltaí den Údarás le linn na bliana 2020 (2019: €143,681). €3,269 na speansais a íocadh le comhaltaí sa bhliain 2020 (2019: €19,768). Rinneadh na táillí agus na speansais a mhuirearú chuig fo-mhírcheann A (iii) Oiliúint agus forbairt agus caiteachais theagmhasacha.

5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Rinneadh cúigear státseirbhíseach a bhí ar scor agus a bhí ag fáil pinsin státseirbhíse a athfhostú le dul i mbun dualgais éagsúla in 2020 (2019: 11) ar chostas iomlán €27,903 (2019: €82,543). Tá nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun íocaíochtaí a dhéanamh le pearsanra atá ar scor i gcomhréir le hAlt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 42

Forbairt Tuaithe agus Pobail

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 42, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus costais na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riarann an Oifig sin, agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €5.521 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntas leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 21 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Luacháil ar shócmhainní caipitil

Mar a dhéantar soláthar dó i gCiorclán 21 de 2020, tá tairseach €1,000 curtha i bhfeidhm ag an Oifig chun a cuid sócmhainní caipitil a chaipitliú.

Íocaíochtaí le Pobal

Déantar maoiniú a réamhíoc le Pobal maidir le cláir áirithe a sheachadadh ar bhonn gníomhaireachta. Muirearaíodh an tsuim iomlán a íocadh le Pobal i gcoinne na bhfotheideal ábhartha sa bhliain (féach Nóta 6.3).

Aistriú feidhmeanna

Rinneadh an fhreagracht as na hoileáin amach ón gcósta a fhorbairt a aistriú go foirmiúil ón Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta chuig an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail, faoin Ordú um na hOileáin (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2020 (I.R. Uimh. 379/2020), le héifeacht ón 23 Meán Fómhair 2020.

Is ar bhonn bliana iomláine a ullmhaíodh an cuntas leithreasa seo (i.e. le héifeacht ón 1 Eanáir 2020) agus leanann sé foirm agus leagan amach an Vóta d'Fhorbairt Tuaithe agus Pobail mar a chuirtear i láthair sna *Meastacháin Athbhreithnithe i gcomhair Seirbhísí Poiblí 2020*. Léiríonn sé na hidirbhearta a bhaineann leis na hOileáin ar bhonn bliana iomláine.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as córas rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á chur i bhfeidhm ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach deimhniú réasúnach seachas deimhniú cinnte a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Is é an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) a chuireann feidhmeanna pá rolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i ndáil le seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe iomchuí i ndáil le seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar don Roinn seo.

Is é Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt (Vóta 24) a sholáthraíonn na seirbhísí comhroinnte airgeadais. Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt.

Táim ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta Dlí agus Cirt á rá go bhfeidhmítear na rialuithe iomchuí i ndáil le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Is mar a leanas atá an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach:

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta agus sannadh an chuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ara bhfuil freagracht i as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntiú go nglacfar gníomhaíocht cheartaitheach iomchuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur ormsa le linn dom na freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní na Roinne a chosaint.

Nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear scaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann ag a bhfuil buiséad bliantúil a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú é
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil freagracht tharmligthe ar Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) as slándáil TFC a chinntiú faoi mheabhráin tuisceana
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil i bhfeidhm.

Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil ag an Roinn feidhm iniúchóireachta inmheánaí a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí ina bun agus a fheidhmíonn de réir cairt scríofa. Déanann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne eolas dá cuid oibre agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Féachtar leis na pleananna sin leis na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Mar chuid den fhorbairt leanúnach ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí, déanfaidh mise agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil uirthi. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéanfar obair leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Comhlíonadh na rialacha soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ann ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.

Chloígh an Roinn leis na treoirlínte sin in 2020.

Is é beartas na Roinne seo leas a bhaint as gach creat atá ar fáil go lárnach a luaithe is a chuirtear i bhfeidhm iad agus teagmháil a dhéanamh leis an Oifig um Sholáthar Rialtais maidir le riachtanais níos sonraí. Tá rialuithe i bhfeidhm fós chun comhlíonadh a chinntiú sa réimse seo.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca i bhfeidhm lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú a mhéid agus is féidir.

Tá clár riosca i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Mionsonraítear sa chlár rioscaí chomh maith na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh do bhaill foirne shonracha.

Tá Coiste Riosca i bhfeidhm chomh maith chun formhaoirseacht a dhéanamh ar an gcóras bainistíochta riosca agus ar a chur i bhfeidhm. Tá comhaltaí uile an Bhoird Bainistíochta ar an gCoiste agus tagann an coiste le chéile go ráithiúil. Déantar an clár riosca a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ag gach cruinniú ráithiúil.

Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha agus in am trátha. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

Paindéim Covid-19

Tugadh faoi mheasúnuithe ar thionchar Covid-19 go luath i mí an Mhárta agus ar bhonn leanúnach i rith na bliana 2020, lenar áiríodh láithreoireachtaí Choiste Iniúchóireachta. Rinne na measúnuithe eolas do na nósanna imeachta airgeadais riaracháin, a leasaíodh lena chinntiú go bhféadfaí leanúint d'íocaíochtaí a phróiseáil i dtimpeallacht cianoibre agus go ndéanfaí éifeachtacht rialuithe inmheánacha airgeadais a choimeád sa timpeallacht nua oibre. Thug an bhainistíocht faoi mheasúnú riosca ar thionchar phaindéim Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe faoi chreat riosca agus rialaithe na Roinne, agus deimhním go bhfuil na rialuithe fós éifeachtach, idir na cinn a bhí ann cheana agus na cinn a tugadh isteach de dheasca na paindéime. Cuireadh airgead vótáilte suntasach ar fáil don roinn chun cuidiú le freagairt an Rialtais don phaindéim, lena n-áirítear €27 milliún tosaigh faoi fhotheideal B.X - Cuntais Dhíomhaoine - Tacaí Covid. Mhaoinigh sé sin Ciste Cobhsaíochta Covid-19 go príomha agus mhéadaigh meastachán forlíontach an soláthar sin go €37 milliún ina dhiaidh sin. Thabhaigh an Roinn caiteachas €64.908 milliún san iomlán ar thacaí a bhain le Covid in 2020.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialuithe inmheánacha airgeadais maidir le 2020 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu. Leanfaidh an Roinn le díriú láidir a leagan ar oibriú agus athbhreithniú leanúnach na rialuithe inmheánacha airgeadais in 2021.

Kevin McCarthy
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

29 Márta 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa* ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin.Táim neamhspleách ar an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa* ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

16 Meán Fómhair 2021

Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail

Cuntas Leithreasa 2020

				2020	2019
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
Caiteachas Cláir					
A	Forbairt Tuaithe agus Gnóthaí Réigiúnacha				
	Bunaidh	171,129			
	Forlíontach	(570)			
			170,559	152,735	137,080
B	Forbairt Pobail				
	Bunaidh	189,096			
	Forlíontach	10,571			
			199,667	202,511	149,733
C	An tÚdarás Rialála Carthanas		4,606	4,172	3,870
Ollchaiteachas					
	Bunaidh	364,831			
	Forlíontach	10,001			
			374,832	**359,418**	**290,683**
	Bain As				
D	**Leithreasaí-i-gcabhair**				
	Bunaidh	71,390			
	Forlíontach	10,000			
			81,390	**84,677**	**40,305**
Glanchaiteachas					
	Bunaidh	293,441			
	Forlíontach	1			
			293,442	**274,741**	**250,378**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a feidhmíodh dlite lena ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, is féidir iomlán na leithreasuithe neamhchaite i leith seirbhísí soláthair caipitil, nó cuid díobh, a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh an bhliain ina dhiaidh sin.

Tugadh €13.18 milliún de leithreasuithe nár caitheadh maidir leis na gnéithe caipitil d'fhotheideal A.4 - tacaí tuaithe agus d'fhotheideal A.8 - athghiniúint agus forbairt tuaithe ar aghaidh go dtí 2021.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr	18,701,021	10,303,538
Géilleadh iarchurtha	(13,180,000)	—
Farasbarr le géilleadh	**5,521,021**	**10,303,538**

Kevin McCarthy
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

29 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costas an chláir		349,096	279,929
Pá		9,318	8,755
Neamhphá		1,004	1,999
Ollchaiteachas		**359,418**	**290,683**
Lúide			
Leithreasaí-i-gcabhair		**84,677**	**40,305**
Glanchaiteachas		**274,741**	**250,378**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(137)		
Dímheas	137	—	(48)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh		(17,900)	(25,229)
Méadú ar stoc		(5)	—
Caiteachas díreach		**256,836**	**225,101**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		1,984	1,932
Glanchostas an chláir		**258,820**	**227,033**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 42 a tabhaíodh in áit eile.

		2020	2019
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	12	—
Vóta 11	An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	—	131
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	328	363
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,111	1,091
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	21	18
Vóta 24	Dlí agus Ceart	337	329
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	175	—
		1,984	**1,932**

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	10,697	388
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		15,825	300
Stoic		5	—
Réamhíocaíochtaí	2.2	48,850	28,349
Iarmhéideanna dochair eile	2.3	207	309
Ioncam fabhraithe	2.5	9,117	11,931
Iomlán na sócmhainní reatha		**74,004**	**40,889**
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		22	235
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.4	15,414	(45)
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.6	618	654
Iomlán na ndliteanas reatha		**16,054**	**844**
Glansócmhainní reatha		57,950	40,045
Glansócmhainní		**68,647**	**40,433**
Arna Léiriú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.7	**68,647**	**40,433**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Foirgnimh	TF agus trealamh oifige	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	—	873	211	1,084
Breiseanna	5	133	—	138
Aistriú isteach [a]	11,597	—	—	11,597
Diúscairtí	—	—	(1)	(1)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	11,602	1,006	210	12,818
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	—	672	24	696
Dímheas don bhliain	39	77	21	137
Dímheas carntha le haistriú isteach	1,289	—	—	1,289
Dímheas ar dhiúscairtí	—	—	(1)	(1)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	1,328	749	44	2,121
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**10,274**	**257**	**166**	**10,697**
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	—	**201**	**187**	**388**

Nóta [a] Sócmhainní a aistríodh ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán mar thoradh ar aistriú feidhmeanna maidir leis na hOileáin. Léirítear é sin sa chuntas maoinithe Stáit (féach nóta 2.7).

2.2 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Athghiniúint agus forbairt tuaithe	27,945	16,929
Athnuachan na mbailte agus na sráidbhailte	8,760	8
Forbairt leabharlann agus seirbhís cartlainne	3,907	5,935
Forbairt eacnamaíochta réigiúnach	2,449	1,946
An Clár um Sheirbhísí Pobail	2,420	—
Tacaí tuaithe	1,494	1,642
Leader - fochlár geilleagair tuaithe	1,242	1,252
Bearta na gcuntas díomhaoin	472	—
Coistí forbartha pobail áitiúil	85	—
Riarachán	76	180
Tacaí don earnáil pobail agus dheonach	—	457
	48,850	**28,349**

2.3 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Scéimeanna na bpasanna taistil	5	62
Leader – tionscnamh bia	—	215
Tuarastal ar fionraí	202	22
Oifig na nOibreacha Poiblí	—	10
	207	**309**

2.4 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020 €000	2019 €000
Farasbarr le géilleadh	5,521	10,304
Géilleadh iarchurtha	13,180	—
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(3,287)	(10,349)
Glanmhaoiniú Státchiste	**15,414**	**(45)**
Arna Léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	15,825	300
Iarmhéideanna dochair: fionraí	207	299
	16,032	599
Creidiúnaithe		
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(618)	(644)
	(618)	(644)
	15,414	**(45)**

2.5 Ioncam fabhraithe

ag an 31 Nollaig		2020 €000	2019 €000
Fotheideal	**Tuairisc**		
A.5	Leader - fochlár geilleagair tuaithe	6,816	6,613
A.4	Tacaí tuaithe (scéimeanna feabhsúcháin áitiúla)	—	20
B.8	An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas	2,301	5,276
C.3	An tÚdarás Rialála Carthanas	—	22
		9,117	**11,931**

2.6 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Suimeanna dlite don Stát		
Cáin ioncaim	199	171
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	94	84
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	26	97
Cáin bhreisluacha	16	13
	335	365
Bailte slachtmhara	230	230
Eile	53	59
	618	**654**

2.7 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta		2020	2019
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			40,433	15,156
Eisíocaíochtaí as an Vóta				
Soláthar measctacháin	Cuntas	293,442		260,682
Géilleadh iarchurtha		(13,180)		—
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(5,521)		(10,304)
Glanvóta			274,741	250,378
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		1,984	1,932
Míreanna neamhairgid thirim - sócmhainní caipitil a aistríodh	2.1		10,309	—
Glanchostas an chláir	1		(258,820)	(227,033)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**68,647**	**40,433**

2.8 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda

ag an 31 Nollaig	**2020**	**2019**
	€000	**€000**
Soláthar earraí agus seirbhísí	61	237
Cláir dheontais neamhchaipitil	106,703	110,497
Cláir dheontais caipitil	191,459	232,283
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**298,223**	**343,017**

b) Cláir dheontais neamhchaipitil

	2020	**2019**
	€000	**€000**
Iarmhéid tosaigh	110,497	42,564
Deontais a íocadh sa bhliain	(188,823)	(136,966)
Ceangaltais deontais nua	185,029	204,899
Iarmhéid deiridh	**106,703**	**110,497**

c) Cláir dheontais caipitil

	2020	**2019**
	€000	**€000**
Iarmhéid tosaigh	232,283	241,795
Deontais a íocadh sa bhliain	(154,232)	(137,729)
Ceangaltais deontais nua	113,408	128,217
Iarmhéid deiridh	**191,459**	**232,283**

2.9 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach in imeacht dlí ar feitheamh agus d'fhéadfadh dliteanais a bheith mar thoradh orthu sin, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Níl aon chinnteacht ann maidir le haon suim iarbhír ná le huainiú na ndliteanas féideartha.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

			2020	2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	9,600	9,318	8,755
ii	Taisteal agus cothú	250	129	455
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	764	325	777
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	165	146	66
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	485	320	258
vi	Costais áitribh oifige	363	64	214
vii	Comhairleoireacht agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	330	20	229
viii	Taighde	100	—	—
		12,057	**10,322**	**10,754**

Difríochtaí suntasacha

Déantar anailís sa nóta seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus leagtar amach na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin: €250,000, toradh: €129,000

Bhí an t-easnamh €121,000 ar chaiteachas taistil agus cothaithe ann mar gheall ar laghduithe ar leibhéal taistil de bharr srianta sláinte poiblí agus méadú ar úsáid áiseanna cruinnithe ar líne.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin: €764,000, toradh: €325,000

Bhí an t-easnamh €439,000 sa chaiteachas i gcomórtas leis an meastachán ann mar gheall ar thionchar na paindéime ar dheiseanna oiliúna agus forbartha agus ar speansais theagmhasacha chomh maith. Tá an dara ceann acu sin in ann a bheith ag athrú agus bhí siad níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis.

v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha

Soláthar meastacháin: €485,000, toradh: €320,000

Ba mar thoradh ar chaiteachas ar threalamh oifige agus seirbhísí TF a bheith níos lú ná mar a measadh a bhí easnamh €165,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin ann. Fad a tháinig costais bhreise chun cinn mar fhreagairt do phaindéim Covid-19, rinneadh coigiltí suntasacha mar gheall ar mhoilleanna ar thús a chur le hobair ar chórais nua a bhí beartaithe i dtaca le hiarratais ar dheontais agus bainistíocht deontas, agus bhí coigilt fhoriomlán €165,000 ann mar thoradh air sin.

vi Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin: €363,000, toradh: €64,000

Bhí an t-easnamh €299,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin ann mar gheall ar chaiteachas ar áitribh agus áiseanna oifige i mBéal an Átha agus i bPointe na Tríonóide araon a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar mhoill leanúnach ar uasghráduithe a bhí beartaithe de dheasca shrianta sláinte poiblí Covid-19.

vii Comhairleoireacht agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe

Soláthar meastacháin: €330,000, toradh: €20,000

Bhí an t-easnamh €310,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin ann mar gheall ar mhoill ar roinnt comhairleoireachtaí a sholáthar, ar chomhairleoireachtaí eile a bhronnadh go déanach sa bhliain agus ar thionchar na paindéime ar úsáid comhairleoirí.

viii Taighde

Soláthar meastacháin: €100,000, toradh: €nialas

Ba mar gheall ar athruithe ar amlínte i dtaobh tionscadal taighde ilbhliantúil a sholáthar a bhí an t-easnamh €100,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin ann.

Clár A Forbairt Tuaithe agus Gnóthaí Réigiúnacha

				2020	2019
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá		5,276	5,218	4,902
A.2	Riarachán – neamhphá		1,206	572	1,123
A.3	Coimisiún Forbartha an Iarthair		2,049	1,969	2,015
A.4	Tacaí tuaithe [a]				
	Bunaidh	20,343			
	Forlíontach	(570)			
			19,773	18,702	23,867
A.5	Leader - fochlár geilleagair tuaithe		40,000	45,439	45,188
A.6	Comórtas na mBailte Slachtmhara		1	—	1
A.7	Forbairt eacnamaíochta réigiúnach		2,670	3,374	2,071
A.8	Athghiniúint agus forbairt tuaithe [b]		88,000	67,996	31,285
A.9	Na hOileáin [c]		11,584	9,465	—
	Athnuachan na mbailte agus na sráidbhailte		—	—	*12,999*
	Na scéimeanna feabhsúcháin áitiúla		—	—	*13,629*
			170,559	**152,735**	**137,080**

Nótaí

[a] Tá A.4 - Tacaí tuaithe - comhdhéanta de chlár CLÁR agus Clár na Siúlóidí (a raibh an dá cheann díobh mar chuid de scéimeanna forbartha tuaithe náisiúnta roimhe seo) agus na scéimeanna feabhsúcháin áitiúla.

[b] A.8 - Athghiniúint agus forbairt tuaithe - Cuireadh Athghiniúint na mbailte agus na sráidbhailte agus an scéim um Bonneagar Áineasa Amuigh faoin Spéir (ORIS) (a bhí mar chuid de scéimeanna forbartha tuaithe náisiúnta roimhe seo) le chéile in athghiniúint agus forbairt tuaithe, i gcomhréir le gealltanais sa *Phlean Forbartha Náisiúnta*.

[c] A.9 - Na hOileáin - In 2019, tabhaíodh caiteachas €10.556 milliún faoi fhotheideal C.9 - Na hOileáin ar Vóta 33 - Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht.

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha ann i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is trí,d bhí an caiteachas a bhain le Clár A €18.394 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh (ar dtús). Bhain €692,000 de sin le caiteachas riaracháin agus tá sé sin mínithe cheana. Bhain iarmhéid na difríochtaí, mar a bhí €17.702 milliún, leis na nithe seo a leanas den chuid is mó:

A.4 Tacaí tuaithe

Soláthar meastacháin: €20.343 milliún, toradh: €18.702 milliún

Cuirtear maoiniú le haghaidh roinnt scéimeanna ar fáil faoin bhfotheideal seo, lena n-áirítear Scéim na Siúlóidí agus CLÁR, chomh maith le roinnt tionscnamh eile faoina gcuirtear tacaíocht ar fáil d'fhorbairt tuaithe. Bhí an t-easnamh €1.641 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin ann go príomha mar gur cuireadh moill ar scéimeanna na siúlóidí a leathnú mar a bhí beartaithe agus go raibh moilleanna ann in earnáil na tógála mar thoradh ar shrianta Covid-19. Baineadh úsáid eile as €570,000 den choigilt sin trí mheastachán forlíontach teicniúil le húsáid faoin gClár um Fheabhsú an Phobail.

A.5 Leader - fochlár geilleagair tuaithe

Soláthar meastacháin: €40 milliún, toradh: €45.439 milliún

Tháinig méadú €5.439 milliún ar chaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin mar gheall gur clár ilbhliantúil é Leader agus go raibh leibhéil seachadta in 2020 níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

A.7 Forbairt eacnamaíochta réigiúnach

Soláthar meastacháin: €2.67 milliún, toradh: €3.374 milliún

Ba mar thoradh ar ghníomhaíocht mhéadaithe chun pointí ceangail leathanbhanda a bhunú faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda a tháinig méadú €704,000 ar chaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin.

A.8 Athghiniúint agus forbairt tuaithe

Soláthar meastacháin: €88 milliún, toradh: €67.996 milliún

Ceadaíodh maoiniú caipitil suntasach faoin scéim ilbhliantúil seo chun mórthionscadail chomhtháite chaipitil tuaithe lena mbaineann roinnt comhpháirtithe tionscadail a chur chun cinn. Ghlac dearadh, soláthar agus seachadadh na dtionscadal seo níos faide ná mar a bhí beartaithe ar dtús. Mar sin féin, i gcás na bliana 2020, ba mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19 go príomha, a chuir moill ar thionscadail a bhí á dtógáil agus ar thionscadail a bhí ar tí tús a chur le céim na tógála, a tharla an t-easnamh €20.004 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin. Eisíodh réamhíocaíochtaí faoin scéim athghiniúna agus forbartha tuaithe agus faoi scéim athnuachana na mbailte agus na sráidbhailte (féach nóta 2.2) agus tugadh ar aghaidh géilleadh iarchurtha €11.6 milliún go 2021 faoi na scéimeanna sin.

A.9 Na hOileáin

Soláthar meastacháin: €11.584 milliún, toradh: €9.465 milliún

Ba mar thoradh ar mhoill a bheith ar na tionscadail chaipitil a thabhairt chun cinn agus íostarraingt an mhaoinithe a bheith níos ísle ná mar a measadh go raibh easnamh €2.119 milliún ann i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin. Cuid den chúis leis sin ba ea tionchar shrianta Covid-19, a chuir moill ar thionscadail a bhí á dtógáil. Chomh maith leis sin, áfach, bhí deacracht ann tionscadail chaipitil a chonrú do na hoileáin mar gheall ar an leibhéal éilimh laistigh d'earnáil na tógála.Dúshlán a bhí ann obair a chonrú do na hoileáin i bhfianaise an ualaigh bhreise ar chonraitheoirí maidir le hinnealra a thabhairt chuig na hoileáin agus ar ais uathu.

Clár B Forbairt Pobail

				2020	2019
			Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
B.1	Riarachán - pá		4,177	4,007	3,765
B.2	Riarachán - neamhphá		1,172	424	857
B.3	Tacaí don earnáil pobail agus dheonach (An Crannchur Náisiúnta)		15,995	16,246	13,241
B.4	SICAP, tacaí forbartha áitiúla/réigiúnaí (An Crannchur Náisiúnta)		44,065	44,065	43,165
B.5	Coistí forbartha pobail áitiúil (tacaíocht)				
	Bunaidh	2,405			
	Forlíontach	(199)			
			2,206	2,193	1,904
B.6	Tacaí do phobail atá faoi mhíbhuntáiste		6,500	6,500	7,000
B.7	Bearta na gcuntas díomhaoin		12,570	12,570	12,756
B.X	Cuntais dhíomhaoine (tacaí Covid-19)				
	Bunaidh	27,000			
	Forlíontach	10,000			
			37,000	37,000	—
B.8	An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas		6,967	9,862	8,345
B.9	Sábháilteacht Uisce na hÉireann		1,124	1,154	1,118
B.10	Forbairt leabharlann agus seirbhís cartlainne		7,731	7,731	7,331
B.11	An Clár um Fheabhsú an Phobail				
	Bunaidh	9,500			
	Forlíontach	770			
			10,270	11,237	4,000
B.12	An Clár um Sheirbhísí Pobail		46,890	46,890	43,855
B.13	Aonaid um uilechuimsitheacht shóisialta		550	325	546
B.14	Líonraí rannpháirtíochta poiblí		2,450	2,307	1,750
B.15	Seirbhísí eile		—	—	100
			199,667	**202,511**	**149,733**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ba é €189.096 milliún an meastachán bunaidh. Fuarthas meastachán forlíontach €10.571 milliún. Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €13.415 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí easnamh €918,000 ann a bhain le caiteachas riaracháin agus tá sé sin mínithe cheana. Is mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó a bhí an tsuim €12.497 milliún breise os cionn na leithdháiltí bunaidh ann:

B.5 Coistí forbartha pobail áitiúil (tacaíocht)

Soláthar meastacháin: €2.405 milliún, toradh: €2.193 milliún

Bhí an t-easnamh €212,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin ann mar gur chlúdaigh an fotheideal costais tacaíochta iarbhír fotheidil do na coistí forbartha pobail áitiúil agus mar go raibh na costais iarbhír fhoriomlána beagán níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Baineadh úsáid eile as €199,000 den choigilt sin trí mheastachán forlíontach teicniúil lena úsáid faoin gClár um Fheabhsú an Phobail.

B.X Cuntais dhíomhaoine (tacaí Covid-19)

Soláthar meastacháin: €27 milliún, toradh: €37 milliún

Ba mar thoradh ar mheastachán forlíontach teicniúil €10 milliún chun an t-éileamh faoi Chiste Cobhsaíochta Covid-19 a chlúdach a bhí méadú €10 milliún i gcomórtas leis an soláthar meastacháin bunaidh ann. Ós rud é gur maoiníodh é sin le Ciste na gCuntas Díomhaoin, ní raibh tionchar aige ar an nglanchaiteachas vótáilte.

B.8 An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas

Soláthar meastacháin: €6.967 milliún, toradh: €9.862 milliún

Ba mar thoradh ar nádúr ilbhliantúil an Chláir um Shíocháin a bhí an t-easnamh €2.895 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin ann. Thug Comhlacht na gClár Speisialta AE, a bhainistíonn an clár, fógra don Roinn maidir leis na costais mhéadaithe agus d'éiligh sé an maoiniú a bhí de dhíth chun tacú leis na costais sin. Tá na costais mhéadaithe sin ag teacht chun cinn de réir mar atá clár PEACE IV reatha 2014-2020 ag teacht i dtreo dheireadh a thréimhse airgeadais, rud atá ag cruthú gá le dlús a chur le tionscadail agus leis na costais ghaolmhara.

B.11 An Clár um Fheabhsú an Phobail

Soláthar meastacháin: €9.5 milliún, toradh €11.237 milliún

Ba mar thoradh díreach ar acmhainní méadaithe a úsáid chun tacú le heagraíochtaí pobail seirbhísí a chothabháil i gcomhthéacs phaindéim Covid-19 a bhí méadú €1.737 milliún ar chaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin bunaidh ann. Cuireadh €770,000 den acmhainn mhéadaithe sin ar fáil trí mheastachán forlíontach teicniúil ó tharla nach ndearnadh aon soláthar reatha maoinithe don chlár um fheabhsú an phobail sa mheastachán bunaidh.

B.13 Aonaid um uilechuimsitheacht shóisialta

Soláthar meastacháin: €550,000, toradh: €325,000

Léirigh an t-easnamh €225,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an meastachán an t-éileamh níos lú ar mhaoiniú sa réimse seo mar thoradh ar imchlúdaigh maoinithe eile a bheith ar fáil.

B.14 Líonraí rannpháirtíochta poiblí

Soláthar meastacháin: €2.45 milliún, toradh: €2.307 milliún

Ba mar thoradh ar ghníomhaíocht laghdaithe a bheith ann de bharr srianta sláinte poiblí i gcomhthéacs phaindéim Covid-19 a bhí an t-easnamh €143,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an meastachán ann. Níor tharla comhdháil náisiúnta na líonraí rannpháirtíochta poiblí in 2020, mar shampla.

Clár C An tÚdarás Rialála Carthanas

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
C.1	Riarachán – pá	147	93	88
C.2	Riarachán – neamhphá	79	8	19
C.3	An tÚdarás Rialála Carthanas	4,370	4,071	3,762
C.4	An Binse Achomhairc do Charthanais	10	—	1
		4,606	**4,172**	**3,870**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár C €434,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh (ar dtús.) Bhain €125,000 de sin le caiteachas riaracháin agus tá sé sin mínithe cheana. Ba mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a bhí an difríocht €309,000.

C.3 An tÚdarás Rialála Carthanas

Soláthar meastacháin: €4.37 milliún, toradh: €4.071 milliún

Ba mar thoradh ar chostais chláir a bhain le pá san Údarás Rialála Carthanas a bheith níos lú ná mar a bhí súil leis de bharr moilleanna leantacha ar earcaíocht a bhí easnamh €299,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin ann.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

			2020	2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Ilghnéitheach	50	180	148
2	Leader - fochlár geilleagair tuaithe	25,000	27,821	24,355
3	An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas	6,400	6,724	2,566
4	Cuntais dhíomhaoine – caiteachas cláir			
	Bunaidh 39,570			
	Forlíontach 10,000			
		49,570	49,570	12,756
5	SICAP - An Clár Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail	—	5	35
6	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	370	377	445
	Iomlán	**81,390**	**84,677**	**40,305**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €13.287 milliún níos mó ná an meastachán bunaidh. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

1 Ilghnéitheach

Meastachán: €50,000, réadaithe: €180,000

Ba mar thoradh ar roinnt aisíocaíochtaí a fuarthas faoi CLÁR agus na scéimeanna feabhsúcháin áitiúla nach raibh súil leo a bhí na fáltais bhreise €130,000 sa bhliain 2020 ann.

2 Leader - fochlár geilleagair tuaithe

Meastachán: €25 mhilliún, réadaithe: €27.821 milliún

Ba mar gheall ar leibhéil mhéadaithe íocaíochtaí faoi chlár Leader an AE le linn na bliana 2020, rud as ar tháinig méadú comhfhreagrach i leibhéal na bhfáltas AE a fuair an Roinn, a bhí na fáltais bhreise €2.821 milliún ann.

3 An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas

Measta: €6.4 milliún, réadaithe: €6.724 milliún

Ba mar gheall ar leibhéil níos airde caiteachais faoin gclár, rud as ar tháinig leibhéal méadaithe fáltas ó AE le linn na bliana 2020, a bhí na fáltais bhreise €324,000 ann.

4 Cuntais dhíomhaoine - caiteachas cláir

Measta €39.57 milliún, réadaithe: €49.57 milliún

Bhí gá leis an méadú de €10 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin bunaidh chun freastal ar an éileamh faoi Chiste Cobhsaíochta Covid-19.

4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

	2020 €000	2019 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	15	—
Géilleadh deonach tuarastal Aire	7	15
Aistrithe chuig an Státchiste	—	—
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**22**	**15**

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 An líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana	2020	2019
Roinn [a]	166	149
Gníomhaireachtaí [b]	73	71
Iomlán	**239**	**220**

Nóta [a] Méadaíodh líon na foirne faoi dheichniúr de bharr aistriú fheidhmeanna na n-oileán.

[b] Áirítear an tÚdarás Rialála Carthanas (40 ball foirne), Coimisiún Forbartha an Iarthair (25 bhall foirne) agus Sábháilteacht Uisce na hÉireann (ochtar ball foirne) le foireann na ngníomhaireachtaí.

5.2 Pá

Luach Saothair fhoireann na Roinne

	2020 €000	2019 €000
Pá	8,557	8,018
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	106	115
Ragobair	15	33
ÁSPC an fhostóra	640	589
Pá iomlán	**9,318**	**8,755**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre [a]

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó 2020 €	2019 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	13	3	20,613	22,029
Ragobair	2	1	15,139	26,433
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	1	1	20,246	31,654

Nóta [a] Baineann na sonraí pá, liúntais agus luach saothair eile atá i 5.2 agus 5.3 thuas le foireann na Roinne a íoctar go díreach as an Vóta. Is féidir teacht ar fhaisnéis mhionsonraithe a bhaineann le líon na bhfostaithe agus a bpá maidir le gníomhaireachtaí na Roinne sna tuarascálacha bliantúla ábhartha nó go díreach ó na gníomhaireachtaí atá i gceist.

5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2020 €	2019 €
Ró-íocaíochtaí	2	4,607	12,768

Cuireadh pleananna aisghabhála i bhfeidhm maidir le gach ró-íocaíocht a tharla in 2020.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

Fotheideal	Tuairisc	2020 Meastachán €000	2020 Toradh €000	2019 Toradh €000
B.3	Tacaí don earnáil pobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	10,528	10,528	10,560
B.4	SICAP, tacaí forbartha áitiúla/ réigiúnaí (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	2,855	2,855	2,683
		13,383	**13,383**	**13,243**

6.2 Maoiniú AE [a]

Áirítear leis toradh a thaispeántar i bhFotheidil A.5 agus B.8 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa faoi seach. Ba mar seo a leanas a bhí meastacháin i ndáil le maoiniú AE agus torthaí iarbhír, bunaithe ar rátaí caiteachais agus cómhaoinithe:

Fotheideal	Tuairisc	2020 Meastachán €000	2020 Toradh €000	2019 Toradh €000
A.5	Leader - fochlár geilleagair tuaithe	25,000	28,136	25,963
B.8	An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas	6,967	9,862	7,094
		31,967	**37,998**	**33,057**

Nóta [a] Cómhaoiníonn AE 62.8% agus 85% faoi seach de na híocaíochtaí a dhéantar faoi A.5 agus B.8.

6.3 Íocaíochtaí le Pobal

Déanann Pobal roinnt clár deontais a riar nó tacaíonn sé leo thar ceann na Roinne. D'aistrigh an Roinn méideanna ar fiú €94.81 milliún san iomlán iad in 2020 chun tacú leis na tionscadail mar atá leagtha amach thíos.

		2020	2019
		Toradh	Toradh
Fotheideal	Tuairisc	€000	€000
A.4	Tacaí tuaithe	983	1,371
A.5	Leader - fochlár geilleagair tuaithe	916	1,874
B.3	Tacaí don earnáil pobail agus dheonach (An Crannchur Náisiúnta)	8,208	10,421
B.4	SICAP, tacaí forbartha áitiúla/réigiúnaí (An Crannchur Náisiúnta)	1,336	2,027
B.5	Coistí forbartha pobail áitiúil (tacaíocht)	85	—
B.6	Tacaí do phobail atá faoi mhíbhuntáiste	1,000	1,000
B.7	Bearta na gcuntas díomhaoin	3,680	1,142
B.X	Cuntais dhíomhaoine (tacaí Covid-19) [a]	31,750	—
B.12	An Clár um Sheirbhísí Pobail	46,852	43,775
	Iomlán [b]	**94,810**	**61,610**

Nótaí

[a] Cuireadh maoiniú ar fáil do Chiste Cobhsaíochta Covid-19 ó fhotheideal nua B.X - Cuntais dhíomhaoine (tacaí Covid-19). Faoin scéim, cuireadh maoiniú deontais ar fáil do charthanais, d’eagraíochtaí pobail agus deonacha, agus d'fhiontair shóisialta chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh i maoiniú le linn na paindéime.

[b] Tá suimeanna ar fiú €17.14 milliún san iomlán iad agus nach bhfuil caite go fóill i ndáil le híocaíochtaí in 2020 sainaitheanta ag Pobal (€4.63 milliún in 2019). Ag teacht le ciorclán 13/2014, glactar iarmhéideanna dá leithéidí sin san áireamh agus íocaíochtaí ina ndiaidh sin á ndéanamh le Pobal.

Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail

Is liosta atá sa tábla seo a leanas de na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus a bhfuil dualgas ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair ina leith. Léiríonn sé, amhail an dáta a síníodh an cuntas, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Comhlacht/ciste roinne	Tréimhse cuntasaíochta dheireanach	Dáta na tuarascála iniúchóireachta	An dáta a fuair an Roinn í	An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
Pobal	2019	An 30 Meitheamh 2020	An 18 Nollaig 2020	An 22 Nollaig 2020
An tÚdarás Rialála Carthanas	2019	An 20 Bealtaine 2020	An 26 Bealtaine 2020	An 6 Iúil 2020
Coimisiún Forbartha an Iarthair	2019	An 17 Nollaig 2020	An 5 Márta 2021	_
Sábháilteacht Uisce na hÉireann [a]	An 1 Eanáir 2018 go dtí an 17 Feabhra 2019	An 20 Samhain 2020	An 4 Nollaig 2020	An 8 Márta 2021
Sábháilteacht Uisce na hÉireann	An 18 Feabhra 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019	An 24 Nollaig 2020	An 29 Eanáir 2021	An 8 Márta 2021

Nóta [a] Díscaoileadh Sábháilteacht Uisce na hÉireann an 17 Feabhra 2019 faoi I.R. Uimh. 55/2019 - Ordú Shábháilteacht Uisce na hÉireann (Sócmhainní agus Dliteanais a Aistriú) 2019. Cuireadh síneadh le bliain airgeadais Shábháilteacht Uisce na hÉireann faoin Ordú agus clúdaíonn sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 17 Feabhra 2019 chun cuntais Shábháilteacht Uisce na hÉireann a dhúnadh. Aistríodh Sócmhainní agus Dliteanais Shábháilteacht Uisce na hÉireann (*Irish Water Safety*) chuig Sábháilteacht Uisce Éireann (*Water Safety Ireland*) an 17 Feabhra 2019 faoi I.R. Uimh. 55/2019.

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 43

Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais

Réamhrá

Mar Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER), is mise an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 43 agus tá sé de dhualgas orm dá réir an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Iena iniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus ar chostais Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €411,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

Bunú an Vóta

Cruthaíodh Vóta ar leithligh d'Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) le héifeacht ón 1 Eanáir 2020. Sular cruthaíodh an Vóta, tugadh cuntas ar shócmhainní, dliteanais agus caiteachas na hOifige faoi Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriú. Aistríodh na sócmhainní agus na dliteanais ábhartha go léir chuig an Vóta seo.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá amach i gCiorclán 22 de 2020 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

Sócmhainní caipitil

Go dtí an 31 Nollaig 2019, bhí sócmhainní caipitil taifeadta ar chlár sócmhainní DPER. Ó bunaíodh an Vóta don Oifig seo an 1 Eanáir 2020, aistríodh an chuid is mó de na sócmhainní TF ar an gclár sócmhainní seasta leagáide chuig an Vóta nua ó DPER. Is oifig de chuid DPER í an Oifig agus mar a shonraíonn sí i seachadadh agus i bhforbairt seirbhísí TF, tá sí fós freagrach as infheistíocht DPER in TF agus as a shócmhainní TF. Go ginearálta, taifeadtar roinnt sócmhainní trealaimh TF DPER anois ar chlár sócmhainní an OGCIO. Mar sin féin, choinnigh DPER sócmhainní TF áirithe agus cheannaigh sé iad mar chórais saincheaptha atá le húsáid go heisiach.

Dímheas

Gearrtar dímheas go míosúil de réir méid cothrom.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le ceangaltais an chomhaontaithe um bainistiú seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí AD agus seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i soláthar seirbhísí comhroinnte don Oifig seo.

Is mar seo a leanas atá an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach.

Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do ghníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Is ann do Choiste Iniúchóireachta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais don Roinn Airgeadais ábhartha freisin, ós rud é go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí áirithe ar bhonn comhroinnte do Vóta 43.
- Tá nósanna imeachta do phríomhphróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha
- córas bainistithe riosca atá ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú

- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- cinntíonn an Oifig go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta in áit chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

Slándáil sonraí

Cuireann OGCIO ina ról mar sholáthraí seirbhíse do roinnt Comhlachtaí san Earnáil Phoiblí cur chuige ilchisealach cosanta i bhfeidhm maidir le cibearshlándáil agus chun córais TFC, bonneagair agus seirbhísí a chosaint agus tá Córas Bainistíochta Slándála Faisnéise (ISMS) forbartha acu, atá ailínithe le caighdeán slándála tionscail ISO27001. Soláthraíonn an córas sin creat rialachais foriomlán do shlándáil faisnéise agus leagann sé amach beartais slándála, cuspóirí, maoirseacht bainistíochta, cleachtais agus rialachas agus cinntíonn sé feabhas leanúnach ar bhainistíocht slándála faisnéise. Baintear straitéis slándála domhain cosanta OGCIO amach trí dhaoine, phróisis agus theicneolaíocht a úsáid chun tacú le seirbhísí slándála TFC a chur i bhfeidhm.

Iniúchóireacht inmheánach agus coiste iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra ar cuireadh oiliúint chuí air, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Oifig neamhchosanta orthu i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, atá faofa agam, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Athbhreithním an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí ó am go ham, i gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar obair leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Comhlíonadh soláthair

Cinntíonn an Oifig go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte. Chuir an Oifig sonraí ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le trí chonradh a bhí neamhiomaíoch ach comhlíontach sa tuairisceán bliantúil, i ndáil le Ciorclán 40/2002.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh le tabhairt fúthu agus, a mhéid is féidir, leis na rioscaí seo a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm, rud a aithníonn na príomhrioscaí roimh an Roinn agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a tábhachta. Déantar an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár go ráithiúil.Úsáidtear toradh na measúnuithe seo le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialuithe agus gníomhaíochtaí is gá le rioscaí a mhaolú agus sannann sé freagracht as feidhmiú rialaithe do bhaill foirne áirithe.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh maidir le rialú a chur in iúl go tráthúil dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, i gcásanna ábhartha. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe bainteach aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtúlacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an gcreat do rialú inmheánach airgeadais.

Paindéim Covid-19

Cuireadh beartais leanúnachais gnó i bhfeidhm chun déileáil le tionchar Covid-19 agus chabhraigh sé seo leis an Oifig seo leanúint le bheith lánoibríochtúil le linn 2020.

I ngeall ar chineál déabhlóidithe an bhuiséadaithe laistigh den Roinn Airgeadais agus an phárolla chuig an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus i ngeall ar chórais a chuir ar chumas na hOifige obair go lánchianda ó dheireadh mhí an Mhárta 2020, is beag tionchar a bhí ag an bpaindéim ar thimpeallacht rialaithe airgeadais na hOifige.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2020 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

David Moloney
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

24 Márta 2021

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 43 Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 43 Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 43 Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtaisdon bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Lúnasa 2021

Vóta 43 Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais

Cuntas Leithreasa 2020

		2020	
		Soláthar measctha	Toradh
		€000	€000
Caiteachas an chláir			
A	Seirbhísí TFC an Rialtais	21,829	21,436
Ollchaiteachas		**21,829**	**21,436**
	Lúide		
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**125**	**143**
Glanchaiteachas		**21,704**	**21,293**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a sholáthraítear thar an nglanmhéid a chuirtear i bhfeidhm le géilleadh don Státchiste.

	2020
	€
Farasbarr le géilleadh	**410,596**

David Moloney
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

24 Márta 2021

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020
	€000	€000
Costas an chláir		14,599
Pá		4,334
Neamhphá		2,503
Ollchaiteachas		**21,436**
Luíde		
Leithreasaí-i-gcabhair		**143**
Glanchaiteachas		**21,293**
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
Ceannacháin airgid thirim	(1,402)	
Dímheas	1,358	(44)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(3,562)	(3,562)
Caiteachas díreach		**17,687**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		(2,627)
Glanchostas an chláir		**15,060**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 43 a tabhaíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile

		2020
		€000
Vóta 7	Airgeadas	70
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	300
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	961
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	6
		1,337
Costas seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile		(3,964)
		(2,627)

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020
		€000
Sócmhainní caipitil	2.1	7,588
Sócmhainní reatha		
Banc agus airgead tirim		445
Réamhíocaíochtaí	2.2	3,612
Iarmhéideanna dochair eile	2.3	40
Glanmhaoiniú Státchiste	2.5	71
Iomlán na sócmhainní reatha		**4,168**
Lúide dliteanais reatha		
Speansais fhabhraithe		50
Iarmhéideanna sochair eile	2.4	556
Iomlán na ndliteanas reatha		**606**
Glansócmhainní reatha		3,562
Glansócmhainní		**11,150**
Arna léiriú ag:		
Cuntas maoinithe Stáit	2.6	**11,150**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh TF	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	—	—	—
Aistriú ó Vóta RCPA	21,472	126	21,598
Breiseanna	1,402	—	1,402
Diúscairtí	(2,144)	—	(2,144)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	20,730	126	20,856
Dímheas Carntha			
Iarmhéid Tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	—	—	—
Aistriú ó Vóta RCPA	13,997	57	14,054
Coigeartú ar mhodh dímheasa	(2,149)	(11)	(2,160)
Dímheas don bhliain	3,505	13	3,518
Dímheas ar dhiúscairtí	(2,144)	—	(2,144)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	13,209	59	13,268
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	**7,521**	**67**	**7,588**

2.2 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2020
	€000
Seirbhísí TF	1,099
Ceadúnais	1,721
Cothabháil bogearraí	181
Seirbhísí teileachumarsáide	602
Baránta	9
	3,612

2.3 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2020
	€000
Gréasáin Rialtais	38
Míreanna dochair eile ar fionraí	2
	40

2.4 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	**2020**
	€000
Suimeanna dlite don Stát	
Cáin ioncaim	81
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	41
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	206
Cáin bhreisluacha	157
Ranníocaíochtaí pinsin	12
	497
Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí	12
Míreanna sochair eile ar fionraí	47
	556

2.5 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	**2020**
	€000
Farasbarr le géilleadh	411
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(482)
Glanmhaoiniú Státchiste	**(71)**
Arna léiriú ag:	
Féichiúnaithe	
Banc agus airgead tirim	445
Iarmhéideanna dochair: fionraí	40
	485
Creidiúnaithe	
Dlite don Stát	(497)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(59)
	(556)
	(71)

2.6 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020
		€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir		—	—
Eisíocaíochtaí as an vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	21,704	
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(411)	
Glanvóta			21,293
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		(2,627)
Míreanna neamhairgid – sócmhainní caipitil			7,544
Glanchostas an chláir	1		(15,060)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			**11,150**

2.7 Ceangaltais

ag an 31 Nollaig	2020
	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	393
Iomlán na gceangaltas is infheidhmithe go dlíthiúil	**393**

2.8 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2020
	€000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nár glanadh ag deireadh na bliana	**10**

Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fho-mhírcheann

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos curtha san áireamh i gClár A chun costálacha iomlána an chláir a léiriú.

		2020	
		Soláthar meastacháin	Toradh
		€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	5,445	4,334
ii	Taisteal agus cothú	70	51
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	137	53
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	292	232
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	1,200	2,142
vi	Speansais áitreabh oifige	30	25
		7,174	**6,837**

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach thíos anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist(+/- 25% agus €100,000).

v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha

Soláthar meastacháin: €1.2 milliún, toradh: €2.142 milliún

Tharla an fuílleach €942,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall ar an ullmhúchán a rinne OGCIO maidir leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chur ag obair go cianda le linn éigeandáil sláinte Covid-19. Coinníonn OGCIO buiséad TFC na Roinne, agus déantar an róchaitheamh faoin gceannteideal seo a mhaoiniú go príomha ó choigiltis san fho-mhírcheann le haghaidh pá riaracháin.

Clár A Seirbhísí TFC an Rialtais

		2020 Soláthar meastacháin €000	2020 Toradh €000
A.1	Riarachán – pá	5,445	4,334
A.2	Riarachán – neamhphá	1,729	2,503
A.3	Seirbhísí TFC an Rialtais	14,655	14,599
		21,829	**21,436**

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020	
		Measta	Réadaithe
		€000	€000
1	Ilghnéitheach	10	16
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair na seirbhíse poiblí	115	127
	Iomlán	**125**	**143**

4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste

	2020
	€000
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir	—
Aisíocaíocht le Fiontraíocht Éireann	25
Méid a aistríodh chuig an Státchiste	—
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**25**

Nóta 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

5.1 Líon na bhFostaithe

Comhionann le fostaithe lánaimseartha	2020
Líon foirne ag deireadh na bliana	**68**

5.2 Pá

	2020 €000
Pá	3,902
Liúntais eile	50
Ragobair	55
ÁSPC an Fhostóra	327
Pá iomlán	**4,334**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde 2020
Liúntais eile	6	2	11,459
Ragobair	17	1	15,788
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	5	4	25,854

5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon faighteoirí	2020 €
Ró-íocaíochtaí	8	10,671
Pleananna Aisghabhála i bhFeidhm	5	8,576

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 44

An Coimisiún um Chosaint Sonraí

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 44, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh ar thuarastail agus ar chostais an Choimisiúin um Chosaint Sonraí sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna:

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2020 as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2019, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear barrachas €4.623 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Bunú Vóta 44

Tháinig creat dlí nua maidir le cosaint sonraí i bhfeidhm ar fud AE nuair a cuireadh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018. Ar an dáta sin, bunaíodh Coimisiún nua um Chosaint Sonraí leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018, agus aistríodh feidhmeanna uile an Choimisinéara um Chosaint Sonraí chuig an gCoimisiún nua. Chomh maith leis sin, bronnadh le GDPR ón 25 Bealtaine 2018 ar aghaidh ról a raibh leathnú suntasach tagtha air ar an gCoimisiún, ról mar údarás um chosaint sonraí agus is údarás maoirseachta é an Coimisiún anois a chuimsíonn AE go léir.

Tá an Coimisiún neamhspleách ina fheidhmeanna a chur i gcrích. Tá foráil san Acht um Chosaint Sonraí, 2018, go sannfaí a vóta féin don Choimisiún um Chosaint Sonraí. In 2019, bhí buiséad an Choimisiúin mar chuid de Vóta na Roinne Dlí agus Cirt agus rinne an Coimisiún cuntas ar a bhuiséad tríd an Oifigeach Cuntasaíochta sa Roinn Dlí agus Cirt. Ba í an bhliain 2020 an chéad bhliain dá raibh Vóta ar leith (Vóta 44) ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí agus níl figiúirí comparáideacha ó bhlianta roimhe sin san áireamh.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Is i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na n-oibleagáidí eile atá orm mar Cheann Oifige a chomhlíontar an fhreagracht sin. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach deimhniú réasúnach seachas deimhniú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Cuireann Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt seirbhísí airgeadais ar fáil don Choimisiún um Chosaint Sonraí faoi chomhaontú seirbhíse.

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla don Roinn Dlí agus Cirt maidir le baill foirne atá ag obair sa Choimisiún um Chosaint Sonraí. Tugann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte dearbhú bliantúil i leith na seirbhísí a sholáthraítear don Roinn Dlí agus Cirt agus déantar iniúchadh uirthi faoi phróisis deimhnithe ISAE 3402.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigigh Chuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus na Roinne Dlí agus Cirt maidir leis na rialuithe iomchuí a chuirtear i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Choimisiún um Chosaint Sonraí.

Tá mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais na gcomhaontuithe sin comhlíonta agam.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun chinntiú go ndéanfar gníomh ceartaitheach iomchuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ar bun d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh.
- Tá na nósanna imeachta maidir le gach ceann de na príomhphróisis ghnó doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.
- Baineann an Coimisiún úsáid as an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) chun, inter alia, riachtanais oiliúna na foirne a aithint, lena n-áirítear scileanna bainistithe airgeadais agus cuntasaíochta. Déantar an oiliúint atá de dhíth a eagrú nó a fhoinsiú de réir mar is cuí ansin.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Maidir leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí, deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- Tá córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach i bhfeidhm.
- Bíonn athbhreithniú rialta á dhéanamh ag bainistíocht shinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí.
- Tá córas bainistithe riosca i bhfeidhm.

- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú. I rith 2020, chuir rannán TFC na Roinne Dlí agus Cirt seirbhísí áirithe TFC ar fáil don Choimisiún um Chosaint Sonraí. Chuir rannóg TFC na Roinne Dlí agus Cirt ráiteas dearbhaithe ar fáil faoi chomhaontú seirbhíse, ag déanamh cur síos ar na próisis rialaithe a bhí i bhfeidhm in 2020.

Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí, ar feidhm sheachfhoinsithe í lena ngabhann foireann atá oilte go cuí chuige, agus go n-oibríonn sí de réir cairt i scríbhinn atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair an Choimisiúin um Chosaint Sonraí i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Féachtar leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, déanaim an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Bunaíodh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca don Choimisiún um Chosaint Sonraí an 1 Eanáir 2020 agus thionóil an Coiste seacht gcruinniú i rith na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2020.

Comhlíonadh soláthair

Cinntíonn an Coimisiún go bhfuil béim chuí ann ar dhea-chleachtas nuair a bhítear ag ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne iomchuí a chinntiú. Ní raibh aon chonradh neamhiomaíoch ná neamhchomhlíontach de bhreis ar €25,000, gan CBL san áireamh, i gceist sa bhliain 2020.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí a aithníonn agus a dhéanann na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin a thuairisciú agus iad a mhaolú a mhéid agus is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair an Choimisiúin um Chosaint Sonraí agus rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a suntasachta. Déanann an Coiste Bainistíochta Sinsearaí an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Is ionann bainistiú riosca agus buanmhír cláir oibre don Choiste Bainistíochta Sinsearaí. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh do bhaill foirne shonracha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmeálta i bhfeidhm i rith na tréimhse a chlúdaítear sa chuntas chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuireadh easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibhsean atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Choiste Bainistíochta Sinsearaí, nuair is iomchuí.

Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Choimisiún um Chosaint Sonraí atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a choinneáil.

Paindéim Covid-19

Tugadh faoi athbhreithnithe maidir le tionchar Covid-19 agus glacadh cáipéis Léargais Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste – *Tionchar Covid-19 ar do thimpeallacht rialaithe* san áireamh agus ba é an toradh a bhí air sin ná nach raibh tionchar diúltach ann ar na rialuithe inmheánacha de bharr na paindéime. Deimhním go ndearna mé féin agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí monatóireacht leanúnach ar rialuithe inmheánacha a chothabháil sa bhliain 2020.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais sna ráitis airgeadais maidir le 2020 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu.

Helen Dixon
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisinéir um Chosaint Sonraí

30 Márta 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 44 An Coimisiún um Chosaint Sonraí

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 44 An Coimisíun um Chosaint Sonraí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 44 An Coimisíun um Chosaint Sonraí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le An Coimisíun um Chosaint Sonraí agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

18 Meitheamh 2021

Vóta 44 An Coimisiún um Chosaint Sonraí

Cuntas Leithreasa 2020

			2020
		Soláthar meastacháin	Toradh
		€000	€000
Caiteachas an chláir			
A	An Rialachán maidir le Cosaint Sonraí a Sholáthar	16,916	12,218
Ollchaiteachas		**16,916**	**12,218**
	Lúide		
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**230**	**155**
		16,686	**12,063**

Farasbarr

Tá an farasbarr ar an méid a soláthraíodh thar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

	2020
	€
Farasbarr le géilleadh	**4,622,680**

Helen Dixon
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisinéir um Chosaint Sonraí

30 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020
	€000	€000
Pá		7,844
Neamhphá		4,374
Ollchaiteachas		**12,218**
Lúide		
Leithreasaí-i-gcabhair		**(155)**
Glanchaiteachas		**12,063**
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
Ceannacháin - airgead tirim	(150)	
Dímheas	35	
Caillteanas ar dhiúscairt	—	(115)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Méadú ar fhabhruithe deiridh	73	
Méadú ar réamhíocaíochtaí deiridh	(187)	
Méadú ar stoic dheiridh	(7)	(121)
Caiteachas díreach		**11,827**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		125
Measchíosanna		—
Glanchostas an chláir		**11,952**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanmhéid caiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 44 a tabhaíodh in áit eile.

		2020
		€000
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	76
Vóta 24	Dlí agus Ceart	49
		125

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	773
Sócmhainní reatha		
Banc agus airgead tirim	2.2	222
Stoic		7
Réamhíocaíochtaí		187
Glanmhaoiniú Státchiste	2.4	33
Iomlán na sócmhainní reatha		**449**
Lúide dliteanais reatha		
Speansais fhabhraithe		73
Iarmhéideanna sochair eile	2.3	255
Iomlán na ndliteanas reatha		**328**
Glansócmhainní reatha		121
Glansócmhainní		**894**
Arna Léiriú ag:		
Cuntas maoinithe Stáit	2.5	**894**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Troscán agus feistis	Trealamh TF agus oifige	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	—	—	—	—
Aistrithe ón Vóta Dlí agus Cirt	2	187	518	707
Breiseanna	—	—	150	150
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	2	187	668	857
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	—	—	—	—
Dímheas na sócmhainní a aistríodh	2	47	—	49
Dímheas don bhliain	—	35	—	35
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	2	82	—	84
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	—	**105**	**668**	**773**

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2020
	€000
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	222
Iarmhéideanna eile cuntais bainc	—
	222

Chomh maith leis an gcuntas ag an bPámháistir Ginearálta, tá cúig chuntas tráchtála bainc eile ag an gCoimisiún a raibh iarmhéid nialasach i gceist leo ag an 31 Nollaig 2020.

2.3 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2020
	€000
Méideanna atá dlite don Stát	
Cáin bhreisluacha ar shonraisc choimhthíocha	2
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	162
	164
Iarmhéideanna sochair eile – míreanna ar fionraí	91
	255

2.4 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	**2020**
	€000
Farasbarr le géilleadh	4,623
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(4,656)
Glanmhaoiniú Státchiste	**(33)**
Arna Léiriú ag:	
Banc agus airgead tirim	222
	222
Creidiúnaithe	
Dlite don Stát	(164)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(91)
	(255)
	(33)

2.5 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta		**2020**
		€000	**€000**
Eisíocaíochtaí as an Vóta			
Soláthar meastacháin		16,686	
Farasbarr le géilleadh		(4,623)	
Glanvóta			12,063
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		125
Aistriú isteach sócmhainní			658
Glanchostas an chláir	1		(11,952)
			894

2.6 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda

ag an 31 Nollaig	**2020**
	€000
Earraí agus seirbhísí a fháil	593
Tionscadal caipitil	199
Iomlán na gceangaltas is infheidhme le dlí	**792**

2.7 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí páirteach i roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh agus d'fhéadfadh dliteanais a bheith mar thoradh orthu sin, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Níl aon chinnteacht ann maidir le méid iarbhír ná tráthúlacht na ndliteanas féideartha.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rangaítear an leithdháileadh ar fad ar Vóta 44 An Coimisiún um Chosaint Sonraí mar chaiteachas riaracháin a chuirtear i bhfeidhm i dtreo clár aonair: an rialachán maidir le cosaint sonraí a sholáthar.

		2020	
		Soláthar meastacháin	**Toradh**
		€000	**€000**
i	Tuarastail, pá agus liúntais	10,552	7,844
ii	Taisteal agus cothú	110	19
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	2,782	2,582
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	45	29
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	1,612	858
vi	Costais áitribh oifige	1,140	844
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	625	42
viii	Taighde	50	—
		16,916	**12,218**

Difríochtaí suntasacha

Déantar anailís sa mhéid seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus déantar cur síos ar na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

i Tuarastail, pá agus liúntais

Soláthar meastacháin €10.552 milliún; toradh €7.844 milliún

Bhain an t-easnamh €2.7 milliún i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin leis an earcaíocht a bheith níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar an riachtanas a bhí ann leis an earcaíocht ar fad a bhogadh ar líne le linn na bliana 2020. Theastaigh, mar sin, próisis a chur i dtoll a chéile do thástálacha agus do scrúduithe ar líne agus chuir soláthar agus forbairt na bpróiseas sin moill cúpla mí le feachtais earcaíochta. Bhain sé freisin leis an ngá a bhí ann tuarastail foirne a phróifíliú ar bhonn bliantúlaithe agus ar bhonn lárphointe an scála, chomh maith le laghdú ar an bhfoireann.

v. Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF

Soláthar meastacháin €1.612 milliún; toradh €858,000

Bhain an t-easnamh €754,000 i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin den chuid is mó le tionscadal TFC a chur i bhfeidhm níos moille ná mar a bhí beartaithe mar gheall gurbh éigean anailís bhreise a dhéanamh ar bhonneagar agus ar sheirbhísí i ndiaidh cinneadh a dhéanamh ar ascnamh sonraí, sreafaí oibre agus roghanna slándála. Bhain an t-easnamh i gcaiteachas freisin le muirir TFC a bheith níos lú mar a bhíothas ag súil leo mar gheall ar an líon foirne a bheith níos ísle ná mar a bhí tuartha.

vi. Costais áitribh oifige

Soláthar meastacháin €1.14 milliún; toradh €844,000

Bhain an t-easnamh €296,000 i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin den chuid is mó le costais oibriúcháin a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar chianobair agus ar an moill a bhí ann spás oifige breise a sholáthar.

vii. Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe

Soláthar meastacháin €625,000; toradh €42,000

Bhain an t-easnamh €583,000 i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin den chuid is mó leis na riachtanas le seirbhísí comhairleoireachta a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020	
		Measta	**Réadaithe**
		€000	**€000**
1	Ilghnéitheach	10	—
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	220	155
	Iomlán	**230**	**155**

4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

	2020
	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—
Fáltais ó fhíneálacha riaracháin	75
Aistrithe chuig an Státchiste	(75)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	—

4.3 Fíneálacha

Faoi shainchúram reachtúil DPC, is féidir fíneálacha riaracháin a ghearradh. Ní féidir fíneáil ar bith a ghearrann DPC a bhailiú nó go ndeimhnítear é le hordú ón gCúirt (cibé acu ar achomharc nó ar iarratas deimhnithe).

Ghearr DPC seacht bhfíneáil sa bhliain 2020 lenar bhain luach iomlán €785,000.

As na seacht bhfíneáil a gearradh sa bhliain 2020, bailíodh ceann amháin ina iomláine lenar bhain luach €75,000. Cuireadh é sin ar fad ar aghaidh chuig an Státchiste (féach nóta 4.2).

Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

5.1 An líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020
Líon foirne ag deireadh na bliana	**145**

5.2 Pá

	2020 €000
Pá	7,120
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	15
Liúntais eile	—
Ragobair	—
ÁSPC an fhostóra	709
Pá iomlán	**7,844**

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre, 2020

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde
			2020 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	3	—	6,186
Ragobair	1	—	217
Liúntais eile	—	—	—
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	—	—	—

5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2020 €
Ró-íocaíochtaí a raibh pleananna aisghabhála i bhfeidhm ina leith	4	32,733
Ró-íocaíochtaí nach raibh pleananna aisghabhála i bhfeidhm ina leith	3	3,738
	5 [a]	**36,471**

Nóta [a] Tá beirt d'fhoireann an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ar an dá liosta.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Costais chúitimh agus dlí

	Líon na gcásanna	Costais dlí a d'íoc DPC (thar a cheann féin)	Íocaíochtaí a rinneadh maidir le costais dlí a dámhadh in aghaidh DPC	Cúiteamh a dámhadh	Iomlán 2020
		€000	€000	€000	€000
Cásanna a thug daoine den phobal	34	626	85	—	711
Cásanna a thug fostaithe	—	—	—	—	—
		626	**85**	—	**711**

Rinne DPC íocaíocht sa bhliain 2020 i ndáil le costais dlí pháirtí eile maidir le tacar amháin imeachtaí. Caingean athbhreithnithe bhreithiúnaigh in aghaidh DPC a bhí ansin, rud ar scoireadh de sa bhliain 2018.

6.2 Costais dlí

Thabhaigh DPC costais iomlána €618,000 sa bhliain 2020 maidir le 6 thacar ar fad d'imeachtaí a thionscain DPC. Bhí siad sin comhdhéanta de chaingean iomlánach, dhá iarratas a rinne DPC chuig an gCúirt Chuarda chun deimhniú a fháil maidir le fíneálacha riaracháin a ghearradh agus trí ionchúiseamh margaíochta a thug DPC sa Chúirt Dúiche.

Ba é an cás An Coimisinéir um Chosaint Sonraí v. Facebook Ireland agus Schrems (uimh. thaifid Ard-Chúirte 2016/4809P) an chaingean iomlánach. Caingean iomlánach a bhí ansin, rud a thionscain DPC sa bhliain 2016 ag lorg tarchuir chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CJEU) maidir le bailíocht ionstraime dlí de chuid AE a mbraitear uirthi chun aistrithe sonraí ó AE go dtí na Stáit Aontaithe a dhéanamh. D'áirigh cúrsa na n-imeachtaí casta seo triail sé seachtaine os comhair na hArd-Chúirte, breithiúnas 154 leathanach arna thabhairt ag an Ard-Chúirt a raibh tarchur arna dhéanamh ag an Ard-Chúirt chun CJEU mar thoradh air, achomharc chuig an gCúirt Uachtarach arna thabhairt ag ceann de na páirtithe eile sa chás sin in aghaidh an tarchur sin a dhéanamh ag an Ard-Chúirt, agus éisteacht os comhair CJEU in 2019, agus tugadh an breithiúnas cinniúnach ó CJEU i mí Iúil 2020. Ina dhiaidh sin bhí éisteacht os comhair na hArd-Chúirte i mí Dheireadh Fómhair 2020 i leith, agus dámhadh costais dlí in aghaidh DPC maidir le páirtí amháin eile. Tá suim dheiridh an ordaithe costas sin fós le cinneadh ach rinne DPC íocaíocht eatramhach €450,000 leis an bpáirtí eile a bhí i gceist maidir leis an ordú costas sin sa bhliain 2020.

6.3 Maoiniú ó AE

Chuaigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí i mbun comhpháirtíochta le hÚdarás Cosanta Sonraí na Cróite agus le hOllscoil Vrije (an Bhruiséil) maidir le tionscadal nua arna chómhaoiniú ag an Aontas Eorpach faoin gClár um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht. Fuarthas maoiniú €91,000 ó AE sa bhliain 2020 maidir leis an tionscadal sin.

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 45

Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 45, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, ar sheirbhísí áirithe atá a riar ag an Oifig, agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €8.184 milliún le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Sócmhainní seasta

Tá na costais a bhaineann le trealamh oifige agus troscán agus feistis ar sócmhainní seasta iad, a úsáideann an Roinn Oideachais (Vóta 26) agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (Vóta 45), taifeadta i gCuntas Leithreasa Vóta 26. Tuairiscítear na sócmhainní i ráiteas Vóta 26 faoi shócmhainní caipitil. Cuireadh muirear dímheasa barúlach i bhfeidhm ar Vóta 45 faoi Nóta 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara chun úsáid na sócmhainní comhroinnte seo le Vóta 45 a léiriú.

Cruthú an Vóta

Bunaíodh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (Vóta 45) ar an 2 Lúnasa 2020 agus aistríodh feidhmeanna breisoideachais agus ardoideachais ón Roinn Oideachais le héifeacht ón 21 Deireadh Fómhair 2020. Roimh an gcinneadh na feidhmeanna sin a aistriú, cuireadh an Vóta don Oideachas agus Scileanna i láthair faoi thrí chlár caiteachais. Aistríodh dhá chlár caiteachais chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta: clár B forbairt scileanna; agus clár C ardoideachas.

Tá an caiteachas iomlán in 2020 maidir leis an dá chlár seo curtha san áireamh sa chuntas leithreasa seo. Rinneadh luachanna caiteachais 2019 do na cláir seo a mhacasamhlú chun críocha comparáideacha.

Aistríodh feidhmeanna taighde, nuálaíochta agus eolaíochta eile ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le héifeacht ón 1 Eanáir 2021 agus ní léirítear iad sa chuntas leithreasa seo do 2020.

Tá na haistrithe feidhmeanna ón Roinn Oideachais agus ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta faoi réir scrúdú leanúnach i gcomhar leis an dá Roinn. D'fhéadfadh tuilleadh moltaí aistrithe chuig an Rialtas a bheith mar thoradh air seo má fhaightear amach go bhfuil sé sin oiriúnach.

Tá Vóta 26 Oideachas ag soláthar seirbhís chomhroinnte do Vóta 45 do roinnt feidhmeanna corparáideacha, lena n-áirítear AD, airgeadas, cóiríocht agus seirbhísí, iniúchóireacht agus TF. Gearradh muirear barúlach ar Vóta 45 faoi Nóta 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara chun na costais foirne is inchurtha i leith na seirbhíse comhroinnte a léiriú.

Tá na socruithe mionsonraithe a rialaíonn na seirbhísí comhroinnte seo faoi réir comhphróiseas forbartha agus doiciméadaithe agus áireofar leis seo comhaontú ar mheabhrán foirmiúil tuisceana.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

I mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go gcoinnítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais agus go gcuirtear i bhfeidhm sa Roinn é.

Feidhmítear an fhreagracht seo i bhfianaise na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Lena chois sin, ní fhéadann aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar aon earráid nó mírialtacht ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath go tráthúil. Próiseas leanúnach is ea an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a choimeád agus coimeádtar an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Mar Roinn nuabhunaithe a raibh a feidhmeanna á n-aistriú ón Roinn Oideachais le linn 2020 gan aon chroífheidhmeanna corparáideacha a bheith ann cheana, bhí mé ag brath ar na rialuithe cuí a bhí á bhfeidhmiú ag an Roinn Oideachais i soláthar seirbhíse comhroinnte don Roinn seo, go príomha i réimsí AD, airgeadais, cóiríochta agus seirbhísí, iniúchóireachta agus TF.

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) feidhmeanna áirithe párolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte laistigh de na seirbhísí comhroinnte foriomlána a sholáthraíonn an Roinn Oideachais. Is é Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte atá freagrach as rialuithe laistigh de na hIonaid Seirbhísí Comhroinnte a oibriú.

Is foinse dearbhaithe dom é an córas rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte mar a thuairiscigh Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte dom.

Comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne

Déanann rannáin bheartais ábhartha laistigh den Roinn formhaoirseacht ar na comhlachtaí stáit atá faoi choimirce na Roinne seo agus a fhaigheann tacaíocht ó rannáin ábhartha eile ar fud na Roinne agus ar bhonn seirbhísí comhroinnte ó Aonad Rialachais Earnála na Roinne Oideachais.

Ar an gcéad dul síos, tá gach Bord agus Cathaoirleach an Bhoird faoi seach freagrach as sainordú agus feidhmeanna na gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne a chomhlíonadh.

Is gnách go mbíonn an caidreamh idir an Roinn seo agus na comhlachtaí atá faoina coimirce bunaithe ar na nithe seo a leanas

- bunús reachtach an chomhlachta
- *An Cód Cleachtais chun comhlachtaí Stáit a rialú* 2016 ó DPER agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis an gcód.

Oibríonn an Roinn leis na comhlachtaí atá faoina choimirce lena chinntiú go sásaítear na coinníollacha formhaoirseachta atá leagtha amach sa *Chód Cleachtais* agus go bhfuil comhaontuithe urrúnta soláthar feidhmíochta nó a gcoibhéis i bhfeidhm i ngach comhlacht. De réir mar is cuí, oibríonn an Roinn leis na comhlachtaí atá faoina coimirce lena chinntiú gur aontaíodh agus gur doiciméadaíodh maoluithe a bhfuil teorainn ama leo nó maoluithe iomlána ó ghnéithe den Chód chun ceanglais 'comhlíon nó mínigh' an chóid a shásamh.

De réir na gceanglas cóid, ceanglaítear ar na comhlachtaí faoi seach pleananna corparáideacha a ghlacadh chun comhlíonadh na straitéise a chlúdach ar bhonn ilbhliantúil. Cumasaíonn na pleananna seo straitéis chorparáideach agus tosaíochtaí bliantúla a fhorbairt agus a chomhaontú leis an Roinn.

Laistigh den mhórearnáil, tá cóid chleachtais earnála atá ailínithe le creataí áirithe rialála ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta i bhfeidhm.

Tá athchóiriú na socruithe rialachais institiúideacha laistigh den earnáil ardoideachais mar chuid de chlár reachtaíochta an Rialtais agus de na tosaíochtaí atá leagtha amach i *Ráiteas Straitéise 2021-2023* na Roinne.

Tá ballraíocht ag an Roinn san Fhóram Rialtais do Sheirbhísigh Phoiblí agus do Státseirbhísigh. Is é an Foras Riaracháin a riarann an fóram, trína gcuirtear chun cinn dea-rialachas agus trína gcuirtear comhairle thráthúil agus tacaí eolais ar fáil don Roinn chun an dea-rialachas a bhreisiú.

Seo a leanas an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, an tuairisciú bainistíochta agus an iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm sa timpeallacht rialaithe.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal na bainistíochta agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal ar a bhfuil an fhreagracht sannta as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntiú go ndéantar gníomh ceartaitheach cuí.
- Chlúdaigh an t-athbhreithniú córasach leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais a sholáthair Coiste Iniúchóireachta na Roinne Oideachais iad sin a bhí i bhfeidhm sa Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta freisin le linn na tréimhse 2020.
- Tá doiciméadú déanta ar na príomhphróisis ghnó ar fad.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann a bhfuil buiséad bliantúil aige a bhíonn faoi athbhreithniú leanúnach ag na hardbhainisteoirí
- go ndéanann na hardbhainisteoirí athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a nochtann feidhmiúlacht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- go n-oibríonn córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn agus le linn 2020 bhí sé seo bunaithe ar riosca a bheith faoi úinéireacht aonad gnó aonair a d'aistrigh ón Roinn Oideachais
- go bhfuil córais ann a fhéachann le slándáil na gcóras TFC a chinntiú

- go bhfuil treoirlínte cuí maidir le rialú infheistíochtaí caipitil agus disciplíní foirmiúla um bainistíocht tionscadal ann
- go ndéanann an Roinn cinnte de go bhfuil an fócas cuí ar dhea-chleachtas ceannaigh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

Iniúchóireacht inmheánach, Iniúchadh ar Chiste Sóisialta na hEorpa agus an Coiste Iniúchóireachta

Maidir le seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí, bhí mé ag brath ar aonad iniúchóireachta inmheánaí agus AE na Roinne Oideachais, ina bhfuil pearsanra a bhfuil an oiliúint chuí orthu, a oibríonn de réir cairt i scríbhinn. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu bonn eolais faoin obair seo, agus is ar an anailís seo a bhunaítear na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí. Is é is cuspóir do na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar moltaí a dhéantar i dtuarascálacha iniúchta inmheánaigh a rianú le gur féidir leis an mbainistíocht iad a chur i bhfeidhm. Chlúdaigh an t-athbhreithniú córasach leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais a sholáthair Coiste Iniúchóireachta na Roinne Oideachais iad sin a bhí i bhfeidhm sa Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta freisin le linn na tréimhse 2020. Bunaíodh Coiste Iniúchóireachta ar leithligh don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta in 2021.

Tá Údarás Iniúchóireachta Chiste Sóisialta na hEorpa, ar rannóg é laistigh d'Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus AE na Roinne Oideachais, neamhspleách ó thaobh feidhme agus oibríonn sé de réir a chairte scríofa féin. Tuairiscíonn sé do Choiste Iniúchóireachta na Roinne Oideachais agus don Choimisiún Eorpach maidir le seoladh a chláir iniúchóireachta maidir le ceanglais rialála an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh i dtaca le bainistíocht, rialú agus iniúchadh chistí Chiste Sóisialta na hEorpa in Éirinn. Nuair a bheidh sé bunaithe, glacfaidh Coiste Iniúchóireachta mo Roinne freagracht as athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí, moltaí agus saincheisteanna suntasacha a eascróidh as iniúchadh CSE, i bhfianaise na béime faoi leith ar na freagrachtaí laistigh de mo Roinn i leith na nÚdarás Deimhniúcháin agus Bainistíochta Náisiúnta.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Déanann an Roinn cinnte de go bhfuil an fócas cuí ar dhea-chleachtas agus ceannach ar bun agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte.

Ní raibh aon chás de sholáthar neamhiomaíoch ann le linn 2020 agus rinneadh tuairisceán nialais i dtaca le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn, trína n-aithnítear agus a dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a chuirtear i gcrích le díriú ar na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí ann ina n-aithnítear na príomhrioscaí agus tá siad seo aitheanta, measta agus grádaithe de réir a thábhachtaí atá siad. Síníonn Ceann an Aonaid Ghnó na rioscaí agus tugann an ball den Bhord Bainistíochta atá freagrach as an réimse gnó sin ar aird iad. Mionsonraítear sa chlár na rialuithe agus na bearta a bhíonn ag teastáil le rioscaí a mhaolú agus úsáidtear an clár, in éineacht le próisis eile ábhartha, chun a chinntiú go ndéanfar rioscaí a bhainistiú nó a mhaolú.

Déanann Bord Bainistíochta na Roinne formhaoirseacht ar an gcóras bainistíochta riosca agus bhunaigh an Bord Bainistíochta Coiste Riosca le déanaí. Tá an Coiste Riosca ag cur beartas bainistíochta riosca i gcrích don Roinn.

Mar chuid den tseirbhís chomhroinnte a sholáthraíonn an Roinn Oideachais, tá creat rialachais ann a leagann amach na nósanna imeachta, an próiseas agus na prionsabail rialachais atá mar bhonn agus taca le hobair na Roinne seo. Tá sé faoi athbhreithniú i gcónaí.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus do na bainisteoirí agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb iomchuí. Dearbhaím go bhfuil na príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha sonraithe agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na príomhrialuithe sin agus tuairisc a dhéanamh ar aon easnaimh a aithnítear.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Is é obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus obair na mbainisteoirí sinsearacha laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil atá mar bhonn leis an monatóireacht agus leis an athbhreithniú a dhéanann an Roinn ar a éifeachtaí atá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Slándáil TFC

Tá tiomantas láidir ag an Roinn do shlándáil a córais TFC agus cuireann sí prótacail agus bearta cibearshlándála iomadúla i bhfeidhm, lena n-áirítear Feasacht Úsáideoirí, Slándáil Imlíne, Bogearraí chun Víris/Bogearraí Mailíseacha a Chosc, Scagadh Ríomhphoist agus Gréasáin, Paisteáil Córais, Bainistíocht Riosca, Polasaithe, Measúnuithe Rialta ar Leochaileacht/Tástáil Treáite, Bainistíocht Gléasanna Soghluaiste, Bainistíocht Rochtana, Bainistíocht Teagmhas, Monatóireacht ar Theagmhais agus Imeachtaí Slándála, Rialachas Slándála Faisnéise, Feasacht GDPR, Aisghabháil Tubaiste, Cúltacaí As Líne, Bainistíocht Soláthraithe agus Criptiú. Faigheann prótacail chibearshlándála na Roinne tacaíocht ó obair an Lárionaid Náisiúnta Chibearshlándála agus na foirne náisiúnta um fhreagairt do theagmhais Slándála Ríomhaireachta (CSIRT), a sholáthraíonn luathrabhaidh, foláirimh, fógraí agus scaipeadh faisnéise faoi riosca agus eachtraí don Roinn. Faigheann an Roinn tacaíocht freisin ó shaineolas slándála ó eagraíochtaí slándála tríú páirtí iomadúla. Tá cáilíochtaí slándála ag baill foirne TFC ábhartha agus tá socruithe slándála TFC faoi réir athbhreithnithe ón Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí.

Paindéim Covid-19

Tharla paindéim Covid-19 nuair a bhí an Roinn seo á bunú agus ba dhúshlán breise é agus é sin á dhéanamh.

Mar thoradh ar Covid-19, ceanglaíodh ar fhoireann na Roinne obair ón mbaile den chuid is mó. Rinne an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí measúnú ar thionchar Covid-19 ar rialuithe inmheánacha airgeadais agus ar shlándáil mhóibíleach agus thug sé dearbhú leordhóthanach dom go bhfuil na rialuithe airgeadais agus an tslándáil mhóibíleach á mbainistiú go leordhóthanach. Ina theannta sin, ghéaraigh an t-aistriú chuig cianobair úsáid an doiciméadaithe leictreonaigh chun críocha rian iniúchta agus éifeachtúlachta oibre. Cuireadh torthaí na measúnuithe seo faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta ar an 24 Márta 2021 freisin.

Saincheisteanna a bhaineann le rialú inmheánach airgeadais

Níor aithníodh aon laigí ar an rialú inmheánach airgeadais sa Roinn in 2020 ar ar lean caillteanas is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Jim Breslin
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

22 Meán Fómhair 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 45 Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 45 Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 45 Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2021

Vóta 45 Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht

Cuntas Leithreasa 2020

				2020
		Soláthar measctacháin		Toradh
			€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Forbairt scileanna		607,103	599,538
B	Ardoideachas			
	Bunaidh	1,898,553		
	Forlíontach	43,500		
			1,942,053	1,927,002
Ollchaiteachas				
	Bunaidh	2,505,656		
	Forlíontach	43,500		
			2,549,156	**2,526,540**
	Lúide			
C	**Leithreasaí-i-gcabhair**		**103,442**	**105,710**
Glanchaiteachas				
	Bunaidh	2,402,214		
	Forlíontach	43,500		
			2,445,714	**2,420,830**

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh thar an nglansuim a caitheadh le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar aon leithreasaí neamhchaite ar sheirbhísí soláthair caipitil a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €16.7 milliún de leithdháiltí neamhchaite i leith eilimintí caipitil ar aghaidh go 2021.

	2020
	€
Farasbarr	24,883,838
Géilleadh iarchurtha	(16,700,000)
Farasbarr le géilleadh	**8,183,838**

Jim Breslin
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

22 Meán Fómhair 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020
	€000	€000
Costas an chláir		2,518,205
Pá		6,943
Neamhphá		1,392
Ollchaiteachas		**2,526,540**
Lúide		
Leithreasaí-i-gcabhair		**105,710**
Glanchaiteachas		**2,420,830**
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(8,342)	
Méadú ar stoc	(6)	(8,348)
Caiteachas díreach		**2,412,482**
Caiteachas a iompraíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		5,426
Measchíosanna		446
Glanchostas an chláir		**2,418,354**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 45 a iompraíodh in áit eile.

		2020 [a]
		€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	19
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	3,397
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	70
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	20
Vóta 26	Oideachas	1,883
An Príomh-Chiste - Pinsin na nAirí		37
		5,426

Nóta [a] Ní áirítear ar na glanfhigiúirí do chaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara in 2020 figiúirí maidir le comhlachtaí nó gníomhaireachtaí atá coimirce na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Sannadh an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara go díreach don Vóta agus, nuair nach raibh sé sin indéanta, rinneadh é a chionroinnt bunaithe ar leithdháileadh comhaontaithe costas idir Vóta 26 agus Vóta 45.

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000
Sócmhainní caipitil		—
Sócmhainní reatha		
Banc agus airgead tirim	2.1	17,779
Stoic		6
Réamhíocaíochtaí	2.2	8,128
Suimeanna atá dlite ó AE		2
Iarmhéideanna dochair eile	2.3	3,736
Ioncam fabhraithe		938
Iomlán na sócmhainní reatha		**30,589**
Lúide dliteanais reatha		
Costais fhabhraithe		703
Aisghabháil tuarastal chuig ranna agus gníomhaireachtaí eile		21
Airgead ó AE le dáileadh		520
Iarmhéideanna sochair eile	2.4	254
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.5	20,743
Iomlán na ndliteanas reatha		**22,241**
Glansócmhainní reatha		8,348
Glansócmhainní		**8,348**
Arna léiriú ag:		
Cuntas maoinithe Stáit	2.6	**8,348**

2.1 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	**2020**
	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta	17,779
	17,779

2.2 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	**2020**
	€000
Réamhíocaíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge [a]	7,826
Eile	302
	8,128

Nóta [a] D'aisíoc Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge €903,000 in 2020

2.3 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	**2020**
	€000
Aistriú feidhmeanna	3,684
Párolla ar fionraí	33
An scéim um rothaíocht chun na hoibre	6
Scéim pasanna taistil	8
Forchúiteamh costas ó oifigí comhroinnte	5
	3,736

2.4 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	**2020**
	€000
Suimeanna atá dlite don Stát	
Cáin ioncaim	120
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	69
Muirear sóisialach uilíoch	24
Cáin mhaoine áitiúil	1
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	25
Cáin bhreisluacha	4
Ranníocaíochtaí pinsin	11
	254

2.5 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2020 €000
Farasbarr le géilleadh	8,184
Géilleadh iarchurtha	16,700
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(4,141)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	**20,743**
Arna léiriú ag:	
Féichiúnaithe	
Banc agus airgead tirim	17,779
Iarmhéideanna dochair eile	3,736
Suimeanna dlite ó AE	2
	21,517
Creidiúnaithe	
Dlite don Stát	(254)
Airgead ó AE le dáileadh	(520)
Iarmhéideanna sochair eile	—
	(774)
	20,743

2.6 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta		2020
		€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			—
Íocaíochtaí amach ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	2,445,714	
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(8,184)	
Géilleadh iarchurtha		(16,700)	
Glanvóta			2,420,830
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1		5,426
Caiteachas neamhairgid - measchíos	1		446
Glanchostas an chláir	1		(2,418,354)
Iarmhéid ag an 31 Eanáir			**8,348**

2.7 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda

ag an 31 Nollaig	**2020**
	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	832
Cláir deontas neamhchaipitil [a]	2,303,076
Cláir deontas caipitil [b]	416,954
Tionscadail chaipitil	13,375
Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí	733,966
Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	**3,468,203**

b) Cláir deontas neamhchaipitil

	2020
	€000
Iarmhéid tosaigh	2,341,224
Deontais a íocadh sa bhliain	(2,343,413)
Ceangaltais nua deontais de réir imleabhar meastachán 2021	2,303,076
(Glan-tearc-chaitheamh deontais)/Glan-róchaitheamh deontais	2,189
Iarmhéid deiridh	**2,303,076**

c) Cláir deontas caipitil

	2020
	€000
Iarmhéid tosaigh	142,931
Deontais a íocadh sa bhliain	(141,135)
Ceangaltais nua deontais de réir imleabhar meastachán 2021	416,954
(Glan-tearc-chaitheamh deontais)/Glan-róchaitheamh deontais	(1,796)
Iarmhéid deiridh	**416,954**

Nótaí [a] Áirítear ar chláir deontas neamhchaipitil deontais a íocfar le comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus le heagraíochtaí eile, lena n-áirítear ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus boird oideachais agus oiliúna chun caiteachas reatha, pá san áireamh, a mhaoiniú.

[b] Baineann na cláir deontas caipitil le deontais a íocfar le comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne maidir le gach tionscadal caipitil, lena n-áirítear ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus boird oideachais agus oiliúna.

d) Mórthionscadail chaipitil

Tionscadail chaipitil a bhfuil caiteachas iomlán €10 milliún nó níos mó i gceist iontu

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019	Caiteachas i 2020	Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020	Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019
	€000	€000	€000	€000	€000
Ospidéal Náisiúnta na Leanaí (Saoráidí Ardoideachais)	10,000	—	7,000	17,000	17,000
Foirgneamh an Chumainn Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, Ollscoil Mhá Nuad	5,374	13,251	6,375	25,000	25,000
Iomlán	**15,374**	**13,251**	**13,375**	**42,000**	**42,000**

Íocaíochtaí aonadacha i dtaca le tionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí

Tá oibleagáidí ag an Roinn faoi thrí cinn de chonarthaí ar leith chun cóiríocht oideachais a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a chothabháil agus a oibriú, faoi shamhail na comhpháirtíochta príobháidí poiblí (CPP). Socruithe struchtúrtha is ea CPPanna idir comhlachtaí earnála poiblí agus infheisteoirí earnála príobháidí ar mhaithe le tionscadail bonneagair a sholáthar a chuirfí ar fáil, murach iad, trí shásraí traidisiúnta soláthair agus an caiteachas gaolmhar tógála ar fad le híoc roimh ré. Íocann an Roinn na costais i bhfoirm íocaíochtaí aonadacha míosúla thar 25 bliana, agus bíonn an chéad íocaíocht aonadach iníoctha a luaithe a bhíonn an tógáil críochnaithe.

Ainm an tionscadail CPP	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019	Caiteachas i 2020 [a]	Ceangaltais is infhorfheidhmithe le dlí le comhlíonadh i mblianta dá éis	Iomlán an tionscadail 2020	Iomlán an tionscadail 2019
	€000	€000	€000	€000	€000
Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann	133,784	6,849	46,782	187,415	187,640
Scoil Cheoil Chorcaí	110,228	8,292	100,675	219,195	219,989
Cearnóga Ghráinseach Ghormáin	—	—	586,509	586,509	588,749
	244,012	**15,141**	**733,966**	**993,119**	**996,378**

Nóta [a] Léiríonn an caiteachas ag deireadh 2020 íocaíochtaí caipitil amháin, e.g. íocaíochtaí aonadacha. Tá caiteachas 2020 sa tábla thuas san áireamh sa toradh foriomlán ar fho-mhírcheann B.17 mar atá €18.257 milliún.

Difríochtaí suntasacha

Chomh maith leis an bhfaisnéis achomair ar gach ceann de na tionscadail CPP thíos, tugtar míniú ar chásanna inar méadaigh/laghdaigh an caiteachas iomlán réamh-mheasta faoi níos mó ná €500,000 ó 2019 go 2020.

Innéacsú

Íocann an Roinn íocaíochtaí aonadacha míosúla leis an gcuideachta CPP lena mbaineann maidir le gach tionscadal oibríochtúil CPP. Dhá mhír atá san íocaíocht aonadach, mír an chostais sheasta agus mír inathraithe (innéacsaithe) a athraíonn ar aon dul leis an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí Uile-Mhíre. Sonraítear dáta athbhreithnithe ar innéacsú i ngach conradh. Tar éis an fachtóir innéacsaithe a chinneadh, ríomhtar an íocaíocht aonadach bhliantúil trí na luachanna seasta agus na luachanna inathraithe coigeartaithe a shuimiú.

Coláiste Muirí Náisiúnta na hÉireann

Tugadh tionscadal CPP Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann chun críche i nDeireadh Fómhair 2004. Ba é Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann an chéad tionscadal CPP tríú leibhéal a críochnaíodh agus a chuaigh i mbun oibre in Éirinn. Cuireann an coláiste saoráidí úrscothacha oideachais agus oiliúna ar fáil chun freastal ar riachtanais Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus ar riachtanais neamh-mhíleata Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann.

Scoil Cheoil Chorcaí

Is i Meán Fómhair 2005 a síníodh conradh le Hochtief chun Scoil Cheoil Chorcaí a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Críochnaíodh Scoil Cheoil Chorcaí in Iúil 2007. Baineann an laghdú €794,000 ar chostais ó 2019 go 2020 leis an athbhreithniú bliantúil ar innéacsú agus le ar ríomh na réamh-mheastachán a cheartú.

Cearnóga Ghráinseach Ghormáin

Cuirfidh tionscadal CPP Ghráinseach Ghormáin, atá comhdhéanta de na cearnóga láir agus thoir, bonneagar suntasach acadúil ar fáil d'Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ag Gráinseach Ghormáin. Is i Márta 2018 a síníodh an conradh chun na scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, agus a chothabháil. Léiríonn an t-athrú anuas €2.24 milliún ó 2019 go 2020 na coigiltis a baineadh amach i dtáillí aonadacha mar gheall ar an moill ar chríochnú an tionscadail seo agus ar CBL tógála a bheith níos lú ná mar a bhí próifílithe ar dtús.

2.8 Dliteanas aibithe

ag an 31 Nollaig	**2020**
	€000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana	**197**

2.9 Dliteanais theagmhasacha

Ní raibh aon dliteanais theagmhasacha ann ag deireadh 2020.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt trasna na gclár chun costais iomlána na gclár a léiriú.

		2020	
		Soláthar meastacháin	Toradh
		€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	9,710	6,943
ii	Taisteal agus cothú	251	65
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	232	220
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	293	59
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	1,245	840
vi	Costais áitribh oifige	214	208
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile	18	—
		11,963	**8,335**

Difríochtaí suntasacha

Tugann an nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugann sé breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

i Tuarastail, pá agus liúntais

Soláthar meastacháin €9.71 milliún; toradh €6.943 milliún

Tharla an laghdú €2.767 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar an méid maoinithe a leithdháileadh ar an bhfo-mhírcheann seo mar chuid den aistriú feidhmeanna ón Roinn Oideachais. Meastachán sealadach do 2020 a bhí sa mhaoiniú a aistríodh go dtí go mbeadh faisnéis níos mionsonraithe ar fáil faoi na hacmhainní foirne a aistríodh agus go ndéanfaí an leithdháileadh comhfhreagrach fo-mhírchinn do 2021 a choigeartú dá réir.

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €251,000; toradh €65,000

Tháinig an laghdú €186,000 ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha ó chostais laghdaithe taistil agus chothaithe mar gheall ar Covid-19 agus an méid breise maoinithe a leithdháileadh ar an bhfo-mhírcheann seo mar chuid den aistriú.

iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Soláthar meastacháin €293,000; toradh €59,000

Tharla an laghdú €234,000 ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar na modhanna cionroinnte pro rata a cuireadh i bhfeidhm ar leithdháiltí maidir leis an aistriú feidhmeanna ón Roinn Oideachais chuig an Roinn seo.

v **Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha**

Soláthar meastacháin €1.245 milliún; toradh €840,000

Tharla an laghdú €405,000 ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar na modhanna cionroinnte pro rata a cuireadh i bhfeidhm ar leithdháiltí maidir leis an aistriú feidhmeanna ón Roinn Oideachais chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Clár A Forbairt Scileanna

			2020	2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	4,944	3,535	5,293
A.2	Riarachán – neamhphá	1,147	709	1,229
A.3	Deontais do SOLAS i ndáil le riarachán agus speansais ghinearálta	24,600	21,029	22,373
A.4	Tacaí Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú (CECD)	525	294	300
A.5	Deontais do SOLAS i ndáil le gníomhaíochtaí breisoideachais agus oiliúna	536,903	537,687	367,566
A.6	Deontas do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)	5,984	4,919	4,516
A.7	Aoisliúntas, etc., is iníoctha le hiarbhaill de FÁS, de SOLAS agus den Chomhairle Oiliúna (ANCO)	33,000	31,365	31,271
		607,103	**599,538**	**432,548**

Difríochtaí suntasacha

Tugann an nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas cláir an Vóta agus tugann sé breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 5% agus €100,000). San iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €7.565 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh.

A.3 Deontais do SOLAS i ndáil le riarachán agus speansais ghinearálta

Soláthar meastacháin €24.6 milliún; toradh €21.029 milliún

Bhain an laghdú €3.571 milliún ar chaiteachas i gcoibhéis leis an soláthar meastacháin le maoiniú a choinnigh an comhlacht ag deireadh 2019 agus a rinneadh a fhritháireamh le híocaíochtaí deontais 2020 i gcomhréir le Ciorclán 13/2014 (€3.386 milliún). Is féidir an €185,000 eile a chur i leith coigilteas a baineadh amach i dtionscadal Líonra Limistéar Stórála (SAN) agus tionscadal TF eile nach bhfuil ag dul ar aghaidh mar a bhí beartaithe in 2020.

A.4 Tacaí Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú (CECD)

Soláthar meastacháin €525,000;, toradh €294,000

Tharla an laghdú €231,000 ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha toisc nach raibh aon chlár EGF i bhfeidhm in Éirinn in 2020 (€100,000). Tá coigilteas eile inchurtha i leith aistriú ceadúnas córais eCohesion ó ERDF chuig CSE (€49,000) agus i leith fhorbairt intí láithreán gréasáin CSE seachas dul chuig an margadh (€23,000). Tháinig coigilteas breise €43,000 i ngníomhaíochtaí cumarsáide agus poiblíochta chun cinn mar thoradh díreach ar phaindéim Covid-19.

A.6 Deontas do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)

Soláthar measctacháin €5.984 milliún; toradh €4.919 milliún

Tharla an laghdú €1.065 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar measctacháin go príomha mar gheall ar chur i bhfeidhm na bhfeidhmeanna nua a shanntar do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (Leasú), 2019, nach ndeachaigh ar aghaidh mar a bhí beartaithe, go páirteach mar gheall ar Covid-19 (€905,000). Ina theannta sin, níor tarraingíodh anuas maoiniú a cuireadh ar fáil faoi Chlár Spreagtha Mhí Iúil 2020 chun QQI a chúiteamh as caillteanas ioncaim ó tháillí mar thoradh díreach ar Covid-19 toisc nár tháinig laghdú ar ioncam ó tháillí chun cinn ag an leibhéal a rabhthas ag súil leis (€160,000).

Clár B Ardoideachas

		Soláthar measta	cháin	2020 Toradh	2019 Toradh
		€000	€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá		4,766	3,408	5,122
B.2	Riarachán – neamhphá		1,106	683	1,186
B.3	Deontas do chostais ghinearálta an Údaráis um Ardoideachas		9,347	8,896	7,782
B.4	Deontais ghinearálta reatha d'ollscoileanna, d'institiúidí teicneolaíochta agus d'institiúidí ainmnithe eile ardoideachais				
	Bunaidh	1,107,836			
	Forlíontach	24,400			
			1,132,236	1,137,064	1,004,955
B.5	Coláistí oiliúna do bhunmhúinteoirí – seachas iad siúd a mhaoinítear tríd an Údarás um Ardoideachas		—	—	5,748
B.6	Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath (deontas)		12,831	12,831	12,226
B.7	Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (deontas)		7,548	7,552	6,882
B.8	Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann (deontas)		3,394	3,394	3,216
B.9	Deontas d'institiúidí tríú leibhéal áirithe				
	Bunaidh	8,793			
	Forlíontach	600			
			9,393	9,055	7,723
B.10	Aoisliúntas, etc., atá iníoctha le hiarbhaill foirne ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta		159,278	162,753	116,606
B.11	Tacaíocht do mhic léinn agus costais bhainteacha				
	Bunaidh	385,564			
	Forlíontach	18,500			
			404,064	401,178	383,294
B.12	Gníomhaíochtaí taighde		41,600	42,021	47,600
B.13	Gníomhaíochtaí AE, idirnáisiúnta agus thuaidh theas		6,349	4,358	6,992
B.14	Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin		3,179	3,137	3,117
B.15	Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha		300	138	375
B.16	Bonneagar tríú leibhéal		84,000	86,500	65,000
B.17	Costais comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí		35,300	18,257	18,379
B.18	Seirbhísí comhroinnte		27,362	25,777	—
			1,942,053	**1,927,002**	**1,696,203**

Difríochtaí suntasacha

Tugann an nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas cláir an Vóta agus tugann sé breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 5% agus €100,000). San iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €15.051 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh.

B.13 Gníomhaíochtaí AE, idirnáisiúnta agus thuaidh theas

Soláthar meastacháin €6.349 milliún; toradh €4.358 milliún

Bhain an laghdú €1.991 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha leis na nithe seo a leanas

- an Scéim Soghluaisteachta Acadúla a chur siar i ngeall ar Covid-19 (€500,000)
- níor úsáideadh cuid de mhaoiniú Covid-19 €1.5 milliún a leithdháileadh ar an earnáil ardoideachais chun cabhrú le teacht slán mac léinn idirnáisiúnta (€589,000)
- roinnt tionscnamh de chuid AE a chur siar faoi mhaoiniú Ollscoileanna na hEorpa mar gheall ar Covid-19 (€492,000)
- ní raibh baint ag an Roinn le haon tionscadail de chuid OECD i réimse an ardoideachais le linn 2020 (€200,000)
- bhí an glacadh le scoláireachtaí Rialtas na hÉireann níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis (€190,000).

B.15 Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha

Soláthar meastacháin €300,000; toradh €138,000

D'eascair an laghdú €162,000 ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin toisc nach raibh éilimh ar mhaoiniú chomh hard agus a bhíothas ag súil leis. Freastalaíonn an fo-mhírcheann seo ar chaiteachas ilghnéitheach, agus bíonn sé deacair leibhéal an chaiteachais sin a chinneadh roimh ré.

B.17 Costais comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí

Soláthar meastacháin €35.3 milliún; toradh €18.257 milliún

Bhain an laghdú €17.043 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha leis na nithe seo a leanas

- moilleanna ar sholáthar seirbhíse i gcás thionscadal CPP Ghráinseach Ghormáin a chiallaigh nár tháinig aon mhuirir aonadacha chun bheith dlite in 2020 (€12.12 milliún)
- moilleanna ar chaiteachas próifílithe ar chlár CPP i réimse an ardoideachais, a d'fhág go raibh íocaíochtaí níos ísle ná mar a measadh (€3.4 milliún)
- leibhéil bhoilscithe in 2020 a bheith níos ísle ná mar a measadh, a d'fhág gur cuireadh costais innéacsaithe a bhí níos ísle ná a measadh i bhfeidhm ar íocaíochtaí táillí aonadacha in dhá cheann de thionscadail ardoideachais (€400,000)
- muirir aonadacha laghdaithe maidir le seirbhísí agus soláthar comhaontaithe ar fud an dá thionscadal oibríochtúla ardoideachais (€200,000)
- costais oibríochtúla agus theagmhasachta i réimsí éagsúla a bheith níos ísle ná mar a measadh.

B.18 Seirbhísí comhroinnte

Soláthar measatacháin €27.362 milliún; toradh €25.777 milliún

Tharla an laghdú €1.585 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar measatacháin go príomha mar gheall ar an méid maoinithe a leithdháileadh ar an bhfo-mhírcheann seo mar chuid den aistriú feidhmeanna ón Roinn Oideachais. Measatachán sealadach do 2020 a bhí sa mhaoiniú a aistríodh go dtí go mbeadh faisnéis níos mionsonraithe ar fáil faoi na hacmhainní foirne a aistríodh agus go ndéanfaí an leithdháileadh comhfhreagrach fo-mhírchinn do 2021 a choigeartú dá réir.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
C.1	Ranníocaíochtaí aoisliúntais	689	726	682
C.2	Fáltais ó mhaoiniú AE [a]	34,700	34,895	73,826
C.3	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	68,053	69,210	74,600
C.4	Daoine ar iasacht/ró-íocaíochtaí	—	—	—
C.5	Ilghnéitheach	—	879	2,107
	Iomlán	**103,442**	**105,710**	**151,215**

Nóta [a] Cuirtear miondealú ar fháltais AE arbh fhiú €34.895 milliún iad faoi C.2 ar fáil sa tábla faoi Nóta 6.3 Maoiniú AE.

Difríochtaí suntasacha

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). San iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €2.268 milliún níos airde ná an meastachán.

C.5 Ilghnéitheach

Meastachán €nialas; réadaithe €879,000

D'eascair an méadú €879,000 i gcoibhneas leis an meastachán go príomha mar gheall go bhfuarthas aisíocaíochtaí iasachta WIT nár measadh mar chuid den aistriú cistí/feidhmeanna ón Roinn Oideachais.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2020
	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	155
Maoiniú neamhchaite a fhorchúiteamh ón Údarás um Ardoideachas/an Chomhairle um Thaighde in Éirinn [a]	527
Suim a aistríodh chuig an Státchiste [b]	(682)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	**—**

Nótaí [a] Le linn 2020, fuarthas €527,000 san iomlán ó HEA maidir le deontais neamhchaite a tugadh don Chomhairle um Thaighde in Éirinn i mblianta roimhe seo.

[b] Géilleadh €682,242 don Státchiste in 2020.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020
Roinn	134
Tríú leibhéal [a]	22,250
Gníomhaireachtaí eile	391
Líon foirne ag deireadh na bliana	**22,775**

Nóta [a] Poist bhunmhaoinithe amháin. Ní áirítear i líon iomlán na bhfostaithe earnála poiblí poist eile, e.g. foireann taighde ar conradh.

5.2 Pá

Luach saothair fhoireann na Roinne	2020 €000
Pá	6,388
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	48
Liúntais eile	1
Ragobair	4
ÁSPC an Fhostóra	502
Pá iomlán [a, b]	**6,943**

Nótaí [a] Ní bhaineann na sonraí airgeadais sa tábla seo ach amháin le tuarastail agus le liúntais a íocadh le fostaithe na Roinne.

[a] Léirítear an figiúr iomlán pá faoi A.1.

5.2 Pá

An tríú leibhéal	2020 €000
Pá	1,990,250
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	—
Liúntais eile	6,876
Ragobair	1,632
ÁSPC an Fhostóra	147,580
Pá iomlán [a]	**2,146,338**

Nóta [a] Léiríonn na sonraí airgeadais sa tábla seo costais tuarastail iomlána ollscoileanna, coláistí agus institiúidí teicneolaíochta agus áirítear iontu costais na bpost tríú leibhéal faoi Nóta 5.1.

Gníomhaireachtaí eile	**2020**
	€000
Pá	22,411
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	—
Liúntais eile	160
Ragobair	6
ÁSPC an Fhostóra	1,483
Pá iomlán [a]	**24,060**

Nóta [a] Léiríonn na sonraí airgeadais sa tábla seo costais tuarastail iomlána gníomhaireachtaí agus áirítear iontu costais na mball foirne gníomhaireachta a áirítear faoi Nóta 5.1 (Poist bhunmhaoinithe amháin).

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	**Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó**	**An íocaíocht aonair is airde**
			2020
			€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	7	1	25,074
Liúntais eile	1	—	952
Ragobair	6	—	1,185
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	—	—	—

Ní bhaineann na sonraí liúntais agus íocaíochtaí ragoibre sa tábla seo ach amháin le foireann riaracháin na Roinne.

Ceanglaítear le Ciorclán 20/2020 go nochtfaí sonraí liúntas agus ragoibre a íocadh le gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne. Ní raibh ar chumas na Roinne an t-eolas seo a chur ar fáil maidir le cuntais 2020. Athbhreithneofar é seo do chuntais 2021.

5.4 Socruithe eile luacha saothair

Cuireadh triúr státseirbhíseach a bhí ar scor agus a bhí ag fáil pinsin státseirbhíse ag obair arís ar bhonn táille ar chostas iomlán €18,891, lenar áiríodh costais taistil agus chothaithe €1,366. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le prionsabail Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus forálacha eile) 2012.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2020 €
Ró-íocaíochtaí tuarastail le foireann riaracháin		
Ró-íocaíochtaí	—	—
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	—	—

Níor aistríodh le linn 2020 aon phleananna aisghabhála maidir le ró-íocaíochtaí.

5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

I rith 2020, íocadh iomarcaíocht le hochtar aonair trí phárollaí riaracháin na Roinne. B'ionann agus €125,977 an t-iomlán a íocadh agus san áireamh ann bhí íocaíochtaí iomarcaíochta agus scaoilíocaíochtaí, de réir mar ba chuí. Sháraigh na seacht n-íocaíocht iomarcaíochta €10,000. Ba é €24,641 an tsuim ba mhó a íocadh in 2020.

Níor íocadh aon phinsean luath ná níor cuireadh aon bhlianta breise de sheirbhís bharúlach ná feabhsuithe eile leis na téarmaí fabhraithe pinsin a deonaíodh d'aon duine den ochtar.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Costais chúitimh agus dlí

					2020
	Líon na gcásanna	Costais dlí a d'íoc an Roinn	Cúiteamh a dámhadh	Costais dlí a dámhadh	Iomlán
		€000	€000	€000	€000
Éilimh ó dhaoine den phobal	2	—	56	—	56
		—	**56**	**—**	**56**

Ba é €287,000 an tsuim a thabhaigh an Roinn in 2020 i gcostais dlí i ngnó laethúil na Roinne, lenar áiríodh na costais dlí agus na dámhachtainí cúitimh a liostaítear thuas. Aithnítear sa tábla thuas costais agus táillí dlí a d'íoc an Roinn go díreach agus ní léirítear ann costais dlí comhlachtaí eile a dtacaítear leo faoi fho-mhírchinn vótáilte.

6.2 Calaois agus calaois amhrasta

	Líon na gcásanna	2020
		€000
Calaois	1	10
Calaois amhrasta/neamhrialtachtaí	—	—
		10

Cuireadh an Roinn ar an eolas faoi chás nua amháin maidir le calaois amhrasta/neamhrialtachtaí.

6.3 Maoiniú AE

Tá fáltais i ndáil le maoiniú AE a fuarthas le linn 2020 agus a cuireadh i dtaisce i leithreasaí-i-gcabhair sonraithe sa tábla thíos.

Catagóir maoinithe AE	2020 €000	2019 €000
D2.1 Maoiniú pá CSE	23,379	50,464
D2.1 Maoiniú neamhphá CSE	11,320	23,362
PIAAC Idirnáisiúnta	196	—
	34,895	**73,826**

Fáltais ó Chiste Struchtúrach na hEorpa (CSE) 2020

An tsuim €34.699 milliún (€23.379 milliún i maoiniú Pá agus €11.320 milliún i maoiniú Neamhphá) a fuarthas in 2020 agus atá léirithe mar leithreasaí-i-gcabhair, áiríodh í sa chaiteachas taifeadta ó fho-mhírchinn B.5 agus C.11 Oifig an Aire Oideachais agus Scileanna do na blianta 2014-2018.

Tháinig fáltais ón gClár don Infhostaitheacht, Ionchuimsiú agus Foghlaim (PEIL) 2014-2020, ar clár cómhaoinithe é de chuid Chiste Sóisialta na hEorpa.

Clár Chiste Sóisialta na hEorpa don hInfhostaitheacht, Ionchuimsiú agus Foghlaim 2014-2020: an staid ag deireadh na bliana 2020

	Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) €000	Tionscnamh Fostaíochta don Óige €000	Iomlán €000
Leithdháileadh AE 2014-2020 [a]	484,516	68,145	552,661
Fáltais ag deireadh 2019	254,793	47,543	302,336
Fáltais bhliantúla réamh-mhaoinithe 2020	15,478	2,044	17,522
Iarmhéid maidir le 2018-2019	1,789	—	1,789
Fáltais iarratais eatramhacha ar íocaíochtaí 2020	21,477	3,065	24,542
Fáltais iomlána in 2020	**38,744**	**5,109**	**43,853**
Fáltais iomlána ag deireadh 2020	**293,537**	**52,652**	**346,189**
Mar % de leithdháileadh 2014-2020	61%	77%	63%

Dáileadh fháltais chlár CSE 2020	**€000**
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta	35,389
An Roinn Oideachais	144
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	6,417
An Roinn Cosanta	79
An Ciste Náisiúnta Oiliúna	1,500
	43,529

Nóta [a] Aistríodh €60 milliún ó leithdháileadh CSE chuig ERDF mar chabhair chun trealamh cosanta pearsanta a cheannach mar chuid den fhreagairt do Covid-19 i mí na Nollag 2020.

Seasann na fáltais ó iarratais ar íocaíochtaí eatramhacha do 90% de leithdháiltí AE atá dlite de bhrí go gcoimeádann an Coimisiún 10% atá iníoctha tar éis glacadh leis na cuntais bhliantúla agus léirítear é in iarmhéid cothromaithe na mblianta dá éis.

6.4. Maoiniú díreach AE do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne 2020

I dteannta na ndeontas ón Vóta, ba é seo a leanas an cúnamh díreach AE a tugadh do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne i gcaitheamh 2020.

	2020
Comhlacht atá faoi choimirce na Roinne	**€000**
An tÚdarás um Ardoideachas	309
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann	273
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn	327
Léargas [a]	19,240
	20,149

Nóta [a] Ní bhaineann an maoiniú le haghaidh Léargas ach le cláir oideachais.

Comhlacht atá faoi choimirce na Roinne	Cuspóir an mhaoinithe	2020
		€000
An tÚdarás um Ardoideachas	Clár Erasmus+ a chur chun cinn agus a riar	309
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann	Cuireann QQI rúnaíocht ar fáil do EQUAVET (an Clár Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas) anuas ar a bheith ina ionad náisiúnta do EUROPASS agus NARIC.	273
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn	Na Daonnachtaí sa Réimse Taighde Eorpach (HERA), clár CHIST-ERA (taighde comhordaithe Eorpach ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide atá le teacht agus atá ag teacht chun cinn) agus Bearta COFUND Marie Sklodowska-Curie um Chlár Comhaltachtaí Taighde i gComhar	327
Léargas	Erasmus+, Eurodesk, ECVET, E twinning Epale agus Euroguidance	19,240

6.5 Ús ar íocaíochtaí déanacha

	2020
	€000
Glanús iomlán a íocadh	1

Aguisín A Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail mhí Mheán Fómhair 2021, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an uair a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Comhlacht/ciste roinne	Tréimhse chuntasaíochta dheireanach a iniúchadh	Dáta na tuarascála iniúchta	An dáta a fuair an tAire/an Roinn í	An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
Ollscoileanna/Coláistí [a]				
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	2019	21 Noll 2020	8 Ean 2021	3 Már 2021
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	2019	28 M.F. 2020	5 D.F. 2020	3 Noll 2020
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	2020	30 Meith 2020	6 Iúil 2020	Le cur faoi bhráid
Ollscoil Náisiúnta na hÉireann	2019	21 Noll 2020	22 Noll 2020	22 Fea 2021
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	2020	29 Már 2021	30 Már 2021	25 Beal 2021
Ollscoil Luimnigh	2019	25 M.F. 2020	28 M.F. 2020	26 Samh 2020
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	2020	9 Aib 2021	15 Aib 2021	26 Beal 2021
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad	2020	29 Már 2021	30 Már 2021	28 Aib 2021
Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach	2020	31 Beal 2021	17 Meith 2021	16 Iúil 2021
Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	2020	27 Lún 2021	31 Lún 2021	Le cur faoi bhráid
An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha	2020	28 Beal 2021	9 Meith 2021	5 Lún 2021
Coláiste Oideachais San Aingeal, Sligeach	2019	29 D.F. 2020	13 Samh 2020	17 Noll 2020
Institiúidí Teicneolaíochta [b]				
Baile Átha Luain	2020	29 Meith 2021	9 Iúil 2021	Le cur faoi bhráid
Corcaigh	2019	5 Samh 2020	14 Samh 2020	18 Noll 2020
Dún Dealgan	2019	22 Noll 2020	9 Ean 2021	23 Fea 2021
Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire	2020	11 Beal 2021	13 Beal 2021	9 Iúil 2020
Gaillimh-Maigh Eo	2019	5 Már 2021	6 Aib 2021	25 Beal 2021
Ceatharlach	2019	22 Noll 2020	23 Noll 2020	23 Fea 2021
Sligeach	2020	29 Meith 2021	9 Iúil 2021	Le cur faoi bhráid
Trá Lí	2019	17 Noll 2020	6 Ean 2021	5 Már 2021

Comhlacht/ciste roinne	Tréimhse chuntasaíochta dheireanach a iniúchadh	Dáta na tuarascála iniúchta	An dáta a fuair an tAire/an Roinn í	An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
Leitir Ceanainn	2019	11 Noll 2020	14 Noll 2020	28 Ean 2021
Luimneach	2020	27 Beal 2021	3 Meith 2021	15 Iúil 2021
Port Láirge	2019	23 Noll 2020	12 Ean 2021	12 Már 2021
Comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne				
SOLAS	2020	21 Beal 2021	27 Beal 2021	14 Iúil 2021
Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin	2019	24 Noll 2020	5 Ean 2021	3 Már 2021
An tÚdarás um Ardoideachas	2020	28 Meith 2021	2 Iúil 2021	2 M.F. 2021
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann	2019	17 Noll 2020	17 Noll 2020	26 Ean 2021
Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath	2020	8 Iúil 2021	21 Iúil 2021	Le cur faoi bhráid
Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann	2019	23 Noll 2020	20 Ean 2021	9 Már 2021
Acadamh Ríoga na hÉireann	2019	23 Noll 2020	20 Ean 2021	19 Már 2021

Nótaí [a] Tréimhse an chuntais 1 D. Fómhair go dtí an 30 M. Fómhair

[b] Tréimhse an chuntais 1 M. Fómhair go dtí an 31 Lúnasa.